Energy for generations

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2025

# Dár dtodhchaí féin



## Maidir le ESB

Bunaíodh ESB sa bhliain 1927 mar chomhlacht reachtúil faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. Le sealúchas de 97.7%, tá formhór de ESB faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann. Is i seilbh iontaobhaithe Plean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe atá an 2.3% eile. Mar fhóntas láidir, ilghnéitheach, bíonn ESB ag feidhmiú ar fud an mhargaidh leictreachais, idir bheith ag giniúint, ag tarchur agus ag dáileadh, chun soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí sa bhreis ar a chuid líonraí a úsáid chun snáithín a sholáthar don earnáil teileachumarsáide. Is é ESB príomhfhóntas na hÉireann ag a bhfuil bonn sócmhainní rialáilte de thart ar €15 bhilliún (ina gcuimsítear ESB Networks, €12 bhilliún agus NIE Networks, €3 bhilliún), sciar 24% den ghiniúint agus sciar 32% den leictreachas miondíola sa mhargadh uile-oileáin. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, beagnach 10,000 duine, ar an meán fostaithe ag Grúpa ESB.

# Dár dtodhchaí féin

Ó bunaíodh ESB beagnach céad bliain ó shin, chuir an pobal muinín ionainn réitigh fuinnimh dhána a sholáthar as a mbainfidh na pobail ar a bhfreastalaímid leas – idir leas a bhaint as cumhacht na Sionainne ag Ard na Croise, agus leictriú tuaithe, agus fheachtas an lae inniu le haghaidh fuinneamh slán dícharbónaithe. Chun dul i ngleic leis an ndúshlán is déanaí, tá ESB i mbun nuálaíochta ar fud a ghnólachta chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2040: foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a cheangal, bonneagar athléimneach a thógáil, agus a chur ar chumas custaiméirí maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe trí úsáid a bhaint as leictreachas glan agus tacú leo ina leith sin. D'athraigh ESB conas a sholáthair an tír cumhacht di féin san am atá thart, agus tá sé á dhéanamh againn arís anois. Ní dúinne amháin – dár dtodhchaí féin.

# Sracfhéachaint

**Brabús Oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus atomhais eile***

€914m

| | |
|---|---|
| 2025 | €914m |
| 2024 | €975m |
| 2023 | €1,100m |
| 2022 | €847m |
| 2021 | €679m |

**TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe***

€1.9bn

| | |
|---|---|
| 2025 | €1.9bn |
| 2024 | €1.9bn |
| 2023 | €2.0bn |
| 2022 | €1.7bn |
| 2021 | €1.5bn |

**Glanfhiachas***

€5.8bn

| | |
|---|---|
| 2025 | €5.8bn |
| 2024 | €6.7bn |
| 2023 | €6.4bn |
| 2022 | €6.8bn |
| 2021 | €4.9bn |

**Infheistíocht Chaipitil***

€2.7bn

| | |
|---|---|
| 2025 | €2.7bn |
| 2024 | €2.2bn |
| 2023 | €1.9bn |
| 2022 | €1.7bn |
| 2021 | €1.3bn |

**Sócmhainní Iomlána**

€20.7bn

| | |
|---|---|
| 2025 | €20.7bn |
| 2024 | €19.3bn |
| 2023 | €19.7bn |
| 2022 | €19.2bn |
| 2021 | €16.0bn |

**Meánlíon na bhFostaithe**

9,968

| | |
|---|---|
| 2025 | 9,968 |
| 2024 | 9,588 |
| 2023 | 8,890 |
| 2022 | 8,196 |
| 2021 | 7,870 |

**Líon na Méadar Cliste atá Suiteáilte (Poblacht na hÉireann le chéile)**

2.1m

| | |
|---|---|
| 2025 | 2.1m |
| 2024 | 1.9m |
| 2023 | 1.6m |
| 2022 | 1.1m |
| 2021 | 0.6m |

**Líon Chustaiméirí Electric Ireland ar Tharaifí Cliste**

281,000

| | |
|---|---|
| 2025 | 281,000 |
| 2024 | 192,000 |
| 2023 | 160,000 |
| 2022 | 91,000 |
| 2021 | 28,000 |

**Déine Carbóin Giniúna**

314g $CO_2$/kWh

| | |
|---|---|
| 2025 | 314g $CO_2$/kWh |
| 2024 | 362g $CO_2$/kWh |
| 2023 | 370g $CO_2$/kWh |
| 2022 | 419g $CO_2$/kWh |
| 2021 | 440g $CO_2$/kWh |

Féach nóta 3 (Tuairisciú Míreanna) sna ráiteas airgeadais áit a bhfuil tuilleadh sonraí.
* Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha a thosaíonn ar leathanach 248 chun sainmhínithe agus ríomhanna a fháil.



# Buaicphointí 2025



## Stocshealbhóirí

Díbhinn **mholta** de **€149 milliún** don bhliain 2025
Leathanach 120

**Infheistíocht chothromais** de €1.5 billiún ó Rialtas na hÉireann
Leathanach 36

**Rátálacha creidmheasa A** (BBB+ ar bhonn neamhspleách)**/A3** (Baa1 ar bhonn neamhspleách)
Leathanach 37

## An Geilleagar

Ranníocaíocht de bhreis agus **€3.4 billiún** curtha ar fáil do gheilleagar na hÉireann i bhfoirm párolla, cánacha, díbhinní agus ceannachán ó sholáthraithe baile
Leathanach 56

Beagnach **10,000 fostaí** ar an meán le linn 2025
Leathanach 167

Breis agus **€2 milliún** eisíoctha i leith réimse **tionscnaimh pobail**
Leathanach 74

## Custaiméirí

Tugadh deis do bhreis agus **280,000 custaiméir tairbhe a bhaint** as **léargas leictreachais** trí Tharaif Mhéadair Chliste
Leathanach 48

**Bunaíodh an** Ciste Cúnaimh Atruach **do gheimhreadh 2025/2026**
Leathanach 48

Breis agus **51,000 custaiméir nua nasctha** ag ESB Networks agus NIE Networks
Leathanach 42 agus 44

Sháraigh ESB Networks garsprioc shuntasach agus os cionn **dhá mhilliún méadar cliste** suiteáilte faoi dheireadh 2025
Leathanach 42

Breis agus **47,000 iarratas micrighiniúna** próiseáilte ag ESB Networks sa bhliain 2025
Leathanach 42





## Inbhuanaitheacht

D'éirigh leis an tionscadal gaoithe amach ón gcósta **Neart na Gaoithe 448 MW** oibríochtaí tráchtála a bhaint amach i mBealtaine 2025
Leathanach 46

Tar éis 40 bliain, cuireadh deireadh le **giniúint guail** ag stáisiún cumhachta Ghob na Muine i Meitheamh 2025
Leathanach 46

Ceanglaíodh 573 MW de **ghiniúint in-athnuaite** agus 83 MW de **stóráil fuinnimh** leis an líonra in 2025.
Leathanach 42

Giniúint **déine carbóin** de 314g $CO_2$/kWh – laghdú 53% (i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2005
Leathanach 46

**Fuinnmhíodh Feirm Ghréine Bullstown**, an chéad fheirm ghréine faoi lánúinéireacht ESB agus ginfidh sé 8.4 MW
Leathanach 46

**D'éirigh le Tonn Nua** i gceant an ORESS - aimsíodh cearta chun acmhainn gaoithe amach ón gcósta **900 MW** a sholáthar.
Leathanach 46

## Daoine

**Thosaigh os cionn 170 printíseach céad bliana** oiliúint struchtúrtha in ESB Networks agus NIE Networks in 2025.
Leathanach 78

Bíonn **26%** de róil ESB Networks maidir le **Printíseachtaí Ceardaíochta ag mná** anois
Leathanach 78

D'fhógair ESB Networks **infheistíocht €6.5 milliún** chun a lonad Náisiúnta Oiliúna i bPort Laoise a fheabhsú
Leathanach 42

**Bhí** breis agus 70 **Céimí Éireannach agus idirnáisiúnta** páirteach i gClár Forbartha do Chéimithe ESB
Leathanach 78



# Faisnéis Neamhairgeadais

Mar chomhlacht reachtúil, níl ESB faoi réir na gceanglas nochta atá leagtha síos i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh na Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe), 2017, arna leasú ná Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach), 2024 ("Rialacháin CSR"). Mar sin féin, tá na hullmhúcháin á ndéanamh ag ESB chun tuairisciú a dhéanamh, ar bhonn deonach, faoi na Rialacháin CSR don bhliain airgeadais 2027.

I rith 2025, foilsíodh tuairisc nochta ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta de chuid ESB i gcomhréir le caighdeáin tuairiscithe an Tionscnaimh Dhomhanda um Thuairisciú (GRI) (ar fáil ag www.esb.ie). Tugtar chun solais i "Nochtaí Sonraí Inbhuanaitheachta don bhliain 2024" tacair shonraí agus an fheidhmíocht thar thrí cholún, an pláinéad, áit agus daoine. As seo amach, ní thuairisceoidh an ESB ailíniú le caighdeáin GRI agus soláthrófar Tuarascáil Inbhuanaitheachta a bheidh ailínithe le Rialacháin CSR le haghaidh 2025 agus 2026, ag forbairt go Ráiteas Inbhuanaitheachta a chomhtháthófar sa Tuarascáil Bhliantúil i gcomhréir le Rialacháin CSR do 2027.

Tá léargas le fáil sa treoir thíos maidir le cá bhfuil faisnéis neamhairgeadais agus PTFanna neamhairgeadais le fáil sa tuarascáil bhliantúil seo mar aon le beartais Ghrúpa ESB (nuair is infheidhme) a chuireann bonn faoi na réimsí sin.

| | Beartais Ábhartha | Rannóg/Rannóga sa Tuarascáil Bhliantúil |
|---|---|---|
| An Comhshaol agus Inbhuanaitheacht | ▪ Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta | ▪ Inbhuanaitheacht<br>▪ Córais Bhainistíochta Comhshaoil<br>▪ Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| Fostaithe agus Sóisialta | ▪ Beartas Bhord ESB maidir le hÉagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú<br>▪ Beartas Soláthair an Ghrúpa<br>▪ Beartas maidir le Meas agus Dínit don Duine Aonair ag ESB<br>▪ Beartas maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne<br>▪ Beartas Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine<br>▪ Beartas Sceithireachta agus Nochtaí Cosanta ESB<br>▪ Cód Eitice ESB ("Ár gCód") | ▪ Inbhuanaitheacht<br>▪ Daoine<br>▪ Iompar Gnó<br>▪ Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| Cearta an Duine | ▪ Beartas ESB maidir le Cearta an Duine<br>▪ Beartas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha<br>▪ Cód Eitice ESB ("Ár gCód") | ▪ Inbhuanaitheacht<br>▪ Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| Frithéilliú agus Breabaireacht | ▪ Beartas Frithbhreabaireachta, Frithéillithe agus Coisc Calaoise ESB<br>▪ Beartas Sceithireachta agus Nochtaí Cosanta ESB<br>▪ Cód Eitice ESB ("Ár gCód") | ▪ Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca<br>▪ Iompar Gnó |
| Samhail Ghnó | | ▪ Samhail Ghnó |
| Príomhrioscaí | ▪ Beartas ESB um Bainistíocht Riosca | ▪ Tuarascáil ar Rioscaí |
| PTFanna Neamhairgeadais | | ▪ Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)<br>▪ Inbhuanaitheacht<br>▪ Daoine |



# Clár na nÁbhar





## Straitéis agus Feidhmíocht


**Tuarascáil Straitéiseach**

Ráiteas an Chathaoirligh 10
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 12
Straitéis 14
Samhail Ghnó 16
Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna) 18
Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara 20
Tuarascáil ar Rioscaí 23

**Feidhmíocht Airgeadais agus Oibríochtúil**

Coiste Feidhmiúcháin 34
Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin 36
Athbhreithniú Oibriúcháin an Aonaid Ghnó
- ESB Networks 42
- NIE Networks 44
- Giniúint agus Trádáil 46
- Réitigh do Chustaiméirí 48
- Innealtóireacht agus Mórthionscadail 50
- Seirbhísí Fiontraíochta 51

Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) 52
Ár mBrabúis a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe 56
Ag Tacú le Pobail 57

**An Pláinéad, Áit, Daoine**

Léargas Ginearálta 60
Inbhuanaitheacht 62
Córais Bhainistíochta Comhshaoil 76
Daoine 77
Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine 82


## Rialachas Corparáideach


Comhaltaí Boird ESB 86
Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh 90
Tuarascáil Rialachais an Bhoird 92
Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca 108
Coistí Boird in 2025 114
Iompar Gnó 118
Tuarascáil na gComhaltaí Boird 120




## Ráitis Airgeadais


Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird 124
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách 125
Ráitis Airgeadais 133


## Faisnéis Bhreise


An tAcht um Íoc Pras 247
Bearta Feidhmíochta Malartacha 248
Gluais 253

# An Ghrian a Chumhachtú - Dár dTodhchaí Féin

Tá ESB tiomanta dá phunann fuinnimh gréine a leathnú mar chuid den Straitéis um Ghlan-Nialasacht faoi 2040. D'fhuinnmhigh ESB a chéad fheirm ghréine faoi lánúinéireacht, Feirm Ghréine Bullstown, i gCo. na Mí in 2025. Ginfidh Feirm Ghréine Bullstown 8.4 MW, go leor chun níos mó ná 2,000 teach a chumhachtú in aghaidh na bliana. Ba gharsprioc shuntasach é an fuinnmhiú sin sa turas i dtreo 1.2 GW d'acmhainn ghréine a sholáthar faoi 2030 mar gurbh é an chéad cheann de go leor tionscadail ghréine a chuirfidh ESB i gcrích chun tacú le haistriú na hÉireann chuig todhchaí ísealcharbóin.



# Straitéis agus Feidhmíocht

Tuarascáil Straitéiseach 9
Feidhmíocht Airgeadais agus Oibríochtúil 33
An Pláinéad, Áit, Daoine 59







# Tuarascáil Straitéiseach


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 10 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 12 |
| Straitéis | 14 |
| Samhail Ghnó | 16 |
| Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPInna) | 18 |
| Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara | 20 |
| Tuarascáil ar Rioscaí | 23 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

## Aistriú Fuinnimh Inbhuanaithe – Dár dTodhchaí Féin



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil ESB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 a chur i láthair. Ba bhliain athléimneach ina ndearnadh go leor dul chun cinn a bhí ann agus ESB ag leanúint lena uaillmhian straitéiseach bheith i gceannas ar aistriú na hÉireann go todhchaí fuinnimh ísealcharbóin a bhaint amach. I gcomhthéacs éiginnteacht dhomhanda agus tionchair aeráide atá ag luathú, choinnigh ESB feidhmíocht airgeadais láidir ar bun, chuir sé a ghealltanais inbhuanaitheachta chun cinn, agus neartaigh sé an rannpháirtíocht leis na custaiméirí agus na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Tá ár gcuspóir – todhchaí níos gile a chruthú do chách – i gcroílár gach a ndéanaimid. Tá gealltanas ESB maidir le glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2040 fós daingean.

**Práinn agus Comhthéacs**
Ní raibh práinn na gníomhaíochta ar son na haeráide riamh níos soiléire. Thosaigh 2025 le teagmhas drochaimsire, Stoirm Éowyn, rud a thástáil athléimneacht na líonraí leictreachais. Mar fhreagra air sin, rinne foirne na líonraí ar fud oileán na hÉireann a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin chun an chumhacht a thabhairt ar ais chomh gasta agus chomh sábháilte agus ab fhéidir do chustaiméirí a buaileadh, rud a chuir béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar láidir.

Leagadh bunchloch chinntitheach don chéad chéim eile d'fhorbairt líonra do ESB Networks le Cinneadh Deiridh an CRF do PR6 agus infheistíocht chothromais an Rialtais de €1.5 billiún, rud a chuideoidh le breis agus €13 bhilliún d'infheistíocht chaipitiúil a sholáthar sa tréimhse 2026-2030. Léirítear leis an tacaíocht sin an mhuinín atá cothaithe le páirtithe leasmhara le blianta fada agus feabhsófar léi athléimneacht agus acmhainn na heangaí chun uaillmhianta tithíochta, fáis eacnamaíoch agus aeráide na hÉireann a chomhlíonadh.

**Straitéis agus Rialachas**
Lean an Bord lena chuid oibre straitéise in 2025, ag díriú ar an gcéad Phlean Gnó Comhtháite (IPP) cúig bliana eile 2026-2030, riachtanais um maoiniú do sholáthar PR6, dícharbónú leictreachais agus cumas daoine ESB amach anseo a luathú – rud a leagan amach na boinn le haghaidh soláthair go dtí 2040.

Bhí maoirseacht riosca fós lárnach. Breithnigh an Bord go mion an tábhacht a bhaineann le slándáil an tsoláthair agus athléimneacht an líonra mar chumasóirí folláine eacnamaíche agus sochaíche. Tugadh tús áite don tsábháilteacht ar an dóigh chéanna, agus thug an Bord ionchur i Straitéis Sábháilteachta athbhreithnithe 2026-2030 ina bhfuil tosca daonna i gcroílár chur chuige ESB.

Thacaigh rialachas láidir le cáilíocht chreidmheasa láidir. D'uasghrádaigh S&P Global Ratings Rátáil Chreidmheasa Eisitheora ESB go A (ionchas dearfach), i ndiaidh A3 (ionchas dearfach) Moody's Ratings i mí Iúil, rud a léiríonn méadú ar thacaíocht an rialtais agus ar chobhsaíocht ghnólachtaí rialáilte ESB.

**Giniúint Dícharbónaithe**
Rinneadh céim mhór chun cinn i misean ESB chun giniúint leictreachais a dhícharbónú in 2025. Cuireadh deireadh le giniúint guail ag Gob na Muine i mí an Mheithimh, garsprioc ríthábhachtach ar an gconair chuig glan-nialasachta agus an stáisiún ag aistriú go todhchaí ísealcharbóin.

Lean gaoth amach ón gcósta ag méadú. Bhain comhfhiontar ESB, Neart na Gaoithe, oibríocht tráchtála amach, agus tá an tógáil faoi lánseol ag láithreán 1.1 GW ag Inch Cape in Albain. Lena chomhpháirtí comhfhiontair, d'éirigh le ESB i dtairiscint i gceant ORESS na hÉireann chun an fheirm ghaoithe 900 MW, Tonn Nua, amach ó chósta Chontae Phort Láirge a thógáil. Rinneadh dul chun cinn freisin ar obair réamhfhorbartha sa Mhuir Cheilteach ar thionscadal gaoithe amach ón gcósta Gwynt Glas le EDF.

Sháraigh an acmhainn náisiúnta grianfhuinnimh 2 GW den chéad uair in 2025. Cuireadh fuinneamh ar fáil do chéad fheirm ghréine faoi lánúinéireacht ESB in Bullstown, Co. na Mí agus tá Feirm Ghréine Thigh Mochua i gCo. Chill Dara, forbairt chomhfhiontair le Bord na Móna, ag feidhmiú go hiomlán freisin, rud a chuireann leis an acmhainn náisiúnta fuinnimh in-athnuaite. Tá sé beartaithe níos mó infheistíochta a dhéanamh sa bhliain atá amach romhainn.

**Bonneagar Athléimneach agus Custaiméirí Cumhachtaithe**
Lean cumhachtú custaiméirí ar aghaidh go gasta. Chríochnaigh ESB Networks os cionn 38,000 nasc nua cónaithe agus sháraigh siad an gharsprioc de 2 mhilliún méadar cliste a bheith suiteáilte, rud a thugann smacht níos fearr do theaghlaigh agus do ghnólachtaí ar a n-úsáid fuinnimh. Éascaíodh os cionn 165,000 suiteáil grianfhuinnimh dín i dtithe, feirmeacha agus gnólachtaí ar an líonra, rud a chumhachtaíonn custaiméirí lena gcostais fuinnimh a rialú.

Chríochnaigh ESB ecars clár infheistíochta comhpháirteach leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, ag soláthar os cionn 55 comhthiomsú athluchtaithe agus ag uasghrádú na gcéadta eile, rud a chuidíonn le hÉirinn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a spriocanna um ghlacadh feithiclí leictreacha.



Tá an Bord an-aireach ar bhrúnna maidir leis an gcostas maireachtála do chustaiméirí. D'éirigh le Electric Ireland praghsanna gáis a laghdú agus níor athraigh siad praghsanna leictreachais chónaithe ó mhí na Samhna. Leanfaidh an Bord le hathbhreithniú a dhéanamh ar phraghsanna leictreachais agus leanfaidh ESB ag tacú le custaiméirí agus pobail in 2026.

**Feidhmíocht agus Fóntacht Airgeadais**
Tá tuilleamh láidir riachtanach chun straitéis ESB a chur i gcrích. Tá brabús oibriúcháin €914 milliún á thuairisciú ag an gcuideachta, in ainneoin thart ar €95 milliún i gcostais i ndáil le Stoirm Éowyn a thabhú. Shroich infheistíocht chaipitiúil beagnach €2.7 billiún – méadú os cionn 20% i gcomparáid le 2024 – rud a léiríonn méadú breise ar infheistíocht i mbonneagar fuinnimh agus i dtionscadail ghiniúna in-athnuaite.

Ó 2015 i leith, tá níos mó ná €1.5 billiún íoctha ag ESB i ndíbhinní. A bhuí le clár comhardaithe neartaithe ESB, a scairshealbhóir tacúil, agus a rátálacha creidmheasa uasghrádaithe, soláthraítear an t-ardán chun an bonneagar is gá d'aistriú fuinnimh na hÉireann a mhaoiniú agus inacmhainneacht do chustaiméirí á huasmhéadú.

**Daoine agus Cultúr**
Tá ár ndaoine lárnach i rath ESB. Tá os cionn 10,000 comhghleacaí againn anois, agus earcaíodh 1,000 duine nua in 2025. Tá níos lú ná cúig bliana seirbhíse ag os cionn 40% d'fhostaithe an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann – athrú bunathraitheach atá tacaithe ag cláir oiliúna leathnaithe lena bhforbraítear scileanna digiteacha agus ísealcharbóin agus cultúr cuimsitheachta agus folláine.

**Ag Féachaint Chun Cinn**
Beidh na blianta atá le teacht bunathraitheach. Cuirfidh ESB dlús le hinfheistíocht i bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta, i ngrianfhuinneamh agus i stóráil fuinnimh, leanfaidh sé le líonraí agus seirbhísí do chustaiméirí a dhigitiú, agus ag oibriú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, spreagfaidh sé nuálaíocht agus scála sa ghnólacht. Agus bonn láidir i bhfeidhm cheana, tá muinín ag ESB as todhchaí fuinnimh ghlain, shláin a bhaint amach do na custaiméirí agus na pobail a bhfreastalaímid orthu.

**Nóta Buíochais**
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Boird as an obair mhaith atá déanta acu agus as a dtiomantas le linn 2025, a bhí ina bhliain ghnóthach dhúshlánach.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le fostaithe agus le lucht bainistíochta ESB as a ndúthracht agus a ngairmiúlacht le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na custaiméirí freisin as a ndílseacht, agus le scairshealbhóir Aireachta agus ranna Rialtais as a dtacaíocht leanúnach, go háirithe i ndáil leis an infheistíocht stairiúil de €1.5 billiún i gcothromas in 2025. Le chéile, táimid ag forbairt ESB atá athléimneach, inbhuanaithe agus nuálach a mbeidh ról lárnach aige i dtodhchaí fuinnimh na hÉireann.

De réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go 2025, cuireann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 i láthair.

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach
27 Feabhra 2026

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## Cur lenár bhFocal do Chustaiméirí agus don Aistriú go Fuinneamh Inbhuanaithe

**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach



In 2025, lean ESB leis na leibhéil bonneagair ba mhór riamh a sholáthar do chóras leictreachais atá ag fás, rud a thacaíonn leis na custaiméirí, na pobail agus na geilleagair a bhfreastalaímid orthu agus a chumhachtaíonn iad.

Bhí feidhmíocht airgeadais láidir ag ESB. Le brabúis oibriúcháin €914 milliún, cuireadh bonn láidir ar fáil d'infheistíocht €2.7 billiún i mbonneagar criticiúil fuinnimh.

**Bonneagar Straitéiseach a Sheachadadh**
D'infheistigh ESB Networks agus NIE Networks €1.7 billiún ar an iomlán in 2025 chun feabhas a chur ar na líonraí leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann (TÉ), rud a nascann custaiméirí nua agus fuinnimh in-athnuaite ar scála na heangaí, a leathnaíonn acmhainn, agus a éascaíonn glacadh níos mó maidir le teicneolaíochtaí ísealcharbóin.

Le linn 2025, fuair ESB Networks cead do chlár infheistíochta os cionn €13 bhilliún don tréimhse PR6 2026-2030. Cinneadh rialála suntasach is ea PR6 do chóras leictreachais na hÉireann, a thacaíonn le hathrú ó bhonn eile ar scála agus luas infheistíochta, chun tacú le cúrsaí tithíochta, fáis eacnamaíoch agus aeráide. D'éirigh le NIE Networks an chéad bhliain de RP7, tréimhse rialaithe praghsanna rialála Thuaisceart Éireann 2025-2031, a sholáthar.

Le chéile, sholáthair ESB Networks agus NIE Networks naisc chuig os cionn 51,000 teach, feirm agus gnólacht nua in 2025 (méadú os cionn 15% ar an mbliain roimhe sin). Chomh maith leis sin, sháraigh tionscadal rathúil méadair chliste ESB Networks an gharsprioc maidir le dhá mhilliún méadar a sholáthar, agus tugadh isteach méadrú cliste do shruthmhéadair iomlána trí chéim. Tá 30% díobh siúd a bhfuil méadar cliste acu ag baint leas as seirbhís nó taraif chliste anois, rud a chuireann ar chumas na gcustaiméirí sin a ról san aistriú chuig fuinneamh glan a ghlacadh.

Lean SIRO, comhfhiontar leathanbhanda ardluais snáthoptaice ESB le Vodafone, le hacmhainn bhreise a chur ar fáil in 2025, agus tá sé ar fáil anois do bhreis agus 695,000 áit chónaithe agus gnólacht i bpobail ar fud Phoblacht na hÉireann.

**Dícharbónú a Luathú**
Lean ESB le dul chun cinn láidir a dhéanamh maidir le leictreachas ísealcharbóin a sholáthar agus a nascadh.

Ba gharsprioc riachtanach é an t-aistriú rathúil, roimh an sprioc, ar shiúl ó ghiniúint guail i ndul chun cinn ESB i dtreo glan-nialasachta agus chéim thábhachtach in aistriú ó bhonn Ghob na Muine go mol fuinnimh in-athnuaite.

D'fhás punann ESB d'fhuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí cumasúcháin fuinnimh in-athnuaite go 2 GW le fuinnmhiú feirme gréine in Bullstown, Co. na Mí, éadáil Fheirm Ghaoithe Leitir Múcu 101 MW, agus cur i gcrích agus oibriú tráchtála na feirme gaoithe amach ón gcósta in Albain, Neart na Gaoithe – comhfhiontar le EDF.

Tá déine carbóin giniúna leictreachais ESB anois ag 314g $CO_2e$/kWh, laghdú 13% ar 2024 agus laghdú 53% ar an mbliain tagartha 2005. Thit an t-aschur iomlán $CO_2$ go dtí thart ar 4.7Mt $CO_2e$ (laghdú 8% i gcomparáid le 2024 agus 68% i gcomparáid le 2005).

Rinne ESB dul chun cinn suntasach ar mhórphunannn forbairtí fuinnimh in-athnuaite amach anseo, lena n-áirítear seacht dtionscadal gréine ar scála na heangaí. Shroich tionscadal gaoithe amach ón gcósta Inch Cape in Albain (comhfhiontar le Red Rock Renewables) Dúnadh Airgeadais agus cuireadh tús lena thógáil agus, in Éirinn, fuair Helvick Head Offshore Wind, comhfhiontar idir ESB agus Ørsted, na cearta chun 900 MW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a sholáthar tríd an tionscadal Tonn Nua.

Cheangail ESB Networks 656 MW breise de ghiniúint in-athnuaite agus stóráil fuinnimh nua leis an líonra in 2025, rud a fhágann gurb é 7.8 GW an acmhainn iomlán in-athnuaite atá ceangailte ar scála na heagnaí. Lena chois sin, phróiseáil ESB Networks os cionn 47,000 suiteáil micrighiniúna nua le linn na bliana, lenar cuireadh 230 MW de ghiniúint gréine ar fáil agus leas á bhaint ag níos mó custaiméirí as an acmhainn a chuireann méadair chliste ar fáil. Chomh maith leis sin, thacaigh an clár *An am maith é seo?* le custaiméirí a gcion féin a dhéanamh chun oibriú an líonra atá ann cheana a bharrfheabhsú, costais agus carbóin a laghdú, agus tacú le slándáil an chórais.

**Bonneagar Athléimneach agus Slándáil Fuinnimh**
Mar gheall ar an damáiste gan fasach a rinne Stoirm Éowyn ag tús 2025 agus an tionchar a bhí aige ar chustaiméirí, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le bonneagar athléimneach i bhfianaise adhaimsire. D'fhoilsigh ESB Networks athbhreithniú cuimsitheach ina sainaithnítear gníomhaíochtaí atá le déanamh i réimsí amhail ullmhacht stoirmeacha, conairí foraoiseachta agus cumarsáid le custaiméirí. Rinneadh athruithe ar aighneacht Phlean Gnó PR6 chun teacht leis na moltaí sin agus rinneadh gníomhaíochtaí breise athléimneachta geimhridh.

Chuir ESB lena fhocal freisin maidir le slándáil fuinnimh le linn 2025 le hinfheistíocht thábhachtach i nGob na Muine, rud a chinntigh go mbeidh a acmhainn ar fáil i gcónaí don oibreoir córais, EirGrid, más gá, agus tá soláthar gléasra tuirbín gáis timthrialla oscailte 299 MW nua, atá á thógáil ag an bPoll Beag, ag teacht le chéile agus tá sé fós de réir na sprice go mbeidh sé críochnaithe faoi 2027.

**Tús Áite a Thabhairt do Chustaiméirí**
Agus na brúnna leanúnacha atá roimh chustaiméirí á dtuiscint aige, rinne Electric Ireland laghdú 4% ar phraghsanna gáis cónaithe agus choinnigh siad praghsanna leictreachais chónaithe comhréidh le linn gheimhreadh 2025/2026. Tá na cinntí sin bunaithe ar laghduithe praghsanna roimhe seo in 2023 agus 2024 lenar soláthraíodh laghduithe carnacha praghsanna 19% ar leictreachas agus beagnach 24% ar ghás do chustaiméirí Electric Ireland.

Agus é tiomanta do chustaiméirí a chumhachtú, sholáthair Electric Ireland luchtairí tí d'fheithiclí leictreacha, córais fótavoltacha gréine agus réitigh stórála ceallraí do chustaiméirí cónaithe, sholáthair sé seirbhísí athchóirithe tí trí Electric Ireland Superhomes (comhfhiontar le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann), agus sholáthair sé suiteálacha caidéil teasa tionsclaíocha agus gréine do chustaiméirí gnó trí Sheirbhísí Fuinnimh Chliste ESB.

Chríochnaigh ESB ecars clár infheistíochta comhpháirteach ilbhliantúil dar luach €23 milliún le Ciste an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide, rud a thacaíonn le haistriú na hÉireann i dtreo soghluaisteacht leictreach trí bhreis agus 55 comhthiomsú athluchtaithe nua a sholáthar agus na céadta pointe luchtaithe ar fud na hÉireann a uasghrádú agus a athsholáthar. Lean ESB ecars lena líonra i dTuaisceart Éireann a leathnú agus, i Londain, chuir sé tús le clár chun mear-luchtairí sráide a sholáthar i gcomhar le Comhairle Buirge Hackney.

I dTuaisceart Éireann, lean Electric Ireland le haistriú ordúil a chustaiméirí cónaithe le linn 2025 agus é ag féachaint le díriú ar mhargadh gnó Thuaisceart Éireann, agus sa Bhreatain Mhór (GB), leanann So Energy le suiteálacha gréine, ceallraí agus feithiclí leictreacha a chur ar fáil agus tá a ardáin ar aghaidh an chustaiméara forbartha tuilleadh i bhfianaise dian-iomaíocht dhúshlánach sa mhargadh miondíola..

**Cumhachtaithe ag ár nDaoine**
Tá sé ríthábhachtach fós go dtabharfar aire do shláinte, sábháilteacht agus folláine ár gcomhghleacaithe, ár gcomhpháirtithe conarthacha agus an phobail, go háirithe agus ESB ag soláthar níos mó tionscadal, ag obair i dtimpeallachtaí nua, ag glacadh teicneolaíochtaí nua, agus ag oibriú agus ag cothabháil níos mó sócmhainní.

Léirigh foireann ESB a dtiomantas, a gcúram agus a ngairmiúlacht le linn 2025, ag seasamh lena bhfocal do chustaiméirí in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a ghabháil leis na foirne iomadúla a sholáthair oiread sin, leo siúd a oibríonn de lá agus d'oíche ag coinneáil na soilse ar siúl, leo siúd atá ag obair taobh thiar de na cúlraí chun tionchar na drochaimsire a íoslaghdú agus a mhaolú, agus le gach duine a bhí páirteach i dtacaíocht a thabhairt do chustaiméirí agus an soláthar a thabhairt ar ais i ndiaidh stoirmeacha 2025 agus go háirithe Stoirm Éowyn. Ba mhaith liom fáilte a chur freisin roimh athcheapadh ár gCathaoirligh, Terence O'Rourke, ag Aire Ó Briain le déanaí chun an Bord a threorú ar feadh téarma eile ag an am tábhachtach seo.

Tá cuimsitheacht i gcroílar chultúr ESB. Tá daoine ó 65 náisiúntacht ag obair le chéile anois chun straitéis ESB a chur i gcrích, ag obair chun dífriocht a dhéanamh trí fhuinneamh inbhuanaithe, iontaofa, inacmhainne a chruthú agus a nascadh agus trí thacaíocht a thabhairt do na custaiméirí agus na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Tá infheistíocht á déanamh fós ag ESB sna scileanna agus sa tallann is gá chun cur lenár ngealltanas, rud a mhéadaíonn glacadh isteach sna cláir oiliúna printíseachta ar fud an Ghrúpa. Lena chois sin, lean ESB le tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhírítear ar spéis agus éagsúlacht a leathnú san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM) amhail ESB Science Blast, arna sholáthar ag RDS, a shroich breis agus 17,000 dalta bunscoile ó bhreis agus 400 scoil le linn 2025.

**Inbhuanaitheacht a Leabú**
Le linn 2025, críochnaíodh Clár um Aistriú Inbhuanaitheachta (STEP) ESB, rud a leabaíonn inbhuanaitheacht mar ghnáthchúrsa gnó ar fud oibríochtaí ESB. Tá sé beartaithe athbhreithniú mionsonraithe ar dhul chun cinn inbhuanaitheachta ESB a fhoilsiú le linn 2025 i dTuarascáil Inbhuanaitheachta neamhspleách in R2 2026.

**Ag Dul Chun Cinn ar Theicneolaíochtaí Digiteacha**
Bhí acmhainneacht na dteicneolaíochtaí sonraí agus digiteacha a uasmhéadú chun tacú le hoibríochtaí, custaiméirí agus daoine ESB fós ina phríomhfhócas in 2025. Tá glacadh custaiméirí le tairiscintí digiteacha, amhail aip shoghluaiste Electric Ireland agus Cuntas Ar Líne ESB Networks láidir, agus rochtain á tabhairt d'úsáideoirí ar sheirbhísí áisiúla agus léargas ar chostas agus úsáid fuinnimh.

Ar fud ghnó ESB, tá tairbhí á mbaint amach a bhuí le cásanna úsáide nua a bhaineann leas a bhaint as anailísíocht sonraí agus IS agus tá os cionn 800 ball i bPobal Cleachtais IS ESB anois.

**Tiomanta do Phobail**
In 2025, cheiliúir 'An Ciste um Fhuinneamh do na Glúnta' de chuid ESB 20 bliain ó bunaíodh é agus, i dteannta le Ciste Sochair Pobail ESB (a thacaíonn le tionscadail áitiúla gar d'fheirmeacha gaoithe agus gréine ESB), dháil sé €2 mhilliún ar charthanais, eagraíochtaí neamhbhrabúis agus grúpaí pobail. Is comhpháirtí bródúil é ESB chomh maith lenár gciste ceartais shóisialta atá á reáchtáil ag fostaithe, ElectricAid, a sholáthair maoiniú dar luach thart ar €300,000 le linn 2025.

**Bonn Airgeadais Láidir**
Le feidhmíocht oibríochtúil dhearfach ESB in 2025, soláthraítear bonn riachtanach don soláthar ba mhó riamh d'infheistíocht chaipitiúil de €2.7 billiún i mbonneagar criticiúil fuinnimh a raibh os cionn €4 d'infheistíocht in aghaidh gach €1 de bhrabús i ndiaidh cánach i gceist leis le linn 2025. Le straitéis ESB, éilítear leibhéil infheistíochta níos airde fós chun níos mó bonneagair a sheachadadh níos tapúla amach anseo, mar sin bhí instealladh cothromais dar luach €1.5 billiún ó scairshealbhóir tromlaigh ESB, Rialtas na hÉireann, mar thaca le clár caipitil ESB Networks, tráthúil agus fáilteach araon.

**Dár dTodhchaí Féin**
Bhí fáilte mhór roimh an díospóireacht náisiúnta le linn 2025 agus roimh an gcomhthuiscint leathan maidir leis an tábhacht a bhaineann le seachadadh bonneagair a luathú agus chuir ESB le tionscnaimh thábhachtacha amhail an Tascfhórsa um Luathú Bonneagair agus an Oifig um Ghníomhachtú Tithíochta agus thacaigh siad leo.

Ag tógáil ar na leibhéil ba mhó riamh d'infheistíocht chaipitiúil le linn 2025, éilítear le straitéis ESB go seachadfar leibhéil níos airde fós de bhonneagar leictreachais faoi 2026 agus ina dhiaidh sin. Ciallaíonn sé sin fócas leanúnach ar luas agus scála an tsoláthair a mhéadú go sábháilte, maidir le tithíocht, forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, agus maidir leis an aeráid.



**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach
27 Feabhra 2026

# Straitéis

## Ár gCuspóir

Is é an cuspóir atá againn todhchaí níos gile a chinntiú agus tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu glan-nialasacht a bhaint amach




## Ár Straitéis

Tiomanta do Dhifríocht a Dhéanamh: Glan-nialasacht faoi 2040

**Leictreachas Dícharbónaithe**
Forbrófar agus nascfar athnuaiteáin chun an córas leictreachais a dhícharbónú faoi 2040

**Bonneagar Athléimneach**
Bonneagar athléimneach a sholáthar ionas go mbeifear in ann córas leictreachais ísealcharbóin iontaofa a sholáthar

**Custaiméirí Cumhachtaithe**
Custaiméirí agus pobail a chumhachtú, a chumasú agus tacú leo le glan-nialasacht a bhaint amach

**Ár nDaoine**
A chinntiú go bhfuil foireann againn a bheidh in ann ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus a mbeidh meas aici ar luachanna agus ar chultúr ionchuimsitheach

**Bunaithe ar Theicneolaíochtaí Digiteacha agus ar Shonraí**
Leas a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht, ESB a athrú ó bhonn ionas go mbeidh sé ag feidhmiú mar fhóntas digiteach atá dírithe ar shonraí

**Láidreacht Airgeadais**
A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ar fáil chun ár gcuspóir a chomhlíonadh

**Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta**
Céim chun cinn maidir le freagracht shóisialta agus chomhshaoil, éiteas sábháilte, fónta agus inbhuanaithe a chothú de réir ár luachanna

## Ár Luachanna






# Timpeallacht Ghnó ESB

Coinníonn an Bord straitéis ESB, a forbraíodh in 2021, faoi athbhreithniú lena chinntiú go mbeidh sí ábhartha i gcónaí. Déanann an Bord monatóireacht ar fhorbairtí i dtimpeallacht ghnó ESB agus rianaíonn sé an dul chun cinn ar chur chun feidhme a straitéise agus ar dhúshláin an chur chun feidhme sin.

Tá forbairtí in 2025 lena mbaineann impleachtaí do straitéis ESB sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma leagtha amach thíos.

**Cúlra Eacnamaíoch agus Airgeadais**
Lean rátaí boilscithe ag titim in 2025 agus bhí na rátaí úis measartha cobhsaí. Cé gur mhaolaigh fás eacnamaíoch na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe, bhí geilleagar agus staid fhioscach na hÉireann fós láidir, in ainneoin na rioscaí a bhí ag méadú. Táthar ag tuar go mbeidh fás ann go dtí 2026, ach tá dúshláin ann mar gheall ar theannas geopholaitiúil agus taraifí trádála. D'fhógair Rialtas na hÉireann bearta a Bhuiséid do 2026 chun an t-aistriú fuinnimh a luathú, lena ngealltar beagnach €1.1 billiún le haghaidh uasghráduithe fuinnimh tí agus fótavoltais gréine, iarfheistiú na hearnála poiblí, agus suirbhéireacht sonraí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Tá sé mar aidhm le bearta breise tacú le hAistriú Cóir, an comhshaol a chosaint agus bogadh i dtreo geilleagar ciorclach. Leag *Tascfhórsa um Luathú Bonneagair* an Rialtais bearta amach ag deireadh 2025 chun fáil réidh le bacainní dlíthiúla agus rialála maidir le soláthar fuinnimh agus bonneagair ghaolmhair eile.

**Forbairtí Idirnáisiúnta ar Bheartas Polaitíochta agus Fuinnimh**
Tá an gheopholaitíocht dhomhanda corrach i gcónaí de bharr coimhlintí san Úcráin agus sa Mheánoirthear, coimhlint fhéideartha san Áise Thoir agus teannas atá ag dul i méid maidir le trádáil. Le taraifí ar fheithiclí leictreacha na Síne arna bhforchur ag an Aontas agus SAM, tarraingítear aird ar an teannas idir tosaíochtaí trádála agus aeráide agus le bloic mhóra trádála, fóirdheonaítear tionscail straitéiseacha 'teicneolaíochta glaine' agus 'cois cladaigh' atá ag teacht chun cinn. Rinne páirtithe 'pobalacha', nach mbíonn i bhfabhar bearta maidir leis an athrú aeráide a oiread sin go minic, dul chun cinn in 2025. Leanann Coimisiún an Aontais Eorpaigh ag tacú le dícharbónú, ach chonaic an Ríocht Aontaithe méadú ar an bhfreasúra i gcoinne uaillmhian an rialtais maidir le dícharbónú agus fuinneamh in-athnuaite.

Tá dúshláin aeráide ann fós. Bhí an teocht i mí Eanáir 2025 1.75°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Léiríodh le Stoirm Éowyn rioscaí atá ag méadú maidir le hadhaimsir agus, mar fhreagairt do sin, leag Rialtas na hÉireann de chúram ar ESB Networks Plean Athléimneachta Geimhridh a fhorbairt chun athléimneacht na heangaí a fheabhsú in áiteanna leochaileacha agus bearta gearrthéarmacha a chur chun feidhme chun tionchar stoirmeacha féideartha a laghdú, agus athléimneacht fhadtéarmach á cur chun cinn.

**Infheistíocht i Líonraí Leictreachais**
Tá infheistíocht dhomhanda i líonraí leictreachais, lena n-áirítear in Éirinn, á spreagadh ag dícharbónú, leictriú agus giniúint fuinnimh in-athnuaite, agus an gá le seasmhacht i gcoinne adhaimsir a fhorbairt. Le fás tapa eacnamaíoch agus daonra na hÉireann, chomh maith le spriocanna tithíochta, méadaítear na riachtanais infheistíochta sin agus ardaítear ceisteanna faoin todhchaí. Ar fud na hEorpa, tá dúshláin roimh sholáthar de bharr srianta ar an slabhra soláthair, bacainní pleanála, glacadh sóisialta, agus ganntanas saothair oilte.

Tá infheistíocht san eangach san Eoraip ag luathú. Tá gá le réitigh chaipitiúla inscálaithe, inacmhainne chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú, agus rátaí úsáideoirí á gcoinneáil soláimhsithe. D'fhógair Rialtas na hÉireann infheistíocht chothromais de €1.5 billiún in ESB i mí Iúil 2025, mar thacaíocht do phlean ESB Networks chun os cionn €13 bhilliún d'infheistíocht chaipitiúil a sholáthar le linn PR6. D'fhormheas Rialtas na hÉireann línte leictreachais príobháideacha chun leasa an phobail i mí Iúil 2025 (le haghaidh naisc dhíreacha gineadóra-custaiméara, eangacha hibrideacha agus luchtú feithiclí leictreacha).

**Leas a Bhaint as Foinsí In-athnuaite Fuinnimh**
Tá an dul chun cinn domhanda maidir le fuinneamh in-athnuaite láidir ach míchothrom. Ag tús 2025, sháraigh fás fuinnimh in-athnuaite an t-éileamh domhanda ar leictreachas, rud a laghdaigh úsáid breoslaí iontaise beagáinín. Laghdaigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh a réamhaisnéis do 2030 faoi 900 GW, áfach, mar gheall ar ionchais níos laige do SAM agus don tSín. Tá grianfhuinneamh - an fhoinse fuinnimh is saoire ar domhan anois - fós i réim, cé go bhfuil teicneolaíocht agus beartas níos cliste ag teastáil chun an eangach a chomhtháthú. Réamh-mheasann Ember - meitheal smaointeoireachta cheannródaíoch fuinnimh - go bhféadfadh an t-éileamh domhanda ar bhreoslaí iontaise ard a réime a bhaint amach faoi 2030 má leanann na treochtaí ar aghaidh.

Fuair córas leictreachais na hÉireann 1,500 GWh (lena n-áirítear breis agus 1 GW de ghrianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe cois cladaigh) trí RESS 5 le linn 2025, agus 900 MW breise d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta i gceant ORESS inar bhuaigh comhfhiontar idir ESB agus Ørsted na cearta chun láithreán Tonn Nua a fhorbairt amach ó chósta Phort Láirge. Is é an toradh air sin vóta muiníne i leith infheistíocht i bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Mar sin féin, tá dúshláin airgeadais shuntasacha roimh an bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta, lena n-áirítear costais atá ag ardú agus cur isteach ar an slabhra soláthair. Luaigh forbróirí tacaíochtaí agus ráthaíochtaí ioncaim imleora mar phríomhbhacainní i margaí ar fud na hEorpa. Tá níos lú rannpháirtíochta ann ó mhórchomhlachtaí ola agus gáis san earnáil giniúna fuinnimh in-athnuaite, rud a chruthaíonn deiseanna d'imreoirí teicneolaíochta agus tionsclaíocha, amhail ESB, a bhfuil sé mar aidhm acu astaíochtaí carbóin a bhainistiú agus fuinneamh glan a chinntiú.

**Glacadh le Teicneolaíocht**
In 2025, de bharr laghdú ar chostais stórála gréine agus ceallraí, cuireadh borradh faoi rath cheantanna na hÉireann agus luathaíodh úsáid, ESB san áireamh. Mhoilligh an tionscal hidrigine, áfach, de réir mar a cuireadh tionscadail ar ceal mar gheall ar dhúshláin maidir le socruithe fadtéarmacha maidir le glacadh hidrigine a fháil.

Tá an t-éileamh ar leictreachas ó ionaid sonraí ag méadú i gcónaí ar fud an domhain agus in Éirinn, arna spreagadh ag IS. Tá na hionaid sonraí sin ag aistriú tomhaltóirí bonnualaigh móra agus dolúbtha chuig comhpháirtithe eangaí, ag baint leas as IS, solúbthacht ualaigh oibre, agus taraifí dinimiciúla chun tacú le cobhsaíocht agus comhtháthú na heangaí.

**Borradh ar Éileamh agus Leictriú**
Tá leictriú ríthábhachtach maidir le dícharbónú , ach cuirtear dúshlán roimhe inacmhainneacht mar gheall ar an éileamh atá ag méadú ar leictreachas agus riachtanais bhonneagair. Tá éileamh leictreachais na hÉireann fós ag fás, agus tá mór-mhargaí na hEorpa comhréidh nó ag dul i laghad. In ainneoin réamhaisnéisí níos ísle maidir le rolladh amach feithiclí leictreacha, tháinig méadú níos mó ná 20% ar dhíol domhanda feithiclí leictreacha le linn 2025, go háirithe sa tSín agus san Aontas. Léirigh an leictriú dul chun cinn éigin, lena n-áirítear suiteálacha i dtithe nua in Éirinn, ach faoi bhun spriocanna beartais. Tá an t-éileamh atá ag méadú ó ionaid sonraí agus ó leictriú ag spreagadh fóntas chun acmhainn gnólachtaí a leathnú agus bonneagar a oiriúnú.

**Praghsanna Gáis agus Cumhachta Mórdhíola**
Bhí praghsanna mórdhíola gáis agus cumhachta san Eoraip in 2025 fós thart ar dhá oiread na leibhéal ag tús 2021, in ainneoin go raibh siad ag maolú ó bhuaicphointe na géarchéime fuinnimh. D'fhéadfadh rioscaí geopholaitiúla dul i gcion fós ar phraghsanna fuinnimh, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar bhealaí soláthair ola agus gáis agus éiginnteacht sa mhargadh a spreagadh.

# Samhail Ghnó

Tá ESB tiomanta do dhifríocht a dhéanamh. Todhchaí níos gile a sholáthar, fuinneamh inbhuanaithe, iontaofa agus inacmhainne a chruthú agus a nascadh, agus tacú leis na custaiméirí agus pobail a bhfuilimid ag freastal orthu glan-nialasacht a bhaint amach.

## Struchtúir ár nAonad Gnó



Déanaimid Beart de réir Ár mBriathair



Forbraíonn, oibríonn agus trádálann ESB aschur shócmhainní giniúna leictreachais ESB ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire.

Tógann agus cothaíonn ESB an líonra tarchurtha agus dáileacháin i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, agus tá an líonra sin faoi úinéireacht ESB freisin.



Cuirimid seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh ar fáil do chustaiméirí i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór.

### Giniúint

**Giniúint Trádála (GT)**
Déantar punann ESB de shócmhainní giniúna leictreachais faoi lánúinéireacht agus faoi chomhúinéireacht a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tá punann shuntasach trádála fuinnimh aige freisin trína mbainistítear an straitéis trádála do shócmhainní faoi úinéireacht agus roinnt sócmhainní tríú páirtí.

### Tarchur agus Dáileachán

**ESB Networks**
Is é ESB Úinéir ceadúnaithe na Sócmhainní Tarchurtha (TAO) agus Úinéir ceadúnaithe na Sócmhainní Dáileacháin cois cladaigh (DAO) in Éirinn. Is é ESB Networks DAC, fochuideachta imfhálaithe de chuid ESB, an tOibreoir Córais Dáileacháin ceadúnaithe (DSO). Comhlíonann na baill foirne san aonad gnó (atá imfhálaithe) de chuid ESB Networks feidhmeanna TAO agus DAO de chuid ESB (chomh maith le feidhmeanna DSO de chuid ESB Networks DAC), agus is faoi bhainistíocht ESB Networks DAC a oibríonn siad. Tuilleann ESB Networks ioncam ó thoradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe (RAB) trí tháillí 'Úsáid an Chórais' a ghearradh ar ghineadóirí agus soláthraithe leictreachais.

**NIE Networks**
Úinéir na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais agus an DSO ceadúnaithe i dTuaisceart Éireann. Tuilleann NIE Networks a ioncam go príomha ó tháillí a bhaineann le húsáid na gcóras dáileacháin a ghearrtar ar sholáthraithe leictreachais agus ó tháillí le haghaidh seirbhísí tarchurtha a bhailítear ón Oibreoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI).

### Soláthar

**Réitigh do Chustaiméirí**
Déileálann Réitigh do Chustaiméirí le tairiscintí miondíola uile ESB in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, lena n-áirítear Electric Ireland, So Energy, Electric Ireland Superhomes, Seirbhísí Fuinnimh Chliste ESB (Smart Energy Services), ESB ecars agus ESB Telecoms.

### Support Functions

**Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP)**
Cuireann sé seirbhísí innealtóireachta ar fáil chun tacú le tionscadail a sholáthar ar fud ESB agus bainistíonn sé punann réadmhaoine tráchtála ESB. Cuireann EMP seirbhísí innealtóireachta agus gairmiúla gaolmhara ar fáil do chliaint sheachtracha freisin.

**Seirbhísí Fiontraíochta**
Cuireann siad próisis agus seirbhísí ríthábhachtacha gnó ar fáil don Ghrúpa agus feidhmíonn siad mar chomhairleoir maidir le seirbhísí gairmiúla agus stiúrann sé aistriú digiteach ESB.

**Straitéis, Nuálaíocht agus Aistriú (SIT)**
Freagrach as treoir straitéiseach, gnóthaí corparáideacha, beartas dlí, fuinnimh agus rialála agus as spreagthaí riosca fiontraíochta a bhainistiú. Lorgaíonn sé chomh maith samhlacha gnó nua bunathraitheacha nuálacha a thráchtálú agus infheistiú a dhéanamh san earnáil teicneolaíochta glaine.

## Ár Luachanna

Tá luachanna ESB fréamhaithe go domhain san eagraíocht agus cuimsítear iontu an t-ionracas agus an uaillmhian atá fréamhaithe san obair a chuireann ESB i gcrích. Tá ról lárnach ag na luachanna sin i bhforbairt agus i soláthar na straitéise - cuirtear bonn eolais leo faoi chinntí agus tacaíonn siad le gealltanas ESB go mbeidh muinín ag custaiméirí agus ag pobail as ESB a chinntiú.

## Luach dár bPáirtithe Leasmhara

**Custaiméirí**
Rochtain a thabhairt dár gcustaiméirí ar sholáthar fuinnimh atá glan, slán agus inacmhainne, agus a chur ar a gcumas díriú ar a dturas glan-nialasachta trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí agus réitigh.

**Pobail**
Ar feadh a staire fhaide, tá ESB ag tacú le carthanais agus grúpaí pobail a fheabhsaíonn creat eacnamaíoch agus sóisialta na bpobal a bhfreastalaíodh orthu. Tá tuilleadh eolais maidir leis sin le fáil ar leathanaigh 74 agus 75.

**Stocshealbhóirí**
Tacú le soláthar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha ESB agus Rialtas na hÉireann amhail leictreachas dícharbónaithe agus bonneagar athléimneach de réir an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Freastalaíonn beartas díbhinne ESB ar dhíbhinní spriocdhírithe ag ráta atá cothrom le 30% den bhrabús coigeartaithe i ndiaidh cánach.

**Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála**
Cinnteoidh feidhmíocht láidir airgeadais, a bhfuil éifeachtúlacht agus smacht infheistíochta ag tacú leis, gur féidir le ESB torthaí oiriúnacha a chinntiú do scairshealbhóirí, rátáil chreidmheasa láidir ag grád infheistíochta a choinneáil ar bun agus maoiniú fadtéarmach barrmhaith a fháil chun pleananna infheistíochta a mheaitseáil.

**Fostaithe**
Áit oibre a chruthú ina bhfuil daoine comhbhácha, misniúla ag comhoibriú lena chéile chun déileáil le dúshlán nach mbíonn le sárú ach uair amháin sa saol agus deis a thabhairt do gach duine ról a imirt sna hiarrachtaí glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2040.

**Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe**
A chinntiú go mbainfidh soláthraithe, conraitheoirí agus comhpháirtithe tairbhe as ár ngnó trí chaitheamh go cothrom le gach soláthraí i bpróisis soláthair a chuirtear i gcrích ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach agus comhréireach.

**Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta**
Comhoibriú lena chéile ar fhorbairt beartais agus leasuithe chun cabhrú linn phríomh-shaincheisteanna a sholáthar amhail e tacú le custaiméirí leochaileacha, slándáil an tsoláthair agus spriocanna inbhuanaitheachta - agus iarracht á déanamh i gcónaí gach rud a dhéanamh go sábháilte.

**Comhlachtaí Tionscail Eile**
Oibriú le chéile chun athrú dearfach a chruthú don tsochaí agus chun timpeallacht thógtha níos fearr a fhorbairt.

**Custaiméirí**
- 83% de chustaiméirí sásta (leictreachas baile i bPoblacht na hÉireann)
- 32% de sciar margaidh an mhiondíola uile-oileáin
- 24 % de sciar margaidh na giniúna uile-oileáin

**Fostaithe**
- Tháinig méadú 380 ar mheánlíon na bhfostaithe le linn 2025
- Breis agus 10,000 fostaí amhail an 31 Nollaig 2025

**Stocshealbhóirí**
- Os cionn €1.5 billiún de dhíbhinní íoctha ó 2015
- Toradh 5.7% ar chaipiteal úsáidte

**An Geilleagar**
- Acmhainn ghiniúna 5.1 GW, agus líonra atá níos faide ná 250,000 km i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann
- Infheistíocht chaipitiúil - €2.7 billiún
- Ranníocadh thart ar €3.4 billiún do gheilleagar na hÉireann i bhfoirm párolla, cánacha, díbhinní agus ceannachán ó sholáthraithe baile
- Breis agus €2 mhilliún eisíoctha le pobail

**An Comhshaol**
- 2 GW de ghiniúint in-athnuaite agus giniúint chumasúcháin in-athnuaite
- Déine carbóin laghdaithe 53% ó 2005

**TÁIMID MISNIÚIL**
Táimid ullamh chun dúshlán ár gnáthmhodha oibre a thabhairt, an rud ceart a dhéanamh agus triail a bhaint as bealaí oibre níos fearr.

**TÁIMID COMHBHÁCH**
Tá riachtanais na gcustaiméirí anois agus amach anseo i gcroílár ár gcuid oibre agus táimid féin agus daoine eile á gcoinneáil sábháilte agus sláintiúil againn.

**TÁIMID DÍOGRAISEACH**
Tá spéis againn san obair atá á cur i gcrích againn gach lá, táimid nuálach agus sásta comhoibriú le daoine eile chun tabhairt faoi na dúshláin agus deiseanna atá amach romhainn agus iad a thapú.

**TÁ MUINÍN AG DAOINE ASAINN**
Déanaimid ár fad ár gcuid, glacaimid go dáiríre lenár bhfreagrachtaí, cuirimid ár gcuid oibre i gcrích agus tá ár sláinte agus sábháilteacht féin, agus sláinte agus sábháilteacht daoine eile á gcosaint againn.

# Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha (SPlanna*)

## Leictreachas Dícharbónaithe

**Forbrófar agus nascfar athnuaiteáin chun an córas leictreachais a dhícharbónú faoi 2040**

**GEALLTANAS SFI**

**Táscaire**
Punann ghiniúna in-athnuaite agus cumasúcháin in-athnuaite (toilleadh suiteáilte)[1]

| | |
|---|---|
| 2021 | 1.3GW[2] |
| 2025 | 2.0GW |
| Sprioc | 5.0GW |

**Táscaire**
Scála an fhuinnimh saor ó charbón cumasaithe ag ár líonraí

| | Tuaisceart Éireann | Poblacht na hÉireann |
|---|---|---|
| 2021 | 1.8GW | 4.7GW |
| 2025 | 1.9GW | 7.9GW |
| Sprioc | 2.6GW | 22GW |

**Táscaire**
Sciar den aschur giniúna ó fhoinsí saor ó charbón[1]

| | |
|---|---|
| 2021 | 13.8% |
| 2025 | 24.8% |
| Sprioc | 63.0% |

**Feidhmíocht**
Rinneadh an-dul chun cinn le linn na bliana 2025; críochnaíodh céim na tógála den tionscadal gaoithe amach ón gcósta 'Neart na Gaoithe', agus cuireadh deireadh le dó guail ag Gob na Muine. Féach iatán na Giniúna Trádála ar leathanach 46 chun tuilleadh eolais a fháil. Baineann dúshláin le spriocanna 2030 a bhaint amach óir tá tosca ann nach bhfuil neart ag ESB orthu, e.g. na dátaí ar a gcuirtear ceantanna RESS ar siúl agus moilleanna ar an bpróiseas pleanála, agus coinnítear faoi athbhreithniú iad sin.

## Bonneagar Athléimneach

**Bonneagar athléimneach a sholáthar ionas go mbeifear in ann córas leictreachais ísealcharbóin iontaofa a sholáthar**

**GEALLTANAS SFI**

**Táscaire**
Bonn Sócmhainní Rialaithe Líonraí (RAB)

| | ESB Networks | NIE Networks |
|---|---|---|
| 2021 | €8.8bn | £1.8bn |
| 2025 | €12.0bn | £2.6bn |
| Sprioc | €13-14bn | £2.7-3.2bn |

**Feidhmíocht**
Táimid ar an mbóthar ceart chun spriocanna 2030 a shárú.

## Custaiméirí Cumhachtaithe

**Custaiméirí agus pobail a chumhachtú, a chumasú agus tacú leo le glan-nialasacht a bhaint amach**

**GEALLTANAS SFI**

**Táscaire**
An líon méadar cliste suiteáilte

| | |
|---|---|
| 2021 | 0.6M |
| 2025 | 2.1M |
| Sprioc | 2.6M |

**Táscaire**
Leictriú an ghréasáin iompair: pointí luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha don phobal (Éire agus an Bhreatain Mhór)

| | |
|---|---|
| 2021 | 704 |
| 2025 | 1,026 |
| Sprioc | 3,000* |

* Iomlán

**Táscaire**
Sástacht custaiméirí

| | |
|---|---|
| 2021 | 81%* |
| 2025 | 83%* |
| Sprioc | >85%** |

* Leictreachas tí Electric Ireland
** de gach líne ghnó a bhíonn ag déileáil le custaiméirí

**Feidhmíocht**
Rinneadh dul chun cinn maith le linn 2025 i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach, leis an ngarsprioc de bhreis agus dhá mhilliún méadar cliste suiteáilte agus ihinfheistíocht chómhaoinithe ESB/an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide críochnaithe sa líonra luchtaithe feithiclí leictreacha. Féach iatán ESB Networks agus an ceann faoi Réitigh do Chustaiméirí ar leathanaigh 42 agus 48 chun tuilleadh eolais a fháil.



## Ár nDaoine

**A chinntiú go bhfuil foireann againn a bheidh in ann ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus a mbeidh sé ag feidhmiú mar fhóntas digiteach atá dírithe ar shonraí**

**GEALLTANAS SFI**

**Táscaire**
Caidreamh gníomhach le fostaithe[3]

| | |
|---|---|
| 2021 | 7.0/10 |
| 2025 | 7.5/10 |
| Sprioc | >8/10 |

**Táscaire**
Scór Sláinte agus Folláine[3]

| | |
|---|---|
| 2021 | 6.9/10 |
| 2025 | 7.5/10 |
| Sprioc | >8/10 |

## Bunaithe ar Theicneolaíochtaí Digiteacha agus ar Shonraí

**Leas a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht, ESB a athrú ó bhonn ionas go mbeifear in ann córas fhóntas digiteach atá dírithe ar shonraí**

**GEALLTANAS SFI**

| Táscaire | 2021 | 2025 | Sprioc |
|---|---|---|---|
| Aibíocht dhigiteach[4] | N/B | Príomhshrutha | Príomhshrutha/Ceannaire |

## Láidreacht Airgeadais

**A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ar fáil chun ár gcuspóir a chomhlíonadh**

**GEALLTANAS SFI**

| Táscaire | 2021 | 2025 | Sprioc |
|---|---|---|---|
| Rátáil chreidmheasa láidir ag grád infheistíochta | BBB+/Baa1 ar bhonn neamhspleách | BBB+/Baa1 ar bhonn neamhspleách | BBB+/Baa1 ar bhonn neamhspleách |

**Táscaire**
Toradh ar an gCaipiteal in Úsáid (ROCE)

| | |
|---|---|
| 2021 | 5.6% |
| 2025 | 5.7% |
| Sprioc | **ROCE > WACC** |

## Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

**Céim chun cinn maidir le freagracht shóisialta agus chomhshaoil, éiteas sábháilte, fónta agus inbhuanaithe a chothú de réir ár luachanna**

**GEALLTANAS SFI**

**Táscaire**
Déine carbóin shócmhainní agus ghníomhaíochtaí giniúna ESB[1]

| | |
|---|---|
| 2021 | 440g $CO_2$/kWh |
| 2025 | 314g $CO_2$/kWh |
| Sprioc | 140g $CO_2$/kWh |

**Feidhmíocht**
Bhain ESB sprioc thábhachtach amach nuair a cuireadh deireadh le dó guail ag Gob na Muine i mí an Mheithimh 2025. Féach iatán na Giniúna Trádála ar leathanach 46 chun tuilleadh eolais a fháil. Tá dul chun cinn á dhéanamh againn i dtreo spriocanna 2030 a bhaint amach; tháinig laghdú 13% ar an déine carbóin a bhain le giniúint leictreachais ESB le linn 2025. Tá leibhéal oibriúcháin ár ngléasraí traidisiúnta ag brath go mór fós ar thosca seachtracha e.g. srianta córais, infhaighteacht acmhainne giniúna, agus sreabhadh trí idirnascairí.

* Is é 2021 an bhonnlíne agus is é an Sprioc Sprioc 2030 ESB.
1 Tá comhfhiontair san áireamh sa mhéadracht sin bunaithe ar scairsheilbh ESB san eintiteas ábhartha.
2 Athluaite le sócmhainní cumasúcháin in-athnuaiteán (cadhnraí agus stóráil chaidéalaithe) a chur san áireamh.
3 Bainte ó thorthaí Shuirbhé Foirne Ár nGuth.
4 Níl NIE Networks nó So Energy san áireamh sa mhéadracht sin.

# Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí ESB ar réimse leathan páirtithe leasmhara. Is é sin an fáth a bhfuil sé mar aidhm ag ESB leanúint ar aghaidh le plé oscailte agus dearfach lena pháirtithe leasmhara ar fad chun a straitéis a thuiscint, a bhreithniú agus a fhorbairt ar bhealach a fhreastalaíonn ar a n-ionchais. Cuireann ár rannpháirtíocht ar chumas páirtithe leasmhara aiseolas agus léargas a thabhairt do ESB, rud a chuireann bonn lenár gcur chuige agus lenár gcinnteoireacht freisin.

Tugann ESB ardtosaíocht do thuiscint a bheith aige ar ionchais, ar bhuarthaí agus ar leasanna ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara. Tugaimid faoi thaighde domhain ar pháirtithe leasmhara thart ar gach ceithre bliana, agus déanaimid suirbhé ar bhaill den phobal trí huaire sa bhliain trí rianairí branda agus clú. Tá grúpaí príomhpháirtithe leasmhara ESB, sonraí faoinár rannpháirtíocht leo agus na príomhthosaíochtaí a sainaithníodh i leith gach páirtí leasmhair leagtha amach lastall.

## Ár bPríomhpháirtithe Leasmhara

### Custaiméirí

Cuimsítearréimse leathan i mbonn custaiméirí ESB, lena n-áirítear custaiméirí atá nasctha le líonraí leictreachais ar fud na hÉireann, na daoine agus na gnólachtaí a gcuireann ESB tairiscintí leictreachais, gáis agus miondíola eile ar fáil dóibh ar fud na hÉireann agus na Breataine, agus cliaint sainchomhairleoireachta innealtóireachta ESB.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Tá ESB bródúil as bheith ag freastal ar chustaiméirí trí sheachadadh agus nuálaíocht le blianta fada anuas. Tá sé ríthábhachtach go n-éistimid lenár gcustaiméirí chun gur féidir linn a riachtanais atá ag teacht chun cinn a thuiscint le linn tréimhse ina bhfuil praghsanna fuinnimh fós ard, agus mar a aistrímid chuig fuinneamh inbhuanaithe le chéile.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:**
- Suirbhéanna ar chustaiméirí agus ar pháirtithe leasmhara
- Taighde margaidh foirmiúil
- Fócasghrúpaí
- Suíomhanna gréasáin agus cuntais meán sóisialta na cuideachta
- Bainisteoirí caidrimh agus cuntais speisialta

**Príomhthosaíochtaí:**
- Seirbhís do chustaiméirí
- Meicníochtaí tacaíochta do chustaiméirí
- Cumarsáid agus tacaíocht do chustaiméirí leochaileacha
- Praghsanna iomaíocha fuinnimh
- Éifeachtúlacht fuinnimh agus bearta dícharbónaithe/réitigh fuinnimh
- Soláthar slán agus iontaofa fuinnimh
- Próisis/amlínte ceangail

Tá faisnéis bhreise ar an méid thuas ar fáil sna hathbhreithnithe ar gach príomhaonad gnó ar leathanaigh 42 go 51.

### Pobail

Déanann ESB a dhícheall chun bheith ina chomharsa fhreagrach agus iontaofa do phobail atá in aice le láithreáin agus oibríochtaí ESB, agus do dhaoine sa phobal i gcoitinne freisin. Léirítear lenár gcur chuige tiomantas níos leithne ESB d'inbhuanaitheacht dírithe ar dhaoine agus do dheimhin a dhéanamh de go soláthrófar luach sóisialta dearfach leis an aistriú fuinnimh.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Bíonn pobail ag súil go gcuirfidh eagraíochtaí ar bhealach dearfach le saincheisteanna atá tábhachtach dar leo agus go dtacóidh siad leo. Téann ESB i dteagmháil go réamhghníomhach le pobail d'fhonn caidreamh a neartú, iontaoibh a fhorbairt agus chun a chinntiú go soláthrófar luach comhroinnte trínár ngníomhaíochtaí.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:**
- Laethanta oscailte/turais láithreáin
- Comhairliúchán maidir le tionscadail mholta
- Rannpháirtíocht in imeachtaí áitiúla agus náisiúnta
- Comhpháirtíochtaí corparáideacha/comhoibriú le húdaráis áitiúla, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) agus le comhpháirtithe oideachais.
- An Ciste um Fhuinneamh do na Glúnta
- An Ciste Sochair Phoiblí
- Obair dheonach agus comhroinnt scileanna
- Cláir ionchuimsitheachta sóisialta
- Bainistíochta aibhneacha agus gnáthóg/éiceachórais a athchóiriú

**Príomhthosaíochtaí:**
- Cur leis an ngeilleagar áitiúil
- Leithdháileadh agus tionchar chistí pobail ESB
- Comhairliúchán maidir le tionscadail mholta
- Cosaint an chomhshaoil
- Éiceachórais a athchóiriú
- Aistriú cóir agus cothrom go neodracht carbóin

Tá tuilleadh eolais faoin méid thuas ar fáil sa bhileog Inbhuanaitheachta ag tosú ar leathanach 62.



### Stocshealbhóirí

Is faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann atá 97.7% de ESB agus is faoi úinéireacht Iontaobhaithe Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) atá 2.3%.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Cinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach go dtuigeann agus go bhfreagraíonn ESB do riachtanais a úinéirí atá ag athrú agus go bhfaighidh sé tacaíocht ónár straitéis. Cinntíonn rannpháirtíocht leanúnach go bhfuil páirtithe leasmhara ESB airdeallach ar a thimpeallacht ghnó, straitéis, samhail ghnó, gealltanais feidhmíochta agus inbhuanaitheachta.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Tugann ESB faoi chomhairliúchán gníomhach agus leanúnach leis an Rialtas maidir le príomhbheartais agus saincheisteanna straitéiseacha arna cheangal leis an reachtaíocht agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, arna leasú. Tarlaíonn sé sin trí sheisiúin faisnéise ráithiúla fhoirmiúla le hionadaithe Rialtais, trí aighneachtaí i scríbhinn a chur faoi bhráid ranna ábhartha an Rialtais, nuair is cuí, trí phlé déthaobhach (lena n-áirítear leis an mBord, leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomhfheidhmeannach) agus trí fhreastal ionadaithe na nAirí Rialtais ábhartha ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil. Chomh maith leis sin, téann ESB i mbun rannpháirtíochta agus comhairle go rialta le hIontaobhaithe ESB ESOP trí sheisiúin faisnéise rialta fhoirmiúla.

**Príomhthosaíochtaí:**
- Cur chun feidhme Phleananna Forbartha Náisiúnta, Tithíochta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide Rialtas na hÉireann
- Dul chun cinn ESB maidir leis an straitéis inbhuanaitheachta agus cúrsaí ESG
- Slándáil fuinnimh
- Athléimneacht an líonra
- Pleanáil agus ceadanna
- Feidhmíocht agus ionchas an Ghrúpa
- Rialachas

### Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála

Iasachtóirí/sealbhóirí fiachais a mhaoiníonn clár infheistíochta caipitiúla ESB mar aon leis na gníomhaireachtaí rátála a dhéanann measúnú neamhspleách ar láidreacht airgeadais agus acmhainneacht creidmheasa ESB. Dá réir sin, tá an caidreamh sin le hinfheisteoirí ríthábhachtach maidir le láidreacht airgeadais ESB chun a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Cabhraíonn rannpháirtíocht le hinfheisteoirí agus gníomhaireachtaí reatha agus ionchasacha le ESB teacht ar thuiscint níos fearr ar ionchais iasachtóirí agus gníomhaireachtaí rátála i ndáil lenár bhfeidhmíocht airgeadais agus inbhuanaitheachta.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Téann an fhoireann um Chaidreamh le hInfheisteoirí, lena n-áirítear Cisteoir an Ghrúpa agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Airgeadais agus Trádchtála, i mbun rannpháirtíochta go rialta le hinfheisteoirí fiachais institiúidigh trí fhógraí foirmiúla, seisiúin faisnéise do na meáin, seónna bóthair d'infheisteoirí agus seisiúin faisnéise d'infheisteoirí (i ndiaidh na dtorthaí airgeadais eatramhacha agus bliantúla a chur ar fáil, mar shampla). Tá tuilleadh eolais ar fáil sa rannóg faoi chaidreamh infheisteora ar shuíomh gréasáin ESB.

**Príomhthosaíochtaí:**
- Chun rátáil chreidmheasa BBB+/Baa1 a choimeád ar bhonn neamhspleách
- Feidhmíocht airgeadais, oibríochtúil agus inbhuanaitheachta
- Straitéis agus dul chun cinn ESB maidir le glan-nialasacht a bhaint amach
- Riachtanais maoinithe agus leachtachta

### Fostaithe

Ár gcomhghleacaithe a oibríonn san iliomad gnólachtaí ar fud an Ghrúpa.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Tá ról lárnach ag aiseolas ó fhostaithe sna hiarrachtaí atá á ndéanamh foireann oibre atá oilte, díograiseach agus spreagtha a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád. Tá sé sin riachtanach chun straitéis ESB a chur i gcrích go héifeachtach. Chun leanúint ar aghaidh le dlús a chur leis an dul chun cinn, ní mór go dtuigfeadh ESB na nithe atá tábhachtach dar lenár bhfostaithe.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:**
- Craoladh gréasáin 'All-Hands' ESB d'Fhostaithe agus an Mol (acmhainn faisnéise agus ardán cumarsáide fostaithe ESB)
- Cruinnithe foirne/athbhreithnithe feidhmíochta/plé maidir le forbairt gairme
- Suirbhéanna foirne ("Ár nGuth")
- Acmhainn foghlama agus oiliúna ar líne
- Grúpaí Acmhainne Fostaithe
- Rannpháirtíocht le ceardchumainn

**Príomhthosaíochtaí:**
- Sláinte, sábháilteacht agus folláine
- I measc na nithe a chuirtear ar fáil d'fhostaithe ESB tá luach saothair, tairbhí agus socruithe oibre solúbtha
- Dul chun cinn/forbairt gairme
- Éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn
- Róil na bhfostaithe a thuiscint maidir le cur le straitéis ESB um ghlan-nialasachta
- Rannpháirtíocht agus cumarsáid leanúnach
- Ag gníomhú mar fhreagairt ar thorthaí an tsuirbhé 'Ár nGuth'

Tá faisnéis bhreise ar fáil sna codanna Daoine agus Slándáil, Sláinte agus Folláine a thosaíonn ar leathanaigh 77 agus 82 faoi seach.

## Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara (ar lean)

### Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe

Comhoibríonn ESB go dlúth le comhpháirtithe, le conraitheoirí agus le soláthraithe táirgí agus seirbhísí ar fud a shlabhra soláthair.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Leagtar amach i gCairt Soláthraithe ESB na caighdeáin atá le comhlíonadh ag gach soláthraí. Trí oibriú le conraitheoirí agus soláthraithe (mar aon le gníomhairí), is féidir linn a chinntiú gur féidir leo caighdeáin ESB a chomhlíonadh i gcónaí i ndáil le sábháilteacht táirgí, cáilíocht agus iompar agus eitic ghnó, agus meas á thabhairt do chearta an duine agus don timpeallacht. Tá comhoibriú ar fud an tslabhra soláthair riachtanach ionas gur féidir le ESB soláthar cobhsaí earraí agus seirbhísí a chinntiú agus nuáil agus réitigh cheannródaíocha sa mhargadh á soláthar chun cuidiú lenár straitéis a chur i gcrích.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Bíonn ESB ag caidreamh le soláthraithe agus conraitheoirí ar go leor bealaí, lena n-áirítear trí phróisis tairisceana, cruinnithe athbhreithnithe conartha, réamhchomhairliúcháin mhargaidh agus imeachtaí 'Buail leis an gCeannaitheoir'. Go ginearálta, lorgaítear gnéithe inbhuanaitheachta ó thairgeoirí sa chás go gcabhraíonn a leithéid le cuspóirí inbhuanaitheachta ESB a sholáthar.

**Príomhthosaíochtaí:**
- Sláinte agus sábháilteacht
- Foinsiú freagrach
- Acmhainneacht agus inbhuanaitheacht an tslabhra soláthair
- Comhpháirtíochtaí fadtéarma
- Cleachtais íocaíochta
- Cearta an duine

### Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta

Déanann ESB a dhícheall chun a chinntiú go gcomhlíonann sé dlíthe agus rialacháin infheidhme ina n-iomláine sna margaí ina n-oibrímid. Dá réir sin, oibríonn ESB le ranna an rialtais náisiúnta, le gníomhaireachtaí stáit, le rialtóirí earnála agus le húdaráis ábhartha eile maidir leis na hábhair sin.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Chun ar dtuairimí a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as beartas, dlíthe agus rialacháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, de bhrí go bhféadfadh tionchar nach beag a bheith ag na beartais rialála sin ar an dóigh a ndéanann ESB a ghnó.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Bíonn ESB ag caidreamh le rialtóirí agus le húdaráis eile ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear fóraim an tionscail, cumainn tráchtála, seisiúin faisnéise, rannpháirtíocht dhíreach agus fóraim ilpháirtithe leasmhara eile, agus trí iniúchtaí agus trí athbhreithnithe foirmiúla ar chomhlíontacht freisin

**Príomhthosaíochtaí:**
- Dearadh/oibriú margaidh
- Seirbhís agus tacaíochtaí do chustaiméirí
- Glan-nialasacht
- Athléimneacht an líonra
- Slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh
- Comhlíontacht dhlíthiúil agus rialála

### Comhlachtaí Tionscail Eile

Oibreoirí líonraí, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) tionscail, ENRanna inbhuanaitheachta agus comhlachtaí tionscail eile a bhfuil an cuspóir céanna acu agus atá ag ESB, is é sin soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais a chur ar fáil agus geilleagar agus sochaí inbhuanaithe ísealcharbóin á n-éascú.

**Aidhm na Rannpháirtíochta:** Dlús a chur le forbairt ar mhaithe lenár ngnólachtaí agus leis an tionscal agus cabhrú le hathrú dearfach ar scála mór a chruthú don tsochaí agus don timpeallacht.

**Ár Modh Rannpháirtíochta:** Plé agus rannpháirtíocht leanúnach i ngrúpaí comhairleacha gnó agus tionscail a chuireann ar chumas ESB páirt a ghlacadh i bhforbairt dea-chleachtais tionscail i ndáil le réimse topaicí inbhuanaitheachta seanbhunaithe.

**Príomhthosaíochtaí:**
- Iarrachtaí chun leictreachas a dhícharbónú
- Athrú aeráide
- Bochtaineacht bhreosla
- Eitic agus trédhearcacht

Cuireann baill an Bhoird tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh nuair a bhíonn cinntí maidir le straitéis, infheistíochtaí/dífheistíochtaí nó nithe eile á ndéanamh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ngeilleagar trí chéile nó ar an timpeallacht agus ar an tslí sin méadaítear an seans go mbeidh rath inbhuanaithe fadtéarmach ar ESB. Chomh maith leis sin, aithníonn an Bord an gá le hardchaighdeáin iompair gnó i ndáil lena ghníomhartha agus cinntí agus an gá le caitheamh go cothrom le páirtithe leasmhara uile ESB. Breithníonn baill an Bhoird aiseolas a bhaineann le gach gníomh agus taighde rannpháirtíochta mar chuid dá phróisis chinnteoireachta. Féach leathanaigh 92 go 94 chun tuilleadh sonraí a fháil.



# Tuarascáil ar Rioscaí

**Modh Bainistíochta Riosca ESB**
Tacaíonn bainistíocht éifeachtach rioscaí agus aimsiú deiseanna le forbairt agus le cur chun feidhme straitéis ESB agus leasanna a pháirtithe leasmhara agus stocshealbhóirí á gcosaint.

Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an mBord as bainistíocht riosca agus rialú inmheánach. Sonraítear i gCód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann 2024 (Cód na hÉireann) (Clásail 29, 30 agus 32) agus sa treoir ghaolmhar freagracht agus cuntasacht an Bhoird as cinneadh a dhéanamh maidir le cineál agus méid na bpríomhrioscaí a bhfuil sé toilteanach glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Chomh maith leis sin, tagraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Mír 7.2) don mhaoirseacht a dhéanfaidh an Bord ar bhainistíocht riosca lena n-áirítear an ceanglas chun "an plean bainistíochta riosca agus clár rioscaí a cheadú gach bliain ar a laghad". Caithfidh an Bord a chinntiú chomh maith gur leabaíodh cultúr cuí ar fud na heagraíochta lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú go héifeachtach.

Cinntíonn an Bord go bhfuil neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca i gcomhréir lena chuspóirí straitéiseacha agus luach stocshealbhóirí níos fadtéarmaí a chruthú. Tá Beartas Bainistíochta Riosca agus Creat Bainistíochta Riosca glactha ag an mBord chun tacú lena mhaoirseacht ar riosca ar fud an Ghrúpa.

Tarmligeann an Bord a fhreagracht as a phríomhrioscaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rioscaí a bhfuil Ardtionchar agus Dóchúlacht Íseal ag baint leo (HILP) do Choistí an Bhoird de réir Théarmaí Tagartha an Choiste agus a réimsí saineolais faoi seach. Cuireann Cathaoirleach an Choiste tuarascáil faoi bhráid an Bhoird iomláin maidir le príomhfhorbairtí agus nithe a bhfuil tuilleadh plé agus breithnithe le déanamh orthu. Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca as a chinntiú go bhfuil rioscaí agus deiseanna á sainaithint, á meas, á dtuairisciú agus á rialú i gceart thar ceann an Bhoird. Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle ar an mBord maidir lena inghlactacht riosca, lamháltas riosca agus straitéis riosca fhoriomlán an Ghrúpa.

Tá sonraí na ngníomhaíochtaí a chuir an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcrích le linn 2025 maidir lena bhfreagrachtaí rioscaí le fáil ar leathanach 103 agus 104.

Cuimsítear i gcur chuige ESB measúnú straitéiseach ón mbonn aníos ar riosca agus inghlacthacht riosca, ina dtugtar cuntas ar an timpeallacht sheachtrach ghnó agus aon athruithe ar an tsamhail ghnó, mar aon le próiseas sainaitheanta agus tuairiscithe oibríochtúil ón mbun aníos a eascraíonn as athbhreithniú agus measúnú ar chláir rioscaí na n-aonad gnó.

Tá cur chuige bainistíochta riosca ESB dinimiciúil. Déanann ESB bainistiú rialta agus réamhghníomhach ar rioscaí i dtimpeallacht ghnó a athraíonn go tapa, agus déanann sé faisnéis faoi rioscaí a nuashonrú agus a fheabhsú go leanúnach chun tacú le cinnteoireacht ar gach leibhéal. Cuirtear cuntas ar fáil ar fhorbairtí sa timpeallacht ghnó ar leathanach 15 chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus imríonn siad tionchar ar inghlacthacht riosca.

**Cultúr Riosca**
Is é an Bord atá freagrach agus cuntasach, i ndeireadh na dála, as cúrsaí a shocrú ag barr na heagraíochta. Is é cultúr riosca ESB atá mar bhonn leis an mbealach a shainaithníonn, a thuigeann, a phléann agus a ghníomhaíonn (lena n-áirítear forbairt agus monatóireacht rialaithe agus maoluithe éifeachtúla) fostaithe maidir leis na rioscaí a ghlacann siad agus a mbíonn orthu déileáil leo ar bhonn laethúil.

D'fhonn cur le feasacht ar riosca, leagtar béim fós ar luachanna ESB i bplé le gach fostaí d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir agus chomhsheasmhach á bunú againn maidir le gcaoi a gcuirimid ár gcuid bealaí oibre i gcrích. D'fhonn tacú le cultúr riosca a leabú, tá beartais glactha ag ESB (amhail cód eitice ESB, "Ár gCód") a éascaíonn agus a spreagann timpeallacht ina mbraitheann daoine compordach chun aird a tharraingt ar cheisteanna éagsúla agus ina ndéileálann an fhoireann bainistíochta le hábhair imní go dáiríre, go gairmiúil agus de réir oibleagáidí dlíthiúla atá i bhfeidhm faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Tacaítear le cinnteoireacht trí leibhéil shoiléire údaráis a bheith ann agus anailís riosca a dhéanamh mar chuid de phleanáil ghnó agus tionscadal. Breithnítear freisin an t-ailíniú idir infheistíochtaí agus inghlacthacht riosca ESB maidir le gach iarratas arna gceadú ag an mBord. Soláthraítear oiliúint shonrach le haghaidh gníomhaíochtaí ardriosca lena n-áirítear feasacht ar shláinte, sábháilteacht agus folláine, feasacht ar chibear-riosca, oibríochtaí líonraí, príobháideacht sonraí agus gníomhaíochtaí trádála fuinnimh. Chinntigh an cur chuige sin go bhfuil aird á tarraingt ag céim luath ar rioscaí agus ar éiginnteachtaí ionas gur féidir gníomhú go tapa chun aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhostaithe agus ar pháirtithe leasmhara eile a íoslaghdú.

**Inghlacthacht Riosca**
I gCreat Inghlacthachta Riosca ESB, leagtar amach an inghlacthacht riosca ar leibhéal an Ghrúpa i ndáil leis na príomhfhoinsí riosca a mbeidh ar ESB déileáil leo le linn dó a aidhm agus a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh (i.e. Domhan Rioscaí ESB) agus soláthraítear leis an bonn chun cinntí a dhéanamh, agus an inghlacthacht riosca a chur in iúl don eagraíocht ar fad.

Tá inghlacthacht riosca leabaithe i gcinntí bainistíochta riosca laethúla trí úsáid a bhaint as lamháltais agus srianta riosca le haghaidh cineálacha rioscaí ábhartha. Is bealach é sin lena chinntiú go bhfuil an phróifíl rioscaí ailínithe leis an inghlacthacht riosca i gcónaí trí chothromaíocht a chinntiú idir rioscaí agus torthaí. Déantar é a mheasúnú ar bhonn bliantúil, ar a laghad.

Ceadaíonn an Bord Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa bunaithe ar chomhairle an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá inghlacthacht riosca ESB ailínithe le Straitéis ESB um Ghlan-Nialasacht faoi 2040 agus tá cur i bhfeidhm na straitéise comhsheasmhach leis an Ráiteas maidir le hInghlacthacht Riosca. Léirítear sa Ráiteas Inghlachtachta Riosca inghlacthacht ESB i ndáil le riosca faoi gach ceann de na sé chatagóir shainaitheanta faoi Dhomhan Rioscaí ESB – (1). Rioscaí Straitéiseacha, (2). Rioscaí Airgeadais, (3). Rioscaí a bhaineann le Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)/Aeráide, (4). Rioscaí a bhaineann le Cultúr, i ndáil le Daoine agus Slándáil, (5). Rioscaí a bhaineann le Comhlíonadh, agus (6). Rioscaí Oibríochtúla agus Teicneolaíochta.

**Príomhrioscaí an Ghrúpa in 2025**
Tá príomhrioscaí an Ghrúpa le haghaidh 2025 leagtha amach sa tuarascáil seo, ag tosú ar leathanach 25. Glactar leis go bhfuil na rioscaí sin ábhartha dár dtuiscint ar conas a chruthaíonn ESB luach. Ní raibh aon athrú ar roinnt príomhrioscaí le linn 2025. Rinneadh leasuithe ar chuntais/spreagthaí roinnt príomhrioscaí eile chun na forbairtí is déanaí i dtimpeallacht riosca ESB a chur san áireamh mar chuid de phróiseas láidir athbhreithnithe riosca le linn 2025, i gcomhar le coistí maoirseachta ábhartha. Forbraíodh iad agus straitéis ESB, forbairtí ar an margadh seachtrach agus ceisteanna dlí agus rialála á gcur san áireamh agus chuir siad le hathbhreithniú 'ón mbun aníos' ar chláir rioscaí oibríochtúla. Cuirtear rioscaí atá ag teacht chun cinn san áireamh freisin a mhéid agus is féidir.

## Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

Dearadh Plean Riosca an Ghrúpa le haghaidh 2025 leis an méid seo a leanas a chinntiú:

- Tugadh aird ar leith ar an mbaol nach mbainfí cuspóirí straitéiseacha ESB amach
- Rinne na gnólachtaí rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú mar is cuí ar bhonn ón mbun aníos agus rinne Riosca Grúpa, an Coiste Bainistíochta Riosca agus Fóram Riosca an Choiste Feidhmiúcháin iad a cheistiú agus a athbhreithniú go leordhóthanach ar bhonn ón mbarr anuas. Rinneadh na rioscaí a cheistiú agus a athbhreithniú, agus thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord ionchur ina leith.
- Rinneadh measúnú ar rioscaí in aghaidh inghlacthachta riosca
- Tá rialuithe agus maoluithe riosca oiriúnacha chun an seans go dtiocfaidh rioscaí chun cinn a laghdú agus tá sásraí téarnaimh chun tionchar teagmhais a laghdú i bhfeidhm
- Tá forbairtí riosca atá ag teacht chun cinn le himeacht ama á rianú
- Tuigeann daoine go bhfuil an fhoireann bainistíochta ullmhaithe chun riosca a bhainistiú
- Tá freagracht as riosca leithdháilte ar mhaithe le cuntasacht a chinntiú
- Tá plean cumarsáide bunaithe chun an Bord agus na fochoistí ábhartha a choinneáil ar an eolas faoi phríomhábhair riosca le linn na bliana

**Rioscaí Grúpa atá ag Teacht chun Cinn**
Cuireann an Creat Bainistíochta Riosca ar chumas an Ghrúpa rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, anailís a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú chun cabhrú le nochtaí féideartha a shainaithint chomh luath agus is féidir. Déantar é sin a bhainistiú mar chuid den phróiseas céanna lena ndéantar na príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a athbhreithniú.

**Leanúnachas Gnó**
Tá ESB freagrach as bonneagar ríthábhachtach a sholáthar agus d'fhéadfadh bristeacha ar sheirbhísí agus oibríochtaí áirithe damáiste a dhéanamh don gheilleagar, do chustaiméirí, don tsochaí agus do ghnó ESB. Tá tacar láidir pleananna agus próisis leanúnachais gnó bunaithe ag ESB d'fhonn a chinntiú go bhfuil freagairt ESB á bainistiú agus á cur chun feidhme go héifeachtach. Tá cuid de na pleananna sin i bhfeidhm mar chuid de phlean tástála bliantúil agus chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid is féidir na rioscaí sin a mhaolú. Tuairiscítear torthaí agus ceachtanna foghlamtha a eascraíonn as an athbhreithniú bliantúil agus as an gclár tástála don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Bhí gá le lán-úsáid a bhaint as pleananna leanúnachais gnó agus freagartha éigeandála i gcomhréir le Creat Bainistíochta Riosca agus próisis ESB mar gheall ar na drochstoirmeacha. Cuireadh na pleananna sin i ngníomh cúpla uair, lena n-áirítear i mí Eanáir 2025 le haghaidh Stoirm Éowyn - an stoirm ba mhó damáisteach i stair ESB i dtéarmaí bristeacha cumhachta custaiméirí. Mar gheall ar an teagmhas sin, go háirithe, bhí gá le freagairt eisceachtúil, agus baineadh úsáid as acmhainní uile ESB agus tugadh acmhainní breise isteach ó thíortha eile. Sa deireadh, léiríodh go raibh na pleananna freagartha éigeandála éifeachtach ó thaobh tacú le leanúnachas gnó de.

## Príomhchodanna Chreat Bainistíochta Riosca ESB

### Prionsabail/Straitéis Riosca agus Pleananna Gnó
Cuirtear in iúl cuspóir na bainistíochta riosca agus an dóigh a dtacaíonn sé le cuspóirí gnó a bhaint amach.

### Rialachas agus Cultúr Riosca
Sainítear an struchtúr rialachais agus eagraíochtúil chun maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí, lena n-áirítear ról na dTrí Líne. Leagtar amach cultúr riosca ESB.

### Tacsanomaíocht Riosca
Leagtar amach na cineálacha rioscaí a bhfuil ESB neamhchosanta orthu (Cruinne Riosca).

### Inghlacthacht Riosca agus Lamháltas Riosca
Leagtar amach inghlacthacht ESB maidir le riosca agus na raonta agus na teorainneacha maidir le dul i riosca atá inghlactha.

### Beartais agus Nósanna Imeachta Riosca
Sainítear cur chuige maidir le monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus é a rialú.

### Próisis Bainistíochta Riosca
Uirlisí a chuidíonn le bainisteoirí na rioscaí a bhféadfadh ESB a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint agus a mheas. Tuairisciú agus athbhreithniú ar rioscaí leanúnacha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar staideanna riosca i gcomparáid le spriocanna agus teorainneacha na hinghlacthachta riosca.



**Cuspóirí Straitéiseacha (CS)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumhachtaithe

**Acmhainní Bunúsacha (AB)**: Ár nDaoine; Bunaithe ar Theicneo-laíochtaí Dig-iteacha agus ar Shonraí; Láidreacht Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## Príomhrioscaí

Tá na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa leagtha amach thíos, mar aon le tásc maidir leis an gcuspóir(í) straitéiseach(a) reatha lena mbaineann siad, aon athrú ar an aeráid riosca le linn na bliana, cé atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an riosca agus na príomhmhaoluithe.

### Láidreacht Airgeadais agus Timpeallacht Mhífhabhrach Mhaicreacnamaíoch agus Airgeadais

AB: Láidreacht Airgeadais

**Treocht Riosca**

**Cad é an riosca?**
**Níl ESB in ann an clár infheistíochta atá de dhíth chun a chuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích a sheachadadh de bharr acmhainn easnamhach maoinithe nó srianta an Chláir Comhardaithe, nó toisc go bhfuil staid airgeadais ESB lagaithe mar gheall ar mheathlú eacnamaíoch, ar dhúshláin margaidh gheopholaitiúla nó airgeadais nó ar fheidhmíocht easnamhach ghnó**

**Forbairtí in 2025**
- Laghdaíodh luaineacht an mhargaidh, ach níl an t-ionchas cinnte go fóill mar gheall ar thosca geopholaitiúla
- Dheimhnigh CRF cinneadh deiridh maidir le conradh rialála PR6 i mí na Nollag 2025. Tá maoiniú PR6 ina phríomhthosaíocht do ESB go fóill
- I mí na Nollag 2025, d'infheistigh Rialtas na hÉireann €1.5 billiún mar chothromas in ESB, a imfhálaíodh chun cuidiú le clár caipitil PR6 ESB Networks a mhaoiniú.
- Lean seachadadh RP7 ar aghaidh do NIE Networks
- Lean infheistíochtaí i ngrianchumhacht agus i ngaothchumhacht agus tionscadail thábhachtacha á dtógáil
- Lean cobhsú na rátaí úis agus na timpeallachta boilscithí ar fud an Limistéir Euro agus na Ríochta Aontaithe

**Rialú/Maoluithe**
- Buiséadú agus pleanáil chúramach chun a chinntiú go gcosnaítear méadracht chreidmheasa romhainn
- A chinntiú go bhfuil creat láidir trádála agus creat bainistíochta riosca i bhfeidhm
- Leanúint le rannpháirtíocht leanúnach leis an Rialtas, lucht déanta beartas, rialtóirí, infheisteoirí agus daoine eile
- Straitéisí cuí fálaithe a chur chun feidhme
- A chinntiú go ndéanfar tástáil struis ar shaoráidí caipitil oibre, lena gcinntítear gur féidir le ESB glacadh le praghsanna níos airde
- Solúbthacht a chothú i mbonn costais ESB agus sa chlár infheistíochta caipitiúla

Maoirseacht:
An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

# Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

## TF/OT Briseadh/Cibirionsaí/ Sceitheadh Sonraí

CS AB

Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Briseadh ar feadh tréimhse fhada de chórais chriticiúla TF/OT ag eascairt ó theipeanna neamh-mhailíseacha ar an mbonneagar, cibirionsaithe rathúla agus/nó sceitheadh suntasach sonraí**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Cuireadh ionsamhlú cibir-ghéarchéime i gcrích go rathúil i Meán Fómhair 2025
- Éilíodh faireachas cibearshlándála méadaithe mar gheall ar an tírdhreach athraitheach geopholaitiúil agus teicneolaíochta
- Dul chun cinn ar chur chun feidhme na straitéise cibearshlándála ar fud an cholúin cibearshlándála, tograí gnó agus gnó mar is gnách
- Tá colún an chibirsheachadta i bhfeidhm agus tá príomhghnéithe na cibearstraitéise athnuaite á gcur i bhfeidhm
- Cuireadh cur chun feidhme mhicridheighilt an líonra i gcrích; forbraíodh Straitéis Bainistíochta Aitheantais agus Rochtana
- Bhí an Chomhairle um Shlándáil Chomhtháite ag feidhmiú go héifeachtúil ar feadh 2025

**Rialú/Maoluithe**
- Cibirbheartais, cibearstraitéis agus cibearshamhail rialachais bunaithe agus forbairt leanúnach na Cibearshamhla Oibriúcháin TF/OT
- Tá an chibearshamhail oibriúcháin i bhfeidhm chun na chéad línte agus na dara línte le haghaidh TF agus OT a bhainistiú
- Beartais Cosanta Sonraí agus samhail oibriúcháin bunaithe ar fud na heagraíochta
- Tástáil rialta agus cleachtaí ionsamhlúcháin ar Phleananna Freagartha Criticiúla le hullmhacht na heagraíochta a thástáil
- Rinneadh Fiontraíocht Chomhtháite na Comhairle Slándála a chur i bhfeidhm - rinne rialachas cibearshócmhainní, sócmhainní fisiciúla agus an pearsanra i measc sócmhainní agus suíomhanna TF agus OT a chomhtháthú

## Athrú Aeráide Fisiceach

CS AB

Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Patrúin adhaimsire agus aimsire dothuartha a imríonn tionchar ar fheidhmíocht shócmhainní agus ar shlándáil fuinnimh shochaíoch ESB, atá ina chúis le tionchar diúltaigh airgeadais, custaiméara agus clú**

Maoirseacht:
Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir

**Forbairtí in 2025**
- Forbraíodh Samhlacha Sláinte Sócmhainní, lena dtacaítear le PR6 agus lena gcumasaítear cinntí infheistíochta feabhsaithe atá bunaithe ar riosca
- Bhuail Stoirm Éowyn an líonra leictreachais:
  - Cuireadh Plean Seasmhachta Eangaí an Gheimhridh nuashonraithe ESB Networks os comhair Rialtas na hÉireann, mar aon le gearradh conairí foraoiseachta spriocdhírithe i limistéir ardriosca
  - Chuir NIE Network athbhreithniú i gcrích, agus ceachtanna comhtháite i bPlean Straitéiseach 3 chun ullmhacht agus freagairt d'adhaimsir a fheabhsú
- Rinneadh athbhreithniú ar raon feidhme PR6 i ndiaidh iarratas ón Rialtas i ndiaidh Stoirm Éowyn
- Béim mhór ar phleanáil éigeandála, lena n-áirítear bainistíocht géarchéime agus leanúnachas gnó

**Rialú/Maoluithe**
- Athbhreithniú ar bheartais chothabhála, ar shonraíochtaí caighdeán agus ábhar lena chinntiú go bhfuil na sócmhainní athléimneach
- Sócmhainní níos sine a athsholáthar agus trealamh a chothabháil i gcomhréir le pleananna corparáideacha nó conarthaí rialála comhaontaithe
- Táthar ag tnúth go gcuirfear le cumhachtaí foraoiseachta/gearrtha adhmaid ESB Networks le reachtaíocht atá á dréachtú ag Rialtas na hÉireann – lena dtacaítear le cosc ar fhabhtanna stoirme agus amanna athbhunaithe laghdaithe
- Cuntasaíocht (a mhéid is indéanta) le haghaidh tionchar aeráide ar oibriúchán sócmhainní agus saol sócmhainní
- Leanúint leis an measúnú ar an bpróifíl riosca i gcás tuilte a fhiosrú i gcás stáisiúin ardvoltais
- Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara leis na comhlachtaí ábhartha rialtais agus seachtracha
- Plean Athléimneachta Geimhridh de chuid a ESB Networks a chur chun feidhme
- Athléimneacht fheabhsaithe a dhearadh isteach i sócmhainní, sonraíochtaí íosta dearaidh, e.g. línte lasnairde níos mó a thógáil (seoltóirí agus struchtúir níos mó)
- Athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta bainistíochta uisce/pleananna freagartha tuillte



**Cuspóirí Straitéiseacha (CS)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumhachtaithe

**Acmhainní Bunúsacha (AB)**: Ár nDaoine; Bunaithe ar Theicneo-laíochtaí Dig-iteacha agus ar Shonraí; Láidreacht Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## Aistriú Aeráide

CS AB

Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Nach mbainfí spriocanna inbhuanaitheachta amach de réir Straitéis ESB um Ghlan-Nialasachta faoi 2040 nó nach soláthrófaí eolas nó freagairt do bheartais athraithe aeráide agus/nó nach ndéanfaí deiseanna a thapú agus dúshláin a bhainistiú a chruthaítear leis na beartais sin, nó chun cur chun feidhme na straitéisí maolaithe aeráide a bhainistiú, as a n-eascraíonn feidhmíocht laghdaithe anuas ar bhuarthaí poiblí, custaiméirí agus infheisteoirí atá ag dul i méid agus tionchar diúltach ar an gcomhshaol**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Lean ESB le monatóireacht a dhéanamh ar an tionscal agus ar fhorbairtí piara go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Bhí beartas Rialtas na hÉireann tacúil fós maidir leis an aistriú go glan-nialasacht, agus bhí dul chun cinn láidir i gceantanna RESS/ORESS
- Tá dul chun cinn na hÉireann i dtreo spriocanna aeráide 2030 fós dúshlánach
- Leagadh béim ar an ngá le hathnuaiteáin a luathú agus an costas aistrithe atá ag ardú a bhainistiú ag an am céanna mar gheall ar luaineacht leanúnach praghsanna fuinnimh agus an spleáchas ar ghás
- Tháinig méadú ar na dúshláin gheopholaitiúla, le dúshláin iomaíochais an Aontais Eorpaigh agus aistrithe beartas sna Stáit Aontaithe
- Dheimhnigh gníomhaireachtaí rátála teannadh na méadrachta inbhuanaitheachta arís.

**Rialú/Maoluithe**
- Coimeád cothrom le dáta le forbairtí beartais, rialála agus reachtaíochta náisiúnta agus AE
- Rannpháirteachas a choinneáil le páirtithe leasmhara, leis an lucht déanta beartas agus le húdaráis rialála
- Liosta rioscaí agus deiseanna aeráide an Ghrúpa a choimeád agus táscairí a athbhreithniú agus a rianú go rialta
- Faisnéis láidir straitéiseach a bheith againn i gcónaí trí fhoinsí seachtracha faisnéise
- Féachaint leis an gcomhrá faoin gcóras cumhachta glan-nialasach a stiúradh nó páirt mhór a ghlacann ann, ar a laghad

## Bonneagar Líonra agus Córais Chasta a Sholáthar

CS AB

Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Nach soláthrófaí bonneagar líonra iontaofa agus córais atá ag éirí níos casta i gcónaí atá de dhíth chun freastal ar riachtanais chustaiméirí agus shochaíocha amach anseo, go háirithe maidir le freastal ar níos mó foinsí in-athnuaite, tacú le leictriú ar scála iomlán agus ar sheirbhísí fuinnimh dháilte**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Rannpháirtíocht mhéadaithe an Rialtais le linn 2025
- I ndiaidh Stoirm Éowyn, cuireadh chun cinn pleanáil seasmhachta, bunaíodh aidhm tiomanta don tseasmhacht, agus athbhreithníodh raon PR6 chun infheistiú cuí a chinntiú ag ESB Networks
- Tá "Luasghéarú Bonneagair - Tuarascáil agus Plean Gníomhaíochta" (Nollaig 2025) de chuid Rialtas na hÉireann dírithe ar sheachadadh an phríomhbhonneagair náisiúnta a luathú
- D'eisigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais Cinneadh Críochnaitheach PR6 i mí na Nollag 2025, lena léirítear borradh suntasach ó thaobh seachadta de
- Lean NIE Networks le cur chun feidhm a shamhla oibriúcháin athbhreithnithe, a bhí tacaithe ag infheistíocht ~£2 bhilliún arna cumasú ag RP7; cuireadh tús leis an bhfeachtas *Atógáil Mhór an Líonra* i Meán Fómhair 2025 agus beidh sé ar siúl ar feadh RP7 chun seasmhacht a neartú agus chun a líonra a nuachóiriú

**Rialú/Maoluithe**
- Pleanáil Chomhtháite Gnó, atá mar bhonn leis an bPlean Acmhainne Straitéisí agus pleanáil chomharbais
- Straitéis Conraitheoirí agus Straitéis Soláthair
- Cur chun feidhme Mhodheolaíocht Bainistithe Tionscadal ESB
- Pleananna bainistíochta páirtithe leasmhara ullmhaithe agus caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara
- Tá an clár Líonra Náisiúnta, Ceangail Áitiúla ag seachadadh acmhainní nua chun a chinntiú go bhfuil an líonra dáileacháin réidh le haghaidh mórscála leictrithe
- Straitéis Shlabhra an tSoláthair lena n-áirítear soláthair ardábhar agus athbhreithniú ar spleáchas shlabhra an tsoláthair

# Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

**Cuspóirí Straitéiseacha (CS)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumhachtaithe

**Acmhainní Bunúsacha (AB)**: Ár nDaoine; Bunaithe ar Theicneolaíochtaí Digiteacha agus ar Shonraí; Láidreacht Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## Slándáil Fhreagairt an tSoláthair

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Easnamh giniúint leictreachais toisc nár pleanáladh sócmhainní nua go sásúil, easnaimh i soláthar breoslaí, bristeacha fabht nó fadhbanna slándála fisicí ar dóigh, cé go bhfuil an fhreagracht ar pháirtithe leasmhara eile, go mbeadh drochthionchar acu ar chlú ESB mar úinéir sócmhainní giniúna, sealbhóir an DSO agus sealbhóirí ceadúnas sócmhainní cois cladaigh agus príomhfheidhmeoir aon sceite ualaigh riachtanaigh**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Lean an t-éileamh ar leictreachas ag dul i méid in 2025
- Feabhsaíodh an córas athléimneachta le LOLE (Ionchas maidir le Cailliúint Lóid) 2025/2026, arna mholadh ag EirGrid laistigh den chaighdeán agus bhí infhaighteacht níos fearr ar fud na Giniúna Éigeandála Sealadaí (TEG), na n-idirnascairí, na gceallraí agus na nAonad Cúltaca Fuinnimh
- Leagadh béim ar leochaileacht na gcóras idirnasctha agus ar an ngá le slándáil an tsoláthair a choinneáil ar bun mar gheall ar bhrúnna idirnáisiúnta – amhail dúshláin sa Spáinn agus sa Phortaingéil
- Bhí dul chun cinn sna príomhthionscadail, lena n-áirítear cur i gcrích aistriú Ghob na Muine go hOla Bhreosla Throm agus aistriú Dhroichead na Sionainne
- Chuir oibreoirí córais agus gníomhaireachta Cleachtadh mór comhordaithe an Atlantaigh (cleachtadh ilpháirtithe leasmhara) i gcrích

**Rialú/Maoluithe**
- Rannpháirtíocht ag ESB Networks le custaiméirí ceangailte mórdháileacháin agus custaiméirí bonneagair chriticiúil
- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara
- Clár Gníomhaíochtaí Shlándáil Soláthair CRF
- Tástáil rialta an ionaid lena oibriú ar bhreoslaí tánaisteacha amhail ola gásailín i gcás ghanntanais na bpríomhbhreoslaí
- Leanúint le leabú an phróisis do Phlean Fadtéarmach Sócmhainní trí fheidhmíocht sócmhainní a athbhreithniú agus trí chothabháil choisctheach a dhéanamh
- Páirt a ghlacadh i gcleachtaí ionsamhlaithe i gcomhar le Eirgrid/leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais/an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus leis an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála níos leithne, mar chuid de bhearta ullmhachta. Plean Sceite Ualach DSO a chleachtadh chun an taithí atá de dhíth a chinntiú

## Luaineacht Mhargadh an Fhuinnimh

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Imríonn luaineacht leanúnach i margaí fuinnimh tionchar diúltach ar fheidhmíocht airgeadais agus ar chumas ESB cuspóirí straitéiseacha ESB a sholáthar**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Bhí na margaí fuinnimh i bhfad níos seasmhaí in 2025, le luaineacht laghdaithe agus le hinfheictheacht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach fheabhsaithe
- Bhí acmhainní inmheánacha feabhsaithe mar thacú do bhainistiú éifeachtach na neamhchinnteachta a bhí fágtha ar an margadh
- Bhí praghsanna leictreachais cónaithe mar an gcéanna in 2025, agus thug Electric Ireland laghdú 4% isteach ar an bpraghas gáis chónaithe i Samhain
- Baineadh amach spriocanna fálaithe 2025, tacaithe ag leachtacht fheabhsaithe agus costais chreidmheasa níos ísle

**Rialú/Maoluithe**
- Athruithe praghsanna a bhreithniú níos minice, agus ar deireadh aistriú chuig samhail praghsanna níos dinimiciúla a luaithe is féidir ag brath ar chórais/phróiseas
- Rannpháirtíocht réamhghníomhach rialála, pholaitiúil, custaiméirí agus meán le linn thréimhse na luaineachta sa mhargadh
- Straitéisí/beartais fálaithe ceadaithe oiriúnacha chun tionchar na luaineachta a laghdú
- Monatóireacht leanúnach ar dhálaí margaidh – saineolas seachtrach a úsáid chun léargas agus treochtaí margaidh ábhartha a fháil
- Treochtaí margaidh agus léargas ó chustaiméirí a úsáid chun eolas a dhéanamh do mhéideanna éilimh a thuartar agus do straitéisí fálaithe ar bhonn leanúnach

## Slabhra Soláthair

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Níl ESB in ann rochtain a fháil ar na hearraí agus ar na seirbhísí atá de dhíth chun a straitéis a chur i gcrích, arna spreagadh ag éileamh in earnáil an fhuinnimh, ag an tírdhreach geopholaitiúil seachtrach agus ag constaicí i margadh an tsaothair in Éirinn**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- D'ardaigh riosca shlabhra an tsoláthair in 2025 mar gheall ar bhristeacha sa trádáil dhomhanda arna spreagadh go polaitiúil, cé gur laghdaíodh na brúnna i dtreo dheireadh na bliana
- Rinne Riarachán na Stát Aontaithe iarracht slabhraí an tsoláthair a athmhúnlú ar mhaithe le táirgeadh intíre na Stát Aontaithe
- Thug SAM taraifí agus beartais chosantaíocha isteach ach socraíodh comhaontú trádála SA – AE in Iúil
- Rinne grúpa oibre iniúchadh ar na taraifí go hinmheánach agus an tionchar féideartha a bheadh acu ar ESB
- Lean an t-éileamh ard domhanda ar fhoinsí in-athnuaite in 2025, toisc go bhfuil an t-éileamh ar fhoinsí in-athnuaite agus ar thionscadail chumhachta eile ard i gcomparáid le soláthar san Aontas Eorpach agus ar fud na cruinne araon
- Tá srianta acmhainneachta conraitheora ann in Éirinn agus cuireadh srian leis sin ar infhaighteacht saothair do phríomhthionscadail olldeisithe

**Rialú/Maoluithe**
- Monatóireacht leantach ar bhristeacha i slabhra an tsoláthair agus réamhaisnéisí tríú páirtí, mar aon le hathbhreithniú rialta ar fheidhmíocht soláthróirí agus chonraitheoirí atá riachtanach don ghnó, lena n-áirítear seasamh airgeadais
- Leibhéil níos dlúithe comhoibrithe/pleanála oibre go hinmheánach agus go seachtrach leis na príomhsholáthraithe agus leis na conraitheoirí chun aon bhriseadh nó aon ghanntanas féideartha i slabhra an tsoláthair a mhaolú/nó chun bheith ullmhaithe ina thaobh
- Ordú agus leibhéil mhéadaithe stoic a thabhairt chun cinn i gcás earraí athfhillteacha agus ríthábhachtacha trealaimh agus tomhaltán

## Inacmhainneacht Fuinnimh

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Bíonn tionchar diúltach ag an riosca a bhaineann le costais atá ag dul i méid, le borradh ar éileamh atá neamhchinnte agus le brúnna geilleagracha níos fairsinge ar inacmhainneacht tháirgí agus sheirbhísí ESB, rud a mbíonn tionchar aige ar chustaiméirí ESB agus as a n-eascraíonn hidirghabháil pholaitiúil nó rialála**

Maoirseacht:
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Bhí praghsanna leictreachais cónaithe mar an gcéanna in 2025, agus thug Electric Ireland laghdú 4% isteach ar an bpraghas gáis chónaithe i Samhain
- Cheadaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais méaduithe taraife ESB Networks ag chun infheistíocht líonra a sholáthar
- Bhí príomhthascairí an mhargaidh fuinnimh gan athrú ach d'éirigh praghsanna leictreachais agus iomaíochas níos feiceálaí in 2025
- Bhí na margaí fuinnimh i bhfad níos seasmhaí in 2025, le luaineacht laghdaithe
- Seoladh *Tascfhórsa Náisiúnta um Inacmhainneacht Fuinnimh* de chuid Rialtas na hÉireann i Meitheamh

**Rialú/Maoluithe**
- Bearta i bhfeidhm chun tacú le custaiméirí
- Tá pleananna cumarsáide agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara ann
- Plé go dearfach le bearta ar fud an mhargaidh agus brabúis a bhaint amach atá os cionn chaidhpeanna socraithe an Rialtais
- Athbhreithniú leanúnach chun acmhainní a chinntiú
- Laghdú ar tharaifí fuinnimh chomh luath agus is féidir de réir dálaí margaidh
- Oibriú le páirtithe leasmhara agus iad a chur ar an eolas maidir le comhdhéanamh na gcostas fuinnimh

# Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

## Soláthar Píblíne In-athnuaite, lena n-áirítear Bainistíocht Cáilíochta Tionscadail

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Teipeann ar ESB an scála, an caighdeán agus na torthaí airgeadais spriocdhírithe ó shócmhainní giniúna in-athnuaite a fhorbairt agus a sholáthar atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais mhargaidh agus shochaíocha agus chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach**

Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- D'fhás an acmhainn teicneolaíochta dhomhanda trí chuairteanna ar an láithreán ag saoráidí déantúsaíochta —go háirithe sa tSín
- Méadaíodh acmhainn in-athnuaite suiteáilte le linn 2025 lena gceiliúrtar dul chun cinn substaintiúil in aghaidh na bliana
- Cuireadh píblíne chun cinn nuair bhuaigh comhthairiscint ESB/Ørsted an ceant Tonn Nua ORESS — feirm ghaoithe 900 MW amach ón gcósta thoir theas. Tuartar go mbeidh sé críochnaithe thart ar 2034
- Rinneadh dul chun cinn leis an bpíblíne giniúna. Cuireadh dhá thionscadal in-athnuaite i gcrích in 2025 agus cuireadh sé cinn ar aghaidh go céim na tógála. Bhí ocht dtionscadal ar an iomlán á dtógáil ag deireadh na bliana

**Rialú/Maoluithe**
- Ailíniú spriocanna straitéiseacha ESB le spriocanna Phlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun tacaíocht do straitéis giniúna in-athnuaite a chothú
- Comhpháirtithe straitéiseacha acmhainní teicniúla/cumais theicniúil a aimsiú chun cur le cumas agus taithí ESB
- Suirbhéireacht, iniúchtaí láithreáin, faireachán gaoithe oiriúnach agus leordhóthanach etc. a dhéanamh
- Bonn scileanna innealtóireachta agus bainistíochta tionscadail a fhorbairt agus a choimeád
- Ceachtanna daingne a chur i bhfeidhm a foghlaimíodh ón bpróiseas aistrithe ón tionscadal reatha ar dheiseanna amach anseo

## Foinsiú/Cumas/Coinneáil

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Nach ndéanfaí foinsí inmheánacha agus seachtracha agus cumas leordheonach a aimsiú, a choinneáil agus a leabú i gcomhthéacs forbairtí margaidh saothair, i bhfianaise an méid fáis agus castachta soláthair atá de dhíth chun straitéis ESB a sholáthar**

Maoirseacht: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Forbairtí in 2025**
- Cuireadh príomhfhócas ar acmhainní amach anseo, agus seoladh tionscadal straitéiseach chun scileanna do Straitéis um Ghlan-nialasachta faoi 2040 a shainmhíniú agus lucht saothair oiriúnach amach anseo a mhapáil
- Bhí torthaí láidre ag baint le Plean Forbartha Acmhainne na Gaoithe Amach ón gCósta, lena neartaíodh an fhoireann Innealtóireachta agus Tionscadal Mór roimh phunann amach ón gcósta ESB a leathnú
- Tháinig méadú ar líon na ngearrthóirí adhmaid a thacaíonn le Plean Athléimneachta Geimhridh de chuid ESB Networks
- Tháinig méadú mór ar na riachtanais seachadta do chreataí conraitheoireachta ESB Networks mar gheall ar Chinneadh Críochnaitheach PR6
- Feabhsaíodh creataí conraitheoireachta ESB Networks le linn 2025 mar ullmhúchán do PR6

**Rialú/Maoluithe**
- Béim straitéiseach a leagan ar threochtaí a bhaineann le foireann oibre na todhchaí
- Straitéis Bainistíochta Tallainne i bhfeidhm chun gníomhaíocht meallta, fáis agus coinneála a spreagadh
- Samhail acmhainní oiriúnach (foireann oibre iomlán) bunaithe d'fhonn a chinntiú go gcuirfear an intinn straitéiseach i gcrích
- Tá Painéal Teagmhasach Saothair i bhfeidhm
- Tá Plean Gníomhaíochta um Acmhainn Ghaoithe Amach ón gCósta agus Hidrigine i bhfeidhm
- Tá creataí na bPríomhchonraitheoirí i bhfeidhm chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar



**Cuspóirí Straitéiseacha (CS)**: Leictreachas Dícharbónaithe; Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumhachtaithe

**Acmhainní Bunúsacha (AB)**: Ár nDaoine; Bunaithe ar Theicneolaíochtaí Digiteacha agus ar Shonraí; Láidreacht Airgeadais; Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta

## Comhlíonadh (Dlíthe, Rialacháin, Ceadúnas, Beartais Inmheánacha)

CS | AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Teip ar phearsanra nó ar ghníomhairí ESB (trí ghníomh nó neamhghníomh) cloí le hoibleagáidí dlí agus rialachais is infheidhme cé acu an bhfuil siad forchurtha le dlí, rialúchán, ceadúnas nó beartais inmheánacha i gcomhthéacs tírdhreach comhlíonta agus rialachais atá ag éirí níos casta agus ionchas páirtithe leasmhara as a dtagann damáiste cáile, ionchúiseamh/ciontú agus/nó pionóis airgeadais**

Maoirseacht: An Bord

**Forbairtí in 2025**
- Forbairt leanúnach ar Chreat Comhlíontachta Comhtháite
- Ag croílár na hoibre atá á déanamh chun an riosca sin a mhaolú bhí an Clár Rialachais, Riosca agus Comhlíonta (GRC) atá á chur chun cinn i rith 2025
- Creat Bainistíochta Beartais Grúpa láidir ag feidhmiú go héifeachtach laistigh de ESB lena chinntiú go ndéanfar beartais a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn timthriallach, rud a éascaíonn comhlíonadh an dlí agus na rialachán is infheidhme
- Ní raibh aon fhorbairt shuntasach maidir le teagmhas a bheith á thuairisciú nó á iniúchadh le linn 2025

**Rialú/Maoluithe**
- Athbhreithniú bliantúil ar chomhlíontacht leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha
- Sásraí tuairiscithe rúnda agus nósanna imeachta imscrúdaithe ar bun
- Déantar cur síos in Ár gCód agus Ár Luachanna, mar aon le Beartas Frithbhreabaireachta, Frithéillithe agus Coisc Calaoise ESB, ar iompraíochtaí inghlactha.
- Barrfheabhsú agus cothabháil an ionaid chun caighdeáin sábháilteachta agus timpeallachta a chomhlíonadh

## Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine

AB — Treocht Riosca

**Cad é an riosca?**
**Dochar tromchúiseach do shábháilteacht, sláinte nó folláine fostaithe, conraitheoirí nó don phobal mar thoradh ar oibríochtaí ESB**

Maoirseacht: An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir

**Forbairtí in 2025**
- Sainaithníodh deiseanna feabhsúcháin sa bhainistíocht chothabhála, go háirithe maidir le pleanáil agus beartú tosaíochta grúpaí trealaimh ar leith
- Cuireadh i gcrích iniúchtaí seachtracha a bhain le sábháilteacht agus le fuinneamh
- Creataí comhlíontachta nuashonraithe, lena n-áirítear próisis chun nuashonruithe reachtaíochta a dheimhniú agus fógra tráthúil saincheisteanna comhlíontachta a chinntiú
- Bhí méadracht na bPríomhthascairí Riosca (PTR) seasta i gcomparáid le 2024

**Rialú/Maoluithe**
- Ceannaireacht oiriúnaitheach/cultúr oscailte, measúnuithe riosca, córais shábháilte oibre, rialacha sábháilteachta, maoirseacht san áireamh
- Próisis bhainistíochta sábháilteachta conraitheoirí
- Córais Bhainistíochta Cothabhála, cigireacht agus deimhniú trealaimh, cigireachtaí reachtúla
- Próiseas dearbhaithe agus iniúchóireachta (seachtrach agus inmheánach)
- Bainistíocht teagmhas criticiúil agus nós imeachta freagartha agus tástáil cásanna
- Cláir onnghníomhacha shláinte agus fholláine

## Tuarascáil ar Rioscaí (ar lean)

### Branda, Sásamh Custaiméirí, Clú, Iontaoibh as Páirtithe Leasmhara

CS | AB

**Treocht Riosca**

| | |
|---|---|
| **Cad é an riosca?**<br>**Díobháil don bhranda, sásamh custaiméirí, clú, iontaoibh as páirtithe leasmhara** | **Forbairtí in 2025**<br>▪ Bhí scóir ESB ó thaobh Clú agus Iontaoibhe de fós láidir in ainneoin dúshlán amhail freagairt di stoirmeacha, saincheisteanna acmhainne líonra agus ábhair imní maidir le hinacmhainneacht fuinnimh<br>▪ Seoladh feachtas fógraíochta ilchainéal *Atógáil Mhór an Líonra* chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin gclár infheistíochta chun an líonra leictreachais i dTuaisceart Éireann a atógáil ionas go seasfaidh sé an aimsir<br>▪ Lean ESB le hurraíocht a dhéanamh ar phríomhimeachtaí/ phríomhthionscnaimh, e.g. Science Blast ESB, Room to Improve agus Darkness into Light |
| Maoirseacht<br>An Coiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda | **Rialú/Maoluithe**<br>▪ Struchtúir trasfheidhmiúla i bhfeidhm chun cáil ESB agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a bhainistiú agus a chomhordú, chomh maith le cumarsáid a chomhordú<br>▪ Fóram páirtithe leasmhara chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a chomhordú agus a threorú<br>▪ Tá straitéis caidrimh leis na meáin i bhfeidhm<br>▪ Rianú branda rialta, monatóireacht ar an meáin agus uirlisí éisteachta sóisialta bunaithe chun ceisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint<br>▪ Cláir bhranda agus urraíochta i bhfeidhm chun dlús a chur le tacaíocht an phobail |

Is féidir tuilleadh sonraí faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ESB a fháil sa rannóg Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara ag tosú ar leathanach 20.



# Feidhmíocht Airgeadais agus Oibríochtúil


| | |
|---|---|
| Coiste Feidhmiúcháin | 34 |
| Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin | 36 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin an Aonaid Ghnó | |
| ▪ ESB Networks | 42 |
| ▪ NIE Networks | 44 |
| ▪ Giniúint agus Trádáil | 46 |
| ▪ Réitigh do Chustaiméirí | 48 |
| ▪ Innealtóireacht agus Mórthionscadail | 50 |
| ▪ Seirbhísí Fiontraíochta | 51 |
| Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) | 52 |
| Ár mBrabúis a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe | 56 |
| Ag Tacú le Pobail | 57 |

# Coiste Feidhmiúcháin

Díríonn an Coiste Feidhmiúcháin ar chur i bhfeidhm straitéis ESB, ar fhorbairt teicneolaíochta agus tráchtála, ar ghnóthaí inbhuanaitheachta, ar fheidhmíocht airgeadais agus iomaíoch, ar fhorbairt daoine agus ar fhorbairt na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, tá ról ag an gCoiste Feidhmiúcháin i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar iompar gnó ar fud ESB lena n-áirítear trí struchtúir eagraíochta oiriúnacha agus beartais Ghrúpa a fhorbairt (lena n-áirítear Cód Eitice ESB). Tá róil shonracha ag an bPríomhfheidhmeannach, ag an Leas-Phríomhfheidhmeannach, ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht, ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa, agus ag Rúnaí na Cuideachta i ndáil le gnóthaí agus beartais a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, beartais daoine, inbhuanaitheacht, comhlíontacht, calaois, caimiléireacht agus breabaireacht, agus gnóthaí ginearálta a bhaineann le hiompar gnó. Tá taithí acu ar fad ar bheith ag déileáil le saincheisteanna dá leithéid agus tá tuilleadh saineolais ag tacú leo i sainfheidhmeanna lena n-áirítear Riosca Fiontraíochta, Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa, Daoine agus Inbhuanaitheacht, Airgeadas, Rialachas, Dlí, Comhlíontacht agus Rúnaíocht Chuideachta.

**Comhdhéanamh an Choiste Feidhmiúcháin (Inscne)***




**Fad na Tréimhse Oifige ar an gCoiste Feidhmiúcháin***




* Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks DAC, san áireamh



## Paddy Hayes
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Lúnasa 2021
**Taithí ghairme:** Roimhe seo, bhí róil aige mar Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks ó 2018 agus mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Margaí Giniúna agus Mórdhíola, ó 2012 go 2018. Bhronn an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) máistreacht le hinnealtóireacht air, bhronn Ollscoil Warwick Máistreacht le Riarachán Gnó (MBA) air agus is Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann é. Chaith Paddy tamall ag obair i dtionscal na cruach sa Ríocht Aontaithe sular aistrigh sé go dtí an earnáil fuinnimh in 1999 chun comhfhiontar Synergen idir ESB agus Statoil a stiúradh. Is comhalta de Bhord Stiúrthóirí EPRI é, an Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach i SAM, agus tá sé ina Chathaoirleach ar an Tionscnamh Open Doors.



## Marguerite Sayers
**Leas-Phríomhfheidhmeannach**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Iúil 2022
**Taithí ghairme:** Bhí ról mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí, aici roimhe seo ó 2018 go 2022. Tá poist theicniúla agus bhainistíochta éagsúla ag Marguerite in ESB le breis agus 30 bliain anuas, lena n-áirítear Bainisteoir Giniúna, Ceannasaí Bainistíochta Sócmhainní do ESB Networks agus Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks DAC. Tá céim san innealtóireacht leictreach aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, tá sí ina hInnealtóir Cairte, ina Stiúrthóir Cairte, agus ina Comhalta agus Iar-Uachtarán ar Innealtóirí Éireann agus ina Comhalta den Acadamh Innealtóirí. Tá Marguerite ina comhalta de Bhord Energy UK agus de Mhol Dhaingean Uí Chúis agus is Iontaobhaí den Irish Times í.



## Jim Dollard
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Giniúint agus Trádáil**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Bealtaine 2018
**Taithí ghairme:** Bhí ról aige roimhe seo mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an tIonad Seirbhíse Gnó (BSC) agus Electric Ireland ó 2013 go 2018. Is cuntasóir é Jim agus thosaigh sé a ghairmréim le ESB in 1992 agus bhí roinnt poist ardbhainistíochta aige ar fud an Ghrúpa ó shin i leith, lena n-áirítear róil airgeadais agus bhainistíochta. Tá Baitsiléir Tráchtála agus Máistir le Staidéar Gnó aige ó COBÁC. Chuaigh sé le Bord Chumann Ailse na hÉireann i mBealtaine 2025.



## Pat Fenlon
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Meán Fómhair 2022
**Taithí ghairme:** Roimhe seo bhí ról aige mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa ó 2016 go 2022 agus bhí roinnt poist shinsearacha airgeadais agus bainistíochta ginearálta aige ar fud ESB lena n-áirítear Bainisteoir Ginearálta Electric Ireland, Bainisteoir um Athrú Corparáideach agus Bainisteoir, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa. Is comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann é Pat agus d'oibrigh sé le PwC sular thosaigh sé le ESB in 1993.





## Paul Stapleton
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Deireadh Fómhair 2022
**Taithí ghairme:** Stiúrthóir Bainistíochta le NIE Networks roimh an ról reatha. Thosaigh Pól ag obair le ESB in 1991 agus d'oibrigh sé i róil airgeadais agus bhainistíochta ar fud an Ghrúpa, lena n-áirítear Bainisteoir Ginearálta Electric Ireland, Cisteoir Ghrúpa ESB agus Rialaitheoir Airgeadais ESB Networks. Is comhalta é d'Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta na hÉireann agus is Stiúrthóir Cairte é le hInstitiúid Stiúrthóirí Éireann. Tá Paul ina chomhalta d'Údarás Rialaithe Ollscoil Luimnigh.



## Sinéad Kilkelly
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Aibreán 2022
**Taithí ghairme:** Sular thosaigh sí le ESB, bhí Sinéad ag obair mar Phríomhoifigeach Daoine i mBus Éireann, post a bhí aici ó 2018. Roimhe seo bhí róil ceannaireachta sinsearaí aici lena n-áirítear Leas-Uachtarán Seirbhísí Daoine ag Etihad Aviation Group in Abú Daibí agus róil shinsearacha i mBanc Uladh agus Intel Ireland. Tá Baitsiléir Eolaíochta sa Bhainistíocht agus Máistir le Riarachán Gnó ag Sinéad ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) agus is Comhalta Cairte í le CIPD. Tá sí ina Comhalta Boird le Self Help Africa agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.



## Marie Sinnott
**Rúnaí Cuideachta**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Lúnasa 2019
**Taithí ghairme:** Bhí ról aici roimhe seo mar Cheannasaí Ghrúpa ESB ar Chomhlíontacht agus Bainistíochta Riosca Fiontraíochta agus bhí roinnt róil bhainistíochta sinsearaí aici ar fud na heagraíochta. Is céimí tráchtála de chuid COBÁC í, bhronn TCD Máistir Eolaíochtaí sa Staidéar ar Bheartais Eacnamaíocha uirthi agus bhronn Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in COBÁC Dioplóma Iarchéime i Rialachas Corparáideach uirthi. Is comhalta d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) í Marie, tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca OCBÁC agus is Stiúrthóir agus Rúnaí Cuideachta í ar bhord na hInstitiúide um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha.



## Geraldine Heavey
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Fiontraíochta**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Meitheamh 2018
**Taithí ghairme:** Bhí ról aici mar Bhainisteoir, Airgeadas agus Tráchtáil Ghrúpa roimh an ról reatha. Bhí poist airgeadais agus bhainistíochta éagsúla ag Geraldine in ESB ó 1993 i leith, lena n-áirítear Rialaitheoir Airgeadais BSC agus Electric Ireland, Bainisteoir i dTrádáil agus Tráchtáil, ESB, agus Rialaitheoir Airgeadais ar Ghiniúint Cumhachta ESB. Is cuntasóir í agus tá Máistir le Riarachán Gnó aici ó OCBÁC. Is comhalta seachtrach í Geraldine de DAC Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais OCBÁC agus tá sí ag feidhmiú mar chathaoirleach ar a Choiste Iniúchóireachta.



## Paul Smith
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Eanáir 2022
**Taithí ghairme:** Bhí róil bhainistíochta sinsearaí aige in ESB roimh a ról reatha mar Bhainisteoir ar Oibríochtaí Giniúna agus Ceann na Forbartha Sócmhainní. Thosaigh Paul ag obair in ESB in 1992 agus tá Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Máistir le Riarachán Gnó ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, COBÁC. Is Comhalta de Chomhairle Fhoras Bainistíochta na hÉireann é faoi láthair.



## Nicholas Tarrant
**Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks DAC**

**Dáta an Cheapacháin don Ról Reatha:** Meán Fómhair 2021
**Taithí ghairme:** Bhí an post aige roimhe seo mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail ó Mheitheamh 2018. Bhí ról aige roimhe seo mar Stiúrthóir Bainistíochta le NIE Networks mar aon le poist ardbhainistíochta eile lena n-áirítear Bainisteoir Giniúna. Is Innealtóir Cairte agus Stiúrthóir Cairte é Nicholas agus tá Máistir Eolaíochta le Bainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Nóta: Ní comhalta den Choiste Feidhmiúcháin é an Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks DAC, ach freastalaíonn sé ar chruinnithe de réir mar is cuí agus ní mór do cloí le forálacha ábhartha ceadúnas i gcónaí.

# Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin

Bhain ESB feidhmíocht láidir airgeadais amach in 2025, d'ainneoin thionchar diúltach Stoirm Éowyn ag tús na bliana. Bhí an fheidhmíocht sin mar bhonn leis an infheistíocht chaipitiúil ba mhó riamh de bheagnach €2.7 billiún i mbonneagar criticiúil fuinnimh. Cuireann olltoradh airgeadais ESB in 2025 ar chumas ESB infheistíocht a dhéanamh ar scála atá ag méadú chun tacú le tithíocht nua, le fás eacnamaíoch, agus leis an aistriú chuig córas fuinnimh glan-nialasach.

**Paul Stapleton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa



## Buaicphointí

**Brabús Oibriúcháin[1,2,3]**
€914m
(2024: €975 milliún)

**TRÚCDA[1,2]**
€1.9bn
(2024: €1.9 billiún)

**Brabús i ndiaidh Cánach**
€636m
(2024: €706 milliún)

**Infheistíocht Chaipitiúil[2]**
€2.7bn
(2024: €2.2 billiún)

**Díbhinn Mholta**
€149m
(2024: €189 milliún)

**Toradh ar Chaipiteal in Úsáid[2]**
5.7%
(2024: 6.2%)

**Céatadán Glanfhiachais Comhdhlúite[2]**
38%
(2024: 50%)

Tháinig laghdú €61 milliún ar bhrabús oibriúcháin in 2025 i gcomparáid le 2024. Mar sin féin, bhí an toradh chun tosaigh ar ionchais níos luaithe sa bhliain i bhfianaise thionchar gan fasach stoirm Éowyn i mí Eanáir 2025, tionchar mór ar chustaiméirí, costais mhéadaithe agus chuir sé isteach ar chláir oibre phleanáilte. Thabhaigh ESB Networks agus NIE Networks costais oibriúcháin bhreise de thart ar €95 milliún chun custaiméirí a athnascadh agus chun an damáiste do bhonneagar líonraí a leigheas tar éis Stoirm Éowyn. Bhí laghduithe ann freisin a bhain le huainiú ar na hioncaim rialáilte a thuill NIE Networks (€61 milliún). Rinneadh iad sin a fhritháireamh go páirteach le tuilleamh níos airde ón ngnó Giniúna agus Trádála, le tacaíocht ó infheistíochtaí leanúnacha i bpunann chothrom sócmhainní in-athnuaite, stórála agus giniúna solúbtha. Leanann ESB ag imeacht ó ghiniúint theirmeach astaithe níos airde, rud a léirítear sa scor stairiúil de dhó guail ag Gob na Muine i rith na bliana.

In 2025, sheachaid ESB Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA) de €1.9 billiún, bunbhrabús oibriúcháin de €914 milliún (roimh ghluaiseachtaí díorthacha araon), agus infheistíocht chaipitiúil (lena n-áirítear comhfhiontair) de bheagnach €2.7 billiún.

Tá leibhéal bhrabús an Ghrúpa i ndiaidh cánachais (i ndiaidh míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe), cothrom le €636 milliún agus léiríonn sé laghdú €70 milliún (10%) i gcomparáid le 2024. Ó na brabúis sin, molann an Bord díbhinn €149 milliún do na stocshealbhóirí. Má cheadaítear é, cuirfear 97.7% de sin i Státchiste na hÉireann. D'fhágfadh sé sin gur fiú €1.4 billiún iomlán na ndíbhinní a d'íoc ESB le 10 mbliana anuas.

Tá an brabús oibriúcháin a tuilleadh in 2025 fíor-riachtanach chun scála na hinfheistíochta caipitiúla atá á déanamh agus scála riocht glanfhiachais ESB a mhaoiniú, arbh ionann é agus €5.8 billiún (gan fiachas neamh-aisiompaithe i gcomhfhiontair a áireamh) ag deireadh 2025. Fuair ESB infheistíocht chothromais €1.5 billiún ó Rialtas na hÉireann i mí na Nollag 2025. Tá an infheistíocht chothromais sin imfhálaithe lena húsáid chun cuidiú le clár caipitil PR6 ESB Networks a mhaoiniú ó 2026-2030 amháin, mar a d'fhormheas an Coimisiún um Rialáil Fóntais. Cruthóidh an infheistíocht chothromais luach don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann mar úinéirí ESB, neartóidh sí clár comhardaithe agus próifíl chreidmheasa ESB, agus cuideoidh sí le muinín infheisteoirí a choinneáil, rud atá ríthábhachtach de réir mar a mhaoineoidh ESB an clár leathnaithe. Le Cinneadh Críochnaitheach PR6, a d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas i mí na Nollag 2025, déantar foráil maidir le hinfheistíocht chaipitiúil os cionn €13 bhilliún i líonraí leictreacha PÉ sa tréimhse 2026-2030, atá os cionn dhá oiread mhéid an chláir caipitil PR5 (2021-2025). Cuirfidh an PR6, agus clár coibhéiseach TT7 i dTuaisceart Éireann, le córas fuinnimh glan-nialasach athléimneach a sholáthar, rud a thacóidh le spriocanna náisiúnta tithíochta, eacnamaíocha agus dícharbónaithe a bhaint amach. D'ainneoin maoiniú cothromais €1.5 billiún a fháil, beidh gá le brabúis airgid thirim atá ag dul i méid agus le hiasachtaí atá méadaithe go mór chun go mbeidh ESB in ann an scála infheistíochta is gá a choinneáil ar bun sna blianta amach romhainn i líonraí leictreachais agus i nginiúint leictreachais araon.

Is ionann an leibhéal infheistíochta caipitiúla ab airde riamh ag ESB in 2025 agus beagnach €2.7 billiún agus méadú os cionn 20% ar 2024, agus meastar go dtiocfaidh méadú breise air sna blianta atá amach romhainn. Baineann beagnach dhá thrian den infheistíocht chaipitiúil sin le caiteachas ar bhonneagar an líonra leictreachais i gcomhréir le cláir rialála chomhaontaithe. Infheistíodh beagnach €900 milliún eile i nginiúint leictreachais, cumas gaoithe cois cladaigh, gréine agus cúltaca giniúna den chuid is mó in Éirinn, chomh maith le tionscadail feirme gaoithe amach ón gcósta chomhfhiontair Neart na Gaoithe agus Inch Cape in Albain. D'éirigh le Inch Cape Dún Airgeadais a bhaint amach i mí Eanáir 2025, ag fáil £2.7 billiún i maoiniú maoinithe tionscadail ó chuibhreannas de 22 banc, agus tá sé á thógáil anois. Críochnaíodh Neart na Gaoithe i rith na bliana, agus tá sé anois in oibríochtaí tráchtála. Bhí na tionscadail sin luachmhar do ESB maidir le cuntas teiste agus cumas a fhorbairt i dtógáil gaoithe amach ón gcósta sular forbraíodh tionscadal gaoithe amach ón gcósta Tonn Nua agus deiseanna eile in Éirinn. Bhí thart ar 86% de chaiteachas caipitiúil ESB (gan comhfhiontair a áireamh) ailínithe le Tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh (2025: 85%) agus bhí 93% d'infheistíocht chaipitiúil iomlán ESB ar oileán na hÉireann.

Mar phríomhfhóntas fuinnimh in Éirinn, tá próifíl ghnó chobhsaí ag ESB agus tá cuntas tugtha ar níos mó ná 60% den tuilleamh (TRÚCDA) aige le haghaidh na líonraí leictreachais rialaithe ar oileán na hÉireann faoi chreataí rialála bunaithe agus trédhearcacha. Tá ESB fós láidir ó thaobh airgeadais de agus glansócmhainní os cionn €7 mbilliún aige an 31 Nollaig 2025. I mí Mheán Fómhair 2025, d'ardaigh S&P Global Ratings a rátáil chreidmheasa do ESB ó A- go A (ionchas dearfach) de bhun an fhógra i mí Iúil 2025 go ndearna Rialtas na hÉireann infheistíocht chothromais €1.5 billiún in ESB. D'athdhearbhaigh Moody's Ratings a rátáil A3 (ionchas dearfach) i mí an Mheithimh 2025. D'fhan rátálacha neamhspleácha ESB ag BBB+ agus Baa1 faoi seach le S&P Global Ratings agus Moody's Ratings.

Soláthraíonn staid airgeadais ESB ag deireadh 2025 an bonn d'infheistíocht láidir leanúnach i dtodhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, ar choinníoll go gcoinneoidh sé feidhmíocht láidir airgeadais, agus go leanfaidh sé de bheartas airgeadais stuama agus próifíl riosca stuama, le rialachas láidir airgeadais, sna blianta atá amach romhainn.

**Fíor 2: Brabús Oibriúcháin**

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| ESB Networks | **376** | 367 |
| NIE Networks | **99** | 188 |
| Giniúint agus Trádáil | **338** | 311 |
| Réitigh do Chustaiméirí | **128** | 113 |
| Codanna Eile/Comhdhlúthú | **(27)** | (4) |
| **Brabús oibriúcháin (sula gcuirfear míreanna eisceachtúla agus atomhais eile san áireamh)** | **914** | **975** |

**Fíor 1: Achoimre cúig bliana**

**Brabús Oibriúcháin[1,2,3]**

| | |
|---|---|
| 2025 | €914m |
| 2024 | €975m |
| 2023 | €1,100m |
| 2022 | €847m |
| 2021 | €679m |

**TRÚCDA[1,2]**

| | |
|---|---|
| 2025 | €1.9bn |
| 2024 | €1.9bn |
| 2023 | €2.0bn |
| 2022 | €1.7bn |
| 2021 | €1.5bn |

**Infheistíocht Chaipitiúil[2]**

| | |
|---|---|
| 2025 | €2.7bn |
| 2024 | €2.2bn |
| 2023 | €1.9bn |
| 2022 | €1.7bn |
| 2021 | €1.3bn |

**Glanfhiachas[2,4]**

| | |
|---|---|
| 2025 | €5.8bn |
| 2024 | €6.7bn |
| 2023 | €6.4bn |
| 2022 | €6.8bn |
| 2021 | €4.9bn |

1 Roimh earraí eisceachtúla agus atomhais áirithe.
2 Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 248 chun sainmhínithe agus ríomhanna a fheiceáil.
3 Sula gcuirfear na míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe seo a leanas san áireamh: 2025: glanchaillteanais luacha chóir ar bhabhtálacha tráchtearraí breosla agus ar chonarthaí praghsanna leictreachais (€19 milliún). 2024: Caillteanas chreidmheasa ionchasaigh Neart na Gaoithe (€135 milliún), brabús ar dhiúscairt fochuideachta €59 milliún agus gnóthachan ar luach cóir ar thrádálacha tráchtearraí breosla €57 milliún. 2023: gnóthachan cóirluacha ar bhabhtálacha tráchtearraí breosla de €21 milliún. 2022: Bearnú Neart na Gaoithe (€91 milliún). 2021: Brabús ar dhíolachán sócmhainní (lena n-áirítear aisiompuithe bearnúcháin) €152 milliún, bearnú Neart na Gaoithe (€154 milliún), bearnú dea-thola So Energy agus foráil chonartha dhochraidigh (€61 milliún).
4 Áirítear le glanfhiachas 2021-2025 dliteanais léasa a aithnítear i gcomhréir le IRFS 16 'Léasanna'; 2025: €147 milliún, 2024: €117 milliún, 2023: €136 milliún, 2022: €129 milliún agus 2021: €120 milliún. Ní áirítear leis sciar ESB d'fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí i gcomhfhiontair agus comhlachaithe a bhfuil cuntas tugtha ina leith uile maidir le cothromas. Ní áirítear leis ach an oiread airgead tirim teoranta dar luach €207 milliún in 2024, €550 milliún in 2023, €754 milliún in 2022.

# Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin (ar lean)

**Brabús Oibriúcháin (Fíor 2)**
Tá an Grúpa eagraithe ina cheithre phríomhchuid intuairiscithe, is iad sin aonaid ghnó straitéiseacha an Ghrúpa a bhainistítear ar leithligh. Soláthraíonn ceithre aonad gnó eile, lena n-áirítear Innealtóireacht agus Mórthionscadail agus Seirbhísí Fiontraíochta, tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomhchodanna oibriúcháin an Ghrúpa agus cuirtear le chéile iad mar Chodanna Eile chun críocha tuairiscithe.

Ba é tionchar Stoirm Éowyn ar ghnólachtaí na líonraí (thart ar €95 milliún) ba chúis leis an laghdú €61 milliún ar bhrabús oibriúcháin in 2025, rud a bhí níos measa fós i gcás NIE Networks mar gheall ar laghdú ar ioncam rialáilte de dheasca tosca uainiúcháin. Agus coigeartú á dhéanamh maidir leis na tionchair aonuaire sin, bhí an bhunfheidhmíocht airgeadais láidir, le méaduithe ar bhrabúis oibriúcháin bhunúsacha in ESB Networks, Giniúint agus Trádáil agus Réitigh do Chustaiméirí.

- Tá brabús oibriúcháin ESB Networks do 2025 ag €376 milliún beagán níos airde ná €367 milliún a tuairiscíodh in 2024. Rinneadh méadú ar ioncaim rialáilte a fhritháireamh den chuid is mó le párolla agus costais oibriúcháin níos airde, arna spreagadh i bpáirt ag tionchar Stoirm Éowyn, agus le dímheas méadaithe a bhaineann le bonn sócmhainní atá ag fás.
- Tá brabús oibriúcháin NIE Networks le haghaidh 2025 ag €99 milliún €89 milliún níos ísle ná 2024, go príomha mar gheall ar ghlanioncam faoi bhealach €45 milliún níos ísle ó PSO tríd an sásra PSO Gnó um Sholáthar Cumhachta, laghduithe a bhaineann le huainiú ar ioncam ó Úsáid Rialaithe an Chórais, mar aon le tionchar Stoirm Éowyn.
- Tá brabús oibriúcháin na Giniúna agus na Trádála ag €338 milliún ina mhéadú €27 milliún ar 2024 go príomha mar gheall ar ollchorrlach níos airde ar shócmhainní in-athnuaite agus stórála agus caipitliú méadaithe ar chaiteachas forbartha gnó, arna fhritháireamh go páirteach le dímheas níos airde ar shócmhainní nua.
- Rinne Réitigh do Chustaiméirí brabús oibriúcháin €128 milliún in 2025, meadú €15 mhilliún ar 2024. Tá dian-iomaíocht roimh ghnólachtaí um Réitigh do Chustaiméirí mar aon leis an méadú leanúnach ar phraghsanna fuinnimh — cé gur tháinig laghdú ar na harduithe a chonacthas in 2022 agus 2023 ar an mórgóir, rud a spreag caillteanais oibriúcháin shuntasacha. Rinne na gnólachtaí iarracht cobhsaíocht a bhaint amach idir corrlaigh bhrabúis a chaomhnú agus tairiscintí iomaíocha a sholáthar dá gcustaiméirí, mar a fheictear, mar shampla, nuair a bhí Electric Ireland in ann taraifí leictreachais cónaithe a choinneáil i rith 2025 (tar éis na laghduithe roimhe sin in 2023 agus 2024) agus laghdú 4% taraif ar ghás cónaithe a chur chun feidhme ar an 1 Samhain 2025.
- Bhí feidhmíocht airgeadais na gCodanna Eile cobhsaí bliain i ndiaidh bliana, seachas bearnú cáilmheasa €22 milliún a d'eascair as éadáil So Energy in 2021 agus a léiríonn an dhian-iomaíocht dhian i margadh na Ríochta Aontaithe.

Tá sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais na míreanna gnó le fáil i nóta 3 leis na ráitis airgeadais.

**Brabús i ndiaidh Cánach**
Is é an brabús tar éis cánach €636 milliún, laghdú €70 milliún ar 2024. Chomh maith leis an laghdú €61 milliún ar bhrabús oibriúcháin foluiteach, tháinig méadú €71 milliún ar ghlanchostais airgeadais agus ar mhuirir mhaoiniúcháin eile a fritháiríodh le muirir cánach níos ísle (€49 milliún), agus tháinig feabhas €13 mhilliún ar sciar na mbrabús ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

Tá an muirear cánach €114 mhilliún €49 milliún níos ísle ná 2024, rud a léiríonn brabúis níos ísle mar a leagtar amach thuas agus ráta cánach éifeachtach níos ísle mar gheall ar chion méadaithe de bhrabúis na hÉireann i gcoibhneas le brabúis na Ríochta Aontaithe. Tá réiteach an mhuirir cánach iomláin le fáil i nóta 24 de na ráitis airgeadais.

**Glanfhiachas**
Laghdaigh an glanfhiachas go €5.8 billiún in 2025, ó €6.7 billiún in 2024, rud a léiríonn go bhfuarthas €1.5 billiún i gcothromas ó Rialtas na hÉireann i mí na Nollag 2025, arna fhritháireamh le hinfheistíocht chaipitiúil agus ús, íocaíochtaí cánach agus díbhinne, glan ó bhrabúis airgid.

Laghdaigh céatadán comhdhlúite an ghlanfhiachais ó 50% go 38%, rud a léiríonn airgead tirim níos airde ar láimh. Féach ar Bhearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 252 chun na ríomhanna a bhaineann leis an méadracht sin a fheiceáil.

**Infheistíocht Chaipitiúil (Fíor 3)**
Ba é €2,679 milliún an infheistíocht chaipitiúil (lena n-áirítear comhfhiontair) in 2025, méadú €480 milliún ar 2024.

Tháinig méadú beagnach 25% ar infheistíocht chaipitiúil in ESB Networks i gcomparáid le 2024, mar gheall ar €117 milliún breise go príomha a infheistíodh sa líonra dáileacháin leictreachais, arna spreagadh ag naisc chónaithe nua (os cionn 38,000 le linn 2025, méadú 18% ar 2024), chomh maith le neartú líonra méadaithe agus athsholáthar sócmhainní. Tháinig méadú €97 milliún ar infheistíocht an chórais tarchurtha freisin go €365 milliún in 2025. Rinneadh tuilleadh infheistíochta sa chlár méadraithe chliste náisiúnta, agus thart ar 190,000 ceann suiteáilte in 2025, le haghaidh iomlán carnach suiteáilte go dtí seo de 2.1 milliún.

Mar sholáthraí bonneagair fuinnimh chriticiúil i dTuaisceart Éireann, lean NIE Networks dá ghealltanais do chustaiméirí a chomhlíonadh le linn 2025, le hinfheistíocht chaipitiúil bhreise de €330 milliún, arb é sin méadú os cionn €50 milliún (19%) ar 2024. De bhrí na hinfheistíochta sin, méadaíodh acmhainneacht agus athléimneacht chóras leictreachais Thuaisceart Éireann, rud a chur feabhas ar iontaofacht do chustaiméirí.

D'infheistigh Giniúint agus Trádáil €880 milliún in 2025, lena n-áirítear €149 milliún (2024: €356 mhilliún) in iasachtaí scairshealbhóirí do thionscadail chomhfhiontair chun tógáil sócmhainní a mhaoiniú, go príomha Neart na Gaoithe (atá ina oibríocht tráchtála anois) agus Inch Cape (a bhain Dúnadh Airgeadais amach go luath in 2025). Gan comhfhiontair a chomhaireamh, tháinig méadú os cionn €350 milliún bliain ar bhliain ar infheistíocht chaipitil na Giniúna agus Trádála de €731 mhilliún, agus an caiteachas den chuid ba mhó ar thionscadail giniúna in-athnuaite in Éirinn, go háirithe feirm ghaoithe Leitir Mucú a fháil i gCo. na Gaillimhe, agus tionscadail ghréine an Droma Bhig (Co. Chiarraí), Teach Mhainistir na Corann (Co. an Longfoirt) Baile Uí Threasaigh (Co. Loch Garman), Clais Liam (Co. Chill Chainnigh) agus Carraig an Longaigh (Co. Phort Láirge) a thógáil. Leanadh den tógáil freisin ar an aonad nua gástuirbín timthrialla oscailte (OCGT) ag Poll Beag, Baile Átha Cliath.

**Fíor 3: Infheistíocht Chaipitiúil**




Áirítear le hinfheistíocht chaipitiúil €68 milliún i gcodanna eile maoiniú i Réitigh do Chustaiméirí chun Clár Aistrithe suntasach a chur chun cinn lena ndírítear ar fhreagrúlacht, tacaíocht agus eispéireas foriomlán custaiméirí a fheabhsú, mar aon le hinfheistíocht leanúnach i dtionscnaimh fhadtéarmacha maidir d'fhonn astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ísealcharbóin le haghaidh mórúsáideoirí fuinnimh agus leathnú bonneagar na bhfeithiclí leictreacha. Áirítear agus tionscnaimh TF agus dhigitithe an Ghrúpa leis freisin

**Fíor 4: Sciar Margaidh de Ghiniúint Uile-Oileáin ESB**




**Timpeallacht Oibriúcháin - Margaí Leictreachais Mórdhíola**
Tháinig méadú thart ar 2% ar an éileamh ar leictreachas in 2025 ar oileán na hÉireann (SEM), agus tháinig méadú thart ar 1% air in GB, thar leibhéil 2024. Bhí praghsanna mórdhíola leictreachais, arb iad praghsanna gáis a thrádáiltear go hidirnáisiúnta is cúis leo den chuid is mó, réasúnta cobhsaí in 2025 i gcomparáid leis an luaineacht a bhí ann le blianta beaga anuas tar éis ráig an chogaidh san Úcráin. Ar an meán, i gcomparáid le 2024, bhí praghsanna mórdhíola leictreachais 5% níos airde in SEM, agus 4% níos airde in GB, in 2025.

Tháinig méadú ar ghiniúint gaoithe go 31% de mhéid SEM in 2025 ó 29% in 2024, agus tháinig laghdú ar ghiniúint ó ghléasraí gáis ó 48% go 44% den ghiniúint ar an gcóras. Bhí allmhairí idirnascairí fós láidir, ag cur 16% leis an meascán giniúna. Cuimsíonn giniúint ESB giniúint níos inseolta, agus go comhréireach foinsí in-athnuaite nach bhfuil chomh huaineach céanna, ná margadh SEM ina iomláine, cé go bhfuil punann ESB de shócmhainní gaoithe agus gréine cois cladaigh ag fás i gcónaí. Dá bhrí sin, tá giniúint ESB ríthábhachtach d'athléimneacht an chórais in SEM le linn tréimhsí ardéilimh agus ísealghaoithe agus gréine.

Ba é 24% an sciar den mhargadh giniúna a bhí ag ESB, bunaithe ar ghiniúint mhéadraithe, laghdú beag ar 2024 (25%).

**Meascán Giniúna ESB**
Is éard atá i bhflít giniúna ESB i margadh SEM 3.9 GW[5] de shócmhainní giniúna (2024: 4.6 GW). Laistigh de sin, is é 1.6 GW d'acmhainneacht shuiteáilte in oileán na hÉireann atá i bpunann giniúna in-athnuaite SEM ESB (gaoth, hidreafhuinneamh, grianfhuinneamh) agus in-athnuaite (ceallra, stóráil caidéil), méadú os cionn 100 MW ar 2024. B'ionann giniúint in-athnuaite (lena n-áirítear cumasú in-athnuaite) agus 41% d'acmhainneacht suiteáilte ESB in SEM in 2025. Tháinig laghdú ar acmhainneacht theirmeach shuiteáilte ESB in 2025 toisc gur scoir gléasra Ghob na Muine d'oibríochtaí mar aonad giniúna gualbhreoslaithe i mí an Mheithimh agus gur athraigh sé go HFO mar aonad cúltaca éigeandála faoi chonradh Sásra Conarthach Spriocdhírithe (TCM). Oibríonn aonaid TCM agus Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) ar láithreáin ghiniúna ESB lasmuigh den mhargadh faoi chomhaontuithe le EirGrid le haghaidh cúltaca éigeandála córais.

**Fíor 5: Acmhainneacht Suiteáilte agus Giniúint ESB in SEM[5,6]**

| | Acmhainneacht suiteáilte (MW) 2025 % | Acmhainneacht suiteáilte (MW) 2024 % | Giniúint Leictreachais (GWh) 2025 % | Giniúint Leictreachais (GWh) 2024 % |
|---|---|---|---|---|
| Gual/HFO | - | 19 | 5 | 10 |
| Gás-ola | 1 | 1 | - | - |
| Gás | 58 | 48 | 69 | 67 |
| Cumhacht Gaoithe/ Hidrileictreach/Gréine | 25 | 19 | 22 | 20 |
| Stóras Caidéil/Ceallra | 16 | 13 | 4 | 3 |

[5] Eisiatar aonaid TCM agus TEG ó acmhainneacht suiteáilte ESB toisc go n-oibrítear na láithreáin lasmuigh den mhargadh.
[6] Tá comhfhiontair san áireamh bunaithe ar scairshealbh ESB san eintiteas ábhartha.

# Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin (ar lean)

In GB, tá beagnach 1.3 GW d'acmhainneacht suiteáilte i bhflít giniúna ESB. Tháinig laghdú ar phunann gásadhainte GB i mbliana tar éis dhiúscairt Corby. 393 MW san iomlán d'acmhainneacht suiteáilte atá i bpunann giniúna gaoithe ESB in GB, méadú ar 2024 mar thoradh ar Neart na Gaoithe (sciar 50% BES: 224MW) oibríochtaí tráchtála iomlána a bhaint amach i mBealtaine 2025.

**Gníomhaíochtaí Leachtachta agus Maoinithe**
Tacaíonn na gníomhaíochtaí maoinithe atá á mbainistiú ag Státchiste Ghrúpa ESB le clár infheistíochta caipitiúla ESB, le hathmhaoiniú fiachais atá ag teacht in aibíocht agus le maolán leachtachta cuí a chothabháil chun cosaint a thabhairt ar thurraingí eacnamaíocha amach anseo. I gcomhréir le straitéis ESB, leanann ESB ag tabhairt faoi roghanna maoinithe ghlais lena n-áirítear Bannaí Glasa agus Iasachtaí Nasctha nuair is féidir.

I mí Iúil 2025, chuir ESB isteach saoráid chreidmheasa imrothlach nua dar luach €2.4 billiún atá nasctha leis an inbhuanaitheacht (RCF) le grúpa de 15 bhanc idirnáisiúnta a tháinig in ionad na saoráide dar luach €1.4 billiún a bunaíodh in 2020. Síneann an tsaoráid nua go dtí mí Iúil 2030, agus tá roghanna ann chun síneadh a chur leis an aibíocht go dtí mí Iúil 2032. Tá costas na saoráide leachtachta cúltaca nua nasctha go díreach le baint amach spriocanna sonracha ESG ag ESB atá ailínithe le straitéis ESB. Lena n-áirítear RCF, ar an 31 Nollaig 2025, bhí €4.5 billiún de leachtacht ar fáil ag ESB, lena gcuimsítear €0.7 billiún d'airgead tirim ar láimh, taiscí gearrthéarmacha de €1.1 billiún agus saoráidí geallta eile de €0.3 billiún. Tá €1.5 billiún den leachtacht sin imfhálaithe chun cuidiú le clár PR6 ESB Networks de chuid ESB Networks a sholáthar. Cuirfear sonraí próifíl aibíochta fiachais ESB ar fáil mar a bhí an 31 Nollaig 2025 ar shuíomh gréasáin ESB.

Ba é 3.1% an meánráta úis ualaithe ar phunann an Ghrúpa d'iasachtaíocht gan íoc ar an 31 Nollaig 2025 (31 Nollaig 2024%): 3.1%). Le blianta beaga anuas, bhí sé ar chumas an Ghrúpa bannaí a raibh dátaí níos faide luaite leo a eisiúint (10-20 bliain), rud a laghdaigh an riosca athmhaoinithe meántéarmach. D'eisigh NIE Networks banna nua 10 mbliana amháin £350 milliún le linn 2025. Tá meántréimhse phunann fiachais an Ghrúpa comhsheasmhach le cineál fadtéarmach shócmhainní an Ghrúpa. Le linn 2025, d'ardaigh S&P Global Ratings

**Fíor 6: Acmhainneacht Suiteáilte agus Giniúint ESB sa Bhreatain Mhór[6]**

| | Acmhainneacht suiteáilte (MW) 2025 | Acmhainneacht suiteáilte (MW) 2024 % | Giniúint Leictreachais (GWh) 2025 | Giniúint Leictreachais (GWh) 2024 % |
|---|---|---|---|---|
| Gás | 69 | 81 | 71 | 86 |
| Gaoth/Stóras | 31 | 19 | 29 | 14 |

[6] Tá comhfhiontair san áireamh bunaithe ar scairshealbh ESB san eintiteas ábhartha.

a rátáil chreidmheasa de ESB ó A- go A agus d'athdhearbhaigh Moody's Ratings rátálacha creidmheasa ESB de A3 (agus dearcadh dearfach acu araon). D'fhan rátálacha neamhspleácha ESB ag BBB+ agus Baa1 faoi seach le S&P Global Ratings agus Moody's Ratings.

**Bainistíocht Airgeadra (FX) Eachtraigh agus Riosca Ráta Úis**
Tá gnó an Ghrúpa lonnaithe in Éirinn, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór go príomha. Dá réir sin, tá formhór na sreafaí airgid oibriúcháin agus infheistíochta ainmnithe in euro agus steirling. Tá sé mar bheartas ag ESB íoslaghdú a dhéanamh ar riosca FX ar fud an Ghrúpa. Baintear é sin amach trí nochtaí ábhartha FX a sheachaint, a aisghabháil (e.g. samhail rialála líonraí), meaitseáil (i.e., airgeadra na n-infheistíochtaí agus an fhiachais ghaolmhair a mheaitseáil) nó a fhálú nuair is féidir é sin a dhéanamh ón taobh eacnamaíoch de. Ag an 31 Nollaig 2025, tá thart ar 78% d'fhiachas bunúsach ESB ainmnithe in euro, agus tá an 22% eile ainmnithe i steirling.

Is fearr le ESB fiachas ar ráta seasta úis agus beidh sé mar sprioc aige tromlach suntasach dá fhiachas a bheith aige ag ráta seasta úis go dtí go dtiocfaidh sé in aibíocht, agus 70% ar a laghad socraithe i gcónaí. An 31 Nollaig 2025, socraíodh beagnach 86% d'iasachtaí an Ghrúpa go dtí aibíocht, agus bhí thart ar 14% díobh ina bhfiachas ar ráta athraitheach. Tá an Grúpa neamhchosanta go leanúnach ar ghluaiseachtaí sa ráta úis amach anseo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chostas na gceanglas iasachtaithe amach anseo, go háirithe de réir mar a théann an fiachas ráta sheasta in aibíocht, agus nuair a athmhaoineofar é. Déanann an Grúpa Cisteáin dlúthmhonatóireacht ar dhálaí margaidh sa chomhthéacs sin agus d'fhéadfadh sé féachaint le ceanglais maidir le maoiniú a réamh-mhaoinithe nó a réamhfhálú más cuí, faoi réir an cead riachtanach a fháil ón mBord agus na stocshealbhóirí.

**Riosca Praghsanna Tráchtearraí**
Tá foirne ar leithligh ag Giniúint agus Trádáil agus Réitigh do Chustaiméirí atá freagrach as rioscaí praghsanna tráchtearraí agus fuinnimh ina n-aonaid ghnó a bhainistiú.

Tá an neamhchosaint ar ghluaiseachtaí ar phraghas breosla ar thuilleamh amach anseo á mbainistiú ag ESB ar bhonn roghnach fálaithe. Glacann ESB páirt i réamhchonarthaí praghas tráchtearraí i ndáil le lamháltais chumhachta, gháis agus astaíochtaí carbóin ar feadh suas le trí bliana amach romhainn ar mhaithe le neamhchosaint an Ghrúpa ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna leictreachais mórdhíola a eascraíonn óna leithéid sin de luaineachtaí ar phraghsanna tráchtearraí a laghdú. Tá beartais fálaithe ESB ag leanúint ar aghaidh ag cabhrú le tuilleamh a chosaint.

**Riosca Contrapháirtí**
Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa i ndáil leis na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a thrádálann i margaí airgeadais agus tráchtearraí. Is é beartas ESB teorainn a chur le neamhchosaint ar chontrapháirtithe bunaithe ar mheasúnuithe ar riosca creidmheasa agus socruithe slándála (más cuí). Tá nochtaí agus teorainneacha creidmheasa faoi réir athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach i ngach aonad gnó agus, ar leibhéal an Ghrúpa, a bhfuil Coiste Riosca an Ghrúpa Trádála freagrach astu. Tá gníomhaíochtaí déileála á rialú trí shainorduithe trádála a bhunú le contrapháirtithe.

Déantar formhór de thrádáil tráchtearraí breosla an Ghrúpa bunaithe ar luach seachas trí mhalairtí margaidh fuinnimh, seachas ar bhonn déthaobhach. Go ginearálta, laghdaíonn trádáil mhalartaithe riosca contrapháirtithe, cé nach gcuireann sí deireadh leis, mar aon le leachtacht trádála agus trédhearcacht phraghsála a sholáthar.





# ESB Networks

**Léargas Ginearálta**
Déanann foireann ESB atá sannta d'aonad gnó imfhálaithe ESB Networks, arna bhainistiú ag ESB Networks DAC (fochuideachta de chuid ESB) feidhmeanna ceadúnaithe ESB mar úinéir na líonraí leictreachais tarchurtha agus dáileacháin cois cladaigh in Éirinn (Úinéir Sócmhainní Tarchurtha agus Úinéir Sócmhainní Dáileacháin). Déanann aonad gnó ESB Networks mar an tOibreoir Córais Dáileacháin ceadúnaithe (DSO) feidhmeanna ESB Networks DAC. Oibríonn ESB Networks go dlúth le EirGrid, an tOibreoir Córais Tarchurtha (TSO) agus tá ról lárnach aige i dtacú le baint amach chuspóirí na mbeartas náisiúnta a bhaineann le tithíocht, fás eacnamaíoch agus athrú aeráide.

Ba é 2025 an cúigiú bliain agus an bhliain dheireanach de PR5 agus lean ESB Networks le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i ndáil leis na cláir cheadaithe infheistíochta agus cothabhála.

Leagtar amach sonraí fheidhmíocht airgeadais ESB Networks le linn 2025 sa Rannóg Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36.

**Athbhreithniú Oibriúcháin**
D'infheistigh ESB Networks €718 milliúin sa líonra dáileacháin in 2025 ag(2024: €601 milliún) lena n-áirítear cothabháil leanúnach ar an líonra. Bhí infheistíocht €365 milliún ar an iomlán sa chóras tarchurtha (2024: €268 milliún). Leanadh ar aghaidh leis an gClár Méadraithe Chliste a rolladh amach, Clár lenar bhain caiteachas €95 milliún in 2025 (2024: €117 milliún).

I ndiaidh Phlean Gnó PR6 ESB Networks a cuireadh isteach i Samhain 2024, foilsíodh an Cinneadh Críochnaitheach ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais i dtaobh PR6 i Nollaig 2025. Éascaítear leis sin infheistíocht chaipitiúil de bhreis agus €13 bhilliún i líonraí leictreachais cois cladaigh na hÉireann thar an tréimhse 2026-2030. Tá PR6 i bhfad níos mó de réir scála agus uaillmhéine de ná aon athbhreithniú praghais roimhe seo, lena léirítear a ríthábhachtaí is atá an líonra leictreachais chun tacú le spriocanna tithíochta, fáis eacnamaíoch agus aeráide. Beidh ról bunathraitheach ag an infheistíocht i gcóras fuinnimh na hÉireann, lena gcumasaítear spriocanna tithíochta inbhuanaithe agus fáis eacnamaíoch, agus tacaítear le todhchaí fuinnimh ghlan-nialasach de ag an am céanna chomh maith.

I rith 2025, cuireadh le hacmhainn eagraíochtúil ESB Networks a chruthú chun an leibhéal méadaithe infheistíochta a sheachadadh trí:

- A lucht saothair a mhéadú go 4,150 fostaí lena n-áirítear athrú ó bhonn in earcaíocht phrintíseachta
- Leanadh ar aghaidh le leathnú an tslabhra soláthair agus acmhainní conraitheoirí chun tacú le méadú na n-oibleagáidí soláthair.
- Úsáid samhla seachadta lándéanta a leathnú chun tograí móra treisithe Aistrithe agus Dáilte HV a chur i gcrích
- Bealaí nua oibre a ghlacadh chun tacú le pleanáil agus le soláthar an chláir infheistíochta PR6
- Tús a chur le hinfheistíocht €6.5 milliún san Ionad Oiliúna Náisiúnta i bPort Laoise

**Stoirm Éowyn**
In Eanáir 2025, mar thoradh ar ghaotha ar leibhéal spéirlinge le linn Stoirm Éowyn, chaill buaiclíon de 768,000 custaiméir soláthar leictreachais, rud a fhágann gurb í an stoirm ba mheasa a bhí ann riamh i stair ESB. Taifeadadh níos mó ná 10,000 fabht ar an gcóras, rud a léirigh scála gan fasach an damáiste, an chuid is mó de mar gheall ar chrainn agus foraoiseacht a thit. Bhain ESB Networks leas as gach acmhainn inmheánach agus gach acmhainn ar conradh chun an soláthar a thabhairt ar ais, agus tacaíocht bhreise á fáil ón Eoraip. Ar an iomlán, bhí baint dhíreach ag breis agus 3,200 ball den fhoireann san iarracht athbhunaithe, mar aon le 1,300 ball den fhoireann tacaíochta. Bhí an chumhacht ar ais ag formhór na gcustaiméirí laistigh de 72 uair an chloig agus ag beagnach 90% dóibh laistigh de sheachtain. Mar gheall ar chineál agus méid an damáiste, bhí roinnt custaiméirí gan chumhacht ar feadh suas le 18 lá agus bhí cruachás agus cur isteach suntasach ann dá bharr. Go díreach i ndiaidh na stoirme, foilsíodh Plean Athléimneachta Geimhridh ESB Networks agus cuireadh gníomhartha chun cinn le linn na bliana. I nDeireadh Fómhair 2025, d'fhoilsigh ESB Networks athbhreithniú iomlán stoirme chun na ceachtanna a foghlaimíodh a léiriú agus moltaí a shainaithint ar mhaithe le tionchair teagmhas adhghaoithe amach anseo a laghdú tuilleadh. Beidh infheistíocht ilbhliantúil de dhíth chun athléimneacht an líonra i leith stoirmeacha a fheabhsú.



**Nicholas Tarrant**
Stiúrthóir Bainistíochta, ESB Networks

**Acmhainn an Líonra**
Bíonn leibhéil níos airde éilimh ar acmhainn an líonra á spreagadh ag beartas náisiúnta a bhaineann le cúrsaí tithíochta, fáis eacnamaíoch agus gníomhaithe ar son na haeráide, agus leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, rinneadh spriocanna tithíochta agus bonneagair a luathú tuilleadh. Ceanglaíodh níos mó ná 43,000 custaiméir nua leis an líonra le himeacht na bliana. Tháinig méadú 18% ar cheangail tithíochta nua in 2025 i gcomparáid le 2024. Sáraíodh buaicéileamh leictreachais 6 GW den chéad uair in Eanáir 2025.

Thug ESB Networks tionscadail ar leith chun tosaigh go mear le linn na bliana chun an líonra a neartú in áiteanna ina raibh acmhainn theoranta agus sainaithníodh suíomhanna tosaíochta nua ina bhfuil réitigh shofhreagrúla de dhíth chun seachadadh acmhainne líonra sa bhreis a luathú.

Ceanglaíodh 573 MW de ghiniúint in-athnuaite nua agus 83 MW de stóras fuinnimh leis an líonra in 2025, rud a fhágann gurb ionann an ghiniúint in-athnuaite ar an gcóras agus 7.9 GW, lena n-áirítear breis agus 5 GW de ghaoth cois cladaigh agus 2.4 GW de ghrianfhuinneamh. Próiseáladh níos mó ná 47,000 (230 MW) suiteáil mhicrighiniúna nua i rith na bliana.

**Príomhéachtaí**

Fuair ESB Networks cead ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais chun dul ar aghaidh le hinfheistíocht chaipitiúil de bhreis agus €13 bhilliún in PR6.

Obair leanúnach ar acmhainneacht an líonra mar chuid de chlár ilbhliantúil, ina bhfuil idirghabhálacha spriocdhírithe sna háiteanna ba mheasa a bualadh tar éis Stoirm Éowyn, de réir mar a bhí foilsithe sa Phlean Athléimneachta Geimhridh.

Méadú 18% bainte amach i gceangail tithíochta nua bliain i ndiaidh bliana.

Tugadh an Clár um Aistriú Comhtháite arna fhorbairt ag ESB Networks i gcomhar le TSO, EirGrid, chun críche i Nollaig 2025 lena soláthraítear creat aontaithe aonair chun tionscadail aistrithe a phleanáil, a sholáthar agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Ag an am céanna, bhí dul chun cinn á dhéanamh ar an gClár Comhpháirteach um Bunathrú Bristeacha Seirbhíse, atá ina chumasóir straitéiseach le haghaidh feabhas leantúnach sa réimse.

**Custaiméirí a Chumhachtú**
Mar aon le hinfheistiú sa bhonneagar líonra leictreachais fhisicigh, lean ESB Networks ar aghaidh le hoibriú le páirtithe leasmhara chun réimse tionscnamh a chur chun cinn chun solúbthacht agus freagairt ar éileamh níos fearr a sholáthar, lena n-áirítear forbairt seirbhísí cliste, solúbthacht éileamh agus conairí ceangail nua. Tá sé sin ag teacht le cuspóirí beartais náisiúnta agus le Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh an Choimisiúin um Rialáil Fóntais. Cuireadh an chéad cheangal giniúna solúbtha i bhfeidhm le linn 2025, agus cheadaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntais táirge ar íosmhéid inmharthana do chéad cheangal éilimh solúbtha ESB Networks. Tá siad sin agus tionscnaimh eile san áireamh i dTreoirphlean agus i dTreochláir DMSO a foilsíodh i mBealtaine 2025.

Anois tá méadar cliste suiteáilte ag breis agus 2 mhilliún custaiméir in Éirinn lena gceiliúrtar garsprioc shuntasach do rolladh amach na méadar cliste le linn 2025 agus tá 30% dóibh siúd ar sheirbhís nó ar tharaif chliste. Chláraigh 40,000 custaiméir don bhfeachtas *An am maith é seo?* lena spreagtar custaiméirí aistriú go húsáid fuinnimh níos glaine trí ídiú a athrú ó amanna móréilimh.

Lean ESB Networks le cúrsaí digiteacha agus sonraí a threisiú chun cur le seirbhísí chun sásamh custaiméirí a fheabhsú. Chláraigh breis agus 250,000 custaiméir le Cuntas ar Líne ESB Networks trínar féidir leo rochtain a fháil ar réimse leathan seirbhísí agus ar shonraí úsáidte fuinnimh agus ar fhaisnéis faoi bhriseadh. Tugadh isteach fógraí nua digiteacha do bhristeacha beartaithe agus nuashonruithe SMS fíor-ama chomh maith, agus cuireadh ardán seirbhísí goirt nua i bhfeidhm in 2025 chun feabhas a chur ar sceidealú, chun cumarsáid chustaiméirí a fheabhsú agus chun teicneoirí líonra a chumhachtú le huirlisí móibíleacha fíor-ama.

**Cultúr na Sábháilteachta**
Tá sábháilteacht, sláinte agus folláine na bhfoirne, na gconraitheoirí, agus na bpobal ríthábhachtach de réir mar a mhéadaíonn ESB Networks ár gcumas soláthair chun freastal ar éileamh atá i mbun fáis le linn PR6. I Nollaig 2025, foilsíodh Straitéis um Shábháilteacht an Phobail ESB Networks do 2026-2030 lena leagtar amach an tiomantas atá acu i leith líonra sábháilte a choinneáil agus feasacht a fhorbairt maidir le sábháilteacht i measc na bpáirtithe leasmhara ar fad. D'fhorbair ESB Networks Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre nua, agus plean gníomhaíochta cúig bliana gaolmhar, chun riosca sábháilteachta ar bhóithre a laghdú do bhaill foirne ESB Networks agus do na pobail ar a bhfreastalaímid orthu.

## Cás-Staidéar
## Méadair Chliste

In 2025, bhain ESB Networks garsprioc shuntasach amach sa Chlár Náisiúnta Méadraithe Chliste, le breis agus 2 mhilliún méadar cliste suiteáilte ar fud na hÉireann. Léirítear leis an éacht sin dul chun cinn leanúnach ó thús an chláir chun méadrú cliste a shuí mar bhunchloch d'aistriú fuinnimh na hÉireann.

Tá rannpháirtíocht custaiméirí athraithe ó bhonn a bhuí le méadair chliste trí shonraí cruinne, fíor-ama maidir le hídiú a chur ar fáil, lena laghdaítear an spleáchas ar bhillí measta agus lena gcumasaítear teaghlaigh chun cinntí eolacha a dhéanamh maidir le húsáid fuinnimh. Trí Chuntas ar Líne ESB Networks, tá breis agus 152,000 custaiméir cláraithe chun rochtain a fháil ar léargas úsáidte mionsonraithe, lena n-áirítear sonraí iompórtála agus easpórtála do chustaiméirí micrighiniúna. Leis an trédhearcacht sin, cumasaítear custaiméirí chun taraifí atá oiriúnach dá nós imeachta a roghnú agus tacaítear le tionscnaimh sholúbthachta ar thaobh an éilimh, amhail luach saothair as ídiú a aistriú le linn amanna móréilimh.

De réir dhearcadh an chórais, cuirtear éifeachtúlachtaí oibriúcháin ar fáil le méadrú cliste agus tacaítear le Plean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. Trí léamh cianda méadar a éascú, chuir ESB Networks breis agus 10 milliún léamh déimhiúla i gcrích, lena laghdaítear billí measta agus lena bhfeabhsaítear cruinneas billeála go mór. Mar gheall ar fheidhmiúlacht nua, lena n-áirítear cumas cianda laisce, seirbhísí nuálacha atá curtha ar fáil amhail Íoc-Mar-A-Úsáidtear Cliste, agus tairiscintí soláthraí do tharaifí an ama úsáidte á n-éascú.

Seachas na buntáistí do chustaiméirí, tá méadair chliste mar bhonn d'fhorbairt eangaí cliste, lena n-éascaítear comhtháthú in-athnuaite níos fearr, leictriú teasa agus iompair, agus pleanáil líonra fheabhsaithe. Tá na hacmhainní sin ríthábhachtach agus Éire ag bogadh i dtreo córas leictreachais dícharbónaithe agus spriocanna glan-nialasacha. Léirítear leis an dul chun cinn a baineadh amach in 2025 go bhfuil i fad níos mó i gceist leis an méadrú cliste ná uasghrádú teicniúil — is cumasóir straitéiseach é do thodhchaí fuinnimh a bheidh níos glaine, níos cliste agus níos seasmhaí.



# Northern Ireland Electricity Networks (NIE Networks)

**Léargas Ginearálta**
Is é NIE Networks úinéir na líonraí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais i dTuaisceart Éireann (NI), cuideachta atá freagrach as leictreachas a iompar ó ghineadóirí chuig breis agus 966,000 custaiméir, lena n-áirítear tithe, gnólachtaí agus feirmeacha. Chomh maith leis sin, soláthraíonn NIE Networks méadair leictreachais agus sonraí méadraithe do sholáthraithe agus d'fheidhmeoirí margaidh, agus forbraíonn agus athchóiríonn sé an líonra leictreachais chun nascadh giniúna in-athnuaite a éascú agus méadaíonn sé líon na gcainníochtaí teicneolaíochtaí íseal-charbóin.

Ní sholáthraíonn (ní dhíolann nó ní mhiondíolann) NIE Networks leictreachas ach soláthraíonn sé seirbhísí do na soláthraithe leictreachais go léir atá ag obair i dTuaisceart Éireann.

Mar a cheanglaítear faoina cheadúnais rialála, is gnólacht neamhspleách é NIE Networks laistigh de Ghrúpa ESB agus tá a Bhord Stiúrthóirí, foireann bainistíochta agus fostaithe féin aige.

Leagtar amach sonraí fheidhmíocht airgeadais NIE Networks' le linn 2025 sa Rannóg Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36.

**Athbhreithniú Oibriúcháin**
Agus NIE Networks ag aistriú ó thréimhse Athbhreithnithe Praghais RP6, go tréimhse rialála RP7 le linn 2025, bhí air an téarnamh ón teagmhas gaoithe ba mhó ó bunaíodh é a bhainistiú chomh maith. In Eanáir, rinneadh damáiste do na líonraí leictreachais ar fud Thuaisceart Éireann mar gheall ar Stoirm Éowyn agus bhí beagnach aon trian de na háitribh gan soláthar. Rinne foirne NIE Networks agus páirtithe conarthacha deisiúcháin i ndálaí deacra, ar son na gcustaiméirí agus na bpobal, chun a chinntiú go ndearnadh an obair go léir ar bhealach sábháilte agus gur tugadh an leictreachas ar ais arís chomh tapa agus ab fhéidir. Mar gheall ar an stoirm, neartaíodh an fhreagracht a chuirtear ar NIE Networks chun leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh chun an líonra leictreachais a dhéanamh chomh hathléimneach agus is féidir i dtaca le tionchair stoirme, agus le hinfheistíocht a dhéanamh chomh maith lena chinntiú go gcuirfidh NIE Networks le laghdú astaíochtaí $CO_2$ ar fud Thuaisceart Éireann – agus cothromaíocht a fháil ó thaobh inacmhainneachta de do chustaiméirí. I ndiaidh Stoirm Éowyn, mhol agus fuair NIE Networks cead ón UR chun clár fadtéarmach gearrtha crann ar an líonra lasnairde a luathú chun tionchar teagmhas stoirme amach anseo a laghdú.

Lean NIE Networks de bheith ag díriú ar na gealltanais a thug sé do chustaiméirí le linn 2025 agus rinneadh infheistíocht chaipitiúil bhreise de €330 milliún sa bhonneagar líonra. Mar gheall ar an infheistíocht sin, méadaíodh acmhainn agus athléimneacht chóras leictreachais Thuaisceart Éireann, agus cinntíodh go raibh an méid ama a raibh custaiméirí gan soláthar (Nóiméid Chustaiméara Caillte) ag leibhéil réasúnta ísle i gcomparáid le tíortha eile. Tháinig méadú beagnach 20% ar infheistíocht chaipitiúil sa líonra i gcomparáid le 2024.

**Córas Fuinnimh Inbhuanaithe a Sholáthar do Chách**
Tá aistriú fuinnimh inbhuanaithe á chumhachtú ag NIE Networks trína straitéis 2030 'Córas Fuinnimh Inbhuanaithe a Sholáthar do Chách', sa chás go bhfuil NIE Networks i gcroílár an chórais fuinnimh amach anseo i dTuaisceart Éireann. Trí mheán na straitéise sin, tá an líonra á fhorbairt ag NIE Networks chun tacú le riachtanais fuinnimh Thuaisceart Éireann - líonra atá inbhuanaithe ionas gur féidir le daoine agus le gnólachtaí úsáid a bhaint as leictreachas níos glaine seachas breoslaí iontaise le haghaidh teochta agus iompair. I ndiaidh plé leis na príomhpháirtithe leasmhara, forbraíodh plean gnó RP7 de chuid NIE Networks chun tacú leis an soláthar a straitéise agus chun rochtain éasca ar an gcóras leictreachais a chinntiú. Cuireadh tús le tréimhse RP7 in Aibreán 2025 agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh thréimhse sé bliana go dtí Márta 2031, lena mbaineann caiteachas oibriúcháin agus caipitil ionchais iomlán (Caiteachas Iomlán) £2.2 billiún agus costas caipitil 4.53%.



**Marguerite Sayers**
Leas-Phríomhfheidhmeannach

Beidh tréimhse RP7 ríthábhachtach chun dícharbónú shochaí Thuaisceart Éireann a éascú. Le straitéis NIE Networks, spreagfar an chuideachta chun tuilleadh gineadóirí in-athnuaite a nascadh, cinnteofar go bhfuil dóthain acmhainne ag an líonra le fás, tacófar le breis leictrithe i gcúrsaí téimh agus iompair, cuirfear seirbhís shábháilte agus iontaofa ar fáil, agus coinneofar béim shuntasach ar sheirbhísí do chustaiméirí. Áirítear leis chomh maith cláir atá dírithe ar acmhainneacht chun ceangail a sholáthar go tapa agus go trédhearcach, agus líonra atá sábháilte agus seasmhach don fhoireann agus do na custaiméirí á choinneáil ar bun.

**Tosaíochtaí na bPáirtithe Leasmhara**
Tá tiomantas NIE Networks daingean maidir le sláinte, sábháilte, agus folláine na bhfostaithe, na bpáirtithe conarthacha, na gcustaiméirí, agus an phobail níos leithne a chosaint. Tá rún ag an gcuideachta timpeallacht oibre atá neodrach ó thaobh díobhála de a chur chun cinn, áit ina ndéantar rioscaí a shainaithint go réamhghníomhach, iad a mheasúnú go dian agus iad a rialú go héifeachtach. Fad atá neodracht ó thaobh díobhála de fós mar sprioc, bhí dhá Ghortú is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna) le linn na bliana (2024: dhá cheann). Déantar mioniniúchadh ar gach LTI, le béim ar an gcaoi chun eachtra comhchosúil a sheachaint amach anseo trí fhoghlaim atá faoi thionchar léargais agus cur chun feidhme na mbeart coisctheach. Tríd an aistear cultúrtha Níos Sábháilte Le Chéile laistigh de NIE Networks, leantar le tiomantas NIE Networks dá chroíluachanna sábháilteachta a threisiú, lena gcuirtear cultúr sábháilteachta atá trédhearcach, ionchuimsitheach agus réamhghníomhach chun cinn agus lena spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach ó na páirtithe leasmhara go léir.

Féachann NIE Networks go seasta leis an méid ama a bhíonn custaiméirí gan soláthar mar gheall ar obair bheartaithe nó obair ar fhabhtanna a íoslaghdú. Tugadh isteach spriocanna níos dúshlánaí ó 2025 ar aghaidh le Dreasacht CML RP7 agus tá clár oibre ar bun chun feidhmíocht CML a fheabhsú tuilleadh. Ba é meánlíon na Nóiméad Custaiméara Caillte (CMLanna) a bhí ann mar gheall ar chur isteach beartaithe ar an soláthar ná 48 (2024: 40). Ba é meánlíon na CMLanna a bhí ann mar gheall ar fabhtanna sa líonra dáileacháin ná 39 (2024: 43).

Tá lucht saothair ardoilte agus éagsúil de 1,685 duine (2024: 1,646) fostaithe ag NIE Networks ar fud réimse leathan ról, ó lucht na líne, léitheoirí méadar, agus altairí go hinnealtóirí leictreacha, gairmithe airgeadais agus speisialtóirí AD, agus bíonn ról ríthábhachtach acu go léir i seirbhís atá sábháilte, iontaofa agus ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí ar fud Thuaisceart Éireann. Le linn 2025, ba é NIE Networks an chéad chuideachta a bhain creidiúnú platanaim thriaraigh IIP (Investors in People) amach sa Ríocht Aontaithe, agus creidiúint á fáil aige as a infheistíocht i ndaoine, i bhfolláine agus i bprintíseachtaí. Leis an éacht suntasacht sin, leagtar béim ar thiomantas NIE Networks d'áit oibre den scoth a chruthú ina gcuirtear sármhaitheas, folláine agus fás na bhfostaithe chun cinn ar fud an ghnólachta.

Bhunaigh NIE Networks clár iasachta um Nóta Meántéarmach Euro (EMTN) dar luach £2.5 billiún le linn 2025 trína fhochuideachta NIE Finance plc, lena gcuirtear creat solúbtha ar fáil chun tacú le cistiú na hinfheistíochta caipitiúla suntasaí chun an infheistíocht RP7 £2.2 billiún a sholáthar. Eisíodh banna £350 milliún 10 mbliana d'infheisteoirí caipitil idirnáisiúnta le linn na bliana faoin gclár sin.

**Príomhéachtaí**

Seoladh na straitéise nuashonraithe 'Córas Fuinnimh Inbhuanaithe a Sholáthar do Chách'.

Cuireadh tús leis an bPlean Gnó do RP7 in 2025.

An chéad chuideachta sa Ríocht Aontaithe a bhain creidiúnú platanaim thriaraigh ó Investors in People amach.

## Cás-Staidéar
### Cur crann leis na hOibrithe Deonacha um Chaomhnú (TCV)

Tá NIE Networks i gcomhpháirtíocht anois le TCV chun a chlár cuir crann a chur i gcrích. Aithnítear sa chuideachta go mbaineann an bhithéagsúlacht freisin le gach láithreán agus speiceas atá faoi chosaint a chaomhnú, mar aon le cláir um fheabhsú réamhghníomhach amhail cur crann. Le linn shéasúr cuir crann 2023-2024, chuir an chuideachta breis agus 10,000 crann, agus cuireadh 14,000 crann eile in 2024-2025. Tá sé beartaithe ag NIE Networks 20,000 crann eile a chur le linn shéasúr cuir 2025-2026 ag grúpaí pobail, scoileanna agus tailte faoi úinéireacht na comhairle ar fud Thuaisceart Éireann.



Tá NIE Networks tiomanta dá chinntiú go bhfuil tionchar dearfach aige ar an gcomhshaol foriomlán, ar shaoránaigh Thuaisceart Éireann agus ar a chomhpháirtithe straitéiseacha. Tá an chuideachta tiomanta do bheith ina ghnólacht freagrach trí ardchaighdeán cuí bainistíochta comhshaoil a bhaint amach agus tríd an inbhuanaitheacht a leabú i ngach gníomhaíocht. Tá ról ríthábhachtach ag NIE Networks i ndícharbónú astaíochtaí fuinnimh i dTuaisceart Éireann trí ghiniúint in-athnuaite agus teicneolaíochtaí íseal-charbóin a nascadh.

Bronnadh creidiúnú leibhéil Platanaim ar NIE Networks i Suirbhé Tagarmharcála Comhshaoil Thuaisceart Éireann in 2025, don deichiú bliain as a chéile. Aithnítear sa suirbhé na heagraíochtaí sin a bhfuil a gceanglais dlí á sárú acu ar mhaithe lena dtionchair ar an gcomhshaol a fheabhsú agus a gcuid acmhainní a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Cheadaigh Bord NIE Networks straitéis inbhuanaitheachta na cuideachta do 2025-2031 le déanaí agus cuireadh an chéad phlean gníomhaíochta bliantúil faoin straitéis i gcrích go rathúil in 2025. Leagtar béim ar chuspóirí ESG NIE Networks ar fud 11 phríomhábhar sa Phlean nua 'Daoine, An Pláinéad agus Áiteanna 2025-2031' (Plean DDÁ).

# Giniúint Trádála (GT)

**Léargas Ginearálta**
Tá an gnó GT freagrach as punann ESB de shócmhainní giniúna leictreachais faoi pháirtúinéireacht agus faoi lánúinéireacht a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tá punann trádála shuntasach sócmhainní fuinnimh faoi úinéireacht sócmhainní agus tríú páirtithe aige. Tá 6.3 GW de shócmhainní giniúna i bhfeidhm san fhlít giniúna ar fud oileán na hÉireann agus na Breataine Móire (GB), lena n-áirítear 2 GW d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (gaothfhuinneamh, hidreafhuinneamh, grianfhuinneamh) agus sócmhainní cumasaithe in-athnuaite (cadhnraí, stóras caidéalaithe) agus 1.2 GW de Ghiniúint Éigeandála Shealadach agus Meicníocht Chraptha Spriocdhírithe de chuid GT faoi stiúir EirGrid. Chomh maith leis sin, tá acmhainn tógála 1.3 MW thar réimse teicneolaíochtaí ag ESB. Trí bhéim láidir a leagan ar shábháilteacht, soláthraíonn GT luach ar na bealaí seo a leanas:

- Táirgí mórdhíola agus trádáilte a sholáthar chun freastal ar riachtanais mhargaidh agus chustaiméara
- Seirbhísí acmhainne agus córais a sholáthar chun tacú le heangach leictreachais láidir agus chun comhtháthú athnuaiteán a éascú
- Feidhmíocht phunann giniúna ESB a bharrfheabhsú chun tacú le slándáil an tsoláthair
- Sócmhainní fuinnimh nua a sholáthar chun tacú leis an aistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin
- Cúrsaí a phlé ar bhealach cuiditheach le pobail atá lonnaithe gar do thionscadail tógála agus do shócmhainní oibriúcháin

Leagtar amach sonraí fheidhmíocht airgeadais GT le linn 2025 sa Rannóg Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36.

**Athbhreithniú Oibriúcháin**
Tá gnó na giniúna fós ag athrú go tapa. Athraíodh an tírdhreach agus cruthaíodh timpeallacht oibriúcháin dhúshlánach mar gheall ar iomaíocht, rialúchán agus beartais dícharbónaithe an rialtais.

Feidhmíonn GT a ngnó agus béim á leagan aige ar an tionchar ar an timpeallacht a laghdú, agus é mar aidhm giniúint in-athnuaite a mhéadú agus déine carbóin na giniúna leictreachais trí chéile a laghdú. Tar éis 40 bliain i mbun feidhme, chuir ESB deireadh le dó guail ina stáisiún cumhachta i nGob na Muine in 2025, céim mhór chun tosaigh don Ghrúpa maidir lena straitéis dícharbónaithe. Bhí aschur $CO_2$ ó mhonarchana giniúna GT in 2025 cothrom le c.4.7Mt $CO_2$e COe níos ísle ná 2005 (an bhliain tagartha), thart ar 68% agus laghdaíodh déine carbóin na giniúna 53% go dtí 314g $CO_2$e/kWh le linn na tréimhse céanna. Cé gur chobhsaigh na margaí breoslaí i rith 2025, tá praghsanna gáis fós níos airde ná mar a bhí siad roimh ghéarchéim na hÚcráine in 2022.

**Slándáil an tSoláthair**
Tá sé tábhachtach go gcinnteofar slándáil an tsoláthair maidir le haistriú bainistithe chuig glan-nialasacht. Tá GT meáite ar ról a bheith aige trí fhlít giniúna inseolta de chuid ESB atá ann cheana féin a bhainistiú agus infheistiú ann agus trí acmhainn nua a bhaint amach don chóras de réir mar is cuí.

Áirítear na nithe seo a leanas ar an dul chun cinn a rinneadh i rith 2025:

- Athraíodh oibríochtaí guail go hoibríochtaí ola i stáisiún cumhachta Ghob na Muine. Ó mhí an Mheithimh 2025, tá an stáisiún cumhachta tar éis an margadh fuinnimh a fhágáil ach tá conradh aige maidir le cumhacht a sholáthar i dtréimhsí ina mbíonn ganntanas cumhachta má tarlaíonn a leithéid.



**Jim Dollard**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Giniúint agus Trádáil

- Leanadh ar aghaidh le tógáil aonad an ghástuirbín timthrialla oscailte (OCGT) sa Pholl Beag, Baile Átha Cliath, ina bhfuil acmhainn giniúna 299MV ar an iomlán agus meastar go mbainfear feidhmíocht tráchtála amach go luath in 2027.
- Baineadh clár cothabhála bliantúil an stáisiúin cumhachta amach le haghaidh sócmhainní reatha.

**Dul Chun Cinn a Rinneadh i nDáil le Straitéis In-Athnuaite GT**
Tá GT ag tabhair faoi Straitéis ESB um Ghlan-nialasacht faoi 2040 ESB go gníomhach agus tá píblíne sócmhainní forbartha de os cionn 10 GW forbartha aige. Tá GT ag infheistiú i sócmhainní fuinnimh in-athnuaite thar réimse teicneolaíochtaí agus tá sprioc uaillmhianach aige 5GW de shócmhainní fuinnimh in-athnuaite a bheith i bhfeidhm aige ar fud na hÉireann agus na Breataine Móire faoi 2030. Ar mhaithe leis an sprioc sin a chomhlíonadh táthar ag tógáil píblíne forbartha thar réimse teicneolaíochtaí.

Áiríodh na nithe seo a leanas agus dul chun cinn á dhéanamh in 2025 maidir le fuinneamh gaoithe cois cladaigh agus fuinneamh na gréine agus na spriocanna seo á mbaint amach:

- I mí Feabhra 2025, d'éadáil an ESN Leitir Mucú, feirm gaoithe oibrithe cois cladaigh 101 MW atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe.
- Fuinnmhíodh an chéad tionscadal gréine faoi lánúinéireacht ESB, Bullstown, i gContae na Mí (8 MV), go hiomlán i mí Mheán Fómhair 2025.
- Leanadh ar aghaidh le tógáil seacht dtionscadal grianfhuinnimh, faoi lánúinéireacht, a bhfuil 422 MW d'acmhainn luaite leo, ar éirigh leo cheana féin i gceantanna RESS.
- D'éirigh le dhá thionscadal grianfhuinnimh bhreise faoi lánúinéireacht (205 MW) mar chuid de cheant RESS 5 le linn 2025.

**Príomhéachtaí**

Baineadh Dúnadh Airgeadais amach le haghaidh Inch Cape i mí Eanáir 2025 agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tógáil i rith na bliana.

D'éirigh le Tonn Nua i gceant an ORESS - fuarthas cearta chun acmhainn gaoithe 900 MW amach ón gcósta a sholáthar.

Cuireadh deireadh le hoibríochtaí guail i nGob na Muine i mí an Mheithimh 2025.



- Rinne FuturEnergy, comhfhiontar idir ESB agus Coillte chun suas le 1,000 MV d'fheirmeacha gaoithecois cladaigh a fhorbairt ar thailte Choillte in Éirinn Cinneadh Infheistíochta Deiridh faoi Dhroim na hUamha, go ndéanfaí feirm ghaoithe 58 MW a fhorbairt i gContae Dhún na nGall i gcomhar le SSE.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana i dtionscadail forbartha píblíne gaoithe amach ón gcósta ESB, go suntasach:

- Bhain Inch Cape, tionscadal forbartha feirme gaoithe 1,080 MW amach ón gcósta comhfhiontair 50/50, Dúnadh Airgeadais amach go luath in 2025. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an tógáil de réir mar a bhí measta agus táthar ag súil go mbainfear oibríochtaí tráchtála amach in 2027.
- D'éirigh le comhpháirtíocht an ESB le Ørsted i gceant ORESS 2.1 i mí na Samhna 2025 lena bhfuarthas cearta le haghaidh an tsuímh Tonn Nua chun acmhainn gaoithe 900 MW amach ón gcósta a sholáthar.
- D'éirigh leis an tionscadal gaoithe amach ón gcósta, Neart na Gaoithe 448MW, comhfhiontar 50/50 ar chósta thoir na hAlban, oibríochtaí tráchtála a bhaint amach i mí na Bealtaine 2025.

Chomh maith leis sin, tá GT ag forbairt sócmhainní a thacóidh leis an eangach aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin, amhail sócmhainní stórála cadhnraí agus hidrigine glaise, cúititheoirí sioncrónacha agus aonaid ghás-adhainte sholúbtha a fhreagraíonn go tapa d'éileamh ón gcóras agus a éascóidh foinsí fuinnimh in-athnuaite ar mhórscála amach anseo. Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana, lena n-áirítear:

- Lean ESB ag obair lena bpáirtithe dCarbonX/Snam (an Iodáil) agus BGE/Centrica (RA) faoi scáth Kestrel Energy Storage DAC agus tá siad ag díriú ar stóras hidrigine faoi thalamh a fhorbairt ar scála straitéiseach/séasúrach i ngáscheantar Bhaile Choitín amach ó chósta Chorcaí. Ar an gcéad dul síos, ar feitheamh táirgeadh hidrigine ar mhórscála, d'fhéadfaí gás nádúrtha a stóráil ar an láithreán chun slándáil soláthair na hÉireann a fheabhsú.
- Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair ar chlár píolótach ESB, Tionscadal Tí Solais Hidrigine. Ghlac ESB soláthar aonad breosla-chille hidrigine agus chuir sé tús le clár um úsáid shealadach chuig suíomhanna tríú páirtí agus ESB in 2025, lena léirítear an úsáid a bhaintear as giniúint cumhachta hidrigine astaíochtaí nialasacha i bhfeidhmeanna éagsúla.

## Cás-Staidéar
## Gob na Muine

Tá Gob na Muine, a forbraíodh sna 1980idí ar cheann de na stáisiúin ghiniúna fuinnimh is mó in Éirinn agus tá sé lárnach i gcumhachtú chóras leictreachais na hÉireann ó shin. Tá ESB ag díriú ar Ghob na Muine a athrú ó bhonn thar na deich mbliana atá amach romhainn agus i mí an Mheithimh 2025, ba é an t-aistriú ó ghiniúint guail chuig ola, tar éis 40 bliain, an chéad chéim chun tosaigh don stáisiún. Ní fheidhmeofar an stáisiún cumhachta sa mhargadh fuinnimh níos mó agus beidh sé ina stáisiún cumhachta cúltaca don chóras i gcás ganntanas sa chóras. Cuireadh an t-aistriú i mbreoslaí i bhfeidhm nuair a críochnaíodh clár oibre go rathúil chun na trí aonad a aistriú chuig oibríocht ola. Ba gharsprioc thábhachtach í sin i ndul chun cinn ESB i dtreo glan-nialasachta agus ba chéim shuntasach í chun Gob na Muine a aistriú go mol fuinnimh in-athnuaite, agus tacaíocht a tabhairt do thodhchaí ísealcharbóin fad is a leantar le tacaíocht a thabhairt do shlándáil fuinnimh.

Tosaíodh an t-aistriú ó ghiniúint breoslaí iontaise ar shuíomh Ghob na Muine in 2017 nuair a tógadh feirm ghaoithe 17 MW cois cladaigh. In 2021, d'fhógair ESB Green Atlantic @ Moneypoint, plean uaillmhianach na n-ilbhilliún euro chun an suíomh a aistriú chuig ceann de na moil fuinnimh in-athnuaite is mó sa tír, lena n-úsáidtear a bport domhain agus an bonneagar atá ann cheana. Cuireadh an chéad chéim den phlean sin i gcrích in 2022 le hinfheistíocht €50 milliún i gcéadchúititheoir sioncronach na hÉireann, teicneolaíocht saor ó charbón lena gcuirtear ar chumas an chórais méideanna leictreachais in-athnuaite atá ag síormhéadú a úsáid.



# Réitigh do Chustaiméirí

**Léargas Ginearálta**
Áirítear le Réitigh Custaiméirí gnólachtaí miondíola de chuid ESB in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, lena n-áirítear Electric Ireland, So Energy, Electric Ireland Superhomes, Seirbhísí Fuinnimh Chliste ESB (SES), agus ESB ecars, mar aon leis an ngnólacht mórdhíola Teileachumarsáide.

Agus os cionn 1.3 milliún cuntas custaiméara agus sciar den mhargadh leictreachais uile-oileáin de 32% ag Electric Ireland, soláthraíonn sé leictreachas agus gás do gach deighleog den mhargadh i bPoblacht na hÉireann (PÉ), idir theaghlaigh chónaithe agus ghnólachtaí móra tionsclaíocha agus tráchtála, agus díríonn sé ar an margadh gnó i dTuaisceart Éireann (TÉ). Freastalaíonn So Energy, an branda miondíola sa Bhreatain Mhór ar níos mó ná 0.3 milliún cuntas leictreachais agus gáis chónaithe.

Is "Ionad Ilfhreastail" é Electric Ireland Superhomes atá freagrach as bainistíocht tionscadail na bpríomhchéimeanna iarfheistithe fuinnimh tí, idir dhearadh agus chur i gcrích an tionscadail agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú deontais ó SEAI.

Tá líonraí luchtaithe feithiclí leictreacha atá le húsáid ag an bpobal ar fud Phoblacht na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire á dtógáil, faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag ESB ecars.

Dearann, forbraíonn agus soláthraíonn SES ESB réitigh fuinnimh ísealcharbóin d'úsáideoirí móra fuinnimh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Feidhmíonn ESB Telecoms laistigh de mhargadh teileachumarsáide mórdhíola Phoblacht na hÉireann, agus déanann sé os cionn 400 láithreán tarchurtha teileachumarsáide agus os cinn 2,000 km de líonra cáblaí snáth-optaice a chothabháil agus a fheidhmiú.

Bhí feidhmíocht airgeadais fhoriomlán láidir ag Customer Solutions le linn 2025, mar a leagtar amach sa mhír Athbhreithnithe Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36. Mar sin féin, bhí tionchar ag an dian-iomaíocht i margadh miondíola na Breataine Móire ar fheidhmíocht agus ar uaillmhianta fáis So Energy. Mar thoradh air sin, aithníodh bearnú dea-thola €22 milliún a bhain le héadáil So Energy in 2021 le linn 2025.

**Athbhreithniú Oibriúcháin**
Tá Electric Ireland tiomanta do luach leanúnach a sholáthar dá chustaiméirí agus le linn na bliana d'fhógair sé laghdú 4% ar a phraghsanna gáis chónaithe ón 1 Samhain 2025 agus praghsanna leictreachais chónaithe á gcoinneáil gan athrú dá 1.1 milliún custaiméir leictreachais chónaithe. Ba é sin an ceathrú laghdú praghais as a chéile do chustaiméirí gáis chónaithe ó mhí na Samhna 2023, rud a fhágann gur soláthraíodh laghdú carnach de bheagnach 24%, agus coigilteas €390 ar an meánbhille bliantúil gáis. Tá ceann de na rátaí athraitheacha leictreachais caighdeánacha is ísle i margadh Phoblacht na hÉireann á sholáthar go comhsheasmhach ag Electric Ireland, chomh maith le lascaíní buana suas le 8.5% a sholáthar do chustaiméirí a roghnaíonn dochar díreach agus billeáil ar líne.

Aithníonn Réitigh do Chustaiméirí na brúnna airgeadais atá roimh chustaiméirí agus rinne sé athbhreithniú ar a ghníomhaíochtaí tacaíochta dá chustaiméirí is leochailí ó thaobh airgeadais de le linn 2025. Cuireann Electric Ireland pleananna íocaíochta solúbtha, roghanna Íoc Mar a Úsáideann Tú (PAYG), Pleananna Méadair Chliste, léargas ar úsáid fuinnimh agus leideanna agus comhairle phraiticiúil maidir le spáráil fuinnimh ar fáil. Chomh maith leis sin, i gcás gheimhreadh 2025/2026, chuir Electric Ireland Ciste sealadach um Chúnamh Trócaireach chun feidhme lena soláthraítear faoiseamh airgeadais



**Pat Fenlon**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Réitigh do Chustaiméirí

díreach do chustaiméirí incháilithe trína gcuntas leictreachais nó gáis i gcomhar le comhpháirtithe Customer Solutions, MABS agus Alone. Mar an gcéanna, sa Bhreatain Mhór, lean So Energy le taraifí praghsanna seasta iomaíocha a thairiscint, lena n-áirítear lascaine ar an gcaidhp phraghais rialála a fhorchuir Ofgem.

Tá Electric Ireland i gcomhpháirtíocht le EnergyCloud chun teicneolaíocht chliste a úsáid ar bhun píolótach chun uisce te a sholáthar ó fhuinneamh in-athnuaite breise chun cuidiú le tearcrochtain fuinnimh a laghdú, agus le SEAI chun fótavoltachas gréine arna mhaoiniú trí dheontas a sholáthar do chustaiméirí atá leochaileach ó thaobh leighis de a bhraitheann ar threalamh tacaíochta saoil leictreach sa bhaile.

Trí urraíochtaí, tá sé mar aidhm ag Electric Ireland pobail in Éirinn a thabhairt isteach agus a spreagadh chun tacú leo. Tá urraíochtaí bunaithe ar thrí phríomhcholún: An Comhshaol, an Pobal agus an Cultúr. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar leathanach 57.

**Réitigh Nuálacha**
Leanann Réitigh do Chustaiméirí le cuidiú a thabhairt do chustaiméirí le roghanna eolacha a dhéanamh maidir lena riachtanais fuinnimh trí réitigh nuálacha, rud a laghdóidh ídiú fuinnimh agus a shábhálfar airgead ar deireadh. Is bealach simplí, iomasach é aip shoghluaiste Electric Ireland do chustaiméirí lena gcuntais a bhainistiú, agus tairgeann sí gnéithe amhail féachaint ar bhillí agus ar chuntais, íocaíochtaí, léargas mionsonraithe ar chostas agus ar úsáid fuinnimh, léamh méadair a chur isteach, agus seirbhísí eile. Tá a glacadh ag custaiméirí Electric Ireland méadaithe go dtí os cionn 20% agus tá sí ar cheann de na haipeanna fóntais is ardmholta, agus í rangaithe go seasta i measc na 10 n-aip saor in aisce is fearr sa chatagóir uirlisí/fóntas. Tá roinnt gradaim deartha agus nuálaíochta buaite ag a ghné 'Léargas Cliste', lena n-áirítear Buaiteoir i nDearadh Eispéiris (Dearadh Táirgí Digiteacha) ag Gradaim Institiúid Dearthóirí Éireann agus Buaiteoir Óir sa Chatagóir Seirbhíse agus Fóntais ag Gradaim Chumann Meán Idirghníomhach na Breataine. Is féidir le custaiméirí a roghnaíonn seirbhísí digiteacha rochtain a fháil ar bhilleáil gan pháipéar tríd an aip nó tríd an tairseach gréasáin, rud a laghdaíonn úsáid páipéir agus a thacaíonn le turas Electric Ireland i dtreo glan-nialasachta.

Baineann os cionn 280,000 custaiméir de chuid Electric Ireland leas as taraifí iomaíocha atá deartha chun cuidiú leo a n-ídiú fuinnimh a bharrfheabhsú. Is féidir le custaiméirí praghasphlean méadair chliste rochtain a fháil ar léargas ar úsáid fuinnimh leathuair an chloig, moltaí taraife saincheaptha, agus gnéithe feabhsaithe bainistithe fuinnimh. Tá méadair chliste ar fáil i bhformáid PAYG freisin.

**Gnólachtaí Miondíola Eile**
Soláthraíonn So Energy suiteálacha gréine, cadhnraí agus feithiclí leictreacha fós agus forbraíodh a ardáin custaiméirí tuilleadh agus seoladh aip nua in 2025, rud a thugann rochtain agus smacht iomlán do chustaiméirí ar gach seirbhís.

Cuireann Réitigh do Chustaiméirí luchtairí tí feithiclí leictreacha, córais fótavoltachais gréine agus réitigh stórála ceallraí ar fáil do líon custaiméirí cónaithe atá ag méadú agus cuireann sé hathchóirithe cuimsitheacha tí ar fáil chomh maith trí scéimeanna Electric Ireland Superhomes agus ECO (Oibleagáid Cuideachta Fuinnimh) sa Bhreatain Mhór. Tacaíonn Electric Ireland le breis agus 60,000 custaiméir micrighiniúna cónaithe trí luach saothair a thabhairt dóibh as fuinneamh onnmhairithe, rud a chuireann ar a gcumas dul ar aghaidh chuig a dturas glan-nialasachta.

Leanann Réitigh do Chustaiméirí ag leathnú agus ag uasghrádú a líonra luchtaithe feithiclí leictreacha phoiblí agus anois tá sé ábalta tacú le luchtú suas le 1,400 feithicil leictreach ag aon am amháin in Éirinn agus luchtú suas le 450 feithicil leictreach ar a líonra sa Bhreatain Mhór. D'fhás acmhainn iomlán an líonra luchtaithe ó thart ar 62,000 kW go dtí thart ar 73,000 kW. In 2025, chríochnaigh ESB ecars a chomhinfheistíocht ilbhliantúil €23 milliún le Ciste Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, garsprioc mhór in aistriú na hÉireann chuig iompar leictreach. Leis an tionscnamh, soláthraíodh 55 comhthiomsú athluchtaithe nua agus rinneadh na céadta pointe luchtaithe ar fud Phoblacht na hÉireann a uasghrádú agus a athsholáthar. Lean ESB lena líonra i dTuaisceart Éireann a leathnú freisin, lena n-áirítear soláthar dhá Mhol Luchtaithe Ardchumhachta nua, le tacaíocht ó Chiste Feabhsúcháin. Sa Bhreatain Mhór, chuir ESB tús le clár chun 70 mearluchtaire sráide a sholáthar i gcomhar le Comhairle Buirge Hackney i Londain.

Cuireann SES ESB réitigh fuinnimh ísealcharbóin ar scála mór ar fáil do chustaiméirí tráchtála chun astaíochtaí agus úsáid fuinnimh a laghdú agus chuir sé roinnt tionscadail thábhachtacha chun cinn dá chustaiméirí tráchtála le linn na bliana, lena n-áirítear suiteálacha fótavoltachais gréine ar an talamh ag Feirmeacha Gréine MSD Brinny agus Bhéal Átha Ragad Tirlán.

Tacaíonn ESB Telecoms lena chustaiméirí cumarsáid iontaofa a sholáthar ar fud Phoblacht na hÉireann. I ndiaidh triail rathúil in 2024, chuir ESB Telecoms tús le clár in 2025 chun grianpháinéil a chur lena gcábáin Pointe Rochtana Idirlín ar fud na tíre. A bhuí leis sin, laghdófar billí custaiméirí agus cuirfidh sé le spriocanna glan-nialasachta.

**Príomhéachtaí**

Choinnigh Electric Ireland praghsanna leictreachais mar an gcéanna agus laghdaigh sé praghsanna gáis le linn gheimhreadh 2025/2026, i gcomhthéacs arduithe praghais ag a lán iomaitheoirí.

Chuir ESB ecars clár infheistíochta luchtaithe feithiclí leictreacha dar luach €23 milliún i gcrích, arna chómhaoiniú ag Ciste Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Sholáthair SES ESB suiteálacha suntasacha tionsclaíocha caidéil teasa agus gréine do chustaiméirí móra in Éirinn.

## Cás-Staidéar
## Tionscadal Feirme Gréine Tirlán

Le linn 2025, d'fhógair SES ESB comhpháirtíocht le Tirlán ar mhórthionscadal feirme gréine ag a saoráid phróiseála déiríochta chomhtháite ilchuspóireach i mBaile Átha Ragad, Co. Chill Chainnigh.

Tá an fheirm ghréine 6.5 heicteár 8 MWp atá suite ar an talamh, le bheith críochnaithe go luath in 2026. Leis an tionscadal féinghiniúna "taobh thiar den mhéadar" sin, ginfear thart ar 7.6 GWh d'fhuinneamh glan gach bliain a fhreastalóidh ar 34% de riachtanais leictreachais allmhairithe na saoráide. Is ionann sin agus cumhacht a sholáthar do bhreis agus 1,700 teaghlach ar feadh bliana. Leis an eagar gréine, atá comhdhéanta de 12,816 painéal fótavoltach agus 32 inbhéirteoir, déanfar laghdú thart ar 2,100 tona $CO_2$ in aghaidh na bliana ar lorg carbóin an láithreáin. Thar a shaolré 25 bliain, soláthrófar thart ar 50,000 tona d'astaíochtaí $CO_2$, arb ionann é sin agus 450 gluaisteán díosail a bhaint de bhóithre na hÉireann nó 94,000 crann síorghlas a chur.




Brandaí agus Gnólachtaí

Seirbhísí Fuinnimh Chliste

# Innealtóireacht agus Mórthionscadail (EMP)

**Léargas Ginearálta**
Is é EMP ionad bairr feabhais innealtóireachta agus mórsholáthar tionscadal ESB. Forbraíonn agus soláthraíonn EMP tionscadail chasta, ardluacha ar fud ESB, bainistíonn sé Maoin agus Slándáil an Ghrúpa, agus soláthraíonn sé comhairleoireacht innealtóireachta trí ESB International. Agus níos mó ná 1,000 gairmí ard-oilte ag EMP, tá ról ríthábhachtach aige maidir le Straitéis ESB um Ghlan-nialasacht faoi 2040 a chur chun feidhme trí bhonneagar giniúna, tarchurtha agus dáileacháin a sholáthar a thacóidh le dícharbónú agus slándáil soláthair.

**Athbhreithniú Oibriúcháin**
In 2025, chuir EMP mórchláir infheistíochta chun cinn ar fud Generation Trading agus ESB Networks, agus ESB International á aistriú chun díriú ar thosaíochtaí straitéiseacha intíre.

**Giniúint agus Trádáil**
I gcomhpháirtíocht le Generation Trading, rinne EMP dul chun cinn ar fhorbairt agus ar chruthú punainne éagsúla tionscadal giniúna in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Cuimsítear leis na tionscadail sin teicneolaíochtaí grianfhuinnimh, fuinnimh theirmigh, agus teicneolaíochtaí gaoithe cois cladaigh agus amach ón gcósta araon, rud a chuireann bonn faoi thiomantas ESB maidir le dícharbónú agus slándáil córais. Lean EMP le tacaíocht innealtóireachta agus theicniúil a sholáthar maidir le tionscnamh Green Atlantic @ Moneypoint a fhorbairt, rud a athróidh an suíomh ó bhonn go mol fuinnimh ghlais. I measc na mbuaicphointí le linn na bliana, bhí:

- Cuir i gcrích agus aistriú chéad tionscadal grianfhuinnimh fóntais ar scála ESB ag Bullstown, Co. na Mí i mí an Mhárta 2025.
- Cuireadh tús le tógáil punainne grianfhuinnimh 422 MW ar fud go leor láithreán, lena n-áirítear Baile an Mhuilinn, mol Loch Garman, Carraig an Longaigh, Clais Liam, An Drom Beag 1, An Drom Beag 2, agus Teach an Bhaile Láir.
- Forbairt tionscadal grianfhuinnimh breise le haghaidh próisis ceantála amach anseo (bronnadh 205 MW breise in RESS 5 le linn 2025 ar ESB).
- Cuireadh tús le céim thógála aonaid gástuirbín timthrialla oscailte 299 MW ag an bPoll Beag, Baile Átha Cliath.
- Baineadh oibríochtaí tráchtála amach ag Droichead na Sionainne le 262 MW d'acmhainn giniúna éigeandála sealadaí, rud a thacaíonn le slándáil an chórais.
- Athchóiriú Ghob na Muine chun ola a úsáid mar bhreosla i ndiaidh scor de ghiniúint guail, rud a d'éascaigh oibriú leanúnach le linn an aistrithe go mol fuinnimh ghlas.
- Tacaíocht leanúnach do thionscadail ghaoithe amach ón gcósta, lena n-áirítear tógáil Inch Cape (1,080 MW) agus Neart na Gaoithe (448 MW) a bhain oibriú tráchtála amach i mí na Bealtaine 2025, agus ionchur teicniúil don tairiscint rathúil ORESS le haghaidh tionscadal gaoithe amach ón gcósta, Tonn Nua 900 MW, amach ó chósta theas na hÉireann.

**ESB Networks**
Sholáthair EMP tionscadail mhórscála tarchurtha agus dáileacháin do ESB Networks chun athléimneacht an chórais a fheabhsú, giniúint in-athnuaite a nascadh, agus custaiméirí a chumhachtú. Bainistíodh os cionn €370 milliún d'infheistíocht chaipitiúil ar fud níos mó ná 80 láithreán tógála ar fud na tíre, ag baint úsáid as réimse straitéisí conarthacha agus rannpháirtíocht réamhghníomhach fhairsing páirtithe leasmhara le EirGrid, conraitheoirí, soláthraithe, údaráis, baill den phobal agus úinéirí talún. Áiríodh leis na tionscadail fostáisiúin, línte lasnairde, agus cáblaí faoi thalamh, agus iad uile deartha chun go seasfaidh an líonra an aimsir agus chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú. Áirítear an méid seo a leanas le bpríomhéachtaí in 2025.

- Baineadh dul chun cinn suntasach amach maidir le EPC (Innealtóireacht, Soláthar agus Tógáil) ar chlár na bhfostáisiún agus rinneadh dul chun cinn freisin maidir le stáisiúin mhóra eile 38 kV/110 kV/220 kV/400 kV trí mhodheolaíochtaí soláthair eile a úsáid. Mar shampla, críochnaíodh fostáisiún 110 kV Dhoire Iarainn i gContae Uíbh Fhailí, rud a mhéadaíonn an acmhainn áitiúil agus a cheanglaíonn tionscadail in-athnuaite.
- Cuireadh an Clár Athsholáthair Cáblaí Líonta le Sreabhán 38 kV chun cinn le ceithre fhuinnmhiú, agus cuireadh tionscadail nua tógála cáblaí chun cinn lena n-áirítear tús a chur le Tuaisceart Chonnachta (110 kV) in 2025. Tionscadal suntasach a críochnaíodh ba ea athsholáthar cáblaí líonta le sreabhán 38 kV ar Bhóthar na Dothra–Teach Mealóg, a comhtháthaíodh le scéimeanna uasghrádaithe Shráidbhaile Theach Mhealóg agus Ghlasbhealach na Dothra de chuid Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

**Paul Smith**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Innealtóireacht agus Mórthionscadail



- Baineadh roinnt fuinnmhithe amach sa Chlár Línte Lasnairde, lena n-áirítear críochnú uasghrádaithe líne lasnairde 110 kV Ghleann Rí-Mhaigh, rud a fheabhsaíonn acmhainn agus athléimneacht san Iarthuaisceart.
- Cuireadh go leanúnach le soláthar EPC agus Deartha agus Tógála le hocht ndámhachtain conartha agus 11 tairiscint a cuireadh amach ar an margadh in 2025 lena gcur i gcrích thar PR6.
- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa slabhra soláthair chun rioscaí a mhaolú le straitéisí éagsúla soláthair.

**Maoin agus Slándáil an Ghrúpa**
Lean Maoin agus Slándáil an Ghrúpa le punann maoine agus oibríochtaí slándála ESB a bhainistiú, rud a chinntíodh úsáid shábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe sócmhainní. In 2025, thacaigh an fhoireann le hidirbhearta maoine straitéiseacha agus le huasghráduithe ar ionaid oibre atá ag teacht le cuspóirí fadtéarmacha ESB.

**ESB International**
I ndiaidh athbhreithniú straitéiseach in 2024 agus athstruchtúrú in 2025, díríonn ESB International anois ar thacú le Straitéis ESB um Ghlan-nialasacht faoi 2040 in Éirinn, agus conarthaí cliant atá ann cheana á mbainistiú go dtí go mbeidh siad críochnaithe.



# Seirbhísí Fiontraíochta

**Léargas Ginearálta**
Is é cuspóir na Seirbhísí Fiontraíochta tacú le Straitéis ESB um Ghlan-nialasacht faoi 2040 trí threoir, comhairle agus tacaíocht a sholáthar ina príomhréimsí saineolais, rud a éascóidh agus a chur chun cinn an t-aistriú go todhchaí fuinnimh ghlain inbhuanaithe. Is é seo a leanas príomhréimsí saineolais Sheirbhísí Fiontraíochta:

- Feidhmiú mar chomhairleoir do Ghrúpa ESB i ndáil le seirbhísí gairmiúla, atá dírithe ar straitéise agus cruthú luacha.
- Próisis agus seirbhísí criticiúla gnó a chur ar fáil do Ghrúpa ESB, atá dírithe ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus eispéireas oibríochtúil.
- Bheith i gceannas ar aistriú digiteach ESB, ag baint leas as teicneolaíocht dhigiteach agus sonraí, chun straitéis ESB um ghlan-nialasacht a bhaint amach.

**Athbhreithniú Oibriúcháin**
Is iad na Seirbhísí Fiontraíochta, ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht leis na haonaid ghnó eile in ESB, an t-ionad bairr feabhais do réimse leathan próisis agus seirbhísí gnó atá ríthábhachtach d'oibríochtaí, d'fheidhmíocht agus do sholáthar straitéise ar fud an Ghrúpa.

**Comhairle a chur ar fáil agus príomhphróisis agus príomhsheirbhísí a sholáthar**
Le linn 2025, sholáthair Seirbhísí Fiontraíochta sainchomhairle i réimsí seirbhísí gairmiúla amhail Soláthar, Árachas, Pinsin agus TF/Digitiú, rud a éascaíonn soláthar príomhphróiseas gnó, tionscadal agus tosaíochtaí straitéiseacha do ESB. Is é seo a leanas cuid den phríomh-mhéid a baineadh amach ón mbliain:

- Thacaigh an lucht soláthair le caiteachas gnó €2.4 billiún thar 4,000 soláthraí agus chuir sé tús le tionscnamh straitéiseach chun srianta slabhra soláthair ar sholáthar straitéise a mhaolú. Mar bhall bunaidh de Scoil Inbhuanaitheachta Slabhra Soláthair na hÉireann, tá an lucht Soláthair fós i gceannas ar sholáthar inbhuanaithe agus ar chosaint chearta an duine i slabhra soláthair ESB agus sheol sé Cairt Soláthraithe nuashonraithe in 2025.
- I ndiaidh athbhreithniú a rinne an Rannóg Pinsean, agus sular tugadh isteach scéim pinsean uathchláraithe an Rialtais, cláráfar fostaithe nua, lena n-áirítear printísigh, i Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB ó seo amach.
- Chinntigh na Seirbhísí Fiontraíochta timpeallachtaí oibre sábháilte agus inbhuanaithe trí sheirbhísí bainistíochta saoráidí ardchaighdeáin agus trí roinnt tionscadal a chur i gcrích chun éifeachtúlacht fuinnimh in eastát maoine uile ESB a mhéadú.
- Tugadh aitheantas seachtrach don fhoireann Oibríochtaí Airgeadais, mar chuid den Airgeadas, le linn na bliana, mar bhuaiteoir foriomlán Ghradam na gCuntas Foilsithe as barr feabhais i dtuairisciú airgeadais i ndáil le Tuarascáil Bhliantúil 2024.
- D'éirigh le foirne ar fud na Seirbhísí Fiontraíochta réimse leathan próisis agus seirbhísí ghnó ríthábhachtacha a sholáthar freisin, ag iad ag gníomhú mar chomhpháirtí iontaofa laistigh de ESB, ag oiriúnú agus ag forbairt i gcónaí chun freastal ar éilimh oibríochtúla agus straitéiseacha araon.

**Teicneolaíocht Dhigiteach agus Sonraí**
I gcomhréir le huaillmhianta ESB maidir le leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus sonraí mar phríomhchumasóir feidhmíochta gnó agus soláthair straitéise, tá príomhról ag na Seirbhísí Fiontraíochta i gcur chun cinn an aistrithe dhigitigh agus sonraí ar fud ESB. In 2025, bhain sé sin le bainistíocht réamhghníomhach ar thírdhreach TF agus digiteach ESB, cultúr agus cumas digiteach a chur chun cinn agus clár suntasach infheistíochta TF agus digití a sholáthar. Áiríodh leis sin cur chun feidhme réimse leathan réitigh IS chun réitigh fuinnimh níos cliste, barr feabhais oibríochtúil agus inbhuanaitheacht a spreagadh, agus creataí rialachais agus beartais láidre mar bhonn leo. Rinneadh dul chun cinn maith le linn na bliana ar úsáid IS Giniúnach, trí Microsoft Copilot, leis an nglacadh atá ag méadú agus sástacht láidir fostaithe le cumas agus breisluach an táirge. A bhuí leis na tionscnaimh sin agus tionscnaimh eile, cuireadh feabhas ar aibíocht dhigiteach agus chibearshlándála ESB in 2025, rud a fhágann go bhfuil an eagraíocht réidh do nuálaíocht, athléimneacht agus comhlíonadh amach anseo. Léirítear leis an dul chun cinn láidir a rinneadh in 2025 maidir le nuálaíocht dhigiteach agus sonraí a chur chun cinn nuair a bhuaigh foirne ESB roinnt gradaim sheachtracha, lena n-áirítear Gradam Thionscadal TF na Bliana san Earnáil Phoiblí, Gradam Éagsúlachta agus Cuimsithe IS agus an Gradam um Dhearadh Táirgí Digiteacha.

**Rannpháirtíocht, Cumas agus Fás**
Tá príomhról ag na Seirbhísí Fiontraíochta maidir leis na hinniúlachtaí a fháil a theastaíonn ar fud ESB chun an Straitéis um Ghlan-nialasacht faoi 2040 a sholáthar. Áirítear leis sin ról Oibríochtaí Daoine na Seirbhísí Fiontraíochta maidir le soláthar clár foghlama agus forbartha ar fud ESB agus trína fhoireann um Thallann a Fháil. In 2025, d'éirigh leis na hOibríochtaí Daoine os cionn 1,000 duine a earcú isteach san eagraíocht, lena n-áirítear daoine a bhí ag tosú amach ina ngairmeacha

**Geraldine Heavey**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Seirbhísí Fiontraíochta



amhail printísigh agus céimithe. Tugadh aitheantas do bharr feabhais san earcaíocht ag Gradaim Earcaíochta do Chéimithe gradireland 2025 nuair a bhuaigh an fhoireann gradaim sa chatagóir 'Gradam Earcaíochta d'Fhóntais, Fuinnimh agus Foinsí In-athnuaite', 'An Clár Intéirneachta is Fearr' agus 'An Feachtas Margaíochta Mac Léinn is Fearr'.

**Seirbhísí Fion-traíochta: Léargas Ginearálta**

**Oibríochtaí Gnó**
- Bainistíocht Saoráidí
- Pleanáil agus Anailís Airgeadais
- Oibríochtaí Daoine
- Foréileamh chun Íoc
- Oibríochtaí Airgeadais
- Riosca Cistíochta agus Oibríochtaí

**Soláthar IT agus CIO**
- Straitéis agus Ailtireacht TF
- Digiteach
- Sonraí agus Anailísíocht
- Cibearshlándáil
- Soláthar Seirbhíse
- Soláthar Táirge

**Seirbhísí Gairmiúla**
- Soláthar
- Pinsin
- Árachas
- Airgeadas
- AD
- Athrú

# Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)

Le cois na dTáscairí Feidhmíochta Straitéiseacha atá luaite ar leathanach 18 agus 19, baineann ESB tairbhe as príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) airgeadais agus neamhairgeadais, a léiríonn an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo straitéis ESB a bhaint amach. Tá a gcuid PTFanna féin ag gach aonad gnó, nach bhfuil ailínithe go díreach le PTFanna an Ghrúpa. Déanann ESB athbhreithnithe bliantúla ar a PTFanna agus cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh formhór acu seasmhach thar roinnt mhaith blianta, d'fhéadfadh athruithe tarlú i gcás go measfar go mbeidís siad níos fearr chun feidhmíocht straitéiseach agus oibríochtúil an Ghrúpa a mheas.

## Airgeadas

### TRÚCDA roimh earraí eisceachtúla agus atomhais áirithe*

| | |
|---|---|
| 2025 | €1.9bn |
| 2024 | €1.9bn |
| 2023 | €2.0bn |
| 2022 | €1.7bn |
| 2021 | €1.5bn |

**Sainmhíniú**
Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh, ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe arna nochtadh astu féin sa Ráiteas Ioncaim.

**Feidhmíocht**
Tá tosca taobh thiar den TRÚCDA a mbíonn tionchar acu ar bhrabús oibriúcháin, go háirithe Stoirm Éowyn agus laghduithe a bhaineann le huainiú san ioncam rialaithe a thuill NIE Networks. Tá tuilleadh sonraí le fáil san Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36.

**Acmhainní Bunúsacha** Láidreacht Airgeadais

### Glanfhiachas*

| | |
|---|---|
| 2025 | €5.8bn |
| 2024 | €6.7bn |
| 2023 | €6.4bn |
| 2022 | €6.8bn |
| 2021 | €4.9bn |

**Sainmhíniú**
Iomlán na n-iasachtaí agus fiachais eile móide dliteanais léasa lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (aon airgead tirim srianta as an áireamh) agus taiscí gearrthéarmacha (taiscí airgid thirim lena bhfuil aibíocht níos faide ná 90 lá ach níos giorra ná bliain).

**Feidhmíocht**
Laghdaíodh an glanfhiachas toisc go bhfuarthas €1.5 billiún i gcothromas ó Rialtas na hÉireann i mí na Nollag 2025, arna fhritháireamh ag infheistíocht chaipitiúil agus ús, íocaíochtaí cánach agus díbhinne, glan ó bhrabúis airgid. Tá tuilleadh sonraí le fáil san Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36.

**Acmhainní Bunúsacha** Láidreacht Airgeadais

### Infheistíocht Chaipitil*

| | |
|---|---|
| 2025 | €2.7bn |
| 2024 | €2.2bn |
| 2023 | €1.9bn |
| 2022 | €1.7bn |
| 2021 | €1.3bn |

**Sainmhíniú**
Breiseanna a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (comhiomlán na ranníocaíochtaí custaiméara do cheangail leis an líonra agus gan lamháltais astaíochtaí a áireamh), sócmhainní airgeadais móide breiseanna caipitil a bhaineann le caipiteal agus iasachtaí scairshealbhóra a réamhíocadh le hinstitiúidí hinfheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

**Feidhmíocht**
Léiríonn an méadú ar infheistíocht chaipitiúil an infheistíocht chaipitiúil i ngnólachtaí an líonra go príomha. Tá tuilleadh sonraí le fáil san Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin ar leathanach 36.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Leictreachas Dícharbónaithe Bonneagar Athléimneach **Acmhainní Bunúsacha** Láidreacht Airgeadais

* Féach ar na Bearta Feidhmíochta Malartacha ar leathanach 249 agus 250 chun na ríomhanna a fheiceáil.

## Infhaighteacht Gléasraí

### Oibríochtúla

| | |
|---|---|
| 2025 | 82% |
| 2024 | 80% |
| 2023 | 79% |
| 2022 | 84% |
| 2021 | 84% |

**Sainmhíniú**
Céatadán den mhéid ama sa bhliain ina raibh an gléasra giniúna ar fáil chun leictreachas a tháirgeadh, cibé acu an raibh nó nach raibh leictreachas á ghiniúint.

**Feidhmíocht**
Tháinig feabhas ar infhaighteacht an stáisiúin cumhachta i gcomparáid le 2024, nuair a díríodh ar an bhfeidhmíocht a fheabhsú agus mar gheall ar phunann sócmhainní atá ag síorathrú.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Bonneagar Athléimneach

### Nóiméid Chustaiméara Caillte (CMLanna) - ESB Networks

| | |
|---|---|
| 2025 | 131 CMLs |
| 2024 | 118 CMLs |
| 2023 | 106 CMLs |
| 2022 | 103 CMLs |
| 2021 | 96 CMLs |

**Sainmhíniú**
An méid ama a bhí luaite le cur isteach neamhphleanáilte le haghaidh gach custaiméir le linn na bliana.

**Feidhmíocht**
Déantar bristeacha neamhphleanáilte (fabht) a thomhas in CML agus tarlaíonn siad ar gach líne leictreachais, dar ndóigh. Téann an aeráid, an fiadhúlra, an fásra, bac tríú páirtí, sócmhainní atá ag dul in aois, agus éileamh atá ag fás i bhfeidhm fós ar iontaofacht an líonra ó lá go chéile. Tharla roinnt mhaith eachtraí adhaimsire le 18 mí anuas, go háirithe Stoirm Éowyn, a raibh tionchar díreach acu ar leanúnachas an tsoláthair chuig custaiméirí ESB Networks, ach bhí obair dheisiúcháin agus athchóirithe de dhíth i bhfad i ndiaidh an soláthar a thabhairt ar ais.

Faoi PR6, d'fhaomh CRF caiteachas caipitil breise agus costas oibriúcháin chun bristeacha neamhphleanáilte a mhaolú sna blianta atá romhainn. Cuimsíonn na cláir sin bainistíocht fásra mhéadaithe, cothabháil bhailbhunaithe agus athsholáthar sócmhainne, níos mó acmhainneachta don líonra, mar aon le clár uathoibrithe líonra níos fairsinge.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Bonneagar Athléimneach

Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) (ar lean)

## Custaiméir agus Margadh

### Sciar den Mhargadh Miondíola - Éire

| | |
|---|---|
| 2025 | 32% |
| 2024 | 40% |
| 2023 | 40% |
| 2022 | 41% |
| 2021 | 40% |

**Sainmhíniú**
Sciar iomlán den mhargadh uile-oileáin, an Margadh Leictreachais Aonair (SEM).

**Feidhmíocht**
Laghdaíodh an sciar den mhargadh san iomlán i gcomparáid le cúpla bliain anuas mar gheall ar chonradh mór LEU nach ndearnadh athnuachan air.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumhachtaithe

### Custaiméir cónaithe Sástacht – Electric Ireland, Poblacht na hÉireann

| | |
|---|---|
| 2025 | 83% |
| 2024 | 77% |
| 2023 | 73% |
| 2022 | 73% |
| 2021 | 81% |

**Sainmhíniú**
Soláthraítear leibhéal de shástacht custaiméirí (Foinse: Suirbhé míosúil Rianaire CX Cónaithe a rinne IPSOS B&A).

**Feidhmíocht**
Chuir Electric Ireland go suntasach le sástacht custaiméirí cónaithe in 2025, ag baint amach meánscór bliantúil de 83%. Ardaíodh scóir mhíosúla go suntasach sa dara chuid den bhliain, ag baint buaicphointe 88% amach i mí na Nollag. Is é atá taobh thiar den mhéadú sin fógra Electric Ireland go ndéanfadh sé a bpraghsanna leictreachais a reo i bhfómhar 2025 (nuair a mhéadaigh roinnt mhaith iomaitheoirí a bpraghsanna) mar aon le feabhsuithe seirbhíse.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumhachtaithe

### Feasacht Branda – Electric Ireland, Poblacht na hÉireann

| | |
|---|---|
| 2025 | 96% |
| 2024 | 96% |
| 2023 | 96% |
| 2022 | 92% |
| 2021 | 93% |

**Sainmhíniú**
Feasacht spreagtha ar bhranda Electric Ireland mar sholáthróir fuinnimh (Foinse: Suirbhé míosúil Rianaire Bhranda Electric Ireland curtha i gcrích ag Red C Research).

**Feidhmíocht**
Tá Electric Ireland ar an mbranda fuinnimh is inaitheanta i margadh na hÉireann fós, tá feasacht branda uilíoch bainte amach aige nach mór i margadh an-iomaíoch. Tacaítear leis an mbranda le cláir mhargaíochta, fógraíochta, agus urraíochta ar a ndéantar monatóireacht ar mhaithe lena choimeád i mbéal an phobail i measc custaiméirí. Infheistíocht i bplean straitéiseach na meán a bhaineann úsáid as meáin ilchainéal chun díriú ar bhonn chomh leathan agus is féidir de chustaiméirí, agus bainistíocht éifeachtach ar Sciar Gutha, a dheimhníonn go gcoinníonn Electric Ireland a áit mar cheannaire sa mhargadh.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumhachtaithe **Acmhainní Bunúsacha** Inbhuanaithe agus Freagrach go Sóisialta



## Daoine

### Meánlíon na bhFostaithe

| | |
|---|---|
| 2025 | 9,968 |
| 2024 | 9,588 |
| 2023 | 8,890 |
| 2022 | 8,196 |
| 2021 | 7,870 |

**Sainmhíniú**
An meánlíon fostaithe sa bhliain lena n-áirítear fostaithe sealadacha atá fostaithe ag ESB.

**Feidhmíocht**
Lean líon na mball foirne ag méadú in 2025 mar gheall ar bhaill foirne a bheith á n-earcú i ngach aonad agus disciplín gnó chun tacú leis an Straitéis um Ghlan-nialasacht faoi 2040. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 11 de na ráitis airgeadais.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Ár nDaoine

### Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna) Fostaí

| | |
|---|---|
| 2025 | 55 LTInna |
| 2024 | 48 LTInna |
| 2023 | 53 LTInna |
| 2022 | 30 LTInna |
| 2021 | 40 LTInna |

**Sainmhíniú**
Is éard atá i gceist le LTInna Fostaí gortuithe a bhaineann leis an obair a gcailltear lá oibre amháin ar a laghad dá mbarr (níl an lá ar tharla an gortú san áireamh).

**Feidhmíocht**
In 2025, b'ionann líon iomlán LTInna na bhfostaithe agus 55, méadú ó 48 an bhliain roimhe. Baineann an méadú sin le líon fostaithe níos airde agus níos mó oibre a bhaineann le cláir infheistíochta caipitiúla atá ag méadú. Tá ESB ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo an riosca gortaithe dá fhostaithe a laghdú. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an rannóg Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine ar leathanach 82.

**Cuspóirí Straitéiseacha** Ár nDaoine

Áirítear monatóireacht rialta ar na Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha agus bearta Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais sa straitéis, sa rannóg ar leathanach 18 agus 19 i Nochtaí Sonraí Inbhuanaitheachta ESB le haghaidh 2024 ar féidir rochtain a fháil orthu ar shuíomh gréasáin ESB.

# Ár mBrabúis a Úsáid ar Bhealach Inbhuanaithe

Bhí infheistíocht chaipitiúil cothrom le €2.7 billiún ann in 2025

Bhíothas ag tacú le timpeallacht fuinnimh níos inbhuanaithe agus le fás eacnamaíoch trí sholáthar leictreachais atá sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí



Cánacha comhcheangailte iomlána íoctha i bPoblacht na hÉireann agus sa Ríocht Aontaithe €820 milliún*

Cánacha iomlána iompartha €326m
Cánacha iomlána bailithe €494m

Cánacha a íocadh sa Ríocht Aontaithe €158 milliún



Cánacha a íocadh i bPoblacht na hÉireann €662 milliún

* Tabhair faoi deara go bhfuil ESB ag feidhmiú i ndlínsí taobh amuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe freisin ach tá na brabúis agus na cánacha a bhaineann leis na dlínsí sin neamhábhartha. Is é ESB a íocann an cháin arna n-iompar as a chuid brabús féin agus is éard atá i gceist le cánacha bailithe, cánacha atá siarchoinnithe ó íocaíochtaí le daoine eile agus íoctha go díreach leis na húdaráis chánach.

Díbhinn mholta €149 milliún do 2025

Cuirtear 97.7% ar fáil do Rialtas na hÉireann, an stocshealbhóir tromlaigh

€1.5 billiún de dhíbhinní íoctha le 10 mbliana anuas

Thart ar €3.4 billiún tugtha do gheilleagar na hÉireann

i bhfoirm párolla, cánacha, díbhinní agus ceannachán ó sholáthraithe baile



# Ag Tacú le Pobail

Tá ESB tiomanta do thacaíocht a thabhairt do phobail, do shaol daoine a athrú ó bhonn agus do dhul chun cinn sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a éascú. Tá sé mar aidhm ag ESB todhchaí níos fearr a chruthú agus a sholáthar do chách trína urraíochtaí a chlúdaíonn ETIM, na healaíona agus an t-aistriú fuinnimh.

Tá punann ghníomhach urraíochta á bainistiú ag an nGrúpa lena n-áirítear:

**ESB Science Blast**
Is clár oideachais saor in aisce agus neamhiomaíoch oideachasúil é ESB Science Blast atá á chur ar fáil ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, a thugann deis do leanaí bunscoile, idir Rang 3 agus Rang 6 (Poblacht na hÉireann) agus Eochairchéim 2 (Tuaisceart Éireann), oibriú le chéile mar rang chun scrúdú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann le ceist shimplí. Cuireadh torthaí na hoibre sin i láthair ag ceann de thrí imeacht taispeántais i mBaile Átha Cliath, Luimneach agus Béal Feirste. In 2025, rinneadh 701 aighneacht scoile agus ghlac breis agus 17,000 leanbh páirt sa chlár.

**Quavers to Quadratics**
Is clár nuálach bunaithe ar oideachas é Quavers to Quadratics a scrúdaíonn an trasnú idir saol an cheoil agus na heolaíochta trí shraith de cheardlanna praiticiúla. Curtha ar fáil ag an gCeoláras Náisiúnta, Scoileanna Oideachais Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, tugann an clár eolaíocht an cheoil isteach i seomraí ranga bunscoile. In 2025, chomhaontaigh ESB téarma nua trí bliana leis an Halla Náisiúnta Ceolchoirme. Óna bhunú in 2015, agus le tacaíocht ESB ó 2020, is mór an fás a tháinig ar an tionscnamh, agus glacann níos mó daltaí bunscoile páirt ann gach bliain. Le cúig bliana anuas, tháinig méadú mór ar rannpháirtíocht, mar tá breis agus 9,600 dalta páirteach sa chlár anois.

**Comhpháirtíochtaí Ealaíne**
Comhoibríonn ESB le healaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne chun spéis an phobail a dhíriú ar inbhuanaitheacht, athrú aeráide agus aistriú fuinnimh. In 2025, rinne ESB urraíocht ar an nGradam um Inbhuanaitheacht Chruthaitheach ag na Gradaim Gnó go hEalaíona, gradam nua a aithníonn comhoibrithe nuálacha a thugann aghaidh ar théamaí amhail an ghéarchéim aeráide, an geilleagar ciorclach, agus an t-aistear chuig astaíochtaí glan-nialasacha. Léiríonn tabhairt isteach an ghradaim sin tiomantas leanúnach ESB do thacaíocht a thabhairt do na healaíona agus d'inbhuanaitheacht a chosaint chun athrú fiúntach a chur chun cinn.

**Pieta Darkness Into Light**
Is ceann de na carthanais mheabhairshláinte is mó cáil in Éirinn é Pieta, carthanas a sholáthraíonn tacaíocht saor in aisce, inrochtana do dhaoine a théann féinmharú agus féindochar i gcion orthu i bpobail ar fud na hÉireann. Bíonn an tsiúlóid 5km 'Darkness Into Light' ar siúl gach bliain chun airgead a bhailiú do Pieta. Is cúis bhróid í do Electric Ireland bheith ag tacú le Darkness into Light le 13 bliana anuas agus in 2025, bhailigh an t-imeacht €3.5 milliún agus ghlac beagnach 100,000 duine páirt ann.




**Cumann Óg Naomh Uinseann de Pól (SVP)**
Tacaíonn Electric Ireland le Clár Forbartha Chumann Óg Naomh Uinseann de Pól atá deartha le húsáid i scoileanna agus i ngrúpaí óige. Is é an aidhm atá le Clár SVP Óg oideachas a chur ar scoláirí sa 4ú agus 5ú bliain maidir le ceartas sóisialta agus deis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i dtionscadail a bhaineann leis an ngníomhaíocht shóisialta ina bpobail áitiúla.

**Craobhchomórtais agus Sraithchomórtais Ardoideachais CLG**
Urraithe ag Electric Ireland, páirteach i gCraobhchomórtais Ardoideachais CLG, tá breis agus 7,000 imreoir as ollscoileanna agus institiúidí ar fud na hÉireann a ghlacann páirt ar bhonn bliantúil i gCraobhchomórtais Chorn Sigerson agus Chorn Mhic Ghiobúin, mar aon le Sraithchomórtais Ardoideachais eile, agus Craobhchomórtais.

**Craobhchomórtais Mhonúr agus Dúshlán Ceilteach CLG**
Tá Electric Ireland ag tacú le fada an lá le forbairt réaltaí idirchontae CLG na todhchaí ar fud an chontae trí urraíocht a dhéanamh ar Chraobhchomórtais Mionúr CLG agus tá sé ag leanúint ar aghaidh leis sin a dhéanamh trí fheachtas Minor Moments *#ThisIsMajor* freisin. Chomh maith leis, rinne Electric Ireland urraíocht ar Dhúshlán Ceilteach CLG, comórtas forbartha iománaíochta a bhfuil ról lárnach aige i gConair Imreoirí CLG sa 32 contae.

**Craobhchomórtais Mionúr Chamógaíochta agus Craobhchomórtais Tríú Leibhéal**
Trí chomhpháirtíocht leis an gCumann Camógaíochta, tacaíonn Electric Ireland leis an spórt ar fud an phobail, ar fud leibhéil Ardoideachais agus idirchontae, agus is é Electric Ireland urraitheoir teidil Chraobhchomórtais Mionúr Uile-Éirinn sa Chamógaíocht, Craobhchomórtais Tríú Leibhéal sa Chamógaíocht, agus an chláir '*Hurl with Me*' de chuid an Chumainn Camógaíochta. Is clár ceithre seachtaine é *Hurl With Me* do chailíní 7-10 mbliana d'aois a spreagann tuismitheoirí agus a n-iníonacha chun páirt a ghlacadh sa chamógaíocht agus na scileanna bunúsacha a fhoghlaim trí oiliúint agus meantóireacht shaineolaíoch. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht sin an chamógaíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn ar gach leibhéal trí na glúnta reatha agus amach anseo a spreagadh chun oidhreacht seanbhunaithe an spóirt a chaomhnú.





# An Pláinéad, Áit, Daoine

| | |
|---|---|
| Léargas Ginearálta | 60 |
| Inbhuanaitheacht | 62 |
| Córais Bhainistíochta Comhshaoil | 76 |
| Daoine | 77 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine | 82 |

# An Pláinéad, Áit, Daoine

I gcroílár aistear ESB chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2040, tá béim láidir ar an inbhuanaitheacht i ndáil leis an bPláinéad, Áit agus Daoine. Ba bhliain ríthábhachtach í 2025 ar an turas inbhuanaitheachta, ag aistriú ón gClár Cumasaithe um Aistriú Inbhuanaitheachta (STEP) go dtí inbhuanaitheacht agus bainistíocht comhshaoil a leabú go hiomlán mar phrionsabal lárnach ar fud na n-oibríochtaí uile. Léiríonn an dul chun cinn sin tiomantas ESB do ghlan-nialasacht, rialachas láidir agus freagracht shóisialta.

**Sinéad Kilkelly**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht



Tá ESB tiomanta do thuairisciú inbhuanaitheachta atá cuimsitheach agus fiúntach. Tá na hullmhúcháin le haghaidh comhlíonadh CSRD (ar bhonn deonach) faoi lánseol, agus tá creat tuairiscithe láidir i bhfeidhm. Chomh maith leis an tuarascáil bhliantúil seo, foilseoidh ESB Tuarascáil Inbhuanaitheachta atá ailínithe le CSRD in R2 2026, ina dtabharfar tuilleadh sonraí faoina inbhuanaitheacht agus bainistíocht comhshaoil agus ina leagtar uaillmhianta na todhchaí amach. Cuirfidh an Tuarascáil Inbhuanaitheachta léargas cothrom ar uaillmhian, éifeachtúlacht agus solúbthacht straitéiseach ar fáil, i gcomhréir le rialacháin AE agus le hionchais infheisteoirí atá ag athrú i gcónaí.

In 2025, bhí ESB dírithe fós ar chultúr agus ar chumas na todhchaí a thógáil agus a mhúnlú chun an Straitéis um Ghlan-nialasacht faoi 2040 a bhaint amach. Tá díreach os cionn 10,000 fostaí sa lucht oibre anois. Chuir ESB fáilte le linn na bliana roimh os cionn 1,000 comhghleacaí nua ó dhisciplíní agus ó chúlraí éagsúla, rud a leathnaigh a linn tallainne agus a neartaigh a chumas nuálaíochta.

In 2025, d'fhorbair agus d'fhaomh ESB an Straitéis Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine 2026-2030, a bhfuil 'Taking Care' mar théama inti. Trí mhaoirseacht fhreagrach sábháilteachta, sláinte agus comhshaoil, agus rannpháirtíocht fhiúntach lenár ndaoine agus leis na pobail a bhfreastalaímid orthu, tá ESB ag forbairt eagraíocht shábháilte, shláintiúil, athléimneach, ionchuimsitheach atá réidh dul i ngleic le dúshláin an aistrithe fuinnimh.

**An Pláinéad**
Geallann Straitéis ESB um Ghlan-nialasachta faoi 2040 astaíochtaí glan-nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2040 agus rinneadh dul chun cinn ar fud na gceithre luamhán dícharbónaithe le linn 2025 mar a leanas:

- Leathnú sócmhainní giniúna in-athnuaite agus scor de ghiniúint ghualbhreoslaithe
- Infheistíocht i mbonneagar eangaí chun úsáid in-athnuaite a éascú
- Leictriú líonraí luchtaithe feithiclí leictreacha flít agus poiblí
- Leanúint le cur i bhfeidhm na méadar cliste agus na dtairseach digiteach custaiméirí

Chuir ESB Networks agus NIE Networks feabhas ar chreataí oiriúnaitheachta aeráide, bunaithe ar cheachtanna ó Stoirm Éowyn. Rinne ESB Networks dul chun cinn suntasach maidir lena Plean Athléimneachta Geimhridh a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus chun cumais freagartha éigeandála a neartú.

Tá deimhniúchán ISO50001 faighte do bhainistíocht fuinnimh, agus choimeád ESB a dheimhniúchán tar éis iniúchta in 2025. Tá feabhas 55% tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid leis na blianta bonnlíne 2006-2008.

Leanann prionsabail an gheilleagair chiorclaigh de bheith leabaithe ar fud na n-oibríochtaí, agus pleanáil dheireadh saoil do thuirbíní gaoithe ar siúl agus ag dul isteach in éiceachóras nuálaíochta ciorclaí Circuléire. Dhírigh céad chomhdháil inbhuanaitheachta inmheánach ESB in 2025 ar an ngeilleagar ciorclach agus léiríodh tionscnaimh tras-earnála agus tras-aonad gnó. Ceapadh Ceannaire ar an gGeilleagar Ciorclach Grúpa in 2025 freisin.

**Áit**
Mar thoradh ar uaillmhian ESB a bheith dearfach ó thaobh an dúlra de faoi 2030, ceapadh Ceannaire Bithéagsúlachta Grúpa. I measc na gcomhpháirtíochtaí tábhachtacha bhí an Plean Pailneoirí Uile-Éireann leis an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Lapairí Pórúcháin, le measúnuithe ar leibhéal na láithreán agus tionscnaimh um fhorbairt acmhainne earnála.

In 2025, lean ESB le tús áite a thabhairt do thionchar sóisialta dearfach laistigh de na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu, ag infheistiú os cionn €2 mhilliún i gcláir shóisialta amhail an Ciste um Fhuinneamh do na Glúnta, ElectricAid, agus an Ciste Leasa Pobail. Léiríonn na hiarrachtaí sin tiomantas leanúnach ESB do phobail athléimneacha, chuimsitheacha a fhorbairt agus buntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil fadtéarmacha a bhaint amach mar chuid dá straitéis inbhuanaitheachta. Is léir tiomantas ESB do thabhairt ar ais sa tacaíocht a chuirtear ar fáil do thionscnaimh dheonacha agus charthanachta, rud a neartaíonn ról ESB maidir le todhchaí níos gile a chruthú ar bhealach atá freagrach go sóisialta.

**Bainistíocht Comhshaoil**
Aithníonn ESB go bhfuil an cumas ag a ghníomhaíochtaí tionchair chomhshaoil a chruthú trína oibríochtaí. Déanann ESB a dhícheall barr feabhais a bhaint amach ina ghníomhaíochtaí uile chun cloí le gach dlí agus ceanglas rialála is infheidhme agus coinníonn ESB Córais Bainistithe Comhshaoil deimhnithe de réir chaighdeán ISO14001:2015.



I lár 2025, thug ESB isteach córas nua Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta - Synergi Life - rud a fheabhsaíonn cumas ESB maidir le teagmhais chomhshaoil a thaifeadadh agus a bhainistiú. Cuireann an córas feidhmiúlacht níos láidre ar fáil chun teagmhais chomhshaoil a dhoiciméadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, rud a chuireann le cruinneas, comhsheasmhacht agus cáilíocht fhoriomlán sonraí feabhsaithe. Neartaíonn Synergi Life gníomhaíochtaí imscrúdaithe freisin trí thosca rannpháirteacha agus gníomhartha gaolmhara a ghabháil go córasach. Tugann na feabhsuithe sin léargas níos soiléire do ESB ar rioscaí agus treochtaí comhshaoil, rud a thacaíonn le maoirseacht níos eolasaí agus cinnteoireacht réamhghníomhach.

**Daoine**
Fad is a lean ESB ag forbairt agus ag múnlú chultúr agus acmhainn na todhchaí, lean sé freisin de bheith ag tabhairt tosaíochta do phleanáil chomharbais, d'fhorbairt ceannaireachta, agus do dhul chun cinn leanúnach saineolais theicniúil agus ghairmiúil atá ríthábhachtach don aistriú fuinnimh. Lean ESB ag tabhairt tús áite do neartú acmhainní digiteacha agus sonraí ar fud an lucht saothair agus choinnigh sé béim láidir ar bharr feabhais oibríochtúil faoi stiúir na sábháilteachta.

Chun tacú le ceannaireacht chomhsheasmhach, bunaithe ar luachanna, soláthraíodh an clár 'Ceannaireacht Trínár Luachanna' do 1,400 bainisteoir daonna ar fud ESB in 2024 agus 2025. Is é aidhm an chláir cur chuige ceannaireachta ESB a aontú agus iompraíochtaí a threisiú, rud a chinnteoidh go léireoidh cultúr na heagraíochta a cuspóir agus go mbeidh sé ailínithe lena spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha i gcónaí.

Lean Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú (DEI) de bheith ina thosaíocht straitéiseach ag ESB. Bhain an comhlacht an chéad leibhéal eile creidiúnaithe amach – Airgead – ó Ionad Éagsúlachta na hÉireann, tar éis dó Cré-umha a bhaint amach in 2024. In 2025, ba mhná 27% de lucht saothair ESB, agus tá ESB fós dílis dá thiomantas d'ionadaíocht 30% ban a bhaint amach faoi 2030, agus béim ar leith ar rannpháirtíocht i róil Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) agus i róil cheardaíochta a mhéadú. Is suntasach an méid ban a bhfuil poist Printíseachta Ceardaíochta acu in ESB Networks, atá tar éis ardú go 26%, méadú suntasach ó bhonn nialasach in 2016. Tá an dul chun cinn sin á spreagadh ag tionscnaimh spriocdhírithe mealita, cleachtais earcaíochta chuimsitheacha, cláir forbartha ceannaireachta, agus píblínte luathghairme, agus iad uile deartha chun rochtain ar chonairí gairme teicniúla agus oibríochtúla a leathnú.

Tá ESB tiomanta d'ionad oibre a mhúnlú inar féidir le gach comhghleacaí déanamh go maith, anois agus amach anseoaraon. Léiríonn ár nGealltanas Daoine an tiomantas sin, ag tacú le fás agus le dul chun cinn gairme trí dheiseanna foghlama, socruithe oibre solúbtha, sochair iomaíocha agus chuimsitheacha, agus tairiscint chuimsitheach folláine. Léirigh suirbhé rannpháirtíochta fostaithe 2025 feidhmíocht láidir leanúnach, le scór rannpháirtíochta de 7.5/10 agus tá ESB tiomanta fós do scór sprice de 8/10 a bhaint amach faoi 2030.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2026, leanfaidh Straitéis Daoine ESB ag díriú ar chumas amach anseo a fhorbairt agus ar chultúr a neartú chun tacú le haistriú leanúnach agus ardfheidhmíocht. Beidh dul chun cinn chlár gníomhachtaithe chultúr ESB lárnach trí chreat inniúlachta iompair a thabhairt isteach ina n-aistrítear luachanna ESB go hiompraíochtaí inghníomhaithe.

**Cearta an Duine**
In 2025, neartaigh ESB a thiomantas do chearta an duine a chosaint tuilleadh trí leanúint dá phróiseas Díchill Chuí um Chearta an Duine a chur i bhfeidhm ar fud a n-oibríochtaí uile agus a slabhra soláthair. Tá an cur chuige struchtúrtha sin ag teacht go hiomlán le Treoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe agus le Treoirlínte ECFE, rud a chinntíonn go ndéanfar gníomhaíochtaí gnó ar bhealach eiticiúil, trédhearcach, agus i gcomhréir le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Níor aithníodh aon eachtraí sclábhaíochta nua-aimseartha i slabhra soláthair ESB. Tá beartais agus rialuithe ESB dírithe go daingean fós ar sháruithe ar chearta an duine a chosc agus na caighdeáin eiticiúla is airde a choinneáil i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí gnó.

**Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine**
Cuireann ESB sábháilteacht, sláinte agus folláine i gcroílár a ndéanann sé. Tá an Bord, lucht bainistíochta agus fostaithe daingean ina dtiomantas dá ndaoine, dá gcustaiméirí agus do mhuintir an phobail a idirghníomhaíonn le líonraí agus le bonneagar ESB a chosaint agus cúram a thabhairt dóibh. Léirítear an tiomantas sin inár Straitéis cúig bliana maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine, rud a chuireann le boinn láidre reatha ESB.

Aithnítear sa straitéis go bhfuil ESB ag soláthar níos mó tionscadal, ag leathnú bonneagair, ag obair i dtimpeallachtaí nua, ag feidhmiú agus ag cothabháil níos mó sócmhainní, ag cur fáilte roimh chomhghleacaithe nua, ag dul i gcomhar le níos mó eagraíochtaí, agus ag glacadh teicneolaíochtaí nua. Cé go bhfuil an riachtanas sábháilteachta, sláinte agus folláine fós buan agus bunúsach, tá athrú ag teacht ar an dúshlán. Tá sé ríthábhachtach go n-athródh freagairt ESB freisin agus tá sé mar aidhm ag an straitéis a áirithiú go mbeidh páirt ag gach duine in ESB (más ag obair laistigh de, nó thar ceann, ESB atá siad) maidir le haire a thabhairt dá sábháilteacht féin agus do shábháilteacht daoine eile, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne.

Tá straitéis ESB bunaithe ar chúig thosaíocht straitéiseacha (na 5 C (i mBéarla): Inniúlacht, Comhlíonadh, Tiomantas, Comhoibriú agus Cultúr (Competence, Compliance, Commitment, Collaboration, and Culture). Imríonn na tosaíochtaí sin tionchar obair ESB chun lucht oibre agus bonn conraitheoirí a fhorbairt atá inniúil agus réidh don todhchaí, chun comhlíonadh agus bainistíocht rioscaí a neartú, chun ceannaireacht láidir a chothú, agus chun comhoibriú ilréimsiúil agus seachtrach a spreagadh. Trínár Luachanna agus ár nIompraíochtaí, déanann ESB iarracht cultúr comhbhá, cuimsitheach a leabú ina bhfuil sábháilteacht, sláinte agus folláine mar chuid den obair laethúil, lena mbraitheann gach duine údaraithe le freagracht a ghlacadh.

Leis an straitéis seo, is féidir le ESB ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, ag áirithiú nach ceanglais rialála amháin iad sábháilteacht, sláinte agus folláine, ach riachtanais straitéiseacha ar mhaithe le todhchaí níos sábháilte agus níos sláintiúla do chách.

De réir mar a théann ESB ar aghaidh, tá an fócas fós ar thallann a chothú, éagsúlacht a ghlacadh, agus uaillmhianta glan-niasachta a bhaint amach. Le chéile, táimid ag múnlú todhchaí a bheidh cuimsitheach, nuálach agus inbhuanaithe, dúinn uile.

# Inbhuanaitheacht

## Ag Tógáil Céim Chun Cinn: Ó Chlár go Cleachtas

Mar chuid de thiomantas ESB do thodhchaí ghlan-nialasach, seoladh an Clár um Chumasú an Aistrithe Inbhuanaitheachta (STEP) in 2023. Ba é cuspóir an chláir an inbhuanaitheacht agus an fhreagracht shóisialta a chur i gcroílár ról gach duine in ESB agus tuairisciú láidir ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta a bhunú.

Tugadh STEP chun críche go déanach in 2025 agus tá ESB ag bogadh go cinntitheach anois ó mhodh an chláir go céim nua ceannaireachta leabaithe san inbhuanaitheacht. Chruthaigh STEP acmhainní bunúsacha, bainistíocht feidhmíochta, agus an cultúr, bhfuil ESB ábalta déileáil leis an inbhuanaitheacht anois mar ghné lárnach den ghnó. Dírítear amach anseo ar thrédhearcacht, ar sholáthar agus ar fheabhsú leanúnach de réir mar a dhéantar gnó mar is gnách den inbhuanaitheacht i ngach feidhm agus cinneadh.

Tá ESB breá ábalta freastal anois ar ionchais na bpáirtithe leasmhara atá ag dul i méid i gcónaí, ar cheanglais rialála (amhail CSRD), agus ar a uaillmhian féin a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le feidhmíocht agus trédhearcacht inbhuanaitheachta. Tá Samhail Oibriúcháin Inbhuanaitheachta curtha ar fáil ag STEP lena n-áirítear Lárionad Inbhuanaitheachta nua, d'fhorbair sé creat láidir tuairiscithe inbhuanaitheachta, agus thug sé rannpháirtíocht agus foghlaim inbhuanaitheachta chuig gach leibhéal den eagraíocht. Mar thoradh air sin, tá cuntasacht inbhuanaitheachta i ngach aonad gnó agus i ngach feidhm chorparáideach.

Chuir STEP forbairt chuimsitheach Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ar fáil, chomh maith le hoiliúint ábharshonrach ar fud Ghrúpa ESB. Gné shuntasach de sin ba ea an tionscnamh Loingseoir Inbhuanaitheachta, a rinne oibrithe deonacha ar fud an ghnólachta a uas-sciliú chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn, chun an fhoghlaim a chomhroinnt go háitiúil, agus chun tacú lena bhfoirne dul i ngleic le dúshláin chasta chomhshaoil agus le dúshláin a bhaineann le daoine. Tá níos mó ná 70 Loingseoir Inbhuanaitheachta oilte ann anois, a d'oibrigh le níos mó ná 3,500 fostaí go dtí seo.

Ag féachaint chun cinn, leanfaidh ESB dá thuras inbhuanaitheachta a chur chun cinn, agus rialachas láidir agus struchtúir dhea-shainithe mar bhonn faoi. Leis an tiomantas leanúnach sin, déanfar an inbhuanaitheacht a leabú mar chroíphrionsabal ar fud oibríochtaí ESB. Trí inbhuanaitheacht a chomhtháthú i bpróisis chinnteoireachta agus i ngnáthbhealaí oibre, tá sé mar aidhm ag ESB luach fadtéarmach a chruthú, fás freagrach a spreagadh, agus cur go dearfach leis an gcomhshaol agus leis an tsochaí.

Tá rialachas ar inbhuanaitheacht laistigh den ESB leabaithe anois ar fud leibhéil an Bhoird, an Choiste agus feidhmiúcháin, agus tá cuntasacht shoiléir ann maidir le soláthar agus nochtadh. Áiríodh le hoiliúint an bhoird in 2025 béim ar ullmhacht CSRD, réimse ina bhfuil ionchais agus grinnscrúdú ag dul i méid i gcónaí. Ina theannta sin, tugann Comhairle nua Ceannaireachta Inbhuanaitheachta ceannairí sinsearacha le chéile chun toimhdí a thástáil, feidhmíocht a cheistiú, agus a chinntiú go dtiocfaidh saincheisteanna atá ag teacht chun cinn chun cinn go luath.

## Bainistíocht Riosca

Rinneadh tionchair, rioscaí agus deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht (IROnna) a mhapáil ar Chruinne Riosca an Ghrúpa, lena nasctar gnéithe aeráide, bithéagsúlachta, acmhainní agus sóisialta le rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla. Tá sé casta i gcónaí tionchar airgeadais rioscaí neamhairgeadais a chainníochtú, amhail rioscaí fisiceacha aeráide nó cailliúint na bithéagsúlachta. Tá ESB ag obair le comhpháirtithe seachtracha chun modheolaíochtaí agus inchomparáideacht a neartú.

## Struchtúir Rialachais Inbhuanaitheachta ESB

**Bord ESB**

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúr

**Coiste Feidhmiúcháin**

**Comhairle Ceannaireachta Inbhuanaitheachta**

Coinníonn NIE Networks Limited Riarachán Inbhuanaitheachta, Bainistíocht, Maoirseacht ar leithligh.

**Ceann Grúpa na hInbhuanaitheachta**

- Straitéis agus Cláir
- Cumas, Acmhainneacht, agus Cultúr
- Feidhmíocht agus Tuairisciú

Foirne Inbhuanaitheachta na nAonad Gnó

## Slabhra luacha ESB




Ar leibhéal aonaid gnó, glacann ESB cur chuige comhtháite lena gcinntítear go bhfuil sé de chumhacht ag gach aonad gnó rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a shainaithint agus a bhainistiú i gcomhréir le Straitéis Inbhuanaitheachta uileghabhálach ESB. Leis an gcur chuige sin, is féidir le haonaid ghnó freagairt do rioscaí atá ag teacht chun cinn le lúfaireacht agus éifeachtacht, agus áirithítear leis go ndéanfar rioscaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú go cuimsitheach.

## Tionchar, Rioscaí agus Deiseanna

Mar chuid d'ullmhúcháin CSRD, thug ESB faoi Mheasúnú Ábharthachta Dúbailte (DMA) in 2024 inar sainaithníodh ábhair inbhuanaitheachta ábhartha agus IROnna gaolmhara. Rinneadh an Measúnú Ábharthachta Dúbailte i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon agus bhain sé le príomh IROnna a shainaithint ar fud shlabhra luacha ESB. Chuimsigh an measúnú tréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, ina ndearnadh meastóireacht ar ábharthacht tionchair (éifeachtaí ghníomhaíochtaí ESB ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol) agus ar ábharthacht airgeadais (an chaoi a bhféadfadh tosca inbhuanaitheachta tionchar a imirt ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa).

Shainaithin ESB 24 ábhar inbhuanaitheachta ábhartha mar atá leagtha amach sa léarscáil slabhra luacha thuas. San iomlán, rinne ESB measúnú ar 56 IRO a raibh tábhacht ag baint leo, ina gcuimsítear 11 tionchar dearfach, 7 dtionchar dhiúltacha, 29 riosca, agus 9 ndeis.

## Tuairisciú Inbhuanaitheachta

Tá ESB tiomanta do thuairisciú inbhuanaitheachta cuimsitheach agus fiúntach agus tá sé ag obair i dtreo Ráiteas Inbhuanaitheachta comhlíontach CSRD a sholáthar don bhliain tuairiscithe 2027. In 2025, mhol an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) athbhreithnithe a dhéanamh ar na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (ESRS) a eisíodh den chéad uair in 2023. Tá na ESRSanna simplithe sin ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh lena dtabhairt chun críche. Cé go bhfuil roinnt gnéithe de na tograí fós le tabhairt chun críche faoi phróiseas reachtach an Aontais, lean ESB lena chlár oibre chun creat láidir tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm. Foilseoidh ESB Tuarascáil Inbhuanaitheachta 2025 ailínithe le CSRD i Ráithe 2 2026. Is é is aidhm don tuarascáil inbhuanaitheachta neamhspleách sin, atá ailínithe le CSRD, cothromaíocht uaillmhéine, éifeachtúlachta agus solúbthachta straitéisí a bhaint amach, lena léirítear treochtaí reatha dea-chleachtais agus lena gcoinnítear móiminteam i dtreo tuairisciú inbhuanaitheachta comhlíontach CSRD sa bhliain tuairiscithe 2027. Leanfaidh ESB de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa rialáil inbhuanaitheachta.

Feabhsaíodh rialachas sonraí agus tá úinéireacht shainithe ag an bhfoinse, rialuithe athbhreithnithe cáilíochta agus athbhreithniú seachtrach ar phríomhtháscairí ESG mar bhonn taca leis mar ullmhúchán do dhearbhú teoranta faoi CSRD ó 2027 ar aghaidh.

### Maoirseacht Sheachtrach agus Feabhsú Leanúnach

Déantar cur chuige ESB i leith na hinbhuanaitheachta a thagarmharcáil go neamhspleách trí rátálacha ESG seachtracha agus creataí nochta lena n-áirítear réitigh CDP, Sustainalytics agus Moody's ESG Solutions. Cuireann léargas ó na measúnuithe sin, mar aon le haiseolas ó pháirtithe leasmhara, bonn eolais faoi fheabhas leanúnach ESB ar a phróisis rialachais, cáilíochta sonraí agus nochta. Ina theannta sin, d'éirigh le ESB Saoráid Chreidmheasa imrothlach Nasctha le hInbhuanaitheacht a bhaint amach le linn 2025 (féach leathanach 40 in Athbhreithniú Airgeadais agus Oibriúcháin chun tuilleadh sonraí a fháil). Leis an bpeirspictíocht sheachtrach, neartaítear trédhearcacht agus tacaítear le hailíniú le ceanglais CSRD agus ionchais infheisteoirí atá ag athrú.

# An Comhshaol

## An tAthrú aeráide

**Tionchair, Rioscaí agus Deiseanna Ábhartha a Bhainistiú**
Mar chuid den DMA, sainaithníodh IROnna a bhaineann leis an aeráid atá ábhartha do ghnó ESB (féach leathanach 63 faoi Tionchair, Rioscaí agus Deiseanna). Cuimsíonn na IROnna sin fothopaicí maidir le maolú ar an athrú aeráide, fuinneamh agus oiriúnú don athrú seo. Bainistítear na IROnna trí Tháscairí Feidhmíochta Straitéiseacha agus Príomhtháscairí Feidhmíochta atá mar bhonn faoi Straitéis ESB um Ghlan-Nialasachta faoi 2040 agus feidhmíocht oibríochtúil (féach na ranna a thosaíonn ar leathanaigh 18 agus 52 faoi seach chun tuilleadh sonraí a fháil).

Tá rioscaí aeráide sainaitheanta agus measúnaithe ag ESB mar chuid de phróisis fhoriomlána bainistíochta riosca ESB. Rinneadh measúnú ar dhá riosca a bhaineann leis an aistriú aeráide agus le riosca fisiceach an athraithe aeráide mar phríomhrioscaí don Ghrúpa (leagtha amach ar leathanaigh 26 agus 27). Tá cur chuige láidir glactha ag ESB maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí fisiceacha agus aistrithe a bhaineann leis an aeráid le cúig bliana anuas chun bainistíocht riosca aeráide a neartú. Tá bainistiú agus tuairisciú rioscaí aeráide fós ina ngné lárnach de phróiseas bainistíochta riosca ESB.

**Rioscaí Fisiceacha**
In 2023, rinne ESB measúnú láidir ar rioscaí fisiceacha agus leochaileacht aeráide dá ghníomhaíochtaí agus do na guaiseacha ábhartha. In 2024, rinneadh an measúnú seo le haghaidh sócmhainní nuathógtha agus faighte agus tá breithniú á dhéanamh trí phróiseas bainistithe riosca an Ghrúpa ar uainiú an chéad atrialla eile den mheasúnú sin. Déantar rioscaí fisiceacha aeráide a mheas trí úsáid a bhaint as dhá chás den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) - RCP2.6 (raon dóchúil: 1.3°C go 2.4°C) agus RCP8.5 (raon dóchúil: 3.3°C go 5.7°C). Is é tábla na rioscaí aeráide fisiceacha ata leagtha amach thíos toradh na hoibre atá déanta go dtí seo.

| Cineál | Catagóir | Riosca | Tionchar Féideartha |
|---|---|---|---|
| Rioscaí Fisiceacha | Stoirmeacha | Drochstoirmeacha ag tarlú níos minice | Cur isteach mór ar chustaiméirí agus méadú ar chostais deisiúcháin do líonraí agus sócmhainní stáisiúin |
| | Tuilte | Tuilte abhann méadaithe agus níos mó teagmhas de bháisteach throm | Minicíocht níos airde de theagmhais tuilte 100 bliain ar aibhneacha ar a bhfuil dambaí |
| | Tuilte | Níos mó tuilte abhann, báistiúla agus cósta | Damáiste d'fhostáisiúin líonra, bristeacha custaiméara. Damáiste do shócmhainní giniúna |
| | Patrúin aimsire | Athruithe seasta ar phatrúin athraitheacha aeráide agus aimsire, rud a mbeidh luasanna gaoithe laghdaithe agus sreafaí abhann níos ísle mar thoradh air | Aschur fuinnimh in-athnuaite agus ioncam gaolmhar laghdaithe |

Bhain ESB Networks úsáid as an aschur sin chun bonn eolais a chur faoin obair ar an gCreat um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Féach an rannóg maidir le hOiriúnú ar leathanach 68.

**Riosca agus Deiseanna Aistrithe**
In 2024, rinne ESB measúnú ar rioscaí agus deiseanna aistrithe a bhaineann leis an aeráid agus úsáid á baint as dhá chás bunaithe ar Ionchas Fuinnimh Domhanda 2024 na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh. Tá baint ag Cás na mBeartas Luaite le hardú teochta 2.4°C faoi dheireadh an chéid, agus tá sé freagrach as beartais reatha fuinnimh, aeráide agus beartais thionsclaíocha ghaolmhara atá i bhfeidhm nó a fógraíodh agus a mhéid a bhfuil forálacha leordhóthanacha maidir le cur chun feidhme mar bhonn fúthu. Féachann Cás Glan-Nialasachta 2050 leis an ardú teochta domhanda a theorannú go 1.5°C faoi dheireadh an chéid agus cuireann sé bealach uaillmhianach ar fáil don earnáil fuinnimh dhomhanda chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Tá an dá chás ailínithe le Plean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Rinneadh measúnú ar rioscaí agus ar dheiseanna aistrithe bunaithe ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ann don tréimhse reatha agus do na Beartais Luaite agus do chásanna Glan-nialasacha 2050 araon le haghaidh dhá thréimhse ama (2030 agus 2050). Os a choinne sin, sonraítear sa tábla na rioscaí agus na deiseanna is ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann do ESB.



| | | | | Reatha | Beartais Luaite | | Glan-Nialasacht 2050 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineál | Catagóir | Riosca/Deis | Tionchar Féideartha | 2024 | 2030 | 2050 | 2030 | 2050 |
| Rioscaí Aistrithe | Beartas | Luas an athraithe rialála | Moill féideartha ar bheartais fuinnimh in-athnuaite agus dícharbónaithe; sainorduithe maidir le táirgí agus seirbhísí atá ann cheana agus rialáil a dhéanamh orthu | Suntasach | Suntasach | Suntasach | Suntasach | Criticiúil |
| | Beartas | Comhlíonadh maidir leis an mbeartas inbhuanaitheachta agus nochtadh rialála | Méadú féideartha ar chostais chun oibleagáidí inbhuanaitheachta a chomhlíonadh agus cailliúint luach na sócmhainní giniúna gáis atá ann cheana mar gheall ar nochtadh rialála | Suntasach | Suntasach | Suntasach | Suntasach | Criticiúil |
| | Teicneo-laíocht | Luas na forbartha agus cur in úsáid teicneolaíochta | Moill fhéideartha ar chóras nua fuinnimh ísealcharbóin a chur in úsáid, lena n-áirítear bonneagar gréasáin | Faisnéiseach | Suntasach | Criticiúil | Criticiúil | Criticiúil |
| | Margadh | Luaineacht sa slabhra soláthair | Costais mhéadaithe agus infhaighteacht laghdaithe amhábhar agus seirbhísí | Suntasach | Suntasach | Suntasach | Criticiúil | Criticiúil |
| Deiseanna Aistrithe | Táirgí agus Seirbhísí | Forbairt agus leathnú táirgí agus seirbhísí nua chun tacú le leictriú méadaithe | Éileamh méadaithe ar leictriú (téamh agus iompar), bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, agus seirbhísí táirgthe agus tomhaltais tomhaltóirí | Tábhachtach | Suntasach | Criticiúil | Criticiúil | Criticiúil |
| | Beartas/ Teicneo-laíocht | Infheistíocht agus forbairt córais fuinnimh ísealcharbóin nua | Níos mó deiseanna infheistíochta i seirbhísí giniúna, stórála agus líonra | Suntasach | Criticiúil | Criticiúil | Criticiúil | Criticiúil |

Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Straitéis agus Plean um Aistriú Aeráide

In 2024, d'fhoilsigh ESB an Tuarascáil um Chonair Ghlan--Nialasachta (ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB), ina sonraítear céimeanna nithiúla chun deireadh a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus tacú le spriocanna dícharbónaithe níos leithne na hÉireann. In 2025, rinne agus d'fhoilsigh gníomhaireacht rátála Moody's Measúnú um Ghlan-nialasacht ar Thuarascáil um Chonaire Ghlan-nialasachta ESB agus bronnadh scór NZ-3 (suntasach), atá ar aon dul leis an uaillmhian chun laghdú giota maith faoi bhun 2°C a bhaint amach.

Le linn 2025, rinneadh dul chun cinn maidir le pleananna dícharbónaithe a chur i gcrích. I measc na mbuaicphointí tá deireadh a chur le giniúint guail ag Gob na Muine, an chéad fheirm ghréine ar scála na heangaí de chuid ESB a sholáthar in Bullstown agus an tógáil a chríochnú ar Fheirm Ghaoithe Neart na Gaoithe Amach ón gCósta.

Déantar cur síos mionsonraithe i rannóga ESB Networks (leathanach 42), NIE Networks (leathanach 44) agus Giniúint agus Trádáil (leathanach 46) ar thuilleadh sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2025 chun punann fuinnimh in-athnuaite ESB a leathnú agus chun líonra athléimneach a chinntiú chun tacú leis.

**Conair um Ghlan-Nialasachta ESB**




## Gníomhaíochtaí agus Spriocanna

Tá bearta suntasacha á ndéanamh ag ESB chun a uaillmhian ghlan-nialasacht a bhaint amach agus chun na IROnna um athrú aeráide atá sainaitheanta leis an DMA a mhaolú. Feidhmíonn fothacar de Tháscairí Feidhmíochta Straitéiseacha a leagtar amach ar leathanaigh 18 agus 19 mar spriocanna don athrú aeráide, mar aon leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar amach sa Tuarascáil um Chonair Ghlan-Nialasachta 2040.

Tá príomhghníomhaíochtaí ESB roinnte na dtrí fhothopaic: Maolú, Fuinneamh agus Oiriúnú. Cuidíonn sé sin le ESB díriú ar astaíochtaí carbóin a laghdú, córas fuinnimh níos glaine agus níos cliste a fhorbairt, agus ullmhú do thionchair an athraithe aeráide. Déantar gníomhaíochtaí maolaithe agus fuinnimh a ghrúpáil tuilleadh de réir Cumasóir Dícharbónaithe, ar bealaí praiticiúla iad chun astaíochtaí carbóin a laghdú, mar shampla aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, iompar agus téamh a leictriú, agus deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise.



# Maolú

## Cumasóir Dícharbónaithe 1: Giniúint In-athnuaite agus Laghdú Breoslaí Iontaise

**Cuspóirí Straitéiseacha** Leictreachas Dícharbónaithe

Cuireann gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gcumasóir dícharbónaithe sin le spriocanna a bhaineann leis an bpunann chumasúcháin in-athnuaite agus in-athnuaite, sciar den aschur giniúna ó fhoinsí carbóin nialasacha, déine carbóin sócmhainní giniúna agus dearbhlaghdú ar $CO_2$. Lean ESB dá acmhainn fuinnimh in-athnuaite agus chumasúcháin in-athnuaite a leathnú go 2 GW ar fud teicneolaíochtaí gaoithe, gréine agus stórála cois cladaigh agus amach ón gcósta le linn na bliana 2025 trína fhorbairtí féin, trína chomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus trína éadálacha féin. Ina theannta sin, rinne ESB dul chun cinn maidir lena laghdú ar bhreoslaí iontaise trí dheireadh a chur le giniúint guail i stáisiún cumhachta Ghob na Muine. Is é glantoradh na ngníomhaíochtaí sin, laghdú 68% ar astaíochtaí giniúna Scóip 1 c 14.6Mt$CO_2$e in 2005 ag tús Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh go c 4.7Mt$CO_2$e in 2025. Chuir Giniúint agus Trádáil na príomhghníomhaíochtaí sa chumasóir dícharbónaithe sin i gcrích (féach leathanach 46 chun tuilleadh faisnéise a fháil).

## Cumasóir Dícharbónaithe 2: Úsáid fuinnimh in-athnuaite a éascú

**Cuspóirí Straitéiseacha** Bonneagar Athléimneach

Cuireann gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gcumasóir dícharbónaithe sin le spriocanna a bhaineann le scála an leictreachais saor ó charbón arna éascú ag bonneagar líonra na hÉireann. Cuireann gnólachtaí na líonraí na gníomhaíochtaí sin i gcrích trína gcláir infheistíochta agus chothabhála rialáilte, PR5 do ESB Networks agus RP7 do NIE Networks. In 2025, d'infheistigh ESB Networks agus NIE Networks breis agus €1.7 billiún i mbonneagar líonra ar fud oileán na hÉireann. Dhírigh an infheistíocht sin ar acmhainneacht eangaí athléimní a uasghrádú agus a leathnú, ar chustaiméirí giniúna in-athnuaite a nascadh, agus thacaigh sí le glacadh forleathan iompair leictrigh agus téimh. In 2025, sholáthair gnólachtaí an líonra naisc le haghaidh thart ar 700 MW d'fhoinsí in-athnuaite ar scála na heangaí agus os cionn 350 MW le haghaidh foinsí in-athnuaite micrighiniúna in PÉ agus TÉ.

Chuir ESB Networks agus NIE Networks na príomhghníomhaíochtaí sa chumasóir dícharbónaithe sin i gcrích (féach leathanaigh 42 agus 44 chun tuilleadh eolais a fháil).

## Cumasóir Dícharbónaithe 3: Leictriú a Chumasú

**Cuspóirí Straitéiseacha** Bonneagar Athléimneach; Custaiméirí Cumhachtaithe

Tá gnólachtaí líonraí ESB ag cur ar a gcumas iompar a leictriú ar fud oileán na hÉireann trí infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht, iontaofacht agus athléimneacht an líonra. Éascaíonn na hinfheistíochtaí sin pointí luchtaithe poiblí feithiclí leictreacha a rolladh amach agus cumasaíonn siad leictriú tionscadal bonneagair iompair phoiblí amhail DART+, Metrolink, agus de réir mar a aistríonn Bus Átha Cliath agus Bus Éireann chuig flíteanna leictreacha, i gcomhréir le straitéis agus beartais iompair phoiblí.

Cuireann gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gcumasóir dícharbónaithe sin le leictriú an líonra iompair. Leanann Réitigh do Chustaiméirí ag leathnú agus ag uasghrádú a líonra luchtaithe poiblí feithiclí leictreacha agus is féidir leo tacú anois le suas le 1,400 feithicil leictreach a athluchtú ag aon am amháin ar Oileán na hÉireann agus suas le 450 ar a líonra na Breataine Móire. Chomh maith leis sin, tá ESB Networks ag obair i dtreo flíteanna saor ó charbón a bheith aige faoi 2040 agus tá sé mar aidhm aige 1,000 feithicil leictreach a bheith aige faoi 2030 agus gach feithicil tiomána dhá roth a leictriú go hiomlán faoi 2035.

Tá obair á déanamh freisin chun meastóireacht a dhéanamh ar chonairí inmharthana chun teas a leictriú. Tá an clár Líonra Náisiúnta, Ceangail Áitiúla i ESB Networks ag seachadadh acmhainní nua chun a chinntiú go bhfuil an líonra dáileacháin réidh le haghaidh mórscála leictrithe téimh agus iompair Ina theannta sin, tá ESB Networks ag infheistiú sa líonra chun a chinntiú go bhfuil custaiméirí baile réidh do theicneolaíochtaí ísealcharbóin, ag cinntiú go bhfuil acmhainn leictreach leordhóthanach ag gach teach nua atá nasctha ina dtithe chun tacú le teaschaidéal agus luchtaire feithiclí leictreacha. Cuireann Seirbhísí Fuinnimh Chliste ESB scéimeanna éagsúla coigilte fuinnimh ar fáil do chustaiméirí tráchtála, lena n-áirítear i réimse eHeat.

## Cumasóir Dícharbónaithe 4: Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Teicneolaíocht

**Cuspóirí Straitéiseacha** Custaiméirí Cumhachtaithe

Cuireann gníomhaíochtaí a dhéantar faoin cumasóir dícharbónaithe sin le sprioc 2.6 milliún méadar cliste a bhaint amach faoi 2030. Lean ESB Networks le húsáid méadar cliste in 2025, ag suiteáil thart ar 190,000 aonad, ag fágáil gurb é beagnach 2.1 milliún an líon iomlán a suiteáladh. Mar thoradh air sin, baineann 26% de chustaiméirí Electric Ireland tairbhe as seirbhísí cliste nó taraifí cliste anois. Ina theannta sin, cheangail ESB Networks breis agus 43,000 custaiméir nua le linn na bliana, agus déantar beagnach 95% d'iarratais anois trí thairseach chustaiméirí digiteach ESB Networks. Tá breis agus 8,000 nasc nua soláthartha ag NIE Networksi mbliana. Chuir méadrú cliste ar chumas níos mó ná 150,000 custaiméir micrighiniúna íocaíochtaí cruinne grianfhuinnimh dín a fháil agus ina theannta sin, tá an tairseach 1 GW le haghaidh gréine dín sáraithe. Déan tagairt d'iontrálacha ESB Networks agus Réitigh do Chustaiméirí ar leathanaigh 42 agus 48 faoi seach le haghaidh tuilleadh sonraí.

?

### Cad is Cumasóir Dícharbónaithe ann?

Is gníomhaíochtaí, uirlisí agus sásraí praiticiúla iad sin chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus chun spriocanna aeráide a bhaint amach, e.g. aistriú ó ghiniúint breosla iontaise go giniúint leictreachais in-athnuaite.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Oiriúnú

Faoi cholún 'bonneagar athléimneach' straitéis 2040, tá ESB ag leathnú agus ag uasghrádú an líonra go suntasach ar fud na hÉireann chun dícharbónú an chórais leictreachais a éascú. Aithníonn ESB go bhfuil sé riachtanach oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide ar mhaithe le hathléimneacht an bhonneagair. Mar thoradh ar na measúnuithe riosca fhisicigh (leathanach 64), tá ESB tiomanta do straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Luaigh ESB Networks inoiriúnaitheacht aeráide mar cheann de roinnt réimsí fócais don chlár PR6 agus gheall siad ina bPlean Gnó PR6 a gcreat inoiriúnaitheachta aeráide a fhorbairt chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide ar an líonra a mheas agus go dtabharfar aghaidh orthu. Déanfar cur chuige ESB Networks a ailíniú le beartais agus reachtaíocht an Aontais agus le beartais agus reachtaíocht náisiúnta. Áiritheofar leis an gcreat freisin rialachas éifeachtach ar riosca aeráide agus forbrófar méadrachtaí athléimneachta aeráide lena nascfar tionscnaimh maolaithe riosca aeráide. Chuir ESB Networks ionchur ar fáil i bPlean Oiriúnaithe Earnála 2025 na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil a eisíodh i mí na Samhna 2025. Ina theannta sin, leanann ESB Networks de bheith ag obair leis an OOP agus lena shamhail Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantrach chun fostáisiúin HV atá i mbaol tuilte a shainaithint agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm nuair is gá. Ina theannta sin, tá limistéar gnó nua cruthaithe ag ESB Networks a bhfuil freagracht thiomnaithe air maidir le hiontaofacht agus athléimneacht an líonra. Tá gealltanas tugtha ag Athrú aeráide freisin feabhas a chur ar athléimneacht an líonra i leith an athraithe aeráide faoi chlár TT7. I mí Aibreáin 2025, chuir NIE Networks tús le clár straitéiseach chun athbhreithniú a dhéanamh ar athléimneacht i leith adhaimsire, agus ghlac siad cur chuige atá bunaithe ar an teicneolaíocht chun athléimneacht líonra a neartú agus chun feabhas a chur ar fhreagairt éigeandála.

Tá ESB Networks agus NIE Networks araon ag cur ceachtanna a foghlaimíodh ó Stoirm Éowyn i bhfeidhm chun athléimneacht na líonraí leictreacha a neartú agus chun cumais freagartha éigeandála a fheabhsú, rud a chinnteoidh tacaíocht leanúnach do chustaiméirí le linn adhaimsire amach anseo.

## Cás-Staidéar
### Freagairt Stoirm Éowyn

Mar fhreagairt ar thionchar gan fasach Stoirm Éowyn i mí Eanáir 2025, rinne ESB Networks forbairt agus dul chun cinn suntasach maidir lena Phlean Athléimneachta Geimhridh a chur chun feidhme. Is é is cuspóir don phlean feabhas a chur ar athléimneacht na heangaí sna suíomhanna is leochailí le haghaidh gheimhreadh 2025/2026, roinnt bearta gearrthéarmacha láithreacha a dhéanamh chun tionchar stoirmeacha a d'fhéadfadh tarlú i ngeimhreadh 2025/2026 a laghdú, agus pleananna agus tionscnaimh á gcur chun cinn san fhadtéarma.

D'fhoilsigh ESB Networks nuashonrú stádais i mí Dheireadh Fómhair 2025. Is iad seo a leanas samplaí sonracha de bhearta a cuireadh i gcrích chun athléimneacht a fheabhsú go dtí seo:

- Ní mór suirbhéanna gréasáin a chur i gcrích sna limistéir is measa atá buailte agus oibreacha feabhais tar éis stoirme a shainaithint.
- Aithníodh líonra lasnairde a lagaigh nó a ndearna an stoirm damáiste dó agus tá aghaidh á tabhairt air.
- Conraitheoirí éigeandála adhmaid a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar an bhfál sceach, ar an adhmad agus ar an bhfásra sainaitheanta a bhfuil tionchar aige ar línte cnámh droma an líonra MV. Tá na conraitheoirí á ngríosú anois agus pleanáil réamhoibre, rannpháirtíocht úinéirí talún agus gearradh adhmaid ar siúl.
- Tá obair ar bun chun aghaidh a thabhairt ar líonra leictreachais trí chonairí foraoiseachta agus tá ESB Networks ag obair go dlúth leis an Rialtas ar an gcreat dlíthiúil chun an ceanglas maidir le conairí foraoiseachta a chur ar bhonn reachtúil. Ina theannta sin, tar éis suirbhé a dhéanamh ar 300km de chonairí foraoiseachta, sainaithníodh na conairí tosaíochta is airde. Tá ESB Networks fós obair leis na húinéirí talún aitheanta, agus tá buainteoirí á ngríosú chun aghaidh a thabhairt ar na conairí ina bhfuarthas comhaontú.
- Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le stoic stoirme éigeandála a athlíonadh agus a leathnú.



Tar éis socrú rathúil maidir le cúnamh frithpháirteach idir ESB Networks, NIE Networks agus DSOanna Eorpacha eile, tá ESB i gceannas ar ghrúpa oibre ina bhfuil 12 fhóntas ó na 37 ball-DSO atá ag obair le chéile chun socruithe maidir le cúnamh frithpháirteach le fóntais Eorpacha a chur ar bhonn foirmiúil.



## Méadracht an Athraithe Aeráide

### Astaíochtaí GCT

| | 2025* | 2024 |
|---|---|---|
| Oll-Astaíochtaí GCT Scóip 1 (tonaí $CO_2e$)[1] | 4,686,462 | 5,111,417 |
| % d'Astaíochtaí GCT Scóip 1 ó Scéimeanna Trádála Rialáilte[1] | 99.5% | -* |
| Oll-astaíochtaí GCT suíomhbhunaithe Scóip 2 (tonaí $CO_2e$)[2] | 376,204 | 474,974 |
| Oll-astaíochtaí GCT Scóip 2 margadhbhunaithe (tonaí $CO_2e$)[3] | 374,764 | -* |

### Fuinneamh

| | 2025* | 2024 |
|---|---|---|
| Táirgeadh Fuinnimh Neamh-In-Athnuaite Iomlán in MWh | 11,169,507 | -* |
| Táirgeadh Fuinnimh In-athnuaite Iomlán in MWh | 3,675,455 | -* |

* Tuairisciú faoi mhodheolaíocht ESRS. Roinnt comparáidí na bliana roimhe sin nach bhfuil ar fáil.

1 Is éard atá in astaíochtaí Scóip 1 astaíochtaí ó fhlít teirmeach, iompar feithiclí, gineadóirí, gás i bhfoirgnimh agus astaíochtaí éalaitheacha. Giniúint theirmeach bunaithe ar shonraí fíoraithe.

2 Áirítear le hastaíochtaí Scóip 2 Caillteanais Líonra an Ghrúpa ar shócmhainní líonra tarchurtha agus dáileacháin, arna gcoigeartú le haghaidh astaíochtaí ar tugadh cuntas orthu cheana féin i Scóip 1, agus ídiú leictreachais ar an mbonn. Rinneadh athbhreithniú ar fhachtóirí astaíochta chun cruinneas na modheolaíochta um Chaillteanais Líonra an Ghrúpa a fheabhsú.

3 Léiríonn astaíochtaí margadhbhunaithe Scóip 2 fachtóirí astaíochtaí a bhaineann go sonrach le soláthróir.

### Ídiú Oibríochtúil Fuinnimh

#### Giniúint Teirmeach de réir Foinse Fuinnimh (MWh)[4]

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Gual | 689,307 | 1,867,254 |
| Gás Nádúrtha | 20,003,272 | 19,529,317 |
| Ola | 1,158,595 | 1,588,863 |

4 Tuairiscítear sonraí ionchur breosla giniúna teirmí don bhliain reatha. 2025 bunaithe ar shonraí fíoraithe.

#### Fuinneamh Oibríochtúil (Príomhchoibhéis Fuinnimh (PEE) in MWh)[5]

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Leictreachas | 40,338 | 36,992 |
| Teirmeach | 2,740 | 2,513 |
| Iompar | 54,731 | 50,468 |

#### Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI)[5]

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| MWh/Fostaí CL | 13.7 | 13.5 |
| % feabhas i gcomparáid leis an mbonnlíne fuinnimh[6] | 55.1% | 55.7% |

5 Tuairiscítear Ídiú Oibríochtúil Fuinnimh do SEAI faoi rialacháin éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí (SI426/2014). I sonraí maidir le hídiú 2024, tugtar léargas ar thimthriall tuairiscithe 2025 SEAI.

6 Is ionann bonnlíne fuinnimh agus meán de shonraí 2006-2008.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)

## Fíorú Astaíochtaí

Tuairiscíonn ESB astaíochtaí bunaithe ar mhodheolaíocht an Phrótacail GHG. Tuairiscítear astaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3 go bliantúil agus déantar iad a fhíorú go neamhspleách. Déantar astaíochtaí giniúna ESB a fhíorú faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) agus faoi Chóras Trádála Astaíochtaí na Ríochta Aontaithe agus cuirtear faoi bhráid an údaráis ábhartha um chosaint an chomhshaoil iad gach bliain. Ina theannta sin, fíorófar gach astaíocht Scóip 1, 2 agus 3 eile de réir ISO14064-03.

## Nochtadh maidir le hAthrú Aeráide CDP

Is ardán domhanda é CDP a chuidíonn le cuideachtaí agus cathracha faisnéis faoin gcomhshaol a thuairisciú agus a bhainistiú. In 2025, choinnigh ESB a scór B (Bainistíocht) ó 2024. Laghdaigh scór foriomlán ESB roimhe seo go B in 2024 ó A- toisc gur leag CDP tairseach nua síos lena gceanglaítear go nginfear 25% ar a laghad den leictreachas ó fhuinneamh in-athnuaite chun an scór is airde A nó A- a bhaint amach. Ní chomhlíonann giniúint in-athnuaite ESB an tairseach sin faoi láthair. Mar sin féin, in 2025, tháinig feabhas ar scóráil ESB i seacht gcatagóir. Tá tuarascáil scórála an CDP ar fáil ar shuíomh gréasáin an ESB.

## Bainistíocht agus Feidhmíocht Fuinnimh

Feidhmíonn ESB córas bainistíochta fuinnimh deimhnithe (ISO50001) chun a fhuinneamh oibríochtúil ó fhoirgnimh agus óna fhlít iompair a bhainistiú. Faoi Threoir an Aontais maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, tá ESB faoi réir feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar dhearbhastaíochtaí carbóin a bhaineann le húsáid fuinnimh oibríochtúil faoi 2030. Tá feidhmíocht fuinnimh ESB ag dul chun cinn i gcónaí, agus tuairiscíodh laghdú carnach fuinnimh 55% i gcoinne feidhmíocht bhonnlíne (meán 2006–2008) do SEAI, bhí $CO_2$ iomlán 25.6% faoi bhun na bonnlíne 24,717,194 kg$CO_2$ sa bhliain bhonnlíne 2016-2018.

**Déine Giniúna Carbóin ESB g/kWh***




* Tá aschur na dtionscadal comhfhiontair san áireamh sna ríomhanna déine carbóin bunaithe ar scairsheilbh ESB san eintiteas ábhartha. 2025 bunaithe ar shonraí fíoraithe.

## Bithéagsúlacht

### An dúlra a athchóiriú agus an bhithéagsúlacht a neartú

Treoraíonn uaillmhian ESB a bheith dearfach ó thaobh an dúlra de faoi 2030 a chur chuige maidir le maoirseacht chomhshaoil. Moltar i ndréacht-Straitéis Bhithéagsúlachta an Ghrúpa, atá á forbairt faoin bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta, go gcuirfí an tOrdlathas Maolúcháin (Seachain, Íoslaghdaigh, Athchóirigh agus Cúitigh) i bhfeidhm maidir le gach tionscadal agus oibríocht. Cuireann aonaid ghnó ar fud an Ghrúpa le breithniú rioscaí bithéagsúlachta agus rialuithe iomchuí i gCórais Bainistíochta Comhshaoil (EMS) atá deimhnithe ag ISO14001:2015.

Le linn 2025, cheap ESB Ceannaire Bithéagsúlachta Grúpa nua, a raibh sé de chúram air gníomhaíocht bhithéagsúlachta a spreagadh agus a ailíniú ar fud na heagraíochta agus comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara a éascú. Tá ESB an-eolach ar an ról atá aige sa chur chuige 'Uile-Rialtais, Uile-Sochaí' maidir le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta a mholtar i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht agus tá sé tiomanta dá dhualgais bhithéagsúlachta mar chomhlacht poiblí a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, chuir ESB go rialta le Fóraim Cheannairí an Phlean Athchóirithe Náisiúnta i rith na bliana.




Le linn bonneagar nua fuinnimh a fhorbairt, déanann ESB réimse measúnuithe chun tionchair fhéideartha ar bhithéagsúlacht a shainaithint agus a mhaolú; leathnaigh sé a fhoireann inmheánach éiceolaithe tuilleadh le linn 2025 chun na measúnuithe sin a éascú.

In 2025, thug ESB faoi Mheasúnú ar Spreagthaí Tionchair a chlúdaigh gach aicme sócmhainní oibríochtúla ar fud Ghrúpa ESB. Leis an measúnú sin, beifear in ann meastóireacht a dhéanamh amach anseo ar leibhéal an láithreáin ar thionchair, spleáchais, rioscaí agus deiseanna bithéagsúlachta.

Tá ESB i mbun 'Rian Straitéise' Ghnó Bhithéagsúlacht Éireann faoi láthair agus is comhpháirtí lárnach é den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tacaíonn ESB freisin leis an tionscadal taighde Nature+Energy agus bhí sé ina urraitheoir ar thionscnamh 2025 'Hare's Corner'.

Ar deireadh, tá ESB tiomanta d'fhothú acmhainneachta a chinntiú in earnáil na bithéagsúlachta agus lean sé dá mhaoiniú agus dá thacaíocht don Chlár Oiliúna Breathnóirí Mamach Mara le linn 2025, arna sheachadadh i gcomhar le Grúpa Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann.

## Cás-Staidéar
## CEN Lapairí Goir

Príomhghníomhaíocht de dhréacht-Straitéis Bhithéagsúlachta ESB is ea an comhar le páirtithe leasmhara bithéagsúlachta eile agus le tionscadail chaomhnaithe eile a leathnú agus a fheabhsú. Le linn 2025, chuir Lárionad Inbhuanaitheachta ESB tús le rannpháirtíocht leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir le Lapairí Goir (EIP) chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag ESB tacú le cuspóirí agus cur chun feidhme praiticiúil an tionscadail.

Ó na 1970idí i leith, tá meath suntasach tagtha ar líon an phobail agus ar an raon pórúcháin náisiúnta i gcás lapairí na hÉireann atá ag pórú (lena n-áirítear pilibín, cuirliún agus ladhrán trá). Is é is príomhchuspóir do EIP na Lapairí Goir dul i ngleic leis na cúiseanna atá leis an meath sin; cuid lárnach de spriocanna an tionscadail a bhaint amach is ea feabhas a chur ar an rath pórúcháin laistigh de na pobail sin. Is é is aidhm don tionscadal naisc a bhunú le húinéirí talún, le páirtithe leasmhara agus le pobail chun tuiscint chuimsitheach a chothú ar cheanglais na lapairí goir laistigh den tírdhreach.

Thug fostaithe ón Ionad um Inbhuaine agus Trádáil Giniúna faoi roinnt cuairteanna ar an láithreán le foireann tionscadail na Lapairí Goir feadh chalaí na Sionainne. D'éascaigh na cruinnithe sin sainaithint ghabháltas talún ESB ina bhféadfaí gníomhaíochtaí bainistíochta spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun tacú le pobail éan. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag ESB faoi láthair ar na roghanna is oiriúnaí chun na gníomhaíochtaí sin a chur i bhfeidhm.

Trí na speicis sin a aithint, meas a bheith orthu agus iad a chosaint, tá súil ag ESB go dtacóidh sé le soláthar rathúil an tionscadail EIP um Lapairí Goir, a chuireann réimse seirbhísí éiceachórais chun cinn a théann chun tairbhe don tsochaí ar fad.



Inbhuanaitheacht (ar lean)



## Cás-Staidéar
## Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

Le linn 2025, lean ESB dá rannpháirtíocht leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP). Tá ESB ag iarraidh gníomh pailneoirí a dhéanamh mar bhunchloch dá chur chuige straitéiseach i leith na bithéagsúlachta. Áirítear sa Phlean Ceannaireachta Inbhuanaithe agus i ndréacht-Straitéis Bhithéagsúlachta an Ghrúpa gníomhaíochtaí chun tacú le cleachtais bhainistíochta ag láithreáin ábhartha ESB chun acmhainní neachtair do phailneoirí a fheabhsú, agus cruthú agus coinneáil gnáthóg atá tábhachtach d'fheithidí pailnitheacha á gcur chun cinn. Tá sé sin léirithe ag gníomhaíochtaí bainistíochta tírdhreacha atá ar son an phailneora a rinneadh in Ionad Náisiúnta Oiliúna ESB i bPort Laoise, Co. Laoise. Déantar réimsí móra den réimse oiliúna fairsing a bhainistiú anois mar mhóinéir fadbhláthaithe, in éineacht le comharthaí faisnéiseacha arna soláthar ag AIPP d'fhostaithe agus do chuairteoirí.

Tugadh céim soláthar an AIPP 2021-2025 chun críche le déanaí, agus tá ESB páirteach faoi láthair i gcomhairliúchán maidir le tosaíochtaí an tríú céim den phlean, a bhfuiltear ag súil go n-áireofar ann modúl sonrach d'fhóntais fuinnimh agus iompair.

## Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach

Tá úsáid inbhuanaithe acmhainní agus an geilleagar ciorclach ríthábhachtach d'uaillmhian ESB maidir le haistriú cóir agus inbhuanaithe chuig glan-nialasacht a bhaint amach. In 2025, chuir ESB a thiomantas chun cinn chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú ar fud oibríochtaí, ag díriú ar spleáchas ar óghábhair a laghdú, saolréanna sócmhainní a bharrfheabhsú, agus dramhaíl a íoslaghdú.

Tá obair ar siúl chun Straitéis uile-Ghrúpa um Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach (RUCE) a fhorbairt, lena gcomhdhlúthófar tionscnaimh atá ann cheana agus lena leagfar amach treoir shoiléir maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní laistigh de ESB, lena leabófar prionsabail an gheilleagair chiorclaigh chun tacú leis an aistriú chuig glan-nialasacht.

I measc na bpríomh-gharspriocanna maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní in 2025 bhí deireadh a chur le hoibríochtaí guail ag stáisiún cumhachta Ghob na Muine, pleananna deireadh ré le haghaidh tuirbíní gaoithe a chur chun cinn agus critéir inbhuanaitheachta a leabú i dtairiscintí ardluacha atá ailínithe le ISO20400. Chuaigh ESB i bpáirt le Circuléire freisin, ardán náisiúnta na hÉireann don mhonaraíocht chiorclach, chun comhoibriú agus nuálaíocht a chothú maidir le slabhraí soláthair athléimneacha a thógáil.

I mí an Mheithimh 2025, d'óstáil ESB a chéad Chomhdháil inmheánach maidir le Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh, inar taispeánadh réimse tionscadail geilleagair chiorclaigh ó gach cearn den eagraíocht. Ba é cuspóir an imeachta daoine a thabhairt le chéile ó gach réimse de ESB chun eolas a roinnt, foghlaim óna chéile, agus samplaí praiticiúla a fhiosrú amhail dearadh ciorclach, athchóiriú, athúsáid, agus pleanáil deireadh ré. Léiríonn na tionscnaimh sin tiomantas ESB do prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú ar fud rannóga éagsúla agus ag céimeanna éagsúla de shaolréanna tionscadail. Leag an chomhdháil béim ar chastachtaí an ábhair agus ar na dúshláin atá amach romhainn. Chuir gach aonad gnó samplaí i láthair dá dtionscnaimh agus dá n-éachtaí maidir le cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chur chun feidhme, agus béim á leagan ar ról ríthábhachtach na ceannaireachta inbhuanaitheachta maidir le feabhsuithe comhshaoil agus oibríochtúla a chur chun cinn.

Ag féachaint chun cinn, leanfaidh ESB de chiorclaíocht a chomhtháthú i rialachas, pleanáil agus oibríochtaí, ag obair leis an tionscal agus leis an saol acadúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le córais chiorclacha aibí na hÉireann a fhorbairt. Tá na hiarrachtaí sin ríthábhachtach chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun tacú le huaillmhian fhadtéarmach ESB maidir le glan-nialasacht.





## Ábhair Shóisialta

Féachann ESB lena Straitéis um Ghlan-Nialasacht faoi 2040 a chur i gcrích ar bhealach inbhuanaithe, agus is cuid thábhachtach de chur i gcrích na straitéise seo í an fhreagracht shóisialta. Is é uaillmhian ESB tionchar sóisialta dearfach a chruthú ar fud gach ceann de na ceithre ghrúpa shóisialta: Lucht saothair dílis, Oibrithe sa Slabhra Luacha, Pobail lena mBaineann, agus Custaiméirí. Tá ESB tiomanta do na dálaí sóisialta agus comhshaoil a chothú a chuirfidh ar chumas gach duine a bheith rathúil. Ina Phlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta, leagann ESB amach a chur chuige agus a uaillmhianta do gach ceann de na ceithre ghrúpa sóisialta a n-imrítear tionchar orthu trína chuid oibríochtaí agus ina shlabhra soláthair:

**A Lucht Saothair Féin**
Tá ESB dírithe ar a lucht saothair a chumhachtú chun gníomhú ar bhealach inbhuanaithe agus chun ionad oibre a fhorbairt agus a chothú ina n-oibríonn gach duine go sábháilte, ina bhfásann siad agus inar féidir leo a bheith rathúil ar a ndóigh féin. Leanann ESB de bheith i dteagmháil le fostaithe trí réimse bealaí chun lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach a fhorbairt agus chun tacú leo. Féach an rannóg Rannpháirtíocht lenár bPáirtithe Leasmhara ag tosú ar leathanach 20 agus an rannóg Daoine ag tosú ar leathanach 77 chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Oibrithe sa Slabhra Luacha**
Comhoibríonn ESB le soláthraithe agus le comhlachtaí seachtracha eile chun bearta agus rialuithe a chur i bhfeidhm chun cearta daonna oibrithe ina shlabhra soláthair a chosaint. Le linn 2025, lean ESB leis an bpróiseas chun Próiseas Díchill Chuí struchtúrtha um Chearta an Duine a bhunú ar fud a chuid oibríochtaí go léir. Féach thíos le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Pobail lena mBaineann[7]**
Geallann ESB go rachaidh sé i dteagmháil go straitéiseach agus go nuálach le pobail agus le páirtithe leasmhara eile chun tacú le soláthar a straitéise. Le linn 2025, chuaigh ESB i dteagmháil le pobail ina n-oibríonn sé trí réimse tionscnaimh shóisialta, tacaíochtaí maoinithe, tionscnaimh oibre deonaí agus urraíochtaí agus thacaigh sé leo. Féach leathanaigh 74 go 75 agus Pobail Tacaíochta ar leathanach 57 le haghaidh tuilleadh sonraí.

[7] Tugtar sainmhíniú ar na Pobail lena mBaineann sa Ghluais ar leathanach 253.

**Custaiméirí**
Tá ESB tiomanta do chumhacht agus tacaíocht a thabhairt dá chustaiméirí chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2040 trí leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar chun soláthairtí leictreachais iontaofa agus slána a chinntiú chun freastal ar riachtanais agus ionchais na sochaí atá ag athrú, faoi láthair agus amach anseo. Féach tuilleadh sonraí sna rannóga ESB Networks (leathanach 42), NIE Networks (leathanach 44) agus Réitigh do Chustaiméirí (leathanach 48).

## Cearta an Duine

Déanann ESB measúnú ar an tionchar a bhíonn ag a thopaicí sóisialta trí úsáid a bhaint as an gcur chuige díchill chuí maidir le cearta an duine.

Mar atá leagtha amach ina Bheartas um Chearta an Duine, tugann ESB gealltanas cearta an duine a urramú agus bearta rialaithe éifeachtacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ina oibríochtaí, ina shlabhra soláthair agus sna pobail agus suíomhanna ina bhfuil ESB ag feidhmiú d'fhonn a chinntiú nach bhfuil cearta an duine á sárú. Tá réimse beartas agus Cód Eitice ESB ("Ár gCód") ag tacú leis an ngealltanas sin.

Le linn 2025, lean ESB de phróiseas Díchill Chuí um Chearta an Duine (HRDD) a bhunú ar fud a ghníomhaíochtaí gnó. Is próiseas struchtúrtha é HRDD a forbraíodh chun cabhrú le ESB aon drochthionchair fhéideartha agus iarbhír ar chearta an duine a shainaithint agus a bhainistiú, ar drochthionchair iad de dheasca a ghníomhaíochtaí gnó nó a bhaineann leo. Is próiseas casta agus leanúnach é HRDD foirmiúil a bhunú ar fud na heagraíochta. Tá próiseas HRDD ESB deartha de réir Threoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Gnó Freagrach.

### Dúshláin i nDícheall Cuí maidir le Cearta an Duine

Tá ESB tiomanta do chearta an duine a urramú agus bearta rialaithe éifeachtacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ina oibríochtaí, ina shlabhra soláthair agus sna pobail agus suíomhanna ina bhfuil ESB ag feidhmiú d'fhonn a chinntiú nach bhfuil cearta an duine á sárú. Tá ESB i mbun próiseas HRDD struchtúrtha a bhunú.

Aithnítear ann na dúshláin a bhaineann le cineál na slabhraí soláthair, ar slabhraí iad atá ag éirí níos casta agus níos domhanda, ina bhféadfadh rioscaí do chearta an duine agus rioscaí nua-aimseartha sclábhaíochta teacht chun cinn go domhain sa slabhra soláthair. Tá cur chuige neamhfhulaingthe ag ESB maidir le sáruithe ar chearta an duine agus sclábhaíocht nua-aimseartha.

Déanann an chuideachta gach soláthar ar bhealach a chomhlíonann an reachtaíocht uile is infheidhme de chuid an Aontais agus na hÉireann . Éilíonn ESB ar gach soláthróir/conraitheoir atá ag soláthar earraí, seirbhísí nó oibreacha do ESB, nó thar a cheann, a dheimhniú go bhfuil siad ag comhlíonadh an Bheartais maidir le Ceanglais i leith Tríú Páirtithe agus Cairt Soláthróirí ESB.

Déantar iniúchtaí neamhspleácha chun a chinntiú go gcomhlíonann conraitheoirí ESB a n-oibleagáidí i réimse chearta an duine, na sclábhaíochta nua-aimseartha agus na reachtaíochta fostaíochta.

Tá ESB ina bhall de roinnt comhlachtaí comhoibritheacha seachtracha, a bhfuil gach ceann acu dírithe ar thrédhearcacht a mhéadú agus íoschaighdeáin a choinneáil ar fud na slabhraí soláthair.

# Inbhuanaitheacht (ar lean)

In 2025, rinne ESB, mar chuid den phróiseas HRDD, athbhreithniú ar a mheasúnú[8] ar shaintréithe chearta an duine chun tuiscint níos fearr a fháil ar a thionchair ar chearta an duine agus chun tús áite a thabhairt dóibh. Is é cur chuige ESB i leith na salandachta, atá ailínithe le UNGPanna, a chinneann a shuntasaí atá saincheist maidir le cearta an duine de bharr a suntasachta agus a tábhachta do pháirtithe leasmhara a bhféadfadh tionchar a bheith ag gníomhaíochtaí ESB orthu. Sainaithnítear saincheisteanna maidir le cearta an duine agus tugtar tosaíocht dóibh bunaithe ar a ndéine fhéideartha (i.e. raon feidhme, scála agus indeisitheacht), chomh maith lena ndóchúlacht.

Rinne ESB athbhreithniú ar a mheasúnú ar a réimsí gnó agus ar a shuíomhanna gnó le linn 2025 chun saincheisteanna agus rioscaí féideartha maidir le cearta an duine agus bearta coisctheacha a shainaithint, laistigh den Ghrúpa agus ina shlabhra soláthair araon. Baineadh úsáid as cur chuige HRDD chun an measúnú sin a dhéanamh. Baineadh úsáid as creat topaicí sóisialta CSRD chun saincheisteanna agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint faoi gach ceann de na topaicí - A Lucht Saothair Féin, Oibrithe sa Slabhra Luacha, Pobail agus Custaiméirí lena mBaineann. Chuir tríú páirtí seachtrach tacaíocht agus saineolas ar fáil chun an measúnú sin a dhéanamh. Reáchtáladh cruinnithe le hionadaithe ó gach cearn den ghnó le haghaidh gach ceann de na hábhair chun na saincheisteanna ar tugadh tosaíocht dóibh sa mheasúnú sábháilteachta agus na gníomhaíochtaí ar cheart aghaidh a thabhairt orthu a fhíorú.

Foilsítear measúnú ESB ar cheisteanna féideartha a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas (a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó) agus leis na beartais, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe chun déileáil leis na ceisteanna sin i gcomhréir le hAlt 42(s) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, á chomhlíonadh, foilsithe ar leithligh ar shuíomh gréasáin ESB.

### Slabhra Soláthair

Tá ESB tiomanta do chearta an duine a urramú agus do bhearta agus rialuithe a chur i bhfeidhm ina shlabhra soláthair chun sáruithe ar chearta an duine a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu. Treisítear tiomantas ESB trí mheasúnuithe rialta ar sholáthróirí Leibhéal 1 (i.e. i gcás ina bhfuil conradh déanta ag ESB chun earraí, oibreacha agus/nó seirbhísí a sholáthar le soláthróir/conraitheoirí), le tacaíocht ó rannpháirtíocht le soláthróirí, agus tuairisciú trédhearcach, chomh maith le comhoibriú leanúnach le páirtithe leasmhara chun cosaint chearta na n-oibrithe a fheabhsú go leanúnach agus chun seasamh le hiompar freagrach gnó ar fud a shlabhra luacha.

In 2025, tugadh an próiseas réitigh foirmiúil i gcrích i ndáil le gearán a rinne an Líonra Domhanda um Chaingne Dlí faoi Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, maidir le gual a fhaightear ó Cerrejón na Colóime a cheannach. I mí na Samhna 2025, d'fhoilsigh Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann do Threoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta an Measúnú Deiridh i ndáil leis an ngearán. Leanfaidh ESB ag obair le NCP maidir leis na moltaí atá leagtha amach sa Mheasúnú Deiridh.

### Sclábhaíocht Nua-aimseartha

Tá cur chuige neamhfhulaingthe ag ESB maidir le mí-úsáid chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht nua-aimseartha, ar cionta coiriúla iad faoi dhlí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. De réir UK Modern Slavery Act, 2015, foilsíonn ESB ráiteas bliantúil (atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB) ina sonraítear na céimeanna a cuireadh i gcrích le linn na bliana airgeadais roimh ré d'fhonn a chinntiú nach bhfuil sclábhaíocht agus gáinneáil ar dhaoine ag feidhmiú laistigh de ghnó ESB féin nó ina shlabhraí soláthair. Níor aimsíodh aon teagmhas de sclábhaíocht nua-aimseartha go dtí seo tríd an bpróiseas díchill chuí.

## Oibrithe sa Slabhra Luacha

Tá ESB tiomanta do chearta agus folláine oibrithe a chaomhnú ar fud a shlabhra luacha. Tá caighdeáin um chearta an duine agus um shaothar eiticiúil leabaithe ag ESB i gcreataí soláthair agus rialachais, tá ceanglais soláthróirí neartaithe aige tríd an gCairt Soláthróirí nuashonraithe, agus tá próisis bhliantúla HRDD curtha chun feidhme aige.

Áirítear i ngach conradh soláthróra clásail maidir le comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta, na ndlíthe frithsclábhaíochta agus gáinneála ar dhaoine, agus tacaítear leo le seiceálacha comhlíontachta arb é atá iontu dearbhuithe bliantúla, seiceálacha comhlíontachta deisce agus iniúchtaí ar an láthair de réir mar is gá. Cuireann ESB foinsiú freagrach chun cinn trí chleachtais soláthair a ailíniú le ISO20400 agus trí pháirt a ghlacadh i gcomhoibrithe tionscail ar nós Bettercoal, Tionscnamh um Fhoinsiú Freagrach Tráchtearraí (RECOSI) agus an Solar Stewardship Initiative.

Tugtar tuilleadh tacaíochta do chumas an tsoláthróra trí thionscnaimh eile a bhfuil baint ag ESB leo ar nós Scoil Inbhuanaitheachta Shlabhra Soláthair na hÉireann, atá dírithe ar eolas agus feasacht ar inbhuanaitheacht laistigh den slabhra soláthair a mhéadú. Ina theannta sin, thug ESB faoi chlár píolótach le roinnt soláthraithe FBM atá dírithe ar a litearthacht charbóin a mhéadú, rud a threisíonn tiomantas ESB don inbhuanaitheacht ar fud an tslabhra luacha. Léiríonn na bearta sin tiomantas ESB do rioscaí a mhaolú, caighdeáin tionscail a ardú, agus eolas agus feasacht ar théamaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a neartú, agus slabhra luacha á chothú a sheasann le cearta oibrithe agus a chosnaíonn iad.

## Pobail lena mBaineann

Is gné lárnach de straitéis inbhuanaitheachta ESB é dul chun cinn a dhéanamh maidir le freagracht shóisialta. Ciallaíonn sé sin a chinntiú go mbeidh tionchar dearfach ag ESB ar na pobail ar a bhfreastalaímid. Le linn a staire fada, tá ESB ag tacú le pobail agus le cláir a fheabhsaíonn creat eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann, ag cabhrú le solas agus fuinneamh a chur ar fáil don phobal a bhfuil sé ag freastal air, agus ag tabhairt deis do dhaoine aonair agus do phobail barr a gcumais a bhaint amach.

## Tacaíocht an Phobail

Le linn 2025, d'infheistigh ESB os cionn €2 mhilliún trína chláir shóisialta a bhí dírithe ar thacaíocht an phobail. Áiríodh leis sin beagnach €1 mhilliún ón gCiste um Fhuinneamh do na Glúnta[9], €0.3 milliún trí ElectricAid agus €1 mhilliún eile tríd an gCiste Sochair Pobail.

### An Ciste Sochair Phoiblí

In éineacht le comhpháirtithe comhfhiontair, tá cistí sochair pobail i bhfeidhm ag ESB chun caidreamh agus rannpháirtíocht níos láidre a spreagadh le pobail atá in aice lena shuíomhanna in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Cuireann Ciste Sochair Pobail ESB €1 mhilliún ar fáil do phobail atá cóngarach dá fheirm ghaoithe agus dá láithreáin ghréine chun bonneagar agus seirbhísí áitiúla a fhorbairt. Is é aidhm ESB infheistíochtaí in-athnuaite a úsáid chun buntáistí fadtéarmacha sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil a chruthú do na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu.

### Tacaíocht Phobail Idirnáisiúnta

Is comhpháirtí corparáideach bródúil é ESB den chiste um cheartas sóisialta fostaithe ElectricAid, carthanas cláraithe a bhunaigh fostaithe ESB in 1987. Sa lá inniu ann, tá ballraíocht de thart ar 2,000 fostaí reatha agus ar scor ag ElectricAid, agus tá tabhartais á soláthar ag ESB ag cóimheas 2:3 suas go dtí uasmhéid de €300,000 gach bliain. In 2025, chuir ElectricAid beagnach €0.6 milliún de mhaoiniú ar fáil do 59 tionscadal i 22 tír ar fud an domhain. Tugadh aghaidh go díreach i gach tionscadal ar cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, cuireadh €0.1 milliún de mhaoiniú éigeandála ar fáil do UNICEF le haghaidh cabhair dhaonnúil in Gaza agus in Achomharc Éigeandála Mhaenmar, agus do Chros Dhearg na hÉireann le haghaidh na tuilte in Valencia. Mhaoinigh ElectricAid €0.1m freisin do chomhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear SeeBeyondBorders chun tacú le tionscadal oideachais sa Chambóid. B'ionann an cistiú iomlán a eisíodh in 2025 agus €0.8 milliún. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin ElectricAid www.electricaidcharity.ie

### An Ciste um Fhuinneamh do na Glúnta (EFG)

In 2025, cheiliúir EFG, ciste tabhartha sóisialta ESB, 20 bliain de thionchar a imirt ar phobail ar fud na hÉireann. Ó bunaíodh é in 2005, chuir sé maoiniú €1 mhilliún ar fáil in aghaidh na bliana agus thacaigh sé le 800 tionscadal agus tionscnamh, agus béim láidir á leagan ar fhéinmharú a chosc agus ar chuimsiú sóisialta trí rochtain ar fhostaíocht, rochtain ar oideachas, agus aghaidh a thabhairt ar easpa dídine.

In 2025, thacaigh an ciste le 47 tionscadal agus choinnigh sé dhá phríomh-chomhpháirtíocht straitéiseacha ar bun: TrailblazHER, tionscnamh de chuid OT Baile Átha Cliath a chuireann comhionannas inscne chun cinn in earnálacha ina bhfuil mná faoi ghannionadaíocht, agus clár EPIC de chuid Business in the Community (BITC) Ireland, a chuidíonn le dídeanaithe agus le himircigh rochtain a fháil ar dheiseanna fostaíochta. Anuas ar thacaíocht airgeadais, chuir fostaithe ESB go gníomhach leis na comhpháirtíochtaí sin trí pháirt a ghlacadh in agallaimh bhréige do mhic léinn EPIC, céim bhliantúil EPIC a óstáil, páirt a ghlacadh i gclár TrailblazHER MentorHER, agus urraíocht a dhéanamh ar Ghradam Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath TrailblazHER. Ina theannta sin, chuir EFG maoiniú na Nollag ar fáil do 24 carthanas lena n-áirítear Ionad Lá Capuchin, Barnardos, Depaul, Cork Penny Dinners, Focus Ireland, agus ISPCC. Trí na tionscnaimh éagsúla sin, leanann an ciste de phobail athléimneacha a neartú agus a fhorbairt ar fud na hÉireann.

> ## Ceiliúrann an Ciste um Fhuinneamh do na Glúnta a chomóradh 20 bliain
>
> **Easpa dídine**
> **€5.5 milliún**
> Tacaíodh le 220 tionscadal ar fud na tíre a dhírigh ar chláir tithíochta agus ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine gan dídean
>
> **Cosc ar Fhéinmharú**
> **€8 milliún**
> Maoiníodh 320 tionscadal lena soláthraítear seirbhísí meabhairshláinte agus tacaíochta géarchéime ar fud na hÉireann agus is é an aidhm fhoriomlán a bhaineann leo féinmharú a chosc.
>
> **Rochtain ar Oideachas**
> **€6.3 milliún**
> Éascaíodh deiseanna foghlama agus forbartha trí thacú le 250 tionscadal a dhírigh ar rochtain ar oideachas do chách
>
> **Rochtain ar Fhostaíocht**
> **€200,000**
> Cruthaíodh conairí chun oibre trí mhaoiniú a thabhairt i gcomhair 10 dtionscadal/gclár a chuir tacaíocht fostaíochta ar fáil

### Obair Dheonach á déanamh ag Fostaithe

Déanann fostaithe in ESB obair dheonach ar go leor bealaí, ó bhallraíocht coiste i gCiste EFG agus ElectricAid araon, go dtí páirt a ghlacadh i dtionscnaimh éagsúla oibre deonaí agus imeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú. Oibríonn ESB i gcomhpháirt le 'Gnó sa Phobal' (BITC) i mbunscoileanna agus i meánscoileanna ar fud na hÉireann, agus tugann sé deis d'fhostaithe páirt a ghlacadh sna cláir seo a leanas ar bhonn deonach - Am Léitheoireachta, Am Comhairimh, I dTreo do Thodhcaí agus Saol Oibre. Is é an aidhm atá leis na cláir sin scileanna litearthachta agus uimhearthachta i mbunscoileanna a fheabhsú agus scoláirí meánscoile a ullmhú don saol oibre. In 2025, rinne os cionn 100 fostaí de chuid ESB beagnach 1,000 uair an chloig díreach a chur ar fáil ar na tionscnaimh sin, ag tacú le thart ar 180 scoláire ar fud na tíre.

Is féidir le fostaithe ESB a dhéanann obair dheonach ar feadh os cionn 20 uair an chloig le carthanas cláraithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú €500 dá gcarthanas agus €250 breise don dara carthanas. Spreag an tionscnamh sin iarrachtaí oibre deonaí fostaithe agus thug oibrithe deonacha fostaithe ESB breis agus 4,300 uair an chloig le chéile d'eagraíochtaí éagsúla ar fud na hÉireann le linn 2025. Chomh maith leis sin, mar chuid de chomóradh 20 bliain Chiste EFG, rinneadh tarraingt Seaimpíní Carthanais in 2025 d'fhostaithe ESB, rud a d'fhág gur éirigh le naoi gcarthanas maoiniú €20,000 san iomlán a fháil.

Mar bhall de BITC, tacaíonn NIE Networks le tionscadail áitiúla agus le comhpháirtí le Gníomhaíocht um Míchumas, Autism N, agus an Grúpa NOW, ag cur oiliúint Just a Minute (JAM) ar fáil d'fhostaithe tosaigh. Le linn 2025, d'ainmnigh fostaithe 12 charthanas áitiúla tríd an bpróiseas rannpháirtíochta agus bhailigh siad £33,000. Bhailigh fostaithe NIE Networks £90,000 le cúig bliana anuas do charthanais áitiúla tríd an tionscnamh sin agus ó thacaíocht a thabhairt dá rannpháirtíocht, éagsúlacht agus cuimsiú, agus suirbhéanna sláinte agus folláine. Táthar ag tabhairt deis d'fhostaithe tacú le carthanais trí Chiste Carthanais na Foirne agus na bPinsinéirí, agus chuir NIE Networks £10,000 ar fáil don chiste sin in 2025. Dheonaigh an Ciste Carthanas seo thart ar £38,000 do charthanais áitiúla le linn 2025. Trí chomhpháirtíochtaí eile le RSPB, thug fostaithe Fhiadhúlra Uladh agus TCV a gcuid ama go deonach chun tacú le roinnt tionscnamh comhshaoil áitiúil.

[8] Tugtar sainmhíniú ar cheisteanna suntasacha maidir le cearta a nduine sa Ghluais ar leathanach 255.

[9] Chomh maith leis an méid thuas, cuireann ESB tacaíocht airgeadais ar fáil do chláir oibre deonaí Business in the Community ("Am Léitheoireachta", "Am Comhairimh", "I dTreo do Thodhcaí" agus "Saol na hOibre").

# Córais Bhainistíochta Comhshaoil

Aithníonn ESB go bhféadfadh a ghníomhaíochtaí — lena n-áirítear giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar leictreachais — tionchar a imirt ar an gcomhshaol. Glacann an Grúpa freagracht as na gníomhaíochtaí sin a bhainistiú ar bhealach lena gcinntítear ardleibhéal cosanta don chomhshaol nádúrtha. Tá ESB tiomanta do cheannaireacht a léiriú i mbainistíocht chomhshaoil agus féachann sé le tionchar a oibríochtaí ar a éiceachórais máguaird a íoslaghdú.

Comhlíonann ESB na dlíthe comhshaoil agus na ceanglais rialála uile is infheidhme. Chun tacú leis sin, coinníonn gach aonad gnó Córais Bainistíochta Comhshaoil (EMS) atá deimhnithe de réir chaighdeán ISO14001:2015 ar bun, rud a chinntíonn go ndéanfar freagrachtaí comhshaoil a bhainistiú go córasach agus go ndéanfar feabhas leanúnach ar fheidhmíocht. Soláthraítear leis na córais sin an creat rialachais le haghaidh rialú tionchair, laghdú astaíochtaí agus cosc ar thruailliú, tacaithe ag monatóireacht agus tuairisciú comhlíonta láidir maidir le gach láithreán atá ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) agus údaráis áitiúla. Tríd an gcur chuige struchtúraithe sin, cuirtear bonn faoi thiomantas ESB d'oibriú mar fhóntas fuinnimh atá freagrach, comhlíontach, agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Tá freagrachtaí bainistíochta comhshaoil faoi stiúir Foirne Comhshaoil, Bainisteoirí agus Speisialtóirí laistigh de gach aonad gnó, agus tacaíocht lárnach á fáil acu ó fheidhm Sábháilteachta, Sláinte agus Comhshaoil (SSC) an Ghrúpa agus faoi mhaoirseacht na Foirne Ceannaireachta SSC. Déanann gach aonad gnó monatóireacht ar phríomhtháscairí feidhmíochta comhshaoil, lena n-áirítear toirteanna dramhaíola agus astaíochtaí nach mbaineann le hastaíochtaí GCT san aer, sa talamh agus san uisce.

Déantar teagmhais agus neasteagmhais chomhshaoil a rianú agus a athbhreithniú trí Synergi Life, ardán sábháilteachta, sláinte agus comhshaoil ESB. In 2025, tugadh isteach feidhmiúlacht nua lena gcuirtear ar chumas na foirne Idirghabhálacha Maithe Comhshaoil a logáil, rud a chumasaíonn na fostaithe tuilleadh le hidirghabháil a dhéanamh go réamhghníomhach nuair a shainaithníonn siad rioscaí comhshaoil féideartha.

Bhí 148 teagmhas comhshaoil ar fud ESB in 2025. Aicmíodh iad ar fad mar mhionteagmhais Dhéine 1 agus 2 theagmhas ar an scála aicmithe 5 phointe (is ionann 1 agus mionteagmhais agus is ionann 5 agus teagmhais thubaisteacha). Oibríonn ESB 11 stáisiún giniúna atá ceadúnaithe ag GCC. Bhí scóir na láithreán iarrthóra ar fud na láithreán uile le linn 2025 faoi bhun na leibhéal spreagtha de réir fhorfheidhmiú GCC.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Is údaráis phoiblí ar leith iad ESB agus ESB Networks DAC faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2014-2018 (na "Rialacháin AIE"). Leis na rialacháin sin, tugtar an ceart do bhaill den phobal faisnéis faoin gcomhshaol atá ag ESB nó ESB Networks DAC a iarraidh, rud a chuireann trédhearcacht agus cuntasacht chun cinn. Trí rochtain ar fhaisnéis a sholáthar faoi Rialacháin AIE, léiríonn ESB agus ESB Networks DAC a dtiomantas do chumarsáid oscailte agus do fhreagracht chomhshaoil, agus in 2025 freagraíodh gach iarratas AIE ESB laistigh den achar amaregachtúil.





# Daoine

'Ag ESB, táimid bródúil as díreach os cionn 10,000 fostaí agus 65 náisiúntacht atá ag comhoibriú agus ag obair le chéile a bheith againn.' Tá gach duine ag cur leis agus ag tabhairt leo a meascán uathúil féin de scileanna, taithí agus cúlraí éagsúla. Tuigimid go bhfuil ár ndaoine i gcroílár gach rud a dhéanaimid agus go bhfuil siad bunúsach dár rath leanúnach. Is iad na luachanna, ardchaighdeáin agus hiompraíochtaí laethúil a fhágann go bhfuilimid difriúil le heagraíochtaí eile sa mhargadh. Trí infheistíocht a dhéanamh i bhfás agus trí thacú le tallann in ionad oibre cúramach, cuimsitheach, éagsúil, cumasaithe go digiteach agus sábháilte, neartaímid ár gcumas a bheith solúbtha agus chun oiriúnú. Agus le chéile táimid ag cruthú todhchaí níos gile dár bhfostaithe, dár gcustaiméirí agus do na pobail a bhfreastalaímid orthu'.

**Sinéad Kilkelly**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Daoine agus Inbhuanaitheacht

## Straitéis Ball Foirne ESB: An cultúr agus an cumas a theastaíonn d'fheidhmíocht leanúnach a chumasú, áit ar féidir le gach duine cur leis na hiarrachtaí glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2040.

Tugann lucht saothair ilghlúine agus éagsúil ESB meascán saibhir de scileanna, peirspictíochtaí agus taithí leo. Cuireann Straitéis Daoine ESB ar chumas na heagraíochta an tallann agus an cumas atá riachtanach chun a straitéis uaillmhianach maidir le glan-nialasacht faoi 2040 a bhaint amach a mhealladh, a fhás agus a choinneáil. Bíonn na tosaíochtaí agus na tionscnaimh atá mar bhonn le príomhcholúin Straitéis Daoine ESB ag athrú i gcónaí mar fhreagairt ar riachtanais ghnó a bhíonn ag athrú, tionchair sheachtracha agus aiseolas ó fhostaithe. Tá príomhréimsí fócais do 2025 ar fud na gcolún seo leagtha amach sa chuid seo.

## Athrú ó Bhonn Inbhuanaithe a Éascú

Ag ESB, creidimid gurb iad ár ndaoine a spreagann aistriú fiúntach. Trí oibriú i gcomhar le daoine agus daoine a chur i gcroílár na cinnteoireachta agus trína áirithiú gur prionsabal lárnach é inbhuanaitheacht, cumasaímid ár ndaoine chun obair iontach a dhéanamh ar bhealaí nua agus ar bhealaí níos inbhuanaithe.

### Méadú le haghaidh Glan-nialasachta

De réir mar a luathaíonn an obair i dtreo Straitéis ESB um Ghlan-nialasacht faoi 2040 a bhaint amach, tá aistriú riachtanach. Tá gach aonad gnó in ESB ag athrú ó bhonn agus is cumasóir suntasach í an teicneolaíocht ar an turas bunathraitheach sin. Le linn 2025, lean ESB le hinfheistíocht a dhéanamh i gcumais dhigiteacha ár ndaoine a fhorbairt.

I ndiaidh Microsoft Copilot a sheoladh den chéad uair in 2024, aistríodh an fócas go glacadh, scileanna agus tionchar in 2025. Tá rochtain ag gach fostaí anois ar Chomhrá Gréasáin Copilot, rud a chuireann ar a gcumas a n-ualach oibre a laghdú. Chun tacú le húsáid shábháilte agus éifeachtach, rinne daoine ESB os cionn 1,300 uair an chloig d'oiliúint fhoirmiúil in 2025, rud a chothaigh muinín agus cumas digiteach i measc na bhfoirne. Mar thoradh air sin, tá na mílte fostaí anois ina n-úsáideoirí gníomhacha uirlisí IS-chumasaithe, agus úsáideann siad iad i dtascanna laethúla amhail dréachtú, achoimriú, anailísiú sonraí agus ábhar dírithe ar an gcustaiméir a ullmhú.

Ag an am céanna, tá os cionn 1,000 duine ag baint úsáid as Copilot do Microsoft 365, lena gcomhtháthaítear IS go díreach i sreafaí oibre i bhfeidhmchláir Outlook, Teams agus Office — rud a fheabhsaíonn comhoibriú agus a chuireann am ar fáil le haghaidh obair ardluacha.

Léirítear leis na forbairtí sin tiomantas leanúnach ESB d'uirlisí agus scileanna nua-aimseartha a chur ar fáil dá dhaoine, rud a chinntíonn gur féidir leo bheith ag nuáil, ag comhoibriú agus ag soláthar go tapa chun tacú lenár gcuspóir agus lenár n-uaillmhian um ghlan-nialasacht faoi 2040.

## Cumas, Ceannaireacht agus Tallann

Tá daoine i gcroílár todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach. Tá cur chuige atá dírithe ar an todhchaí agus athléimneach á leabú ag ESB maidir leis an lucht saothair agus acmhainneacht eagraíochtúil, ag cinntiú go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an mhuinín ag a dhaoine atá riachtanach chun go n-éireoidh go maith leo i dtírdhreach fuinnimh a bhíonn ag athrú go mear. Trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gcumais ríthábhachtacha agus i gcumais atá ag teacht chun cinn, cuirfidh ESB ar chumas gach fostaí cuidiú fiúntach a thabhairt maidir le huaillmhian ESB glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2040.

### Cumas a Fhorbairt don Todhchaí

Tá ESB tiomanta do chumas atá réidh don todhchaí a fhorbairt ar fud na heagraíochta, rud a chuireann ar chumas a dhaoine fás, oiriúnú agus rath a bhaint amach de réir mar a fhorbraíonn an gnó. Leagann cur chuige ESB béim láidir ar fhoghlaim agus forbairt leanúnach, agus tacaítear leis sin trí thionscnaimh amhail an clár @MyDevelopment, conairí forbartha ceannaireachta, agus rochtain ar chlár inmheánach meantóireachta agus cóitseála a bhuaigh duaiseanna. In 2025, bhronn Comhairle Meantóireachta agus Cóitseála na hEorpa (EMCC) an gradam is airde ar ESB, an Duais Óir, agus bhain os cionn 260 dár ndaoine leas as cóitseáil agus meantóireacht mar chuid dá bhforbairt ghairme. Tacaíonn deiseanna lena n-áirítear dúshláin nuálaíochta, sannadh rothlach, agus maoiniú cáilíochtaí gairmiúla le fás scileanna agus cumais, rud a chuireann ar chumas ár ndaoine ról gníomhach a ghlacadh in aistriú fuinnimh ghlain na hÉireann a mhúnlú.

# Daoine (ar lean)

**Forbairt Ceannaireachta**
Tugtar tús áite fós do cheannaireacht láidir bunaithe ar luachanna a fhorbairt agus ESB ag leanúint de chultúr atá dírithe ar dhaoine a leabú ar fud na heagraíochta. In 2025, lean ESB leis an gclár 'Ceannaireacht Trínár Luachanna' a chur ar fáil, ag plé le breis agus 700 bainisteoir daoine le 12 mhí anuas. Ag cur leis an móiminteam seo, cuirfear an clár 'Ceannaireacht Trínár nIompraíochtaí' i bhfeidhm in 2026. Neartóidh an chéad chéim eile sin i rannpháirtíocht agus forbairt ceannaireachta an cheannaireacht iompraíochta tuilleadh, ag neartú ról na gceannairí maidir le heagraíocht chuimsitheach, ardfheidhmíochta agus bunaithe ar luachanna a chruthú.

**Riachtanais Chumais sa Todhchaí a Phleanáil**
Bhí sé ríthábhachtach i gcónaí do rath ESB breathnú chun cinn, treochtaí a réamh-mheas, agus ullmhú do riachtanais chumais amach anseo. In 2025, bhí an fheidhm Daoine i gceannas ar thionscadal sna haonaid ghnó ar fad a dhírigh ar 'Chumas Amach Anseo', ag glacadh léargas todhchaí 2040 ar na cumais is gá chun uaillmhianta ESB um ghlan-nialasacht a bhaint amach. Le toradh an tionscadail sin, cuirfear bonn eolais faoi phleanáil straitéiseach fhadtéarmach don lucht saothair, ag cinntiú go bhforbrófar na cumais chearta, agus go mbainfear leas astu, ag an am ceart.

**An Chéad Ghlúin Eile de Thallann a Fhorbairt**
Leanann Straitéis Luathghairmeacha ESB den phíblíne tallainne atá ag teacht chun cinn a neartú, atá riachtanach don rath amach anseo. In 2025, chuir ESB fáilte roimh líon méadaithe mac léinn (78 ó chúlraí innealtóireachta agus gnó) ar a Chlár larchéime, mar aon le breis agus 170 printíseach nua i gcláir phrintíseachta ESB Networks agus NIE Networks. Tá éagsúlacht inscne ina fócas san Fheachtas Printíseachta Ceardaíochta bliain i ndiaidh bliana agus tá méadú tagtha ar an líon ban a fhostaítear in ESB Networks ó bhonn nialasach go 26% le 10 mbliana anuas. Thar na ceithre bliana dá chlár printíseachta, tá thart ar 100 bean faoi oiliúint ag ESB Networks faoi láthair. Tá an dul chun cinn sin á spreagadh ag tionscnaimh spriocdhírithe meallta, cleachtais earcaíochta chuimsitheacha, cláir forbartha ceannaireachta, agus píblíne luathghairme, agus iad uile deartha chun rochtain ar chonairí gairme teicniúla agus oibríochtúla a leathnú. Trí spreagadh agus forbairt a dhéanamh ar an gcéad ghlúin eile de thallann Luathghairmeacha go háirithe san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, san Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (ETIM) agus i ndisciplíní teicniúla, tá ESB ag forbairt na scileanna agus na gcumas a bheidh mar bhonn do thodhchaí fuinnimh ghlan na hÉireann.

## Cur lenár bhFocal maidir le Gealltanas Ár nDaoine

Tá ESB tiomanta d'ionad oibre a chothú inar féidir le gach fostaí déanamh go maith anois agus amach anseo. Is mó ná ráiteas é ár nGealltanas Daoine (togra luacha fostaithe ESB); is gealltanas é a dhéantar do gach fostaí, agus neartaítear é lenár luachanna agus lenár n-iompraíochtaí. Léirítear leis an ngealltanas tiomantas leanúnach ESB d'fholláine, d'fhás gairmiúil agus do mhuintearas na bhfostaithe.

**Luach Saothair a Thabhairt do Dhaoine Tacú Leo**
Cuireann ESB pacáiste luach saothair iomaíoch ar fáil, chomh maith le sraith chuimsitheach sochar agus tacaíochtaí. Áirítear leis seo tionscnaimh sláinte agus folláine, cláir éagsúlachta agus chuimsithe, tacaíochtaí teaghlaigh, agus socruithe oibre solúbtha. Aithníonn ESB luach an chomhoibrithe ar an láthair go pearsanta agus spreagann sé go gníomhach freastal ar an oifig, agus samhail oibre hibridí á cothabháil aige atá bunaithe ar mhuinín agus ar riachtanais ghnó.

## Tá ESB ag tabhairt faoi straitéis uaillmhianach chun córas leictreachais na hÉireann a dhícharbónú faoin mbliain 2040 agus tá sé soiléir go mbeidh athruithe ag teastáil.

Ionas go mbeidh rath ar ESB, tá meascán ar leith de chumais ann atá oiriúnach don todhchaí agus beidh sé de dhíth ar ár ndaoine go léir glacadh leis na cumais sin beag beann ar cén stádas nó cén ról atá acu san eagraíocht.

**Barr Feabhais Teicniúil**
Tá an barr feabhais i ngach rud a dhéanaimid agus leanfaidh sé de bheith mar chroílár ár ratha. Den chuid is mó dár n-eagraíocht, baineann sé le bar feabhais san innealtóireacht. Baineann sé lenár n-oibríochtaí ar fad (AD, Airgeadas, TF, srl.) a ligeann dúinn réitigh shábháilte, iontaofa agus nuálacha a sholáthar.

**Géire Intinne Tráchtála**
Trí bhogadh ó bhun-thuiscint ar fhógraí chuig ár saineolas maidir le dinimic margaidh, rialacháin agus tionchair tráchtála a chur i bhfeidhm, ligfidh sé do ESB a bheith rathúil ar bhealach inbhuanaithe.




**Teicneolaíocht, Sonraí agus Litearthacht IS**
Trí leas a bhaint as sonraí agus IS, scaoilfidh sé cinntí níos cliste agus cumais réamh-mheastacha. Ní mór do gach fostaí a bheith muiníneach le húsáid a bhaint as léargais chun feidhmíocht a bharrfheabhsú agus borradh a chur faoi dhul chun cinn.

**Smaointeoireacht Chriticiúil**
Is ionann na cumais seo a chur le chéile agus bun-chumas na smaointeoireachta criticiúla. Ligeann sé sin dúinn neamhchinnteacht a threorú agus réitigh inbhuanaithe a chruthú a imríonn tionchar ar an domhan.

**Cinnteoireacht agus Freagracht**
Beidh sé ríthábhachtach cinntí eolacha, tráthúla a dhéanamh agus úinéireacht a ghlacadh ar thorthaí i dtírdhreach teicneolaíochta atá ag athrú go tapa, agus chomh maith leis sin, cinntítear freagracht as na cinntí sin go bhfeidhmímid le hionracas agus go gcomhlíonfaimid ár dtiomantais

**Meon Fáis**
Ag an am céanna, ní mór dúinn an cumas a chothú dúshláin a ghlacadh, aiseolas a lorg agus forbairt leanúnach a dhéanamh trí bheith ag breathnú ar iarracht agus ar chéimeanna ar gcúl mar dheiseanna foghlama agus deiseanna chun feabhas a dhéanamh - ag cinntiú go bhfuilimid mar eagraíocht atá i gcónaí ag foghlaim agus ag forbairt cumais.



## Creat 'ár nIompar'




**Infheistíocht i bhFás agus i nDeiseanna**
Creideann ESB i gcumhacht na foghlama leanúnaí. Spreagtar gach fostaí infheistíocht a dhéanamh ina bhfás agus ina bhforbairt ghairmiúil féin tríd an gClár 'Do Ghairm Bheatha i do Lámha Féin'. Cinntíonn an tiomantas buan sin maidir le scileanna a fheabhsú agus glacadh le teicneolaíochtaí nua-aimseartha go bhfuil lucht saothair ESB réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus deiseanna amach anseo a thapú.

**Éisteacht agus Rannpháirtíocht**
Tá cúram mór ag ESB faoi na rudaí is tábhachtaí dá mhuintir. Trí rannpháirtíocht dhéthaobhach, grúpaí fócais, agus suirbhé bliantúil fostaithe 'Ár nGuth', éisteann ESB leis an aiseolas óna chuid fostaithe agus gníomhaíonn sé ar an aiseolas sin. Feabhsaíonn sé sin eispéireas na bhfostaithe agus cuireann sé beocht i 'nGealltanas Ár nDaoine'. In 2025, ba é 7.5/10 scór rannpháirtíochta fostaithe ESB sa suirbhé 'Ár nGuth'. Tá ESB tiomanta fós don scór sprice de 8/10 a bhaint amach faoi 2030.

I measc na mbuaicphointí ón Suirbhé 'Ár nGuth' 2025 tá:
- Bhain an mhéadrach 'Tacaíocht Bainisteora' scór suntasach 8.0/10 amach, rud a léiríonn ceannaireacht láidir atá á spreagadh ag cumarsáid oscailte mhacánta agus ceannaireacht le comhbhá. Léirítear leis an toradh sin go bhfuil ardleibhéil iontaoibhe agus mhuiníne ag fostaithe ar fud ESB as a mbainisteoirí agus go mbraitheann siad go bhfuil tacaíocht á fáil acu ina gcuid oibre.
- Tomhaiseann an 'Scór Comhionannais' tiomantas don chuimsiú, don chothroime agus do mhuintearais a chothú, agus d'ardaigh an scór sin go 8.3/10. Bhí an scór sin níos airde ná na blianta roimhe sin agus léirítear leis go mbraitheann fostaithe ar fud ESB níos mó agus níos mó gur tosaíocht í Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú agus go bhfuil siad ar a bhfíorshuaimhneas bheith le ESB.

**Caidreamh le Fostaithe**
Tá ESB bródúil as a bheith ina fhostóir comhdheiseanna agus tá meas aige ar cheart gach fostaí dul isteach i gceardchumann. Bíonn ESB i mbun comhargála le Ceardchumainn chreidiúnaithe trí ghrúpa ceardchumann ESB. Áirítear ar nósanna imeachta gearán inmheánacha ESB Comhairle Thionsclaíoch, rud a áirithíonn réiteach cothrom agus neamhspleách ar shaincheisteanna.

**Deimhneacht Pá a Sholáthar**
Mar chuid dá thimthriall pá, tháinig ESB ar chomhaontú pá trí bliana le thart ar 6,200 fostaí, éifeachtach ón 1 Eanáir 2025. Cuireann an comhaontú cobhsaíocht pá agus soiléireacht ar fáil do lucht saothair ESB thar an tréimhse seo.

**Tabhairt Ar Ais Le Chéile**
Tacaíonn ESB leis na cúiseanna atá tábhachtach do chuid fostaithe, ag tairiscint deiseanna d'obair dheonach agus ag meaitseáil ranníocaíochtaí carthanachta chun tionchar dearfach a imirt ar phobail. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar leathanach 75.

## Cultúr agus Iompraíochtaí a Neartú

Aithníonn ESB go n-éascaíonn cultúr ailínithe agus deartha d'aon ghnó aistriú, nuálaíocht agus ardfheidhmíocht. Neartaíonn Straitéis Chultúir athnuaite ESB agus Creat 'Ár nIompraíochtaí' a tugadh isteach in 2025 an t-ailíniú seo agus tacaíonn siad le gach duine a gcion féin a dhéanamh chun Glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2040.

**Creat Cultúir - 'Ár nIompraíochtaí' a Leabú**
D'fhorbair ESB creat cultúir chun a chultúr eagraíochtúil a mhúnlú agus a neartú d'aon ghnó don todhchaí agus treoir shoiléir a sholáthar maidir le hiompraíochtaí atá fréamhaithe ina chroíluachanna. Leagann creat 'Ár nIompraíocht' béim ar chúig phríomhiompar atá ceaptha chun ceithre luach ESB a threisiú, lena mbunaítear ionchais maidir leis an gcaoi a n-oibríonn fostaithe le chéile agus a bhfreastalaíonn siad ar chustaiméirí agus ar phobail.

# Daoine (ar lean)

Forbraíodh an creat 'Ár nIompraíochtaí' in 2025 agus déanfar é a chomhtháthú sa mhéid seo a leanas:

- Fáil tallainne: rud a chinnteoidh go mbeidh fostaithe nua ailínithe leis an gcreat 'Ár nIompraíochtaí'
- Pleanáil chomharbais: ceannairí amach anseo a fhorbairt a léiríonn cultúr ESB
- Foghlaim agus forbairt: ag soláthar deiseanna fáis spriocdhírithe
- Cóitseáil agus meantóireacht: ag tacú le feabhsú leanúnach ag gach leibhéal
- Próisis AD eile

### Cultúr a Thomhas agus a Fheabhsú

Chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus feabhas a spreagadh, thug ESB isteach iniúchadh bliantúil cultúir in 2025. Leis an bpróiseas sin, rinneadh anailís ar shonraí ó gach réimse den eagraíocht chomh maith le sonraí seachtracha ábhartha. Bhí sé mar aidhm leis an bpróiseas an méid seo a leanas a nochtadh:

- Cás-staidéir dea-chleachtais 'iompraíocht i ngníomh' le roinnt
- Na scileanna agus na cumais lena gcuirtear bonn faoi na 'rudaí dearfacha' cultúir sin
- Deiseanna feabhsúcháin a sainaithint d'fhonn rioscaí cultúrtha a mhaolú

Agus léargas atá bunaithe ar shonraí á úsáid, tá plean gníomhaíochta á chur i bhfeidhm chun cur leis an dóigh a ngníomhaíonn ESB a chultúr mar chroíchumasóir straitéiseach maidir le soláthar, rannpháirtíocht fostaithe agus éifeachtacht eagraíochtúil.

### Rialachas Neartaithe

Feabhsaíodh struchtúir rialachais i rith na bliana chun tacú le hailíniú cultúrtha. Áirítear leis na feabhsuithe:

- Tagann an Grúpa Ceannaireachta Cultúir le chéile go ráithiúil chun maoirseacht straitéiseach a sholáthar agus léargas a roinnt ar fud na n-aonad gnó
- Tagann Foireann Chroí Cultúir oibríochtúil nua le chéile gach mí chun cur i bhfeidhm tionscnamh cultúir a threorú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu

## Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú (DEI) a chothú

Bhí éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú fós ina dtosaíocht straitéiseach do ESB in 2025, rud a chuir taca faoin uaillmhian lucht saothair a fhorbairt a léiríonn na pobail a bhfreastalaímid orthu agus a thacaíonn le Straitéis na heagraíochta um Ghlan-nialasacht faoi 2040. Aithníonn ESB go bhfuil cultúr éagsúil agus cuimsitheach riachtanach le haghaidh nuálaíochta, athléimneachta agus dul chun cinn inbhuanaithe.

### Ionadaíocht agus Spriocanna an Lucht Oibre

Tá spriocanna soiléire agus intomhaiste ag ESB maidir le hionadaíocht inscne agus míchumais. In 2025, ba iad mná 27% den lucht saothair, agus dhírigh Bainisteoir Tionscadail Straitéise ETIM tiomnaithe ar dhul chun cinn i dtreo an sprioc 30% a bhaint amach faoi 2030. Tá ESB bródúil as an méadú ar líon na mban atá ag glacadh le Printíseachtaí Ceardaíochta i ngnólachtaí líonraí. Trí chláir thiomnaithe agus rannpháirtíocht le scoileanna agus leis an gcóras oideachais chun mná a spreagadh chun an chonair ghairme sin a mheas, tá 26% de róil Printíseachta Ceardaíochta in ESB Networks ag mná anois (ó bhonn 0% in 2016). In 2025, b'ionann mná agus 34% den lucht ardbhainistíochta, 40% den Choiste Feidhmiúcháin, agus 42% de róil an Bhoird in ESB. Leanann ESB de sprioc míchumais na hearnála poiblí a shárú, agus 5.7% d'fhostaithe á chur in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas.

### An Bhearna Phá idir na hInscní (GPG)

Ba é 12.2% an meán-GPG in 2025, méadú 1.2 pointe céatadáin i gcomparáid le 2024. Gan ragobair agus liúntais róil-shonracha san áireamh, laghdaigh an bhearna go 2.7%, feabhas 0.3 pointe céatadáin. Is é an príomhspreagadh fós ionadaíocht níos ísle ban i róil ETIM, a mheallann níos mó ragoibre agus liúntas. Chuir tionchar Stoirm Éowyn, a raibh méadú ar ragobair mar thoradh air (agus is fir atá i 98% de phoist na dTeicneoirí Líonra), leis an méadú.

### Tuairisciú GPG

| | Poblacht na hÉireann (tá ragobair san áireamh)[1] | | Poblacht na hÉireann (níl ragobair san áireamh)[1] | | NIE Networks[2] | | So Energy[3] | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 |
| GPG meánach | 12.2% | 11.0% | 2.7% | 3.0% | 1.8% | 6.2% | 15.7% | 14.5% |
| GPG airmheánach | 11.5% | 10.6% | 0.9% | 0.3% | -1.3% | 1.2% | 10.4% | 0.3% |

1 Tagann sé le ceanglais an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 (agus clúdaítear an tréimhse thuairiscithe 12 mhí dar críoch an 30 Meitheamh). Tá tuarascáil GPG iomlán ESB le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.

2 In ainneoin go bhfuil ceanglais GPG na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ó 2017, níl aon cheanglas dlí i dTuaisceart na hÉireann chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis sin. Tá na ríomhanna bunaithe ar phá iomlán fostaithe ábhartha amhail an tréimhse phá lena n-áirítear dáta léargais an 5 Aibreán. Le cois an mhéid thuasluaite, tá an meánbhónas GPG cothrom le -10.7% (2024: 11.4%) agus tá an bónas GPG airmheánach cothrom le -40.8% (2024: -7.1%).

3 Tagann sé le ceanglais Rialacháin na Gníomhaíochta Comhionannais (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní), 2017 (agus clúdaítear an tréimhse phá lena n-áirítear dáta léargais an 5 Aibreán). Le cois an mhéid thuasluaite, tá an bónas GPG meánach cothrom le -20.2% (2024: 22%) agus tá an bónas GPG iarmheánach cothrom le -18.8% (2024: 16%).

Nóta: Níl tuairisciú GPG le haghaidh fostaithe eile ESB sa Ríocht Aontaithe (i.e. seachas NIE Networks agus So Energy) críochnaithe faoi láthair de bhrí nach gcomhlíonann ESB an tairseach de 250 fostaí ar an dáta samplach.

### Príomhthionscnaimh DEI

Cuimsíonn Straitéis DEI ESB réimse leathan tionscnamh, lena n-áirítear forbairt ghairme spriocdhírithe, earcaíocht chuimsitheach, agus monatóireacht leanúnach ar chothromas pá:

- Lean an clár 'Pathways to Success' de bheith ag tacú le forbairt gairme na mban, ag fáiltiú roimh bhreis agus 120 rannpháirtí in 2025 agus Glan-Scór Tionscnóra 99% á bhaint amach. Tugann an tionscnamh sin, atá deartha ag mná do mhná, na huirlisí do rannpháirtithe le go n-éireoidh leo san fhadtéarma ina ngairmeacha beatha ag ESB.
- Rinneadh athbhreithniú ar bheartais earcaíochta agus neartaíodh comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí lena n-áirítear Open Doors, Business in the Community, AsIAm, AHEAD, Back to Work Connect, Way2Work, agus Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann. Áirithíonn na comhpháirtíochtaí sin go bhfuil píblínte tallainne ESB oscailte agus inrochtana do chách, rud a thacaíonn le héagsúlacht níos leithne sa lucht saothair.
- Fuair breis agus 180 céimí faoi mhíchumas áit ó 2006 i leith mar gheall ar an gcomhpháirtíocht le clár 'Willing Able Mentoring' (WAM) de chuid AHEAD. Sa bhliain 2025, fuair ESB an Gradam um Chuimsiú Míchumais ag na Gradaim Éagsúlachta sa Teicneolaíocht agus Gradam Ceannaire WAM ó AHEAD. Tairgeadh ceadúnais Copilot 365 mar theicneolaíocht chúnta d'fhostaithe faoi mhíchumas, cuireadh oiliúint ar Fheasacht ar Mhíchumas ar fáil do bhaill foirne a bhíonn ag plé le custaiméirí, agus seoladh oiliúint i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) (Leibhéal 3 QQI).
- Lean ceithre Ghrúpa Acmhainní Fostaithe ESB (Inrochtaineacht, Éagsúlacht Chultúrtha agus Eitneachas, Inscne, agus LGBT+) de spásanna sábháilte a chur ar fáil, d'ionadaíocht a dhéanamh do ghuthanna na bhfostaithe, agus de bhonn eolais a chur faoi straitéis DEI. Tá ról ríthábhachtach ag na grúpaí deonacha seo, atá faoi stiúir fostaithe, maidir le cuimsiú a chothú, oiliúint feasachta a éascú, dátaí tábhachtacha a cheiliúradh agus ionchur a sholáthar do Straitéis DEI ESB.

### Tuairisciú eile – Comhdhéanamh Fostaithe Ghrúpa ESB 2025

| | Líon | % |
|---|---|---|
| **Líon iomlán fostaithe ESB amhail an 31 Nollaig 2025[1]** | 10,126 | |
| Fostaithe de réir Inscne [2] | | |
| - *Fir* | 7,387 | 73% |
| - *Mná* | 2,739 | 27% |
| Fostaithe de réir an Cheantair Gheografaigh | | |
| - *Éire* | 7,805 | 77% |
| - *Ríocht Aontaithe (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann)* | 2,277 | 23% |
| - *Eile* | 44 | - |
| Athrú Fostaithe[3] | 594 | 6% |
| Mná i mBainistíocht Shinsearach[4] | 124 | 35% |
| Fostaithe faoi Mhíchumas[5] | | 6% |

1 Tuairiscítear sonraí fostaithe bunaithe ar líon foirne Ghrúpa ESB amhail an 31 Nollaig 2025, mar atá taifeadta sna córais AD. Tagraíonn na figiúirí thuas d'fhostaithe ESB amháin.

2 Tá ESB ag tuairisciú inscne na bhfostaithe do gach grúpa 'fireann' agus 'baineann' mar atá taifeadta ina chórais AD.

3 Ríomhtar céatadán láimhdeachas fostaithe mar líon na bhfostaithe a d'fhág ESB le linn na tréimhse tuairiscithe (mar gheall ar éirí as, dífhostú, bás, drochshláinte, gnáthscor, críochnú conartha nó sos gairme), roinnte faoi líon iarbhír na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig 2025.

4 Ríomhtar céatadán na mban i measc na mBainisteoirí Sinsearacha trí na fostaithe baineanna uile i mbainistíocht shinsearach ESB a áireamh amhail an 31 Nollaig 2025. Áirítear leis an mBainistíocht Shinsearach gach ról in ESB atá aicmithe mar bhainistíocht shinsearach seachas an fhoireann feidhmiúcháin.

5 Tá an figiúr slánaithe ó 5.7% agus léiríonn sé foireann Phoblacht na hÉireann amháin bunaithe ar líon na ndaoine i bPoblacht na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2024. Cuirfear tuairisceáin reachtúla do dheireadh na bliana 2025, i gcomhréir le Cuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus foilseofar iad ar a suíomh gréasáin in am trátha. Lena chois sin, is fostaithe faoi mhíchumas in So Energy iad 7% dá lucht saothair bunaithe ar fhostaithe a chuir iad féin in iúl mar fhostaithe faoi mhíchumas amhail an 5 Aibreán 2025. Níl aon sonraí ar fáil do NIE Networks.

### Ag Féachaint Chun Cinn

Tá ESB tiomanta do DEI a chur chun cinn trí ghníomhaíocht straitéiseach agus trí fheabhsú leanúnach. I measc na dtosaíochtaí do 2026 tá cláir cheannaireachta chuimsitheacha a leathnú, inrochtaineacht a leabú tuilleadh, agus spriocanna inscne agus míchumais a chur chun cinn. Tá ESB ag tógáil ionad oibre do na glúnta atá le teacht, áit ar féidir le gach duine bheith faoi bhláth agus cur le todhchaí inbhuanaithe.

### Aitheantas agus Creidiúnú

In 2025, bhain ESB Creidiúnú Airgid amach ó Ionad Éagsúlachta na hÉireann. Deimhníonn an creidiúnú sin go bhfuil cleachtais chuimsitheacha agus cultúr cothroime agus muintearais curtha i bhfeidhm ag ESB. Mhéadaigh an 'Scór Comhionannais' 2025 (lena dtomhaistear tiomantas don chuimsiú, don chothroime agus don mhuintearas) ó shuirbhé bliantúil rannpháirtíochta fostaithe ESB go 8.3, méadú ar na blianta roimhe sin. Léiríonn an treocht aníos sin go mbraitheann fostaithe ar fud ESB níos mó agus níos mó go dtugtar tús áite do DEI agus go bhfuil siad ar a suaimhneas in ESB.



# Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine

"Ag ESB, tá sábháilteacht, sláinte agus folláine i gcroílár gach a ndéanaimid – oibrímid le chéile le tiomantas daingean chun ár ndaoine, ár gcustaiméirí, an pobal agus ár dtodhchaí a chosaint agus aire a thabhairt dóibh."

*Fís maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine ESB*

**Léargas Ginearálta**
Cuireann ESB sábháilteacht, sláinte agus folláine i gcroílár a ndéanann sé. Tá Bord, lucht bainistíochta agus fostaithe ESB tiomanta dá ndaoine (fostaithe agus conraitheoirí), custaiméirí agus an pobal a chosaint agus aire a thabhairt dóibh.

Le linn 2025, d'fhorbair agus d'fhormheas ESB Straitéis nua cúig bliana maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine lena léirítear luachanna agus intinn straitéiseach na heagraíochta. Sainaithnítear leis an straitéis gur freagracht chomhroinnte í an tsábháilteacht agus gur cuid bhunúsach de chultúr ESB í. Trí shábháilteacht, sláinte agus folláine a chur i gcroílár na n-oibríochtaí, tá sé mar aidhm ag ESB ionad oibre inbhuanaithe, cuimsitheach agus athléimneach a chruthú ina n-éiríonn le daoine agus ina mbainistítear rioscaí go gníomhach. Tá ESB tiomanta do bheith i gceannas go cúramach, gníomhú le hionracas, agus feabhsú leanúnach a dhéanamh - ag cosaint lucht saothair an lae inniu agus na nglúnta atá le teacht.

**Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine - na 5C**
Chun tacú le haistriú ESB agus a Straitéis um Ghlan-Nialasacht faoi 2040, tá an Straitéis maidir le Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine 2026-2030 bunaithe ar chúig thosaíocht straitéiseacha nó na 5C. Cruthaítear leis na tosaíochtaí sin an bonn d'eagraíocht shábháilte, shláintiúil a dhíríonn ar fholláine agus tá siad ailínithe le hinniúlachtaí iompraíochta ESB, laistigh dá chreat gairme agus inniúlachtaí níos leithne. Is iad sin:

- **Le comhlíonadh,** cinntítear go sainaithníonn ESB na dlíthe, na rialacháin, na ceadúnais agus na cóid ábhartha uile maidir le sábháilteacht, sláinte agus folláine, agus go gcomhlíonann a fhostaithe agus a chonraitheoirí na hoibleagáidí sin chun a dhaoine agus na pobail a bhfreastalaímid orthu a chosaint.
- Díríonn **Inniúlacht** ar an oiliúint, an t-eolas agus an taithí is gá chun tascanna a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach a sholáthar.
- Léirítear le **Tiomantas** dúthracht ceannairí agus daoine aonair do thús áite a thabhairt do shábháilteacht, rud a spreagann cuntasacht agus feabhsú leanúnach.
- Le **Comhoibriú,** spreagtar cumarsáid oscailte agus obair foirne ar fud na heagraíochta, rud a chothaíonn freagracht chomhroinnte as folláine.
- Cuireann **Cultúr** bonn faoin straitéis ar fad, ag leabú sábháilteachta, sláinte agus folláine i ngnáth-iompraíochtaí agus i gcinnteoireacht, rud a chruthaíonn ionad oibre ina mothaíonn daoine go bhfuil meas orthu, go gcosnaítear iad agus go gcumhachtaítear iad.

**Cultúr sa Chroílár: Slán Sábháilte/ Níos Sábháilte le Chéile**
Tá Straitéis Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine ESB bunaithe ar an gcreideamh go spreagtar feidhmíocht le cultúr. Braitheann rath na straitéise ar leanúint leis an aistriú lenar cuireadh tús leis na cláir um aistriú cultúir Slán Sábháilte agus Níos Sábháilte le Chéile in ESB Networks agus in NIE Networks faoi seach. Soláthraítear leis na cláir sin an creat cultúrtha is gá chun fís na straitéise a bhaint amach.

In 2025, ghlac fostaithe ar fud ESB páirt i gcláir forbartha ceannaireachta agus cultúir. D'fhorbair foireann an Chultúir Sábháilteachta modúil oiliúna maidir le hidirghníomhaíocht sábháilteachta, chun tacú le fostaithe agus le conraitheoirí agus chun iompraíochtaí sábháilteachta dearfacha ar an láthair a chur chun cinn. In NIE Networks, neartaigh Cóitseálaithe Sábháilteachta, Cultúir agus Ceannaireachta an cumas inmheánach chun turas cultúrtha leanúnach a chinntiú, rud a thacaíonn le foirne ceannaireachta agus a chuireann leis na boinn atá ann cheana féin.

**Príomhrioscaí Sábháilteachta a Bhainistiú**
Déantar rioscaí sábháilteachta, sláinte agus folláine a bhainistiú ag ESB tríd an tsamhail Trí Líne, lena ndéantar idirdhealú idir na daoine ar leo na rioscaí agus a bhainistíonn iad, na daoine a chuireann maoirseacht agus saintreoir ar fáil, agus na daoine a chuireann ráthaíocht neamhspleách ar fáil. Tá Seacht nlonad Inniúlachta traschuideachta á bhfeidhmiú ag ESB chomh maith a chuireann foghlaim chomhroinnte chun cinn, a bhíonn ag caidreamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, a shainaithníonn aon riosca atá ag teacht chun cinn agus a thacaíonn le gach aonad gnó chun na príomhrioscaí a bhainistiú. Is ionann na hIonaid Inniúlachta agus Sláinte agus Folláine, Sábháilteacht Conraitheoirí, Tosca Daonna, Sábháilteacht Dóiteáin, Sábháilteacht Próiseas, Sábháilteacht ar Bhóithre agus Sábháilteacht an Phobail.

**Sláinte agus Folláine**
Tá luach fós á sholáthar le Clár Sláinte agus Folláine ESB trí thacaíocht a thabhairt d'fhostaithe, riosca eagraíochtúil a laghdú, agus cáil ESB mar fhostóir freagrach agus comhbhách a neartú.

Cuireann foireann thiomnaithe Sheirbhísí Sláinte Ceirde inmheánacha ESB treoir speisialaithe ar fáil, agus tá faireachas sláinte ríthábhachtach chun tacú le folláine na bhfostaithe. Baineann fostaithe ESB leas as scagthástáil chardashoithíoch, vacsaíní fliú, agus tionscnaimh scagthástála putóige, chun aimsiú luath agus folláine fhoriomlán a chur chun cinn. In 2025, sheol ESB Clár Tacaíochta don Mheanapás, lena n-áirítear Caiféanna Meanapáis, agus chuir sé féilire imeachtaí seachtaine ar fáil a dhírigh ar shláinte na bhfear.

Leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP), cuirtear comhairleoireacht agus tacaíocht rúnda ar fáil 24/7 chun aire a thabhairt don mheabhairshláinte. Is cleachtóirí oilte iad foireann EAP ESB i mBainistíocht Struis






Teagmhas Criticiúil agus soláthraíonn siad idirghabháil chórasach géarchéime do dhaoine aonair a ndeachaigh teagmhais thrámacha i bhfeidhm orthu. Tá sé mar aidhm leis strus a laghdú agus tionchair fhadtéarmacha ar an meabhairshláinte a chosc. Tá 430 Garchabhróir Meabhairshláinte oilte ag ESB ar fud na tíre freisin, rud a chinntíonn tacaíocht inrochtana do gach fostaí agus a spreagann comhráite oscailte faoi mheabhairshláinte.

Léirítear le scóir arda rannpháirtíochta agus folláine i suirbhé foirne 'Ár nGuth' 2025 an tionchar dearfach a bhí ag na cláir sin.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**
Tá ESB tiomanta do shábháilteacht ar bhóithre agus creideann sé gur féidir gach bás agus drochghortú ar na bóithre a sheachaint. Is é an aidhm ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus aitheantas a fháil mar eiseamláirí na tiomána sábháilte, freagraí. Leagtar amach cuspóirí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha sa Straitéis nua um Shábháilteacht ar Bhóithre 2026-2030, a bhainfear amach trí phleananna bunaithe ar riosca agus cláir spriocdhírithe atá dírithe ar riosca a laghdú agus ar fheabhsú leanúnach a spreagadh.

**Sábháilteacht an Phobail**
Le linn 2025, d'fhorbair ESB Networks a Straitéis Sábháilteachta Poiblí nua 2026-2030, ina leagtar amach treochlár cuimsitheach chun an pobal agus na daoine a idirghníomhaíonn leis an líonra leictreachais agus le bonneagar ESB a chosaint. Leagtar síos sa straitéis gníomhaíochtaí soiléire, intomhaiste chun feasacht, oideachas agus rannpháirtíocht sábháilteachta an phobail a fheabhsú, agus leagtar béim inti ar chomhoibriú le pobail, seirbhísí éigeandála, údaráis áitiúla, a chomhpháirtithe creata, conraitheoirí tríú páirtí, agus páirtithe leasmhara eile chun sábháilteacht a leabú i ngach oibríocht de chuid ESB Networks.

Chuir NIE Networks a Chlár Sábháilteachta Poiblí chun cinn faoin téama 'Look Up, Look Out' le linn 2025, ag seachadadh teachtaireachtaí sábháilteachta spriocdhírithe do gach aoisghrúpa agus fócas ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta, DFÉ, agus conraitheoirí. Príomhthosaíocht ba ea feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí ardáin ardaithe soghluaiste agus crann tógála ar leoraithe a oibrítear gar do líonraí leictreachais lastuas. D'oibrigh Oifigeach Idirchaidrimh Sábháilteachta NIE Networks go díreach le cuideachtaí cíosa trealaimh chun cleachtais shábháilte a chur chun cinn. Lean an eagraíocht le tacaíocht fhadtéarmach a thabhairt do chomhairlí áitiúla trína himeacht BeeSafe agus cláir KidzSafe do leanaí scoile.

Bhí bás amháin in 2025 i gcás a bhain le duine den phobal agus na líonraí leictreachais á gcothabháil ag ESB Networks agus NIE Networks. Tharla 15 theagmhas a bhain le teagmháil leis an líonra ag daoine den phobal a raibh turraing leictreach mar thoradh orthu, agus theastaigh cóireáil ospidéil ó cheathrar acu. Sholáthair an dá eagraíocht feachtais sábháilteachta poiblí, ar an teilifís, raidió, na meáin shóisialta, cló, agus an fhógraíocht dhigiteach, tarraingítear aird leis na feachtais sin ar ghuaiseacha amhail línte cumhachta atá tite, foirgníocht gar do línte cumhachta lastuas agus cleachtais shábháilte le linn stoirmeacha. Trí rannpháirtíocht réamhghníomhach, laghdaíonn ESB an riosca maidir le gortuithe agus básanna, comhlíonann sé oibleagáidí rialála agus neartaíonn sé a thiomantas do shaol daoine a chosaint agus do thacaíocht a thabhairt do shochaí níos sábháilte agus níos athléimní.

**Córais Bainistíochta Sábháilteachta**
Choinnigh aonaid ghnó ESB a ndeimhniú Córais Bainistíochta Sábháilteachta de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta ISO45001 in 2025, rud a léiríonn tiomantas ESB do na caighdeáin is airde i mbainistíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde. Cuirtear creat struchtúrtha ar fáil leis chun rioscaí san ionad oibre a shainaithint, a bhainistiú, agus a laghdú, lena gcinntítear sábháilteacht, sláinte agus folláine lucht ESB.

Tugadh isteach Synergi Life ag ESB, ardán bogearraí cuimsitheach comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta a dearadh chun cabhrú le heagraíochtaí teagmhais, rioscaí, iniúchtaí agus nósanna imeachta caighdeáin a bhainistiú trí huirlisí comhtháite tuairiscithe, anailíse agus feabhsaithe leanúnaigh. Neartaítear cumas ESB leis an ardán chun rioscaí, teagmhais agus iniúchtaí sábháilteachta a bhainistiú go córasach.

**Feidhmíocht Sábháilteachta in 2025**
Úsáideann ESB na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) seo a leanas chun feidhmíocht sábháilteachta a rianú:

**1. Tuairisciú Idirghabhálacha Maithe:**
Is éard atá i gceist le hIdirghabháil Mhaith nuair a dhéanann fostaí nó conraitheoir idirghabháil nuair a thugann sé/sí gníomh nó bail chontúirteach faoi deara. Is bealach é sin chun iarracht a dhéanamh teagmhas sábháilteachta a chosc. Tuairiscíodh 11,423 Idirghabháil Mhaith ar fud na heagraíochta le linn 2025 (b'ionann an sprioc agus 11,400).

**2. Clabhsúr a chur le hImscrúdú P1:**
Is éard atá i gceist le teagmhas P1 teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le gortuithe athraithe saoil. Catagóiríonn ESB gach teagmhas agus neasteagmhas agus leagtar béim ar leith ar theagmhais a bhfuil seans ard luaite leo go bhféadaidís a bheith mar bhonn le torthaí níos tromchúisí. Déantar grinnimscrúdú ar gach teagmhas P1 chun aon cheacht don eagraíocht a bhaint as. Tuairiscítear sa PTF ar chlabhsúr imscrúdaithe P1 ar chlabhsúr tráthúil a chur le himscrúduithe. Sáraíodh an sprioc PTF sin ag deireadh 2025 agus ar an meán, cuireadh clabhsúr le 82% de chásanna in am gach mí.

**3. Clabhsúr a Chur le Gníomh P1:**
Go minic, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar theagmhas P1, bíonn na torthaí mar bhonn le gníomhartha ceartaitheacha. Rianaíonn an PTF sin clabhsúr tráthúil a chur le gach gníomhaíocht a bhaineann le teagmhais P1. Sáraíodh an sprioc 80% a bhí luaite le clabhsúr a chur le gníomh P1 in 2025, agus baineadh meánráta clabhsúir sa mhí de 86% amach.

**4. Gníomhaíochtaí Ceannaireachta na Foirne Ardbhainistíochta:**
Bítear ag súil go léireoidh gach bainisteoir sinsearach in ESB a c(h)eannaireacht sábháilteachta trí ghníomhaíochtaí ceannaireachta a chur i gcrích gach mí. Rianaíonn an PTF sin clabhsúr a chur leis na gníomhaíochtaí sin. B'ionann an meánráta críochnaithe agus 79% in aghaidh sprioc 80%.

**5. Clabhsúr a Chur le Neamhchomhréireacht Iniúchóireachta:**
Tá ESB deimhnithe de réir Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) sheachtracha. Déantar neamhchomhréireachtaí a bhaineann le hiniúchtaí seachtracha na SMS sin a rianú ag féachaint do chríochnú in ann. Cuireadh na gníomhaíochtaí go léir i gcrích in am in 2025 agus moladh ESB as a chreidiúnú leantach ar Chaighdeán Idirnáisiúnta IS045001 ag a hiniúchóirí seachtracha neamhspleácha.

Tuairiscíodh Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna) Fostaí 2025 sna Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFnna) ar leathanach 55.

# Rialachas Corparáideach


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Bhord ESB | 86 |
| Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh | 90 |
| Tuarascáil Rialachais an Bhoird | 92 |
| Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | 108 |
| Coistí Boird sa bhliain 2025 | 114 |
| Iompar Gnó | 118 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 120 |




## Bonneagar Athléimneach a Thógáil – Dár dTodhchaí Féin

Tá acmhainn bhreise sa líonra leictreachais de dhíth le haghaidh tithíochta, forbairt eacnamaíochta agus leictriú teasa, iompair agus tionscail ionas gur féidir freastal ar fhás inbhuanaithe in Éirinn. D'infheistigh ESB Networks €1.4 billiún i neartú agus méadú an líonra leictreachais sa bhliain 2025, agus lean siad orthu ag cur méadair chliste ar fáil do chustaiméirí ar fud na hÉireann chun úsáid níos cliste agus níos éifeachtaí a bhaint as na sócmhainní líonra atá ann cheana féin.



# Comhaltaí Bhord ESB

## Comhaltaí boird amhail an 31 Nollaig 2025



R&MD

### Terence O'Rourke

**Cathaoirleach**

**Ceapachán Boird**
Ceapadh ina chomhalta Boird agus ina Chathaoirleach é ar an 10 Samhain 2020, agus athcheapadh don dara téarma trí bliana é i mí na Samhna 2025.

**Tionacht**
5 bliana agus 2 mhí.

**Taithí ghairme**
Ba chomhalta agus iar-uachtarán é de Chuntasóirí Cairte na hÉireann (2004-2005). Thosaigh sé ag obair le KPMG in 1975, ceapadh é mar chomhpháirtí iniúchta in 1988 agus toghadh é mar Chomhpháirtí Bainistíochta in 2006. Ba chomhalta é de Bhord Domhanda, Foireann Feidhmiúcháin Dhomhanda agus Bord EMA KPMG, idir 2007 agus 2013. Tá neart scileanna gnó aige mar aon le taithí ardleibhéil i róil tráchtála, airgeadais, chinnteoireachta agus forbartha straitéise ag obair le cliaint in Éirinn agus thar lear. Iar-Chathaoirleach ar Fhiontraíocht Éireann. Bhronn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) Dochtúireacht san Fhealsúnacht (Honoris Causa) ar Terence i mí Dheireadh Fómhair 2023, mar aitheantas ar an obair atá déanta aige ar mhaithe le cúrsaí gnó, oideachas, na healaíona agus seirbhísí poiblí in Éirinn.

**Ceapacháin sheachtracha**
Cathaoirleach reatha ar RTÉ, Kinsale Capital Management, agus Ballymore (Éire). Bhí sé i gceannas ar Ghrúpa Athbhreithnithe Straitéisigh 2014 na Comhairle Ealaíon agus chomh maith leis sin, tá (agus bhí) baint aige le boird éagsúla charthanais agus chultúrtha. Is Pátrún de Chapter Zero Ireland é, pobal de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a threoraíonn plé seomra boird in Éirinn maidir le tionchair an athraithe aeráide.



SS&C F&I

### Paddy Hayes

**Príomhfheidhmeannach**

**Ceapachán Boird**
An 8 Márta 2022.

**Tionacht**
3 bliana agus 10 mí.

**Taithí ghairme**
Ceapadh é mar Phríomhfheidhmeannach i mí Lúnasa 2021. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar ESB Networks roimh sin, ón mbliain 2018, agus bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin (Giniúint agus Margaí Mórdhíola) ó 2012 go 2018. Bhronn an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) máistreacht san innealtóireacht air, bhronn Ollscoil Warwick Máistreacht sa Riarachán Gnó (MBA) air agus is Comhalta d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann é. Chaith sé tamall ag obair sa tionscal cruach sa Ríocht Aontaithe sular aistrigh sé go dtí an earnáil fuinnimh sa bhliain 1999 agus ba é a stiúir comhfhiontar Synergen idir ESB agus Statoil.

**Ceapacháin sheachtracha**
Is comhalta de Bhord Stiúrthóirí na hInstitiúide Taighde um Chumhacht Leictreach i SAM é. Cathaoirleach an Tionscnaimh Open Doors.



A&RC F&I

### Michael Barry

**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird**
An 4 Eanáir 2023.

**Tionacht**
3 bliana.

**Taithí ghairme**
Cuntasóir Cairte a rinne a chuid oiliúna le PwC, céimí tráchtála de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus Stiúrthóir Cairte. Príomhoifigeach Airgeadais Bhord na Móna cpt ó 2006 go 2019 agus Stiúrthóir Bainistíochta Eatramhach ar an gComhlacht sin sna blianta 2017/2018 freisin. Roimhe sin, bhí poist éagsúla shinsearacha airgeadais ag Michael in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, i dtionscail éagsúla lena n-áirítear cógaisíocht, feistí leighis, forbairt réadmhaoine agus fáilteachas.

**Ceapacháin sheachtracha**
Comhalta de Bhord Forbartha an Ospidéil Phéidiatraigh Náisiúnta ó mhí Feabhra 2021.



A&RC An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Leathanach 108

CI&B An Coiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda Leathanach 114

SS&C An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir Leathanach 115

R&MD An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta Leathanach 116

F&I An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Leathanach 117

Cathaoirleach an Choiste



SS&C CI&B

### Aisling Curtis

**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird**
25 Aibreán 2023.

**Tionacht**
2 bhliain agus 8 mí.

**Taithí ghairme**
Breis is 20 bliain taithí ag obair sna hearnálacha teileachumarsáide agus teicneolaíochta, lena n-áirítear róil a dhíriigh ar an margadh domhanda, réigiúnach, agus Éireannach. Roimhe sin, bhí sí ag obair mar Stiúrthóir Straitéise agus Inbhuanaitheachta Microsoft, Stiúrthóir Réiteach le Comhpháirtí Domhanda agus Stiúrthóir Tráchtála. Is í an Ceannaire Margaidh do Chomhghuaillíochtaí Straitéiseacha PwC faoi láthair. Bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Máistreacht san Eacnamaíocht Ghnó uirthi, chaith sí tamall ag staidéar i Scoil Sonraí agus Intleachta Saorga Insead agus is céimí an Chláir Ceannaireachta Inbhuanaitheachta 2022 de chuid Ollscoil Cambridge í. Roimhe sin, bhí róil neamhfheidhmiúcháin aici sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír agus san Afraic Theas, bhí sí ar Choiste Stiúrtha an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais freisin agus bhí ról comhairleach aici ar Chomhairle IMI.

**Ceapacháin sheachtracha**
Comhalta reatha de Bhord Ghrúpa Aerfort na Sionainne. Tá sí ina comhalta de Ghrúpa Stiúrtha Teicneolaíochta an Chlub 30%.



A&RC R&MD F&I

### Annette Flynn

**Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach**

**Ceapachán Boird**
25 Aibreán 2023.

**Tionacht**
2 bhliain agus 8 mí.

**Taithí ghairme**
Tá neart taithí feidhmiúcháin faighte ag Annette le linn a gairme lena n-áirítear a bheith ag obair le Kerry Group plc agus UDG Healthcare plc le breis is 25 bliain tráth a raibh sí i mbun róil éagsúla lena n-áirítear Stiúrthóir Bainistíochta Feidhmiúcháin, Oifigeach Forbartha Corparáidí agus Straitéise agus Rialaitheoir Airgeadais in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe. Is Comhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe í Annette, bhronn UCC Baitsiléir Tráchtála uirthi, is Stiúrthóir Cairte cáilithe í agus bhronn Scoil Ghnó Smurfit dhá dhioplóma uirthi, ceann amháin sa Ghnó agus ceann eile sa Chóitseáil Feidhmiúcháin. Ba Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhord UDG Healthcare plc í ó 2004 go 2011. Bhí roinnt ról mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin aici ina dhiaidh sin le UDG Healthcare plc, Grafton Group plc, Irish Life, Aryzta AG, The Irish Times DAC agus Dairygold Co-Operative Society Ltd (ról a bhí aici go dtí an 31 Nollaig 2025).

**Ceapacháin sheachtracha**
POF reatha Highflier Executive Coaching, ról a thugann deis di díriú ar chliaint c-suite (feidhmeannaigh shinsearacha).



A&RC R&MD F&I

### Pat Gaynor

**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird**
An 14 Nollaig 2024.

**Tionacht**
1 bhliain agus 1 mhí.

**Taithí ghairme**
Stiúrthóir Bainistíochta, Baincéireacht Chorparáideach, Banc na hÉireann, go dtí mí na Samhna 2020. Is ceannaire sinsearach agus tionchaire aitheanta é maidir le baincéireacht agus seirbhísí airgeadais a bhfuil breis is 40 bliain taithí aige i réimsí amhail baincéireacht miondíola, riosca creidmheasa, gnó agus baincéireacht chorparáideach, idir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i ngach earnáil. Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus d'Institiúid na mBaincéirí é Pat, agus d'fhreastail sé ar Chlár Ardbhainistíochta Scoil Ghnó Harvard sa bhliain 2017.

**Ceapacháin sheachtracha**
Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Dairygold Co-Operative Society Ltd, Ciste Aisghabhála agus Fáis Dunport Capital agus Abbey Group. Is duine d'Iontaobhaithe Chiste Pinsean Foirne Bhanc na hÉireann é Pat agus gníomhaíonn sé mar chomhairleoir do bhoird roinnt comhlachtaí príobháideacha in Éirinn.

# Comhaltaí Bhord ESB (ar lean)



SS&C

## Karen Halpenny
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird**
Ceapadh ar an 1 Eanáir 2023 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.

**Tionacht**
3 bliana.

**Taithí ghairme**
Bhí sí ag obair le ESB International ón mbliain 2001, go príomha i réimse na forbartha línte lasnairde. Uachtarán ar Cheardchumann na Seirbhísí Fuinnimh faoi láthair (ach is fostaí de chuid ESB chomh maith í agus tá na socruithe maidir leis sin fós i gcomhréir leis na hAchtanna um Rannpháirtíocht Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988). Bhronn Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI) Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) uirthi i Straitéis agus Cleachtas BAD agus bhronn Scoil Dlí Óstaí an Rí ard-dioplóma sa Dlí Fostaíochta Feidhmeach uirthi. Bhronn Coláiste Náisiúnta na hÉireann Teastas i mBainistíocht agus Caidreamh Tionsclaíoch uirthi, bhronn COBÁC Teastas Sláinte agus Sábháilteachta uirthi agus bhronn Institiúid Idirghabhálaithe Éireann Teastas san Idirghabháil uirthi.

**Ceapacháin sheachtracha**
Is Uachtarán reatha ar Cheardchumann Seirbhísí Fuinnimh na hÉireann (ESU) í, is ionadaí ESU ar fhóram Ghrúpa na gCeardchumann í agus is ionadaí ESU ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) í. Iontaobhaí Electric Aid (carthanas fhoireann ESB), agus Rúnaí Choiste Náisiúnta na Stiúrthóirí Oibre.



CI&B

## Owen Kilmurray
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird**
Ceapadh ar an 1 Eanáir 2023 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.

**Tionacht**
3 bliana.

**Taithí ghairme**
Thosaigh sé obair le ESB i Márta 1982. Tá tréimhsí caite aige ag obair mar oibrí ginearálta, oibrí líne saoiste, leictreoir agus mar Theicneoir Líonraí in ESB Networks le breis is 40 bliain.

**Ceapacháin sheachtracha**
Comhalta gníomhach de Ghrúpa Ceardchumann ESB. Leas-Chathaoirleach ar Choiste Brainse Fuinnimh CSTGT, comhalta de Choiste Iompair, Fuinnimh, Eitlíochta agus Tógála (TEAC) CSTGT, agus Cisteoir Choiste Náisiúnta na Stiúrthóirí Oibre.



SS&C CI&B

## Jim Meade
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird**
An 14 Nollaig 2024.

**Tionacht**
1 bhliain agus 1 mhí.

**Taithí ghairme**
Is Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Iarnród Éireann é, agus thosaigh sé ag obair leis an gcomhlacht sin ar dtús mar phrintíseach feisteora sa bhliain 1979. Ceapadh ina Stiúrthóir Oibríochtaí é sa bhliain 2013 agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ón mbliain 2018 go dtí go ndeachaigh sé ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2025. Iar-chathaoirleach Bhord CIRO (Chartered Institute of Railway Operators).

**Ceapacháin sheachtracha**
Cathaoirleach ar Chomhghuaillíocht Náisiúnta na bPrintíseach agus Stiúrthóir ar Bhord SOLAS. Ambasadóir Éireannach an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Iompar Poiblí (UITP; Union Internationale des Transports Publics). Comhalta boird an Bhoird Beartais UITP.



A&RC An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Leathanach 108

CI&B An Coiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda Leathanach 114

SS&C An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir Leathanach 115

R&MD An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta Leathanach 116

F&I An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Leathanach 117

Cathaoirleach an Choiste



F&I

## Gráinne O'Shea
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird**
Ceapadh ar an 1 Eanáir 2023 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.

**Tionacht**
3 bliana.

**Taithí ghairme**
Thosaigh Gráinne ag obair le ESB mar chéimí innealtóireachta in 1989. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus OCBÁC bunchéim agus Máistreacht san Innealtóireacht faoi seach uirthi, bhronn an Institiúid um Bainistíocht Sócmhainní Dioplóma sa Bhainistíocht Sócmhainní uirthi agus bhronn Institiúid na Stiúrthóirí teastas agus Dioplóma i Stiúradh Cuideachtaí uirthi. Is Innealtóir Cairte (Innealtóirí Éireann) í Gráinne agus roimhe sin, bhí sí ag obair in ESB Networks, Giniúint agus Soláthar Cumhachta. Tá sí ag obair mar Bhainisteoir Straitéis Gnó ESB faoi láthair. Iar-Chathaoirleach ar fhobhrainse na líonraí de Chumann na nGairmithe san Earnáil Fuinnimh. Roimhe sin, bhí sí ina stiúrthóir Fheirm Ghaoithe Fullabrook ESB agus fheirm ghaoithe Dharaidh Braoin (2012-2016).

**Ceapacháin sheachtracha**
Ionadaí na hÉireann ar an gComhthionól Ginearálta agus ar an nGrúpa Comhairleach Straitéiseach den Eintiteas Eorpach d'Oibreoirí Córas Dáileacháin (Eintiteas AE do OCDanna). Leas-Chathaoirleach Ghrúpa Oibre Eurelectric maidir le Rialáil agus Custaiméirí Líonra agus comhalta den Choiste Dáileacháin agus Éascaithe Margaidh. Comhalta den Choiste Beartais agus Rialála den Eintiteas AE do OCDanna, agus Cathaoirleach an Tascfhórsa um Bearnaí Scileanna Fuinnimh. Comhalta de Choiste Beartais Chumann Leictreachais na hÉireann.



SS&C CI&B

## An Dr Sara Venning
**Comhalta Boird Neamhspleách**

**Ceapachán Boird**
14 Nollaig 2021.

**Tionacht**
4 bliana agus 1 mhí.

**Taithí ghairme**
POF agus Comhalta Boird de Northern Ireland Water ón mbliain 2010. Taithí ar bhainistíocht fóntas rialaithe agus dlús a chur le seirbhís agus éifeachtúlacht custaiméirí. Bhronn Ollscoil na Banríona, Béal Feirste Máistreacht san Innealtóireacht (Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach) uirthi, agus bhronn an Ollscoil sin céim oinigh uirthi sa bhliain 2023. Taithí ar líonraí fuinnimh ó bheith ag obair le NIE Networks idir 1996 – 2010. Comhalta d'Institiúid na nInnealtóirí Sibhialta.

**Ceapacháin sheachtracha**
Uachtarán ar Choiste WaterAid i dTuaisceart Éireann.



CI&B

## Trevor Walsh
**Comhalta Boird Oibrithe**

**Ceapachán Boird**
Ceapadh ar an 1 Eanáir 2023 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.

**Tionacht**
3 bliana.

**Taithí ghairme**
Maoirseoir Seirbhísí Teicniúla in ESB Networks. Is iad seo a leanas na róil a bhí aige roimhe sin; Bainisteoir Córas, Maoirseoir Seirbhíse Custaiméirí, Oifigeach Oiliúna, agus Teicneoir Líonra. Chuir sé tús lena ghairmréim mar phrintíseach leictreora agus tá breis is 20 bliain de thaithí aige ar a bheith ag obair le ESB.

**Ceapacháin sheachtracha**
Cathaoirleach ar Bhrainse Maoirseora Theicniúil ESB Connect. Is ionadaí ar Ghrúpa Ceardchumann ESB é. Is ionadaí do Connect ar Chomhdháil na gCeardchumann é agus is comhalta de Choiste Náisiúnta na Stiúrthóirí Oibre é

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach an Bhoird, is ormsa atá sé lena chinntiú go bhfuil rialachas slán agus Bord éifeachtúil ag ESB, lena gcuirtear sláine, trédhearcacht agus cuntasacht ghnó chun cinn. Is é ról an Bhoird maoirseacht oibiachtúil agus treoir straitéiseach a sholáthar, smaointeoireacht feidhmiúcháin a cheistiú ar bhealach cuiditheach, agus leasanna na scairshealbhóirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile a chosaint. Tá an fhoireann bainistíochta freagrach as an gceannaireacht feidhmiúcháin agus as reáchtáil laethúil an ghnó chun straitéis ESB um Aeráidneodracht faoi 2040 a chur i gcrích.

Díríonn an Bord fós ar a chinntiú go gcuideoidh príomhchinntí, lena n-áirítear cinntí maidir le straitéis, inbhuanaitheacht agus cúrsaí airgeadais, le luach fadtéarmach a chruthú. Tá sé mar aidhm ag an mBord cothromaíocht chuí a bhaint amach idir maoirseacht ar straitéis, feidhmíocht ghnó agus cúrsaí rialachais ina phlean oibre. Chaith an Bord go leor ama le linn na bliana ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéise an Ghrúpa agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar an athbhreithniú leanúnach ar an straitéis, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, lena chinntiú go mbeidh a huaillmhian iomchuí, indéanta agus inacmhainne i gcónaí. D'oibríomar freisin chun cur chuige an Bhoird i leith mórchinnteoireachta a bheachtú agus a fheabhsú trí nuashonruithe a dhéanamh ar tharmligean údaráis chuig an lucht bainistíochta, clár oibre bunaithe ar thoiliú a ghlacadh agus athbhreithnithe leathbhliantúla a dhéanamh ar chinntí an bhoird agus a dtorthaí i gcomhthéacs cuspóirí straitéise ESB a bhaint amach.

### Caighdeáin Rialachais

Ceaptar struchtúir rialachais ESB chun cloí leis na cóid rialachais ábhartha mar a leagtar amach i dTuarascáil Rialachais an Bhoird. I ndiaidh measúnú cuimsitheach a rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2024, ghlac an Bord Cód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann 2024 ón 1 Eanáir 2025 ar bhonn deonach (d'fhéach ESB, ar bhonn deonach, le cloí le Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe roimhe seo). Ar an gcaoi seo, cloíonn ESB, a mhéid is ábhartha, le caighdeáin rialachais na cuideachta atá liostaithe agus cuireadh bearta cuí i bhfeidhm chun cloí leis na caighdeáin sin.

Cuirtear tuarascálacha ar chomhlíonadh na gcaighdeán rialachais ábhartha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta de réir mar is cuí. Tá an Bord sásta go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 arna leasú (an Cód Stáit) comhlíonta ag ESB agus go gcuirtear tuarascáil faoi bhráid an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an tAire) gach bliain, ina ndeimhnítear an comhlíonadh sin. Cuirtear deimhniú ar fáil don Aire sa chás nach féidir gnéithe áirithe den Chód Stáit a fhorfheidhmiú go héasca i ndáil le comhaontais straitéiseacha, comhfhiontair nó socruithe scairshealbhóirí eile le páirtithe leasmhara seachas eintitis Stáit eile.

Tá an Bord sásta go ndearnadh céimeanna oiriúnacha chun a chinntiú go bhfuil ceanglais infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014, á gcomhlíonadh ag fochuideachtaí Éireannacha ESB.

Tá cur síos mionsonraithe ar ár gcreat rialachais le fáil ar leathanach 92 go 107.

### Éifeachtacht an Bhoird

Tá obair na gcapall ar bun ag an mBord chun a fheidhmíocht agus éifeachtacht a fheabhsú. Déantar measúnú inmheánach foirmiúil gach bliain, agus déantar measúnú seachtrach neamhspleách gach trí bliana (rinneadh an ceann deireanach in 2024). Deimhníodh i measúnú inmheánach 2025 go bhfuil an Bord ag feidhmiú fós ar bhealach éifeachtach. Leagadh amach tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas a glacadh, na príomhthorthaí agus nuashonrú ar mholtaí an mheasúnaithe sheachtraigh dheireanaigh ar leathanach 101.

### An Bord agus na Coistí dá chuid

Tá ról lárnach ag na Coistí Boird i rialachas. Déanann an Cathaoirleach athbhreithniú ar chomhaltas an Choiste ó am go ham ar mhaithe le cothromaíocht a aimsiú idir leanúnachas, inscne agus dearcthaí úra agus chun críche pleanála comharbais do róil chathaoirligh an Choiste. Tá plean oibre bliantúil ag gach Coiste Boird, ina leagtar amach a dtosaíochtaí don bhliain amach romhainn agus chun tacú leo lena bhfreagrachtaí maoirseachta. Soláthraítear nuashonruithe rialta maidir leis an dul chun cinn i gcoinne an phlean oibre comhaontaithe agus soláthraítear nuashonruithe ráithiúla don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choiste Airgeadais agus Infheistíochta agus soláthraítear tuarascálacha leathbhliantúla do gach Coiste eile de chuid an Bhoird trí thairseach an Bhoird. Tuairiscíonn Cathaoirligh an Choiste don Bhord maidir le feidhmíocht na gCoistí i gcomparáid leis an bplean oibre agus lena n-éifeachtacht i ndáil lena sainordú a sholáthar mar atá leagtha amach ina dTéarmaí Tagartha. Is é an Bord atá freagrach as cinntí, feidhmíocht agus torthaí a Choistí. Tá tuilleadh eolais ar na Coistí agus na gníomhaíochtaí dá gcuid le linn na bliana ar fáil ar leathanach 108 go 117.

### Éagsúlacht Boird agus Pleanáil Chomharbais

Cuireann Beartas um Chuimsiú agus Éagsúlacht an Bhoird (ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB) Bord cuimsitheach éagsúil chun cinn, agus tarraingíodh aird in athbhreithniú bliantúil ar na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun cuimsiú, cothroime agus éagsúlacht a leabú trí chothromaíocht níos fearr a choinneáil ar an mBord, sna struchtúir agus sna bealaí oibre atá glactha aige agus sna gealltanais ar thacaigh sé leo.

Nuair a bhíonn comhairle á cur ar an Aire maidir leis an tsonraíocht róil do Chomhaltaí Boird nua agus pleananna comharbais Boird, leagtar béim ar ionchuimsiú agus éagsúlacht, gach gné díobh, ag féachaint don larscríbhinn leis an gCód Stáit, "Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú". Tá ESB tiomanta, faoi réir tacaíocht ó na stocshealbhóirí Aireachta, d'ionadaíocht na mban ar an mBord gan a bheith níos ísle ná 40%. Mar a leagtar amach ar leathanach 100, mná ba ea cúigear Comhaltaí Boird (2024: cúigear) agus fir ba ea seachtar gComhaltaí Boird (2024: seachtar) amhail an 31 Nollaig 2025. Ina theannta sin, tá an Bord airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le díriú ar riachtanais scileanna amach anseo mar chuid dá phleanáil chomharbais.

### Córais Rialaithe Inmheánaigh agus Bhainistíochta Riosca

Leagtar amach cur chuige ESB maidir le riosca sa Tuarascáil Riosca ar leathanaigh 23 go 32. Bhí obair an Tionscnaimh Straitéisigh maidir le Rialú, Riosca agus Comhlíonadh fós ar siúl in 2025 chun críche na bainistíochta riosca agus próisis rialaithe inmheánaigh a neartú agus a chuíchóiriú a thuilleadh. Le linn na bliana, foilsíodh Beartas Grúpa maidir le Comhlíonadh. Is príomhbheartas é sin mar aon leis an gCreat um Bainistíocht Riosca agus le Creat an Pholasaí um Rialú Inmheánach atá mar bhonn faoi na córais um bainistíocht riosca agus um rialú inmheánach ar fud na heagraíochta.

### Caidreamh Gníomhach le Fostaithe

Cuirtear an Bord ar an eolas faoi thuairimí comhghleacaithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar shuirbhéanna fostaithe rialta (suirbhé ESB "Ár nGuth" agus suirbhé foirne NIE Networks), cuairteanna ar an láithreán agus nuashonruithe maidir le hinfheistíocht i gcórais, tallann agus acmhainn daoine. Tá an t-ádh ar an mBord go bhfuil ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe tofa atá in ann tuairimí agus dearcthaí a gcomhghleacaithe a chomhroinnt le linn phlé an Bhoird. Tá plean rannpháirtíochta fostaithe gníomhach bunaithe ag an mBord.

Ba chúis áthais do Chomhaltaí Boird é a bheith in ann bualadh le daoine aghaidh ar aghaidh, daoine atá ag obair ar fud an ghnólachta le linn na bliana 2025. Cuireadh le tuiscint an Bhoird ar an ngnó giniúna trí chuairteanna ar an láithreán ar ionad chumhachta Áth Fhada agus Carrington agus ar Ionad Oibriúcháin Athnuaiteán ESB, áit a n-oibrítear agus a ndéantar monatóireacht ar réimse teicneolaíochtaí lena n-áirítear gaoth, cadhnraí, cúiteamh sioncrónach, tuirbíní breoslaithe mearthosaithe agus eagair fótavoltacha ghréine. Bhuail comhaltaí an Bhoird le comhghleacaithe ó Chomhréitigh do Chustaiméirí ag bricfeasta gnó ag oifigí Electric Ireland chun ról na gComhréiteach do Chustaiméirí chun tacú le custaiméirí reatha agus le custaiméirí amach anseo agus chun na custaiméirí a chumasú a phlé. Chomh maith leis sin, thug lucht an Bhoird cuairt ar Íosta ESB Networks i gCarraig an Chaisleáin, Baile Átha Luain áit a raibh an bhéim ar an teicneolaíocht agus ar an nuálaíocht agus thug lucht an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir cuairt ar Cheanncheathrúna Bhóthar Chnoc na Giolcaí ESB Networks i mBaile Átha Cliath agus fuair siad léargas ar an láthair ar bhainistíocht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht flíteanna. Bhuail an Bord le printísigh ESB ó ESB Networks agus Giniúint agus Trádáil le linn na bliana freisin chun tuilleadh eolais a fháil faoi struchtúr na printíseachta agus faoin gcur chuige oiliúna.

A bhuí leis na cuairteanna sin, bhí deis ag lucht an Bhoird fostaithe, ag a bhfuil luachanna ESB acu, a fheiceáil agus bhí siad in ann rannpháirtíocht fostaithe leis an Straitéis Aeráidneodrach faoi 2040 agus a ról maidir le soláthar a spreagadh a mheas. Féach ar an rannóg maidir le Caidreamh Gníomhach le Páirtithe Leasmhara de Thuarascáil um Rialú an Bhoird ar leathanach 92 chun tuilleadh sonraí a fháil.

### An Cultúr

Agus tábhacht an chultúir mar chumadóir do straitéis ESB á aithint, aithníonn an Bord an tábhacht a bhaineann lena bheith beartaithe agus treoir shoiléir a leagan amach maidir le hiompar na foirne. Cuireann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Grúpa Daoine agus Inbhuanaitheachta agus an Príomhfheidhmeannach léargas cothrom le dáta sa réimse seo don Bhord agus bíonn rochtain acu ar shaineolas seachtrach nuair is iomchuí. Leanann an Bord (trí na Coistí ábhartha) monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i réimsí amhail eitic agus comhlíontacht, sábháilteacht, custaiméirí agus cáil, rannpháirtíocht fostaithe, éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú, agus foireann agus a feidhmíocht. Déantar scóir rannpháirtíochta foirne a mheas ag an mBord freisin, agus an léargas a fuarthas mar aon le haiseolas ó sheisiúin rannpháirtíochta fostaithe. Sa bhliain 2025, pléadh Straitéis Chultúir ESB arna hathbhreithniú agus nuashonrú ag an g Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir. Sainaithnítear cúig iompar tosaíochta cultúrtha i gCreat Iompar ESB, bunaithe i luachanna ESB, agus tá plean gníomhaíochta á chur i bhfeidhm chun na tosaíochtaí cultúrtha a chur i ngníomh. Beidh an bhéim as seo amach ar chaighdeáin iompraíochta a neadú ar fud beartas, nósanna imeachta, córas agus cleachtas. Tá iniúchadh cultúir san áireamh sa Ghrúpa Iniúchóireachta Inmheánaí chomh maith mar ghné rialta san obair iniúchóireachta acu agus tuairiscítear na torthaí don Bhord trí mheán an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

### Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Tugann an Bord tús áite fós do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs na n-athruithe ó bhonn atá riachtanach chun Straitéis ESB a sholáthar. Tá an Bord ag tabhairt tús áite do chumarsáid éifeachtach le páirtithe leasmhara agus tá sé airdeallach ar na buntáistí frithpháirteacha a bhaineann le rannpháirtíocht chun tacú le tuiscint ar straitéis ESB. Le linn na bliana, d'fhreastail Ard-Rúnaí na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil ar chuid de sheisiún straitéise an Bhoird chun dearcthaí maidir le beartas fuinnimh na hÉireann agus maidir le clár tosaíochtaí an Rialtais a phlé. Cúis áthais dom chomh maith fáilte a chur roimh ionadaithe na bpáirtithe leasmhara ag an gCruinniú Cinn Bliana i mí Aibreáin. Bhuail lucht an Bhoird le Darragh O'Brien, TD, an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil le linn na bliana haghaidh plé fadréimseach agus suimiúil ar thosaíochtaí beartais fuinnimh agus seachadta bonneagair. Thug na cruinnithe seo deiseanna teagmháil a dhéanamh leis na stocshealbhóirí ar an obair a dhéanann ESB agus an obair a leanfaidh ar aghaidh ar an aistriú fuinnimh.

Táimid ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara freisin ionas gur féidir linn cinntí níos eolasaí a dhéanamh. Le linn na bliana 2025, tugadh an t-eolas is déanaí faoin bplean rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara don Bhord agus ba chúis áthais dóibh go leanann an fhoireann bainistíochta ag obair ar bhonn réamhghníomhach le páirtithe leasmhara chun saincheisteanna atá ábhartha dóibh a shainaithint, chun feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna, dúshláin agus tosaíochtaí ESB agus chun tacaíocht láidir ó pháirtithe leasmhara a choinneáil ar bun do Straitéis ESB um Aeráidneodracht faoi 2040.

### Tuairisciú ESG

Mar chomhlacht reachtúil, níl ESB faoi réir na gceanglas nochta atá forordaithe i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Nochtadh na Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe), 2017, arna leasú. Nochtann ESB réimse leathan faisnéise neamhairgeadais, áfach, a ceapadh ionas go mbeidh sé úsáideach agus ábhartha do léitheoirí na Tuarascála Bliantúla. Féach an tábla ar leathanach 4 chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá ESB tiomanta dá chumas inbhuanaitheachta a fheabhsú, lena n-áirítear tuairisciú ar inbhuanaitheacht a fhorbairt agus a neartú laistigh den eagraíocht. Tá ESB ag déanamh réir le tuairisciú, ar bhonn deonach, faoi CSRD. Le linn na bliana 2025, i bhfianaise athruithe ar cheanglais CSRD, cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca conair i dtreo chomhlíonadh iomlán CSRD do dheireadh na bliana airgeadais 2027. Idir an dá linn, leanfar leis an obair chun creat tuairiscithe ar inbhuanaitheacht a fhorbairt agus na príomhphróisis agus príomhnósanna imeachta inbhuanaitheachta laistigh den ghnó a chur chun feidhme agus a aibiú. Foilseoidh ESB tuarascáil inbhuanaitheachta chuimsitheach neamhspleách do na blianta 2025 agus 2026, agus foilseoidh sé Tuarascáil Bhliantúil iomlán atá i gcomhréir le CSRD in 2027.

### Conclúid

Sna leathanaigh seo a leanas, déantar cur síos mionsonraithe ar an dóigh a gcomhlíonann an Bord agus a Choistí a fhreagrachtaí le linn na bliana lena chinntiú go bhfuil cleachtais rialachais láidre á leabú in ESB.



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach
27 Feabhra 2026

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird

**Prionsabail Rialachais**
Agus ESB ag tabhairt faoina chuspóirí rialachais, comhlíonann sé an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 arna leasú (an Cód Stáit) mar aon le socruithe breise a comhaontaíodh leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil sa bhliain 2017, agus, i gcás 2025 agus a mhéid is infheidhme go réasúnta, Cód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann 2024 (Cód na hÉireann). Mar chorparáid reachtúil a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927, ní raibh dualgas air cód na hÉireann nó Iarscríbhinn na hÉireann a chomhlíonadh ach roghnaigh sé déanamh amhlaidh ar bhonn deonach. Tá aon eisceacht mínithe sa tábla atá le fáil ar leathanach 102. Roimh an 1 Eanáir 2025, d'fhéach ESB le cloí (ar bhonn deonach) le Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe. Tá cóip de Chód na hÉireann le fáil ag www.euronext.com. Is féidir cóip den Chód Stáit a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (www.per.gov.ie). Chomh maith leis sin, tá na Treoirlínte Rialachais Chorparáidigh agus oibleagáidí eile forchurtha ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 agus an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 á gcomhlíonadh ag ESB.

Leagtar amach i gCód na hÉireann cúig phríomhphrionsabal rialachais: (1) Ceannaireacht Boird agus Aidhm na Cuideachta, (2) Roinnt Freagrachtaí, (3) Comhdhéanamh, Comharbas agus Meastóireacht, (4) Iniúchadh, Riosca agus Rialú Inmheánach agus (5) Luach Saothair. Tá Tuarascáil Rialachais an Bhoird bunaithe ar an méid sin.

## 1. Ceannaireacht Boird agus Aidhm na Cuideachta

**An Bord**
Is é an Bord atá freagrach as ceannaireacht an Ghrúpa agus, go díreach nó trí Choistí, soláthraíonn sé breithiúnas neamhspleách maidir le luachanna, straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus rialachas. Le linn na bliana 2025, bhí na Comhaltaí Boird atá ainmnithe ar leathanach 86 go 89 páirteach sa Bhord, agus ba é an Rialtas a cheap an Cathaoirleach agus na Comhaltaí Boird neamhspleácha agus ceapadh na ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe de bhua Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Tá méid agus struchtúr an Bhoird á rialú ag na hAchtanna Leictreachais (Soláthar) 1927 go 2025, ag na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988 agus ag an Ordú um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1978(I.R. (Uimh. 186/1978).

Caitheann an Bord am suntasach ag déanamh athbhreithnithe bliantúla ar dhul chun cinn na Straitéise Aeráidneodraí faoi 2040 de chuid ESB. Tá an Bord ag tabhairt faoi athbhreithniú faoi láthair ar an straitéis lena chinntiú go mbeidh sí fós oiriúnach, insóláthartha, agus inacmhainne. Tá an straitéis daingnithe i gcuspóir ESB chun todhchaí níos gile a chinntiú agus tacú leis na custaiméirí agus na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu aeráidneodracht a bhaint amach. Tá na cuspóirí straitéiseacha ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Rialtas na hÉireann agus mar bhonn fúthu tá an ceanglas a bhaineann le láidreacht airgeadais, cumas bhaill foirne ESB, leas a bhaint as sonraí agus teicneolaíochtaí digiteacha agus gealltanas maidir le hinbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta. Tá sonraí faoin dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana 2025 leagtha amach i rannóg na dTáscairí Feidhmíochta Straitéiseacha, ar leathanaigh 18 agus 19, agus tosaíonn rannóg na hInbhuanaitheachta ar leathanach 62 agus rannóg an Chórais Bainistíochta Comhshaoil ar leathanach 76.

**Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara**
De réir an Chóid Stáit agus Chód na hÉireann, cinntíonn an Bord go gcoinníonn ESB idirphlé oscailte agus dearfach ar bun leis na páirtithe leasmhara go léir. Cinntíonn an Bord go bhfuil Clár um Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara struchtúrtha agus láidir i bhfeidhm agus ag oibriú go han-mhaith trí hathbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar an Straitéis Páirtithe Leasmhara agus ar thuarascálacha a bhaineann le cáil corparáideach ESB bunaithe ar shuirbhéanna ar chustaiméirí agus ar pháirtithe leasmhara. Bailítear tuairimí na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear custaiméirí, soláthraithe, agus eagraíochtaí ionadaíocha trí na suirbhéanna sin. Tugtar na tuairimí sin don Bhord tríd an gCoiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda Tá tuilleadh eolais faoi phríomhpháirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht ESB leo chomh maith leis na príomhthosaíochtaí mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin le fáil ar leathanach 20 go 22.

Tá sé léirithe gur bealach éifeachtach atá sna nuashonruithe ar an gClár Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara le deis a thabhairt don Bhord teacht ar thuiscint ar na ceisteanna is tábhachtaí atá ag páirtithe leasmhara ESB. Tá an Bord tiomanta do ghníomhú chun tacú le rath ESB chun tairbhe a pháirtithe leasmhara, agus an straitéis agus an tsamhail ghnó a leasú de réir mar is gá. Bhain an Bord úsáid as an aiseolas agus an léargas a fuarthas ó rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara le linn na bliana 2025 agus cinntí á ndéanamh aige le linn na bliana.

Nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh, tugann na comhaltaí Boird aird ar an méid seo a leanas:

- na hiarmhairtí is dócha a bheidh ag aon chinneadh ar bhonn fadtéarmach
- caidreamh le custaiméirí, soláthraithe agus daoine eile
- an tionchar atá ag oibríochtaí ar an bpobal agus ar an timpeallacht
- leasanna fostaithe
- cáil a bheith ar an eagraíocht as ardchaighdeáin iompair ghnó
- an riachtanas caitheamh go cothrom le páirtithe leasmhara ESB



Leagtar amach thíos na sonraí faoin gcaoi a ndéanann an Bord teagmháil leis na páirtithe leasmhara go díreach nó faoin gcaoi a gcoimeádtar ar an eolas iad faoina ndearcthaí agus suimeanna, agus samplaí de ghníomhartha atá glactha ag an mBord chun dul i ngleic leis na príomhthosaíochtaí a aithníodh ón teagmháil:

| Páirtí Leasmhar | Conas a chuirtear a dtuairimí in iúl don Bhord agus torthaí samplacha |
|---|---|
| **Custaiméirí** | ▪ Cuirtear an léargas ó chustaiméirí faoi bhráid an Bhoird tríd an gCoiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda<br>▪ D'fhaomh an Bord caiteachas chun Céim 2 den chlár bunathraitheach 'Empowering Tomorrow' de chuid Customer Solutions a chur i gcrích le linn na bliana 2025. Díríonn Céim 2 den chlár ar shamhail oibriúcháin agus ar ardán custaiméirí Electric Ireland agus leis an aistriú atá beartaithe don ghnólacht, beidh an gnólacht ábalta freastal ar riachtanais agus ionchais custaiméirí atá ag méadú trí fheabhas a chur ar an tseirbhís agus ar an bhfreagrúlacht fhoriomlán do chustaiméirí. Agus an infheistíocht sin á faomhadh, chuir an Bord na tairbhí suntasacha a bhaineann leis an tsamhail oibriúcháin agus leis an gcóras nua san áireamh, lena n-áirítear eispéireas custaiméirí níos fearr agus freagrúlacht fheabhsaithe do riachtanais na gcustaiméirí. |
| **Pobail** | ▪ Tá cosaint an chomhshaoil agus athchóiriú éiceachóras fós ina bpríomhthosaíochtaí do na pobail atá suite in aice le láithreáin agus oibríochtaí ESB agus do na páirtithe leasmhara siúd sin atá ag súil le maoirseacht fhreagrach ar an gcomhshaol.<br>▪ Le linn na bliana, fuair an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir nuashonrú ar fhorbairt Threochlár Straitéiseach Dúlra agus Bithéagsúlachta ESB. D'aithin an Coiste an dul chun cinn suntasach atá déanta cheana ar fud na heagraíochta (féach an Bhithéagsúlacht ar leathanach 70), ach thug an Coiste faoi deara freisin an gá le hailíniú straitéiseach níos fearr lena chinntiú go soláthrófar le gníomhaíochtaí bithéagsúlachta ESB tairbhí intomhaiste, fianaise-bhunaithe don dúlra agus go gcuirfidh siad le huaillmhian fhadtéarmach ESB maidir le torthaí dearfacha don dúlra a bhaint amach. Thacaigh an Coiste le forbairt treochláir ar fud na heagraíochta lena soláthraítear soiléireacht maidir le tosaíochtaí, rialachas, méadrachtaí agus conairí seachadta. Leagadh béim ann ar thábhacht an chomhoibrithe le daoine, comhpháirtithe agus pobail áitiúla ESB maidir le tionchar a imirt ar an obair sin. |
| **Stocshealbhóirí** | ▪ Bailítear tuairimí na stocshealbhóirí trí chruinnithe déthaobhacha idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach le hionadaithe éagsúla ó Rialtas na hÉireann (an príomh-stocshealbhóir) agus trí Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) ESB.<br>▪ In 2025, d'fhreastail Ard-Rúnaí na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil ar chuid de sheisiún straitéise an Bhoird chun plé a dhéanamh ar dhearcthaí maidir le beartas fuinnimh na hÉireann agus maidir le clár tosaíochtaí an Rialtais. Leag an tArd-Rúnaí amach uaillmhianta agus príomhspriocanna beartais fuinnimh an Rialtais chomh maith le príomhthosaíochtaí eile an Rialtais lena n-áirítear iomaíochas, inacmhainneacht agus saincheisteanna slándála agus na tosca a imríonn tionchar ar na tosaíochtaí sin. Chuir an Bord na tosaíochtaí sin san áireamh i bpáipéir fhaofa a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le linn na bliana. |
| **Infheisteoirí Fiachais agus Gníomhaireachtaí Rátála** | ▪ Cuirtear tuairimí na n-infheisteoirí fiachais agus gníomhaireachtaí rátála faoi bhráid an Bhoird tríd an gCoiste Airgeadais agus Infheistíochta. Roinntear eolas leis an gCoiste maidir le rannpháirtíocht leanúnach na foirne bainistíochta le hinfheisteoirí fiachais agus gníomhaireachtaí rátála.<br>▪ Tá an leachtacht atá ar fáil ina príomhfhócas do na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Le linn na bliana 2025, cheadaigh an Bord iontráil ESB i saoráid creidmheasa imrothlaigh nua agus i mí Iúil, chuaigh ESB isteach i Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh Inbhuanaitheachta nua dar luach €2.4 billiún le grúpa de 15 bhanc idirnáisiúnta. Cuireadh é sin in ionad na saoráide €1.4 billiún a cuireadh chun feidhme sa bhliain 2020. Mheas an Bord go mbeadh oiriúnach an tsaoráid chreidmheasa imrothlaigh a athmhaoiniú agus a mhéadú sa bhliain 2025 agus ceanglais leachtachta sa todhchaí á gcur san áireamh. |
| **Fostaithe** | ▪ Coinníonn an Bord ar an eolas faoi mheon, faoi thuairimí agus faoi réimsí spéise na bhfostaithe trí chruinnithe aghaidh ar aghaidh le daoine as gach cearn den ghnólacht ag laethanta cruinnithe Boird lasmuigh den láthair agus trí fhreastal ar imeachtaí eagraithe (féach leathanach 91). Labhraíonn ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe ar an mBord ar son na bhfostaithe agus cinntíonn siad go gcuimsítear dearcthaí lucht saothair ESB go díreach i bplé agus i gcinnteoireacht an Bhoird.<br>▪ Tacaíonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir leis an mBord le rannpháirtíocht le fostaithe. Le linn na bliana, fuair an Coiste nuashonrú ar an Straitéis Éagsúlachta, Cothromais agus Cuimsithe (DEI) – réimse a sainaithníodh mar phríomhthosaíocht d'fhostaithe. Tarraingíodh aird an Choiste ar na príomhéachtaí don bhliain 2025, agus tá tuilleadh sonraí fúthu le fáil ar leathanach 80 agus 81.. Thug an Coiste faoi deara na dúshláin a bhí roimh ESB maidir le spriocanna an DEI a bhaint amach ó thaobh róil STEM, go háirithe, agus cuireadh fáilte roimh thús na comhpháirtíochta Way 2 Work Mhol an Coiste freisin go mbunófaí Fóram DEI agus Grúpa Acmhainní Fostaithe nua do theaghlaigh agus do chúramóirí. |

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

| Páirtí Leasmhar | Conas a chuirtear a dtuairimí in iúl don Bhord agus torthaí samplacha |
|---|---|
| **Soláthraithe, Conraitheoirí agus Comhpháirtithe** | ▪ Cuirtear tuairimí soláthraithe, conraitheoirí agus comhpháirtithe maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta faoi bhráid an Bhoird tríd an gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir.<br>▪ Le linn na bliana, fuair an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir cur i láthair ar Úsáid Acmhainní agus ar an ngeilleagar ciorclach inar tarraingíodh aird ar an ngá le soláthar inbhuanaithe, lena n-áirítear bheith páirteach i slabhra soláthair ESB agus trédhearcacht a chur chun cinn. Chuir an Coiste fáilte roimh an bhfócas ar an ábhar sin agus d'iarr sé go gcuirfí úsáid acmhainní agus an geilleagar ciorclach san áireamh i dtograí infheistíochta agus beartas ESB á fhorbairt maidir leis an ábhar céanna. |
| **Rialtóirí, Údaráis Chomhshaoil agus Sábháilteachta** | ▪ Buaileann an Príomhfheidhmeannach le rialtóirí le linn na bliana chun tuairimí agus peirspictíochtaí maidir le forbairt sa mhargadh fuinnimh agus rialáil tionscail a roinnt.<br>▪ Sainaithníodh athléimneacht líonra mar phríomhthosaíocht don ghrúpa páirtithe leasmhara sin. I mí Eanáir, rinne Stoirm Éowyn damáiste fairsing do líonraí leictreachais, agus cuireadh isteach ar chustaiméirí go mór mar gheall air sin. Tugadh eolas don Bhord le linn na géarchéime faoin obair chrua a rinne gach duine a bhí páirteach i soláthairtí a aischur ó thuaidh agus ó dheas. Le linn na bliana 2025, d'fhaomh an Bord leasú ar Phlean Airgeadais Bliantúil ESB Networks 2025 chun luathú infheistíochta agus acmhainní le haghaidh feabhsuithe ar athléimneacht an líonra a éascú. Agus athléimneacht líonraí ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí don gheilleagar agus don tsochaí, leanfaidh an Bord ag díriú ar infheistíocht sna líonraí agus ar mhaoluithe riosca a bhaineann leis an athrú aeráide. |
| **Comhlachtaí Tionscail Eile** | ▪ Buaileann an Príomhfheidhmeannach le páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear ionadaithe ó eagraíochtaí gnó agus sochaí sibhialta éagsúla gach bliain<br>▪ Sainaithníodh trédhearcacht mar phríomhthosaíocht don ghrúpa páirtithe leasmhara sin. Tá ESB tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach ina chuid gníomhaíochtaí ar fad agus comhlíonann sé an Cód Stáit ar gach slí ábhartha. Le linn na bliana 2025, d'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na próisis atá i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann ESB an Cód Stáit agus d'athbhreithnigh an Bord páipéir ina soláthraítear dearbhuithe comhlíontachta. Chuimhnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar pháipéar árachais freisin maidir le comhlíonadh ceanglais reachtúla agus rialála. |

**Coinbhleachtaí Leasa**

Déanann comhaltaí boird nochtuithe bliantúla maidir le haon choinbhleacht leasa féideartha nó iarbhír faoi Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Déantar iarratas ar aon choinbhleacht fhéideartha a nochtadh nuair a cheaptar comhaltaí Boird nua freisin. Anuas air sin, tá Comhaltaí Boird freagrach as eolas a thabhairt do Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta ar bhonn leanúnach má fhaigheann siad amach faoi aon athrú ar a n-imthosca maidir le coinbhleachtaí leasa, mar atá sonraithe i gCód Iompair Chomhaltaí Boird ESB. Déileáiltear sa Chód Iompair freisin le hoibleagáidí iarscoir na gComhaltaí Boird. Tá mír chaighdeánach ar an gclár gnó cruinnithe do gach cruinniú Boird agus Coiste ina n-iarrtar ar chomhaltaí aon choinbhleacht shonrach a d'fhéadfadh teacht chun cinn a nochtadh. Coinníonn an Rúnaí Cuideachta sonraí faoi leasanna a nochtann na comhaltaí Boird i gclár rúnda. Reáchtáiltear cúrsaí oiliúna maidir le Cód Iompair agus coinbhleachtaí leasa Chomhaltaí Boird ESB go rialta.

**Samhail Rialachais ESB**




- - Gníomhaíochtaí ceadúnaithe – tá rialacha maidir le deighilt gnólachtaí i gceist.
- - Gníomhaíochtaí líonraí imfhálaithe – oibrítear agus déantar maoirseacht orthu seo agus coinníollacha infheidhme ceadúnais rialála á gcomhlíonadh acu. Feidhmíonn Bord ESB ról maoirseachta.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## 2. Roinnt Freagrachtaí

**Ár Struchtúr**
Bhunaigh an Bord Coistí Príomhúla áirithe chun cuidiú leis a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh, rud a sholáthraíonn fócas mionsonraithe ar réimsí ar leith mar atá leagtha amach i dTuarascálacha na gCoistí faoi seach ar leathanaigh 108 go 117. Díríonn na Coistí ar a réimsí saineolais, rud a chuireann ar chumas an Bhoird díriú ar straitéis, feidhmíocht, ceannaireacht agus daoine, rialachas agus riosca, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Tá sé mar aidhm le struchtúr na heagraíochta cinnteoireacht éifeachtach agus éifeachtúil a éascú le cuntasacht shoiléir. Tá tuilleadh eolais ar Shamhail Rialachais ESB leagtha amach ar leathanach 95. Tá tuilleadh eolais ar Struchtúr an Bhoird leagtha amach ar leathanach 97. Tá deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach, mar atá leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Bhoird atá le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.

**Ról an Bhoird**
Soláthraíonn an Bord ceannaireacht agus maoirseacht éifeachtach do ESB agus tá sé freagrach as a rath fadtéarmach a chur chun cinn. Cinntíonn an Bord go léirítear leis an straitéis Ár gCuspóir agus Ár Luachanna agus go bhfuil cultúr ESB ag teacht leis sin. Agus é ag déanamh amhlaidh, féachann an Bord le cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna pháirtithe leasmhara éagsúla ESB, lena n-áirítear a stocshealbhóirí, a fhostaithe agus na custaiméirí agus na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Ní dhéantar cinntí ach amháin nuair a bhíonn an fhaisnéis chuí curtha ar fáil do Chomhaltaí Boird, agus breithiú cuí a dhéanamh ar na rioscaí sainaitheanta tríd an bpróiseas bainistíochta riosca agus bunaithe ar Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa. Rinne an Bord athbhreithniú ar chinnteoireacht an Bhoird i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2025 freisin. D'fhonn teacht le gealltanas an Bhoird feabhas leanúnach a dhéanamh, rinneadh é seo chun cinnteoireacht amach anseo a shainiú agus a fheabhsú.

Tá sé beartaithe ag an mBord na príomhchinntí seo a leanas a bhreithniú (a athbhreithnítear gach bliain agus tá cuid acu faoi réir chead stocshealbhóra Aireachta freisin):

- Faomhadh an Phlean Gnó Chomhtháite (ina gcuimsítear buiséid bhliantúla), pleananna corparáideacha, agus straitéis fhadtéarmach ESB
- Faomhadh phríomhthuairisciú airgeadais sheachtrach ESB, lena n-áirítear ráitis airgeadais bhliantúla agus leathbhliantúla
- Moltaí foirmiúla a dhéanamh do stocshealbhóirí ESB maidir le díbhinní nó iad a dhearbhú
- Cruinnithe ginearálta ESB a thionól
- Infheistíochtaí suntasacha, caiteachas suntasach (lena n-áirítear caiteachas caipitil), conarthaí díorthaigh ar leith agus saoráidí airgeadais a cheadú
- Ceapadh agus dífhostú ó phoist amhail Príomhfheidhmeannach ESB, Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Rúnaí Cuideachta
- Socruithe scoir téarfa nó drochshláinte do Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Rúnaí Cuideachta ESB
- Ceapadh nó athcheapadh, Chathaoirleach an Choiste Sábháilteachta Dambaí
- Stiúrthóirí a Cheapadh ar Bhord ESB Networks DAC (seachas Stiúrthóirí Malartacha de bhua Airteagal Comhlachais ESB Networks DAC) agus Stiúrthóirí agus Rúnaí Cuideachta Bhord NIE Networks Teoranta
- Éadálacha, diúscairtí nó scoir shuntasacha sócmhainní
- An Plean Riosca Bliantúil agus Ráiteas Inghlacthachta Riosca an Ghrúpa a cheadú
- Iniúchóirí seachtracha ESB agus fochuideachtaí ESB a cheapadh (seachas brainsí fochuideachtaí faoi lánúinéireacht)
- Aon iasacht do chomhalta de Bhord ESB nó iasachtaí stiúrthóirí do stiúrthóir de bhord fochuideachta nó bord cuideachta gaolmhar a cheadú
- Ceapacháin i gCoistí an Bhoird agus faomhadh Théarmaí Tagartha an Bhoird agus na gCoistí dá chuid
- Stoc a cheannach in ESB (seachas de bhua shocruithe ESOP)
- Taraifí cónaithe mórmhargaidh
- Príomhcheisteanna rialála, dlíthiúla, caidrimh thionsclaíoch, luach saothair, pinsin, cuntasaíochta, agus beartais
- Comhaontuithe eisiachais a bhaineann le hidirbhearta nó idirbhearta féideartha
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais

Tá údarás tarmligthe ag an mBord don fhoireann bainistíochta chun cinntí a dhéanamh sa ghnáthchúrsa gnó, faoi réir srianta agus tairseacha sonracha. Cinntítear go bhfuil maoirseacht á déanamh ar chinntí atá tarmligthe don Bhord trí chreat tuairiscithe láidir, a bhfuil ról lárnach aige i gcaidreamh éifeachtach le Coistí Boird, an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Grúpa Airgeadais agus Tráchtála agus an Coiste Feidhmiúcháin. Tugadh dearbhú don Bhord i mí Aibreáin 2025 le deimhniú gur cuireadh gnéithe tarmligthe ar leith d'ábhair fhorchoimeádta an Bhoird i bhfeidhm de réir an tarmligin a bhronn an Bord in 2024, agus táthar ag súil go ndéanfar nuashonrú ar thoscaireachtaí 2025 atá beartaithe don bhliain 2026.

**Cruinnithe Boird**
Tháinig an Bord le chéile 10 n-uaire le linn na bliana 2025, lena raibh cruinnithe sceidealaithe i gceist le naoi gcinn acu (seacht gcruinniú boird ghinearálta agus dhá sheisiún straitéise) agus cruinniú Boird Ghinearálta amháin neamhsceidealaithe.

Tá an Cathaoirleach, le cúnamh ón Rúnaí Cuideachta, freagrach as a chinntiú go soláthraítear faisnéis do na comhaltaí Boird ar bhonn tráthúil agus ar faisnéis í atá de chaighdeán cuí lena gcuirtear ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach. Cuirtear páipéir an Bhoird ar fáil ar mhodh leictreonach do gach comhalta den Bhord tráth nach déanaí ná cúig lá oibre roimh gach cruinniú chun go mbeidh go leor ama acu chun ábhair atá le plé/a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith a athbhreithniú agus a bhreithniú. Cuimsítear sna pacáistí Boird freisin miontuairiscí ar chruinnithe Choistí an Bhoird, agus tugann Cathaoirligh na gCoistí an Bord cothrom le dáta ó bhéal ag cruinniú an Bhoird i ndiaidh an tseisiúin is déanaí a bhí acu. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord ar bhonn leanúnach maidir le cúrsaí lena n-áirítear faisnéis faoi fhorbairtí, feidhmíocht, príomhrioscaí na cuideachta agus soláthraíonn sé léargais ar chúrsaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhéidearthachtaí ESB.

Is é an aidhm atá leis na cruinnithe Boird cothromaíocht cheart a chinntiú idir maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm straitéise, sábháilteacht, inbhuanaitheacht, oibríochtaí, airgeadas, daoine, custaiméirí, bainistíocht páirtithe leasmhara, rialachas agus ábhair a bhaineann le bainistíocht riosca. Déantar monatóireacht air seo trí rianú a dhéanamh ar an am a thugann clár oibre an Bhoird agus an Choiste do na nithe seo, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ag deireadh na bliana ar na cinntí suntasacha a rinne an Bord. Trí phróiseas meastóireachta bhliantúil an Bhoird, meastar athbhreithnithe plean oibre an Choiste ag deireadh na bliana agus aiseolas neamhfhoirmiúil, ábhair amhail ullmhú, freastal agus rannpháirtíocht ag cruinnithe Boird agus Coiste, rannpháirtíocht i seisiúin um rannpháirtíocht foirne, cuairteanna ar an láthair agus seisiúin oiliúna, lena chinntiú go gcaitear am leordhóthanach ar gach ní.

Rinne an Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta measúnú ar cheangail ama an Bhoird, go hinmheánach agus go seachtrach araon, agus socraíodh gur thug an Cathaoirleach agus gach comhalta an Bhoird dóthain ama le linn na bliana lena gcumasú chun a gceanglais mar chomhaltaí Boird ESB a chomhlíonadh. Rinne an measúnú athbhreithniú ar thinreamh na gcomhaltaí boird ag cruinnithe Boird/Coiste, cuairteanna suímh, socruithe fostaithe agus seisiúin oiliúna agus bhí an measúnú seachtrach bunaithe ar phoist fheidhmeannaigh agus neamhfheidhmeannaigh reatha in 2025.

**Struchtúr Bhord ESB**

### Cathaoirleach

**Terence O'Rourke**

- Clár oibre cothrom a chomhaontú agus a chinntiú go bhfuil dóthain ama ar fáil chun míreanna a phlé
- Cuidiú éifeachtach ó gach comhalta den Bhord a éascú
- A chinntiú go soláthrófar faisnéis chruinn, thráthúil agus shoiléir don Bhord chun cuidiú le cinnteoireacht éifeachtach agus a chinntiú go ndéanfaidh an Bord grinnscrúdú agus ceistiú dian maidir le tograí bainistíochta.
- I gcomhar leis an Rúnaí Cuideachta, a chinntiú go scaipeann faisnéis mhaith laistigh den Bhord agus dá Choistí agus idir an lucht ardbhainistíochta agus na comhaltaí Boird
- Cúrsaí rialachais a stiúradh
- Athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an Bhoird, na gCoistí agus na gcomhaltaí Boird a stiúradh

### An Bord

- Tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach, Príomhfheidhmeannach, seisear Comhaltaí Boird neamhspleácha agus ceathrar Comhaltaí Boird Oibrithe
- Cuspóir, luachanna agus straitéis ESB a bhunú agus a chinntiú go dtagann siad sin le pleananna straitéiseacha agus i gcultúr na heagraíochta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phleanáil straitéiseach agus airgeadais chun comhtháthú cúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta a chinntiú
- A chinntiú go ndéanfaidh ESB a ghnóthaí i gcomhréir lena oibleagáidí agus lena dhualgais dhlíthiúla agus rialála agus ar bhealach atá freagrach go sóisialta
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i gcrích éifeachtach straitéise, feidhmíochta agus leabú cultúir chuí ar fud na heagraíochta ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an lucht bainistíochta.
- Ceapachán agus cur as oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus an Rúnaí Cuideachta a cheadú

### Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach

**Annette Flynn**

- Feidhmiú mar bhonn braite don Chathaoirleach agus tacaíocht a sholáthar
- Feidhmiú mar idirghabhálaí do na comhaltaí Boird eile más gá
- Bheith i gceannas ar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an Chathaoirligh
- Deighilt shoiléir freagrachta idir an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach a chinntiú

### Príomhfheidhmeannach

**Paddy Hayes**

- Straitéis an Bhoird a chur i gcrích agus dul chun cinn maidir le cur i gcrích i gcoinne spriocanna straitéiseacha agus méadrachtaí feidhmíochta gaolmhara a thuairisciú.
- Gnáthreáchtáil laethúil an ghnólachta agus feidhmíocht brabúsach agus inbhuanaithe an ghnólachta a sholáthar
- Infheistíochtaí, tionscadail agus tograí a chur faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh agus an Cathaoirleach agus an Bord a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí suntasacha gnó agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn do pháirtithe leasmhara
- A chinntiú go bhfuil struchtúir bhainistíochta chuí i bhfeidhm chun rath fadtéarmach ESB a spreagadh

### Rúnaí Cuideachta

**Marie Sinnott**

- A bheith inrochtana do gach comhalta Boird
- A chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta an Bhoird agus comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí rialachais go ginearálta
- Tacú leis an gCathaoirleach le sreabhadh eolais maith a chinntiú ina Bhord agus a Choistí agus idir na comhaltaí Boird bainistíochta feidhmeannaigh agus neamhfheidhmeannaigh.
- Cinntiú go ndéantar bunús phlé agus chinntí na gcruinnithe Boird a thaifeadadh go cruinn sna miontuairiscí
- An Bord a choinneáil ar an eolas faoi aon ábhair shuntasacha a thagann chun cinn idir cruinnithe an Bhoird
- Ionduchtú/forbairt ghairmiúil an Bhoird a eagrú

| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda | An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir | An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta | An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta |
|---|---|---|---|---|
| Féach leathanach 108. | Féach leathanach 114. | Féach leathanach 115. | Féach leathanach 116. | Féach leathanach 117. |

Tá sonraí beathaisnéise na gComhaltaí Boird le fáil ar leathanach 86 go 89. Tá sonraí beathaisnéise an Rúnaí Cuideachta le fáil ar leathanach 35.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

Leanann an Bord díriú ar Straitéis ESB dar teideal Difríocht a Dhéanamh: Aeráidneodracht faoi 2040 agus na trí chroíchuspóir straitéiseacha a bhaint amach (féach leathanach 14 le haghaidh níos mó sonraí). Tionólann an Bord dhá lá cruinnithe straitéise tiomnaithe le linn na bliana chun forbairtí sa timpeallacht sheachtrach a bhreithniú, cloisteáil ó shaineolaithe/custaiméirí/páirtithe leasmhara seachtracha, mionscrúdú a dhéanamh ar cholúin straitéise ar leith, chomh maith le dul chun cinn i gcur chun feidhme straitéis ESB. A bhuí leis na hathbhreithnithe sin, tugtar deis don Bhord ionchur a dhéanamh maidir le hathruithe riachtanacha ar bith ar an treo straitéiseach, ar bhéim nó ar uaillmhian agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Leagtar amach thíos na cúrsaí a mheas agus/nó a cheadaigh an Bord le linn na bliana chun tacú le cur i gcrích leanúnach straitéis ESB.

### Ábhair a bhreithnigh agus/nó a cheadaigh an Bord sa bhliain 2025

Ag seisiúin straitéise an Bhoird 2025, rinneadh príomhábhair a bhaineann le trí phríomhchuspóir straitéiseacha ESB a phlé go cuimsitheach.

Ba iad fás acmhainne líonraí, dúshláin athléimneachta agus inacmhainneacht mar aon le léargas domhain ar uaillmhian straitéiseach fhadtéarmach maidir le Giniúint agus Trádáil i ndiaidh na bliana 2030, croílár an tseisiúin straitéise i mí an Mhárta. Sa chomhthéacs sin, thug an Bord faoi deara an scála infheistíochta caipitiúla atá ag méadú a theastaíonn chun uaillmhian na straitéise a bhaint amach agus láidreacht airgeadais ESB á choinneáil ar bun. Chomh maith leis an ionchur a bhí acu leis an athbhreithniú ar an straitéis fhoriomlán, le linn sheisiún straitéise na Samhna, díríodh ar bhunphrionsabail straitéise lena n-áirítear Plean Gnó Comhtháite cúig bliana 2026-2030. ceanglais maoinithe gaolmhara agus straitéis acmhainne do dhaoine na todhchaí - ina socraíonn siad bunstraitéis don tréimhse suas leis an mbliain 2040.

Bhí na páipéir a cuireadh faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh in 2025 ag teacht le straitéis an Ghrúpa agus leis an bPlean Gnó Comhtháite faofa, de réir mar is iomchuí. Tá na cinntí suntasacha tráchtála/infheistíochta a rinne an Bord le linn na bliana 2025 lena gcuirfear feabhas ar chur i gcrích na straitéise lena n-áirítear:

- Caiteachas caipitil le haghaidh seacht dtionscadal in-athnuaite (fuinneamh gréine agus gaoithe amach ón gcósta) ar fiú breis is €600 milliún le chéile le hinfheistíocht i dtionscadail giniúna teirmí chun tacú le slándáil an tsoláthair agus leis an aistriú chuig todhchaí aeráidneodrach.
- Athmhaoiniú Shaoráid Chreidmheasa Imrothlaigh (RCF) ESB le RCF Inbhuanaitheacht-Nasctha nua €2.4 billiún a síníodh le 15 bhanc idirnáisiúnta
- Ceadú maoinithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2026
- Faomhadh maidir le leasú ar Phlean Airgeadais Bliantúil 2025 ESB Networks chun luathú infheistíochta agus acmhainní le haghaidh feabhsuithe ar athléimneacht an líonra agus le haghaidh an éilimh mhéadaithe ar acmhainn a éascú
- Faomhadh an chláir aistrithe 'Empowering Tomorrow', lena n-infheistítear i bpríomhacmhainní Electric Ireland chun a sheasamh láidir margaidh agus airgeadais a chothabháil sa todhchaí
- Saoráidí maoinithe So Energy chun teacht le ceanglais athléimneachta airgeadais Ofgem do sholáthraithe
- Praghsanna leictreachais agus gáis le haghaidh custaiméirí cónaithe i bPoblacht na hÉireann
- Creat-chomhaontuithe tráchtála éagsúla chun rochtain a sholáthar ar na hacmhainní is gá chun tacú le fás atá réamh-mheasta sa phlean gnó cúig bliana agus i dtorthaí PR6

I gcomhar le fócas straitéiseach a choinneáil, ní mór don Bhord monatóireacht a dhéanamh ar a fhreagrachtaí laethúla freisin. Le linn na bliana 2025, d'fhaomh an Bord foilsiú na dtorthaí do dheireadh na bliana 2024 agus torthaí eatramhacha 2025. Maidir le hinfheistíochtaí, rinneadh íosrátaí toraidh ESB a nuashonrú chun teacht le forbairtí margaidh atá i réim, agus rinneadh coigeartuithe cuí ar chuspóirí straitéiseacha agus inghlacthacht riosca ESB. Rinne an Bord athbhreithniú freisin ar na Leibhéil Údaráis Chomhdhlúite in 2025 lena chinntiú go bhfuil toscaireachtaí cuí i bhfeidhm chun cinnteoireacht thráthúil a éascú.

Choinnigh an Bord béim láidir ar rialachas corparáideach le linn na bliana. Chuir an Cathaoirleach a Thuarascáil Rúnda bhliantúil faoi bhráid an Aire, rud a sholáthair dearbhú go raibh ESB ag comhlíonadh gach gné den Chód Stáit. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an Bord na príomhrioscaí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn (féach Tuarascáil ar Rioscaí ar leathanach 23) maidir le cur chun feidhme rathúil straitéis ESB, na lamháltais riosca ábhartha a leagtar amach i Ráiteas ar Inghlacthacht Riosca an Ghrúpa agus i dtosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara agus cinntí á ndéanamh aige.

Cuirtear an tsábháilteacht chun tosaigh i gcónaí sna cinntí a dhéanann an Bord. Agus tacaíocht faighte ón gCoiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir, bhí an Bord bainteach le forbairt na Straitéise Sábháilteachta athbhreithnithe 2026-2030, lena gcloítear le prionsabail sábháilteachta agus le cleachtais folláine iontaofa, agus go gcoimeádtar tosca daonna i gcroílár chur chun feidhme na straitéise ESB.

Tá éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú mar chuid de chlár oibre an Bhoird ina uasdátú ar na tionscnaimh agus na tacaíochtaí atá i bhfeidhm mar chuid den Straitéis Daonna chun lucht oibre atá ag éirí níos éagsúla a choinneáil, lena gcinntítear eispéiris chothroma, cultúr sofhreagrúil ionchuimsitheachta agus muinteartha, ar mhaithe le difríocht a dhéanamh agus le todhchaí aeráidneodrach níos gile a bhaint amach do chách. Breithnigh an Bord an suirbhé foirne Ár nGuth 2025 freisin le linn na bliana, agus dearbhaíodh go raibh an cultúr agus an straitéis ailínithe.

### Freastal ag Cruinnithe sa bhliain 2025

Tá eolas le fáil thíos maidir le tinreamh gach Comhalta Boird ag cruinnithe sceidealaithe agus neamhsceidealaithe le linn na bliana. Chomh maith leis na comhaltaí Boird agus an Rúnaí Cuideachta, d'fhreastail roinnt Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus bainisteoirí sinsearacha ar chodanna ábhartha de chruinnithe an Bhoird, trí chuireadh, chun cuir i láthair a dhéanamh nó páirt a ghlacadh i bplé an Bhoird lena chinntiú go bhfuiltear ag tacú le cinntí an Bhoird le hanailís iomlán. Buaileann comhaltaí neamhfheidhmeannaigh an Bhoird freisin gan an lucht bainistíochta i láthair chun ceisteanna ábhartha a phlé, agus bíonn athbhreithniú sceidealaithe ag deireadh gach cruinnithe Boird chun ceisteanna ábhartha a phlé, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas sonrach Boird atá díreach curtha i gcrích.

| Comhaltaí Boird 2025 | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu (Neamhsceidealaithe)* |
|---|---|
| Terence O'Rourke | 9 (1) |
| Paddy Hayes | 9 (1) |
| Michael Barry[1] | 9 (1) |
| Aisling Curtis[1] | 7.5[3] (1) |
| Annette Flynn[1] | 9 (1) |
| Pat Gaynor[1] | 8 (1) |
| Karen Halpenny[2] | 9 (1) |
| Owen Kilmurray[2] | 8 (1) |
| Jim Meade[1] | 9 (1) |
| Gráinne O'Shea[2] | 9 (1) |
| An Dr Sara Venning[1] | 8 (1) |
| Trevor Walsh[2,3] | 8.5 (1) |

1 Comhalta Boird Neamhspleách
2 Comhalta Boird Oibrithe
3 Daoine a bhí i láthair ag cruinniú Boird ghinearálta le linn na bliana 2025
* Mínítear i dTéarmaí Tagartha an Bhoird go bhfuiltear ag súil go mbeadh na comhaltaí boird ar fad i láthair ag gach cruinniú Boird/Coiste. Cuirtear in iúl don Chathaoirleach roimh ré faoi aon asláithreacht agus cúiseanna le haon asláithreacht. Ó am go chéile, ní bhíonn comhaltaí an Bhoird in ann freastal ar chruinnithe sceidealaithe mar gheall ar chúiseanna práinneacha pearsanta agus gnó. Is féidir le comhaltaí an bhoird a mbreithnithe a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird (nó Cathaoirleach an Choiste ábhartha) nó a dtacaíocht ina leith a chur in iúl maidir le hábhair an chláir agus chun go ndéanfaí a dtuairimí a mheas ag an gcruinniú ábhartha. Buaileann Cathaoirleach an Chláir le gach comhalta Boird ar bhonn bliantúil chun a bhfeidhmíocht (lena n-áirítear a dtinreamh) agus a riachtanais forbartha a phlé.

### Meascán Scileanna an Bhoird – An Bord amhail an 31 Nollaig 2025

| | Taithí Earnálach | | | Saineolas Feidhmiúil | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fuinneamh/Margaí Rialaithe | Sábháilteacht/ Timpeallacht | Seachadadh Bonneagair agus Bainistíocht Tionscadail | Claochlaithe/Cumaisc agus Fálacha | Straitéis/Nuálaíocht | Airgeadas/Cuntasaíocht/ Iniúchadh | TF/Cibearshlándáil/Cúrsaí Digiteacha | Bainistíocht Tallainne, Cultúr agus Cúiteamh | Rialachas | Eispéireas Custaiméirí, Branda agus Margaíocht | Caidreamh le Páirtithe Leasmhara | Bainistíocht Riosca | Inbhuanaitheacht |
| Terence O'Rourke | ● | | | ● | ● | ● | ○ | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Paddy Hayes | ● | ● | ● | ● | ● | ○ | | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Michael Barry | ● | | ● | ● | ● | ● | ○ | ○ | ● | | ○ | ● | ○ |
| Aisling Curtis | | | | | ● | ○ | ● | ○ | ● | ● | ○ | ● | ● |
| Annette Flynn | ● | | | ● | ● | ● | | ● | ● | ○ | ○ | ● | ○ |
| Pat Gaynor | ● | | | ● | ● | ● | ○ | ● | ● | ● | ● | ● | ○ |
| Karen Halpenny | ○ | ● | ○ | | | | | ○ | ● | | | ○ | |
| Owen Kilmurray | ○ | ● | ○ | | | | | ○ | ○ | ○ | | ○ | |
| Jim Meade | | ● | ● | ○ | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ○ |
| Gráinne O'Shea | ● | ● | ● | | ● | | | ○ | ● | | ○ | ● | ○ |
| An Dr Sara Venning | ● | ● | ● | ○ | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Trevor Walsh | ○ | ● | ● | | | | ○ | ○ | ● | ○ | | ○ | |

● Tá an taithí earnálach / saineolas feidhmiúil riachtanach aige/aici
○ Tá roinnt taithí earnálach / saineolas feidhmiúil riachtanach aige/aici

### Neamhspleáchas

Tá róil chomhaltaí neamhspleácha an Bhoird thar a bheith tábhachtach maidir le leas a bhaint as breith neamhspleách neamhchlaonta i gcinnteoireacht agus a chinntiú go ndéanfar gach saincheist a mholann an lucht bainistíochta feidhmiúcháin a phlé agus a scrúdú go hiomlán chun leasanna fadtéarmacha, ní hamháin leasanna ESB, ach cinn na stocshealbhóirí agus na bpáirtithe leasmhara eile freisin a chur san áireamh. Tá Beartas um Measúnú ar Stiúrthóirí Neamhspleácha i bhfeidhm chun dearbhú a thabhairt don Bhord ina leith sin, faoi mhaoirseacht an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta.

Bunaithe ar mheasúnú a cuireadh i gcrích don bhliain dar críoch 2025, chinn an Bord, seachas chomh fada is a bhain leis an bPríomhfheidhmeannach agus na Comhaltaí Boird Oibrithe, go raibh na Comhaltaí Boird ag feidhmiú go neamhspleách le linn na bliana 2025. Cuirtear san áireamh sa chinneadh maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird, Cód an Stáit agus forálacha ábhartha Chód na Éireann agus an Beartas um Measúnú ar Stiúrthóirí Neamhspleácha, maidir le neamhspleáchas na gComhaltaí Boird i ndáil le carachtar agus breith, agus an easpa caidrimh nó imthosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do neamhspleáchas Comhalta Boird. I measc na saintosc a breithníodh sa mheasúnú sin áirítear fostaíocht nó caidrimh ghnó ábhartha le ESB/Grúpa laistigh de thrí bliana, breis luach saothair ó ESB seachas táille comhalta Boird, naisc theaghlaigh le comhairleoirí ESB, Coiste Feidhmeannaigh nó fostaithe sinsearacha, tras-stiúrthóireachtaí nó naisc shuntasacha le comhaltaí Boird eile trí bhaint a bheith acu le cuideachtaí nó comhlachtaí eile. Rinneadh measúnú neamhspleáchais i ndáil le ceapachán an Chathaoirligh reatha.

### Neamhspleáchas an Bhoird, gan an Cathaoirleach san áireamh




● 55% Comhaltaí Neamhspleácha an Bhoird
● 45% Comhaltaí an Bhoird nach bhfuil Neamhspleách

Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## 3. Comhdhéanamh, Comharbas agus Meastóireacht

### Comhdhéanamh an Bhoird (Inscne)




- 58% Fir
- 42% Mná

### Fad na Tionachta




- 17% 0-2 bhliain
- 8% > 5 bliana
- 75% 2-5 bliana

### Aoisghrúpa Chomhaltaí an Bhoird




- 17% 40-50
- 42% 61-70
- 33% 51-60
- 8% 71+

**Comhaltacht Boird**

Is é príomhról an Bhoird breithiúnas oibiachtúil agus eolasach a dhéanamh chun dúshlán straitéis Ghrúpa ESB a thabhairt agus a fhorbairt agus a cheadú go cuiditheach, d'fhonn a chinntiú go bhfuil foireann bainistíochta láidir ar fáil chun an straitéis a fhorfheidhmiú agus chun dlús a chur le feidhmíocht gnó, agus chun creat de rialuithe stuama agus éifeachtacha a bhunú chun riosca a mhaolú.

Tá dhá thoisc thábhachtacha mar bhonn lena chinntiú go bhfuil ar chumas an Bhoird na dualgais agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go rathúil:

- Raon éagsúil agus domhain scileanna agus taithí i measc na gComhaltaí Boird
- Próisis lena chinntiú go bhforbraíonn agus go gcoimeádann gach Comhalta Boird tuiscint mhaith ar oibríochtaí agus ar thimpeallacht sheachtrach an Ghrúpa agus, dá réir sin, go bhfuil ar ár gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh

Sa bhliain 2025, thug na comhaltaí Boird taithí agus neamhspleáchas éagsúil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach agus an leas is fearr á bhaint as scileanna agus taithí na gcomhaltaí Boird trína gcomhaltas sna Coistí Boird ábhartha. Tá raon taithí na gcomhaltaí Boird leagtha amach i mbeathaisnéisí na gcomhaltaí Boird ar leathanaigh 86 go 89. Mar chuid de bhreithniú an Bhoird ar éagsúlacht agus ionchuimsiú ag leibhéal Boird, déantar measúnú ar scileanna agus taithí (leathanach 99), ar príomhionchur é i gclár oiliúna agus forbartha an Bhoird (féach lastall le tuilleadh eolais a fháil). Tá an Bord muiníneach go bhfuil an t-eolas, cumas agus taithí ag na comhaltaí ar fad chun na feidhmeanna riachtanacha a chur i gcrích agus chun déileáil leis na dúshláin shuntasacha a mbeidh ar ESB déileáil leo.

**Ceapacháin Bhoird**

Ceaptar na comhaltaí Boird (cé is moite de Chomhaltaí Boird Oibrithe) faoi Alt 2 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927. D'eisigh an Rialtas Treoirlínte maidir le Ceapacháin chun Boird Stáit, 2014, a bhaineann le ESB agus dá bhrí sin, is ceist don Rialtas iad ceapacháin Bhoird (lena n-áirítear ceapachán Chomhaltaí Boird Oibrithe). Ní raibh aon fholúntais Bhoird ann sa bhliain 2025. Bhí an Cathaoirleach athcheaptha ag an Aire i mí na Samhna 2025 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a ghaiscí, a ionchur, agus an bhaint a bhí aige le linn a chéad téarma, rud a thiomáin rath fadtéarmach inbhuanaithe an ghnólachta.

Coinníonn an Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta scileanna an Bhoird faoi athbhreithniú i gcomhthéacs thosaíochtaí na straitéise, agus leagann an Cathaoirleach aon bhearna i scileanna a aithnítear ina thuairisc don Aire ar bhonn bliantúil, ina ndearbhaítear comhlíonadh Chód an Stáit. Téitear i ngleic leis na bearnaí i scileanna trí phróiseas ceapacháin Bhord an Stáit de réir mar a théann an Cathaoirleach i mbun plé leis an Rialtas roimh an bpróiseas ceapacháin maidir leis na scileanna agus an éagsúlacht shonrach atá ag teastáil ar an mBord.

Go hiondúil, ceaptar Comhaltaí Boird neamhspleácha le haghaidh téarma tosaigh cúig bliana, téarma ar féidir é a athnuachan le haghaidh tréimhse bhreise suas go dtí uasmhéid ocht mbliana ar fad (de réir Iarscríbhinn Chód Cleachtais 2020). I gcás na gComhaltaí Boird Oibrithe, ceaptar iad le haghaidh téarma tosaigh ceithre bliana agus d'fhéadfaí iad a ath-thoghadh le haghaidh téarmaí breise. Féadfaidh an Rialtas an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí neamhspleácha den Bhord a athcheapadh sa Bhord. Is de bhun na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988, a athcheaptar Comhaltaí Boird Oibrithe agus tá siad faoi réir fhaomhadh an Rialtais.



**Ionduchtú**

Tá clár ionduchtúcháin bunaithe chun eolas a roinnt le Comhaltaí Boird nua maidir le hoibríochtaí an Ghrúpa. Tá an Rúnaí Cuideachta freagrach as an gclár sin, thar ceann an Chathaoirligh, agus tá sé saincheaptha de réir thaithí, chúlra agus riachtanais an duine aonair. I measc phríomhghnéithe an chláir, buailtear le comhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin, tugtar cuairt ar láithreáin agus faightear treoracha eolas maidir le straitéis ESB, gnólachtaí aonair agus an Creat Bainistíochta Riosca Fiontair (ERM).

**Oiliúint agus Forbairt**

Tá clár oiliúna agus forbartha leanúnaí ann do gach comhalta den Bhord ina ndírítear ar oibleagáidí dlíthiúla nua, forbairtí seachtracha, an custaiméir agus inbhuanaitheacht. Téann an Cathaoirleach agus Rúnaí Cuideachta i mbun idirchaidrimh le Comhaltaí Boird chun díriú ar a riachtanais shonracha, amhail freastal ar chomhdhálacha, cúrsaí agus seimineáir ghréasáin atá ábhartha don ghnólacht agus clár inmheánach a fhorbairt lena mbaineann seisiúin eolais a eagraíonn an lucht bainistíochta faoi ábhair shonracha. Tá údarás ag na comhaltaí Boird freisin chun comhairle dhlíthiúil sheachtrach nó comhairle ghairmiúil eile a fháil, ar chostas ESB, i gcás ina meastar go bhfuil gá leis sin chun go mbeidh na comhaltaí Boird ábalta a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá dearadh an chláir intí spreagtha ag straitéis ESB, agus na scileanna a theastaíonn ón mBord lena chur chun feidhme a threorú agus tacú leis. Le linn na bliana 2025, rinneadh athbhreithniú ar an gclár leis an gCoiste Feidhmiúcháin chun topaicí ábhartha tionscail a shainaithint, go háirithe réimsí ina bhféadfadh saineolaithe (inmheánacha nó seachtracha) ábhair léargas breise a thabhairt ar réimsí nua/réimsí atá ag teacht chun cinn, cásanna inar tháinig topaicí ar tugadh eolas fúthu roimhe seo chun cinn, nó topaicí de chineál teicniúil a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar in aighneacht Bhoird sa ghearrthéarma.

Sa bhliain 2025, chomh maith le seisiún forbartha foirne, tionóladh seisiúin oiliúna chuimsitheacha ar shamhail ghnó Ghiniúint agus Trádáil, forléargas ar chaipiteal hibrideach corparáideach, Tionscadal an Idirnascaire Thuaidh Theas, an tuarascáil bhliantúil agus freagrachtaí an Bhoird faoi CSRD, an Treoir maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise (NIS) 2 agus na himpleachtaí do bhoird, forbairtí i ndlí iomaíochta agus Ráiteas Muirear ESB Networks. Díreofar sa bhliain 2026 ar go leor ábhar lena n-áirítear tuiscint a fháil ar Threoir Trédhearcachta Pá an Aontais agus a cur i bhfeidhm ag ESB, an margadh acmhainne in I-SEM, an tírdhreach meán atá ag athrú agus a bhfuil tionchar aige ar rannpháirtíocht le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile, na hathruithe atá beartaithe faoi Threoir nua AE maidir le Dearadh an Mhargaidh Leictreachais agus bainistíocht tuilte ar aibhneacha ar a bhfuil dambaí ESB.

Cothaíodh agus nuashonraíodh na háiseanna ar líne a bhí ar fáil don Bhord le linn na bliana 2025 freisin. Sna hacmhainní seo, soláthraítear ábhar don Bhord maidir le gnéithe éagsúla lena n-áirítear rialachas corparáideach, cúrsaí airgeadais, straitéis, riosca fiontair, TF, timpeallacht agus inbhuanaitheacht, baill foirne agus cultúr, custaiméirí agus beartais Ghrúpa.

**Éifeachtacht an Bhoird**

I gcomhréir leis an gCód Stáit agus Cód na hÉireann, déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí agus gach tríú bliain, déanann meastóir seachtrach é sin ar bhonn neamhspleách. Baineann an mheastóireacht seo le feidhmíocht chomhchoiteann an Bhoird agus na gCoistí agus ní le feidhmíocht aonair na gComhaltaí Boird. Ina áit sin, déanann an Cathaoirleach athbhreithniú ar chion chomhaltaí aonair an Bhoird i gcruinnithe bliantúla athbhreithnithe duine le duine. Breithnítear feidhmíocht an Chathaoirligh go sainráite mar chuid de phróiseas measúnaithe an Bhoird, go hinmheánach agus go seachtrach araon.

Reáchtáladh an mheastóireacht inmheánach sceidealaithe sa bhliain 2025. D'fhonn a chinntiú go raibh an t-athbhreithniú chomh stuama agus chomh hoibiachtúil agus a d'fhéadfadh sé a bheith, bhí ceistneoir sa mheasúnú a eisíodh chuig gach Comhalta Boird agus eisíodh ceistneoirí ar leith le haghaidh gach Coiste. Tugadh faoi phróiseas measúnaithe an Chathaoirligh freisin trí úsáid a bhaint as ceistneoir a seoladh go dtí comhaltaí an Bhoird. Ar an iomlán, deimhníodh sa mheasúnú go bhfuil an Bord agus a Choistí ag feidhmiú go héifeachtach, agus tacaíodh go láidir le héifeachtacht an Chathaoirligh. Tarraingíodh aird sa mheasúnú ar na roghanna éagsúla de chuid chomhaltaí an Bhoird maidir le soláthar na faisnéise, go háirithe méid na n-ábhar a sholáthraítear chun tacú le cinnteoireacht agus maoirseacht. Mar gheall air sin, oibreoidh an Rúnaí Cuideachta leis an lucht bainistíochta le linn na bliana 2026 chun próisis pháipéir an Bhoird a bharrfheabhsú fad a fhreastalaítear ar riachtanais faisnéise difriúla na gcomhaltaí boird. I measc moltaí eile, áirítear breis soiléireachta a chur ar fáil maidir le pleanáil comharbais an Bhoird agus an fheasacht ar ról an Chomhalta Boird Neamhspleách Shinsearaigh a mhéadú. Forbrófar plean gníomhaíochta chun na moltaí sin agus moltaí aonair na gCoistí a chur chun feidhme agus rianófar é le linn na bliana 2026. Phléigh Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach torthaí phróiseas measúnaithe an Chathaoirligh leis an gCathaoirleach.

Rinneadh an measúnú deireanach a rinne an Bord arna éascú go seachtrach in 2024, agus ba é an measúnú foriomlán ná go raibh feidhmíocht an Bhoird comhsheasmhach leis an dea-chleachtas rialachais faoi threoir na dtagarmharcanna a úsáideadh. Níor tháinig aon mholtaí ardtosaíochta as an athbhreithniú agus tá an Bord sásta gur tugadh aghaidh ar na moltaí meántosaíochta go léir.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## 4. Iniúchadh, Riosca agus Rialú Inmheánach

### Comhlíonadh Chód na hÉireann

Sa bhliain 2024, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar Chód nua na hÉireann, rinne sé measúnú ar a cheanglais i gcomparáid le Cóid Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2018 agus 2024 araon, agus chinn sé gurbh é Cód na hÉireann ba oiriúnaí do ESB agus dá infheisteoirí as seo amach, ag deimhniú go nglacfadh ESB ar bhonn deonach é ón 1 Eanáir 2025 ar bhonn "comhlíon nó mínigh". Ag teacht leis an gcinneadh sin, rinne an Coiste measúnú mionsonraithe le linn na bliana 2025 ar shocruithe a bunaíodh in ESB chun comhlíonadh Chód na hÉireann a bhaint amach. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, tá an Coiste sásta, déanamh amach go gcomhlíonann ESB Cód na hÉireann, ach amháin i gcásanna áirithe atá leagtha amach sa tábla thíos. Tá Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta nach dtagann aon riosca suntasach chun cinn do ESB ach amháin na heisceachtaí seo a leanas.

### Cód na hÉireann

| Prionsabal/Foráil | Míniú |
|---|---|
| 3 | Ní bhíonn aon teagmháil idir Cathaoirligh Coistí agus stocshealbhóirí Aireachta de bhrí go bhfuil próiseas bunaithe chun deis a thabhairt don Chathaoirleach oibriú leo agus a chinntiú go bhfuil tuairimí na stocshealbhóirí ar eolas ag an mBord agus ag an lucht bainistíochta. Níl sé beartaithe aon athrú a dhéanamh ar an bpróiseas sin. |
| 15 | Ceaptar Comhaltaí Bhord ESB de réir Alt 2 den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 agus na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988. Dá réir sin, is faoin Rialtas atá sé díriú ar an gceanglas a bhaineann le cuntas a thabhairt ar na héilimh ar am stiúrthóirí agus ceapacháin sheachtracha bhreise a dhéanamh tráth an cheapacháin. Nochtann ESB na héilimh in am mar chuid den phróiseas earcaíochta agus éilíonn sé leasanna a nochtadh, stiúrthóireachtaí san áireamh, mar chuid den phróiseas ionduchtaithe. |
| J/17/20 | Is é an Rialtas atá freagrach as ceapacháin Bhoird. Cé nach bhfuil Coiste Ainmniúchán ag ESB, tá Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta aige a chomhlíonann an ról sin chomh maith le bheith i gceannas ar an bpróiseas chun an Cathaoirleach agus comhaltaí neamhspleácha an Bhoird a cheapadh, rud a dhéanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. |
| L/21 | Ní dhéantar measúnú ar fheidhmíocht aonair na gComhaltaí Boird (seachas an Cathaoirleach) i bpróiseas measúnaithe an Bhoird de bhrí nach bhfuil ról foirmiúil ag an mBord i ndáil lena chomhdhéanamh féin. Ina áit sin, déanann an Cathaoirleach athbhreithniú ar chion chomhaltaí aonair an Bhoird i gcruinniú bliantúil athbhreithnithe duine le duine. Breithníonn an Rialtas láithreacht na gcomhaltaí Boird agus an cuidiú a thug siad leis an obair sula n-athcheaptar iad don dara téarma. |
| 18 | De réir mar a achoimrítear faoi rannóg na gCeapachán Boird ar leathanach 100, Ceaptar comhaltaí Boird ar feadh téarmaí ilbhliantúla agus ní dhéantar iad a atoghadh gach bliain. |
| 33 | Tá Cathaoirleach ag feidhmiú mar Chathaoirleach an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta freisin, mar gheall ar a thábhachtaí is atá sé go gcomhlíonann ESB beartas an Rialtais sa réimse seo agus mar gheall ar ról an Chathaoirligh mar phríomh-chomhéadan leis an Rialtas. |
| 34/ 35/ 37/ 40 | Tá beartais agus nochtuithe ESB a bhaineann le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le treoirlínte infheidhme an Rialtais. Socraíonn an Rialtas táillí don Chathaoirleach agus do na comhaltaí Boird. Ní chuimsítear sna sonraí maidir le luach saothair na gComhaltaí Boird ar leathanach 107 méideanna íoctha le ceathrar comhaltaí Boird Oibrithe mar fhostaithe ESB (de bhrí nach n-ardaítear nó nach laghdaítear a leithéid de phá mar gheall ar a gcomhaltacht Boird). Níl oibleagáidí a bhaineann le bronnadh scaireanna ábhartha do ESB, agus níl ceanglais scairshealbhaithe iarfhostaíochta ábhartha ach oiread de bhrí go gcoimeádtar leasanna tairbhiúla i stoc ESB trí rannpháirtíocht i bPlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe (ESOP) ESB agus gur faoi úinéireacht an Rialtais atá formhór de ESB. Is ceist don Rialtas iad tréimhsí fógra do chomhaltaí Boird. Tagann tréimhsí fógartha i gconradh an Phríomhfheidhmeannaigh le treoirlínte an Rialtais. |
| 41 | Is é an Rialtas a shonraíonn pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus bunaítear beartas pá atá ábhartha don fhoireann bainistíochta shinsearach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil lánrogha an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta teoranta i ndáil leis na saincheisteanna seo. |

### Tuairisciú Airgeadais agus Gnó

Tá an Bord airdeallach ar a fhreagracht le linn dó an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú agus measúnú cóir, cothrom agus intuigthe de sheasamh agus d'ionchais an Ghrúpa a sholáthar. Tá eolas maidir le freagrachtaí na gComhaltaí Boird a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais agus an gnóthas leantach le fáil ar leathanach 124.

### Soláthar

Tá na dlíthe soláthair infheidhme agus Cód an Stáit á gcomhlíonadh ag ESB. Cuirtear páipéar ina sonraítear oibleagáidí agus ina soláthraítear dearbhú comhlíontachta ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca gach bliain. Áirítear sonraí a bhaineann le haon soláthar neamh-chomhlíontach de réir cheanglais an Chóid Stáit sa pháipéar seo freisin.

### Rialú Inmheánach

Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an mBord as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht, déanann sé an fhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras sin a tharmligean don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun dearbhú réasúnach, ní absalóideach a sholáthar chun na cuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh:

- Éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint i gcoinne caillteanais
- Iontaofacht tuairiscithe d'úsáid inmheánach agus sheachtrach
- Dlíthe agus rialacháin infheidhme a chomhlíonadh

Ar mhaithe le freagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn go bhfuil reachtaíocht agus rialacháin á gcomhlíonadh, tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an mBord agus tá nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe sonraí, mar aon le línte freagrachta, srianta údaraithe, roinnt dualgas agus údarás tarmligthe.

Úsáideann an Grúpa creat rialaithe inmheánaigh comhtháite atá forbartha ag Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta de chuid Choimisiún Treadway (COSO) mar threoir chun rialú inmheánach a cheapadh, a chur chun feidhme agus a reáchtáil agus chun a éifeachtacht a mheas.

Tá creat rialaithe inmheánaigh láidir bunaithe ag ESB, a áirítear ann:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir, a bhfuil srianta údaráis sainithe agus sásraí tuairiscithe do leibhéil bhainistíochta níos airde agus don Bhord aige, a thacaíonn le timpeallacht rialaithe láidir
- Cód Eitice ("Ár gCód") ina sonraítear an modh oibre ón mbarr aníos agus a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus is féidir nuair atá gnó á dhéanamh
- Beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibríochtúla agus airgeadais agus oibleagáidí comhlíontachta lena n-áirítear ceadúnas rialála agus oibleagáidí imfhálaithe
- Creat rialachais chorparáidigh ina gcuimsítear anailís riosca, athbhreithniú rialaithe airgeadais agus ráitis bhliantúla fhoirmiúla maidir le comhlíontacht rialachais ó lucht bainistíochta aonad gnó agus comhfhiontar
- Córais bhuiséadaithe chuimsitheacha a bhfuil buiséad bliantúil acu agus plean cúig bliana ceadaithe ag an mBord
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais agus neamhairgeadais
- Tuairiscítear torthaí iarbhír carnacha agus PTFanna i gcomparáid leis an mbuiséad agus déanann an Bord breithniú orthu seo go rialta
- Déanann an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta dianmhonatóireacht leanúnach ar thionscadail chaipitil mhóra nach mór don Bhord iad a cheadú
- Tuairisciú a dhéanamh ar dhlíthe agus rialacháin infheidhme a chomhlíonadh
- Beartais chuimsitheacha Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise, agus Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta
- Beartais agus nósanna imeachta inmheánacha trádála cos istigh chun mí-úsáid margaidh a chosc
- Creata Rialachais d'Eintitis nach bhfuil faoi Úinéireacht Iomlán
- Líne chabhrach teileafóin agus seirbhís comhrá gréasáin ar líne a sholáthraíonn fostaithe le modhanna rúnda agus, más gá, modhanna anaithnide chun aon éagóir amhrasach nó ábhar imní eiticiúil a thuairisciú
- Creat Comhlíontachta Cánach Grúpa agus Beartas Cánach Ghrúpa ESB

Déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus déanann Feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa athbhreithniú córasach ar rialuithe. Nuair a bhíonn na hathbhreithnithe seo á ndéanamh, leagtar béim ar réimsí a mbaineann níos mó riosca leo, atá á sainaithint mar thoradh ar anailís riosca. Sa chás go sainaithnítear laigí sa chóras rialaithe inmheánaigh tríd an gcreat monatóireachta thuas, cuirtear pleananna i bhfeidhm chun déileáil leo agus déantar monatóireacht rialta ar phleananna gníomhaíochta go gcuirtear i gcrích iad.

### Rialachas Comhfhiontair

Tá ról níos tábhachtaí ag eintitis nach bhfuil faoi lánúinéireacht, go háirithe comhfhiontair, i ndáil le straitéis ESB a bhaint amach. Dearadh Beartas ESB maidir le Rialachas Eintiteas nach bhfuil faoi Lánúinéireacht lena chinntiú go dtugtar cosaint d'infheistíochtaí agus do chomhpháirtíochtaí an Ghrúpa agus go ndéantar iad a bhainistiú lena gcomhlíonfaí na caighdeáin lena mbíonn ESB ag súil. Is é beartas ESB ná gur chóir gach eintiteas nach bhfuil faoi lánúinéireacht a bhunú/a shealbhú, a struchtúrú agus a fheidhmiú ar bhealach láidir atá comhsheasmhach le luachanna, spriocanna straitéiseacha agus ceanglais rialachais ESB. Tarlaíonn athbhreithniú bliantúil ar chreataí rialachais in eintitis ábhartha nach bhfuil faoi lánúinéireacht.

### Bainistíocht Riosca

Tá ról lárnach ag bainistíocht riosca éifeachtach chun cuspóirí straitéiseacha ESB a chomhlíonadh agus chun tacú le fás inbhuanaithe fadtéarmach a ghnó. Ceanglaíonn na hathruithe tapa atá ag tarlú in ESB, an tionscal fuinnimh agus an geilleagar trí chéile, ar an mBord na rioscaí atá roimh ESB a aithint agus a mheas ar bhonn leanúnach agus straitéisí, rialuithe agus maoluithe soiléire a bheith aige chun na rioscaí sin a bhainistiú. Tá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán ar an mBord as cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca, agus ní mór don Bhord a bheith sásta go bhfuil na córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta. Go sonrach, áirítear ar na nithe seo a leanas i measc fhreagrachtaí agus chuntasacht an Bhoird i ndáil le riosca:

- A chinntiú go bhfuil próiseas sásúil i bhfeidhm chun na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a shainaithint
- Cultúr riosca cuí a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa
- Maoirseacht a dhéanamh ar na próisis bainistíochta riosca agus géarchéime
- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht dhóchúil bhearta maolaithe agus rialuithe na bainistíochta

Déantar athbhreithniú seachtrach ar an bpróiseas bainistíochta riosca ar bhonn tréimhsiúil. Cuireadh tús leis an athbhreithniú is déanaí go déanach in 2025 agus tá sé á chur i gcrích go luath in 2026. Leanadh le tionscadal tiomnaithe a bhfuil sé mar aidhm leis struchtúir agus próisis rialachais agus comhlíontachta ESB a neartú níos mó le linn na bliana 2025, agus tá monatóireacht á déanamh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an dul chun cinn.

Rinne an Bord measúnú stuama ar na príomhrioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo, lena n-áirítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh bagairt a chruthú dá shamhail ghnó, feidhmíocht amach anseo, sócmhainneacht agus leachtacht. Tá próiseas athbhreithnithe timthriallaigh i bhfeidhm chun rioscaí a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú don bhliain atá á hathbhreithniú agus suas go dtí dáta ceadaithe na Tuarascála Bliantúla seo. Tá na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí atá roimh an nGrúpa, agus na straitéisí agus rialuithe maolaitheacha leagtha amach ar leathanach 25 go 32.

Tuigeann an Bord nach mór dó dea-shampla a thabhairt chomh fada is a bhaineann le luachanna Grúpa a mhúnlú agus tacú leo, luachanna a thacaíonn leis an gcur chuige maidir le riosca. Chomh maith leis sin, déantar iarracht a chinntiú go bhfuil scileanna agus cumais oiriúnacha bainistíochta riosca ar fáil sa ghnólacht agus go bhfuil eolas agus eispéireas na bhfostaithe a thuigeann na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí in úsáid. A bhuí le tuairisciú rialta, tá an Bord ábalta coinneáil ar an eolas faoi athruithe i bpríomhrioscaí a sainaithníodh, i rioscaí atá ag teacht chun cinn agus in éiginnteachtaí.

Díríonn an Bord go príomha ar na rioscaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de straitéis ESB, nó a bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar inmharthanacht fhadtéarmach nó ar cháil an Ghrúpa.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

Tarmligeann an Grúpa freagracht as rioscaí sonracha do na Coistí Boird de réir Théarmaí Tagartha na gCoistí agus a réimse saineolais faoi seach. Comhaontaíonn an Grúpa maidir leis an gcaoi a roinnfidh Coistí eolas lena chéile agus leis an mBord maidir le rioscaí agus maidir leis an riosca a bhaineann le cleachtais mhaoirseachta. Éilíonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht teorainneacha, bealaí cumarsáide agus pointí críochnaithe soiléire. Tá sainmhíniú soiléir déanta ag an mBord ar na gnéithe seo agus tá siad á gcoigeartú de réir mar is gá. Tuairiscíonn Cathaoirligh na gCoistí don Bhord iomlán maidir le príomhrioscaí a bhaineann lena théarmaí tagartha, forbairtí agus nithe nach mór iad a phlé agus a bhreithniú tuilleadh. Tá an fhreagracht fhoriomlán ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca as a chinntiú go bhfuil rioscaí fiontair á sainaithint, á meas, á dtuairisciú agus á rialú i gceart thar ceann an Bhoird.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh athrú le tabhairt faoi deara in inghlacthacht riosca le himeacht ama agus tá breithniú sainráite déanta ag an mBord ar an leibhéal inghlacthachta seo agus ar an modh a bhainistítear rioscaí sonracha laistigh de sin. Bíonn cothromaíocht i gcónaí idir an claonadh riosca a thógáil agus aird a dhíriú ar rialú oiriúnach.

Mar aon le tuairisciú rialta, bhí seisiún den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca dírithe ar riosca le linn na bliana 2025, agus tugadh cuireadh do gach Comhalta Boird freastal ar an seisiún seo. Bhí fócas an tseisiúin riosca sin ar bhuntosca an chórais cumhachta agus ar an dóigh a mbainistítear freagra na slándála soláthair, an t-ionchas do gheimhreadh 2025/2026, an cliseadh cumhachta san Ibéir agus pleananna éigeandála na hÉireann i gcás cliseadh cumhachta den chineál céanna.

Tá sonraí na ngníomhaíochtaí a chuir an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcrích le linn na bliana 2025 maidir lena bhfreagrachtaí agus a gcuntasacht i leith rioscaí le fáil ar leathanach 109.

### Athbhreithniú 2025 ar Éifeachtacht an Rialaithe Inmheánaigh agus na Córais Bhainistíochta Riosca

Tá an fhreagracht fhoriomlán as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca ar an mBord. Rinne an Bord athbhreithniú go díreach agus trí údarás tarmligthe don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa inar cuimsíodh athbhreithniú ar rialuithe airgeadais, oibríochtúla, tuairiscithe agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca 2026 agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna sa bhliain 2025.

Cuimsítear sa phróiseas a úsáideann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an bPlean Riosca Bliantúil, próiseas athbhreithnithe riosca leathbhliantúil, nuashonruithe bainistíochta riosca ráithiúla agus athbhreithniú riosca bliantúil ar rogha de na príomhrioscaí (éascaithe ag feidhm bhainistíochta riosca tiomnaithe ESB)
- Fuarthas nuashonruithe ó cheannasaithe feidhmiúla sa Ghrúpa, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Faisnéise (CIO) chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú rialuithe lena maolaítear rioscaí cibearshlándála, Cánachas Grúpa ina leagtar amach cur chuige ESB maidir le comhlíonadh reachtaíochta cánach a chinntiú, athbhreithniú bliantúil ar shocruithe leanúnachais gnó agus bainistíochta géarchéime, agus dearbhuithe comhlíontachta ón Oifig um Chosaint Sonraí agus ó Sholáthar an Ghrúpa
- Comhairle neamhspleách ar acmhainneacht an phróisis ERM reatha a fheidhmíonn in ESB (cuireadh tús leis an athbhreithniú is déanaí go déanach in 2025 agus tá sé á chur i gcrích go luath in 2026)
- Iniúchadh inmheánach ar phróiseas ERM
- Athbhreithniú agus breithniú ar dhearbhú ón bhfoireann bainistíochta maidir le hoibriú sásúil agus éifeachtach na gcóras rialaithe inmheánaigh, na córais airgeadais agus oibríochtúla san áireamh – is i bhfoirm tuarascáil bhliantúil mhionsonraithe a chuirtear é seo faoi bhráid an Choiste i mí Eanáir gach bliain a bhaineann leis an mbliain féilire roimhe sin
- Athbhreithniú agus breithniú ar dhearbhuithe ón lucht bainistíochta go bhfuil creat rialaithe inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm d'eintitis ábhartha nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán
- Athbhreithniú ar chlár GIA agus breithniú ar na táitail agus tuarascálacha. Chomh maith leis sin, tuairiscíonn GIA go rialta maidir le stádas chur chun feidhme na moltaí a rinneadh roimhe sin i gcuid dá thuarascálacha féin
- Tugtar faoi mheasúnú neamhspleách ar éifeachtacht na feidhme iniúchóireachta inmheánaí gach trí bliana agus cuireadh tús le measúnú in 2025 inar tugadh tuairisc dheiridh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go luath in 2026.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach ina bhfuil eolas maidir le hobair a cuireadh i gcrích a bhain leis na príomhrioscaí agus príomh-mholtaí iniúchta a bhaineann le feabhsuithe ar an rialú inmheánach
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí maoirseachta riosca na gCoistí Boird eile i ndáil le réimsí riosca sonracha a bhaineann lena sainchúram faoina dTéarmaí Tagartha

Ar leithligh, athbhreithníonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir éifeachtacht na bpróiseas atá bunaithe chun rioscaí a bhaineann le sláinte, sábháilteacht agus an timpeallacht a shainaithint, a mheas, a rialú agus a thuairisciú. I ngach ráithe, breathnaíonn an Coiste ar thuarascáil maidir le sláinte, sábháilteacht agus feidhmíocht chomhshaoil an Ghrúpa a mheas, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta atá chun tosaigh agus atá tite ar gcúl, agus aird á tabhairt ar aon treochtaí nó forbairtí suntasacha.

Bunaithe ar an athbhreithniú seo, deimhníonn an Bord an méid seo a leanas i gcomhair na bliana 2025:

- Tá próiseas leanúnach bunaithe chun príomhrioscaí agus rioscaí nua ESB a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú
- Tá córais de rialú inmheánach bunaithe don bhliain atá á hathbhreithniú agus go dtí dáta ceadaithe na Tuarascála Bliantúla seo
- Tá Treoir maidir le Bainistíocht Riosca na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), Rialú Inmheánach agus Tuairisciú Gaolmhar Airgeadais agus Gnó á gcomhlíonadh go hábhartha ag ESB
- Tharla roinnt teagmhas rialaithe, sainaithníodh réimsí a bhféadfaí iad a fheabhsú, tá próisis bunaithe chun a chinntiú go gcuirfear gníomhaíochtaí oiriúnacha i gcrích, agus déantar monatóireacht ar dhul chun cinn go dtí go mbeidh an obair ar fad curtha i gcrích
- Imscrúdaítear líomhaintí a bhaineann le héagóir agus tuairiscítear iad don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar atá leagtha amach ar leathanach 113
- Níor sainaithníodh aon teip nó laige shuntasach eile sa rialú inmheánach le linn an athbhreithnithe

Trína rannpháirtíocht leanúnach agus forléargas ar ghníomhaíochtaí rialaithe agus bainistíochta riosca inmheánacha, tá an Bord sásta go bhfuil na próisis rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca éifeachtach.

### Ráiteas Inmharthanachta

De réir Chód na hÉireann, rinne na Comhaltaí Boird measúnú ar ionchais ESB thar thréimhse níos faide ná mar is gá trí ghlacadh leis an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh. Tá measúnú ESB déanta thar thréimhse cúig bliana, atá ag teacht le tréimhse ama phróiseas pleanála gnó ESB. Tá an measúnú bunaithe ar bhreithniú ar sheasamh agus ionchais reatha ESB, cothabháil a láidreachta airgeadais (leathanach 36), dul chun cinn i gcomparáid le straitéis ESB (leathanach 18 agus 19), inghlacthacht riosca, príomhrioscaí agus conas a bhainistítear iad sin (leathanach 25 go 32). Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí sa timpeallacht sheachtrach (lena n-áirítear an timpeallacht mhaicreacnamaíoch) ina bhfuil ESB ag feidhmiú mar atá sonraithe ar leathanach 15 agus na rioscaí agus deiseanna gaolmhara aeráide atá sonraithe ar leathanach 64 agus 65.

Rinne an Bord measúnú riosca stuama ar na príomhrioscaí agus ar na rioscaí nua a mbeidh ar ESB déileáil leo. Mar chuid den phróiseas ERM, sainaithnítear iarmhairtí féideartha suntasacha agus ábhartha príomhriosca agus, más féidir agus más cuí, an tionchar airgeadais measta. Chomh maith leis sin, breithnítear mar chuid de phróiseas ERM idirspleáchas príomhrioscaí, go háirithe i ndáil le tionchar. Tá na rioscaí seo agus an tslí a bhfuil siad á mbainistiú agus á maolú sonraithe ar leathanach 25 go 32.

Forbraíodh Pleananna Leanúnachais Gnó agus Bainistíochta Géarchéime chun rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oibríochtaí ESB a mhaolú. Baintear tairbhe as na pleananna seo mar chuid de phlean tástála bliantúil, bunaithe ar chásanna a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ESB agus meastar an méid is féidir na rioscaí seo a mhaolú. Tuairiscítear torthaí agus ceachtanna foghlamtha a eascraíonn as an athbhreithniú bliantúil agus as an gclár tástála don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Creideann an Bord gurb é measúnú inmharthanachta cúig bliana an bealach is oiriúnaí de bhrí gur féidir é a ailíniú le timthriall an phróisis pleanála gnó. Breithnítear sna réamh-mheastacháin sa phlean gnó sreafaí airgid ESB, maoiniú geallta agus seasamh leachtachta agus scrúdaítear ceanglais mhaoinithe agus cúnaint airgeadais a bheidh ann amach anseo, mar aon le príomh-chóimheasa airgeadais eile lena n-áirítear na cinn atá ábhartha chun rátálacha creidmheasa grád infheistíochta a chothabháil.

Chomh maith leis sin, cuimsítear sa phlean gnó measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le Táscairí Feidhmíochta Straitéiseacha ESB (mar atá sonraithe ar leathanach 18 agus 19) agus chomh maith leis sin, breithnítear roinnt rioscaí agus deiseanna ábhartha. Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le tionchar aeráide, go suntasach an dúshlán a bhaineann le scála an bhonneagair fuinnimh a bhfuil sé beartaithe ag ESB a sholáthar mar aon le tuilleadh leictrithe a chur i bhfeidhm i margaí ESB. Áirítear meastacháin GHG (Scóip 1, 2 agus 3) agus breithnithe freisin.

Tá an mheadaracht airgeadais sa phlean gnó faoi réir anailís íogaireachta, a áirítear ann tairbhe a bhaint as roinnt de na príomhthuairimí atá mar bhonn leis an bplean chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar phríomh-mheadaracht airgeadais, ar nós Glanfhiachas agus TRÚCDA (Tuilleamh Roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh) agus ROCE (Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear) agus, más cuí, déantar anailís chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag príomhrioscaí ESB. San áireamh sa mheasúnú cúig bliana reatha, bhí breithniú ar na rioscaí atá luaite sa tábla thíos (ní liostaítear iad in ord tosaíochta).

| Príomhrioscaí Ábhartha | Íogaireacht Breithnithe |
|---|---|
| ▪ Níltear in ann an clár infheistíochta a sholáthar de bhárr acmhainne cistithe easnamhaí nó srianta an Chláir Comhardaithe, nó toisc go bhfuil staid airgeadais ESB lagaithe mar gheall ar mheathlú eacnamaíoch, ar dhúshláin margaidh gheopholaitiúil nó airgeadais nó ar fheidhmíocht ghnó easnamhach<br>▪ Teip spriocanna inbhuanaitheachta ESB a chomhlíonadh nó eolas a chur ar fáil nó freagairt do bheartais athraithe aeráide agus/nó tairbhe a bhaint as deiseanna agus dúshláin a chruthaíonn na beartais seo a bhainistiú, nó cur chun feidhme straitéisí maolaithe aeráide a bhainistiú<br>▪ Teip an líonra iontaofa bonneagar agus córais chasta méadaithe a theastaíonn chun freastal ar riachtanais custaiméirí agus shochaíocha amach anseo a sheachadadh<br>▪ Neamhchosaint ó luaineacht leanúnach i margaí fuinnimh<br>▪ Teip scála agus caighdeán spriocthuairisceán airgeadais sócmhainní giniúna in-athnuaite atá de dhíth a bhfeabhsú agus a sholáthar<br>▪ Teip acmhainní inmheánacha agus seachtracha agus cumas leordhóthanach a theastaíonn chun straitéis ESB a sholáthar a dhaingniú, a choinneáil nó a leabú | ▪ Toradh Chinneadh Deiridh PR6<br>▪ Caiteachas caipitil a sholáthar<br>▪ Spriocanna feabhsaithe feidhmíochta agus stráice feidhmíochta tuillimh a sholáthar<br>▪ Boilsciú agus rátaí úis<br>▪ Gluaiseachtaí sa mhargadh tráchtearraí<br>▪ Meastacháin astaíochtaí GHG<br>▪ Fiachas Comhfhiontair<br>▪ Roghanna solúbthachta airgeadais<br>▪ Líon na bhfostaithe |

Tá an Bord airdeallach ar an tábhacht a bhaineann le láidreacht airgeadais a chothabháil agus glactar leis seo mar phríomhriosca agus mar chumas straitéiseach bunúsach. Tacaíonn oibríochtaí maoinithe ESB le hinfheistíocht chaipitiúil, athmhaoiniú fiachais atá ag aibiú agus leachtacht dhóthanach a choinneáil ar bun. Tá straitéis bainistíochta fiachas ESB dírithe ar phróifíl punann fiachais a bhfuil meascán contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí páirteach ann. Leis an RFC Inbhuanaitheacht-Nasctha nua dar luach €2.4 billiún a ndeachthas isteach ann i mí Iúil 2025, soláthraítear leibhéal suntasach de leachtacht chúltaca do ESB. Síneann an tsaoráid sin go dtí an bhliain 2030, agus tá roghanna ann chun an tréimhse aibíochta a shíneadh go dtí an bhliain 2032. Léirítear le seasamh láidir leachtachta ESB a láidreacht airgeadais fholuiteach. Tá rátálacha creidmheasa A (BBB+ ar bhonn neamhspleách) ag ESB ó Rátálacha Domhanda Standard and Poor's agus A3 (Baa1 ar bhonn neamhspleách) ó Rátálacha Moody's. Tá tuilleadh eolais maidir le gníomhaíochtaí leachtachta agus maoinithe ESB leagtha amach ar leathanach 40.

Bunaithe ar thorthaí na hanailíse thuasluaite, tá na Comhaltaí Boird ag súil le réasún go mbeidh ESB in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus a dhliteanais a chomhlíonadh nuair a bheidh siad dlite thar thréimhse cúig bliana a measúnaithe.

### Gnóthas Leantach

Tá acmhainní suntasacha airgeadais ag an nGrúpa agus d'fhan staid sreafa airgid agus leachtachta ESB láidir le linn na bliana 2025. Dá réir sin, tá an Bord ag leanúint le tairbhe a bhaint as an modh cuntasaíochta gnóthais leantaigh le linn ráitis airgeadais ESB a ullmhú mar atá sonraithe i nóta 1 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

# Tuarascáil Rialachais an Bhoird (ar lean)

## 5. Luach Saothair

Bunaithe ar struchtúr Ghrúpa ESB agus a oibríochtaí i roinnt dlínsí, tá roinnt samhlacha luacha saothair bunaithe ar fud an Ghrúpa. Maidir le fostaithe atá clúdaithe faoi chomhaontaithe cómhargála, déantar bandaí pá agus rátaí pá a chómhargáil leis na ceardchumainn aitheanta. Tugann ESB eolas dá fhostaithe uile agus téann sé i gcomhairle leo maidir le nithe a bhaineann le luach saothair lena n-áirítear trí na próisis bainistíochta feidhmíochta agus rannpháirtíochta. Déantar athbhreithnithe agus tagarmharcanna ar thairiscintí luacha saothair margadhbhunaithe ar bhonn leanúnach lena chinntiú go leanfaidh siad leis an gcumas atá riachtanach chun an straitéis a sholáthar a mhealladh. Tá ullmhúcháin faoi lánseol chun ceanglais trédhearcachta íocaíochta nua a thabhairt isteach in 2026.

Sonraítear i dTéarmaí Tagartha an Choiste Luacha Saothair agus Bainistíochta Forbartha Bhord ESB cur chuige foriomlán maidir le luach saothair feidhmiúcháin. Glacann agus cuireann an Bord chun feidhme beartas maidir le luach saothair feidhmiúcháin atá soiléir, simplí, intuartha, comhréireach agus bainistíonn sé an riosca a bhaineann le luach saothair iomarcach. Is é cuspóir an bheartais tacú le cur chun feidhme rathúil straitéis gnó ESB trí thairiscint luach saothair margadhbhunaithe a bhunú mar aon le rialachas gaolmhar a mheallann, a spreagann agus a choinníonn feidhmeannaigh ag an gcaighdeán atá riachtanach chun ESB a stiúradh go rathúil agus atá comhsheasmhach le luachanna ESB.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá luach saothair an Príomhfheidhmeannaigh bunaithe ar thagairt a dhéanamh do bheartas Rialtais maidir le socruithe pá do Phríomhfheidhmeannaigh Comhlachtaí Stáit tráchtála. San áireamh i luach saothair Phríomhfheidhmeannach ESB tá tuarastal bliantúil, carr cuideachta (EV) (faoi réir sochair chomhchineáil) agus ranníocaíocht pinsin fostóra.

Ar aon dul le beartas an Rialtais, ní fhaigheann an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht, agus mar sin, níor cuireadh aon íocaíocht dá leithéid ar fáil don Phríomhfheidhmeannach le linn na bliana 2025. De réir riail 'Aon Tuarastal an Duine' an Rialtais, níl an Príomhfheidhmeannach i dteideal táille a fháil mar chomhalta de Bhord ESB agus níor íocadh aon táillí Boird i ndáil le deireadh na bliana 2025.

### Luach Saothair Comhaltaí Boird Oibrithe

Ceaptar Comhaltaí Boird Oibrithe faoi Achtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988 agus is fostaithe de chuid ESB iad. Is comhaltaí de Scéim Pinsean ESB iad. Tá Comhaltaí Boird Oibrithe i dteideal táille ar leith a fháil dá bpost mar Chomhaltaí Boird.

### Luach Saothair an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí

Tá próiseas bainistíochta feidhmíochta agus luach saothair ESB fréamhaithe i gcuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa agus déantar iad a thomhas de réir tháscairí feidhmíochta an Ghrúpa agus an Aonaid Ghnó (lena n-áirítear meadarachtaí airgeadais agus ESG áirithe) chomh maith le cuspóirí sonracha aonair agus príomhthorthaí. Tá dreasachtaí iníoctha ar bhonn céimnithe thar thréimhse trí bliana le haghaidh Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus tá siad iníoctha tar éis dheireadh na tréimhse feidhmíochta le haghaidh bainisteoirí sinsearacha. Cuirtear tagarmharcanna margaidh seachtracha ar fáil don Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta chun tacú leis chun breithniú a dhéanamh ar an leibhéal luacha saothair oiriúnach.

Ceanglaíonn socruithe scartha gnó le haghaidh ghnóthaí na líonraí ceadúnaithe go bhfuil luach saothair na Stiúrthóirí Bainistíochta ábhartha agus na mbainisteoirí sinsearacha nasctha lena bhfeidhmíocht agus le feidhmíocht na ngnóthaí líonraí seo amháin.

Féadfaidh an Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta a éileamh go n-aisíocfar dreasachtaí a bhaineann le feidhmíocht feidhmiúcháin i gcúinsí ina measann sé gurb iomchuí déanamh amhlaidh (m.s. i gcás mí-iompair). Rachaidh an t-aisghlámadh sin in éag tar éis tréimhse trí bliana ó íocaíocht na dreasachta. Níor éilíodh aon aisghlámadh sa bhliain 2025.

### Luach Saothair Comhaltaí Boird Neamhspleácha

Tá Comhaltaí Boird Neamhspleácha (lena n-áirítear an Cathaoirleach) atá ag feidhmiú ar Bhord ESB i dteideal táillí a fháil, ag leibhéil arna gcinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe. Tá an táille reatha sonraithe sa bharántas ceapacháin faoi seach atá eisithe ag an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil do Chomhaltaí Boird.

### Costais Chomhaltaí an Bhoird

Tá Comhaltaí Boird i dteideal aisíocaíocht a fháil le haghaidh míleáiste agus speansais réasúnta a thabhaítear chun freastal ar chruinnithe Boird agus ar chruinnithe/imeachtaí gaolmhara. I gcomhréir leis an gCód Stáit, tá na táillí a íocadh le Comhaltaí Boird leagtha amach trasna uaidh seo. Le linn na bliana 2025, aisíocadh €43,563[1] le, nó íocadh é thar ceann Comhaltaí Boird le haghaidh costas taistil, costais chóiríochta agus costais ghaolmhara eile a tabhaíodh go díreach i ndáil lena róil mar chomhaltaí Boird. Ní áirítear sna costais seo na costais a thabhaigh an Príomhfheidhmeannach nó na Comhaltaí Boird Oibrithe nuair a bhí a ndualgais feidhmiúcháin nó fostaí á gcomhlíonadh acu. Ní áirítear ann ach oiread méideanna a bhaineann le hoiliúint nó táillí comhaltais íoctha thar ceann Comhaltaí Boird.

1 Tá méid aon chostais éilithe ag Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin atá faoi réir asbhaint cánach bunaithe ar ollfhigiúr (ciallaíonn sé seo go bhfuil ollfhigiúr costas á chur ar fáil chun críche cánach ag ráta cánach infheidhme an Chomhalta Boird aonair) lena chinntiú go n-aisíoctar comhaltaí den Bhord go hiomlán. San áireamh sa mhéid costas arna nochtadh thall, tá tionchar a leithéid d'ollfhigiúr nuair is cuí.

### Luach saothair agus Costais na gComhaltaí Boird agus an Phríomhfheidhmeannaigh

**Cathaoirleach**

| | Luach Saothair | | Costais | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 € | 2024 € | 2025 € | 2024 € |
| Terence O'Rourke | **31,500** | 31,500 | **4,641** | 14,824 |

**Príomhfheidhmeannach**

| | Luach Saothair | | Costais | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 € | 2024 € | 2025 € | 2024 € |
| Tuarastal agus sochair incháinithe | **318,083** | 318,083 | | |
| Sochar Comhchineáil (Carr) | **5,560** | 5,560 | | |
| Ranníocaíochtaí pinsin (Pinsin le Sochar Sainithe) | **49,179** | 49,303 | | |
| **Iomlán** | **372,822** | 372,946 | **1,257** | 311 |

**Comhaltaí Boird Neamhspleácha/Oibrithe**

| | Luach Saothair | | Costais | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 € | 2024 € | 2025 € | 2024 € |
| Michael Barry | **15,750** | 15,750 | **2,762** | 11,147 |
| Aisling Curtis | **15,750** | 15,750 | **1,899** | 4,367 |
| Annette Flynn | **15,750** | 15,750 | **14,407** | 5,333 |
| Pat Gaynor[1] | **15,750** | 762 | **3,598** | - |
| Karen Halpenny | **15,750** | 15,750 | **884** | 6,255 |
| Owen Kilmurray | **15,750** | 15,750 | **631** | 2,494 |
| Jim Meade[1] | **3,218** | - | **3,934** | - |
| Gráinne O'Shea | **15,750** | 15,750 | **1,574** | 1,573 |
| An Dr Sara Venning | **15,750** | 15,750 | **6,435** | 8,107 |
| Trevor Walsh | **15,750** | 15,750 | **1,541** | 4,650 |
| **Iomlán** | **144,968** | 126,762[2] | **37,665** | 43,926[2] |

1 Cuireadh tús leis an téarma an 18 Nollaig 2024. Ní raibh an tUasal Meade i dteideal táille Bhoird faoin riail 'Aon Tuarastal an Duine' go dtí mí Dheireadh Fómhair 2025
2 Tá luach saothair agus costais Paul Lynam agus Alf Smiddy, daoine nach raibh ina gcomhaltaí Boird in 2025, san áireamh anseo.

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca



**Michael Barry**
Cathaoirleach

**Réamhrá an Chathaoirligh**
Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, is cúis áthais dom Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 a chur i láthair. Is é aidhm na tuarascála seo léargas a thabhairt ar an obair atá curtha i gcrích ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le 12 mhí anuas. Deimhním go bhfuil a fhreagrachtaí atá sonraithe ina Théarmaí Tagartha agus sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 arna leasú, (an Cód Stáit), Cód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann 2024 (Cód na hÉireann), (tá míniúcháin ar aon eisceacht sonraithe i dtábla ar leathanach 102) comhlíonta.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird neamhspleácha a thugann raon leathan taithí agus saineolais ó raon leathan tionscal, gné atá ríthábhachtach chun tacú le rialachas éifeachtach. Dheimhnigh comhaltaí an Bhoird go bhfuil gach comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag feidhmiú go neamhspleách, agus go gcomhlíonann an comhaltas ceanglais an Chóid Stáit agus Chód na hÉireann chomh fada is a bhaineann le taithí airgeadais ábhartha le déanaí (inniúlacht ar chuntasaíocht nó iniúchóireacht) agus taithí atá ábhartha don earnáil ina bhfuil an Grúpa ag feidhmiú. Tá sonraí beathaisnéise chomhaltaí an Choiste le fáil ar leathanach 86 agus 87.

**Cruinnithe Coiste**
Bhí naoi gcruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana 2025. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad Seirbhíse | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* |
|---|---|---|---|
| Michael Barry (Cathao-irleach) | Comhalta Boird Neamhspleách | 3 bliana | 9 |
| Annette Flynn | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 2 bhliain agus 7 mí | 9 |
| Pat Gaynor | Comhalta Boird Neamhspleách | 1 bhliain | 7 |

* Mínítear i dTéarmaí Tagartha an Bhoird go bhfuiltear ag súil go mbeadh na comhaltaí boird ar fad i láthair ag gach cruinniú Boird/Coiste. Cuirtear in iúl don Chathaoirleach roimh ré faoi aon asláithreacht agus cúiseanna le haon asláithreacht. Ó am go chéile, ní bhíonn comhaltaí an Bhoird in ann freastal ar chruinnithe sceidealaithe mar gheall ar chúiseanna práinneacha pearsanta agus gnó. Is féidir le comhaltaí an bhoird a mbreithnithe a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird (nó Cathaoirleach an Choiste ábhartha) nó a dtacaíocht ina leith a chur in iúl maidir le hábhair an chláir agus chun go ndéanfaí a dtuairimí a mheas ag an gcruinniú ábhartha. Buaileann Cathaoirleach an Chláir le gach comhalta Boird ar bhonn bliantúil chun a bhfeidhmíocht (lena n-áirítear a dtinreamh) agus a riachtanais forbartha a phlé.

**Ról**
Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an bpróiseas tuairiscithe chorparáidigh, iniúchóireacht inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach, rialú inmheánach agus maoirseacht ar bhainistíocht riosca. Tá tuilleadh eolais maidir le ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sonraithe ina Théarmaí Tagartha, agus tá cóip le fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Rinneadh athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha le linn na bliana agus rinneadh iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is cuí.

| Dualgas | Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025 |
|---|---|
| **Tuairisciú Airgeadais Reachtaíochta** | Athbhreithníodh, breithníodh nó moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais ESB a chinntíonn go raibh siad cóir, cothrom agus intuigthe<br>▪ Na caighdeáin chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na meastacháin agus na breithiúnais a rinne an Grúpa<br>▪ Díbhinn Deiridh 2024<br>▪ Cuntais Rialála ESB<br>▪ Tuarascáil Airgeadais Eatramhach ESB<br>▪ Iniúchtaí ar fhochuideachtaí lena n-áirítear stádas iniúchtaí agus ráiteas airgeadais fochuideachtaí móra (arna sainiú in Acht na gCuideachtaí, 2014) |
| **Tuairisciú Inbhuanaitheachta** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Uasdátú tuairiscithe CSRD lena n-áirítear an cur chuige le haghaidh FY2025<br>▪ Athbhreithniú Ullmhachta CSRD |



| Dualgas | Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2025 |
|---|---|
| **Córais Rialaithe Inmheánaigh, Chomhlíontachta agus Bhainistíochta Riosca** | Athbhreithníodh, breithníodh nó moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa<br>▪ Creataí Rialachais le haghaidh Eintitis Ábhartha nach bhfuil faoi Úinéireacht Iomlán<br>▪ Athbhreithniú ar shocruithe leanúnachais gnó agus bainistithe géarchéime<br>▪ Creataí Bainistíochta Rialaithe Inmheánaigh, Riosca agus BCP in NIE Networks<br>▪ Plean Bainistíochta Riosca (agus athbhreithniú lár na bliana) agus tuarascálacha rialta ar rioscaí<br>▪ Tuairisciú um Chosaint Sonraí Débhliantúil<br>▪ Straitéis Cibearshlándála agus nuashonruithe rialta eile ar an gcibearshlándáil<br>▪ Forbhreathnú ar rialú airgeadais i Seirbhísí Fiontraíochta<br>▪ Scarbhileoga a úsáid le haghaidh idirbheartaíochtaí criticiúla cuntasaíochta agus aon fheabhsuithe rialaithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth<br>▪ Athbhreithniú ar cheanglais Chód na hÉireann<br>▪ Comhlíonadh an Chóid Stáit (lena n-áirítear comhlíontacht Soláthair) agus nuashonrú ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta um Dhearbhú Rialachais<br>▪ Tuarascálacha Débhliantúla ar Rialachas na bhFochuideachtaí<br>▪ Nuashonrú ar oibriú an Chreata Rialaithe Cánach, Beartas an Ghrúpa maidir le Comhlíonadh Cánach agus nuashonrú ar an Straitéis Cánach<br>▪ Nuashonrú maidir le dearbhú párolla<br>▪ Páipéar dearbhaithe ar chomhlíonadh ESB le hoibleagáidí reachtúla agus rialála<br>▪ Dearbhú chlár na mbronntanas<br>▪ Uasdátuithe rialachais eile lena n-áirítear ról an Dara Líne a leabú i gcóras rialaithe inmheánaigh ESB<br>▪ Anailísiú ar rioscaí lena ndírítear ar shlándáil an tsoláthair |
| **Sceithireacht, Calaois agus Imscrúduithe** | Athbhreithnithe, breithnithe agus ceadaithe (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Nuashonruithe ar chalaois agus líomhaintí maidir le héagóir<br>▪ Nochtuithe de réir mar atá de dhíth ón Acht um Nochtadh Cosanta, 2014<br>▪ Nuashonrú bliantúil maidir le bainistiú riosca calaoise |
| **Iniúchadh Inmheánach** | Athbhreithnithe, breithnithe agus ceadaithe (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Plean Iniúchta Inmheánaigh 2025 (lena n-áirítear NIE Networks)<br>▪ Dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean iniúchta inmheánaigh (lena n-áirítear NIE Networks)<br>▪ Nuashonrú ó Cheann Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa (GIA) i gcás nach raibh an bhainistíocht i láthair<br>▪ Athbhreithniú ar an gCairt um Iniúchadh Inmheánach<br>▪ Plean Foinsithe GIA agus síneadh a chur leis an gConradh Comhfhoinsithe<br>▪ Athbhreithnithe téamacha TF agus cultúir<br>▪ Straitéis GIA agus nuashonrú ar an bPlean Gnó<br>▪ Dréachtphlean Iniúchta Inmheánaigh 2026 |
| **Iniúchadh Seachtrach** | Athbhreithnithe, breithnithe agus ceadaithe (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Éifeachtacht an phróisis iniúchta sheachtraigh<br>▪ Plean Iniúchta Sheachtraigh<br>▪ Tuairisciú Torthaí Iniúchta Deloitte<br>▪ Tuairisciú Iniúchta um Chaighdeán agus Rialtóirí Deloitte<br>▪ Beartas athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Neamhiniúchta<br>▪ Seirbhísí neamhiniúchta arna soláthar ag Deloitte agus gnólachtaí iniúchta eile<br>▪ Cur chuige beartais i leith iarfhostaithe an iniúchóra sheachtraigh a fhostú<br>▪ Nuashonruithe ón iniúchóir seachtrach i gcás nach raibh an bhainistíocht i láthair<br>▪ Moltaí rialaithe inmheánaigh Deloitte agus freagra na foirne bainistíochta<br>▪ Faisnéisiú ó Deloitte maidir le forbairtí earnála agus cuntasaíochta atá tábhachtach |

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar lean)

**Tuairisciú Airgeadais Reachtaíochta**
Faigheann agus breithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na ráitis airgeadais eatramhacha agus deireadh bliana ón bhfoireann bainistíochta, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme comhsheasmhach bheartais chuntasaíochta ESB. Gach bliain, faigheann an Coiste páipéar faoi na príomh-mheastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta atá le fáil sna ráitis airgeadais. Lena chois sin, faigheann an Coiste tuarascálacha ón bhfoireann iniúchta inmheánaigh agus pléann sé an straitéis iniúchta leis an iniúchóir seachtrach.

Tar éis an fhaisnéis ó na gníomhaíochtaí sin a bhreithniú, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cinneadh maidir le príomhréimsí breithiúnais i ráitis airgeadais an Ghrúpa a bhaineann leis an méid seo a leanas:

| Príomhréimse breithiúnais | Saincheisteanna suntasacha a breithníodh |
|---|---|
| **Luach anonn na sócmhainní fadsaolacha agus dea-thoil** | Déantar breithiúnais chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil táscairí lagaithe ann i ndáil le sócmhainní fadsaolacha. Ní mór oiriúnacht na bpríomhthoimhdí sna hathbhreithnithe lagaithe a chur san áireamh freisin.<br><br>**Sócmhainní fadsaolacha**<br>I gcás inar aithníodh táscairí maidir le lagú féideartha ar shócmhainní giniúna Phoblacht na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, rinneadh athbhreithnithe lagaithe lena chinntiú gur thacaigh sreafaí airgid lascainithe réamhaisnéise sa todhchaí leis na luachanna de réir na leabhar. Amhail an 31 Nollaig 2025, níor aithníodh aon táscairí maidir le lagú ar shócmhainní giniúna ESB ná maidir leis an luach iompair a bhaineann le bonn sócmhainní ESB Networks agus NIE Networks.<br><br>**Dea-thoil**<br>Aithníodh dea-thoil ar éadáil NIE Networks agus So Energy. Tugadh faoi imscrúdú lagaithe bliantúil ar luach anonn na dea-thola sin, rud a bhí ina chúis le díscríobh dea-thola €22 milliún a d'eascair ó éadáil So Energy. Ba é €174 milliún an dea-thoil ar 31 Nollaig 2025. Tá tuilleadh sonraí san áireamh i nóta 16 de na ráitis airgeadais. |
| **Luach anonn infheistíochtaí in, agus iasachtaí chuig, institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu (comhfhiontair)** | Déantar breithiúnais chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil táscairí lagaithe ann i ndáil le hinfheistíochtaí cothromais i gcomhfhiontair agus iasachtaí scairshealbhóirí do chomhfhiontair. Ní mór oiriúnacht na bpríomhthoimhdí sna hathbhreithnithe lagaithe a chur san áireamh freisin.<br><br>Rinneadh measúnú lagaithe ar luach anonn na hinfheistíochta (agus na hiasachta scairshealbhóra gaolmhaire) i Neart na Gaoithe agus ní raibh gá le haon lagú. Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 17 de na ráitis airgeadais. |
| **Luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní** | Tá gá le meastachán agus breithiúnas suntasach chun na hoibleagáidí scoir sócmhainní uile a shainaithint agus a chainníochtú.<br><br>Tá soláthar déanta ag ESB do na costais scoir agus díchoimisiúnaithe a bhfuiltear ag súil leo maidir le sócmhainní giniúna, feirmeacha gaoithe, cuaillí adhmaid cóireáilte le créasóid ó ESB Networks agus NIE Networks. Tá na costais seo caipitlithe i réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus á ndímheas thar shaolréanna geilleagracha úsáideacha na sócmhainní lena mbaineann siad mura bhfuil deireadh a saolré úsáidí sroichte ag an tsócmhainn ghaolmhar.<br><br>Tá tuilleadh eolais le fáil i nóta 2 agus 31 de na ráitis airgeadais. |
| **Oibleagáidí pinsin - Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB (an Scéim)** | Tá leibhéal ard castachta agus breithiúnais i gceist i léirmhíniú rialacha na Scéime agus i gcinneadh na cuntasaíochta gaolmhaire sna ráitis airgeadais.<br><br>De réir IAS 19 Sochair Fostaithe, ní léiríonn ESB ach méid na n-oibleagáidí tiomanta atá aige cheana féin i leith na Scéime toisc nach gnáth-iarmhéid costais í an Scéim Sochair Shainithe ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 27 de na ráitis airgeadais. |

| Príomhréimse breithiúnais | Saincheisteanna suntasacha a breithníodh |
|---|---|
| **Ionstraimí airgeadais agus conarthaí úsáide féin** | Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann cuideachtaí Ghrúpa ESB páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun glacadh leis na tráchtearraí nó chun iad a sheachadadh de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, cheannaigh nó úsáide ESB, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar iad a chur i gcuntas mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon Ionstraimí Airgeadais IFRS 9. Éilíonn cur i bhfeidhm na díolúine úsáide féin in IFRS 9 go ndéanfaí breithiúnas suntasach.<br><br>Tá tuilleadh eolais maidir le tionchar luacháil chóir a leithéid de chonarthaí le fáil i nóta 26 de na ráitis airgeadais. |
| **Socrúchán Slándáil an tSoláthair idir ESB agus EirGrid ag Gob na Muine** | Ar an 1 Iúil 2025, chuir ESB tús le Comhaontú Seirbhísí le EirGrid i ndáil leis an oibriúchán sócmhainní giniúna leictreachais ag Gob na Muine, Co. an Chláir ar mhaithe le cúltaca córais. Breithiúnas de dhíth maidir le cur chuige cuntasaíochta an Chomhaontaithe Seirbhísí.<br><br>Rinneadh measúnú ar an socrúchán idir ESB agus EirGrid agus measadh go raibh léas ann agus rangaíodh é mar léas airgeadais. Ar thosach feidhme an léasa, dí-aithníodh na haonaid faoi chumhacht HFO ag Gob na Muine as maoin, gléasra agus trealamh, agus aithníodh léasa airgeadais infhaighte. Tá tuilleadh sonraí san áireamh i nóta 19 de na ráitis airgeadais. |

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar pháipéir arna n-ullmhú agus arna gcur i láthair ag an mbainistíocht agus cheistigh sé iad, agus thug sé mionsonraí ar an mbonn don láimhseáil chuntasaíochta agus ar na toimhdí a cuireadh i bhfeidhm maidir le gach ceann de na príomhréimsí breithiúnais a leagtar amach thuas. Tar éis an athbhreithnithe, tá an Coiste sásta leis an gcur chuige a glacadh lena n-áirítear na toimhdí bunúsacha agus gur cinneadh an cur chuige cuntasaíochta cuí. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuarascáil na dtorthaí Iniúchta nuair a bhí an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais deireadh bliana curtha i gcrích.

Ba cheart an cur síos thuasluaite ar shaincheisteanna suntasacha breithnithe a léamh i dteannta le tuarascáil an iniúchóra neamhspleách ar leathanach 125 go 132 agus úsáid a bhaint as na meastacháin agus breithiúnais arna nochtadh i nóta 2 de na ráitis airgeadais.

**Cóir, Cothrom agus Intuigthe**
Ar iarratas ón mBord, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú ar cibé acu, ina thuairim, atá nó nach bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, ina n-iomláine, cóir, cothromaithe agus intuigthe, agus go soláthraítear iontu an fhaisnéis riachtanach ar fad chun cur ar chumas stocshealbhóirí/páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar staid, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB. Anuas air sin, breithnítear cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis curtha i láthair i bhformáid shoiléir agus bheacht, an seachnaítear úsáid a bhaint as béarlagair agus an féidir leis an léitheoir an fhaisnéis a thuiscint go héasca.

D'fhonn cabhrú leis an bpróiseas a bhaineann le tacú leis an ráiteas measúnaithe cóir, cothromaithe agus intuigthe, d'ullmhaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil ina sonraítear na príomhbhreithniúcháin chun an ráiteas a ullmhú agus chun cabhrú lena dúshlán a thabhairt agus le measúnú cóir, cothromaithe agus intuigthe a thástáil.

Le linn dó teacht ar a thátal, bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an méid seo a leanas:

- Bhunaigh an fhoireann bainistíochta próiseas láidir d'ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, lena n-áirítear luathphleanáil, agus cuireadh athruithe rialála agus dea-chleachtas san áireamh.
- Teanga intuigthe agus naisc shoiléire leis na cuspóirí straitéiseacha ar fud na tuarascála.
- Tá na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus na Bearta Feidhmíochta Malartacha a úsáidtear agus a thuairiscítear ar leibhéal cuí.
- Tuairiscíodh na príomhtheagmhais agus saincheisteanna don Bhord le linn na bliana, idir dhearfach agus dhiúltach, agus rinneadh tagairt chuí nó léargas cuí orthu.
- Pléadh go mion nochtaí maidir le hábhair a bhaineann le ESG.
- Léiríodh éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na gcóras bainistíochta riosca go cuí.
- Athbhreithniú ar an mbainistíocht shinsearach airgeadais agus ar an bhfoireann feidhmiúcháin.
- Fuair Comhaltaí Boird cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil agus de na Ráitis Airgeadais le hathbhreithniú tráthúil a dhéanamh orthu agus lena gceistiú lena n-áirítear a chinntiú go raibh na príomhtheachtaireachtaí sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht le feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis an Ghrúpa agus go raibh codanna insinte na Tuarascála Bliantúla comhsheasmhach leis na Ráitis Airgeadais.

# Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ar lean)

Tar éis a athbhreithniú a dhéanamh, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca den tuairim go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, ina n-iomláine, cóir, cothromaithe agus intuigthe, agus go soláthraítear iontu an fhaisnéis riachtanach uile chun cur ar chumas stocshealbhóirí / páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar staid, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB agus tá siad molta don Bhord lena gceadú.

## Iniúchadh Seachtrach

### Cáilíocht Iniúchta

Chun cáilíocht Iniúchóireachta a chothabháil agus dearbhú a sholáthar maidir le sláine an tuairiscithe airgeadais, athbhreithníonn agus tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dúshlán don Phlean Iniúchóireachta sheachtraigh atá beartaithe, lena n-áirítear a raon agus ábharthacht roimh cheadú, lena chinntiú go bhfuil na príomhrioscaí Iniúchóireachta sainaitheanta ag an iniúchóir seachtrach agus go bhfuil cur chuige láidir forbartha aige. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagairt an iniúchóra sheachtraigh do shaincheisteanna cuntasaíochta, rialaithe airgeadais agus iniúchóireachta, nuair a thagann siad chun cinn agus buaileann siad le chéile uair sa bhliain ar a laghad nuair nach mbíonn an fhoireann bainistíochta i láthair, agus tugtar deis don iniúchóir seachtrach aird a tharraingt ar aon saincheist i modh rúin.

Cuireadh tuarascáil ó na hiniúchóirí seachtracha ar a nósanna imeachta cáilíochta inmheánacha féin agus torthaí a gcigireachtaí seachtracha is déanaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana freisin. Cuireadh in iúl leis seo gur réamhriachtanas d'iniúchadh láidir í cumarsáid láidir agus go bhfuil sé tábhachtach aiseolas ó bhainistíocht ESB a thabhairt isteach chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus foghlaim ó bhlianta roimhe seo. Tionóladh seisiún faisnéise mionsonraithe idir Deloitte agus an bhainistíocht tar éis iniúchadh dheireadh na bliana 2024. Tugadh isteach príomhréimsí a aithníodh le feabhsú i bPlean Iniúchta 2025.

### Plé leis an Iniúchóir Seachtrach

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh ar thorthaí na hiniúchóireachta, lena n-áirítear breithiúnais chriticiúla agus príomh-mheastacháin a tugadh faoi deara ar leathanach 110 agus 111. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an iniúchóra sheachtraigh agus tar éis a gcuid torthaí a phlé ag cruinnithe Coiste, tá an Coiste sásta gur thug an t-iniúchadh aghaidh cuí ar bhreithiúnais chriticiúla agus ar phríomhmheastacháin, agus gur léirigh an t-iniúchóir seachtrach leibhéil chuí amhrais ghairmiúil.

Le linn na bliana, ghlac ESB agus Deloitte páirt i gcumarsáid leanúnach, oscailte maidir le ceisteanna reatha nuair agus de réir mar a tháinig siad chun cinn. Le linn na bliana 2025, chuaigh Glenn Gillard ar scor ó Deloitte agus tháinig Ciarán O'Brien ina áit mar phríomhpháirtí ar rannpháirtíocht ESB. Chuir Deloitte an t-athrú molta seo in iúl don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go tráthúil, agus bhí deis aige bualadh le Ciarán sular deimhníodh a cheapachán. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Glenn as a chur chuige dúshlánach cuiditheach mar chomhpháirtí iniúchóireachta ar rannpháirtíocht ESB agus guím gach rath air amach anseo.

### Neamhspleáchas Iniúchóra

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca measúnú ar neamhspleáchas an iniúchóra ar bhonn leanúnach.

Tá neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúchóra á gcosaint ag bearta rialaithe éagsúla, lena n-áirítear:

- Srian ar chineál agus luach na seirbhísí neamh-iniúchta curtha i gcrích ag an iniúchóir seachtrach clúdaithe sa bheartas faoi sheirbhísí neamhiniúchta
- Monatóireacht ar athruithe ar an reachtaíocht a bhaineann le hoibiachtúlacht agus neamhspleáchas iniúchóra
- Deimhniú go bhfuil cosaintí inmheánacha oiriúnacha bunaithe ag Deloitte atá comhsheasmhach le caighdeáin ghairmiúla infheidhme
- Uainiú an chomhpháirtí iniúchta gach cúig bliana
- Deiseanna a sholáthar chun bualadh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go príobháideach
- Athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an phróisis iniúchta sheachtraigh
- Torthaí Cigireachta Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) 2023 de chuid Deloitte Ireland LLP a bhreithniú
- Deimhniú bliantúil maidir le neamhspleáchas ón iniúchóir seachtrach
- Rialuithe agus monatóireacht i ndáil le fostaíocht iarfhostaithe an iniúchóra sheachtraigh

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil an t-iniúchóir, Deloitte, neamhspleách agus oibiachtúil.

Breithníonn an Coiste ceapachán an iniúchóra sheachtraigh agus tá an próiseas seo faoi réir tairiscint phoiblí. Cuireadh an próiseas tairisceana deiridh i gcrích sa bhliain 2021 agus tar éis an phróisis seo, ceapadh Deloitte mar iniúchóir ag tús na bliana airgeadais dar críoch 2022. De réir Alt 7(2) den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú), tá an t-iniúchóir faoi réir athcheapachán gach bliain ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil na stocshealbhóirí.

### Éifeachtacht an Phróisis Iniúchta

Déantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an phróisis Iniúchóireachta sheachtraigh reatha, agus cuirtear san áireamh aiseolas a fhaightear ó cheistneoir maidir le meastóireacht an iniúchóra sheachtraigh agus an phróisis Iniúchóireachta sheachtraigh a bhfuil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as. Faightear aiseolas ón mbainistíocht agus ón gCoiste araon agus, den chéad uair in 2025, ó bhreathnóirí a d'fhreastail ar chruinnithe uile an Choiste. Le linn na meastóireachta, dírítear ar réimsí amhail eagrú an iniúchta, pleanáil, forghníomhú agus tuairisciú agus ról na foirne bainistíochta. Tríd is tríd, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta le héifeachtacht an phróisis Iniúchóireachta sheachtraigh.

### Seirbhísí Neamhiniúchta

Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Beartas nuashonraithe maidir le Seirbhísí Neamhiniúchta le linn na bliana 2025 agus cuirtear san áireamh ann na caighdeáin eiticiúla ábhartha, is iad sin Caighdeán Eiticiúil IAASA d'Iniúchóirí (Éire) 2020 agus Caighdeán Eiticiúil Athbhreithnithe 2024 na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais. Leagtar amach sa bheartas na socruithe rialachais a bhfuil feidhm acu maidir le soláthar seirbhísí neamhiniúchta agus áirítear ann liosta de sheirbhísí neamhiniúchta ceadaithe agus de sheirbhísí toirmiscthe. Áirítear sa bheartas seo freisin próiseas ceadaithe sainithe agus cloítear le nósanna imeachta soláthair ESB agus leibhéil údaráis an Ghrúpa.

Cuirtear nuashonrú maidir leis na seirbhísí neamhiniúchta a chuireann Deloitte ar fáil agus luach a leithéid de sheirbhísí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca uair sa bhliain d'fhonn a léiriú go bhfuil an beartas á chomhlíonadh ag na seirbhísí (lena n-áirítear go bhfuil siad laistigh den chaidhp táillí atá sonraithe sa bheartas). Tá achoimre de na táillí iniúchta agus neamhiniúchta atá íoctha leis an iniúchóir seachtrach le fáil i nóta 12 de na ráitis airgeadais. Bhí na seirbhísí príomhúla neamh-iniúchóireachta a sholáthair an t-iniúchóir seachtrach le linn na bliana mar gheall ar an obair cheadaithe a rinneadh ar an athbhreithniú ar fhaisnéis airgeadais eatramhach, obair árachais roimh an CSRD, obair bainteach leis an EMTN agus litir shóláis do bhanna NIE. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta nár chuir na táillí a íocadh sa bhliain 2025 isteach ar neamhspleáchas ná ar shláine an iniúchóra sheachtraigh. Leanfaidh an Coiste de mhonatóireacht a dhéanamh ar chineál agus ar leibhéal na seirbhísí a sholáthraítear chun aon riosca a bhraitear nó aon riosca iarbhír d'oibiachtúlacht agus do neamhspleáchas an iniúchóra a laghdú. Cuireadh nuashonrú ar chineál agus ar luach an chaiteachais neamhiniúchta le gnólachtaí iniúchóireachta, seachas Deloitte, faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca freisin le linn na bliana. Leanfaidh an coiste ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar leibhéal caiteachais neamhiniúchta le mórghnólachtaí iniúchóireachta, lena n-áirítear Deloitte.

## Iniúchadh Inmheánach

Tá ról sonrach ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i ndáil le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar ról agus éifeachtacht na feidhme iniúchóireachta inmheánaí. Déanann GIA a chuid gníomhaíochtaí de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta do Chleachtas Gairmiúil an Iniúchta Inmheánaigh (IIAS). Ceanglaítear le IIAS go ndéanfar measúnú seachtrach ar chomhlíonadh na gcaighdeán gach trí bliana. Tosaíodh le measúnú seachtrach, faoi threoir KPMG, in 2025 agus soláthraíodh tuarascáil dheiridh don Choiste go luath in 2026, lenar dearbhaíodh go raibh an GIA ag feidhmiú de réir IIAS. Bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe sin, uasdátuithe a soláthraíodh in 2025 le críoch phleananna iniúchta inmheánaigh 2025, tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta go bhfuil feidhm an iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus éifeachtach araon.

## Beartas in Aghaidh Breabaireachta, Éillithe, Calaoise agus Éagóra

De réir a Théarmaí Tagartha, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus measúnú ar theagmhais chalaoise agus iarrachtaí calaoise le linn na bliana, mar aon leis na próisis atá bunaithe chun an riosca calaoise a bhainistiú. Le linn na bliana 2025, fuair an Coiste nuashonruithe ón mBainisteoir Riosca Calaoise (ról laistigh de GIA) maidir leis an obair a rinneadh le linn na bliana lena n-áirítear cumas na n-imscrúdaitheoirí a mhéadú, monatóireacht leanúnach ar chalaois trí úsáid a bhaint as sonraí agus anailísíocht, feabhas breise a chur ar thuairisciú an Choiste neamhspleách Calaoise agus Triantachta, measúnuithe riosca calaoise, ceardlanna agus cumarsáid.

## Éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Mar chuid den mheastóireacht inmheánach Boird a rinneadh in 2025, rinneadh meastóireacht ar oibriú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Deimhníodh leis an meastóireacht go raibh an Coiste ag feidhmiú go héifeachtach agus nach ndearnadh ach mionmholtaí le haghaidh a phróiseas. Tá eolas maidir le meastóireacht éifeachtúlachta an Bhoird le fáil ar leathanach 101.

Ina theannta sin, ar bhonn bliantúil, ullmhaítear tuarascáil dheireadh na bliana don Choiste, ina ndéantar athbhreithniú ar gach ábhar a cuireadh faoi bhráid an Choiste trí thagairt dá phlean oibre bliantúil chun dearbhú a thabhairt go bhfuil dóthain clúdaigh ag an gCoiste chomh fada is a bhaineann lena fhreagrachtaí maoirseachta agus obair a chur i gcrích de réir a Théarmaí Tagartha.

## Cruinnithe

Tá rochtain iomlán agus neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca toradh a chruinnithe don Bhord. De ghnáth, freastalaíonn Cathaoirleach an Bhoird, an Príomhfheidhmeannach agus/nó Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Airgeadais agus Tráchtála, Ceann GIA agus ionadaithe de chuid an iniúchóra sheachtraigh ar chruinnithe, nó ar chuid de chruinnithe. Eagraítear seisiúin don Choiste amháin ag tús/deireadh na gcruinnithe, de réir mar a bheidh á chinneadh ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

## Ag Féachaint Chun Cinn

Mar aon le príomhfhreagrachtaí maoirseachta ar thuairisciú airgeadais agus monatóireacht ar chórais rialaithe inmheánaigh, cuimseofar na nithe seo a leanas i measc na bpríomhréimsí a mbeidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag díriú orthu sa bhliain 2026:

- Tionchar IS ar phróisis rialaithe airgeadais agus inmheánaigh — rioscaí agus deiseanna
- Bainistíocht chomharbais laistigh d'fheidhmeanna an iniúchta airgeadais/ inmheánaigh agus ceanglais acmhainne na todhchaí.
- Cibearshlándáil agus rialachas sonraí
- Cáilíocht iniúchta
- Tuarascáil ar rioscaí

Chomh maith leis sin, leanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le hathbhreithniú a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí, agus cuirfear forbairtí seachtracha agus tosaíochtaí an Bhoird san áireamh.

Thar ceann an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca



**Michael Barry**
Cathaoirleach, An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
27 Feabhra 2026

# Coistí Boird sa bhliain 2025

Déantar Téarmaí Tagartha gach Coiste Boird a athbhreithniú go rialta (agus go bliantúil ar a laghad i gcás an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca) agus déantar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú nuair is cuí. Tá Téarmaí Tagartha gach Coiste ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB.



**Aisling Curtis**
Cathaoirleach

**Ról**

Tacaíonn an Coiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda leis an mBord chun a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh sna réimsí straitéiseacha amhail cumhachtú custaiméirí, nuálaíocht, branda agus rannpháirteachas páirtithe leasmhara.

## An Coiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda

**Cruinnithe Coiste**

Reáchtáil an Coiste cúig chruinniú le linn na bliana 2025. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* |
|---|---|---|---|
| Aisling Curtis (Cathaoirleach)[1] | Comhalta Boird Neamhspleách | 2 bhliain agus 7 mí | 3 |
| Owen Kilmurray | Comhalta Boird Oibrithe | 2 bhliain agus 7 mí | 2 |
| Jim Meade[1] | Comhalta Boird Neamhspleách | 1 bhliain | 4 |
| Marguerite Sayers[1] | Leas-Phríomhfheidhmeannach | 2 bhliain agus 7 mí | 5 |
| An Dr Sara Venning | Comhalta Boird Neamhspleách | 2 bhliain agus 7 mí | 5 |
| Trevor Walsh | Comhalta Boird Oibrithe | 2 bhliain agus 7 mí | 5 |

**Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Custaiméirí, Nuálaíochta agus Branda in 2025**

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Custaiméir** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Tuairisciú ráithiúil ar Réitigh do Chustaiméirí<br>▪ Nuashonrú maidir le feidhmíocht ionad glaonna Electric Ireland<br>▪ Nuashonrú maidir le feidhmíocht custaiméirí ESB Networks<br>▪ 'Amárach a Chumhachtú' - Clár bunathraithe de chuid Réitigh do Chustaiméirí<br>▪ An Clár For-rochtana Náisiúnta ESB Networks - ag tacú le custaiméirí a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú go réamhghníomhach |
| **Bainistíocht Branda, Clú agus Páirtithe Leasmhara** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Tuarascáil ar an Acht um Brústocaireacht 2024<br>▪ Nuashonrú maidir le Straitéis Urraíochta<br>▪ Nuashonrú maidir le cumarsáid le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara<br>▪ Brandáil agus tacaíochtaí margaíochta do Straitéis Aeráidneodrach faoi 2040 de chuid ESB<br>▪ Straitéis Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara |
| **Nuálaíocht/ Teicneolaíocht** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Nuashonruithe maidir le Straitéis charr leictreach ESB agus bonneagar luchtaithe EV<br>▪ Leas a bhaint as ábhar digiteach agus sonraí i ndearadh innealtóireachta agus feidhmíocht bainistíochta sócmhainní<br>▪ Réitigh stórála fuinnimh do chórais leictreachais<br>▪ Cláir Nuálaíochta an Aonaid Ghnó — tairbheach don chur i gcrích agus don athrú cultúir<br>▪ Nuashonrú maidir le hathbhreithniú agus dul chun cinn IS<br>▪ Faisnéisiú maidir le cultúr agus cumas digiteach<br>▪ Rialachas TF agus bainistíocht riosca<br>▪ Nuashonrú maidir le soláthar TF<br>▪ Tuarascáil 2025 maidir le Léargais Theicneolaíochta atá ag Teacht Chun Cinn |

[1] Bhí Marguerite Sayers ina cathaoirleach ar chruinniú mhí na Bealtaine 2025 agus bhí Jim Meade ina chathaoirleach ar chruinniú mhí Mheán Fómhair nuair a bhí an Cathaoirleach as láthair.

* Mínítear i dTéarmaí Tagartha an Bhoird go bhfuiltear ag súil go mbeadh na comhaltaí boird ar fad i láthair ag gach cruinniú Boird/Coiste. Cuirtear in iúl don Chathaoirleach roimh ré faoi aon asláithreacht agus cúiseanna le haon asláithreacht. Ó am go chéile, ní bhíonn comhaltaí an Bhoird in ann freastal ar chruinnithe sceidealaithe mar gheall ar chúiseanna práinneacha pearsanta agus gnó. Is féidir le comhaltaí an bhoird a mbreithnithe a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird (nó Cathaoirleach an Choiste ábhartha) nó a dtacaíocht ina leith a chur in iúl maidir le hábhair an chláir agus chun go ndéanfaí a dtuairimí a mheas ag an gcruinniú ábhartha. Buaileann Cathaoirleach an Chláir le gach comhalta Boird ar bhonn bliantúil chun a bhfeidhmíocht (lena n-áirítear a dtinreamh) agus a riachtanais forbartha a phlé.





**An Dr Sara Venning**
Cathaoirleach

**Ról**

Cuidíonn an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir le straitéisí, beartais, cláir, rioscaí, spriocanna, agus feidhmíocht na Cuideachta a athbhreithniú agus, nuair is cuí, freagrachtaí de chuid a sholáthraithe agus a gconraitheoirí maidir le sábháilteacht, sláinte agus folláine, an timpeallacht agus an inbhuanaitheacht. Tacaíonn an Coiste leis an mBord freisin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chultúr, ar rannpháirteachas fostaithe agus ar fhreagracht shóisialta chorparáideach lena n-áirítear meas ar chearta daonna.

## An Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir

**Cruinnithe Coiste**

Reáchtáil an Coiste cúig chruinniú le linn na bliana 2025. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* |
|---|---|---|---|
| An Dr Sara Venning (Cathaoirleach) | Comhalta Boird Neamhspleách | 4 bliana agus 1 mhí | 5 |
| Aisling Curtis | Comhalta Boird Neamhspleách | 2 bhliain agus 7 mí | 2.5[1] |
| Karen Halpenny | Comhalta Boird Oibrithe | 3 bliana | 4 |
| Paddy Hayes | Príomhfheidhmeannach | 3 bliana agus 10 mí | 5 |
| Jim Meade | Comhalta Boird Neamhspleách | 1 bhliain | 5 |

**Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir sa bhliain 2025**

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine, agus an Timpeallacht** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Tuarascálacha ráithiúla agus nuashonruithe ar fheidhmíocht<br>▪ Straitéis Sábháilteachta, Sláinte agus Timpeallachta 2026-2030<br>▪ Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre (agus forbhreathnú ar an riosca um shábháilteacht ar bhóithre do ESB)<br>▪ Athbhreithniú Bliantúil ar Shábháilteacht Dambaí<br>▪ Nuashonrú ón Ionad Inniúlachta um Shábháilteacht ó Dhóiteán<br>▪ Maoirseacht ar athbhreithnithe agus iniúchtaí eachtraí sábháilteachta/timpeallachta<br>▪ Athbhreithniú ar rioscaí timpeallachta agus Measúnuithe ar Rioscaí Aeráide, lena n-áirítear tuairisciú chuig comhlachtaí seachtracha le haghaidh nochtuithe carbóin (m.sh. Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus CDP)<br>▪ An Clár 'Slán Sábháilte' a leabú in Innealtóireacht agus i Mórthionscadail<br>▪ Oibleagáidí pleanála agus timpeallachta do mhórthionscadail |
| **Inbhua-naitheacht** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Tuarascáil Ráithiúil ar Inbhuanaitheacht agus nuashonruithe ar fheidhmíocht<br>▪ Nuashonruithe Líonraí ESB maidir leis an gcomhshaol agus inbhuanaitheacht<br>▪ Nuashonruithe NIE Networks maidir le hinbhuanaitheacht<br>▪ Nuashonrú ar riosca timpeallachta agus an inbhuanaitheacht maidir le Giniúint agus Trádáil<br>▪ Nuashonrú maidir le CSRD agus rannpháirteachas inbhuanaitheachta<br>▪ An Straitéis Bhithéagsúlachta - nuashonrú maidir le cur i bhfeidhm<br>▪ Nuashonrú maidir le húsáid acmhainní agus ciorclaíocht<br>▪ Nuashonrú maidir le leictriú fhlít Líonraí ESB<br>▪ Nuashonrú bliantúil maidir le haibhneacha inbhuanaithe agus caomhnú<br>▪ Freagracht Shóisialta Chorparáideach san ESB |
| **Cultúr agus Daoine** | Athbhreithníodh, breithníodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Seisiún eolais Ár nGuth<br>▪ Nuashonrú maidir leis an Straitéis um Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú (lena n-áirítear an Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná)<br>▪ Nuashonrú maidir leis an Straitéis Chultúir<br>▪ Nuashonrú maidir le Cód Iompair ESB ("Ár gCód")<br>▪ Nuashonrú maidir le próiseas agus cur i bhfeidhm Dícháill Chuí um Chearta an Duine<br>▪ Cóitseáil agus meantóireacht in ESB<br>▪ An Ráiteas um Sclábhaíocht Nua-Aimseartha<br>▪ Nuashonrú maidir le daoine Líonraí ESB<br>▪ Rannpháirteachas fostaithe NIE Networks |

[1] Leaththinreamh ag cruinniú an Choiste i mí Iúil 2025

* Mínítear i dTéarmaí Tagartha an Bhoird go bhfuiltear ag súil go mbeadh na comhaltaí boird ar fad i láthair ag gach cruinniú Boird/Coiste. Cuirtear in iúl don Chathaoirleach roimh ré faoi aon asláithreacht agus cúiseanna le haon asláithreacht. Ó am go chéile, ní bhíonn comhaltaí an Bhoird in ann freastal ar chruinnithe sceidealaithe mar gheall ar chúiseanna práinneacha pearsanta agus gnó. Is féidir le comhaltaí an bhoird a mbreithnithe a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird (nó Cathaoirleach an Choiste ábhartha) nó a dtacaíocht ina leith a chur in iúl maidir le hábhair an chláir agus chun go ndéanfaí a dtuairimí a mheas ag an gcruinniú ábhartha. Buaileann Cathaoirleach an Chláir le gach comhalta Boird ar bhonn bliantúil chun a bhfeidhmíocht (lena n-áirítear a dtinreamh) agus a riachtanais forbartha a phlé.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Sábháilteacht, Inbhuanaitheacht agus Cultúr sa bhliain 2025, féach an rannóg maidir le Pláinéad, Áit agus Daoine ar leathanach 59.

# Coistí Boird sa bhliain 2025 (ar lean)



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Ról**

Tá an Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibriú Bheartas Luacha Saothair d'Fheidhmeannaigh ESB agus as an luach saothair a shocrú don Phríomhfheidhmeannach agus as a gcuid feidhmíochta a mheas, do na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus do Rúnaí na Cuideachta. Tá an Coiste freagrach freisin as forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Fheidhmeannaigh agus tugtar comhairle don Chathaoirleach maidir le pleanáil comharbais le haghaidh na bpost feidhmeannaigh tábhachtach sin. Tá an Coiste freagrach freisin as luach saothair Chomhaltaí an Bhoird a chur i bhfeidhm agus tugtar comhairle don Chathaoirleach maidir le neamhspleáchas agus pleanáil comharbais an Bhoird.

## An Coiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta

### Cruinnithe Coiste

Reáchtáil an Coiste ceithre chruinniú le linn na bliana 2025. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| Terence O'Rourke (Cathaoirleach) | Cathaoirleach | 5 bliana agus 2 mhí | 4 |
| Annette Flynn | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 2 bhliain agus 7 mí | 4 |
| Pat Gaynor | Comhalta Boird Neamhspleách | 1 bhliain | 4 |

### Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Luacha Saothair agus Forbartha Bainistíochta in 2025

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Beartas um Luach Saothair Feidhmiúcháin** | Athbhreithnithe agus ceadaithe (de réir mar is infheidhme):<br>▪ Athbhreithniú Bliantúil ar Rioscaí maidir Luach Saothair Feidhmeannaigh<br>▪ Athbhreithniú ar liúntas saoire bhliantúil<br>▪ Athbhreithnithe ar rialacha an Phlean Dreasachta Ghearrthéarmaigh—gnéithe ESG |
| **Luach Saothair Comhaltaí Boird agus Príomh-Chomhaltaí Boird Fochuideachta** | Athbhreithníodh, ceadaíodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Síneadh téarma Stiúrthóir Neamh-Fheidhmeannaigh Neamhspleách Bhord NIE Networks.<br>▪ Socruithe luacha saothair do Chomhalta Boird Oibrithe<br>▪ Luach saothair táillí iníoctha do Stiúrthóirí Neamh-Fheidhmeannaigh nach ndearnadh an Rialtas a cheapadh. |
| **Pleanáil Comharbais an Bhoird** | Rinneadh athbhreithniú ar an aighneacht inar tugadh tacaíocht d'athcheapachán an Chathaoirligh le haghaidh an dara téarma. |
| **Neamhspleá-chas Chomhaltaí an Bhoird** | Athbhreithnithe agus ceadaithe (de réir mar is infheidhme):<br>▪ Measúnú ar Neamhspleáchas an Bhoird le haghaidh deireadh na bliana 2024<br>▪ An creat le haghaidh gealltanais ama Chomhaltaí an Bhoird a mheasúnú |
| **Feidhmíocht agus Luach Saothair an Phríomhfheidh-meannaigh** | Athbhreithnithe agus ceadaithe (de réir mar is infheidhme):<br>▪ Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh 2024<br>▪ Cuireadh aighneacht faoi bhráid an Aire ag lorg cead chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh<br>▪ Moladh do chuspóirí 2026 agus príomh-thorthaí don Phríomhfheidhmeannach |
| **Feidhmíocht agus Luach Saothair Feidhmeannach** | Athbhreithnithe agus ceadaithe (de réir mar is infheidhme):<br>▪ Athbhreithniú ar Chomhlíonadh Luach Saothair (Cód Cleachtais)<br>▪ Athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne feidhmiúcháin 2024<br>▪ Toradh plean dreasachta gearrthéarmaí don Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Bainistíochta 2024<br>▪ Spriocanna gearrthéarmacha chlár dreasachta an ESG 2026<br>▪ Athbhreithniú bliantúil ar luach saothair Stiúrthóir Bainistíochta agus Stiúrthóir Airgeadais agus Rialála NIE Networks |
| **Pleanáil Chomharbais agus Forbairt Cheannaireachta** | Athbhreithníodh, ceadaíodh agus moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Forbairt Stiúrthóra Fheidhmiúcháin lena n-áirítear nuashonrú maidir le foireann Fheidhmiúcháin 2025<br>▪ Ceapadh Stiúrthóir Bainistíochta nua, NIE Networks |





**Annette Flynn**
Cathaoirleach

**Ról**

Tacaíonn an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta leis an mBord chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta nua agus ar thograí dífheistithe agus lena mhaoirseacht ar straitéis airgeadais, ar phleanáil airgeadais fhadtéarmach, ar rioscaí airgeadais agus cisteáin, ar neamhchosaint ar riosca sna margaí fuinnimh agus ar ghnóthaí eile an Ghrúpa.

## An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta

### Cruinnithe Coiste

Reáchtáil an Coiste seacht gcruinniú sceidealaithe le linn na bliana 2025. Tá eolas maidir le comhaltaí an Choiste, fad seirbhíse agus an líon cruinnithe a d'fhreastail siad orthu le fáil thíos:

| Comhaltaí | Ainmniúchán | Fad seirbhíse | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu* |
|---|---|---|---|
| Annette Flynn (Cathaoirleach) | Comhalta Boird Neamhspleách Sinsearach | 2 bhliain agus 7 mí | 7 |
| Michael Barry | Comhalta Boird Neamhspleách | 2 bhliain agus 7 mí | 7 |
| Pat Gaynor | Comhalta Boird Neamhspleách | 1 bhliain | 5 |
| Paddy Hayes | Príomhfheidhmeannach | 3 bliana agus 10 mí | 7 |
| Gráinne O'Shea | Comhalta Boird Oibrithe | 3 bliana | 7 |

### Príomhghníomhaíochtaí an Choiste Airgeadais agus Infheistíochta in 2025

| Dualgas | Gníomhaíocht |
|---|---|
| **Infheistíochtaí agus Caiteachas Caipitil** | Athbhreithníodh, breithníodh nó moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Infheistíocht/caiteachas in-athnuaite (gaoth agus grian)<br>▪ Infheistíocht/caiteachas eile atá suntasach<br>▪ Clár Caiteachais Chaipitiúil Ghiniúint agus Trádáil 2025/2026<br>▪ Nuashonrú maidir le gnó SIRO<br>▪ Nuashonruithe maidir le tionscadail ghaoithe amach ón gcósta agus infheistíochtaí caipitiúla eile Ghiniúint agus Trádáil<br>▪ Nuashonrú maidir le Clár Bunathraithe 'Empowering Tomorrow' de chuid réitigh do Chustaiméirí<br>▪ Nuashonruithe ar sheachadadh PR5 agus Dréachtchinneadh agus Cinneadh Deiridh PR6 de chuid ESB Networks'<br>▪ Tairiscint cheant ORESS Tonn Nua |
| **Maoiniú** | Athbhreithníodh, breithníodh nó moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Athmhaoiniú Shaoráid Creidmheasa Imrothlaigh an phríomhbhainc<br>▪ Nuashonruithe maoinithe agus teorainn iasachtaíochta an Ghrúpa<br>▪ Infheistiú cothromais an Rialtais do PR6<br>▪ Tuarascáil Bhliantúil ar Chomhthaobhacht agus ar Urrúis an Ghrúpa<br>▪ Nuashonrú maidir le méadracht FFO/Fiachais<br>▪ Forbhreathnú ar iasachtaí comhfhiontair<br>▪ Maoiniú So Energy<br>▪ Athbhreithnithe ó ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa<br>▪ Réitigh infheistíochta ciste |
| **Ceisteanna a bhaineann le Feidhmíocht Airgeadais/ Stocshealbhóirí** | Athbhreithníodh, breithníodh nó moladh an méid seo a leanas don Bhord (i gcás inarb infheidhme):<br>▪ Deais Feidhmíochta Míosúla (lena n-áirítear PTFanna airgeadais, oibriúcháin, custaiméirí agus margaidh, daoine agus inbhuanaitheachta)<br>▪ Nuashonruithe airgeadais míosúla agus ráithiúla eile (caiteachas caipitiúil srl.)<br>▪ Tuarascáil maidir le Réadmhaoin nár Diúscraíodh ar an Margadh Oscailte<br>▪ Tuarascáil maidir le Caiteachas Sainchomhairleoireachta 2024<br>▪ An Creat Infheistíochta Straitéisí agus íosrátaí inghlactha fáltais<br>▪ Nuashonrú maidir le feidhmíocht ghnó So Energy<br>▪ Measúnú Moody's ar Aeráidneodracht<br>▪ Buiséad Bliantúil 2026<br>▪ Pleananna airgeadais bliantúla ESB Networks agus NIE Networks |
| **Margaí Fuinnimh agus Trádáil** | Athbhreithníodh agus breithníodh:<br>▪ Straitéis Trádála Fuinnimh agus nuashonrú maidir le feidhmíocht Electric Ireland<br>▪ Straitéis Trádála Fuinnimh agus bainistíocht riosca Ghiniúint agus Trádáil<br>▪ Bealaí Ghiniúint agus Trádáil i dtreo an mhargaidh<br>▪ Taraif leictreachais bhaile Electric Ireland<br>▪ Nuashonrú maidir le Beartas Rialála agus Fuinnimh<br>▪ Nuashonrú maidir le forghníomhú na Margaí Fuinnimh agus na Straitéise Trádála<br>▪ Creat Rioscaí agus Comhlíontachta chun rioscaí trádála fuinnimh a bhainistiú |

* Mínítear i dTéarmaí Tagartha an Bhoird go bhfuiltear ag súil go mbeadh na comhaltaí boird ar fad i láthair ag gach cruinniú Boird/Coiste. Cuirtear in iúl don Chathaoirleach roimh ré faoi aon asláithreacht agus cúiseanna le haon asláithreacht. Ó am go chéile, ní bhíonn comhaltaí an Bhoird in ann freastal ar chruinnithe sceidealaithe mar gheall ar chúiseanna práinneacha pearsanta agus gnó. Is féidir le comhaltaí an bhoird a mbreithnithe a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird (nó Cathaoirleach an Choiste ábhartha) nó a dtacaíocht ina leith a chur in iúl maidir le hábhair an chláir agus chun go ndéanfaí a dtuairimí a mheas ag an gcruinniú ábhartha. Buaileann Cathaoirleach an Chláir le gach comhalta Boird ar bhonn bliantúil chun a bhfeidhmíocht (lena n-áirítear a dtinreamh) agus a riachtanais forbartha a phlé.

# Iompar Gnó

**Ár gCód**
Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéanann ESB a ghnóthaí i gcomhréir lena oibleagáidí agus dualgais dhlíthiúla agus rialála ar bhealach atá freagrach go sóisialta chomh maith le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hiompar agus eitic. Tá saineolas an Bhoird maidir le hIompar Gnó leagtha amach ina mbeathaisnéisí ar leathanach 86 go 89 agus sa mhaitrís maidir leis an Meascán Scileanna Boird ar leathanach 99.

Tá Cód Eitice leagtha amach ag ESB, ar a dtugtar "Ár gCód", ina léirítear a chur chuige maidir le hiompar gnó freagrach agus eiticiúil, a bhfuil luachanna ESB mar bhonn leis. Is é bunphrionsabal "Ár gCód" gur féidir le fostaithe freastal ar an mbealach is fearr agus is féidir ar ESB trí chloí leis na caighdeáin is airde ionracais, dílseachta, cothroime agus rúndachta agus trí gach ceanglas dlí agus reachtúil a chomhlíonadh. Rinne an Coiste Sábháilteachta, Inbhuanaitheachta agus Cultúir athbhreithniú sa bhliain 2025 ar na leasuithe chun dáta a rinneadh ar "Ár gCód" chun beartais agus nósanna imeachta reatha an Ghrúpa a léiriú. Tá Ár gCód ina chuid den oiliúint ionduchtúcháin a chuirtear ar fáil do gach fostaí díreach d'fhonn cultúr corparáideach dearfach a chothú, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Foilsítear ábhar oiliúna freisin ar inlíon ESB agus tá sé ar fáil ar ardán foghlama agus forbartha ESB. Déantar monatóireacht ar chríochnú na hoiliúna seo, agus cuirtear meastóireacht ar chultúr corparáideach ESB chun cinn tuilleadh trí shuirbhéanna foirne rialta agus cineálacha eile rannpháirtíochta foirne. Chomh maith leis sin, lean ESB lena chlár 'Ceannaireacht a Thabhairt Trínár Luachanna' a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2025, clár a ceapadh chun tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí foirne maidir le hiompar inmhianaithe a thuiscint agus a léiriú.

Chun críocha imfhálaithe rialála, coinníonn NIE Networks a Chód Eitice féin agus seoltar cumarsáid rialta chuig an bhfoireann chun feasacht ar an gcód agus ar a ábhar a ardú. Tá Clár dar teideal 'Living Our Values' ag So Energy, clár atá i gcomhréir le dlíthe, beartais agus nósanna imeachta áitiúla ach atá ag teacht freisin le formáid agus ábhar chód eitice ESB (Ár gCód). Cuireann So Energy oiliúint éigeantach bhliantúil ar fáil maidir le cúrsaí caiteachais, cúrsaí sceithireachta, cúrsaí frith-éillithe agus bainistíocht teagmhas, agus tá an oiliúint seo ina chuid dá chlár ionduchtúcháin freisin.

**Cód Iompair an Bhoird**
Glactar leis go dtabharfaidh gach comhalta boird ceannaireacht le dea-shampla agus tá a Chód Iompair féin ag an mBord ina dtugtar gealltanas go nglacfar leis na caighdeáin iompair agus eitice gnó is airde. Tugadh faoi athbhreithniú ar Chód Iompair an Bhoird sa bhliain 2025 lena chinntiú go leanfadh sé ar aghaidh chun tacaíocht a thabhairt don aistriú cultúir, atá ina chrann taca chun an Straitéis um Ghlanastaíochtaí Nialasacha faoi 2040 a bhaint amach. Tá Cód Iompair an Bhoird ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Chomh maith leis sin, tá Comhaltaí Boird airdeallach ar a gcuid oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

**Beartas in Aghaidh Breabaireachta, Éillithe, Calaoise agus Éagóra**
Tá Beartas mionsonraithe Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Coisc Calaoise i bhfeidhm ag ESB ina leagtar amach na caighdeáin iompair a bhfuiltear ag súil leo ó bhaill foirne i dtaca leis an tslí a n-oibríonn siad, agus tacaíonn an beartas seo le rialuithe a chur chun tosaigh maidir le breabaireacht, éilliú agus calaois a chosc, a stopadh agus a bhrath. Tá dlíthe frithbhreabaireachta agus frith-éillithe achtaithe ag Éirinn atá comhsheasmhach le haidhmeanna Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne an Éillithe. Tá Beartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Coisc Calaoise ESB le fáil ar shuíomh gréasáin ESB, agus tá sé comhsheasmhach leis na dlíthe seo. Tá oiliúint ar líne maidir leis an mbeartas ar fáil d'fhostaithe ar inlíon ESB agus is dlúthchuid den phróiseas ionduchtúcháin d'fhostaithe nua é. Reáchtáladh ceardlanna measúnaithe riosca calaoise/ceardlanna feasachta calaoise freisin le linn na bliana 2025 agus ba iad na haonaid ghnó agus na príomhréimsí oibríochtúla a reáchtáil iad. D'éascaigh an Bainisteoir Riosca Calaoise agus éascaitheoirí seachtracha na ceardlanna sin de réir mar ba ghá.

I mBeartas Cheanglais Thríú Páirtithe ESB agus i gCairt ESB, leagtar bunphrionsabail amach lena mbítear ag súil ó gach soláthraí/conraitheoir a sholáthraíonn earraí, seirbhísí nó oibreacha do ESB nó thar ceann ESB. Áirítear ceanglais ann chun dlíthe neamhbhreabanna agus caimiléireachta a chomhlíonadh. Iarrtar ar sholáthraithe/conraitheoirí a dhéanann gnó le ESB nó ar mian leo gnó a dhéanamh leis, dul i dtaithí leis na ceanglais agus a dhearbhú go ndéanfar iad a chomhlíonadh. Tá na doiciméid le fáil ar shuíomh gréasáin ESB.

Tá cur chuige neamhfhulaingthe ag ESB i ndáil le breabaireacht, éilliú agus calaois agus tá sé tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar gach teagmhas den chineál seo go tapa, go neamhspleách agus go hoibiachtúil.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa (GIA) maoirseacht ar gach imscrúdú agus cinntíonn sé go gcomhaontaítear téarmaí tagartha oiriúnacha, go bhfuil an buiséad cuí ar fáil chun imscrúdaithe a dhéanamh agus go ndéantar imscrúdaithe córa, neamhchlaonta de réir Bheartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB agus treoirlínte gaolmhara maidir le teagmhais éagóra a imscrúdú/a bhainistiú. Tuairiscíonn GIA toradh gach imscrúdaithe don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Le linn na bliana 2025:
- Bhí 15 theagmhas deimhnithe calaoise nó éillithe ann, seacht dteagmhas a bhain le tríú páirtithe agus ocht dteagmhas a bhain le fostaithe a rinne iarracht calaois a dhéanamh ar an eagraíocht. Bhí roinnt mhaith bristeacha isteach agus goid tríú páirtí ar shuíomhanna ESB. Ní raibh aon teagmhas deimhnithe caimiléireachta ná breabaireachta.
- Ní raibh aon ionchúiseamh, ciontú nó fíneáil a bhain le sárú ar dhlíthe frith-éillithe nó frithbhreabaireachta ag ESB nó ag foireann ESB.
- Níor bhain aon cheann de na teagmhais dheimhnithe sa bhliain 2025 le fostaithe ESB inar cinneadh na fostaithe sin a bhriseadh as a bpost nó pionós a ghearradh orthu mar gheall ar theagmhais caimiléireachta nó breabaireachta. Cloíodh le nósanna imeachta smachtaithe iomchuí maidir le gach teagmhas a bhain le caimiléireacht agus éagóir.
- Ní raibh aon teagmhas deimhnithe ag baint le conarthaí le comhpháirtithe gnó a foirceannadh nó nár athnuadh ag cuideachta Ghrúpa ESB mar gheall ar sháruithe a bhain le caimiléireacht nó breabaireacht.
- Níor sainaithníodh aon ghanntanas sna gníomhartha a rinneadh chun déileáil le sáruithe ar nósanna imeachta agus caighdeáin frithéillithe agus frithbhreabaireachta.

Tuairiscítear teagmhais nó iarrachtaí ar theagmhais calaoise don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn ráithiúil mar atá leagtha amach ar leathanach 113.

**Sceithireacht**
Le cois Ár gCóid agus leis an mBeartas Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Coisc Calaoise, tá Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ag ESB, de réir Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), ina leagtar amach nósanna imeachta sonracha chun ábhar imní maidir le héagóir a thuairisciú agus a imscrúdú. Tá an beartas ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB. Soláthraíonn líne chabhrach teileafóin agus seirbhís comhrá gréasáin ar líne modhanna rúnda agus, más gá, modhanna anaithnide d'fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara seachtracha chun aon éagóir amhrasach nó ábhar imní eiticiúil a thuairisciú. Tá próiseas i bhfeidhm ag NIE Networks chun ábhar imní a chur in iúl do Rúnaí na Cuideachta. Tá bearta chun sceithirí a chosaint leagtha amach i mBeartas ESB maidir le Sceithireacht agus Nochtadh Cosanta.

**Éire agus an Ríocht Aontaithe (seachas NIE Networks)**
Nuair a aithnítear éagóir trí aon cheann de na fóraim a luaitear thuas nó trí bhainistíocht líne gnó, cuirtear measúnú tosaigh i gcrích chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun imscrúdú foirmiúil a éileamh. Bainisteoir líne a dhéanann an measúnú tosaigh ar tarraingíodh a (h)aird ar an éagóir fhéideartha (a mhéid is nach raibh aon bhaint aige nó aici leis an méid a tharla), i dteannta le Coiste Triáise Éagóra ar a bhfuil Iniúchóir Inmheánach an Ghrúpa ina Chathaoirleach. Sa chás go bhfuil gá le himscrúdú foirmiúil, ceapann an Coiste Triáise imscrúdaitheoir(í) neamhspleách(a), agus faightear comhairle ón roinn Dlí agus AD de réir mar is gá. Feidhmíonn an t-imscrúdaitheoir/an fhoireann imscrúdaithe go neamhspleách ar an teagmhas, agus ní bhíonn aon bhaint aige nó aici nó acu le hábhar an imscrúdaithe agus beidh na scileanna agus an taithí chuí aige nó aici chun an t-imscrúdú a dhéanamh i gceart. D'fhéadfadh gur fostaithe ESB nó tríú páirtithe seachtracha (nó meascán den dá ghrúpa) a bheidh san imscrúdaitheoir/san fhoireann imscrúdaithe.

Déanann GIA maoirseacht ar gach imscrúdú agus cinntíonn sé go dtugtar faoi gach imscrúdú atá cothrom agus iontaofa i gcomhréir le Beartas Sceithireachta agus Nochtuithe Cosanta ESB agus treoirlínte gaolmhara maidir le teagmhais éagóra a imscrúdú/a bhainistiú. Tuairiscíonn GIA toradh gach imscrúdaithe don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus, más gá, tuairiscítear é do pháirtithe seachtracha ábhartha lena n-áirítear an Garda Síochána. Tuairiscítear an toradh don ghearánach, más eol sin.

**NIE Networks**
Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as a chinntiú go dtugtar faoi aon imscrúduithe, agus ainmnítear duine aonair neamhchlaonta chun an t-imscrúdú a dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil dóthain fianaise ann go bhféadfadh sé gur tharla éagóir. Má tharla éagóir, tionscnóidh Rúnaí na Cuideachta imscrúdú foirmiúil, i gcomhairle le bainisteoirí sinsearacha ábhartha, chun an t-ábhar a imscrúdú tuilleadh. Cuirtear tuairiscí faoi bhráid Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann nó faoi bhráid comhlacht rialaithe nuair is cuí. Tuairiscítear gach cás do GIA agus tuairiscítear iad don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina dhiaidh sin.

**Brústocaireacht agus Síntiúis Pholaitíochta**
Is cuid riachtanach den phróiseas daonlathach í an bhrústocaireacht agus tá sí ina dlúthchuid de phleananna bainistíochta níos leithne ESB do pháirtithe leasmhara. Téann ESB i dteagmháil go díreach agus go hindíreach le reachtóirí, agus le hoifigigh phoiblí eile maidir le réimse ábhar, ar gníomhaíochtaí brústocaireachta iad cuid acu de réir bhrí na reachtaíochta is infheidhme sna dlínsí ábhartha ina ndéanann ESB a chuid gníomhaíochtaí.

I gcomhréir le beartas ESB maidir le Brústocaireacht agus Rannpháirteachas Polaitiúil, tá sé i gceist ag ESB Creat Brústocaireachta a fheidhmiú lena chinntiú go dtugtar faoi ghníomhaíocht brústocaireachta ar bhealach trédhearcach, seasmhach agus freagrach agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla. Is le Comhlíonadh an Ghrúpa a dhéantar bainistiú ar chomhlíonadh bheartas ESB maidir le brústocaireacht. Faoi bheartas ESB, tá cosc ar shíntiúis pholaitíochta agus níor cheart go mbeadh post mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe (OCS) in Éirinn ag aon bhrústocaire atá ainmnithe ag ESB sa dá bhliain roimhe sin.

Tá ESB cláraithe leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPO) ar an gClár Brústocaireachta atá ar fáil go poiblí (www.lobbying.ie) agus comhdaíonn sé na tuairisceáin riachtanacha ar bhonn bliantúil.

De réir cheanglais an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (arna leasú), tá na tuairisceáin riachtanacha curtha ar aghaidh ag ESB chuig SIPO do na trí cinn de thréimhsí tuairisceán i gcaitheamh na bliana 2025 ina ndírítear ar thionchar a imirt ar bheartais rialtais a theastaíonn chun cur ar chumas ESB a Straitéis Aeráidneodrach faoi 2040 a bhaint amach. I measc na ngníomhaíochtaí brústocaireachta in Éirinn le linn na bliana 2025, bhí breac-chuntas a thabhairt ar dhearcadh ESB maidir le beartas gaoithe amach ó chósta na hÉireann a fhorbairt agus athruithe a lorg ar nósanna imeachta pleanála agus ar bheartas chun tacú le seachadadh éifeachtúil tionscadal fuinnimh in-athnuaite, agus bearta le gréasán leictreachais sábháilte agus athléimneach a chinntiú i gcás stoirme. Is féidir na sonraí ar fad maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a fháil ag www.lobbying.ie.

Tá ESB cláraithe freisin le Parlaimint na hAlban agus i gcomhréir leis an Acht Brústocaireachta (Albain), 2016, cuireadh dhá thuairisceán nialais isteach le linn na bliana 2025 toisc nár measadh gur tharla aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta (mar a shainmhínítear).

Sa Ríocht Aontaithe, faoin Acht um Thrédhearcacht Brústocaireachta, Neamhpháirtí, Feachtais agus Riaracháin Ceardchumann, 2014, ní mór do bhrústocairí comhairleacha cláraithe atá fostaithe ag ESB sonraí faoi ghníomhaíocht brústocaireachta atá curtha i gcrích acu thar ceann ESB a chur isteach ar bhonn ráithiúil. Thug comhairleoirí seachtracha sa Ríocht Aontaithe faoi bhrústocaireacht in 2025 d'fhonn custaiméirí leochaileacha a chosaint. Rinneadh iarracht taraifí éadáil-amháin a chosc, fiachas fuinnimh teaghlaigh a chomhrac, agus inacmhainneacht a fheabhsú tríd an gcaidhp phraghais a bheachtú chun solúbthacht níos fearr a chumasú i bpraghsáil agus chun nuálaíocht a spreagadh.

Ar deireadh, tá ESB cláraithe freisin ar Chlár Trédhearcachta an AE, faoin uimhir chlárúcháin 441077550178-21.

**Smachtbhannaí**
Tá ESB tiomanta do na dlíthe smachtbhannaí is infheidhme a chomhlíonadh i gcomhréir le Polasaí an Ghrúpa maidir le Smachtbhannaí agus Nithe Gaolmhara agus, dá réir sin, tá sé tiomanta do smachtbhannaí eacnamaíocha agus/nó trádála a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis lena bhfuil aon déileálacha ag ESB, agus ar dhlínsí ina n-oibríonn ESB.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuireann na comhaltaí Boird a dtuarascáil i láthair i dteannta le ráitis airgeadais iniúchta ESB agus an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

**Príomhghníomhaíochtaí**
Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa: - giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar seirbhísí leictreachais, gáis agus fuinnimh ar oileán na hÉireann. Oibríonn an Grúpa chomh maith i nginiúint agus soláthar leictreachais sa Bhreatain Mhór.

**Cruinniú Ginearálta Bliantúil ESB (CGB)**
Reáchtálann ESB CGB gach bliain, tráth nach déanaí ná 15 mhí i ndiaidh an CGB deireanach. Reáchtáladh CGB 2025 ar an 30 Aibreán 2025. Thug an Cathaoirleach forléargas ar an méid a cuireadh i gcrích le linn na bliana agus thug sé cuireadh d'ionadaithe stocshealbhóirí Aireachta agus d'Iontaobhaí Phlean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe ESB a gcuid tuairimí a roinnt. Freastalaíonn an t-iniúchóir seachtrach ar an CGB freisin.

**Athbhreithniú Gnó**
Tá tuairimí maidir le feidhmíocht le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, lena n-áirítear eolas maidir le himeachtaí a tharla le déanaí agus forbairtí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanach 10 agus 12 faoi seach. Tá eolas maidir le feidhmíocht an ghnó, a staid airgeadais agus na príomhrioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo le fáil san athbhreithniú ar gach mór-aonad gnó ar leathanach 42 go 51, san Athbhreithniú Airgeadais ar leathanach 36, agus sa Tuarascáil Riosca a thosaíonn ar leathanach 23.

**Torthaí agus Díbhinn don bhliain**
Léirítear i dtorthaí airgeadais an Ghrúpa brabús i ndiaidh cánach, míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe de €636 milliún don bhliain airgeadais 2025, i gcomparáid le brabús i ndiaidh cánach de €706 milliún (tar éis míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe) don bhliain 2024. Foráiltear sa bheartas díbhinne a nuashonraíodh agus a comhaontaíodh leis an Rialtas go luath sa bhliain 2026 do dhíbhinní spriocdhírithe ag ráta 30% de bhrabús coigeartaithe i ndiaidh cánach. Tá an Bord anois, i gcomhréir leis an mbeartas nuashonraithe sin, ag moladh díbhinn 6.78% le haghaidh gach aonad stoic don bhliain 2025, nó €149.3 milliún.

**Stoc Caipitil**
Leithdháiltear stoc caipitil in ESB de réir na nAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927-2025 agus de réir Rialachán ESB. Le linn na bliana 2025, chruthaigh agus d'eisigh ESB (a) 243,243,243 aonad nua de stoc caipitil (de luach aon Euro an ceann) don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin mar mhalairt ar íocaíocht €1.35 billiún, agus (b) 27,027,027 aonad nua de stoc caipitil (de luach aon Euro an ceann) don Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil mar mhalairt ar íocaíocht €150 milliún. Chomh maith leis sin, cheannaigh agus chealaigh ESB 3.8 milliún aonad de stoc caipitil (2024: 3 milliún aonad) ar chostas €10.1 milliún (2024: €8.1 milliún). Tá sonraí maidir le leithdháileadh stoc caipitil in ESB, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le Plean Úinéireachta Scaireanna Fostaithe leagtha amach i nóta 23 agus nóta 35 de na ráitis airgeadais.

**Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí**
Tá cur síos déanta ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bheidh le sárú ag an nGrúpa sa Tuarascáil Riosca ar leathanach 25 go 32.

**Ionstraimí Airgeadais**
Tá cuspóirí agus beartais bainistíochta riosca airgeadais an Ghrúpa mar aon le cur síos ar úsáid na n-ionstraimí airgeadais leagtha amach i nóta 32 de na ráitis airgeadais.

**Taifid Chuntasaíochta**
Creideann na Comhaltaí Boird go bhfuil pearsanra cuntasaíochta fostaithe acu a bhfuil saineolas oiriúnach acu agus go bhfuil acmhainní leordhóthanacha curtha ar fáil don fheidhm airgeadais d'fhonn a chinntiú go bhfuil oibleagáid ESB leabhair chuntais chearta a choimeád á comhlíonadh. Tá taifid chuntasaíochta ESB á gcoimeád ag 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KT92.

**Tuarascáil faoi Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014**
Forchuireann Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú (an "tAcht")) oibleagáid ar ESB maidir le nochtuithe cosanta a cuireadh faoina bhráid faoin Acht. Tá bealaí tuairiscithe inmheánacha leagtha amach ag ESB ina Bheartas Grúpa maidir le Sceithireacht agus Nochtuithe Cosanta, ina n-áirítear líne thuairiscithe rúnda atá á bainistiú ag tríú páirtí seachtrach. Foilsíonn ESB tuarascáil faoi Alt 22 a bhaineann le nochtuithe cosanta déanta trína shuíomh gréasáin.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021**
Tá ESB tiomanta d'fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021 (na "hAchtanna") a chomhlíonadh. De réir Alt 4B (a) de na hAchtanna, ceapadh bainisteoir sinsearach chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí a eascraíonn faoi na hAchtanna ag ESB agus cuireadh tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíontacht le linn na bliana 2025 faoi bhráid an Phríomhfheidhmeannaigh. Go hachomair, rinneadh tagairt sa tuarascáil do chur chun feidhme na nósanna imeachta atá ceaptha chun comhlíonadh na gceanglas reachtach a chinntiú.

**Síntiúis Pholaitíochta - An tAcht Toghcháin, 1997**
Faoi bheartas ESB, tá cosc ar shíntiúis pholaitíochta.

**Cearta an Duine (lena n-áirítear Cosaint i gCoinne Sclábhaíocht Nua-Aimseartha)**
Tá ESB tiomanta do gach ceart an duine a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige lena n-áirítear na cearta sin atá sonraithe sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus na prionsabail a bhaineann le cearta bunúsacha atá sonraithe i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Cearta Bunúsacha agus Cearta san Ionad Oibre. Foilsítear Beartas an Ghrúpa maidir le Cearta Daonna ar shuíomh gréasáin ESB agus is féidir teacht ar shonraí breise sa chuid um Pláinéad, Áit agus Daoine a thosaíonn ar leathanach 59.

**Inbhuanaitheacht**
Is príomhghné í inbhuanaitheacht de straitéis agus de chuspóir ESB, trína gcumasaítear soláthar leictreachais atá sábháilte, inacmhainne, agus glan agus luach fadtéarma á chruthú do na custaiméirí ar a bhfreastalaímid agus do na pobail ina n-oibrímid ag an am céanna. Sa bhliain 2025, lean ESB lena cheannasaíocht a neartú maidir le hinbhuanaitheacht ar fud creataí straitéise, riosca, rialachais, infheistíochta, agus feidhmíochta. Áiríodh leis sin a chur chuige maidir le hinbhuanaitheacht a chur ar aon dul le CSRD (an Treoir maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach a Thuairisciú), an chonair um Neodracht ó thaobh Carbóin faoi 2040 a chur chun cinn, agus an aeráid, an dúlra agus breithnithe sóisialta a chomhtháthú le pleanáil ghnó.

Tríd an Ionad Inbhuanaitheachta, tá ESB ag cur trédhearcacht, forbairt cumais agus dearbhú sonraí chun cinn ar fud na n-aonad gnó uile. Leis an bPlean Ceannaireachta Inbhuanaitheachta, leantar le hinbhuanaitheacht a leabú sa chultúr agus in oibríochtaí, agus cothromaíocht á haimsiú idir dícharbónú, acmhainneacht, agus an tionchar sóisialta.

Tá eolas maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta an Ghrúpa, lena n-áirítear cláir shóisialta (nó Freagracht Shóisialta Chorparáideach) le fáil ar leathanach 62 go 75.

**Bainistíocht Comhshaoil**
Bainistíonn ESB a chuid freagrachtaí comhshaoil trí Chóras Bainistíochta Comhshaoil (CBC) seanbhunaithe atá ar aon dul le caighdeáin ISO14001 agus a chuirtear i bhfeidhm ar fud oibríochtaí giniúna, líonraí agus corparáideacha. Cinntítear leis an CBC go sainaithníonn agus go mbainistíonn ESB rioscaí comhshaoil, go gcloíonn sé le hoibleagáidí reachtúla agus ceadúnais, agus go bhfeabhsaíonn sé feidhmíocht chomhshaoil ar bhonn leanúnach. Cuirtear an creat rialachais ar fáil leis maidir le héifeachtúlacht, laghdú astaíochtaí, agus cosc truaillithe, faoina gcuirtear taca ag monatóireacht láidir agus tuairisciú ar chomhlíontacht leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus le húdaráis áitiúla. Tríd an gcur chuige struchtúraithe sin, tacaítear le tiomantas ESB d'oibriú mar fhóntas fuinnimh atá freagrach, comhlíontach, agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Tá faisnéis bhreise leagtha amach ar leathanach 76.

**Príomh-ghnóthais Fochuideachtaí, Comhfhiontar agus Ghaolmhara**
Tá sonraí maidir le príomhghnóthais fochuideachtaí, comhfhiontar agus ghaolmhara ar fáil i nóta 38 de na ráitis airgeadais.

**Rialachán um Íoc Pras**
Tá an Bord airdeallach ar a bhfreagrachtaí maidir lena chinntiú, i ngach gníomh réasúnach, go bhfuil forálacha Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016). Tá an Bord sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag ESB a thugann dearbhú i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha cheanglais na Rialachán. Tá eolas maidir leis an tuarascáil ar chomhlíontacht le fáil ar leathanach 247.

**Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**
Tá idirbhearta páirtithe gaolmhara sonraithe i nóta 34 de na ráitis airgeadais.

**Taighde agus Forbairt**
Tá gnó ESB páirteach i dtionscadail agus i gcláir nuálacha a bhaineann leis an earnáil fuinnimh. Tagraítear do roinnt de na tionscadail agus cláir seo faoin teideal 'Straitéis agus Feidhmíocht' ar leathanach 7 go 83.

**Ráiteas faoi Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014**
Ceanglaíonn Rialacháin ESB ar ESB aird a thabhairt ar fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, a bhaineann le heintiteas Acht na gCuideachtaí chomh fada is a bhaineann le hiniúchadh agus/nó iniúchóirí. Ceanglaíonn sé seo ar Chomhaltaí Boird ráiteas a dhéanamh san fhoirm a cheanglaíonn Alt 330 d'Acht 2014. Chun an ceanglas seo a chomhlíonadh, deimhníonn an Bord go bhfuil Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, á chomhlíonadh aige agus, sa chomhthéacs seo, deimhníonn gach Comhalta Boird:

- Bunaithe ar an méid atá ar eolas ag an gComhalta Boird, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil feicthe ag iniúchóir reachtúil ESB.
- Tá gach céim ba cheart dó nó di a chur i gcrích mar Chomhalta Boird chun eolas a fháil faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha curtha i gcrích ag gach Comhalta Boird agus chun a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil iniúchóir ESB airdeallach ar an bhfaisnéis sin (de réir Bhrí Alt 330).

**Córais Rialaithe Inmheánaigh agus Bhainistíochta Riosca**
Mar atá leagtha amach ar leathanach 103 agus 104, deimhníonn na Comhaltaí Boird go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun rioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú. Tharmlig an Bord freagracht don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa. Tá tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leagtha amach ar leathanach 108.

**Ráiteas Inmharthanachta agus Gnóthas Leantach**
Tá ráiteas inmharthanachta agus measúnú gnóthais leantaigh na gComhaltaí Boird le fáil ar leathanach 105. Bunaithe ar an measúnú seo, tá ionchas réasúnta ag an mBord go leanfaidh ESB ar aghaidh ag feidhmiú i gcomhair 12 mhí ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais.

**Imeachtaí Suntasacha ó Dheireadh na Bliana**
Ar an 27 Eanáir 2026, d'eisigh NIE Finance plc banna nua ráta seasta 5.875% ar fiú £600 milliún é agus a rachaidh in aibíocht i mí Mheán Fómhair 2041. Níor tharla aon imeacht suntasach ó dheireadh na bliana a d'fhéadfadh coigeartú nó nochtadh sa tuarascáil seo a éileamh.

**Forbairtí Amach Anseo**
Is fóntas láidir, éagsúlaithe, atá comhtháite go hingearach é ESB atá ag feidhmiú i margaí seirbhísí leictreachais/gáis agus fuinnimh, lena n-áirítear margaí giniúna, tarchurtha agus dáileacháin agus soláthair custaiméirí, agus tá sé ag feidhmiú i margadh na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe den chuid is mó. Tá straitéis ESB ceaptha lena chinntiú go leanann an gnó ar aghaidh ag fás fad is atá an láidreacht airgeadais aige infheistíocht a dhéanamh ag an scála agus luas cuí chun a ghealltanas maidir le haeráidneodracht faoi 2040 a bhaint amach (féach leathanach 14 go 19 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an straitéis).

**Iniúchóir**
Ag an CGB a reáchtáladh le linn na bliana 2025, athcheapadh Deloitte Ireland LLP mar iniúchóir ESB don bhliain airgeadais 2026 i gcomhréir le hAlt 7(2) d'Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú).

Ag CGB 2026, iarrfar ar na stocshealbhóirí na Comhaltaí Boird a údarú chun luach saothair an iniúchóra a shocrú i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2026.

**Faomhadh Thuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais 2025**
Tá an Bord sásta, tar éis mholadh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a chur san áireamh, nuair a chuirtear an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais ina n-iomláine san áireamh, go bhfuil siad cothrom agus intuigthe agus go soláthraítear iontu an fhaisnéis atá riachtanach chun cur ar chumas stocshealbhóirí measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB.



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach



**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

27 Feabhra 2026

# Tacaíocht a thabhairt don Aistriú chuig Iompar Glan - Dár dTodhchaí Féin

Is é ESB an t-oibritheoir pointí luchtaithe is mó d'fheithiclí leictreacha in Éirinn, forbraíonn agus oibríonn sé líonra de 1,600 pointe luchtaithe fud fad oileán na hÉireann, agus tá an líonra sin faoi úinéireacht aige. Bhain ESB sprioc thábhachtach amach i mbliana le críochnú an chláir Cistithe um Ghníomhú ar son na hAeráide, arna chomhchistiú ag ESB agus Rialtas na hÉireann. Tá 55 mol luchtaithe nua ar fáil ar fud oileán na hÉireann anois de thoradh an tionscadail seo, agus tá pointí luchtaithe ardchumhachta ar fáil i 52 ceann díobh seo. Rinneadh 100 pointe luchtaithe caighdeánach SA a uasghrádú chun go mbeadh luchtú níos tapa ar fáil ag na pointí sin. Rinneadh thart ar 500 pointe luchtaithe SA a bhí ann cheana féin a athsholáthar agus tá an teicneolaíocht sna cinn nua sin níos úire agus níos fearr ná mar a bhí. Fágann sé sin go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar luas agus iontaofacht líonra luchtaithe ESB d'fheithiclí leictreacha an phobail de thoradh an tionscadail. Tá ESB ag tacú leis an aistriú chuig iompar glan ar mhaithe lenár dtodhchaí féin trí réitigh luchtaithe a chur ar fáil dá chuid custaiméirí a mbíonn riachtanais athraitheacha acu ionas go mbeidh sé níos fusa dóibh athrú go feithiclí leictreacha.





# Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird | 124 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) | 125 |
| Ráitis Airgeadais | 133 |

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil a ullmhú, ráitis airgeadais do ESB agus do Ghrúpa ESB a chur san áireamh, ina gcuimsítear ESB agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa").

D'ainneoin nach mbaineann ESB mar chomhlacht reachtúil le raon Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB, ar glacadh leo de bhun Alt 6 (1) den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) ("Rialacháin ESB"), ceanglaítear ar an mBord, ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a éilítear d'eintitis Acht na gCuideachtaí faoi Alt 292 d'Acht na gCuideachtaí, agus (i gcás grúpráitis airgeadais) faoi Alt 295 d'Acht na gCuideachtaí.

Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ESB faoi Alt 7(4) d'Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) agus faoi Rialachán 78 de Rialacháin ESB a thuarascáil bhliantúil, ina gcuimsítear na ráitis airgeadais, a chur ar fáil don Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Foráiltear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go bhfuil [1] an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú, agus é sin a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha. Chinn comhaltaí an Bhoird ráitis airgeadais ESB a ullmhú de réir IFRS mar ar ghlac an tAontas Eorpach leis agus atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB.

Ní cheadaítear do na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus ESB agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain sin.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- A shonrú go bhfuil IFRS, arna ghlacadh ag an Aontas Eorpach, á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais, agus chomh fada is a bhaineann le ESB, curtha i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus ESB de bheith i mbun gnó

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas ESB, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil ráitis airgeadais ESB agus an Ghrúpa á n-ullmhú de réir an IFRS arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird agus freagrach as sócmhainní ESB agus an Ghrúpa a chosaint, agus as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le cur ar fáil ar shuíomh gréasáin ESB (www.esb.ie).

Deimhníonn gach Comhalta Boird, chomh fada agus is eol dó nó di, go bhfuil an méid seo a leanas fíor:

- Tugtar, léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa amhail ar an 31 Nollaig 2025, agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin i ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhaíodh de réir IFRS mar ar ghlac an tAontas Eorpach leis agus atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB.
- Tugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais ESB amhail ar an 31 Nollaig 2025 i ráitis airgeadais ESB a ullmhaíodh de réir IFRS mar ar ghlac an tAontas Eorpach leis agus atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha infheidhme Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Rialacháin ESB.
- Áirítear i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird atá le fáil sa tuarascáil bhliantúil athbhreithniú cóir ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht an ghnó agus staid an Ghrúpa agus ESB, i dteannta le cur síos ar na príomhrioscaí agus ar na príomhéiginnteachtaí a bheidh le sárú acu
- Tá an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, i dteannta a chéile, cóir, cothrom agus intuigthe agus soláthraítear inti an fhaisnéis atá riachtanach chun cur ar chumas stocshealbhóirí measúnú a dhéanamh ar staid, feidhmíocht, samhail ghnó agus straitéis ESB

Thar ceann an Bhoird



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach



**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

27 Feabhra 2026

1 Mír 1.2 - Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú - Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais.



# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách
## do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB)

## Tuarascáil ar an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim maidir le Ráitis Airgeadais ESB

Seo a leanas ár dtuairim faoi ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- tugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar bhrabús an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar chríoch ar an taca sin; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014 arna gcur i bhfeidhm ag Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais atá iniúchta againn:

- Ráitis airgeadais an Ghrúpa:
  - Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa;
  - Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach;
  - Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
  - Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Cothromais;
  - Ráiteas Sreabhaidh Airgid an Ghrúpa; agus
  - na nótaí gaolmhara, 1 go 38, lena n-áirítear achoimre ar bheartas cuntasaíochta ábhartha mar atá sonraithe i nóta 1.
- Ráitis airgeadais na Máthairchuideachta:
  - Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
  - Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe Cothromais;
  - Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Máthairchuideachta; agus
  - na nótaí gaolmhara, 1 go 38, lena n-áirítear achoimre ar bheartas cuntasaíochta ábhartha mar atá sonraithe i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm fad is a bhí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta á n-ullmhú Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna chur i bhfeidhm ag Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB) agus Caighdeáin Chuntasaíochta (IFRS) arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach agus léirmhíniúcháin an Choiste Léirmhíniúcháin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ('IFRIC') ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### An Bonn Tuairime

Reáchtálamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa rannóg dár dtuarascáil dar teideal "*freagrachtaí an Iniúchóra as iniúchadh na ráiteas airgeadais*".

Táimid ag feidhmiú neamhspleách ar an nGrúpa agus Máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn le haghaidh ár dtuairime a sholáthar.

### Achoimre ar ár gCur Chuige Iniúchta

| | |
|---|---|
| **Príomhcheisteanna iniúchta** | Seo a leanas na príomhcheisteanna iniúchta a shainaithníomar le linn na bliana reatha:<br>▪ Aithint ioncaim – infháltais leictreachais miondíola – neamhbhailleáilte<br>▪ Inaisghabhálacht méideanna atá dlite ó infheistithe cuntasaithe ar chothromas: Neart Na Gaoithe<br><br>Laistigh den tuarascáil seo, sainaithnítear aon phríomhábhair iniúchóireachta nua agus sainaithnítear aon phríomhábhair iniúchóireachta atá mar an gcéanna leis an mbliain roimhe. |
| **Ábharthacht** | Ba é €75 milliún an ábharthacht a d'úsáideamar don Ghrúpa sa bhliain reatha, rud a cinneadh bunaithe ar chur chuige il-tagarmharcála agus a léiríonn thart ar 4% de Thuilleamh Roimh Ús, Cánacha, Díluacháil agus Amúchadh (TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ath-thomhais áirithe) an Ghrúpa.<br><br>Ba é €67 milliún an ábharthacht a d'úsáideamar don Mháthairchuideachta sa bhliain reatha, rud a cinneadh ar bhonn 90% d'ábharthacht an Ghrúpa. |
| **Scóip** | Rinneamar ár gcuid oibre i gcomhthéacs na gceithre roinn intuairiscithe agus fheidhm na ceannoifige. Seachas NIE Networks agus So Energy, tá struchtúr láraithe bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe ag an ngrúpa agus mar thoradh air sin, rinne foireann iniúchta an Ghrúpa formhór na hoibre iniúchta. Maidir leis an ngnólacht NIE Networks laistigh den deighleog Líonraí agus an gnólacht So Energy laistigh den deighleog Réitigh do Chustaiméirí, d'úsáid foireann an Ghrúpa foirne iniúchta comhpháirte chun nósanna imeachta iniúchta breise a dhéanamh bunaithe ar an measúnú riosca grúpa. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

| | |
|---|---|
| **Athruithe suntasacha inár gcur chuige** | Ghlacamar le bunús difriúil chun ábharthacht a chinneadh sa bhliain reatha. Sa bhliain roimhe sin, cinneadh ábharthacht le húsáid a bhaint as thart ar 5% brabús roimh cháin roimh mhíreanna eisceachtúla.<br><br>I mbliana, cinneadh gurbh ionann ábharthacht, ar bhonn TRÚCDA an Ghrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla, agus ath-thomhais áirithe, agus €75 milliún. Léiríonn sé sin thart ar 4% de TRÚCDA.<br><br>I bhfianaise infheistíochtaí méadaitheacha ESB i sócmhainní agus chun a chinntiú go bhfuil sé níos ailínithe le leasanna agus fócas úsáideoirí na ráiteas airgeadais, measaimid gur tagarmharc iomchuí é TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ath-thomhais áirithe sa bhliain reatha.<br><br>Rinneamar mionchoigeartú agus athmheasúnú ar ár measúnú riosca le linn na bliana reatha, agus mar thoradh air sin, measadh nach raibh príomhábhair iniúchóireachta ón mbliain roimhe sin, atá leagtha amach thíos, na hábhair ba shuntasaí san iniúchadh a thuilleadh iad:<br>▪ Luach anonn sócmhainní fadsaolacha<br>▪ Luacháil na n-oibleagáidí scoir sócmhainní<br>▪ Díorthaigh fuinnimh – rangú conarthaí úsáide féin<br>▪ Iomláine na n-oibleagáidí pinsin<br><br>Chinneamar go raibh an príomhábhar iniúchóireachta maidir le hin-aisghabhálacht suimeanna i gcomhfhiontair aimsithe sna méideanna atá dlite ó institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi: Neart na Gaoithe, mar gheall ar aird suntasach an iniúchóra atá ag teastáil maidir le hin-aisghabhálacht na sócmhainní sin.<br><br>Ní raibh aon athruithe suntasacha eile ar ár gcur chuige sa bhliain reatha. |

**Conclúidí maidir le Gnóthas Leantach**
I ndiaidh dúinn na ráitis airgeadais a iniúchadh, chinneamar go bhfuil an úsáid a bhain na Comhaltaí Boird as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Cuimsíodh inár meastóireacht ar mheasúnú na gComhaltaí Boird ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh ag baint tairbhe as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh:

- Teacht ar thuiscint ar phróiseas agus rialuithe ábhartha an Ghrúpa chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthas leantach agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar aschur na foirne bainistíochta agus na gComhaltaí Boird i ndáil leis an measúnú sin;
- Meastóireacht a dhéanamh ar an réamhaisnéis airgeadais ullmhaithe ag an nGrúpa, lena n-áirítear dúshlán a thabhairt maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na príomhthoimhdí a úsáideadh in ullmhú na réamhaisnéise réasúnach agus cibé acu a léirítear nó nach léirítear sa réamhaisnéis tionchair gheilleagracha mheasta a bhaineann leis an nGrúpa;
- Meastóireacht a dhéanamh ar chumas na foirne bainistíochta réamhaisnéis bheacht a dhéanamh bunaithe ar an measúnú ar bheachtas stairiúil na réamhaisnéisí;
- Meastóireacht a dhéanamh ar shocruithe airgeadais an Ghrúpa, lena n-áirítear na socruithe maidir le saoráidí bainc geallta neamhtharraingthe a bhí bunaithe, íogaireachtaí ceanglais chomhthaobhachta agus lamháil fhoriomlán laistigh den Ghrúpa;
- Príomhthéarmaí chomhaontuithe na saoráidí creidmheasa imrothlacha a léamh agus a bhreithniú chun a n-infhaighteacht a dheimhniú; agus
- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na nochtaí ábhartha atá le fáil sna ráitis airgeadais maidir le gnóthas leantach agus, trínár nósanna imeachta iniúchta, measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil siad oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteacht ábhartha sainaitheanta againn a bhaineann le teagmhais nó dálaí, ina n-aonar nó le chéile, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hamhras suntasach maidir le cumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach le haghaidh tréimhse 12 mhí ar a laghad ón uair a údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Maidir leis an tuairisciú ar an gcaoi ar chuir an Grúpa Cód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann i bhfeidhm, níl aon rud ábhartha againn le cur leis ná le haird a tharraingt air i ndáil le ráiteas chomhaltaí an Bhoird sna ráitis airgeadais faoi cibé ar cheap comhaltaí an Bhoird gur chuí glacadh leis an mbonn cuntasaíochta gnóthais leanúnaigh.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird maidir le gnóthas leantach sna rannóga ábhartha den tuarascáil seo.

**Príomhcheisteanna Iniúchta**
Is éard atá i gceist le príomhcheisteanna iniúchta, ceisteanna lenar bhain an suntas is mó, bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, i ndáil leis an iniúchadh a rinneamar ar ráitis airgeadais na bliana airgeadais reatha, lena n-áirítear na rioscaí measta is suntasaí a bhain le míshonrú ábhartha (cibé acu a bhain nó nár bhain siad le calaois) a shainaithníomar, lena n-áirítear na rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúchta fhoriomlán, leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta a threorú.

Déileáladh leis na ceisteanna seo i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais trí chéile, agus le linn dúinn ár dtuairim a dhéanamh, agus ní sholáthraímid tuairim ar leithligh maidir leis na nithe sin. Baineadh sa bhliain reatha na príomhábhair iniúchóireachta a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin a bhain le luach iompair sócmhainní fadsaolacha, luacháil oibleagáidí scoir sócmhainní, díorthaigh fuinnimh – aicmiú conarthaí úsáide féin agus iomláine oibleagáidí pinsin. Níor measadh gur príomhábhair iniúchóireachta iad seo sa bhliain reatha mar nach bhfuil aird shuntasach iniúchóireachta ag teastáil uathu a thuilleadh.

**Aithint ioncaim – Infháltais leictreachais miondíola – neamhbhilleáilte**

| | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomhcheist iniúchta** | Is iad infháltais leictreachais miondíola - neamhbhilleáilte an t-ioncam ó fhuinneamh curtha ar fáil don chustaiméir idir dáta an bhille deiridh agus dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ceanglaítear meastachán a sholáthar ("ioncam neamhbhilleáilte").<br><br>Agus an t-ioncam neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana airgeadais á chinneadh, áirítear ar na príomhmheastacháin agus toimhdí leithdháileadh toirteanna trasna bandaí taraife, fachtóirí caillteanais, agus an ráta aonaid a cuireadh i bhfeidhm. Glacaimid le hioncam neamhbhilleáilte a bhaineann le leictreachas miondíola mar phríomhcheist iniúchta de bhrí go bhfuil na hiarmhéideanna ioncaim neamhbhilleáilte bunaithe ar mheastacháin bhainistíochta agus ar shamhlacha casta. Mar gheall ar na fachtóirí seo, is riosca calaoise toimhdithe é an riosca seo a bhaineann le haitheantais ioncaim.<br><br>Ag an 31 Nollaig 2025, bhí iarmhéid an ioncaim neamhbhilleáilte cothrom le €337.0 milliún (2024: €420.8 milliún)<br><br>Nochtar beartas cuntasaíochta an Ghrúpa don ioncam neamhbhilleáilte i nóta 1 - Ráiteas ar fhaisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta, alt (xix) - Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí - fo-alt - 'Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis'. Tá na príomhfhoinsí d'éiginnteacht meastacháin a bhaineann le hioncam neamhbhilleáilte arna nochtadh i Nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas', fo-alt (vii) Luacháil infháltas agus suimeanna iníoctha (meastachán) agus tá nochtuithe breise arna gcur i láthair i Nóta 21 – 'Trádáil agus infháltais eile'. |
| **Conas a d'fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta** | Rinneamar measúnú ar an dearadh agus rinneamar cinneadh maidir le cur chun feidhme rialúchán ábhartha a bhaineann le hioncam neamhbhilleáilte lena n-áirítear rialuithe TF ábhartha.<br><br>Phléamar leis an bhfoireann bhainistíochta an beartas aitheanta ioncaim do gach sruth ioncaim, lena n-áirítear na cinn a bhraitheann ar mheastacháin nó atá bunaithe ar aschur samhlacha agus ríomhanna ioncaim neamhbhilleáilte.<br><br>Agus aghaidh á tabhairt againn ar an riosca calaoise, rinneamar measúnú ar agus thugamar dúshlán do na príomhthoimhdí a úsáidtear sna samhlacha ioncaim neamhbhilleáilte. Rinneadh measúnú ar shláine na samhlacha trí mheastóireacht a dhéanamh ar an modheolaíocht ríofa a úsáideadh agus ar an gcomhsheasmhacht leis an mbliain roimh ré.<br><br>Seiceáladh na ríomhanna laistigh de na samhlacha chun cruinneas uimhríochtúil a chinntiú.<br><br>Chomhaontaíomar ar na príomh-aschuir sa ríomh le haghaidh na sonraí foinse.<br><br>Rinneamar athbhreithniú ar bhillí tar éis dheireadh na bliana agus chuireamar i gcomparáid iad le forálacha a rinneadh ag deireadh na bliana chun aon rófhorálacha/gannfhorálacha a rinneadh a shainaithint.<br><br>Rinneamar breithniú freisin ar leodhóthanacht an nochta ábhartha sna ráitis airgeadais i ndáil leis na hábhair seo. |
| **Príomhbhreath-nóireacht** | Ní dhearnamar aon bhreathnóireacht a mbíonn tionchar aici ar ár n-iniúchadh i ndáil leis na méideanna a bhaineann le hioncam neamhbhilleáilte. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

## Inaisghabhálacht méideanna atá dlite ó infheistithe cuntasaithe ar chothromas: Neart Na Gaoithe

**Cur síos ar phríomhcheist iniúchta**

Tá roinnt infheistíochtaí ag an nGrúpa i gcomhfhiontair, lena n-áirítear tionscadail feirme gaoithe agus gréine. Ina theannta sin, tá airgead curtha ar fáil ag an ngrúpa dá eintitis ghaolmhara a bhfuil cuntas orthu de réir IFRS 9. Tá luach (tugtha) anonn cuid de na hinfheistíochtaí agus iasachtaí seo ag brath ar shreafaí airgid measta amach anseo.

Mar gheall ar mhoilleanna i dtógáil ceann de na tionscadail feirme gaoithe, Neart Na Gaoithe ('NNG') agus cinneadh na gcostas deiridh [teagmhais], rinneadh measúnú ar an gcaillteanas creidmheasa ionchasach ("ECL") i gcomhréir le IFRS 9 ar mhéideanna atá dlite ag NNG amhail an 31 Nollaig 2025. Tá riosca ann, lena n-áirítear an riosca claontacht bainistíochta, go bhféadfadh toimhdí tábhachtacha a úsáidtear sa tsamhail ECL a bhaineann le rátaí lascaine, le praghsanna fuinnimh sa todhchaí, le hamanna agus méideanna sreabhadh airgid, sreabhadh airgid a nglactar leis i ndáil le héilimh árachais agus conraitheoirí a bheith míráitithe.

Meastar dúinn gur ábhar iniúchóireachta ríthábhachtach é inaisghabháil na méideanna atá dlite ó NNG i bhfianaise chastacht an mhúnla ECL a úsáidtear agus na breithiúnais shuntasacha bainistíochta atá riachtanach chun ionchuir agus toimhdí a chinneadh.

De réir nóta 17, ba é €436.6 milliún (2024: €339.5 milliún) luach iompair na méideanna dlite ó NNG amhail an 31 Nollaig 2025. Aithníodh caillteanas creidmheasa ionchais de €nialas (2024: €134.6 milliún) le linn na bliana airgeadais.

Nochtar beartas cuntasaíochta an Ghrúpa maidir le méideanna atá dlite ó infheistíochtaí a ndéantar cuntas cothromais orthu i Nóta 1 – 'Ráiteas ar fhaisnéis ábhartha faoin mbeartas cuntasaíochta' - (i) Faisnéis ghinearálta agus bunús ullmhúcháin – fo-alt - 'Míreanna eisceachtúla agus ath-thomhais áirithe' agus (xiii)- 'Sócmhainní agus dliteanais airgeadais'. Nochtar na príomhfhoinsí éiginnteachta meastacháin i ndáil le méideanna atá dlite ó infheistíochtaí a ndéantar cuntas cothromais orthu i Nóta 2 – 'Úsáid Meastachán agus Breithiúnas' agus cuirtear nochtuithe breise i láthair i Nóta 6 – 'Míreanna eisceachtúla' faoin bhfo-alt – 'Caillteanas creidmheasa ionchais a bhaineann le Neart na Gaoithe' agus i Nóta 17 – 'Infheistíochtaí a ndéantar cuntas cothromais orthu agus infheistíochtaí airgeadais eile'. Tá an t-ábhar seo curtha san áireamh mar shaincheist shuntasach ar leathanach 110 de Thuarascáil an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca sa chuid Rialachais Chorparáidigh.

**Conas a d'fhreagair scóip ár n-iniúchta don phríomhcheist iniúchta**

Rinneamar measúnú ar an dearadh agus chinn muid cur i bhfeidhm rialuithe ábhartha a bhaineann le measúnú ECL na bainistíochta ar mhéideanna atá dlite ó infheistithe cuntasaithe de réir cothromais: NNG.

Fuaireamar samhail ECL na bainistíochta do NNG agus le cúnamh ónár speisialtóirí rinneamar an méid seo a leanas:

- Rinneamar measúnú ar oiriúnacht na bpríomhthoimhdí agus na bpríomhionchur a úsáideadh sa tsamhail lena n-áirítear comhaontú ar ionchuir a bhaineann le faisnéis tríú páirtí sa chás go raibh a leithéid ar fáil.
- Rinneamar measúnú ar shláine na samhlacha a úsáideadh trí mheastóireacht a dhéanamh ar a comhsheasmhacht le cleachtais luachála a nglactar leo go ginearálta.
- Seiceáladh na ríomhanna laistigh den tsamhail le haghaidh cruinnis uimhríochtúil.
- Rinneamar tástáil struis ar an tsamhail chun cinneadh a dhéanamh maidir le tionchar na n-athruithe, a d'fhéadfadh tarlú go réasúnach i ndáil leis na toimhdí, ar thoradh na samhla agus thugamar dúshlán na dtoimhdí chun críche stuamachta.
- Chuireamar ceist ar na príomhfhíricí agus na toimhdí lena n-áirítear na rátaí lascaine, praghsanna fuinnimh amach anseo, uainiú agus méideanna sreabhadh airgid, sreabhadh airgid a nglactar leis i ndáil le héilimh árachais agus conraitheoirí.

Thángamar ar chomhaontú maidir le luach (tugtha) anonn na n-iasachtaí chuig na samhlacha ECL agus rinneamar cinneadh cíbe acu ar ríomhadh nó nár ríomhadh an caillteanas creidmheasa ionchasach cuí.

Rinneamar breithniú freisin ar leodhóthanacht an nochta ábhartha sna ráitis airgeadais i ndáil leis na hábhair seo.

**Príomhbhreath-nóireacht**

Bunaithe ar na nósanna imeachta iniúchóireachta a rinneadh, chinneamar go bhfuil measúnú caillteanais chreidmheasa ionchais ar inaisghabháil na méideanna atá dlite ag NNG réasúnta agus go bhfuil na nochtuithe gaolmhara atá san áireamh sna ráitis airgeadais iomchuí.

Dearadh ár nósanna imeachta iniúchta a bhaineann leis na nithe seo i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus ní ar mhaithe le tuairim maidir le cuntais nó nochtaí aonair a thabhairt. Níl ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais mionathraithe i ndáil le haon cheann de na rioscaí a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, agus ní sholáthraímid aon tuairim maidir leis na nithe seo ina n-aonar.

## Cur i bhFeidhm Ábharthachta

Sainmhínímid ábharthacht mar mhéid an mhíshonraithe sna ráitis airgeadais a chiallódh go mbeadh cinntí geilleagracha duine réasúnta eolasach á n-athrú nó go mbeadh tionchar á imirt orthu. Úsáidimid ábharthacht i ndáil le scóip ár gcuid oibre iniúchta a phleanáil agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí ár gcuid oibre.




- Réamhaisnéis TRÚCDA Deireadh Fómhair 2025
- Ábharthacht an ghrúpa
- Tairseach thuairiscithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaithe ar ár mbreithiúnas gairmiúil, chinneamar ábharthacht le haghaidh na ráiteas airgeadais ina n-iomláine mar seo a leanas:

| | Ráitis airgeadais an Ghrúpa | Ráitis airgeadais na Máthairchuideachta |
|---|---|---|
| **Ábharthacht** | €75 milliún (2024: €44 milliún) | €67 milliún (2024: €39 milliún) |
| **An bonn chun ábharthacht a chinneadh** | Tá méadrachtaí airgeadais tábhachtacha curtha san áireamh againn, lena n-áirítear TRÚCDA, ioncam, glansócmhainní, sócmhainní iomlána, agus brabús roimh cháin roimh mhíreanna eisceachtúla. Bunaithe ar an meastóireacht seo, cinneadh gurbh ionann ábharthacht agus €75 milliún, arb ionann é agus thart ar 4% de TRÚCDA an Ghrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla agus ath-thomhais áirithe. | 90% d'ábharthacht an Ghrúpa. |
| **Réasúnaíocht an tagarmhairc a cuireadh i bhfeidhm** | Bhreithníomar fachtóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon bunaithe ar ár dtuiscint ar an nGrúpa agus a thimpeallacht, ag cinntiú go bhfuil an leibhéal ábharthachta oiriúnach agus ábhartha d'úsáideoirí. Is beart tábhachtach é TRÚCDA an Ghrúpa, mar aon le méadrachtaí airgeadais eile, d'úsáideoirí ráitis airgeadais an Ghrúpa toisc go léiríonn sé feidhmíocht oibriúcháin lárnach an Ghrúpa gan tionchar maoinithe, cánach, dímheasa agus míreanna eisceachtúla, rud a fhágann go bhfuil sé níos ábhartha d'úsáideoirí atá ag measúnú torthaí gnó. Is iad Rialtas na hÉireann, arb é an scairshealbhóir tromlaigh é, an lucht saothair, sealbhóirí fiachais agus rialtóirí príomhúsáideoirí na ráiteas airgeadais. | Bhreithníomar go raibh sé oiriúnach srian a chur le hábharthacht do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, go dtí €67 milliún, bunaithe ar mhéid na Máthairchuideachta i gcoibhneas leis an nGrúpa. Chomh maith leis sin, bhreithníomar na fachtóirí eile cosúil leis an bpointe go bhfuil céatadán suntasach de na codanna tuairiscithe á bhfeidhmiú go díreach ag an Máthairchuideachta. |

Bhí an ábharthacht feidhmíochta sonraithe ag leibhéal níos ísle ná ábharthacht againn chun an dóchúlacht a laghdú, tríd is tríd, go sáródh míshonruithe neamhcheartaithe agus neamhbhraite an ábharthacht a bhí luaite leis na ráitis airgeadais ina n-iomláine.

| | Ráitis airgeadais an Ghrúpa | Ráitis airgeadais na Máthairchuideachta |
|---|---|---|
| **Ábharthacht feidhmíochta** | 80% (2024: 80% d'ábharthacht an Ghrúpa | 80% (2024: 80%) d'ábharthacht na Máthairchuideachta |
| **Bunús agus réasúnaíocht chun ábharthacht feidhmíochta a chinneadh** | Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir le hábharthacht feidhmíochta, bhreithníomar na fachtóirí seo a leanas:<br>a. caighdeán na timpeallachta rialaithe agus cibé acu a bhíomar nó nach rabhamar in ann brath ar na rialuithe,<br>b. easnaimh rialaithe a tuairiscíodh le linn blianta roimhe sin,<br>c. nádúr, líon agus méid na míshonruithe (ceartaithe agus neamhcheartaithe) san iniúchadh a rinneadh roimhe sin, agus<br>d. athruithe ar an ngnó a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas míshonruithe a réamh-mheas. | |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

Chomhaontaíomar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtuairisceoimis don Choiste maidir le gach difríocht iniúchta sa bhreis ar €3.75 milliún (2024: €2.20 milliún) mar aon le difríochtaí faoin tairseach sin a d'éiligh, dar linn, tuairisciú ar fhorais cháilíochtúla. Chomh maith leis sin, roinnimid eolas leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le nithe nochta a shainaithnímar nuair a bhí measúnú á dhéanamh againn ar chur i láthair na ráiteas airgeadais trí chéile.

### Forléargas ar Scóip ár nIniúchta

Rinneamar cinneadh maidir le scóip ár n-iniúchta trínár dtuiscint ar an nGrúpa agus a thimpeallacht oibriúcháin a nuashonrú, lena n-áirítear príomhrialuithe a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhain le míshonrú ábhartha ag leibhéal an Ghrúpa. Caitheadh cuid shuntasach den am pleanála iniúchta chun a chinntiú go bhfuil scóip ár gcuid oibre oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí aitheanta an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta maidir le míshonrú ábhartha ar iarmhéideanna suntasacha cuntais, aicmí idirbheart agus nochtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

Rinneamar ár gcuid oibre i gcomhthéacs na gceithre roinn intuairiscithe agus fheidhm na ceannoifige. Seachas NIE Networks agus So Energy, tá struchtúr láraithe bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe ag an ngrúpa agus mar thoradh air sin, rinne foireann iniúchta an Ghrúpa formhór na hoibre iniúchta. I gcás earnáil NIE Networks agus gnó So Energy laistigh den earnáil Réitigh do Chustaiméirí, bhain foireann an Ghrúpa úsáid as foirne iniúchta comhpháirte chun nósanna imeachta iniúchta breise a dhéanamh bunaithe ar ár measúnú riosca grúpa.

D'fheidhmigh foireann iniúchta an Ghrúpa treoir, maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair iniúchta a rinne foirne iniúchta comhpháirte laistigh de scóip iniúchadh an Ghrúpa. Chuireamar treoracha mionsonraithe ar fáil do na foirne iniúchta comhpháirte; reáchtálamar glaonna stádais leanúnacha agus rinneamar athbhreithniú ar pháipéir oibre ábhartha a d'ullmhaigh na foirne comhpháirte. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchta le haghaidh gach comhpháirt i gcrích ag leibhéil ábharthachta feidhmíochta a bhí infheidhme do gach comhpháirt aonair a bhí níos ísle ná ábharthacht feidhmíochta an Ghrúpa agus sa raon €30 milliún go €54 milliún.

### Eolas Eile

Cuimsítear san eolas eile an t-eolas atá curtha ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár iniúchóra maidir leis sin. Tá na Comhaltaí Boird freagrach as an bhfaisnéis eile atá le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní chlúdaíonn ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas mar a chuirtear in iúl go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú in iúl maidir leis an bhfaisnéis sin.

Táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas bailithe le linn an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha dá leithéid nó míshonrú ábhartha dealraitheach, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha déanta maidir leis an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go gcinnimid go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart agus cothrom iontu agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 mar a chuirtear i bhfeidhm le Rialachán 78 de rialacháin rialachais ESB, agus le haghaidh rialú inmheánach dá leithéid a mheasann na Comhaltaí Boird atá riachtanach chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid.

Nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Comhaltaí Boird freagrach as cumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheas, nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is cuí, agus úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh mura bhfuil sé beartaithe ag na Comhaltaí Boird an Grúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó stop a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha ann ach é sin a dhéanamh.

### Freagrachtaí an Iniúchóra as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, trí chéile, saor ó aon mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaois nó earráid, agus tuarascáil iniúchóirí a eisiúint a n-áirítear ár dtuairim inti. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní hionann é agus ráthaíocht go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Éire) míshonrú ábhartha faoi deara nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí, ina n-aonar nó ina n-iomláine, a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar na cinntí geilleagracha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí i ndáil le hiniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin IAASA ag:https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements/. Is cuid dár dtuarascáil iniúchóirí an cur síos sin.

### A mhéid is a Measadh go raibh an tIniúchadh Oiriúnach chun Mírialtachtaí, lena n-áirítear Calaois, a bhrath

Glactar le mírialtachtaí, lena n-áirítear calaois, mar shamplaí de dhlíthe agus rialacháin a bheith á neamhchomhlíonadh. Tá nósanna imeachta á ndearadh againn de réir ár bhfreagrachtaí, a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, chun míshonruithe ábhartha a bhaineann le mírialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a bhrath. Tá eolas maidir leis an méid atá ár nósanna imeachta in ann mírialtachtaí a bhrath, lena n-áirítear calaois, le fáil thíos.

#### Rioscaí féideartha a bhaineann le mírialtachtaí a shainaithint agus a mheas

Nuair a bhíonn rioscaí de mhíshonrú ábhartha a bhaineann le mírialtachtaí á sainaithint agus á meas againn, lena n-áirítear calaois agus dlíthe agus rialacháin a neamhchomhlíonadh, bhreithníomar an méid seo a leanas:

- Nádúr an tionscail agus na hearnála, na timpeallachta rialaithe agus na feidhmíochta gnó, lena n-áirítear dearadh bheartais luacha saothair an Ghrúpa, príomhthionscnóirí do luach saothair na príomhfhoirne bainistíochta, leibhéil bhónais agus spriocanna feidhmíochta;
- Measúnú an Ghrúpa féin ar na rioscaí go dtarlóidh mírialtachtaí mar thoradh ar chalaois nó earráid a bhí ceadaithe ag Comhaltaí an Bhoird an 15 Nollaig 2025;
- Torthaí fiosrúchán a rinne an fhoireann bainistíochta, iniúchadh inmheánach agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar a sainaithint agus a measúnú féin ar na rioscaí a bhaineann le mírialtachtaí;
- Aon ní atá sainaitheanta againn i ndiaidh doiciméid an Ghrúpa maidir lena mbeartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis an méid thíos a fháil agus a athbhreithniú:
  - Dlíthe agus rialacháin a shainaithint, a mheas agus a chomhlíonadh agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad airdeallach ar aon chás neamhchomhlíonta;
  - Na rioscaí calaoise a bhrath agus a fhreagairt agus cibé acu atá nó nach bhfuil eolas acu maidir le haon chalaois iarbhír, amhrasta nó líomhanta;
  - Na rialuithe inmheánacha bunaithe chun rioscaí calaoise nó neamhchomhlíonadh dlíthe agus rialachán a mhaolú;
- Na nithe a pléadh i measc na foirne rannpháirtíochta iniúchta agus comhaltaí ábhartha na foirne iniúchóireachta comhpháirte, speisialtóirí inmheánacha, lena n-áirítear speisialtóirí cánach, luachálacha, pinsean, TF agus tionscail maidir le conas agus cathain a d'fhéadfadh calaois tarlú sna ráitis airgeadais agus aon táscaire calaoise féideartha.

Mar thoradh ar na nósanna imeachta seo, bhreithníomar na deiseanna agus dreasachtaí a d'fhéadfadh a bheith le fáil laistigh den eagraíocht le haghaidh calaoise agus shainaithníomar go mbaineann an fhéidearthacht calaoise is mó leis na réimsí seo a leanas: 'Aithint ioncaim – Infháltais leictreachais miondíola – neamhbhilleáilte'. Cosúil le gach iniúchadh a dhéantar faoi ISAnna (Éire), ceanglaítear orainn freisin nósanna imeachta sonracha a chur i gcrích chun freagairt don riosca a bhaineann le cinntí a bheith á sárú ag an bhfoireann bainistíochta.

Thángamar ar thuiscint ar na creataí dlí agus rialála atá in úsáid ag an nGrúpa agus ag an Máthairchuideachta, agus dhíríomar ar fhorálacha na ndlíthe agus rialachán sin a raibh éifeacht dhíreach acu ar chinneadh a dhéanamh maidir le méideanna agus nochtaí ábhartha sna ráitis airgeadais. I measc na bpríomhdhlíthe agus na rialachán a bhreithníomar sa chomhthéacs seo bhí Cód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann agus Acht na gCuideachtaí 2014 mar a chuirtear i bhfeidhm iad le Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB, reachtaíocht pinsin agus reachtaíocht chánach.

Chomh maith leis sin, bhreithníomar forálacha dlíthe agus rialachán eile nach raibh éifeacht dhíreach acu ar na ráitis airgeadais ach a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag neamhchomhlíonadh a leithéid ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta feidhmiú nó pionós ábhartha a sheachaint. San áireamh anseo bhí ceadúnas oibriúcháin, ceanglais fuinnimh agus rialálaí fóntais an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe agus rialacháin timpeallachta.

#### Freagairt iniúchta do na rioscaí sainaitheanta

Mar thoradh ar an méid thuas a dhéanamh, shainaithin muid 'Aithint Ioncaim - Infhaighte leictreachais mhiondíola - neamhbhilleáilte' mar an bpríomhábhar iniúchóireachta a bhaineann leis an riosca féideartha calaoise. Mínítear i rannóg na bpríomhcheisteanna iniúchta dár dtuarascáil na nithe sin ar bhealach níos mine agus déantar cur síos freisin ar na nósanna imeachta sonracha a cuireadh i gcrích mar fhreagairt do na príomhcheisteanna iniúchta sin.

Le cois an mhéid atá thuasluaite, áiríodh i measc ár nósanna imeachta chun freagairt do rioscaí sainaitheanta:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar nochtaí ráiteas airgeadais agus tástáil a dhéanamh ar dhoiciméid tacaíochta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha dlíthe agus rialachán ábhartha a bhfuil cur síos déanta orthu agus a nglactar leis go bhfuil éifeacht dhíreach acu ar na ráitis airgeadais;
- Ceisteanna a chur ar an bhfoireann bainistíochta, Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus abhcóide dlí intí maidir le dlíthíocht agus éilimh iarbhír agus fhéideartha;
- Nósanna imeachta anailíseacha a chur i gcrích chun aon chaidreamh neamhghnách nó gan choinne a shainaithint a d'fhéadfadh fianaise a sholáthar maidir le rioscaí de mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois;
- Miontuairiscí cruinnithe a bhaineann le freagracht as rialachas a léamh, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhfhreagras leis an údarás ceadúnúcháin; agus
- Nuair a bhíothas ag déileáil leis an riosca calaoise mar thoradh ar rialuithe a bheith á sárú ag an bhfoireann bainistíochta, rinneadh tástáil ar oiriúnacht na n-iontrálacha irise agus coigeartuithe eile; rinneadh measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil fianaise ar chlaonadh féideartha á léiriú sna breithiúnais a rinneadh nuair a bhí cuntas á dhéanamh ar na meastacháin agus meastóireacht á déanamh ar réasúnaíocht ghnó aon idirbhirt shuntasaigh atá neamhghnách nó nach mbaineann leis an ngnáthchúrsa gnó.

Chomh maith leis sin, roinneamar eolas le gach comhalta foirne rannpháirteach lena n-áirítear speisialtóirí inmheánacha agus foirne iniúchta comhpháirteanna faoi dhlíthe agus rialacháin shainaitheanta ábhartha agus rioscaí calaoise féideartha, agus bhíomar airdeallach ar aon táscairí maidir le calaois nó neamhchomhlíonadh le dlíthe agus rialacháin le linn an iniúchta.

## Tuairisciú maidir le Ceanglais Dlí agus Rialála Eile

### Tuairim faoi Nithe Eile Forordaithe ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe díreach ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tá an méid seo a leanas á thuairisciú againn:

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.
- Inár dtuairim tá taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart na ráiteas airgeadais a cheadú.
- Tá clár comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim, tá an fhaisnéis a cuireadh ar fáil i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.
- Inár dtuairim, ullmhaíodh na codanna sin de thuarascáil Chomhaltaí an Bhoird atá sonraithe dár n-athbhreithniú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 arna chur i bhfeidhm ag Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB.

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Stocshealbhóirí Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) (ar lean)

**Ráiteas Rialachais Chorparáidigh**
Ceanglaíonn ISAnna (Éire) orainn athbhreithniú a dhéanamh ar ráiteas Chomhaltaí an Bhoird i ndáil le gnóthas leantach, inmharthanacht níos fadtéarmaí agus an chuid den Ráiteas Rialachais Chorparáidigh a bhaineann le comhlíonadh deonach an Ghrúpa le forálacha infheidhme Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe atá sonraithe dár n-athbhreithniú.

Bunaithe ar an obair a cuireadh i gcrích mar chuid dár n-iniúchadh, chinneamar go bhfuil gach ceann de na gnéithe seo a leanas dár Ráiteas Rialachais Chorparáidigh comhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais agus leis an bhfaisnéis a bhailíomar le linn an iniúchta:

- Ráiteas Chomhaltaí an Bhoird maidir lena oiriúnaí atá sé glacadh leis an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus aon éiginnteacht ábhartha a sainaithníodh ar leathanach 105;
- míniú Chomhaltaí an Bhoird maidir lena mheasúnú ar ionchais an Ghrúpa, an tréimhse atá curtha san áireamh sa mheasúnú seo agus cén fáth an bhfuil an tréimhse oiriúnach, atá sonraithe ar leathanach 105;
- ráiteas Chomhaltaí an Bhoird maidir le cur chuige cóir, cothrom agus intuigthe atá sonraithe ar leathanach 111;
- Deimhniú ó na Comhaltaí Boird go bhfuil measúnú stuama déanta acu ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar na príomhrioscaí agus nochtaí atá luaite sa tuarascáil bhliantúil ina ndéantar cur síos ar na príomhrioscaí agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus tá míniú maidir le conas atá siad á mbainistiú nó á maolú leagtha amach ar leathanach 105;
- An chuid den tuarascáil bhliantúil ina ndéantar cur síos ar an athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras bainistíochta agus rialaithe inmheánaigh ar leathanach 104; agus
- An chuid ina ndéantar cur síos ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar leathanach 108.

**Nithe ar Ceanglaíodh orainn Tuairisciú orthu ar bhonn Eisceachta**
Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód") ceanglaítear orainn tuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, atá le fáil i dTuarascáil Rialachais an Bhoird ar leathanach 92 go 107, go bhfuil mír 1.9(iv) de na Ceanglais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais den Chód comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá curtha faoinár mbráid i ndiaidh dúinn ár gcuid obair iniúchta ar na ráitis airgeadais a chur i gcrích. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

Bunaithe ar an méid atá ar eolas ag agus ar thuiscint an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus a dtimpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014 arna gcur i bhfeidhm ag Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB, a cheanglaíonn orainn tuairisciú duit, más rud é, inár dtuairim, nach bhfuil nochtaí maidir le luach saothair agus idirbhearta Chomhaltaí an Bhoird, atá sonraithe de réir an dlí, déanta.

**Nithe eile Nach Mór Dúinn Déileáil Leo**
I ndiaidh mholadh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ceadú ón Aire Stáit ina dhiaidh sin, cheap na Comhaltaí Boird muid an 22 Bealtaine 2022 (dáta ár litreach comhaontaithe) chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus le haghaidh na dtréimhsí ina dhiaidh sin. Is ceithre bliana an tréimhse rannpháirtíochta iomláine gan bhriseadh, lena n-áirítear athnuachan agus athcheapacháin roimhe seo, ag clúdach na mblianta dar críoch 31 Nollaig 2022, 31 Nollaig 2023, 31 Nollaig 2024 agus 31 Nollaig 2025.

Tá ár dtuairim iniúchta comhsheasmhach leis an tuarascáil bhreise don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a cheanglaítear orainn a sholáthar de réir ISA (Éire) 260.

**Úsáid ár dTuarascála**
Is do na stocshealbhóirí amháin, mar chomhlacht, a chuirtear an tuarascáil seo ar fáil, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchta i gcrích ionas gur féidir linn na nithe sin nach mór dúinn a shonrú do na stocshealbhóirí a cheanglaítear orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaítear de réir an dlí, ní ghlacaimid le ná ní thoimhdímid freagracht d'aon duine eile seachas an Mháthairchuideachta agus na stocshealbhóirí mar chomhlacht, dár gcuid obair iniúchta, don tuarascáil seo, ná do na tuairimí atá bunaithe againn.



**Ciarán O'Brien**
Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Áras Deloitte & Touche, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

27 Feabhra 2026



# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa
## Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | | 2025 | | | 2024 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | Roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe €m | Míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe Nóta 7/8 €m | Iomlán €m | Roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe €m | Míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe Nóta 7/8 €m | Iomlán €m |
| Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile (glan) | 4 | **6,738.5** | **-** | **6,738.5** | 7,259.1 | 58.6 | 7,317.7 |
| Costais oibriúcháin agus caillteanais laige glan | 9 | **(5,824.3)** | **(19.4)** | **(5,843.7)** | (6,284.1) | 56.9 | (6,227.2) |
| **Brabús oibriúcháin / (caillteanas)** | | **914.2** | **(19.4)** | **894.8** | 975.0 | 115.5 | 1,090.5 |
| Sciar de bhrabús / (caillteanas) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, gan cháin | 17 | **7.3** | **-** | **7.3** | (5.3) | - | (5.3) |
| **Brabús roimh ghlanchostas maoinithe agus cánachas** | | **921.5** | **(19.4)** | **902.1** | 969.7 | 115.5 | 1,085.2 |
| Costas airgeadais agus táillí maoinithe eile | 10 | **(246.3)** | **-** | **(246.3)** | (216.6) | (134.6) | (351.2) |
| Ioncam maoinithe | 10 | **93.9** | **-** | **93.9** | 135.4 | - | 135.4 |
| Glanchostas airgeadais agus táillí maoinithe eile | | **(152.4)** | **-** | **(152.4)** | (81.2) | (134.6) | (215.8) |
| **Brabús / (caillteanas) roimh chánachas** | | **769.1** | **(19.4)** | **749.7** | 888.5 | (19.1) | 869.4 |
| Cáin ioncaim (costas) / creidmheas | 24 | **(116.2)** | **2.4** | **(113.8)** | (182.8) | 19.6 | (163.2) |
| **Brabús / (caillteanas) i ndiaidh cánachais** | | **652.9** | **(17.0)** | **635.9** | 705.7 | 0.5 | 706.2 |
| **Inchurtha i leith:** | | | | | | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | | **658.1** | **(17.0)** | **641.1** | 712.8 | 0.5 | 713.3 |
| Ús neamhrialaitheach | | **(5.2)** | **-** | **(5.2)** | (7.1) | - | (7.1) |
| **Brabús / (caillteanas) don bhliain airgeadais** | | **652.9** | **(17.0)** | **635.9** | 705.7 | 0.5 | 706.2 |

# Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach
## Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | **635.9** | 706.2 |
| | | |
| **Míreanna nach n-athrangófar ina dhiaidh seo sa ráiteas ioncaim:** | | |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsin NIE Networks | **(19.6)** | (15.3) |
| Cáin ar chaillteanais achtúireacha scéim pinsin NIE Networks | **4.9** | 3.9 |
| | **(14.7)** | (11.4) |
| | | |
| Míreanna atá nó nach bhfuil athrangaithe ina dhiaidh seo sa ráiteas ioncaim: | | |
| (Caillteanais) / gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | **(96.8)** | 108.3 |
| Cáin ar gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | **16.3** | (20.9) |
| Sciar de chaillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **(29.1)** | (4.7) |
| Cáin ar sciar de chaillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **7.3** | 0.4 |
| Aistrithe chuig an ráiteas ioncaim ar fháluithe sreabhaidh airgid | **(15.6)** | 22.6 |
| Cáin ar fháluithe sreabhaidh airgid aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | **2.0** | (2.8) |
| Oiriúnuithe aistriúcháin a bhaineann le comhdhlúthú fochuideachtaí eachtracha | **(40.7)** | 45.6 |
| | **(156.6)** | 148.5 |
| | | |
| **Ioncam cuimsitheach (caillteanas) / ioncam eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin** | **(171.3)** | 137.1 |
| | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **464.6** | 843.3 |
| | | |
| **Inchurtha i leith:** | | |
| Sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta | **469.8** | 850.4 |
| Ús neamhrialaitheach | **(5.2)** | (7.1) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **464.6** | 843.3 |



# Clár Comhardaithe an Ghrúpa
## Amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 13 | **14,348.1** | 13,203.1 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 14 | **774.0** | 692.7 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 15 | **139.3** | 110.3 |
| Dea-thoil | 16 | **173.8** | 205.0 |
| Institiúidí Infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus sócmhainní airgeadais eile | 17 | **245.4** | 277.9 |
| Léas airgeadais infhaighte | 19 | **35.1** | - |
| Infháltais trádála agus eile | 21 | **732.2** | 607.2 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **99.9** | 115.9 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 24 | **1.3** | 1.3 |
| Sócmhainn – Scéim pinsin NIE Networks | 27 | **50.6** | 68.5 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **16,599.7** | 15,281.9 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 20 | **126.6** | 144.0 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 14 | **327.2** | 385.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **124.0** | 253.2 |
| Sócmhainní cánach reatha | | **44.6** | 51.6 |
| Léas airgeadais infhaighte | 19 | **38.2** | - |
| Infháltais trádála agus eile | 21 | **2,691.9** | 2,072.5 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 22 | **707.0** | 1,064.9 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **4,059.5** | 3,972.0 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **20,659.2** | 19,253.9 |
| | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Stoc caipitil | 23 | **2,202.6** | 1,936.1 |
| Préimh stoc caipitil | 23 | **1,229.7** | - |
| Cúlchiste aistriúcháin | | **3.7** | 44.9 |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **47.6** | 43.8 |
| Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid | | **169.3** | 284.7 |
| Cúlchistí eile | | **(151.3)** | (138.6) |
| Tuilleamh coimeádta | | **4,262.1** | 3,819.7 |
| **Cothromas a bhaineann le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **7,763.7** | 5,990.6 |
| Ús neamhrialaitheach | | **(73.9)** | (67.4) |
| **Cothromas iomlán** | | **7,689.8** | 5,923.2 |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 25 | **6,915.3** | 7,004.9 |
| Dliteanais léasa | 15 | **132.2** | 99.0 |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 28 | **60.6** | 65.1 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **7.9** | 12.2 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 29 | **11.6** | 13.8 |
| Ioncam iarchurtha | 30 | **1,740.0** | 1,615.7 |
| Forálacha | 31 | **541.1** | 588.4 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 24 | **652.0** | 632.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **344.4** | 350.0 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **10,405.1** | 10,381.2 |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 25 | **509.5** | 480.2 |
| Dliteanais léasa | 15 | **15.1** | 18.0 |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 28 | **8.4** | 9.1 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **98.8** | 108.5 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 29 | **1,287.6** | 1,655.1 |
| Ioncam iarchurtha | 30 | **130.7** | 108.7 |
| Forálacha | 31 | **396.2** | 457.0 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **118.0** | 112.9 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **2,564.3** | 2,949.5 |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **12,969.4** | 13,330.7 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **20,659.2** | 19,253.9 |

**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach

**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

**Paul Stapleton**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

# Ráiteas Grúpa ar Athruithe Cothromais
## Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| Réiteach athruithe cothromais | Stoc caipitil €m | Préimh stoc caipitil €m | Cúlchiste aistriúcháin €m | Cúlchiste fuascailte caipitil €m | Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid €m | Cúlchistí eile[1] €m | Tuilleamh coimeádta €m | Iomlán €m | Ús neamhrialaitheach €m | Cothromas iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,939.1 | - | - | 40.8 | 181.8 | (136.0) | 3,334.6 | **5,360.3** | (60.3) | **5,300.0** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | - | 713.3 | **713.3** | (7.1) | **706.2** |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsin NIE Networks | - | - | - | - | - | (15.3) | - | **(15.3)** | - | **(15.3)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin airgeadra eachtraigh | - | - | 44.9 | - | - | 0.7 | - | **45.6** | - | **45.6** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid: | | | | | | | | | | |
| ▪ Gnóthachain chóirluacha glan ar fháluithe sreabhaidh airgid | - | - | - | - | 108.3 | - | - | **108.3** | - | **108.3** |
| ▪ Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | - | 5.3 | - | - | **5.3** | - | **5.3** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | - | 17.3 | - | - | **17.3** | - | **17.3** |
| Caillteanais cóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | - | (4.7) | - | - | **(4.7)** | - | **(4.7)** |
| Cáin ar gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | - | - | - | - | (20.9) | 3.9 | - | **(17.0)** | - | **(17.0)** |
| Cáin ar fháluithe sreabhaidh airgid aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | - | (2.8) | - | - | **(2.8)** | - | **(2.8)** |
| Cáin ar sciar de chaillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | - | 0.4 | - | - | **0.4** | - | **0.4** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | 44.9 | - | 102.9 | (10.7) | 713.3 | **850.4** | (7.1) | **843.3** |
| | | | | | | | | | | |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | - | (220.1) | **(220.1)** | - | **(220.1)** |
| Athcheannach stoc caipitiúil lena mbaineann[1] | (3.0) | - | - | 3.0 | - | - | (8.1) | **(8.1)** | - | **(8.1)** |
| Athcheannach stoc caipitil ESOP[1] | - | - | - | - | - | 8.1 | - | **8.1** | - | **8.1** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,936.1 | - | 44.9 | 43.8 | 284.7 | (138.6) | 3,819.7 | **5,990.6** | (67.4) | **5,923.2** |
| | | | | | | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **1,936.1** | **-** | **44.9** | **43.8** | **284.7** | **(138.6)** | **3,819.7** | **5,990.6** | **(67.4)** | **5,923.2** |
| | | | | | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | - | - | 641.1 | **641.1** | (5.2) | **635.9** |
| Caillteanais achtúireacha scéim pinsin NIE Networks | - | - | - | - | - | (19.6) | - | **(19.6)** | - | **(19.6)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin airgeadra eachtraigh | - | - | (41.2) | - | 0.5 | - | - | **(40.7)** | - | **(40.7)** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid | | | | | | | | | | |
| ▪ Caillteanais chóirluacha glan ar fháluithe sreabhaidh airgid | - | - | - | - | (96.8) | - | - | **(96.8)** | - | **(96.8)** |
| ▪ Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | - | 4.8 | - | - | **4.8** | - | **4.8** |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | - | (20.4) | - | - | **(20.4)** | - | **(20.4)** |
| Caillteanas cóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | - | (29.1) | - | - | **(29.1)** | - | **(29.1)** |
| Cáin ar gnóthachain chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid | - | - | - | - | 16.3 | 4.9 | - | **21.2** | - | **21.2** |
| Cáin ar fháluithe sreabhaidh airgid aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | - | 2.0 | - | - | **2.0** | - | **2.0** |
| Cáin ar sciar de chaillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | - | 7.3 | - | - | **7.3** | - | **7.3** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **-** | **(41.2)** | **-** | **(115.4)** | **(14.7)** | **641.1** | **469.8** | **(5.2)** | **464.6** |
| | | | | | | | | | | |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | - | - | (188.7) | **(188.7)** | (1.3) | **(190.0)** |
| Athcheannach stoc caipitiúil lena mbaineann[1] | (3.8) | - | - | 3.8 | - | - | (10.0) | **(10.0)** | - | **(10.0)** |
| Eisiúint stoc caipitiúil | 270.3 | 1,229.7 | - | - | - | - | - | **1,500.0** | - | **1,500.0** |
| Athcheannach stoc caipitil ESOP[1] | - | - | - | - | - | 2.0 | - | **2.0** | - | **2.0** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **2,202.6** | **1,229.7** | **3.7** | **47.6** | **169.3** | **(151.3)** | **4,262.1** | **7,763.7** | **(73.9)** | **7,689.8** |

1 Áirítear ar chúlchistí eile (i) cúlchistí eile a bhaineann le scéim pinsin Northern Ireland Electricity Networks Limited (NIE Networks) de (€145.1) milliún (2024: (€130.4) milliún), (ii) foráil athcheannaigh ESOP a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo a cheannach ó mhargadh inmheánach ESOP de €nialas (2024: (€2.0) milliún) agus (iii) cúlchistí eile de (€6.2) milliún (2024: (€6.2) milliún).



# Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta
## Amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 13 | **10,213.6** | 9,457.8 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 14 | **702.6** | 628.7 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 15 | **45.0** | 29.6 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachta | 17 | **69.8** | 79.7 |
| Léas airgeadais infhaighte | 19 | **35.1** | - |
| Infháltais trádála agus eile | 21 | **838.8** | 1,586.9 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **68.7** | 86.6 |
| **Sócmhainní neamhreatha iomlána** | | **11,973.6** | 11,869.3 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 20 | **63.5** | 91.3 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 14 | **301.2** | 351.9 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **96.6** | 140.5 |
| Sócmhainní cánach reatha | | **19.0** | 38.4 |
| Léas airgeadais infhaighte | 19 | **38.2** | - |
| Infháltais trádála agus eile | 21 | **4,983.4** | 4,323.9 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 22 | **627.8** | 745.4 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **6,129.7** | 5,691.4 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána** | | **18,103.3** | 17,560.7 |
| | | | |
| **Cothromas** | | | |
| Stoc caipitil | 23 | **2,202.6** | 1,936.1 |
| Préimh stoc caipitil | 23 | **1,229.7** | - |
| Cúlchiste fuascailte caipitil | | **47.6** | 43.8 |
| Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile | | **8.7** | 13.1 |
| Tuilleamh coimeádta | | **3,221.3** | 2,822.4 |
| **Cothromas a bhaineann le sealbhóirí cothromais na Máthairchuideachta** | | **6,709.9** | 4,815.4 |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 25 | **363.0** | 442.1 |
| Dliteanais léasa | 15 | **42.4** | 24.1 |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 28 | **60.5** | 65.1 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **7.9** | 12.2 |
| Ioncam iarchurtha | 30 | **1,201.5** | 1,084.1 |
| Forálacha | 31 | **434.2** | 480.9 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 24 | **445.1** | 430.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **17.0** | 29.5 |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **2,571.6** | 2,568.7 |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | 25 | **47.4** | 59.0 |
| Dliteanais léasa | 15 | **5.4** | 8.2 |
| Dliteanas – scéim pinsin ESB | 28 | **8.4** | 9.1 |
| Dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **91.1** | 99.5 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | 29 | **8,276.4** | 9,597.6 |
| Ioncam iarchurtha | 30 | **94.9** | 74.8 |
| Forálacha | 31 | **218.7** | 222.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 26 | **79.5** | 106.3 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **8,821.8** | 10,176.6 |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **11,393.4** | 12,745.3 |
| | | | |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **18,103.3** | 17,560.7 |

Ní chuirtear Ráiteas Ioncaim ar leithligh ó eintiteas na Máthairchuideachta i láthair (féach nóta 1). Tá an brabús don bhliain a ndéileáiltear léi i ráitis airgeadais na Cuideachta cothrom le €587.5 milliún (2024: €557.2 milliún).



**Terence O'Rourke** Cathaoirleach

**Paddy Hayes** Príomhfheidhmeannach

**Paul Stapleton** Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Airgeadas agus Tráchtáil an Ghrúpa

# Ráiteas na Máthairchuideachta ar Athruithe Cothromais

## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

| Réiteach athruithe cothromais | Stoc caipitil €m | Préimh stoc caipitil €m | Cúlchiste fuascailte caipitil €m | Fálú sreabhaidh airgid agus cúlchistí eile €m | Tuilleamh coimeádta €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,939.1 | - | 40.8 | (3.4) | 2,485.3 | 4,461.8 |
| | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - | 557.2 | 557.2 |
| Fáluithe sreabhaidh airgid: | | | | | | |
| ▪ Caillteanais chóirluacha glan ar fháluithe sreabhaidh airgid | - | - | - | (10.1) | - | (10.1) |
| ▪ Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | - | - | - | 5.3 | - | 5.3 |
| - Costais oibriúcháin eile | - | - | - | 17.3 | - | 17.3 |
| Caillteanais cóirluacha ar fháluithe in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | (3.0) | - | (3.0) |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI | - | - | - | 1.3 | - | 1.3 |
| Cáin ar fháluithe sreabhaidh airgid aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | - | - | - | (2.8) | - | (2.8) |
| Cáin ar sciar de chaillteanais chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | - | 0.4 | - | 0.4 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | - | - | - | 8.4 | 557.2 | 565.6 |
| | | | | | | |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | |
| Díbhinní | - | - | - | - | (220.1) | (220.1) |
| Athcheannach stoc caipitil ESOP[1] | (3.0) | - | 3.0 | - | - | - |
| Foráil d'athcheannach ESOP[1] | - | - | - | 8.1 | - | 8.1 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,936.1 | - | 43.8 | 13.1 | 2,822.4 | 4,815.4 |
| | | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **1,936.1** | **-** | **43.8** | **13.1** | **2,822.4** | **4,815.4** |
| | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | **-** | **-** | **-** | **-** | **587.6** | **587.6** |
| Fáluithe sreabhaidh airgid: | | | | | | |
| ▪ Caillteanais chóirluacha glan ar fháluithe sreabhaidh airgid | **-** | **-** | **-** | **8.3** | **-** | **8.3** |
| ▪ Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | | | | | | |
| - Costas airgeadais (ús) | **-** | **-** | **-** | **4.8** | **-** | **4.8** |
| - Costais oibriúcháin eile | **-** | **-** | **-** | **(20.5)** | **-** | **(20.5)** |
| Cáin ar mhíreanna tugtha go díreach do OCI | **-** | **-** | **-** | **(1.0)** | **-** | **(1.0)** |
| Cáin ar fháluithe sreabhaidh airgid aistrithe chuig an ráiteas ioncaim | **-** | **-** | **-** | **2.0** | **-** | **2.0** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **-** | **-** | **(6.4)** | **587.6** | **581.2** |
| | | | | | | |
| **Idirbhearta le húinéirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | |
| Díbhinní | **-** | **-** | **-** | **-** | **(188.7)** | **(188.7)** |
| Athcheannach stoc caipitil ESOP[1] | **(3.8)** | **-** | **3.8** | **2.0** | **-** | **2.0** |
| Eisiúint stoc scairchaipitil | **270.3** | **1,229.7** | **-** | **-** | **-** | **1,500.0** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **2,202.6** | **1,229.7** | **47.6** | **8.7** | **3,221.3** | **6,709.9** |

1 Féach ár nóta 35, áit a bhfuil eolas maidir le hathcheannach ESOP.



# Ráiteas Sreabhaidh Airgid an Ghrúpa

## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús roimh chánachas | | **749.7** | 869.4 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 9 | **1,069.3** | 1,004.6 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus amúchadh ioncaim iarchurtha eile | 4/30 | **(110.3)** | (117.9) |
| Glanghluaiseachtaí astaíochtaí | 14/31 | **5.8** | 0.4 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní neamhreatha | 8 | **(4.7)** | - |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | 8 | **(15.4)** | (5.6) |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachtaí | 8 | **(8.0)** | (58.6) |
| Glanchostas maoinithe | 10 | **152.4** | 215.8 |
| Tionchar coigeartuithe cóirluacha i gcostais oibriúcháin | 9 | **19.4** | (56.9) |
| Sciar de (ghnóthachain) / caillteanais ó infheistíochtaí cuntasaithe de réir cothromais | 17 | **(7.3)** | 5.3 |
| Díbhinn faighte | 8 | **(2.7)** | (2.8) |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | 9/21 | **58.8** | 75.5 |
| Muirear bearnúcháin | 9 | **27.3** | 1.6 |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal agus forálacha oibre** | | **1,934.3** | 1,930.8 |
| Gluaiseacht airgid thirim shrianta | 22 | **(206.6)** | (342.9) |
| Táille i ndáil le forálacha | 31 | **(4.1)** | 35.7 |
| Táille i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **73.4** | 134.0 |
| Úsáid forálacha | 31 | **(37.5)** | (19.5) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | | **(97.1)** | (141.2) |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | 30 | **37.6** | 27.6 |
| Ranníocaíochtaí soláthair líonraí faighte | | **231.6** | 200.7 |
| Glan-chomhthaobhacht arna trádáil ar an stocmhalartán (íoctha) / a fuarthas | | **(26.9)** | 476.2 |
| Méadú / (laghdú) ar thrádáil agus infháltais eile | | **12.2** | (2.4) |
| Laghdú ar fhardail | | **17.4** | 17.6 |
| Laghdú ar thrádáil agus ar íocaíochtaí eile | | **(151.2)** | (234.6) |
| **Airgead tirim ginte ó oibríochtaí** | | **1,783.1** | 2,082.0 |
| Cáin íoctha faoi láthair | | **(58.3)** | (148.9) |
| Íocaíochtaí ar bhoilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | 26 | **-** | (1.4) |
| Costais mhaoinithe íoctha | | **(236.9)** | (247.0) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **1,487.9** | 1,684.7 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíocht chun fochuideachta a fháil | 18 | **(95.5)** | (63.9) |
| Aistriú fáltais ar eisiúint stoic chaipitil chuig taiscí gearrthéarmacha[1] | 21 | **(1,100.0)** | - |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **(2,044.3)** | (1,532.1) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(199.4)** | (182.8) |
| Príomhghnéithe léasa airgeadais | | **16.4** | - |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní neamhreatha | 8 | **4.7** | - |
| Fáltais ó dhíol infheistíochtaí | 8 | **15.4** | 9.8 |
| Fáltais ó dhíol fochuideachtaí | 8 | **14.3** | 58.6 |
| Méideanna a réamhíocadh le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar iasachtaí scairshealbhóra | | **(148.9)** | (355.6) |
| Suimeanna aisíoctha ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **449.7** | - |
| Díbhinní a fuarthas ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 17 | **14.2** | 24.1 |
| Díbhinní faighte ó infheistíochtaí arna dtomhas ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | 8 | **2.7** | 2.8 |
| Ceannach sócmhainní airgeadais agus infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | 17 | **(6.7)** | (16.5) |
| Ús faighte | 10 | **53.8** | 81.0 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(3,023.6)** | (1,974.6) |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 23 | **(190.0)** | (220.1) |
| Príomhghnéithe íocaíochtaí léasa | 15 | **(21.8)** | (15.8) |
| Athcheannach stoc caipitil ESOP | 35 | **(10.1)** | (8.1) |
| Fáltais ar eisiúint stoic chaipitil[1] | 23 | **1,500.0** | - |
| Aisíocaíochtaí ó ghníomhaíochtaí iasachtaíochta | 25 | **(52.3)** | (364.3) |
| Íocaíochtaí ar bhoilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | 26 | **(55.3)** | - |
| **Insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid glan ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **1,170.5** | (608.3) |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **(365.2)** | (898.2) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir** | 22 | **1,064.9** | 1,977.8 |
| **Éifeacht luaineachtaí ráta malairte ar airgead ar láimh** | | **7.3** | (14.7) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig[1]** | 22 | **707.0** | 1,064.9 |

1 San áireamh i gcoibhéisí airgid an 31 Nollaig 2025, tá €400.0 milliún (2024: €nialas) arb é atá ann cuid d'infheistíocht chothromais bhreise Rialtas na hÉireann de €1.5 billiún in ESB, a fuarthas i mí na Nollag 2025 (nóta 23). Tá an infheistíocht €1.5 billiún seo curtha i leataobh lena húsáid ag ESB Networks chun oibreacha agus tionscadail chaipitil a mhaoiniú faoi Phlean Gnó Athbhreithniú Praghsanna 6 ESB Networks agus aon chláir infheistíochta eile atá ceadaithe ag CRU in eangacha leictreachais agus i mbonneagar gaolmhar a leasaíonn, a chuirtear ina ionad nó a chuirtear le plean PR6. Níl na cistí seo ar fáil lena n-úsáid ag Grúpa ESB i gcoitinne gan toiliú roimh ré i scríbhinn ó Rialtas na hÉireann. Tá an t-iarmhéid €1.5 billiún a fuarthas tríd an infheistíocht chothromais a rinne Rialtas na hÉireann san ESB áirithe i dtaiscí gearrthréimhseacha i dTrádáil agus Fáltais Eile (féach nóta 21 le haghaidh níos mó sonraí)

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Máthairchuideachta

## Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | Nótaí | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús roimh chánachas | | **686.0** | 651.1 |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | | |
| Dímheas agus amúchadh | | **731.5** | 676.9 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus ioncam iarchurtha eile | 30 | **(62.7)** | (68.3) |
| Glanghluaiseachtaí astaíochtaí | 14/31 | **42.8** | 9.6 |
| Glanchostas maoinithe | | **(12.0)** | (28.2) |
| Tionchar coigeartuithe cóirluacha i gcostais oibriúcháin | | **12.3** | (36.2) |
| Sciar caillteanais ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | | **9.9** | 14.4 |
| Díbhinn faighte ó ghnóthais fochuideachta | | **(11.0)** | (10.5) |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | | **25.9** | 32.9 |
| Muirear bearnúcháin | 13 | **0.4** | - |
| **Sreafaí airgid oibriúcháin roimh athruithe ar chaipiteal agus forálacha oibre** | | **1,423.1** | 1,241.7 |
| Gluaiseacht airgid thirim shrianta | 22 | **(72.7)** | (7.3) |
| Táille i ndáil le forálacha | | **2.3** | 23.8 |
| Táille i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **64.5** | 121.1 |
| Úsáid forálacha | | **(13.8)** | (13.3) |
| Íocaíochtaí i ndáil le dliteanais a bhaineann le fostaithe | 28 | **(86.0)** | (128.5) |
| Ranníocaíochtaí soláthair líonraí faighte | | **185.7** | 150.4 |
| Glan-chomhthaobhacht arna trádáil ar an stocmhalartán (íoctha) / a fuarthas | | **(27.3)** | 476.7 |
| Méadú / (laghdú) ar thrádáil agus infháltais eile | | **1,171.5** | (676.2) |
| Laghdú ar fhardail | | **27.8** | 24.2 |
| Laghdú ar thrádáil agus ar íocaíochtaí eile | | **(1,290.7)** | (812.9) |
| **Airgead tirim ginte ó oibríochtaí** | | **1,384.4** | 399.7 |
| Cáin íoctha faoi láthair | | **(52.6)** | (54.2) |
| Ús íoctha | | **(159.9)** | (186.1) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **1,171.9** | 159.4 |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **(1,472.9)** | (1,170.0) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | | **(173.1)** | (159.0) |
| Príomhghnéithe léasa airgeadais | | **16.4** | - |
| Méideanna a réamhíocadh le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar iasachtaí scairshealbhóra | | **(18.0)** | - |
| Suimeanna a fuarthas ó ghnóthais fhochuideachta | | **51.1** | 723.0 |
| Ús faighte | | **147.0** | 207.4 |
| Aistriú fáltais ar eisiúint stoic chaipitil chuig taiscí gearrthéarmacha[1] | 21 | **(1,100.0)** | - |
| Díbhinní faighte ó ghnóthais fochuideachta | | **11.0** | 10.5 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(2,538.5)** | (388.1) |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Díbhinní íoctha | 23 | **(188.7)** | (220.1) |
| Príomhghnéithe íocaíochtaí léasa | 15 | **(8.5)** | (8.6) |
| Fáltais ar eisiúint stoic chaipitil[1] | 23 | **1,500.0** | - |
| Aisíocaíochtaí ó ghníomhaíochtaí iasachtaíochta | 25 | **(61.1)** | (64.3) |
| **Insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid glan ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **1,241.7** | (293.0) |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **(124.9)** | (521.7) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir** | 22 | **745.4** | 1,281.8 |
| **Éifeacht luaineachtaí ráta malairte ar airgead ar láimh** | | **7.3** | (14.7) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig[1]** | 22 | **627.8** | 745.4 |

1 San áireamh i gcoibhéisí airgid an 31 Nollaig 2025, tá €400.0 milliún (2024: €nialas) arb é atá ann cuid d'infheistíocht chothromais bhreise Rialtas na hÉireann de €1.5 billiún in ESB, a fuarthas i mí na Nollag 2025 (nóta 23). Tá an infheistíocht €1.5 billiún seo curtha i leataobh lena húsáid ag ESB Networks chun oibreacha agus tionscadail chaipitil a mhaoiniú faoi Phlean Gnó Athbhreithniú Praghsanna 6 ESB Networks agus aon chláir infheistíochta eile atá ceadaithe ag CRU in eangacha leictreachais agus i mbonneagar gaolmhar a leasaíonn, a chuirtear ina ionad nó a chuirtear le plean PR6. Níl na cistí seo ar fáil lena n-úsáid ag Grúpa ESB i gcoitinne gan toiliú roimh ré i scríbhinn ó Rialtas na hÉireann. Tá an t-iarmhéid €1.5 billiún a fuarthas tríd an infheistíocht chothromais a rinne Rialtas na hÉireann san ESB áirithe i dtaiscí gearrthréimhseacha i dTrádáil agus Fáltais Eile (féach nóta 21 le haghaidh níos mó sonraí)



# Nótaí don Ráiteas Airgeadais

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA

**(i) Eolas ginearálta agus bonn an ullmhúcháin**

Bardas reachtúil é Bord Soláthair an Leictreachais ("ESB") a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 agus a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Cuimsítear i ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB amhail ag agus don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025 leasanna na Máthairchuideachta agus a fochuideachtaí (dá dtagraítear mar "ESB" nó "an Grúpa" i dteannta a chéile) agus an Ghrúpa i gcomhlaigh agus in aonáin arna rialú ar bhonn comhpháirteach.

Tá ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir chaighdeáin IFRS AE agus léirmhínithe Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ("IFRIC") eisithe agus éifeachtach le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta ag tosú an 1 Eanáir 2025. D'ainneoin gur comhlacht reachtúil agus nach cuideachta é ESB, ceanglaítear le Rialachán 78 de rialacháin rialaithe ESB, ar glacadh leo de bhua Alt 6(1) den Acht Leictreachais (Soláthar), 1927 (arna leasú) ar ESB ráitis airgeadais a ullmhú ina gcuimsítear agus san fhoirm a cheanglaítear le haghaidh eintitis Acht na gCuideachtaí faoi Alt 291 d'Acht na gCuideachtaí agus (le haghaidh ráitis airgeadais an Ghrúpa) faoi Alt 295 d'Acht na gCuideachtaí. Ullmhaítear ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa ar an mbonn sin. Dá réir sin, ní chuireann ESB Ráiteas Ioncaim Aonán Máthairchuideachta ar fáil. Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe agus na Máthairchuideachta ullmhaithe ar bhonn costas stairiúil ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha agus infheistíochtaí sócmhainne airgeadais áirithe atá á dtomhas ar chóirluach.

Tá na beartais atá leagtha amach thíos curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach le haghaidh na mblianta ar fad a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe seo agus tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag gach aonán de chuid an Ghrúpa. Tá beartais chuntasaíochta na máthairchuideachta comhsheasmhach le beartais na ráiteas airgeadais comhdhlúthaithe atá sonraithe thíos mura sonraítear a mhalairt.

**Gnóthas Leantach**

B'ionann méid an airgid thirim agus na gcoibhéisí airgid thirim a bhí ar láimh ag an nGrúpa an 31 Nollaig 2025 agus €707.0 milliún (féach nóta 22) agus bhí €1.1 billiún breise de thaiscí gearrthéarmacha san áireamh i dTrádáil agus Infhaighte Eile (féach nóta 21). Tá saoráid chreidmheasa imrothlaigh neamhtharraingthe €2.4 billiún ag an nGrúpa freisin a mbeidh leachtacht theannta á soláthar aici go dtí mí Iúil 2030, agus saoráid iasachtaíochta ón mBanc Eorpach Infheistíochta, a raibh €300 milliún de neamhtharraingthe agus ar fáil lena tarraingt an 31 Nollaig 2025. Nuair a chuirtear na saoráidí sin, agus airgead tirim san áireamh, bhí leachtacht fhoriomlán breis agus €4.5 billiún ag an nGrúpa an 31 Nollaig 2025 (2024: beagnach €2.5 billiún) Leanann ESB le suíomh comhthaobhachta airgid thirim an Ghrúpa a bhainistiú go héifeachtach maidir le gás a thrádáiltear ar an malartán, carbón agus conarthaí fálaithe cumhachta. Cuimsítear i Nóta 25 agus Nóta 32 forléargas ar bhainistíocht riosca airgeadais, sonraí maidir le hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaithe an Ghrúpa agus a neamhchosaint ar riosca creidmheasa agus riosca leachtachta.

Tá acmhainní suntasacha airgeadais ag an nGrúpa agus creideann an Bord go mbeidh ar chumas an Ghrúpa a rioscaí a bhainistiú go héifeachtach. I ndiaidh fiosrúchán oiriúnach a dhéanamh, tá an Bord sásta go bhfuil sreafaí airgid oiriúnacha ag ESB, leachtacht láidir agus rochtain ar mhargaí caipitil agus gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag feidhmiú le haghaidh 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais. Níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha os comhair an Ghrúpa a mheastar a bheith leordhóthanach chun tionchar a imirt ar mheasúnú gnóthais leanúnaigh ESB laistigh de 12 mhí ó cheadú na ráiteas airgeadais seo. Dá réir sin, tá na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe agus ráitis airgeadais na Máthairchuideachta ullmhaithe ar an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh.

**Míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe**

Tá an téarma "eisceachtúil" úsáidte ag an nGrúpa chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe a bhfuil, i dtuairim ESB, dliteanas nochtadh ar leithligh orthu de bhua a n-ábharthachta nó a nádúir. D'fhéadfadh athstruchtúrú, laguithe suntasacha, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní, athruithe ábhartha ar mheastacháin nó gnóthachain nó costais neamh-athfhillteacha a bheith i gceist le míreanna eisceachtúla i gcás ina bhfuil siad ábhartha, agus i gcás ina bhfuil sé tábhachtach iad a aithint ar leithligh chun tuiscint a fháil ar na ráitis airgeadais. Tá tuilleadh sonraí maidir le míreanna eisceachtúla an Ghrúpa le fáil i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

I ngnáthchúrsa an ghnó, téann an Grúpa isteach i réamhthrádálacha praghsanna tráchtearraí breosla, agus conarthaí malairte eachtraí gaolmhara, chun luach a sócmhainní agus a conarthaí giniúna bunúsacha a chosaint agus a bharrfheabhsú, agus chun freastal ar riachtanais a chustaiméirí amach anseo. Tá na trádálacha seo deartha chun na rioscaí agus neamhchosaint airgeadais a eascraíonn as sócmhainní, conarthaí nó éileamh custaiméirí a shealbhú, a laghdú, agus tá siad faoi réir teorainneacha agus rialuithe dochta riosca.

Toisc go bhfuil cosc ar chuid de na trádálacha seo a bheith ainmnithe mar 'chun a úsáide féin', ceanglaítear le IFRS 9 'Ionstraimí Airgeadais; go dtugtar cóirluach aonair dóibh. Áirítear gluaiseachtaí cóirluacha ar na réamhthrádálacha praghsanna tráchtearraí breosla seo, agus conarthaí malairte eachtraí gaolmhara, laistigh de chostais oibriúcháin, toisc nach féidir iad a ainmniú mar fhálaithe cuntasaíochta faoi IFRS 9, cé go measann an Bhainistíocht gur fáluithe eacnamaíocha éifeachtach iad. Ní léiríonn gluaiseachtaí cóirluacha ar na trádálacha seo bunfheidhmíocht an ghnó toisc go bhfuil baint eacnamaíoch acu le sócmhainní giniúna an Ghrúpa nó le héileamh custaiméara, agus le trádálacha fálaithe praghsanna leictreachais gaolmhara atá socraithe go fisiciúil, nach dtugtar cóirluach dóibh. Dá bhrí sin, rinneadh tuairisciú ar leithligh ó fheidhmíocht airgeadais ar ghluaiseachtaí cóirluacha ar na réamhthrádálacha praghsanna tráchtearraí breosla seo agus ar chonarthaí malairte eachtraí (le chéile, "atomhais áirithe"), agus léireofar iad ina dhiaidh sin sa bhrabús oibriúcháin bunúsach nuair a bhíonn tionchar ag an mbunidirbheart nó ag an tsócmhainn ar bhrabús nó caillteanas. Cuirtear éifeachtaí na n-atomhas áirithe seo i láthair laistigh de Chostais Ioncaim nó Fuinnimh nuair a aithnítear iad mar bhonn le brabús oibriúcháin, ag brath ar nádúr an chonartha. Tá tuilleadh sonraí maidir le hatomhais an Ghrúpa ar fáil i nóta 7 de na ráitis airgeadais.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**(ii) Bonn an chomhdhlúthaithe**
Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus gach gnóthas fochuideachta agus áirítear iontu sciar an Ghrúpa de na torthaí agus glansócmhainní comhlach agus comhfhiontar suas go dtí an 31 Nollaig 2025. Tá torthaí na ngnóthas fochuideachta faighte nó diúscartha le linn na bliana san áireamh i ráiteas ioncaim an Ghrúpa ó dháta na héadála nó suas go dtí an dáta diúscartha.

**Cuntasaíocht do theaglamaí gnó**
Déantar cuntasaíocht ar theaglamaí gnó trí úsáid a bhaint as an modh éadála ag an dáta éadála, arb ionann é agus an dáta a aistrítear rialú chuig an nGrúpa.

**Éadálacha**
Nuair a bhíonn cuntasaíocht á déanamh ar theaglamaí gnó faoi IFRS 3 'Teaglamaí Gnó', tomhaiseann an Grúpa dea-thoil ag an dáta éadála mar seo a leanas:
- cóirluach na comaoine aistrithe; móide
- méid aitheanta aon úis neamhrialaithigh san fhaighteán; móide, má chuirtear an teaglaim ghnó i gcrích i gcéimeanna éagsúla, cóirluach an úis cothromais reatha san fhaighteán; lúide
- glanmhéid aitheanta (cóirluach) na sócmhainní inaitheanta faighte agus na ndliteanas measta.

Sa chás go bhfuil an barrachas diúltach, aithnítear gnóthachan ceannaigh sladmhargaidh sa ráiteas ioncaim láithreach.

Sa chás go n-iarchuirtear réiteach aon chuid de chomaoin airgid thirim, lascainítear an méid atá iníoctha amach anseo chuig a luach láithreach ag an dáta malairte. Is é an ráta lascaine a úsáideadh ráta iasachtaíochta incriminteach an aonáin, an ráta ag ar féidir iasachtaíocht chosúil a fháil ó airgeadraí neamhspleách faoi théarmaí agus coinníollacha inchomparáide.

Rangaítear comaoin theagmhasach mar dhliteanas airgeadais. Déantar dliteanais theagmhasacha comaoine a atomhas ina dhiaidh sin go cóirluach, agus aithnítear athruithe i gcóirluach sa ráiteas ioncaim mura mbreathnaítear ar an atomhas mar choigeartú ar an tréimhse thomhais agus más amhlaidh atá cuirtear san áireamh é i gcóirluach na comaoine a aistríodh. Ní dhéantar coigeartú ar an tréimhse thomhais ach amháin má bhaineann siad araon le fíorais agus cúinsí atá i gceist ag an dáta ceannaigh agus laistigh de bhliain amháin ón dáta ceannaigh.

Glactar le costais a bhaineann le héadáil (seachas na costais a bhaineann le heisiúint fiachais nó urrús cothromais) a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le teaglaim ghnó mar chostais atá tabhaithe.

**IFRS 10 - Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**
Tá samhail rialaithe IFRS 10 dírithe ar cibé acu atá nó nach bhfuil institiúid infheistiúcháin faoi chumhacht an Ghrúpa, agus atá nó nach bhfuil neamhchosaint ar nó cearta ar thorthaí athraitheacha ag baint le rannpháirtíocht leis an institiúid infheistiúcháin agus atá nó nach bhfuil an cumas aige a chumhacht a úsáid chun tionchar a imirt ar na torthaí sin. Go háirithe, ceanglaíonn IFRS 10 ar an nGrúpa institiúidí infheistiúcháin atá á rialú aige a chomhdhlúthú bunaithe ar rialú de facto.

De réir IFRS 10, déantar measúnú an Ghrúpa ar rialú ar bhonn leanúnach agus déanann an Grúpa athmheasúnú maidir le cibé acu a rialaíonn nó nach rialaíonn sé institiúid infheistiúcháin má thugann fíricí agus imthosca le fios go bhfuil athruithe curtha i bhfeidhm ar cheann amháin nó níos mó de ghnéithe na samhla rialaithe.

**Idirbhearta curtha as an áireamh ar chomhdhlúthú**
Cuirtear iarmhéideanna agus idirbhearta ionghrúpa agus aon ioncam agus costais neamhréadaithe ag eascairt as idirbhearta ionghrúpa as an áireamh nuair a bhíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe á n-ullmhú. Cuirtear gnóthachain neamhréadaithe ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu as an áireamh de réir na hinfheistíochta bunaithe ar leas an Ghrúpa san institiúid infheistiúcháin. Cuirtear caillteanais neamhréadaithe as an áireamh ar an tslí chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ach díreach sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán le fáil.

**(iii) Cuntasaíocht d'Institiúidí Infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
**Comhfhiontair**
Is éard atá i gceist le gnóthais chomhfhiontair ("comhfhiontair") gnóthais atá á rialú ar bhonn conarthach ag ESB i gcomhpháirt le páirtí eile, agus tá cearta ag an nGrúpa a bhaineann le glansócmhainní an tsocraithe seachas cearta a bhaineann lena shócmhainní agus oibleagáidí maidir lena dhliteanais.

Tugtar cuntas ar chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh cuntasaíochta an chothromais agus nochtar iad mar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. De réir mhodh an chothromais, áirítear sciar brabús nó caillteanas an Ghrúpa i ndiaidh cánach comhfhiontar, sa ráiteas ioncaim chomhdhlúite i ndiaidh úis agus táillí maoinithe. Léirítear sciar an Ghrúpa de mhíreanna d'ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim chomhdhlúite.

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

Áirítear leasanna an Ghrúpa sna glansócmhainní mar infheistíochtaí i gcomhfhiontair bunaithe ar an gclár comhardaithe comhdhlúite ag méid atá ag déanamh ionadaíochta ar sciar an Ghrúpa de chóirluachanna na nglansócmhainní tráth na héadála móide dea-thoil, costais éadála, sciar an Ghrúpa d'ioncam agus costais choimeádta iar-éadála lúide aon táille bhearnúcháin. Ní aithnítear glandliteanais ach a mhéid is atá oibleagáidí dlí nó cuiditheacha tabhaithe ag ESB nó bunaithe ar íocaíochtaí atá déanta thar ceann comhfhiontar.

Sa chás go bhfuil comaoin theagmhasach aitheanta tráth éadála, aithníonn an Grúpa dliteanas. Déantar cuntas ar aon athrú ina dhiaidh sin ar thomhas na comaoine teagmhasaí trí úsáid a bhaint as an gcur chuige bunaithe ar chostas agus cuirtear é seo i bhfeidhm ar bhonn ionchasach de réir IAS 8. Coigeartaítear an t-athrú ar dhliteanas comaoine teagmhasaí de réir chostas na hinfheistíochta.

Baintear na méideanna atá san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i ndáil le torthaí iar-éadála comhfhiontar ón bhfaisnéis airgeadais is déanaí atá ar fáil suas go dtí dáta chlár comhardaithe an Ghrúpa.

Déanann an Grúpa measúnú maidir le cibé acu a éilíonn nó nach éilíonn athrú ar na fíricí agus imthosca go bhfuil gá fós le rialú comhpháirteach. Rinne an Grúpa meastóireacht ar a rannpháirtíocht i socruithe comhpháirteacha agus dheimhnigh sé go gcomhlíonann na hinfheistíochtaí sin critéir na gcomhfhiontar a mbeidh cuntas á dhéanamh orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais.

I ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, tugtar infheistíochtaí i gcomhfhiontair san áireamh trí úsáid a bhaint as modh cothromais na cuntasaíochta agus leas á bhaint as an modh céanna a ndéantar cur síos air thuas.

**Comhlachaithe**
Déantar cuntas ar aonáin seachas socruithe comhpháirteacha agus fochuideachtaí agus aonáin ar féidir leis an nGrúpa tionchar suntasach a imirt ar a mbeartais oibriúcháin agus airgeadais ach nach féidir leis iad a rialú nó a rialú ar bhonn comhpháirteach, mar chomhlachaithe trí úsáid a bhaint as modh an chothromais agus áirítear iad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar a meastar gur imríodh tionchar suntasach go dtí an dáta a gcuirtear deireadh lena leithéid de thionchar.

**(iv) Caighdeáin nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nua**
Tá na leasuithe seo a leanas éifeachtach don Ghrúpa don bhliain airgeadais ag tosú an 1 Eanáir 2025:

| Leasuithe ar na caighdeáin | Sonraí | Dáta Éifeachtach | Éifeacht ar thorthaí agus ar staid airgeadais an Ghrúpa |
|---|---|---|---|
| IAS 21 (Leasuithe) | Éifeachtaí athruithe ar rátaí malartaithe eachtraigh: Easpa Inmhalartachta | 1 Eanáir 2025 | Éifeacht ábhartha ar bith |

**(v) Caighdeáin, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe nach bhfuil éifeachtach go fóill**
Níl na caighdeáin, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe seo a leanas éifeachtach don bhliain airgeadais ag tosú an 1 Eanáir 2025 agus níor cuireadh i bhfeidhm iad agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú:

| Caighdeáin nó leasuithe | Sonraí | Dáta Éifeachtach | Éifeacht a bhfuiltear ag súil léi ar thorthaí agus ar staid airgeadais an Ghrúpa |
|---|---|---|---|
| IFRS 9 agus IFRS 7 (Leasuithe) | Leasuithe ar Rangú agus Tomhas na nIonstraimí Airgeadais | An 1 Eanáir 2026 | Tá measúnú á dhéanamh ag an mbainistíocht ar an tionchar faoi láthair |
| IFRS 9 agus IFRS 7 (Leasuithe) | Conarthaí a Thagraíonn don Leictreachas atá ag brath ar an Dúlra | An 1 Eanáir 2026 | Tá measúnú á dhéanamh ag an mbainistíocht ar an tionchar faoi láthair |
| IFRS 19 (Caighdeán Nua) | Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí | An 1 Eanáir 2027 | Éifeacht ábhartha ar bith |
| IFRS 18 (Caighdeán Nua) | Cur i láthair agus Nochtadh sna Ráitis Airgeadais | An 1 Eanáir 2027 | Tá measúnú á dhéanamh ag an mbainistíocht ar an tionchar faoi láthair |
| IAS 21 (Leasuithe) | Aistriú go hAirgeadra Tuairiscithe Hipearbhoilscithe | An 1 Eanáir 2027 | Éifeacht ábhartha ar bith |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**(vi) Airgeadraí eachtracha**
Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Máthairchuideachta.

**(a) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe**
Déantar na míreanna a chuimsítear i ráitis airgeadais gach cinn d'aonáin an Ghrúpa a thomhas agus úsáid á baint as airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina n-oibríonn an t-aonán (an t-airgeadra feidhmiúil). Cuirtear na ráitis airgeadais chomhdhlúite i láthair in Euro.

**(b) Idirbhearta agus iarmhéideanna**
Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Go ginearálta, aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le réiteach a leithéid d'idirbhearta agus ó aistriú sócmhainní agus dliteanas airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag rátaí malairte dheireadh na bliana sa ráiteas ioncaim. Iarchuirtear i gcothromas iad má bhaineann siad le fáluithe sreabhaidh airgid cáilitheacha agus glanfháluithe infheistíochta cáilitheach nó baineann siad le cuid den ghlaninfheistíocht in oibríocht eachtrach.

Aistrítear earraí neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar chóirluach in airgeadra iasachta agus leas á bhaint as na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta a deimhníodh an cóirluach. Tuairiscítear oiriúnuithe aistriúcháin ar shócmhainní agus dliteanais ag cóirluach mar chuid den ghnóthachan nó caillteanas cóirluacha. Mar shampla, aithnítear oiriúnuithe aistriúcháin ar shócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta cosúil le cothromais ag cóirluach trí bhrabús agus caillteanas, sa ráiteas ioncaim mar chuid de ghnóthachan nó caillteanas cóirluacha.

**(c) Cuideachtaí an Ghrúpa**
Tá airgeadra feidhmiúil difriúil ag torthaí agus staid airgeadais na n-oibríochtaí eachtracha (níl airgeadra geilleagair hipearbhoilscithigh ag aon cheann díobh) i gcomparáid leis an airgeadra tíolactha a aistrítear chuig an t-airgeadra tíolactha mar seo a leanas:

- tá sócmhainní agus dliteanais do gach clár comhardaithe tíolactha ag an ráta reatha ag dáta an chláir comhardaithe sin
- aistrítear ioncam agus costais le haghaidh gach ráiteas ioncaim agus ráiteas ar ioncam cuimsitheach an Ghrúpa ag meánrátaí malairte (murab ionann é seo agus neastachán réasúnach maidir le héifeacht charnach na rátaí atá sonraithe ag dátaí an idirbhirt, sa chás sin, aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ag dátaí na n-idirbheart); agus
- aithnítear gach difríocht mhalairte a eascraíonn as a leithéid in ioncam cuimsitheach eile.

Tráth an chomhdhlúthaithe, aithnítear difríochtaí malairte a eascraíonn as aistriú aon ghlan-infheistíochta in aonáin eachtracha agus iasachtaíocht agus ionstraimí airgeadais eile ainmnithe mar fháluithe a leithéid d'infheistíochtaí, in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a dhíoltar oibríocht eachtrach nó nuair a aisíoctar aon iasachtaíocht ar cuid den ghlan-infheistíocht iad, athrangaítear na difríochtaí malairte gaolmhara sa ráiteas ioncaim, mar chuid de ghnóthachan nó caillteanas ar dhíol.

Caitear le dea-thoil a bhaineann le héadáil oibríochta eachtraí mar shócmhainní agus dliteanais na hoibríochta eachtraí agus aistrítear iad ag an ráta reatha.

**(vii) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus dímheas**
**Aithint agus tomhas**
Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag an gcostas tógála lúide dímheas carntha agus bearnú carnach ar luach, seachas i gcás talamh a shonraítear ag costas lúide bearnú. Áirítear le maoin, gléasra agus trealamh costais chaipitlithe fostaithe, úis, costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, cion cuí de na forchostais ábhartha, agus; i gcás ina meastar gur dócha go dtógfar an tsócmhainn go dtí a hoibriú nó i gcás ina bhfuil luach margaidh á chruthú do thionscadal, costais réamhthógála.

**Dímheas**
Ríomhtar an táille dímheasa chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíluacháil chuig a luach iarmharach measta thar a shaolré úsáideach trí úsáid a bhaint as modhanna atá oiriúnach do chineál gnó an Ghrúpa agus do charachtar agus méid na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh. Ní dhéantar aon fhoráil do dhímheas ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála. Ríomhtar dímheas ar mhíreanna eile réadmhaoine, gléasra agus trealaimh trí úsáid a bhaint as modh an mhéid chothroim chun méideanna in-dímheasa a leithdháileadh thar a saolré úsáideach measta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Struchtúir ionad giniúna agus stáisiúin teirmeach | Suas le 20 bliain |
| Sócmhainní giniúna feirmeacha gaoithe | Suas le 25 bliain |
| Ionad agus struchtúir dáileacháin | Suas go dtí 30 bliain |
| Ionad agus struchtúir tarchuir | Suas go dtí 30 bliain |
| Foirgnimh agus stáisiúin hidrileictreacha ghinearálta | Suas le 50 bliain |
| Méadair Chliste | Suas le 10 mbliana |

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**Caiteachas ina dhiaidh sin**
Áirítear caiteachas ina dhiaidh sin ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh i suim ghlanluacha na sócmhainne nó aithnítear é mar shócmhainn ar leith, de réir mar is cuí, nuair is dócha go mbainfidh an Grúpa tairbhe as buntáistí geilleagracha todhchaíocha a bhaineann leis an mír agus gur féidir costas na míre a thomhas go hiontaofa. Gearrtar gach costas deisiúcháin agus cothabhála eile chuig an ráiteas ioncaim le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

San áireamh i réadmhaoin, gléasra agus trealamh tá páirteanna spártha straitéiseacha a bhaineann leis an ngnó giniúna leictreachais. Áirítear stoc caipitil i ngnó ESB Networks i sócmhainní atá á dtógáil ar feitheamh coimisiúnú.

**(viii) Sócmhainní doláimhsithe agus dea-thoil**
**(a) Dea-thoil**
Tíolactar dea-thoil a bhaineann le héadáil fochuideachtaí ar leithligh ar an gclár comhardaithe. Sa chás go sealbhaíonn an Grúpa níos lú ná 100% de ghnólacht, tomhaistear dea-thoil trí mhodh an sciar chomhréitigh a úsáid de na glansócmhainní a aithnítear agus leithdháileadh an phraghais ceannaigh a ríomh.

**Tomhas ina dhiaidh sin**
Tomhaistear dea-thoil ag costas lúide caillteanais bhearnúcháin charnacha. Tástáiltear dea-thoil gach bliain chun críche bearnúcháin. Aithnítear caillteanas bearnúcháin má tá suim ghlanluacha na sócmhainne nó an aonaid giniúna airgid ("CGU") ag sárú a méid in-aisghabhála.

Is éard atá i gceist le méid in-aisghabhála sócmhainne nó CGU an luach is airde atá in úsáid agus a chóirluach lúide costais a bhaineann le díol. Nuair a bhíonn luach úsáide á mheas, lascainítear na sreafaí airgid todhchaíocha measta chuig a luach láithreach trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach ina gcuirtear san áireamh measúnuithe ar an margadh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nó le CGU.

Aithnítear caillteanais bhearnúcháin a bhaineann le dea-thoil sa ráiteas ioncaim agus ní aisiompaítear iad. Maidir le caillteanais bhearnúcháin, nuair a aithnítear dea-thoil trí úsáid a bhaint as modh an sciar chomhréitigh, ní aithnítear ach caillteanas bearnúcháin a bhaineann le dea-thoil atá leithdháilte ar an Máthairchuideachta mar chaillteanas bearnúcháin dea-thola.

**(b) Liúntais astaíochtaí agus teastais oibleagáide in-athnuaite ("ROCanna")**
Taifeadtar liúntais astaíochtaí ceannaithe ag ESB mar shócmhainní doláimhsithe ag costas.

De réir mar a thagann astaíochtaí chun cinn, taifeadtar táille sa ráiteas ioncaim chun léargas a thabhairt ar an méid a theastaíonn chun an dliteanas chuig an údarás iomchuí a réiteach. Áirítear san fhoráil seo suim ghlanluacha na liúntas astaíochtaí ina sheilbh, mar aon le margadhluach reatha aon liúntas breise a theastaíonn chun an oibleagáid a réiteach. Tugtar na liúntais seo ar ais don Údarás iomchuí atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí ó dheireadh na bliana féilire sin le haghaidh scéim trádála astaíochtaí CO2 na hEorpa agus laistigh de thrí mhí le haghaidh scéim trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe, chun an dliteanas le haghaidh astaíochtaí iarbhír CO2 le linn na bliana sin a chlúdach. Dá réir sin, cuirtear na liúntais astaíochtaí agus na ROCanna i láthair sa chlár comhardaithe mar shócmhainní doláimhsithe reatha.

Is teastais iad ROCanna a eisítear chuig oibreoirí stáisiún giniúna in-athnuaite creidiúnaithe sa Ríocht Aontaithe don leictreachas in-athnuaite incháilithe a ghineann siad. Gineann an Grúpa ROCanna go hinmheánach trína fheirmeacha gaoithe agus ceannaíonn siad ROCanna freisin ó thríú páirtithe. Aithnítear ROCanna a ghintear go hinmheánach ar chóirluach (bunaithe ar phraghas ceannaigh amach na tréimhse comhlíonta agus ar an meastachán ar an tairbhe athchúrsála) sa ráiteas ioncaim agus i sócmhainní doláimhsithe ar aon dul leis an leictreachas a ghintear go fisiciúil. Aithnítear ROCanna a ceannaíodh i dtosach ar chostas (praghas ceannaigh) laistigh de shócmhainní doláimhsithe. Úsáideann an grúpa ROCanna a ghintear go hinmheánach agus a cheannaítear go seachtrach chun dliteanas na scéime oibleagáide in-athnuaite a réiteach i ngnólacht Réitigh do Chustaiméirí.

Coimeádtar liúntais astaíochtaí agus ROCanna ag costas mar shócmhainní doláimhsithe agus, dá réir sin, ní amúchtar iad de bhrí go gcoimeádtar iad chun na dliteanais ghaolmhara a réiteach an bhliain dár gcionn.

**(c) Costais bhogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile**
Caipitlítear ceadúnais bogearraí ríomhaireachta agus sócmhainní doláimhsithe eile lena n-áirítear naisc eangaí agus cearta sealbhaithe eile ar bhonn na gcostas tabhaithe chun an tsócmhainn shonrach a fháil agus a úsáid. Tomhaistear na sócmhainní seo ag costas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré de réir méid chothroim, agus caillteanais lagaithe charnacha. Rangú príomhshócmhainní agus a saolréanna leithdháilte:

| | |
|---|---|
| Bogearraí | 3 / 5 bliana |
| Míreanna doláimhsithe eile | suas le 20 bliain |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

Aithnítear costais forbartha atá nasctha go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí so-aitheanta agus uathúil arna rialú ag an nGrúpa agus is dócha a chruthóidh buntáistí geilleagracha a sháraíonn costais bhliana, mar shócmhainní dóláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- tá sé beartaithe ag an lucht bainistíochta na bogearraí a chur i gcrích agus a úsáid nó a dhíol;
- is féidir na bogearraí a úsáid nó a dhíol;
- is féidir a léiriú conas a chruthóidh na bogearraí buntáistí geilleagracha amach anseo;
- tá dóthain acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile ann chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun críche úsáide nó díola;
- is féidir an caiteachas atá luaite leis na bogearraí le linn a bhforbartha a thomhas go hiontaofa.

Áirítear i gcostais dhíreacha na costais a bhaineann le bogearraí a fhorbairt, fostaithe a íoc agus céatadán oiriúnach de na forchostais ábhartha. Tomhaistear na sócmhainní seo ag costas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach measta (idir trí agus cúig bliana) ar bhonn líne dhíreach, agus caillteanais lagaithe charnacha.

Caipitlítear na costais incriminteacha a bhaineann le conradh a fháil de réir IFRS 15 'Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí' sa chás nach mbeadh na costais sin tabhaithe mura mbeadh an conradh faighte agus tá súil ag ESB na costais seo a aisghabháil. Tomhaistear na sócmhainní seo ag costas lúide amúchadh carntha, a mheastar thar a saolré úsáideach (dhá bhliain) ar bhonn líne dhíreach, agus caillteanais lagaithe charnacha.

**(d) Taighde agus forbairt**
Aithnítear caiteachas taighde agus caiteachas forbartha nár chomhlíon na critéir thuas mar chostas tabhaithe. Ní aithnítear costais forbartha aitheanta roimhe seo mar chostas mar shócmhainn i dtréimhse ina dhiaidh sin.

### (ix) Bearnúchán sócmhainní neamhreatha seachas dea-thoil

Níl sócmhainní a bhfuil saolré úsáideach éiginnte acu faoi réir amúchta agus tástáiltear iad ar bhonn bliantúil chun críche bearnúcháin. Déantar tástáil ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa agus amúchta le haghaidh lagaithe bunaithe ar cibé imeachtaí nó athruithe ar imthosca a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Déantar tástáil bhliantúil chun críche bearnúcháin ar shócmhainní nach bhfuil fós in úsáid. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don mhéid a bhfuil méid tugtha anonn na sócmhainne ag sárú a mhéid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cíbe acu is airde de chóirluach sócmhainne lúide costais diúscartha agus luach úsáide na sócmhainne. Chun críche bearnúcháin a mheas, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle ag a bhfuil sreafaí airgid atá inaitheanta leo féin (aonaid ghinte airgid).

Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní giniúna leictreachais, tá an luach a úsáidtear bunaithe ar shreafaí airgid measta ionchasacha a bheidh á nginiúint ag an tsócmhainn agus bunaithe ar mheastacháin de ghiniúint chumhachta réamh-mheasta agus praghsanna cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne réamh-mheasta (más cuí) agus uainiú agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitiúil. Lascainítear na sreafaí airgid seo chuig a luach láithreach trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach ina gcuirtear san áireamh measúnú ar an margadh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn. Féach (xiii) thíos i ndáil le cur chuige an Ghrúpa maidir le tomhas an chaillteanais creidmheasa ionchais ar shócmhainní airgeadais neamhreatha, lena n-áirítear iasachtaí scairshealbhóirí a tugadh d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu.

### (x) Sócmhainní ceart úsáide agus dliteanais léasa

Aithnítear léasanna mar shócmhainn ceart úsáide agus dliteanas comhfhreagrach ag an dáta ar a bhfuil an tsócmhainn léasaithe ar fáil le húsáid ag an nGrúpa. Nuair a bhunaítear conradh léasa, déanann an Grúpa measúnú ar cibé acu an ionann nó nach ionann conradh agus léas, nó an bhfuil léas i gceist. Má thíolacann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne a rialú le haghaidh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin, aithnítear é mar léas.

Chun measúnú a dhéanamh ar an gceart sócmhainn a rialú, breithníonn an Grúpa an méid seo a leanas:

- an bhfuil sócmhainn inaitheanta le fáil sa chonradh;
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa beagnach gach sochar geilleagrach a bhaineann leis an tsócmhainn a fháil;
- an bhfuil an ceart ag an nGrúpa an tsócmhainn a fheidhmiú le linn thréimhse an chonartha.

Tomhaistear sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn ó léas ar bhonn luach láithreach ar dtús. Áirítear i ndliteanais léasa glanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Chomh maith leis sin, áirítear íocaíochtaí léasa atá le déanamh faoi roghanna sínte áirithe réasúnacha i dtomhas an dliteanais. Lascainítear na híocaíochtaí léasa trí úsáid a bhaint as an ráta úis atá sainráite sa léas. Mura féidir an ráta a chinneadh go héasca, rud a tharlaíonn go minic i gcás léasanna sa Ghrúpa, úsáidtear ráta iasachtaíochta incriminteach an léasaí, is é sin an ráta a bheadh le híoc ag an léasaí aonair chun na cistí atá riachtanach chun sócmhainn ar luach cosúil a fháil leis an tsócmhainn ceart úsáide i dtimpeallacht gheilleagrach chosúil le téarmaí, slándáil agus coinníollacha cosúla.

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

Leithdháiltear íocaíochtaí léasa idir príomhchostas agus costas airgeadais. Gearrtar an costas airgeadais chuig an ráiteas ioncaim thar thréimhse an léasa ionas gur féidir ráta tréimhsiúil seasta úis a bhunú d'iarmhéid fágtha an dliteanais le haghaidh gach tréimhse.

Tomhaistear sócmhainní ceart úsáid ag costas agus cuirtear an méid seo a leanas san áireamh:

- méid thomhas tosaigh dhliteanas an léasa;
- aon íocaíochtaí léasa déanta ag nó roimh an dáta tosaithe feidhme lúide aon dreasachtaí léasa faighte;
- aon chostais dhíreacha tosaigh, agus;
- costais athchóirithe (féach forálacha (xvi) thíos).

Déanann an Chuideachta an dliteanas léasa a atomhas (agus déanann sí coigeartú comhfhreagrach ar an tsócmhainn ghaolmhara lena ngabhann ceart úsáide) sna cásanna seo a leanas:

- Athraíonn na híocaíochtaí léasa mar gheall ar athruithe ar innéacs nó ar ráta nó athrú ar an íocaíocht ionchais faoi luach iarmharach ráthaithe, agus sna cásanna sin déantar an dliteanas léasa a atomhas trí na híocaíochtaí léasa athbhreithnithe a lascainiú ag baint úsáid as ráta lascaine gan athrú;
- Déantar conradh léasa a mhodhnú agus ní thugtar cuntas ar an modhnú léasa mar léas ar leith, agus sa chás sin déantar an dliteanas léasa a atomhas bunaithe ar théarma léasa an léasa modhnaithe trí na híocaíochtaí léasa athbhreithnithe a lascainiú ag baint úsáid as ráta lascaine athbhreithnithe ar dháta éifeachtach an mhodhnaithe.

Go ginearálta, dímheastar sócmhainní ceart úsáide thar thréimhse níos giorra shaolré úsáideach na sócmhainne agus téarma léasa de réir méid chothroim. Má tá an Grúpa réasúnta cinnte go mbeidh rogha cheannacháin á feidhmiú, déantar an tsócmhainn ceart úsáide a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne bunúsaí.

Aithnítear íocaíochtaí a baineann le léasanna gearrthéarmacha trealaimh agus feithiclí agus gach léas a bhaineann le sócmhainní íseal-luacha de réir an mhéid chothroim mar chostas sa ráiteas ioncaim. Is éard atá i gceist le léasanna gearrthéarmacha léasanna a bhfuil téarma léasa 12 mhí nó níos lú luaite leo agus nach bhfuil rogha cheannaigh luaite leo. In ESB cuimsítear i sócmhainní íseal-luacha trealamh TF agus míreanna beaga de threalamh oifige.

Léasaíonn an Grúpa talamh agus foirgnimh éagsúla, talamh d'fheirmeacha gaoithe agus mórtarfheithiclí. De ghnáth, déantar conarthaí cíosa le haghaidh tréimhsí seasta ach d'fhéadfadh go mbeadh roghanna síntí luaite leo. Déantar téarmaí léasa a idirbheartú ar bhonn aonair agus cuimsítear iontu raon leathan téarmaí agus coinníollacha difriúla. Ní fhorchuireann na comhaontuithe léasa aon chúnaint, ach ní féidir sócmhainní léasaithe a úsáid mar shlándáil chun críche iasachtaíochta.

### (xi) Costais iasachtaíochta

Cuirtear costais iasachtaíochta a bhaineann le tógáil sócmhainní suntasacha, a thógann roinnt mhaith ama chun iad a ullmhú dá n-úsáid bheartaithe, le costas na sócmhainní sin ag meánchostas ualaithe iasachtaíochta, go dtí go mbíonn na sócmhainní réidh dá n-úsáid bheartaithe. Tá an ráta caipitlithe a chuirtear i bhfeidhm cothrom le meánchostas fiachas gan íoc ESB agus más cuí, cuirtear ráta tionscadail shonraigh i bhfeidhm. Cuirtear tionchar an fhálaithe san áireamh freisin agus an ráta caipitlithe á ríomh, nuair is infheidhme. Déantar táillí a bhaineann le fiachas a chruthú á chaipitliú agus déantar iad a amúchadh ansin i gcaitheamh shaolré an fhiachais chomhfhreagraigh. Aithnítear gach costas iasachtaíochta eile sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

A mhéid is a úsáidtear iasachtaíocht ráta athraithigh chun sócmhainn cháilithe a mhaoiniú agus a mhéid a fhálaítear iad i bhfálú sreabhaidh airgid éifeachtaigh de riosca ráta úis, aithnítear an céatadán éifeachtach den díorthach in ioncam cuimsitheach eile agus athrangaítear é chuig an ráiteas ioncaim nuair a bhíonn tionchar ag an tsócmhainn cháilitheach ar bhrabús nó caillteanas. A mhéid is a úsáidtear iasachtaíocht ráta sheasta chun sócmhainní cáilitheacha a mhaoiniú agus a mhéid a fhálaítear iad i bhfálú cóirluacha éifeachtach de riosca ráta úis, tá fianaise ar an ráta úis fálaithe le fáil sna costais iasachtaíochta caipitlithe.

### (xii) Fardail

Tugtar fardail anonn ag an meánchostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe. Cuimsítear i gcostas an praghas ceannaigh agus costais dhíreacha a tabhaíodh fad is a bhí na fardail á dtabhairt chuig a suíomh agus riocht reatha. Tá an glanluach inréadaithe bunaithe ar ghnáthchostas díola lúide aon chostais bhreise a bhfuiltear ag súil go dtabhófar iad roimh dhiúscairt.

Déanfar foráil shonrach le haghaidh míreanna damáistithe, meathlaithe, seanchaite agus neamhúsáidte más féidir.

### (xiii) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

**Rangú agus tomhas**
Baineann na beartais chuntasaíochta seo a leanas le tomhas sócmhainní airgeadais i ráitis airgeadais chomhdhlúite ESB:

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas ("FVTPL")**
Ar dtús, aithnítear na sócmhainní seo ag cóirluach, agus aithnítear costais idirbhirt sa ráiteas ioncam agus tomhaistear iad ag cóirluach ina dhiaidh sin. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais, lena n-áirítear aon ús nó ioncaim díbhinne, sa ráiteas ioncaim.

**Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile ("FVOCI")**
Tomhaistear na sócmhainní seo, nuair a aithnítear i dtosach iad, ag cóirluach agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ag cóirluach. Aithnítear glanghnóthachain agus glanchaillteanais in ioncam cuimsitheach eile.

**Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta**
Tomhaistear na sócmhainní seo ina dhiaidh sin ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis. Laghdaíonn caillteanais bhearnúcháin an costas amúchta. Aithnítear ioncam úis, gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh agus bearnúchán sa ráiteas ioncaim. Aithnítear aon ghóthachan nó caillteanas ar dhí-aithint sa ráiteas ioncaim.

**Infháltais trádála agus eile**
Ar dtús, tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag cóirluach, seachas infháltais trádála nach bhfuil comhpháirtí suntasach airgeadais ag baint leo, a thomhaistear ag praghas idirbhirt.

**Iasachtaí agus iarmhéideanna le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Is sócmhainní nó dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí agus iarmhéideanna le hinstitiúidí infheistiúcháin nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iasachtaí agus iarmhéideanna infhaighte i sócmhainní reatha ar an gclár comhardaithe nuair atáthar ag súil leis go réiteofar na suimeanna laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe nó nuair atá iasachtaí in-aisíoctha ar éileamh. Rangaítear iasachtaí agus iarmhéideanna infhaighte nach bhfuiltear ag súil leis go réiteofar iad laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe agus nach bhfuil in-aisíoctha ar éileamh mar shócmhainní neamhreatha. Déantar iasachtaí agus iarmhéideanna iníoctha, lena n-áirítear ceart chun socraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí, atá ann tráth dháta an chláir chomhordaithe agus nach bhfuil inaisíoctha ar éileamh a rangú mar dhliteanais neamhreatha. Murab amhlaidh an cás, déantar iasachtaí agus iarmhéideanna iníoctha a rangú mar dhliteanais reatha. Ní dhéanfar difear do rangú na n-iasachtaí agus iarmhéideanna iníoctha sa chás ina mbítear ag súil le cibé acu a bheidh an ceart chun socraíocht a chur siar á fheidhmiú nó nach mbeidh. Áirítear iasachtaí agus iarmhéideanna i dtrádáil agus in infháltais eile nó i dtrádáil agus méideanna iníoctha eile i dtosach ar luach a sonrascadh agus ar a gcostas amúchta ina dhiaidh sin agus úsáid á baint as modh an ráta úis ghlain lúide liúntas caillteanais a chuirtear ar fáil do lagú.

**Iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Máthairchuideachta)**
Is sócmhainní nó dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha iad iasachtaí agus iarmhéideanna le máthairchuideachtaí nach luaitear i margadh gníomhach. Áirítear iasachtaí agus iarmhéideanna infhaighte i sócmhainní reatha ar an gclár comhardaithe nuair atáthar ag súil leis go réiteofar na suimeanna laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe nó nuair atá iasachtaí in-aisíoctha ar éileamh. Rangaítear iasachtaí agus iarmhéideanna infhaighte nach bhfuiltear ag súil leis go réiteofar iad laistigh de 12 mhí tar éis dháta an chláir comhardaithe agus nach bhfuil in-aisíoctha ar éileamh mar shócmhainní neamhreatha. Déantar iasachtaí agus iarmhéideanna iníoctha, lena n-áirítear ceart chun socraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí, atá ann tráth dháta an chláir chomhordaithe agus nach bhfuil inaisíoctha ar éileamh a rangú mar dhliteanais neamhreatha. Murab amhlaidh an cás, déantar iasachtaí agus iarmhéideanna iníoctha a rangú mar dhliteanais reatha. Ní dhéanfar difear do rangú na n-iasachtaí agus iarmhéideanna iníoctha sa chás ina mbítear ag súil le cibé acu a bheidh an ceart chun socraíocht a chur siar á fheidhmiú nó nach mbeidh. Áirítear iasachtaí agus iarmhéideanna i dtrádáil agus in infháltais eile nó i dtrádáil agus méideanna iníoctha eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta agus déantar iad a thaifeadadh i dtosach ar chóirluach nó ar a luach sonrascaithe, faoi seach. Déantar iasachtaí ag iarmhéideanna a thaifeadadh ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

**Trádáil agus méideanna iníoctha eile**
Ar dtús, taifeadtar trádáil agus méideanna iníoctha eile ag cóirluach, an méid a bhí luaite ar an sonrasc bunaidh de ghnáth, agus ina dhiaidh sin, tugtar anonn ag costas amúchta iad trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

**Bearnú agus caillteanais chreidmheasa ionchais**
Déanann an Grúpa measúnú ar bhonn réamhbhreathnaitheach ar na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a bhaineann lena hionstraimí fiachais tugtha anonn ag costas amúchta. Braitheann an modh bearnúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar cibé acu a tugadh nó nár tugadh méadú suntasach ar riosca creidmheasa faoi deara.

Cuireann an Grúpa cur chuige simplithe IFRS 9 i bhfeidhm i leith na gcaillteanas creidmheasa ionchasach a thomhas a úsáideann liúntas caillteanais ionchasaigh saolré do gach infháltas trádála agus eile agus iasacht agus iarmhéid le cuideachtaí an Ghrúpa. Réamhíoctar caillteanais ionchasacha chreidmheasa ar iasachtaí scairshealbhóra le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu trí úsáid a bhaint as an gcur chuige ginearálta. Bunaítear na liúntais chaillteanais do shócmhainní airgeadais ar thoimhdí ar riosca i leith rátaí caillteanais réamhshocraithe agus ionchasacha. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na toimhdí seo á ndéanamh agus an t-ionchur á roghnú i leith na ríomhanna ionchasacha caillteanais creidmheasa, bunaithe ar iarstair an Ghrúpa, dálaí reatha margaidh agus meastacháin fadbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Féach nóta 21 chun tuilleadh eolais a fháil.

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

Maidir le hiasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí grúpa, cuireann an Mháthairchuideachta an cur chuige ginearálta a cheadaítear in IFRS 9 i bhfeidhm, a cheanglaíonn caillteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí a aithint tráth aitheanta tosaigh na n-infháltas seo. Má tharlaíonn athrú suntasach ar an riosca creidmheasa, ceanglaítear caillteanais chreidmheasa na saolré ionchasaí a aithint i ndáil leis na hinfháltais seo.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
Áirítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, taiscí in-aisíoctha ar éileamh agus infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil tréimhse trí mhí nó níos lú luaite leis na haibíochtaí bunaidh a bhaineann leo. Áirítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim chun críche an tsreabhaidh airgid rótharraingtí bainc atá in-aisíoctha ar éileamh agus ar cuid lárnach iad de mhodh bainistíochta airgid an Ghrúpa. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaíocht i ndliteanais reatha sa chlár comhardaithe.

Cuimsítear éarlaisí airgid a bhfuil aibíochtaí níos mó ná 90 lá ach nach mó ná bliain amháin mar éarlaisí gearrthéarmacha laistigh de thrádáil agus infháltais eile. Cuimsítear iad laistigh de Leachtacht agus Fiachas Glan chun críocha Bearta Feidhmíochta Malartacha ("BFManna"), áfach.

Áirítear iarmhéideanna bainc, a bhfuil an úsáid a bhaineann an Grúpa astu, faoi réir srianta conarthacha tríú páirtí, mar chuid d'airgead tirim mura mbíonn na srianta mar thoradh le hiarmhéid nach bhfuil ag teacht leis an sainmhíniú ar airgead tirim níos mó. Tá eolas maidir le srianta conarthacha a bhfuil tionchar acu ar úsáid iarmhéideanna bainc le fáil i nóta 22. Má tá tréimhse níos faide ná 12 mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe luaite le srianta conarthacha an t-airgead tirim a úsáid, rangaítear na méideanna gaolmhara mar méideanna neamhreatha sa chlár comhardaithe.

**(a) Iasachtaí**

**Iasachtaí úsmhara**
Ar dtús, aithnítear iasachtaí úsmhara ag cóirluach lúide costais idirbhirt ghaolmhara. I ndiaidh an aitheantais tosaigh, sonraítear an iasachtaíocht seo ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis. Má athraítear dliteanas airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta nach mbíonn dí-aithint dá bharr, aithnítear gnóthachan nó caillteanas sa ráiteas ioncaim. Ríomhtar an gnóthachan nó caillteanas mar an difríocht idir na bunsreafaí airgid conarthacha agus na sreafaí airgid athraithe lascainithe ag an nglanráta úis bhunaidh.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus ionstraimí fálaithe eile**
Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun a neamhchosaint ar phraghas tráchtearraí, airgeadra eachtrach agus riosca ráta úis ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla, airgeadais agus infheistíochta a fhálú. Áirítear sna príomhdhíorthaigh a úsáidtear babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú, babhtálacha airgeadra agus réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh. Chomh maith leis sin, úsáidtear conarthaí tráchtearraí chun neamhchosaintí an Ghrúpa ar cheannach breosla agus díol leictreachais a fhálú. Baineann an Grúpa tairbhe as an tsamhail chuntasaíochta ginearálta fálaithe in IFRS 9. Ceanglaíonn sé seo ar an nGrúpa a chinntiú go bhfuil caidreamh cuntasaíochta fálaithe ailínithe lena chuspóirí agus straitéis bainistíochta riosca agus tairbhe a bhaint as cur chuige níos cáilíochtúla agus níos fadbhreathnaithí chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht fálaithe.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, cheannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar iad a chur i gcuntas mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon 'Ionstraimí Airgeadais' IFRS 9.

Déantar cuntas ar chonarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí úsáide féin mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear iad sa chlár comhardaithe ag cóirluach. Aithneofar na hathruithe ar chóirluach nuair is ann do chaidreamh cuntasaíochta fálaithe agus nuair atá an conradh ainmnithe chun críche fálaithe de réir IFRS 9 mar fháluithe sreabhaidh airgid nó fáluithe cóirluacha.

Úsáideann an Grúpa ionstraimí díorthacha airgeadais chun ráta úis agus neamhchosaintí airgeadra a fhálú. Aithnítear gach díorthach den chineál sin ag cóirluach agus atomhaistear iad chuig cóirluach ag dáta an chláir comhardaithe. Glactar le babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú mar eisceacht ach tá formhór na n-ionstraimí airgeadais díorthacha eile ainmnithe mar ionstraimí atá á gcoimeád chun críche fálaithe.

Bunaítear ainmniú an chaidrimh fálaithe tráth bunaithe an chonartha. Braitheann an tslí a ndéileáiltear le gnóthachain agus caillteanais ar atomhas a dhéantar ina dhiaidh sin ar rangú an fhálaithe agus ar cibé acu atá nó nach bhfuil an caidreamh fálaithe ainmnithe mar chóirluach nó fálú sreabhaidh airgid.

Taifeadtar gach gluaiseacht cóirluacha ar dhíorthaigh nach bhfuil ainmnithe mar chaidreamh fálaithe tríd an ráiteas ioncaim laistigh d'ioncam agus costas airgeadais nó costais oibriúcháin eile, de réir mar is cuí. Déantar gluaiseachtaí ar chóirluach maidir leis na díorthaigh thráchtearra a bhaineann go príomha leis an lámhaltas fuinnimh a chur i gcuntas i gcostais oibriúcháin iomlána agus imríonn aon ghluaiseachtaí ar chóirluach ar dhíorthaigh a bhaineann le hús tionchar ar chostais airgeadais sa ráiteas ioncaim.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**Fáluithe sreabhaidh airgid**
Sa chás go bhfuil ionstraimí airgeadais dhíorthaigh ainmnithe mar fhálú den éagsúlacht ar shreafaí airgid dliteanas aitheanta, gealltanas gnólachta nó idirbheart réamh-mheasta ard-dóchúil, aithnítear glanráta aon ghnóthachain nó caillteanais ar ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a bhíonn gealltanas nó idirbheart réamh-mheasta an ghnólachta mar bhonn le sócmhainn nó dliteanas neamhairgeadais a bheith á (h)aithint, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus áirítear é i dtomhas tosaigh na sócmhainne nó an dliteanais sin. Seachas sin, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é sa ráiteas ioncaim ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an gnóthachan nó caillteanas a bhaineann leis an gcuid neamhéifeachtach sa ráiteas ioncaim láithreach.

Nuair a fhoirceanntar ionstraim fálaithe nó caidreamh fálaithe ach nuair atáthar fós ag súil go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, ag an bpointe sin, fanann an gnóthachan nó caillteanas carnach sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear a leithéid de réir an bheartais thuasluaite nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Murar dócha go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe níos mó, aithnítear an gnóthachan nó caillteanas neamhréadaithe carnach in ioncam cuimsitheach eile sa ráiteas ioncaim láithreach.

**Fálú glan-infheistíochta in aonán eachtrach**
Sa chás go bhfálaíonn dliteanas airgeadra eachtraigh glaninfheistíocht in oibríocht eachtrach, aithnítear difríochtaí airgeadra eachtraigh a eascraíonn as aistriú an dliteanais go díreach in ioncam cuimsitheach eile, agus cuirtear san áireamh sa chúlchiste aistrithe é, agus aithnítear aon chuid neamhéifeachtach sa ráiteas ioncaim láithreach.

**(c) Ráthaíochtaí**
Le linn an ghnáthchúrsa gnó, tugann an Grúpa ráthaíochtaí agus bannaí do thríú páirtithe, fochuideachtaí de chuid na Máthairchuideachta agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Bhain an Grúpa leas as an rogha beartais um chuntasaíocht atá ar fáil faoi IFRS 17 chun ráthaíochtaí airgeadais a mhíniú de réir IFRS 9. Aithnítear ráthaíochtaí airgeadais ar dtús ag cóirluach dá bhrí sin. Ina dhiaidh sin, déantar ráthaíochtaí airgeadais a thomhas ag a gcóirluach, cibé acu is airde agus luach a ríomhtar i gcomhréir leis an múnla caillteanais creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis de réir IFRS 9.

**(xiv) Stoc caipitil**
Tomhaistear na haonaid scairchaipitil de réir an phraghais ar ar eisíodh iad ar dtús chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe anois), an Roinn Cumhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil anois) agus ESB ESOP Trustee Limited.

Léiríonn préimh stoic chaipitil an farasbarr cistí a fuarthas ar luach cóir thar luach par na n-aonad breise de stoc caipitil arna eisiúint ag an Máthairchuideachta, a aithnítear laistigh den chothromas.

**(xv) Cáin ioncaim**
Cuimsítear sa cháin ioncaim ar an mbrabús agus caillteanas don bhliain an cháin reatha agus an cháin iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim, seachas a mhéid a bhaineann sé le míreanna aitheanta go díreach in ioncam nó cothromas cuimsitheach eile.

**(a) Cáin reatha**
Déanfar foráil le haghaidh cáin reatha ag rátaí reatha agus ríomhtar an cháin seo bunaithe ar na torthaí don bhliain. Ní áirítear i gcostas cánach ioncaim sa ráiteas ioncaim cánachas ar sciar de bhrabús gnóthas comhfhiontair an Ghrúpa, de bhrí go gcuirtear é seo san áireamh i líne ar leith den ráiteas ioncaim le haghaidh sciar brabúis / (caillteanais) na hinstitiúide infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi, gan cháin.

**(b) Cáin iarchurtha**
Soláthraítear cáin iarchurtha trí úsáid a bhaint as modh dliteanais an chláir comhardaithe, agus cuirtear san áireamh difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críche tuairiscithe cánach agus na méideanna a úsáideadh chun críche cánachais.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha a mhéid is go mbreithníonn an Bord go bhfuil seans maith ann go mbeidh brabúis inchánaithe oiriúnacha ónár féidir aisiompú todhchaíoch na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a asbhaint.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas ar na rátaí cánach a mheastar a bheidh á gcur i bhfeidhm sna tréimhsí ina bhfuil súil leis go ndéanfar na difríochtaí sealadacha a aisiompú, bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a bhí achtaithe nó a bhí achtaithe go substaintiúil ag dáta an chláir comhardaithe.

**(xvi) Forálacha**
Aithnítear foráil, más rud é mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe seo, go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ar na nGrúpa ar féidir iad a réamh-mheas go hiontaofa, agus gur dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh buntáistí geilleagracha chun an oibleagáid a réiteach. Déantar cinneadh maidir leis na forálacha trí na sreafaí airgid todhchaíocha ionchasacha a lascainiú ag ráta réamhchánach ina gcuirtear san áireamh measúnú ar an margadh reatha ar luach ama an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais.



## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**Foráil le haghaidh oibleagáidí scoir sócmhainne**
Léirítear leis an bhforáil maidir le scor agus díchoimisiúnú stáisiún giniúna, feirmeacha gaoithe, sócmhainní giniúna leictreachais eile, dliteanais athchóirithe sócmhainní a léasadh, cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks luach reatha an mheastacháin reatha ar chostais dhúnadh na stáisiún, athchóiriú na sócmhainní a léasadh (más infheidhme) agus diúscairt na gcuaillí ag deireadh a saolréanna úsáideacha.

Aithnítear costais mheasta na n-oibleagáidí scoir sócmhainní agus na ndliteanas athchóirithe ina n-iomláine ag tús shaolré na sócmhainne, ach lascainítear iad go luachanna láithreacha trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach. Tá na costais seo caipitlithe i réadmhaoin, gléasra agus trealamh nó sócmhainní ceart úsáide maidir le dliteanais athchóirithe agus dímheastar iad thar shaolréanna geilleagracha úsáideacha na stáisiún nó sócmhainní eile lena mbaineann siad mura bhfuil deireadh a saolré úsáidí sroichte ag an tsócmhainn ghaolmhar. Aithnítear athruithe a dhéantar ina dhiaidh sin ar an dliteanas a bhaineann le sócmhainní a bhfuil deireadh a saolré úsáidí sroichte acu sa ráiteas ioncaim de réir mar a tharlaíonn siad. Athbhreithnítear na costais gach bliain agus leasaítear iad de réir mar is gá. Caipitlítear na leasuithe ar na costais réamh-mheasta lascainithe i sócmhainní ábhartha agus dímheastar iad thar shaolré fágtha na sócmhainní sin a mhéid is atá na sócmhainní sin fós in úsáid.

De bhrí go bhfuil na costais caipitlithe agus curtha ar fáil ar bhonn lascainithe ar dtús, méadaítear an fhoráil mar gheall ar tháille mhaoinithe i ngach tréimhse, a ríomhtar bunaithe ar iarmhéid na foréla agus ar an ráta lascaine curtha i bhfeidhm ag an dáta tomhais deiridh (nuashonraithe gach bliain) agus áirítear an fhoráil sa ráiteas ioncaim mar tháille mhaoinithe. Ar an tslí seo, beidh an fhoráil cothrom le costais dúnta mheasta ag deireadh saolréanna geilleagracha úsáideacha stáisiún nó sócmhainní eile. Cuirtear an caiteachas iarbhír i gcomparáid leis an bhforáil de réir mar atá stáisiúin á ndúnadh nó oibleagáidí eile á gcomhlíonadh.

Áirítear an fhoráil a bhaineann le costais dúnta stáisiún giniúna agus oibleagáidí scoir sócmhainne eile i bhforálacha reatha nó neamhreatha de réir mar is cuí ar an gclár comhardaithe.

**(xvii) Dliteanais a bhaineann le fostaí**
**(a) Dliteanais athstruchtúraithe**
Tá sochair foirceanta dheonaigh iníoctha faoi chomhaontuithe comhchoiteanna éagsúla idir Bord ESB agus Grúpa Ceardchumann ESB nuair a ghlacann fostaí le hiomarcaíocht dheonach chun na sochair seo a fháil. Aithníonn an Grúpa sochair foirceanta nuair a thugann sé gealltanas maidir le, gan féidearthacht réalaíoch aistarraingthe, plean mionsonraithe foirmiúil chun fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthaois scoir, nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint tugtha d'fhostaithe chun iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear gnáthshochair foirceanta nach bhfuil clúdaithe sa chomhaontú thuasluaite ag tráth nuair nach féidir leis an nGrúpa an tairiscint maidir leis na sochair sin a aistarraingt níos mó agus nuair a chuireann an Grúpa tús le cur chun feidhme an phlean athstruchtúraithe. Lascainítear sochair a bhfuiltear ag súil lena réiteach níos mó ná 12 mhí i ndiaidh dháta an chláir comhardaithe chuig an luach láithreach. Ní dhéantar foráil le haghaidh caillteanas oibriúcháin todhchaíoch.

**(b) Dliteanais ghearrthéarmacha fostaí eile**
Aithnítear costais saoire agus bónas bliantúil fabhraithe nuair a sholáthraíonn fostaithe an tseirbhís nó nuair a mhéadaíonn an fheidhmíocht a dteidlíocht le haghaidh neamhláithreachtaí nó íocaíochtaí cúitithe amach anseo.

**(xviii) Oibleagáidí pinsin**
Tá scéimeanna pinsin éagsúla bunaithe ag an nGrúpa i bPoblacht na hÉireann ("PÉ") agus i dTuaisceart Éireann ("TÉ") agus sa Bhreatain Mhór, atá á maoiniú trí íocaíochtaí chuig cistí atá á riar ag iontaobhaithe.

**Scéimeanna pinsin i bPoblacht na hÉireann**
Oibríonn an Grúpa dhá scéim pinsin, a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB agus Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB orthu. Tá pinsin le haghaidh fostaithe atá páirteach sa ghnólacht leictreachais á maoiniú trí scéim pinsin ranníocaíoch ar a dtugtar Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB ("an Scéim"). Tá an ciste dílsithe in Iontaobhaithe atá ainmnithe ag ESB agus a chomhaltaí ar mhaithe le tairbhe fostaithe agus a gcleithiúnaithe. Tá an Scéim cláraithe mar Scéim le Sochar Sainithe leis an Údarás Pinsean.

Sonraítear sna rialacháin a bhfuil an Scéim á rialú acu na sochair atá le cur ar fáil agus sonraítear iontu freisin na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na comhaltaí rannpháirteacha. Déantar cinneadh maidir le sochair iníoctha trí thagairt a dhéanamh do shamhail phinsin bunaithe ar Mheántuilleamh Gairmréime Athluacháilte ("CARE") do shochair tuillte i ndiaidh an 1 Eanáir 2012 (bunaithe ar thuarastail deiridh roimhe seo). Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a choinneáil i gcás easnaimh agus ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ó ESB agus ceadú an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe. Má bhíonn easnamh achtúireach ann amach anseo, tá oibleagáid ar ESB, faoi rialacháin na Scéime, dul i gcomhairle leis na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun breithniú a dhéanamh ar an ngá le Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú.

Faoi Chomhaontú Pinsean 2010 (faofa ag fostaithe i mí Iúil 2010 agus daingnithe go foirmiúil ag Bord ESB an 20 Deireadh Fómhair 2010), chomhaontaigh ESB ar íocaíocht airgid aonuaire a chur ar fáil don Scéim. Níor athraíodh na rátaí ranníocaíochta seasta don fhostóir agus d'fhostaithe. Faoin gComhaontú, níl an Scéim ag glacadh le comhaltaí nua.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

Rinneadh cinneadh maidir le hoibleagáidí na Scéime atá arna léiriú i ráitis airgeadais ESB de réir IAS 19 Sochair Fostaí. De bhrí nach ionann an Scéim agus Scéim le Sochar Sainithe a bhfuil "gnáthchothromaíocht costas" luaite leis (áit a bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc), éilíonn na hoibleagáidí atá sonraithe sna ráitis airgeadais go mbeidh breithiúnas á dhéanamh. Sa chás go mbíonn easnamh ann amach anseo, tá dualgas ar an gCuideachta, dul i gcomhairle le páirtithe na Scéime mar a luaitear thuas. Níl aon oibleagáid ar ESB, áfach, ranníocaíochtaí a mhéadú chun sochair a sholáthar sa chás go bhfuil easnamh ann agus níl sé beartaithe ag an gCuideachta aon ranníocaíochtaí breise a dhéanamh, seachas na ranníocaíochtaí leanúnacha a dhéanfar. Tá an ranníocaíocht bhreise €591.0 milliún comhaontaithe mar chuid de Chomhaontú Pinsean 2010 íoctha go hiomlán anois). Dá réir sin, tá cinneadh déanta ag ESB gur cheart go léireofaí a oibleagáidí don Scéim sna ráitis airgeadais, ina gcuimsítear:

a. Gealltanais tugtha roimhe seo a bhaineann le seirbhís curtha ar fáil roimhe seo (luach láithreach na ranníocaíochtaí comhaontaithe a bhaineann le seirbhís roimh Dheireadh Fómhair 2010); agus
b. Iarchláir Téarfa Deonach – in 2010 shainaithin an Chuideachta gealltanas todhchaíoch maidir le comhaltaí foirne a d'fhág an Chuideachta faoi iarchláir Téarfa Dheonaigh. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin le haghaidh na gcomhaltaí foirne sin agus aithneofar ag cóirluach iad.

Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha (suas go dtí 16.4%) sa ráiteas ioncaim nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéideanna neamhíoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.

Is scéim le Ranníocaíocht Shainithe é Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB agus déantar cuntas ar ranníocaíochtaí leis an Scéim ar bhonn sochar sainithe agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim Páirtithe Leasmhara FM na Ríochta Aontaithe**
Tá scéim pinsean páirtithe leasmhara á feidhmiú ag ESB dá chuid fostaithe uile sa Ríocht Aontaithe seachas iad siúd in Northern Ireland Electricity Limited agus in So Energy Limited. Is scéim le ranníocaíocht shainithe é an scéim pinsin agus déantar cuntas ar ranníocaíochtaí chuig an Scéim ar bhonn ranníocaíochta sainithe agus gearrtar ranníocaíocht an fhostóra i ráiteas ioncaim an Ghrúpa sa tréimhse ina mbíonn na ranníocaíochtaí iníoctha.

**Scéim Pinsin i dTuaisceart Éireann**
Tá scéim pinsin lena mbaineann dhá chuid ag gealltanas fochuideachta faoi lánúinéireacht an Ghrúpa, Northern Ireland Electricity Networks Limited ("NIE Networks"): "Roghanna" (ranníocaíocht shainithe) agus "Fócas" (sochar sainithe). Gearrtar costais phinsin maidir leis an scéim le ranníocaíocht shainithe ar an ráiteas ioncaim de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Níltear ag glacadh le comhaltaí nua in "Focus" ón mbliain 1998. Ríomhann achtúirí neamhspleácha oibleagáidí sochair shainithe NIE Networks gach bliain trí úsáid a bhaint as modh an aonaid chreidmheasa réamh-mheasta, agus lascainítear iad ag ráta roghnaithe trí thagairt a dhéanamh do ráta reatha toraidh bannaí corparáideacha ar ardchaighdeán d'airgeadra agus téarma dliteanas coibhéiseach. Déantar sócmhainní na scéime pinsin a thomhas ag cóirluach. Faightear luachálacha achtúireacha iomlána trí huaire sa bhliain ar a laghad agus déantar iad a nuashonrú gach bliain ina dhiaidh sin. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ina n-iomláine sa tréimhse ina dtarlaíonn siad agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Gearrtar an costas a bhaineann le sochair a sholáthar faoin scéim le sochar sainithe chuig an ráiteas ioncaim le linn na dtréimhsí ina mbaintear tairbhe as seirbhís fostaithe. Aithnítear iarchostais seirbhíse lena n-áirítear caillteanais chiorrúcháin sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtarlaíonn siad. Tá an t-ioncam úis ó shócmhainní na scéime pinsin agus an costas úis ar dhliteanais na scéime pinsin san áireamh sa ghlanchostas airgeadais.

Nuair is ann do bharrachas i scéim le sochar sainithe 'Focus', aithníonn an Grúpa barrachas cuntasaíochta ar aon dul leis an luacháil IAS19 is déanaí ar bhunús mheasúnú an Ghrúpa go bhfuil an ceart aige aon bharrachas atá ann go fóill ar fhoirceannadh na scéime pinsin faoi dheireadh tar éis dliteanais na scéime a réiteach de réir a chéile.

**(xix) Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí**
Cuimsítear go príomha in ioncam luachanna díolacháin díorthaithe ón méid seo a leanas:

- Cuimsítear in ioncam Réitigh do Chustaiméirí go príomha díolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis.
- Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach.
- Eascraíonn ioncam Giniúna agus Trádála as giniúint leictreachais go príomha.
- Ioncam díorthaithe ó sholáthar seirbhísí innealtóireachta, teileachumarsáide agus seirbhísí eile.



## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**Réitigh do Chustaiméirí**
**Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis**
Tuilltear an t-ioncam sin ó chustaiméirí baile agus gnó i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór. Aithnítear ioncam le himeacht ama bunaithe ar ídiú gáis agus leictreachais. Cuimsítear in ioncam leictreachais agus gáis luach na n-aonad a cuireadh ar fáil do chustaiméirí idir dáta an léamha méadair deiridh agus deireadh na tréimhse. Ar dtús agus ag pointe ama na húsáide, áirítear an meastachán seo i dtrádáil agus infháltais eile sa chlár comhardaithe mar leictreachas miondíola - neamhbhilleáilte, íoctar custaiméirí go míosúil nó go démhíosúil ag brath ar an gcineál cuntais, agus ina dhiaidh sin, aithnítear iad mar infháltais leictreachais miondíola - billeáilte. Is ionann téarmaí creidmheasa cónaithe agus laethanta féichiúnaithe maidir le hinfháltais leictreachais mhiondíola agus 14 lá. Braitheann téarmaí creidmheasa custaiméirí gnó ar an gconradh atá acu.

Ríomhtar ioncam neamhbhilleáilte trí úsáid a bhaint as ioncam réamh-mheasta trí tharaifí a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do chineálacha custaiméirí sonracha agus don toirt mheasta leictreachais nó gáis ídithe ag na cineálacha custaiméirí sin, lúide na méideanna iomlána billeáilte don tréimhse ábhartha cheana féin. Áirítear sa phróiseas sin anailís a dhéanamh ar thoirteanna agus rátaí neamhbhilleáilte ríofa (in GWh agus na milliúin teirm) agus breithniúar gluaiseachtaí ar tharaifí praghsála, séasúracht agus sonraí maidir le hídiú iomlán bunaithe ar an soláthraí a fhaigheann SEM. Tá roinnt rudaí éagsúla á dtairiscint cosúil le bónais chláraithe, lascainí agus luaíochtaí atá ar fáil do chustaiméirí atá á lascainiú mar chomaoin athraitheach faoi IFRS 15. Cuirtear lascainí agus luaíochtaí leanúnacha i bhfeidhm ar bhillí na gcustaiméirí ábhartha de réir a chéile. Nuair a chláraítear, cuirtear bónais chláraithe i bhfeidhm ar chuntais custaiméirí de réir a chéile ag brath ar leibhéil úsáide an chustaiméara.

**Ioncam eile**
Cuimsítear in ioncam eile ioncam díorthaithe ó sholáthar seirbhísí fuinnimh agus teileachumarsáide agus is ionann é agus cóirluach na seirbhísí agus oibreacha curtha ar fáil do chustaiméirí. Meastar go bhfuil seirbhísí curtha ar fáil do chustaiméirí nuair atá, agus a mhéid atá a oibleagáidí feidhmíochta comhlíonta ag an aonán faoina chonarthaí. Aithnítear ioncam de réir a chéile de réir an mhodha ionchuir sa ráiteas ioncaim de réir théarmaí an chonartha i gcomhréir leis an gcéim chríochnaithe, bunaithe ar chostais iomlána an chonartha. Aithnítear ioncam billeáilte mar neamhleictreachas infhaighte agus socraítear an bille laistigh de 30 lá gnó de ghnáth. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte in infháltais eile.

**ESB Networks - Ioncam ó tháillí Úsáide Córais ar chustaiméirí**
Aithníonn ESB Networks ioncam ó Chóras Úsáide ina gcuimsítear ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin ("DUoS") agus ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchuir ("TUoS") den chuid is mó. Tá ESB Networks ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann agus is gnólacht rialaithe é, a thuilleann a ioncam go príomha ó thoradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe ("RAB") agus óna chostais oibriúcháin a aisghabháil.

Tuilltear ioncam DUoS trí tháillí a ghearrtar ar sholáthraithe chun úsáid a baint as córas dáileacháin ESB Networks. Tá ioncam DUoS sainaitheanta de réir na húsáide atá á baint ag soláthraithe as an gcóras agus aon úsáid bhilleáilte agus neamhbhilleáilte gan íoc le haghaidh DUoS san áireamh mar infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe. Déantar sonrasc le haghaidh ioncam DUoS a sheoladh ar bhonn démhíosúil. Chomh maith leis sin, tuilltear ioncam ó oibríochtaí agus táillí bliantúla cothabhála le haghaidh gineadóirí atá nasctha leis an gcóras Dáileacháin. Tá siad seo bunaithe ar mhéid caighdeánach de réir an chiliméadair líne nó cábla agus aithnítear iad de réir a chéile de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid feidhmíochta.

Tuilltear ioncam TUoS trí shócmhainní tarchurtha a chothabháil chun tacú le hoibríocht éifeachtach EirGrid. Don chonradh praghais sheasta seo, aithnítear ioncam TUoS de réir a chéile de réir méid cothrom agus aithnítear infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

Faigheann ESB Networks ioncam ranníocaíochtaí soláthair neamh-in-aisíoctha mar thoradh ar naisc nua a sholáthar dá líonra reatha le haghaidh réadmhaoine, gléasra agus trealaimh. Coimeádtar na ranníocaíochtaí seo i méideanna iníoctha trádála mar íocaíochtaí dul chun cinn go dtí go mbíonn a n-oibleagáid feidhmíochta comhlíonta. Nuair atá an oibleagáid feidhmíochta comhlíonta ag an obair ar an nasc aistrítear iad chuig ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh mar ioncam iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré gheilleagrach úsáideach mheasta na sócmhainní gaolmhara (mar athróg ionadach do shaolré an chaidrimh leis an gcustaiméir). Meastar go bhfuil saolré úsáideach na sócmhainní seo cothrom le 25 agus 30 bliain le haghaidh na líonraí dáileacháin agus tarchurtha faoi seach.

Chomh maith leis sin, aithníonn ESB Networks ioncam ó roinnt foinsí neamhrialaithe. Aithnítear ioncam ó sheirbhísí líonra coimhdeacha a sholáthar mar aon le hioncam ilghnéitheach eile. Aithnítear gach ioncam neamhrialaithe ag pointe ama agus tugtar anonn infháltas comhfhreagrach ar an gclár comhardaithe le haghaidh gach earra.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**NIE Networks - Ioncam ó tháillí Úsáide Córais ar chustaiméirí**
Faigheann NIE Networks a ioncam go príomha trí tháillí maidir le húsáid an chórais le haghaidh dáileacháin ("DUoS") a thobhach ar sholáthraithe fuinnimh agus táillí seirbhísí tarchurtha ("TSC") a bhaineann go príomha le húsáid a bhaint as an gcóras tarchurtha agus a íocann an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann ("SONI"). Is gnó rialaithe é NIE Networks, a thuilleann ioncam go príomha as toradh ceadaithe ar a RAB. Aithnítear ioncam nuair a chomhlíonann an Grúpa a oibleagáidí feidhmíochta maidir leis an gconradh leis an gcustaiméir. Meastar ioncam bunaithe ar an gcomaoin a shonraítear i gconradh le custaiméir. Ní mór na critéir aitheantais ar leith seo a leanas a chomhlíonadh freisin sula n-aithnítear ioncam:

Aithnítear ioncam DUoS le himeacht ama i gcomhréir le húsáid an chórais ag tomhaltóirí faoin sceideal teidlíochta arna leagan síos ag an UR do gach tréimhse taraife. Tá aon úsáid bhilleáilte agus neamhbhilleáilte gan íoc le haghaidh DUoS san áireamh in infháltas Úsáide Córais ag dáta an chláir comhardaithe. Cuimsítear le hioncam measúnú ar an méid leictreachais a dháiltear, a mheastar trí úsáid a bhaint as patrúin tomhaltais stairiúla.

Tuilltear TSC trí shócmhainní tarchurtha a chothabháil chun tacú le hoibriú éifeachtach SON. Maidir leis an gconradh praghais sheasta seo, aithnítear ioncam de réir a chéile agus de réir méid cothrom ar aon líne leis an sceidil teidlíochta arna leagan síos ag an UR do gach tréimhse taraife agus aithnítear infháltas Úsáide Córais ar an gclár comhardaithe.

San áireamh i mbrabús oibriúcháin an Ghrúpa tá ioncam agus costais a bhaineann le táillí na hOibleagáide Seirbhísí Poiblí ("PSO") atá go hiomlán inghnóthaithe (lena n-áirítear méideanna íoctha faoi Chlár Fuinneamh Inbhuanaithe Thuaisceart Éireann), d'ainneoin go bhfuil difríochtaí uainithe idir fáil ioncaim / íocaíocht costas agus aisghabháil na méideanna seo trí tháillí PSO. Tuilltear ioncam PSO de réir a chéile de réir na húsáide atá á baint ag soláthraithe as an gcóras faoin sceideal teidlíochta atá sonraithe ag an UR le haghaidh gach tréimhse taraife. Le cois ioncam na taraife PSO, sainaithníonn NIE Networks ioncam faighte ón nGnó Soláthair Cumhachta ("PPB") ag pointe ama de bhrí nach bhfuil smacht ag NIE Networks ar an méid ama nó ar uainiú fála ioncam PPB.

Faigheann NIE Networks ioncam ranníocaíochtaí soláthair neamh-in-aisíoctha mar thoradh ar naisc nua a sholáthar dá líonra reatha le haghaidh maoine, gléasra agus trealaimh. Coimeádtar na ranníocaíochtaí seo i méideanna iníoctha trádála mar íocaíochtaí dul chun cinn go dtí go mbíonn a n-oibleagáid feidhmíochta comhlíonta. Nuair a bheidh an oibleagáid feidhmíochta comhlíonta leis an obair ar an nasc, aistreofar iad chuig ioncam iarchurtha agus cuimsítear san ioncam iad sa ráiteas ioncaim thar shaolré ionchais an chaidrimh leis an gcustaiméir (suas le 40 bliain).

**Eascraíonn ioncam Giniúna agus Trádála as giniúint leictreachais go príomha.**
**Poblacht na hÉireann**
**Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite ("I-SEM")**
Is socrú don mhargadh leictreachais mórdhíola é I-SEM d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Laistigh den I-SEM tá roinnt margaí nó ceantanna, agus tá achair ama dhifriúla trádála luaite leo ar fad, agus sásraí réitigh (ainneoin gaolmhara) ar leithligh.

Tá dhá mhargadh ex-ante bunaithe le haghaidh fuinneamh fisiciúil: an Margadh Lá Roimh Ré agus an Margadh Ionlae. Lena chois sin, tairgeann gineadóirí (táirgeoirí fuinnimh) agus soláthraithe (tomhaltóirí fuinnimh) Seirbhísí cothromaithe fuinnimh. Glactar le hacmhainn mar thiomantas a thugann gineadóir nó úinéir idirnascaire a bheith ar fáil chun leictreachas a chur ar fáil don eangach, más gá. Faigheann soláthraithe acmhainne a n-éiríonn leo sa Mhargadh Acmhainne íocaíocht acmhainne rialta, a chabhraíonn le hacmhainn ghiniúna a mhaoiniú. Aithnítear ioncam ó dhíol leictreachais sna margaí I-SEM de réir a chéile bunaithe ar ídiú leictreachais agus aithnítear infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus réitítear í ar bhonn laethúil don mhargadh ex-ante agus ar bhonn seachtainiúil don mhargadh ex-post.

Faightear ioncam acmhainne trí 'Sásra Luach Saothair Acmhainne' ("CRM") a fhágann go ndéantar íocaíocht acmhainne le rannpháirtí i ndáil le hAonad Giniúna i ngach Tréimhse Acmhainne bunaithe ar Infhaigtheacht Incháilithe Aonaid, atá bunaithe ar Phróifíl Infhaigtheachta Aonaid. Aithnítear ioncam de réir a chéile agus aithnítear infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus réitítear a leithéid laistigh de mhí amháin.

Faightear ioncam coimhdeach trí chlár 'Córas Leictreachais Shláin, Inbhuanaithe a Sholáthar' ("DS3") a bhfuil sé mar aidhm leis seirbhísí freagartha minicíochta a sholáthar don eangach. Aithnítear ioncam coimhdeach de réir a chéile. Aithnítear ioncam coimhdeach mar infháltas I-SEM ar an gclár comhardaithe agus réitítear a leithéid laistigh de mhí amháin.



## 1. EOLAS MAIDIR LE RÁITEAS AR BHEARTAS CUNTASAÍOCHTA ÁBHARTHA (ar lean)

**An Bhreatain Mhór ("GB")**
Is é Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine an margadh leictreachais mórdhíola atá ag feidhmiú sa Bhreatain Mhór. Murab ionann agus I-SEM, d'fhéadfadh trádáil tarlú idir gineadóirí agus soláthraithe ar bhonn déthaobhach nó trí mhalartuithe. Is féidir a chinntiú gur féidir le conarthaí fisiciúla agus airgeadais luaineacht praghsanna a bhainistiú, le haghaidh scálaí ama idir blianta amach anseo agus margaí trádála ar an lá. Tá scéim luacha saothair acmhainne bunaithe ag Rialtas na Breataine, a chiallaíonn go mbronntar conarthaí acmhainne ar ghineadóirí (bunaithe ar thoradh ceant) a chuireann ar a gcumas íocaíochtaí a fháil chun acmhainn ghiniúna a sholáthar agus ag an am céanna pionóis a fháil le haghaidh neamhsheachadta le linn teagmhais nuair a bhíonn ganntanas acmhainne ann. Aithnítear ioncam a bhaineann le híocaíochtaí acmhainne de réir a chéile.

Faightear ioncam ón mBreatain Mhór trí chumhacht a dhíol le contrapháirtithe sa Bhreatain Mhór agus aithnítear a leithéid de réir a chéile nuair a bhíonn oibleagáidí feidhmíochta á gcomhlíonadh. Aithnítear ioncam a bhaineann le margadh na Breataine Móire mar infháltais leictreachais eile ar an gclár comhardaithe agus réitítear a leithéid ar bhonn laethúil nó míosúil ag brath ar théarmaí an chonartha aonair.

**Codanna Eile - Ioncam Eile**
Cuimsítear in ioncam eile ioncam díorthaithe ó sheirbhísí leictreachais, meicniúla, sibhialta, comhshaoil, innealtóireachta, díolacháin maoine agus comhairleoireachta a sholáthar agus is ionann é agus cóirluach seirbhísí agus oibreacha curtha ar fáil do chustaiméirí.

Meastar go bhfuil seirbhísí curtha ar fáil do chustaiméirí nuair atá, agus a mhéid atá a oibleagáidí feidhmíochta comhlíonta ag an aonán faoina chonarthaí. Aithnítear ioncam de réir a chéile de réir an mhodha ionchuir sa ráiteas ioncaim de réir théarmaí an chonartha i gcomhréir leis an gcéim chríochnaithe, bunaithe ar chostais iomlána an chonartha. Aithnítear ioncam billeáilte mar neamhleictreachais infhaighte agus socraítear an bille laistigh de 30 lá gnó de ghnáth. Aithnítear ioncam neamhbhilleáilte in infháltais eile.

**(xx) Ioncam oibriúcháin eile**
Cuimsítear in ioncam oibriúcháin eile ioncam a fhabhraítear don Grúpa lasmuigh de ghnáthghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa.

**(xxi) Codanna oibriúcháin – IFRS 8**
Tá ceanglais nochta IFRS 8 Codanna Oibriúcháin curtha i bhfeidhm go deonach ag ESB le haghaidh an Ghrúpa. Sonraítear in IFRS 8 conas ba cheart d'aonán faisnéis maidir lena chodanna a nochtadh trí úsáid a bhaint as "cur chuige bainistíochta" trína chuirtear faisnéis coda i láthair ar an mbonn céanna a úsáidtear le haghaidh tuairisciú inmheánach. Tá faisnéis airgeadais le haghaidh codanna a bhfuil athbhreithniú rialta ar a ngníomhaíochtaí oibriúcháin á dhéanamh ag an bhFoireann Feidhmiúcháin agus ag an mBord, an Príomhchinnteoir Oibriúcháin ("CODM") i dteannta a chéile, chun cinntí a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní agus measúnú feidhmíochta, le fáil i nóta 3 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**(xxii) Costais**
**(a) Costais fostaí**
Fabhraítear tuarastail, ragobair, costais, bónais, ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh (ÁSPC), árachas náisiúnta, saoire bhliantúil le pá agus saoire bhreoiteachta sa tréimhse ina gcuireann fostaithe an Ghrúpa na seirbhísí gaolmhara ar fáil.

**(b) Costais fuinnimh**
Cuimsítear i gcostais fuinnimh costais dhíreacha bhreosla (gual agus gás go príomha), leictreachas ceannaithe, táillí Úsáide Córais (costais leictreachais eile) agus glanchostais astaíochtaí. Aithnítear costais bhreosla agus leictreachais ceannaithe de réir mar a úsáidtear iad. Tá méid san áireamh i gcostais fuinnimh freisin a bhaineann le tionchar scéim Rialtas na hÉireann chun teorainn a chur le hioncaim mhargaidh gineadóirí áirithe leictreachais ón 1 Nollaig 2022 go dtí mí Meithimh 2023.

**(c) Costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile**
Baineann costais oibriúcháin agus costais chothabhála eile go príomha le costais ollchóirithe agus tionscadail, costais chonraitheora agus costais bhunaithe. Aithnítear na costais seo sa ráiteas ioncaim de réir mar a thabhaítear iad.

**(d) Ioncam airgeadais agus costais airgeadais**
Cuimsítear in ioncam airgeadais ioncam úis ar éarlaisí bainc, a mheallann ús ag rátaí úis taisce i réim i dteannta le hioncam úis ar iasachtaí, agus ioncam úis ó shuimeanna tá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Cuimsítear i gcostais airgeadais sa Mháthairchuideachta freisin ioncam ó ús ar shuimeanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta.

Cuimsítear i gcostais airgeadais costas úis a bhaineann le hiasachtaíocht, leachtú na lascaine ar fhorálacha, táillí maoinithe pinsin, gnóthachain agus caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe nó sa chás nach bhfuil cuntasaíocht fálaithe in úsáid, caillteanais ar ionstraimí fálaithe nach n-aithnítear i gcostais oibriúcháin agus athrangúcháin méideanna aitheanta roimhe seo in ioncam cuimsitheach eile.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 2. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS A ÚSÁID

Éilíonn ullmhú ráiteas airgeadais na Máthairchuideachta agus na ráiteas airgeadais comhdhlúite líon suntasach toimhdí agus meastachán breithiúnach a dhéanamh. Tá tionchar acu seo ar an ioncam agus ar na costais atá le fáil sa ráiteas ioncaim agus ar ioncam cuimsitheach, ar luacháil na sócmhainní agus na ndliteanas sa chlár comhardaithe. Tá a leithéid de mheastacháin agus de bhreithiúnais bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a chreidtear atá réasúnach bunaithe ar na himthosca agus atá faoi réir athluacháil leanúnach.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag tionchar an athraithe ar roinnt toimhdí agus meastachán ar na torthaí tuairiscithe. Áirítear ina measc ach níl siad teoranta do:

**(i) Tionchar na rioscaí aeráide (Meastachán)**
Go sonrach bunaithe ar nádúr oibríochtaí an Ghrúpa agus Straitéis an Ghrúpa um Aeráidneodracht (féach an sainmhíniú ar Aeráidneodracht laistigh de Ghluais na ráiteas airgeadais seo) faoin mbliain 2040, tá breithniú déanta ag ESB ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí a bhaineann leis an aeráid ar na ráitis airgeadais. Sa chomhthéacs seo, tá breithniú déanta ar an méid thíos:

**(a) Teagmhais Fhisiciúla Aeráide**
Thug ESB faoi mheasúnaithe riosca agus leochaileachta fisiciúla aeráide dá chuid gníomhaíochtaí agus do na guaiseacha ábhartha faoi roinnt cásanna de chuid an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide ("IPCC").

D'fhéadfadh teagmhais fhisiciúla aeráide, go háirithe stoirmeacha, tuillte agus patrúin athraitheacha aimsire, damáiste a dhéanamh do shócmhainní ESB, go háirithe gnóthaí giniúna agus ESB Networks. Tá cothabháil choisctheach, gearradh adhmaid agus cláir eile i bhfeidhm chun rioscaí fisiceacha aeráide a laghdú sna gnóthais seo, agus déantar athbhreithniú orthu i gcomhthéacs an riosca aeráide atá ag ardú. Maidir le sócmhainní líonra leictreachais, tá meicníochtaí rialála ann maidir le láimhseáil na gcostas a bhaineann le drochstoirmeacha.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag patrúin aimsire athraitheacha ar an líon faighte ó shócmhainní giniúna gaothfhuinneamh agus fuinneamh hidrileictreach an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh teagmhais aimsire cosúil le báisteach throm a bheith mar bhonn le níos mó teagmhas ina mbíonn ar ESB tuillte a bhainistiú trína mhonarchana giniúna hidrileictreachais. Tá foráil le haghaidh éileamh dlíthiúil a bhaineann le tuilte i gCorcaigh sa bhliain 2009 i bhfeidhm mar atá sonraithe i nóta 31.

Breathnaítear ar shaincheisteanna fisiceacha aeráide mar chuid de mheasúnaithe bearnúcháin agus forálacha ESB de réir mar is gá.

**(b) Aistriú go hAeráidneodracht**
D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag tiomantais ESB d'Aeráidneodracht, chomh maith le hathruithe ar bheartas fuinnimh agus ar an timpeallacht rialála, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ar an leibhéal giniúna leictreachais ó fhlít giniúna teirmí ESB. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar shaolréanna úsáideacha ionchasacha agus athruithe ar shreafaí airgid amach anseo a dhíorthaítear ó shócmhainní teirmeacha a bheith mar thoradh air seo in éineacht le méadú ar bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh á nascadh leis an eangach in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór araon, chomh maith le costais mhéadaithe a bhaineann le foinsí fuinnimh teirmeach, lena n-áirítear costais charbóin. Breithnítear na hathruithe seo trí mheasúnuithe bliantúla bearnúcháin agus athbhreithnithe ar shaolréanna an Ghrúpa.

Tá flít giniúna teirmí ESB faoi réir athruithe bearnúcháin le blianta beaga anuas agus tá deireadh a saolréanna geilleagracha úsáideacha beagnach sroichte ag formhór na sócmhainní teirmeacha (glactar le roinnt stáisiún giniúna gásadhainte níos nuaí mar eisceacht, Carrington sa Bhreatain Mhór agus sócmhainní giniúna solúbtha gáis ina measc siúd is suntasaí). Ceanglaítear ar shócmhainní teirmeacha ESB, lena n-áirítear sócmhainní giniúna solúbtha nua, slándáil soláthair a sholáthar in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór sa mheántéarma fad atáthar ag aistriú go haeráidneodracht. Dá réir sin, ní dhearnadh aon choigeartuithe ar shaolréanna eacnamaíocha ionchais sócmhainní a bhfuil suimeanna ábhartha tugtha anonn le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025.

**(c) Oibleagáidí Comhshaoil**
Bunaithe ar chineál shócmhainní an Ghrúpa, tá forálacha sonracha díchoimisiúnaithe i bhfeidhm a bhaineann le hoibleagáidí scoir sócmhainní a eascraíonn as reachtaíocht chomhshaoil agus reachtaíocht eile. Féach cuid (iii) thíos.

**(d) Gnóthas Leantach agus an Ráiteas Inmharthanachta**
Rinneadh breithniú ar impleachtaí rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid sna measúnuithe ar ráiteas inmharthanachta gnóthais leantaigh an Ghrúpa (mar chuid de phróiseas pleanála gnó ESB).

**(ii) Measúnuithe lagaithe agus luach (tugtha) anonn na sócmhainní fadsaolacha agus dea-thoil (Meastachán)**
Tá cur síos déanta thíos ar an measúnú ar an méid in-aisghabhála, an luach úsáide níos airde agus an cóirluach lúide costais na diúscartha, a bhaineann le gléasra agus trealamh maoine, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide, dea-thoil (cur síos i nóta 16) agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, de réir IAS 36 Bearnúchán Sócmhainní:

- Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní giniúna cumhachta, tá an luach a úsáidtear bunaithe ar shreafaí airgid mheasta ionchasacha a bheidh á nginiúint ag an tsócmhainn atá bunaithe ar athbhreithniú seachtrach ar ghiniúint chumhachta réamh-mheasta agus praghsanna cumhachta, gáis, carbóin agus acmhainne réamh-mheasta (más cuí), uainiú agus méid na gcostas oibriúcháin agus an chaiteachais chaipitil agus ioncaim choimhdigh.

## 2. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS A ÚSÁID (ar lean)

- Chomh fada is a bhaineann le dea-thoil ar éadáil Northern Ireland Electricity Networks, ríomhtar an cóirluach trí thagairt a dhéanamh do luachálacha margaidh na bhfóntas rialaithe inchomparáide. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 16.
- Rinneadh athbhreithniú bearnúcháin ar an dea-thoil a aithníodh ar éadáil So Energy Ltd ("So Energy") le linn na bliana. Mar thoradh ar dhúshláin leanúnacha atá roimh So Energy i margadh fuinnimh miondíola na Ríochta Aontaithe, agus tionchar na ndúshlán sin bunaithe ar shreabhadh airgid thirim réamh-mheasta amach anseo, aithníodh bearnú €21.8 milliún ar an dea-thoil a d'eascair as éadáil So Energy in 2025. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 16.
- Chomh fada is a bhaineann le sócmhainní láimhsithe agus doláimhsithe eile, sa chás gur gá sócmhainní a thástáil chun críche bearnúcháin, cinntear an luach atá in úsáid bunaithe ar shreafaí airgid measta nó sochair eile a bhfuiltear ag súil a dhíorthófar ó úsáid na sócmhainní.
- Maidir le cóirluach lúide costais na diúscartha, tá an cur chuige comhsheasmach i ndáil le gach sócmhainn ina bhfuil luachanna córa bunaithe ar mheasúnuithe neamhspleácha tríú páirtí lúide costais.
- Lascainítear sreafaí airgid a úsáidtear i samhlacha luach úsáide chun léargas a thabhairt ar a luach láithreach trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha amluach an airgid agus na rioscaí a bhaineann le go sonrach leis an tsócmhainn. Éilíonn meastachán an ioncaim réamh-mheasta agus uainiú an chaiteachais breithiúnas agus braitheann sé ar na dálaí geilleagracha a bhaineann leis na sócmhainní seo.
- Rinneadh an infheistíocht chothromais i Neart na Gaoithe a bhearnú go hiomlán agus tá luach iompair €nialas (2024: €nialas) ag baint léi. Níor tharla aon aisiompú ar na muirir bhearnúcháin charnacha a aithníodh in infheistíocht chothromais Neart na Gaoithe go dtí seo. Beidh aon aisiompú dá leithéid bunaithe ar mheasúnú ar thuilleamh réamh-mheasta amach anseo ón tionscadal, a bhain oibríochtaí tráchtála amach le linn 2025. Tá sonraí breise ar fáil i nóta 17.
- Ar an 7 Feabhra 2025, fuair Grúpa ESB 100% de na scaireanna agus an leas vótála in Lettermuckoo Windfarm Holdings Limited agus ar an dóigh sin, bhí smacht 100% aige ar a oibríochtaí. Baineann an éadáil le meastachán a dhéanamh ar chóirluach na sócmhainní agus na ndliteanas a fuarthas. Tá sonraí breise ar fáil i nóta 18.

**(iii) Oibleagáidí scoir sócmhainní, forálacha dlí agus forálacha eile (meastachán)**
Costais thodhchaíocha atá riachtanach chun forálacha reatha a réiteach cosúil le costais dúnta stáisiún cumhachta, foráil scoir cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte agus dliteanais fostaí lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le socruithe téarfa. Tá eolas maidir leis na dliteanais seo le fáil i nóta 27, 28 agus 31.

Teastaíonn meastachán agus breithiúnas suntasach i ndáil le ríomh na forála do shócmhainní giniúna, lena n-áirítear an tionchar atá ag rialúchán, beachtas na suirbhéanna láithreáin, éilleáin gan choinne, tionchar teicneolaíochtaí malartacha agus úsáid a bhaint as athruithe oiriúnacha ar na rátaí lascaine.

Tá gá le meastachán suntasach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal forála a theastaíonn chun cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte a dhiúscairt. Áirítear anseo meastachán a dhéanamh maidir le costas diúscartha gach cuaille, a chinnfear trí phróisis tairisceana iomaíocha, an tréimhse ina mbeidh cuaillí á ndiúscairt a bhraitheann ar riocht na gcuaillí agus an úsáid a bhainfear as ráta lascaine oiriúnach. Meastar an tréimhse ina mbeidh cuaillí á ndiúscairt bunaithe ar phleananna oibríochtúla reatha a d'fhéadfadh athrú go suntasach amach anseo mar gheall ar reachtaíocht comhshaoil nó riocht na gcuaillí.

Éilíonn ríomh na bhforálacha maidir le héilimh dhlíthiúla breithiúnas lena n-áirítear measúnú ar thoradh na n-éileamh ábhartha. Tá sonraí maidir le meastacháin agus breithiúnais a bhaineann le héilimh dhlíthiúla leanúnacha le fáil i nóta 31 agus 33.

**(iv) Sochair scoir (Breithiúnas)**
Éilíonn an chuntasaíocht do dhliteanas pinsin ESB breithniú maidir leis an gcur chuige cuntasaíochta cuí atá ag teacht le IAS 19 'Sochair Fostaí' a bhaineann le hoibleagáidí geallta ESB i ndáil leis an scéim. Tá na comhaltaí Boird sásta gurb é an cur chuige cuntasaíochta cuí, arna cinneadh de réir IAS 19 Sochair Fostaí, chun léargas a thabhairt ar a n-oibleagáidí geallta faoi láthair, mar atá sonraithe sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadas (féach nóta 28).

Tá fostaithe NIE Networks i dteideal comhaltas a bhaint amach i Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity (Scéim NIE Networks) a bhfuil socruithe sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe luaite léi. Áirítear i meastachán agus modh cuntasaíochta na hoibleagáide sochar scoir breithiúnais a dhéanamh i dteannta leis na hachtúirí neamhspleácha. Áirítear anseo meastacháin a dhéanamh faoi theagmhais thodhchaíocha neamhchinnte lena n-áirítear ionchas saoil chomhaltaí na scéime, méaduithe tuarastail agus pinsin amach anseo agus boilsciú mar aon le rátaí lascaine. Tá sócmhainn pinsin a bhaineann le scéim pinsin le sochar sainithe NIE Networks aitheanta mar mhéid an bharrachais ag dáta an chláir comhardaithe nach bhfuil aon cheart ag an nGrúpa i ndáil leis. Tá cur síos déanta i nóta 27 ar na toimhdí úsáidte ag an nGrúpa mar aon le hanailís íogaireachta ar athrú ar na toimhdí seo.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 2. MEASTACHÁIN AGUS BREITHIÚNAIS A ÚSÁID (ar lean)

**(v) Ionstraimí airgeadais (Meastachán)**
Mar atá mínithe i nóta 32 mír (i), tá luacháil ionstraimí airgeadais áirithe bunaithe ar roinnt fachtóirí agus toimhdí breithiúnacha nach féidir a bhunú ar ionchuir inbhraite de bharr riachtanais. Tá siad seo rangaithe mar ionstraimí airgeadais leibhéal 3, de réir bhrí IFRS 13 Tomhas luach cóir agus IAS 36 Bearnúchán Sócmhainní. Ceanglaítear breithiúnas a thabhairt a bhaineann le cineál an chonartha agus le riachtanais ionchasacha díola, cheannaigh nó úsáid an tráchtearra ábhartha chun conarthaí tráchtearra a ainmniú mar 'chun a úsáide féin' (agus nach bhfuil laistigh de scóip IFRS 9 dá bharr).

**(vi) Comhpháirtíocht le Ørsted (Meastachán)**
D'iontráil ESB agus Ørsted i mí an Mheithimh 2023 i gcomhshocrú chun punann tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt timpeall ar chósta thoir, theas agus thiar na hÉireann. San áireamh sa socrú tá comaoin theagmhasach atá le fáil ag ESB ó Ørsted i ndáil le roinnt príomh-gharspriocanna a bheith á gcomhlíonadh i ndáil le gach tionscadal. Mar gheall go bhfuil tionscadail i luathchéimeanna na forbartha, measadh cóirluach an bhreithnithe theagmhasaigh amhail €nialas (2024: €nialas).

**(vii) Luacháil infháltas agus méideanna iníoctha (Meastachán)**
Meastar tomhas roinnt sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas ag deireadh na bliana, a éilíonn leibhéal suntasach meastacháin agus breithiúnais, de réir pholasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus IFRS reatha an AE. Áirítear i measc na míreanna a éilíonn leibhéal suntasach meastacháin agus breithiúnais, ríomh ioncam agus trádáil leictreachais neamhbhilleáilte agus infháltais eile (féach nóta 21), méideanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu (féach nóta 21), luacháil stoc breosla (féach nóta 20), costas an bhreosla ídithe (féach nóta 20), saolréanna úsáideacha maoine, gléasra agus trealaimh (féach nóta 13) agus fabhruithe le haghaidh earraí faighte nó obair déanta nach bhfuil sonraisc soláthraithe faighte lena n-aghaidh fós freisin (féach nóta 29).

Cuireann ESB seirbhísí ar fáil do thart ar 1.5 mhilliún cuntas custaiméara cónaithe agus gnó, ar théarmaí creidmheasa den chuid is mó. Is léir nach mbeidh fiachais áirithe dlite do ESB á n-íoc mar thoradh ar mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáidtear meastacháin fhadbhreathnaitheacha chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal fiachas a chreidtear nach mbaileofar. Cuimsítear sna meastacháin seo gnéithe amhail staid reatha gheilleagar na hÉireann agus saincheisteanna tionscail áirithe (féach nóta 21).

Éilíonn in-aisghabhálacht méideanna dlite do Mháthairchuideachta ESB ó fhochuideachtaí breithiúnas maidir le cumas fochuideachtaí dóthain sreafaí airgid a ghiniúint chun na méideanna a aisíoc nuair a bhíonn siad dlite.

**(viii) Infháltais agus dliteanais léasa (Breithiúnas)**
Éilíonn cur i bhfeidhm IFRS 16 ar an nGrúpa breithiúnais a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar luacháil dliteanas léasa, luacháil sócmhainní ceart úsáide, an ráta lascaine a úsáid chun na híocaíochtaí léasa agus na dtéarmaí léasa a lascainiú.

Ar an 1 Iúil 2025, chuaigh EirGrid plc isteach i gcomhaontú maidir le léas ó ESB d'aonaid ghiniúna leictreachais ag Gob na Muine, Co. an Chláir. Athraíodh na haonaid ag Gob na Muine ó ghual go hola bhreosla throm ("HFO"). Ar fhorghníomhú an Chomhaontaithe, baineadh aitheantas na n-aonad faoi thiomáint HFO ag Gob na Muine ó mhaoin, gléasra agus trealamh, agus aithníodh sócmhainn infhaighte léasa. Tacaíonn an tiontú agus an Comhaontú seo le Plean Gníomhaíochta Aeráide Rialtas na hÉireann ina raibh gealltanas deireadh a chur le dó guail i nGob na Muine faoi 2025 agus slándáil an tsoláthair leictreachais a choinneáil freisin. Tá gá le breithiúnas maidir leis an gcaoi a gcuirtear an Comhaontú seo i láthair i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Ós rud é nach gcoinníonn ESB na rioscaí agus na luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht na n-aonad seo faoi thiomáint HFO, déantar an mhaoin, an gléasra agus an trealamh gaolmhar a dhí-aitheantas a luaithe a bheidh siad tógtha, agus tá an Comhaontú cuntasaithe mar léas airgeadais infhaighte (féach nóta 19).

**(ix) Iarmhéideanna ábhartha a chur i láthair a bhaineann le conarthaí Giniúna Éigeandála Sealadaí (Breithiúnas)**
Le linn na bliana 2023, d'iontráil ESB isteach i gConarthaí Giniúna Éigeandála Sealadaí le EirGrid a fhágann gurb é ról ESB sna socruithe freastal ar sholáthar acmhainn giniúna leictreachais sealadaí lena soláthraítear sláine an tsoláthair fuinnimh d'eangach leictreachais na hÉireann. Amhail an 31 Nollaig 2025, tá dhá shocrú den sórt sin i bhfeidhm ag an bPort Thuaidh i mBaile Átha Cliath agus Droichead na Sionainne i gCo Uíbh Fhailí. Faoi na socruithe, aisíocann EirGrid na costais ghaolmhara go léir (glan ar ioncaim a ghintear) de chuid na sócmhainní gaolmhara, ceannach, tógáil, oibriú, cothabháil agus díchoimisiúnú san áireamh (glan ar fháltais diúscartha) ina n-iomláine le ESB. Cinneann EirGrid, seachas ESB, an treoir maidir le húsáid na sócmhainne.

Tá breithiúnas le tabhairt maidir le conas a chuirtear na socruithe seo i láthair i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Agus an breithiúnas seo á thabhairt, rinneadh breithniú ar riachtanais Chreat Coincheapúil um Thuairisciú Airgeadais IFRS, Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais IAS 1, Ionstraimí Airgeadais IAS 32: Cur i Láthair, Ionstraimí Airgeadais IFRS 7: Rinneadh Nochtaí agus Léasanna IFRS 16 a mheas.

Ós rud é nach bhfuil an riosca agus an luach saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainní á gcoimeád ag ESB agus go bhfuil aisíocaíocht iomlán á fáil ag ESB as na costais ghaolmhara go léir (glan ó ioncam ginte), níor aithníodh aon sócmhainní maoine, gléasra agus trealaimh ná sócmhainní ceart úsáide i ráitis airgeadais an Ghrúpa. Cuirtear costais agus aisíocaíochtaí gaolmhara i láthair ar bhonn glanmhéid sna ráitis airgeadais nuair a thugtar fúthu leis an bpáirtí céanna. Nuair nach amhlaidh an cás, cuirtear costais agus aisíocaíochtaí gaolmhara i láthair ar bhonn ollmhéid. Aithnítear táillí seirbhíse a fhabhraítear do ESB ar aon dul le riachtanais IFRS 15 ó Chonarthaí le Custaiméirí.

## 3. TUAIRISCIÚ CODANNA

Chun críche bainistíochta, tá an Grúpa eagraithe i gceithre phríomhchuid intuairiscithe, rannáin straitéiseacha an Ghrúpa atá á mbainistiú ar leithligh agus a bhfuil faisnéis bhainistíochta shinsearach á soláthar maidir leo don Bhainistíocht Feidhmiúcháin agus don Bhord, Príomhchinnteoir Oibriúcháin ("CODM") an Ghrúpa i dteannta a chéile. Soláthraíonn ceithre rannóg corparáide eile, lena n-áirítear Innealtóireacht agus Mórthionscadail ("EMP") agus Seirbhísí Fiontraíochta go príomha, tacaíocht agus seirbhísí eile do phríomh-rannóga oibriúcháin an Ghrúpa agus cuirtear le chéile iad mar Chodanna Eile sa nóta Tuairiscithe Coda seo.

Seo thíos cur síos ar phríomhchodanna intuairiscithe an Ghrúpa:

(a) Réitigh do Chustaiméirí atá freagrach as forbairt, margaíocht, díol agus seirbhísiú soláthar fuinnimh agus tairiscintí seirbhíse nuálacha trí bhrandaí uile do chustaiméirí ESB (Electric Ireland, Smart Energy Services, ESB e-Cars, ESB Telecoms, ESB Energy agus So Energy) in Éirinn (PÉ), TÉ, agus sa Bhreatain Mhór. Is é Electric Ireland an príomhsholáthraí leictreachais agus gáis do chustaiméirí baile i bPoblacht na hÉireann. Tá Réitigh do Chustaiméirí ag feidhmiú i margadh baile na Breataine Móire trí So Energy. Tá sciar margaidh suntasach ag Electric Ireland san earnáil tráchtála i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Díorthaítear ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis go príomha.

(b) ESB Networks, atá dírithe go príomha ar úinéireacht agus oibriú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i bPoblacht na hÉireann. Is gnó rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar a Bhonn Sócmhainní Rialaithe ("RAB") agus díorthaíonn sé a ioncam go príomha ó tháillí a bhaineann le húsáid an chórais dáileacháin tabhaithe ar sholáthraithe leictreachais agus ó tháillí le haghaidh seirbhísí tarchurtha bailithe ó EirGrid plc. Tá sé imfhálaithe ag rialachán a bhaineann le gnó giniúna agus soláthair an Ghrúpa.

(c) Feidhmíonn, forbraíonn, tógann agus trádálann Giniúint agus Trádáil aschur giniúna leictreachais agus sócmhainní a bhaineann le stóráil i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Cuimsítear ann fochuideachtaí faoi lánúinéireacht agus infheistíochtaí i gcomhfhiontair.

(d) NIE Networks, atá dírithe go príomha ar úinéireacht agus oibriú an líonra dáileacháin leictreachais agus úinéireacht an líonra tarchurtha leictreachais i dTuaisceart Éireann. Is gnó rialaithe é ESB Networks a thuilleann toradh ceadaithe ar RAB agus díorthaíonn sé a ioncam go príomha ó tháillí a bhaineann le húsáid an chórais dáileacháin tabhaithe ar sholáthraithe leictreachais agus ó tháillí le haghaidh seirbhísí tarchurtha bailithe ón Oibreoir Córais do Thuaisceart Éireann ("SONI").

(e) Codanna Eile, ina n-áirítear torthaí na soláthraithe seirbhíse inmheánacha, a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil do phríomhaonaid ghnó an Ghrúpa. Tá na codanna seo á rialú ag rialachán agus tá comhaontuithe leibhéal seirbhíse deartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hidirbhearta idir na codanna oibriúcháin ar bhonn neamhthuilleamaí cosúil le hdirbhearta le tríú páirtithe. Chomh maith leis sin, áirítear sa chuid seo formhór de chostais airgeadais an Ghrúpa, de bhrí go bhfuil formhór den ghníomhaíocht Státchiste á cur i gcrích go lárnach. Ní athmhuirearaítear costais airgeadais tabhaithe go lárnach chuig codanna oibriúcháin eile.

Déanann CODM faireachán ar thorthaí oibriúcháin na gcodanna ar leithligh chun acmhainní a leithdháileadh idir codanna agus chun feidhmíocht a mheas. Déantar feidhmíocht coda a mheas go príomha bunaithe ar bhrabús oibriúcháin. Ní thuairiscítear sócmhainní agus dliteanais de réir na coda do CODM.

**Ioncam bunaithe ar tháirge**
Tá codanna intuairiscithe roinnte bunaithe ar an gcineál ioncaim táirge tuillte. Cuimsítear i Réitigh do Chustaiméirí díolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis agus seirbhísí gaolmhara eile atá sonraithe ag (a) thuas. Eascraíonn ioncam Giniúna agus Trádála as giniúint leictreachais go príomha. Tuilleann ESB Networks agus NIE Networks ioncam Úsáide Córais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Baineann ioncam atá san áireamh i gCodanna Eile le seirbhísí innealtóireachta go príomha.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 3. TUAIRISCIÚ CODANNA (ar lean)

### (a) Ráiteas Ioncaim

| (i) Ioncam oibriúcháin coda agus ioncam oibriúcháin eile (glan) - 2025 | Réitigh do Chustaiméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 4,127.9 | 1,230.7 | 935.7 | 406.3 | 7.1 | - | **6,707.7** |
| Ioncam idirchoda | 208.5 | 443.9 | 1,568.3 | 44.2 | 510.3 | (2,775.2) | **-** |
| Ioncam oibriúcháin eile (glanmhéid) - Nóta 8 | 0.4 | 0.4 | 9.7 | - | 89.2 | (68.9) | **30.8** |
| **Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile (glan)** | 4,336.8 | 1,675.0 | 2,513.7 | 450.5 | 606.6 | (2,844.1) | **6,738.5** |
| | | | | | | | |
| **(ii) Costais oibriúcháin coda (glan) - 2025** | | | | | | | |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (60.2) | (0.3) | (4.3) | - | (21.3) | - | **(86.1)** |
| Dímheas agus amúchadh | (38.8) | (608.1) | (198.8) | (187.9) | (35.7) | - | **(1,069.3)** |
| Costais oibriúcháin eile | (4,109.9) | (690.9) | (1,972.1) | (163.3) | (576.8) | 2,844.1 | **(4,668.9)** |
| **Costais oibriúcháin agus caillteanais laige glan** | (4,208.9) | (1,299.3) | (2,175.2) | (351.2) | (633.8) | 2,844.1 | **(5,824.3)** |
| | | | | | | | |
| **(iii) Toradh oibriúcháin - 2025** | | | | | | | |
| **Brabús oibriúcháin / (caillteanas) roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais eile** | 127.9 | 375.7 | 338.5 | 99.3 | (27.2) | - | **914.2** |
| Míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe - Nóta 6 agus 7 | - | - | (19.4) | - | - | - | **(19.4)** |
| **Brabús oibriúcháin / (caillteanas) tar éis míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe eile** | 127.9 | 375.7 | 319.1 | 99.3 | (27.2) | - | **894.8** |
| Sciar de bhrabús / (caillteanas) institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 17.5 | - | (10.2) | - | **7.3** |
| **Brabús roimh ghlanchostas maoinithe agus cánachas** | **127.9** | **375.7** | **336.6** | **99.3** | **(37.4)** | **-** | **902.1** |

San áireamh i dtorthaí oibriúcháin na coda Réitigh Chustaiméirí tá €20.9 milliún d'ioncam (2024: €54.9 milliún) agus €1.8 milliún de bhrabús oibriúcháin (2024: €14.0 milliún) a bhaineann le gnó Cónaithe Thuaisceart Éireann de chuid Electric Ireland a bhfuil an Grúpa i mbun éirí as ar bhonn gníomhach.

Áirítear ar thorthaí oibriúcháin na míre Giniúna agus Trádála €7.4 milliún d'ioncam (2024: €21.2 milliún) agus €nialas de bhrabús oibriúcháin (2024: €13.3 milliún) i ndáil le Corby Power Limited, a oibríonn stáisiún cumhachta gásadhainte atá lonnaithe in Corby, an Ríocht Aontaithe. I mí Lúnasa 2025, chríochnaigh ESB diúscairt a infheistíochta 100% in Corby Power Limited (féach nóta 8).



## 3. TUAIRISCIÚ CODANNA (ar lean)

| (i) Ioncam oibriúcháin coda agus ioncam oibriúcháin eile (glan) - 2024 | Réitigh do Chustaiméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncaim sheachtracha | 4,821.1 | 1,123.0 | 814.7 | 475.2 | 15.9 | - | 7,249.9 |
| Ioncam idirchoda | 215.7 | 414.0 | 1,703.3 | 50.8 | 461.9 | (2,845.7) | - |
| Ioncam oibriúcháin eile (glanmhéid) - Nóta 8 | 0.2 | 1.2 | 2.7 | - | 151.5 | (146.4) | 9.2 |
| **Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile (glan)** | 5,037.0 | 1,538.2 | 2,520.7 | 526.0 | 629.3 | (2,992.1) | 7,259.1 |
| | | | | | | | |
| **(ii) Costais oibriúcháin coda (glan) - 2024** | | | | | | | |
| Glanchaillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (67.6) | (0.4) | (6.0) | - | (3.1) | - | (77.1) |
| Dímheas agus amúchadh | (27.2) | (575.5) | (166.6) | (202.4) | (32.9) | - | (1,004.6) |
| Costais oibriúcháin eile | (4,828.9) | (595.6) | (2,037.5) | (135.1) | (597.4) | 2,992.1 | (5,202.4) |
| **Costais oibriúcháin agus caillteanais laige glan** | (4,923.7) | (1,171.5) | (2,210.1) | (337.5) | (633.4) | 2,992.1 | (6,284.1) |
| | | | | | | | |
| **(iii) Toradh oibriúcháin - 2024** | | | | | | | |
| **Brabús oibriúcháin / (caillteanas) roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais eile** | 113.3 | 366.7 | 310.6 | 188.5 | (4.1) | - | 975.0 |
| Míreanna eisceachtúla agus atomhais áirithe - Nóta 6 agus 7 | - | - | 115.5 | - | - | - | 115.5 |
| **Brabús oibriúcháin / (caillteanas) tar éis míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe eile** | 113.3 | 366.7 | 426.1 | 188.5 | (4.1) | - | 1,090.5 |
| Sciar de bhrabús / (caillteanas) institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | - | 9.6 | - | (14.9) | - | (5.3) |
| **Brabús roimh ghlanchostas maoinithe agus cánachas** | 113.3 | 366.7 | 435.7 | 188.5 | (19.0) | - | 1,085.2 |

Díothaítear gach ioncam idirchoda tráth an chomhdhlúthaithe agus léirítear iad sa cholún díothaithe thuas.

### (b) Nochtadh eile

| | 2025 €m | [1]Athrangaithe 2024 €m |
|---|---|---|
| **Infheistíocht Chaipitil** | | |
| Réitigh do Chustaiméirí | **47.1** | 38.7 |
| ESB Networks | **1,401.1** | 1,129.8 |
| Giniúint agus Trádáil | **880.3** | 734.2 |
| NIE Networks | **329.9** | 276.6 |
| Codanna Eile | **20.9** | 19.9 |
| **Iomlán** | **2,679.3** | 2,199.2 |

1 Cuimsítear i mbreisiúcháin le sócmhainní neamhreatha infheistíochtaí i maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (seachas lamháltais astaíochtaí), sócmhainní airgeadais, institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus iasachtaí a tugadh d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Tá athaicmiú déanta ar bhreiseanna le sócmhainní neamhreatha an 31 Nollaig 2024 chun €355.6 milliún a áireamh i ndáil le hiasachtaí arna n-airleacan d'infheistithe cuntasaithe de réir cothromais chun comhsheasmhacht le nochtadh na bliana reatha a chinntiú.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 4. IONCAM Ó CHONARTHAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ

Ceanglaíonn IFRS 15 go léirítear nádúr, uainiú, méid agus éiginnteacht a ioncaim laistigh dá cheanglais nochta. Chinn ESB go bhfuil an díchomhshuimiú, bunaithe ar úsáid a bhaint as codanna reatha agus cineál an ioncaim, oiriúnach do na himthosca.

| 2025 | Réitigh do Chustaiméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim sheachtracha** | | | | | | | |
| Ioncam ó Ghiniúint Cumhachta | - | - | 859.8 | - | - | - | **859.8** |
| Ioncam ó tháillí Úsáide Córais do chustaiméirí | - | 1,104.7 | - | 394.2 | - | - | **1,498.9** |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | - | 77.9 | - | 9.2 | - | - | **87.1** |
| Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis | 4,083.5 | - | - | - | - | - | **4,083.5** |
| Ioncam eile | 44.4 | 48.1 | 75.9 | 2.9 | 7.1 | - | **178.4** |
| **Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí** | 4,127.9 | 1,230.7 | 935.7 | 406.3 | 7.1 | - | **6,707.7** |
| Ioncam idirchoda | 208.5 | 443.9 | 1,568.3 | 44.2 | 510.3 | (2,775.2) | **-** |
| Ioncam oibriúcháin eile (glanmhéid) - Nóta 8 | 0.4 | 0.4 | 9.7 | - | 89.2 | (68.9) | **30.8** |
| **Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile (glan)** | 4,336.8 | 1,675.0 | 2,513.7 | 450.5 | 606.6 | (2,844.1) | **6,738.5** |

San áireamh san ioncam ó dhíolacháin le custaiméirí leictreachais agus gáis tá €nialas (2024: €28.8 milliún) ó Rialtas na Ríochta Aontaithe a bhaineann leis an scéim Ráthaíochta Praghais Fuinnimh.

| 2024 | Réitigh do Chustaiméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Comhdhlúthú agus díothú €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncaim sheachtracha** | | | | | | | |
| Ioncam ó Ghiniúint Cumhachta | - | - | 783.7 | - | - | - | 783.7 |
| Ioncam ó tháillí Úsáide Córais do chustaiméirí | - | 1,020.3 | - | 447.9 | - | - | 1,468.2 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | - | 68.4 | - | 26.2 | - | - | 94.6 |
| Ioncam ó dhíolacháin chuig custaiméirí leictreachais agus gáis | 4,777.4 | - | - | - | - | - | 4,777.4 |
| Ioncam eile | 43.7 | 34.3 | 31.0 | 1.1 | 15.9 | - | 126.0 |
| **Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí** | 4,821.1 | 1,123.0 | 814.7 | 475.2 | 15.9 | - | 7,249.9 |
| Ioncam idirchoda | 215.7 | 414.0 | 1,703.3 | 50.8 | 461.9 | (2,845.7) | - |
| Ioncam oibriúcháin eile (glanmhéid) - Nóta 8 | 0.2 | 1.2 | 2.7 | - | 151.5 | (146.4) | 9.2 |
| **Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile (glan)** | 5,037.0 | 1,538.2 | 2,520.7 | 526.0 | 629.3 | (2,992.1) | 7,259.1 |

## 5. FAISNÉIS GHEOGRAFACH

### (a) Sócmhainní neamhreatha de réir suímh gheoghrafaigh

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Éire | **12,105.6** | 10,837.6 |
| An RA, Tuaisceart Éireann san áireamh | **3,329.6** | 3,373.5 |
| **Iomlán** | **15,435.2** | 14,211.1 |

Cuimsítear i sócmhainní neamhreatha chun na críche seo maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (gan liúntais astaíochtaí agus ROCanna san áireamh), sócmhainní ceart úsáide agus dea-thoil. Níl infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, infheistíochtaí sócmhainní airgeadais, trádáil agus infháltais eile, ionstraimí airgeadais díorthacha agus sócmhainní cánach iarchurtha agus sócmhainní pinsin NIE Networks san áireamh.

## 5. FAISNÉIS GHEOGRAFACH (ar lean)

### (b) Ioncam seachtrach bunaithe ar an margadh geografach

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Éire | **4,936.0** | 5,161.6 |
| An RA, Tuaisceart Éireann san áireamh | **1,797.1** | 2,085.4 |
| An Chuid eile den Domhan | **5.4** | 12.1 |
| **Ioncam agus ioncam oibriúcháin eile (glan)** | **6,738.5** | 7,259.1 |

## 6. EARRAÍ EISCEACHTÚLA

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Caillteanas creidmheasa ionchais a bhaineann le Neart na Gaoithe (nóta 10) | - | (134.6) |
| Brabús ar dhiúscairt Thameside Energy Recovery Limited (nóta 8) | - | 58.6 |
| **Míreanna eisceachtúla roimh chánachas** | - | (76.0) |
| Creidmheas cánach ar mhíreanna eisceachtúla | - | 26.7 |
| **Míreanna eisceachtúla i ndiaidh cánachais** | - | (49.3) |

Tá úsáid bainte ag an nGrúpa as an téarma "eisceachtúil" chun cur síos a dhéanamh ar mhíreanna áirithe, lena n-éilítear, i dtuairim an Lucht Bainistíochta, iad a nochtadh astu féin mar gheall ar mhéid nó teagmhas, nó de bhrí go gcinntear go bhfuil gnóthachain nó caillteanais áirithe neamh- athfhillteach.

**Caillteanas creidmheasa ionchais a bhaineann le Neart na Gaoithe**
Socrú comhpháirteach idir ESBII UK Limited agus EDF Renewables UK Limited is ea NNG Windfarm Holdings Limited ("NNG"). Is tionscadal feirme gaoithe 448 MW é NNG amach ó chósta thoir na hAlban, ar cuireadh tús lena thógáil in 2019 agus a bhain oibríochtaí tráchtála amach le linn 2025. Mar gheall ar mhoilleanna ar thógáil an tionscadail, rinne an dá scairshealbhóir gealltanais chothromais bhreise, i bhfoirm conarthaí ráthaíochta airgeadais d'iasachtóirí tríú páirtí i bpáirt, in 2022 agus in 2025. Mar thoradh ar na moilleanna agus na gealltanais bhreise sin, tháinig caillteanas creidmheasa ionchais chun cinn ar iasachtaí scairshealbhóirí ESB le NNG amhail an 31 Nollaig 2024, a aicmíodh mar mhír eisceachtúil.

Rinneadh ríomh amhail an 31 Nollaig 2025 maidir leis an gcaillteanas creidmheasa ar iasachtaí scairshealbhóra ESB chuig NNG a bhfuiltear ag súil leis bunaithe ar mhúnla caillteanais creidmheasa feadh an tsaoil a bhfuiltear ag súil leis de réir IFRS 9. Úsáideadh múnla sreafa airgid lascainithe chun leibhéal an chaillteanais creidmheas a bhfuiltear ag súil leis a chinneadh bunaithe ar shreabhadh airgid chuig agus as an tionscadal thar a shaolré.

Leagtar amach thíos na príomhthuairimí a úsáideadh sa mhúnla caillteanais creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis:
- Amlínte leasaithe an tionscadail, a imríonn tionchar ar chostais tógála iomlána agus ar shreafaí airgid oibriúcháin.
- Costais tógála mheasta glan ó éilimh árachais agus conraitheoirí.
- Leibhéal na n-íostarraingtí breise maidir le hiasachtaí ó ESB a rinne NNG.
- Tionchar boilscithe, úis agus rátaí FX, lena gcuirtear ionstraimí fálaithe gaolmhara NNG san áireamh.
- Meastachán maidir leis an ráta boilscithe fadtéarmach le haghaidh ioncaim neamhfhálaithe.
- Praghsanna mórdhíola an mhargaidh a tuaradh
- Dálaí gaothualaigh a tuaradh, agus leibhéal an laghdaithe.
- Ráta lascaine cuí le haghaidh sreafaí airgid oibríochtúla.

Aithníodh caillteanas creidmheasa ionchais de €134.6 milliún i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa mar chostas airgeadais eisceachtúil (nóta 10) in 2024. Níor aithníodh aon chaillteanas creidmheasa ionchais eile a d'eascair as an measúnú amhail an 31 Nollaig 2025. Mar sin féin, tá an tsamhail caillteanais creidmheasa ionchais thar a bheith íogair i leith leibhéal na sreafaí airgid thirim ar glacadh leo i ndáil le héilimh árachais agus conraitheoirí. Cé go measann an Lucht Bainistíochta go bhfuil na boinn tuisceana samhaltaithe a bhaineann leis na cúrsaí sin réasúnta, tá réimse torthaí féideartha ann, agus d'fhéadfadh caillteanais chreidmheasa bhreise teacht chun cinn amach anseo má bhíonn difríocht ábhartha idir toradh deiridh na gcúrsaí sin agus an toradh ar glacadh leis. Tá tógáil an tionscadail críochnaithe anois agus baineadh oibríochtaí tráchtála amach in 2025.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 6. EARRAÍ EISCEACHTÚLA (ar lean)

**Brabús ar dhiúscairt Thameside Energy Recovery Limited**
I mí na Samhna 2024, chríochnaigh ESB a scairsheilbh 80% in Thameside Energy Recovery Limited ("TERF") a dhiúscairt. Is cuideachta í TERF a chorpraítear sa Ríocht Aontaithe a bhfuil na cearta forbartha aici chun gléasra fuinnimh ó dhramhaíl a thógáil atá lonnaithe i gcalafort Tilbury sa Ríocht Aontaithe.

Aithníodh gnóthachan iomlán de €58.6 milliún sa bhliain 2024 mar gheall ar scairsheilbh ESB in TERF a dhiúscairt.
- Fuarthas fáltais iomlána de €69.0 milliún - lena n-áirítear €14.2 milliún a fuarthas sa bhliain 2022 ach a iarchuireadh go dtí gur comhlíonadh coinníollacha go léir an díolacháin.
- i gcomparáid le luach (tugtha) anonn de €10.4 milliún a bhaineann leis na cearta forbartha atá á gcoinneáil ag TERF, aitheanta mar dhiúscairt le linn na bliana ó shócmhainní doláimhsithe i ndiaidh sásamh le coinníollacha an díola.

## 7. ATOMHAIS ÁIRITHE

| | 2025<br>€m | 2024<br>€m |
|---|---|---|
| (Caillteanas) / gnóthachan cóirluacha ar bhabhtálacha tráchtearraí breosla | **(35.6)** | 56.9 |
| Gnóthachan cóirluacha ar chonradh réamhphraghsanna leictreachais | **16.2** | - |
| **Atomhais áirithe roimh chánachas** | **(19.4)** | 56.9 |
| Creidmheas cánach / (costas) ar atomhais áirithe | **2.4** | (7.1) |
| **Atomhais áirithe i ndiaidh cánachais** | **(17.0)** | 49.8 |

I ngnáthchúrsa an ghnó, téann an Grúpa isteach i réamhthrádálacha praghsanna tráchtearraí breosla, agus conarthaí malairte eachtraí gaolmhara, chun luach a sócmhainní agus a conarthaí giniúna bunúsacha a chosaint agus a bharrfheabhsú, agus chun freastal ar riachtanais a chustaiméirí amach anseo. Tá na trádálacha seo deartha chun na rioscaí agus neamhchosaint airgeadais a eascraíonn as sócmhainní, conarthaí nó éileamh custaiméirí a shealbhú, a laghdú, agus tá siad faoi réir teorainneacha agus rialuithe dochta riosca.

Toisc go bhfuil cosc ar chuid de na trádálacha seo a bheith ainmnithe mar 'chun a úsáide féin', ceanglaítear le IFRS 9 'Ionstraimí Airgeadais; go dtugtar cóirluach aonair dóibh. Áirítear gluaiseachtaí cóirluacha ar na réamhthrádálacha praghsanna tráchtearraí breosla seo, agus conarthaí malairte eachtraí gaolmhara, laistigh de chostais oibriúcháin, toisc nach féidir iad a ainmniú mar fhálaithe cuntasaíochta faoi IFRS 9, cé go measann an Bhainistíocht gur fáluithe eacnamaíocha éifeachtach iad. Ní léiríonn gluaiseachtaí cóirluacha ar na trádálacha seo bunfheidhmíocht an ghnó toisc go bhfuil baint eacnamaíoch acu le sócmhainní giniúna an Ghrúpa nó le héileamh custaiméara, agus le trádálacha fálaithe praghsanna leictreachais gaolmhara atá socraithe go fisiciúil, nach dtugtar cóirluach dóibh. Dá bhrí sin, rinneadh tuairisciú ar leith ar ghluaiseachtaí cóirluacha ar na réamhthrádálacha praghsanna tráchtearraí breosla seo agus ar chonarthaí malairte eachtraí (le chéile, "ais-thomhais áirithe") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus léireofar iad ina dhiaidh sin sa bhrabús oibriúcháin bunúsach nuair a bheidh tionchar ag an mbun-idirbheart nó ag an tsócmhainn ar bhrabús nó caillteanas. Cuirtear éifeachtaí na n-atomhas áirithe seo i láthair laistigh de Chostais Ioncaim nó Fuinnimh nuair a aithnítear iad mar bhonn le brabús oibriúcháin, ag brath ar nádúr an chonartha.

Aithnítear caillteanas neamh-airgid cóirluacha de €35.6 milliún amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: gnóthachan de €56.9 milliún) sa Ráiteas Ioncaim ar na conarthaí tráchtearra agus nochtadh é ar leithligh ó fheidhmíocht fholuiteach airgeadais mar atomhais áirithe. Eascraíonn na caillteanais mar thoradh ar réamhphraghsanna diúltacha margaidh do na tráchtearraí sin i gcomparáid le praghsanna conarthacha agus gluaiseachtaí diúltacha FX.

Mar chuid d'éadáil Fheirm Ghaoithe Leitir Mucú, aithníodh conradh réamhphraghsanna leictreachais lenar bhain cóirluach diúltach de €81.0 milliún nuair a ceannaíodh é. Aithníodh gluaiseachtaí cóirluacha dearfaí de €16.2 milliún sa Ráiteas Ioncaim le linn na tréimhse ó rinneadh an éadáil (nóta 26).

## 8. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

| | 2025<br>€m | 2024<br>€m |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | **4.7** | 0.8 |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí [1] | **15.4** | 5.6 |
| Brabús ar dhiúscairt fochuideachta [2/3] | **8.0** | 58.6 |
| Díbhinní a fuarthas | **2.7** | 2.8 |
| **Iomlán** | **30.8** | 67.8 |

1 Diúscraíodh roinnt infheistíochtaí le linn 2025. Ba é Nualight Limited an diúscairt ba shuntasaí agus brabús €15.0 milliún ar an diúscairt mar thoradh air.
2 Aithníodh gnóthachan iomlán de €8.0 milliún sa bhliain 2025 mar gheall ar scairsheilbh 100% ESB in Corby Power Limited a dhiúscairt. Bhí €14.3 milliún d'fháltais iomlána glan ó chostais diúscartha agus luach iompair na sócmhainní glana a díoladh san áireamh anseo.
3 Aicmíodh an brabús ar dhiúscairt fochuideachta (Thameside Energy Recovery Limited) sa bhliaiin 2024 mar mhír eisceachtúil (féach nóta 6).

## 9. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN (lena n-áirítear muirir bhearnúcháin)

| | 2025<br>€m | 2024<br>€m |
|---|---|---|
| Costais fostaí (nóta 11) | **715.3** | 680.2 |
| Costais Fuinnimh | **3,174.2** | 3,862.2 |
| Oibríochtaí agus cothabháil[1] | **779.4** | 660.0 |
| Dímheas agus amúchadh (nóta 13/14/15) | **1,069.3** | 1,004.6 |
| Glanmhuirir bhearnúcháin [2] | **86.1** | 77.1 |
| **Costais oibriúcháin (glan) roimh chóirluach (gnóthachain) / caillteanais** | **5,824.3** | 6,284.1 |
| Caillteanais (gnóthachain) chóirluacha ar chonarthaí tráchtearraí breosla agus conarthaí gaolmhara airgeadra eachtraigh | **19.4** | (56.9) |
| **Costais oibriúcháin agus caillteanais laige glan** | **5,843.7** | 6,227.2 |

1 San áireamh in oibríochtaí agus cothabháil tá caillteanas ath-aistriúcháin malairte eachtraí de €16.9 milliún (2024: gnóthachan de €27.5 milliún) a bhaineann den chuid is mó le poist idirchuideachta ainmnithe i steirling, taiscí gearrthéarmacha agus fiachas fadtéarmach agus muirear de €nialas (2024: muirear de €0.3 milliún) a bhaineann le luacháil chóir conarthaí malairte eachtraí nach bhfuil ainmnithe mar fháluithe cuntasaíochta.
2 Áirítear leis na glanmhuirir bhearnúcháin glanchaillteanais bhearnúcháin de €58.8 milliún (2024: €75.5 milliún) ar shócmhainní airgeadais (nóta 21), agus muirir bhearnúcháin de €1.3 milliún (2024: €0.6 milliún) i ndáil le maoin, gléasra agus trealamh (nóta 13), de €4.2 milliún (2024: €0.3 milliún) i ndáil le sócmhainní doláimhsithe (nóta 14), €nialas (2024: €0.7 milliún) i ndáil le sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide (nóta 15), agus de €21.8 milliún (2024: €nialas) i ndáil le dea-thoil a aithníodh ar éadáil So Energy Limited (nóta 16).

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 10. GLANCHOSTAS AIRGEADAIS AGUS TÁILLÍ MAOINITHE EILE

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí | **234.8** | 249.6 |
| Lúide ús caipitlithe | **(43.6)** | (43.6) |
| **Glanús ar iasachtaíocht** | **191.2** | 206.0 |
| | | |
| Lúide ús caipitlithe: | | |
| ▪ ar scéim pinsin NIE Networks (nóta 27) | **(3.7)** | (3.9) |
| ▪ ar scéim pinsin ESB (nóta 28) | **3.5** | 3.4 |
| ▪ ar fhorálacha (nóta 31) | **17.0** | 17.1 |
| ▪ ar oibleagáidí léasa (nóta 15) | **3.8** | 3.2 |
| **Táillí maoinithe iomlána** | **20.6** | 19.8 |
| | | |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chóirluacha ar ionstraimí airgeadais:** | | |
| ▪ babhtálacha ráta úis agus babhtálacha atá nasctha le boilsciú nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe | **29.0** | (14.5) |
| ▪ airgeadra / babhtálacha ráta úis: fáluithe sreabhaidh airgid, aistriú ó OCI | **4.7** | 5.3 |
| ▪ caillteanas / (gnóthachain) a eascraíonn as díorthaigh mar ionstraimí fálaithe i bhfáluithe cóirluacha | **25.3** | (19.7) |
| ▪ (gnóthachan) / caillteanas a thagann chun cinn ar choigeartú don earra fálaithe atá inchurtha i leith an riosca fálaithe i ngaol ainmnithe cuntasaíochta fálaithe cóirluacha | **(24.5)** | 19.7 |
| **(Gnóthachain) / caillteanais chóirluacha iomlána ar ionstraimí airgeadais** | **34.5** | (9.2) |
| | | |
| **Caillteanas creidmheasa a bhfuiltear ag súil leis a bhaineann le hInstitiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu - (nóta 6)** | **-** | 134.6 |
| | | |
| **Costas airgeadais agus táillí maoinithe eile** | **246.3** | 351.2 |
| | | |
| Ioncam maoinithe ó shuimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu (nóta 17) | **(40.1)** | (54.4) |
| Ioncam airgeadais ó airgead tirim agus taiscí gearrthéarmacha | **(50.4)** | (81.0) |
| Ioncam léasa airgeadais (nóta 19) | **(3.4)** | - |
| **Ioncam maoinithe** | **(93.9)** | (135.4) |
| | | |
| **Glanchostas airgeadais agus táillí maoinithe eile** | **152.4** | 215.8 |

Ríomhtar na táillí maoinithe ar fhorálacha de réir an bheartais le haghaidh oibleagáidí íocaíochta amach anseo a lascainiú mar atá nochtadh sna beartais chuntasaíochta - féach nóta 1.

San áireamh i mbabhtálacha ráta úis agus i mbabhtálacha atá nasctha le boilsciú nach bhfuil cáilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe tá caillteanais chóirluacha a bhaineann le babhtálacha ráta úis, caillteanais chóirluacha ar bhabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú agus gnóthachain chóirluacha ar bhabhtálacha airgeadra. Féach nóta 26a le haghaidh tuilleadh eolais ar na gluaiseachtaí sin.

## 11. FOSTAITHE

### Grúpa

**(a) Meánlíon fostaithe sa bhliain bunaithe ar ghníomhaíocht gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2025 Líon | 2024 Líon |
|---|---|---|
| Giniúint agus Trádáil | **870** | 842 |
| Réitigh do Chustaiméirí | **1,014** | 1,038 |
| ESB Networks | **4,061** | 3,883 |
| NIE Networks | **1,666** | 1,582 |
| Innealtóireacht agus Mórthionscadail | **1,010** | 947 |
| Seirbhísí Fiontraíochta | **1,023** | 1,004 |
| Eile | **324** | 292 |
| **Iomlán** | **9,968** | 9,588 |

**(b) Costais fostaí sa bhliain**

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan phinsin)** | | |
| Tuarastail | **754.3** | 711.6 |
| Ragobair | **72.7** | 56.4 |
| **Pá agus tuarastail** | **827.0** | 768.0 |
| Costais leasa shóisialaigh (ÁSPC agus árachas náisiúnta) | **77.4** | 67.0 |
| Costais phárolla eile[1] | **44.4** | 64.5 |
| **Costas phárolla d'fhostaithe** | **948.8** | 899.5 |

**(c) Costais phinsin agus sochair fostaithe eile**

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Muirear pinsin - scéimeanna eile[2] | **73.1** | 66.7 |
| Muirear scéim pinsin NIE Networks[3] | **5.1** | 5.3 |
| Costais iomlána a bhaineann le fostaithe | **1,027.0** | 971.5 |
| | | |
| Costais fostaithe chaipitlithe | **(311.7)** | (291.3) |
| Costais iomlána a bhaineann le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim | **715.3** | 680.2 |

1 Áirítear leis na costais seo liúntais taistil agus cothaithe den chuid is mó.
2 Áirítear leis an muirear pinsin do scéimeanna eile ranníocaíochtaí €21.2 milliún (2024: €20.8 milliún) chuig Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB, €30 milliún (2024: €26.4 milliún) chuig Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe ESB, €20.6 milliún (2024: €18.6 milliún) chuig an rannóg Roghanna de Scéim Pinsin NIE Networks (Scéim Ghréasáin NIE) agus €1.3 milliún (2024: €0.9 milliún) chuig an scéim pinsin geallsealbhóirí (Scéim Pinsin FMUK) d'fhostaithe an Ghrúpa sa Bhreatain Mhór. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i nóta 25 agus 26.
3 Baineann muirear scéim pinsin NIE Networks go hiomlán le mír Fócais Scéim Leictreachais Thuaisceart Éireann (Scéim NIE Networks) agus leis sin amháin. Féach nóta 27 chun tuilleadh sonraí a fháil.

### Máthairchuideachta

**(a) Meánlíon fostaithe sa bhliain bunaithe ar ghníomhaíocht gnó, lena n-áirítear fostaithe sealadacha:**

| | 2025 Líon | 2024 Líon |
|---|---|---|
| Giniúint agus Trádáil | **588** | 561 |
| Réitigh do Chustaiméirí | **463** | 434 |
| ESB Networks | **4,049** | 3,872 |
| Innealtóireacht agus Mórthionscadail | **939** | 862 |
| Seirbhísí Fiontraíochta | **1,023** | 1,004 |
| Eile | **324** | 292 |
| **Iomlán** | **7,386** | 7,025 |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 11. FOSTAITHE (ar lean)

### (b) Costais fostaí sa bhliain

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Costais foirne reatha (gan phinsin)** | | |
| Tuarastail | **580.6** | 542.1 |
| Ragobair | **52.6** | 42.0 |
| **Pá agus tuarastail** | **633.2** | 584.1 |
| Costais leasa shóisialaigh (ÁSPC agus árachas náisiúnta) | **59.7** | 52.0 |
| Costais phárolla eile[1] | **36.7** | 56.8 |
| **Costas phárolla d'fhostaithe** | **729.6** | 692.9 |

### (c) Costais phinsin agus sochair fostaithe eile

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Muirear pinsin[2] | **48.1** | 43.0 |
| **Costais iomlána a bhaineann le fostaithe** | **777.7** | 735.9 |
| | | |
| Costais fostaithe chaipitlithe | **(216.1)** | (205.8) |
| **Costais iomlána a bhaineann le fostaithe a gearradh ar an ráiteas ioncaim** | **561.6** | 530.1 |

1 Baineann na costais sin le liúntais taistil agus cothabhála go príomha.
2 Cuimsítear sa mhuirear pinsin ranníocaíochta le Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB agus Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB. Féach nóta 27 chun tuilleadh sonraí a fháil.

## 12. BRABÚS DON BHLIAIN AIRGEADAIS

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Luach saothair an iniúchóra:** | | |
| ▪ Iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa [1] | **0.9** | 0.7 |
| ▪ Iniúchadh ar fhochuideachtaí | **1.4** | 1.2 |
| | **2.3** | 1.9 |
| ▪ Seirbhísí eile dearbhaithe | **0.2** | 0.2 |
| ▪ Seirbhísí comhairleacha cánach (eintitis Mháthairchuideachta agus NIE Networks amháin) | **0.1** | 0.2 |
| ▪ Seirbhísí eile neamhiniúchta | **0.1** | 0.1 |
| | **2.7** | 2.4 |
| | | |
| **Luach saothair chomhaltaí Boird (Máthairchuideachta) ESB:** | | |
| ▪ Díolaíochtaí[2] | **0.5** | 0.5 |
| ▪ Ranníocaíochtaí pinsin[3] | **0.1** | 0.1 |

1 Is éard atá i luach saothair iniúchóirí is inchurtha i leith na Máthairchuideachta ná €0.4 milliún (2024: €0.4 milliún) a bhaineann le hiniúchadh ráitis airgeadais na Máthairchuideachta, €0.4 milliún (2024: €0.4 milliún) a bhaineann le seirbhísí dearbhaithe eile, €nialas (2024: €nialas) a bhaineann le seirbhísí comhairleacha cánach agus €0.1 milliún (2024: €0.1 milliún) a bhaineann le seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile.
2 Ní chuimsítear sna sonraí maidir le luach saothair na gComhaltaí Boird méideanna íoctha le ceathrar comhaltaí Boird Oibrithe mar fhostaithe ESB (de bhrí nach n-ardaítear nó nach laghdaítear a leithéid de phá mar gheall ar a gcomhaltacht Boird), ach cuimsítear iontu méideanna íoctha leo trí tháillí Boird.
3 Tagann muirir sochair iarfhostaíochta €0.1 milliún (2024: €0.1 milliún) chun solais faoi Scéim le Sochar Sainithe ESB a bhaineann le Comhalta Boird amháin.

## 13. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| Grúpa | Talamh agus foirgnimh €m | Gléasra agus innealra €m | Sócmhainní iomlána coimisiúnaithe €m | Sócmhainní á dtógáil €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,340.9 | 23,323.8 | **24,664.7** | 2,012.4 | **26,677.1** |
| Breisiúcháin | 2.6 | 802.1 | **804.7** | 835.2 | **1,639.9** |
| Scoir / diúscairtí | (1.3) | (516.9) | **(518.2)** | (1.2) | **(519.4)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 47.7 | 752.3 | **800.0** | (800.0) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) sócmhainní doláimhsithe | (7.0) | 7.6 | **0.6** | (9.7) | **(9.1)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 1.0 | 284.9 | **285.9** | 1.1 | **287.0** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,383.9 | 24,653.8 | **26,037.7** | 2,037.8 | **28,075.5** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 1,383.9 | 24,653.8 | **26,037.7** | 2,037.8 | **28,075.5** |
| Breisiúcháin | - | 890.1 | **890.1** | 1,145.7 | **2,035.8** |
| Éadálacha (nóta 18) | - | 283.4 | **283.4** | - | **283.4** |
| Scoir / diúscairtí | (0.9) | (206.6) | **(207.5)** | (87.6) | **(295.1)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 8.1 | 424.6 | **432.7** | (432.7) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) sócmhainní doláimhsithe | - | 1.2 | **1.2** | (5.5) | **(4.3)** |
| Aistrithe eile | (4.0) | (0.3) | **(4.3)** | 15.4 | **11.1** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (1.1) | (297.4) | **(298.5)** | (2.7) | **(301.2)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 1,386.0 | 25,748.8 | **27,134.8** | 2,670.4 | **29,805.2** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 774.3 | 13,572.0 | **14,346.3** | 5.9 | **14,352.2** |
| Muirear don bhliain | 24.1 | 867.1 | **891.2** | - | **891.2** |
| Scoir / diúscairtí | (0.9) | (511.2) | **(512.1)** | - | **(512.1)** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | (0.3) | **(0.3)** | - | **(0.3)** |
| Bearnúchán | - | 0.6 | **0.6** | - | **0.6** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 0.1 | 140.7 | **140.8** | - | **140.8** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 797.6 | 14,068.9 | **14,866.5** | 5.9 | **14,872.4** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 797.6 | 14,068.9 | **14,866.5** | 5.9 | **14,872.4** |
| Muirear don bhliain | 24.1 | 905.4 | **929.5** | - | **929.5** |
| Scoir / diúscairtí | (0.4) | (204.0) | **(204.4)** | - | **(204.4)** |
| Bearnúchán | - | 1.3 | **1.3** | - | **1.3** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (0.1) | (141.6) | **(141.7)** | - | **(141.7)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 821.2 | 14,630.0 | **15,451.2** | 5.9 | **15,457.1** |
| | | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2025** | **564.8** | **11,118.8** | **11,683.6** | **2,664.5** | **14,348.1** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2024** | 586.3 | 10,584.9 | **11,171.2** | 2,031.9 | **13,203.1** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2024** | 566.6 | 9,751.8 | **10,318.4** | 2,006.5 | **12,324.9** |

Áiríodh leis na diúscairtí €86.2 milliún a bhaineann le dí-aithint Maoine, Gléasra agus Trealaimh i ndáil leis an gcomhaontú seirbhísí le EirGrid plc (nóta 19).

Áiríodh le haistrithe eile €11.1 milliún i ndáil le hath-aicmiú idir Maoin, Gléasra agus Trealamh agus Ioncam Iarchurtha le haghaidh ceartúcháin i ndáil le mí-aicmiú i mblianta roimhe seo.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 13. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

Le linn na bliana, chaipitligh an Grúpa ús ar luach €38.5 milliún (2024: €39.2 milliún) i sócmhainní á dtógáil, trí úsáid a bhaint as ráta caipitlithe 2.5% (2024: 2.6%).

Tá luach (tugtha) anonn sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) ag an 31 Nollaig 2025 cothrom le €136.4 milliún (2024: €137.6 milliún).

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh a bhfuil suim ghlanluacha de €nialas luaite leo ag an 31 Nollaig 2025 san áireamh thuas ar chostas €5,722.8 milliún (2024: €5,459.5 milliún).

San áireamh laistigh de bhreisiúcháin sa bhliain 2025 tá caipitliú de ghlanlaghdú ar an bhforáil scoir sócmhainní do Ghiniúint agus Trádáil, ESB Networks agus NIE Networks de (€3.8) milliún (2024: méadú ar an soláthar scoir sócmhainní a caipitlíodh ar luach (€4.8) milliún). Féach nóta 31 chun tuilleadh sonraí a fháil.

Baineann scor / diúscairtí sa bhliain 2025 agus 2024 go príomha le scor sócmhainní atá dímheasta go hiomlán.

Baineann an táille bhearnúcháin de €1.3 milliún (2024: €0.6 milliún) sa bhliain 2025 le tionscadail ghnó nach bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leo níos mó agus sócmhainní aonair nach bhfuil oibríochtúil níos mó.

| Máthairchuideachta | Talamh agus foirgnimh €m | Gléasra agus innealra €m | Sócmhainní iomlána coimisiúnaithe €m | Sócmhainní á dtógáil €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,237.1 | 16,556.4 | **17,793.5** | 1,922.1 | **19,715.6** |
| Breisiúcháin | - | 471.7 | **471.7** | 740.2 | **1,211.9** |
| Scoir / diúscairtí | (0.6) | (16.9) | **(17.5)** | 3.9 | **(13.6)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 47.5 | 728.4 | **775.9** | (775.9) | **-** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | (7.0) | 7.6 | **0.6** | (13.6) | **(13.0)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,277.0 | 17,747.2 | **19,024.2** | 1,876.7 | **20,900.9** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 1,277.0 | 17,747.2 | **19,024.2** | 1,876.7 | **20,900.9** |
| Breisiúcháin | - | 570.3 | **570.3** | 884.7 | **1,455.0** |
| Scoir / diúscairtí | (2.3) | (19.2) | **(21.5)** | (87.6) | **(109.1)** |
| Aistrithe as sócmhainní faoi thógáil | 8.1 | 337.0 | **345.1** | (345.1) | **-** |
| Aistrithe ó / (chuig) sócmhainní doláimhsithe | - | 1.1 | **1.1** | (1.7) | **(0.6)** |
| Aistrithe eile | (2.8) | (0.3) | **(3.1)** | 14.2 | **11.1** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 1,280.0 | 18,636.1 | **19,916.1** | 2,341.2 | **22,257.3** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 755.7 | 10,112.4 | **10,868.1** | - | **10,868.1** |
| Muirear don bhliain | 22.3 | 561.8 | **584.1** | - | **584.1** |
| Scoir / diúscairtí | (0.1) | (8.7) | **(8.8)** | - | **(8.8)** |
| Aistrithe chuig sócmhainní doláimhsithe | - | (0.3) | **(0.3)** | - | **(0.3)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 777.9 | 10,665.2 | **11,443.1** | - | **11,443.1** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 777.9 | 10,665.2 | **11,443.1** | - | **11,443.1** |
| Muirear don bhliain | 22.3 | 596.7 | **619.0** | - | **619.0** |
| Scoir / diúscairtí | (0.4) | (18.0) | **(18.4)** | - | **(18.4)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 799.8 | 11,243.9 | **12,043.7** | - | **12,043.7** |
| | | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2025** | **480.2** | **7,392.2** | **7,872.4** | **2,341.2** | **10,213.6** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2024** | 499.1 | 7,082.0 | **7,581.1** | 1,876.7 | **9,457.8** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2024** | 481.4 | 6,444.0 | **6,925.4** | 1,922.1 | **8,847.5** |



## 13. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH (ar lean)

Áiríodh leis na diúscairtí €86.2 milliún a bhaineann le dí-aithint Maoine, Gléasra agus Trealaimh i ndáil leis an gcomhaontú seirbhísí le EirGrid plc (nóta 19).

Áiríodh le haistrithe eile €11.1 milliún i ndáil le hath-aicmiú idir Maoin, Gléasra agus Trealamh agus Ioncam Iarchurtha le haghaidh ceartúcháin i ndáil le mí-aicmiú i mblianta roimhe seo.

Le linn na bliana, chaipitligh an Grúpa ús luach €38.5 milliún (2024: €39.2 milliún) i sócmhainní á dtógáil, trí úsáid a bhaint as ráta caipitlithe 2.5% (2024: 2.6%).

Tá luach (tugtha) anonn sócmhainní neamh-in-dímheasa (talamh) ag an 31 Nollaig 2025 cothrom le €120.2 milliún (2024: €120.8 milliún).

Tá maoin, gléasra agus trealamh a bhfuil suim ghlanluacha de €nialas ag an 31 Nollaig 2025 san áireamh thuas ar chostas €4,631.7 milliún (2024: €4,385.9 milliún).

Áirítear leis na breisiúcháin in 2025 an laghdú ar an soláthar scoir sócmhainní atá caipitlithe le haghaidh Giniúint agus Trádála agus ESB Networks de €15.2 milliún (2024: méadú ar an soláthar scoir sócmhainní atá caipitlithe de €4.4 milliún). Féach nóta 31 chun tuilleadh sonraí a fháil.

Baineann scor / diúscairtí sa bhliain 2025 agus 2024 go príomha le scor sócmhainní atá dímheasta go hiomlán.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 14. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| Grúpa | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile €m | Liúntais agus ROCanna €m | Bogearraí á bhforbairt €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,197.1 | 438.1 | 206.0 | **1,841.2** |
| Breisiúcháin bhogearraí | 21.0 | - | 166.2 | **187.2** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 400.4 | - | **400.4** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (454.1) | - | **(454.1)** |
| Scor bogearraí | (8.4) | - | (9.8) | **(18.2)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 131.6 | - | (131.6) | **-** |
| Aistriú ó / (chuig) maoin, gléasra agus trealamh | 12.0 | - | (2.9) | **9.1** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 13.4 | - | 0.5 | **13.9** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,366.7 | 384.4 | 228.4 | **1,979.5** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 1,366.7 | 384.4 | 228.4 | **1,979.5** |
| Breisiúcháin bhogearraí | 20.0 | - | 184.5 | **204.5** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 340.3 | - | **340.3** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (397.9) | - | **(397.9)** |
| Scor bogearraí | (127.2) | - | - | **(127.2)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 139.4 | - | (139.4) | **-** |
| Aistriú ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 1.1 | - | 3.2 | **4.3** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (10.7) | - | - | **(10.7)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 1,389.3 | 326.8 | 276.7 | **1,992.8** |
| | | | | |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 802.4 | - | - | **802.4** |
| Muirear don bhliain | 97.0 | - | - | **97.0** |
| Aistriú ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 0.3 | - | - | **0.3** |
| Scor | (8.4) | - | - | **(8.4)** |
| Bearnúchán | 0.3 | - | - | **0.3** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 10.8 | (1.4) | - | **9.4** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 902.4 | (1.4) | - | **901.0** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 902.4 | (1.4) | - | **901.0** |
| Muirear don bhliain | 120.9 | - | - | **120.9** |
| Scor | (127.2) | - | - | **(127.2)** |
| Bearnúchán | 4.2 | - | - | **4.2** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (8.3) | 1.0 | - | **(7.3)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 892.0 | (0.4) | - | **891.6** |
| | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2025** | **497.3** | **327.2** | **276.7** | **1,101.2** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2024** | 464.3 | 385.8 | 228.4 | **1,078.5** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2024** | 394.7 | 438.1 | 206.0 | **1,038.8** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 497.3 | - | 276.7 | **774.0** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 327.2 | - | **327.2** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2025** | 497.3 | 327.2 | 276.7 | **1,101.2** |
| | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 464.3 | - | 228.4 | **692.7** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 385.8 | - | **385.8** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2024** | 464.3 | 385.8 | 228.4 | **1,078.5** |

Cuimsítear i sócmhainní bogearraí sócmhainní forbartha agus ceannaithe go seachtrach agus is sócmhainní forbartha go hinmheánach a bhformhór.

Cuimsítear i sócmhainní doláimhsithe eile naisc eangaí a bhfuil luach (tugtha) anonn de €8.9 milliún (2024: €7.2 milliún) acu.

Le linn na bliana, chaipitligh an Grúpa ús luach €5.1 milliún (2024: €4.4 milliún) i mbogearraí á bhforbairt, trí úsáid a bhaint as ráta caipitlithe 2.5% (2024: 2.6%).

Baineann scor / diúscairtí sa bhliain 2025 agus 2024 go príomha le scor sócmhainní atá amúchta go hiomlán.

Baineann an táille bhearnúcháin €4.2 milliún sa bhliain 2025 (2024: €0.3 milliún) le tionscadail feirm ghaoithe a d'fhéadfadh nach bhfuil oibríochtúil níos mó.

## 14. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE (ar lean)

| Máthairchuideachta | Bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe eile €m | Liúntais astaíochtaí €m | Bogearraí á bhforbairt €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 957.4 | 403.4 | 188.7 | **1,549.5** |
| Breisiúcháin bhogearraí | 0.4 | - | 163.0 | **163.4** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 141.4 | - | **141.4** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (192.9) | - | **(192.9)** |
| Scor bogearraí | (8.4) | - | (0.2) | **(8.6)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 131.6 | - | (131.6) | **-** |
| Aistriú ó mhaoin, gléasra agus trealamh | 12.1 | - | 0.9 | **13.0** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,093.1 | 351.9 | 220.8 | **1,665.8** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 1,093.1 | 351.9 | 220.8 | **1,665.8** |
| Breisiúcháin bhogearraí | - | - | 178.2 | **178.2** |
| Ceannach / liúntais astaíochtaí a ghintear go hinmheánach | - | 97.2 | - | **97.2** |
| Réiteach liúntais astaíochtaí | - | (147.9) | - | **(147.9)** |
| Scor bogearraí | (3.8) | - | - | **(3.8)** |
| Aistrithe amach as bogearraí á bhforbairt | 135.7 | - | (135.7) | **-** |
| Aistriú ó / (chuig) maoin, gléasra agus trealamh | 1.0 | - | (0.4) | **0.6** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 1,226.0 | 301.2 | 262.9 | **1,790.1** |
| | | | | |
| **Amúchadh** | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 608.2 | - | - | **608.2** |
| Muirear don bhliain | 84.9 | - | - | **84.9** |
| Scoir / diúscairtí | (7.9) | - | - | **(7.9)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 685.2 | - | - | **685.2** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 685.2 | - | - | **685.2** |
| Muirear don bhliain | 104.5 | - | - | **104.5** |
| Scoir / diúscairtí | (3.8) | - | - | **(3.8)** |
| Bearnúchán | 0.4 | - | - | **0.4** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 786.3 | - | - | **786.3** |
| | | | | |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2025** | 439.7 | 301.2 | 262.9 | **1,003.8** |
| **Suim ghlanluacha an 31 Nollaig 2024** | 407.9 | 351.9 | 220.8 | **980.6** |
| **Suim ghlanluacha an 1 Eanáir 2024** | 349.2 | 403.4 | 188.7 | **941.3** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 439.7 | - | 262.9 | **702.6** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 301.2 | - | **301.2** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2025** | 439.7 | 301.2 | 262.9 | **1,003.8** |
| | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe neamhreatha | 407.9 | - | 220.8 | **628.7** |
| Sócmhainní doláimhsithe reatha | - | 351.9 | - | **351.9** |
| **Sócmhainní doláimhsithe iomlána an 31 Nollaig 2024** | 407.9 | 351.9 | 220.8 | **980.6** |

Cuimsítear i sócmhainní bogearraí sócmhainní forbartha agus ceannaithe go seachtrach agus is sócmhainní forbartha go hinmheánach a bhformhór.

Cuimsítear i sócmhainní doláimhsithe eile naisc eangaí a bhfuil luach (tugtha) anonn €1.0 milliún (2024: €1.0 milliún) acu.

Le linn na bliana, chaipitligh an Mháthairchuideachta ús luach €5.1 milliún (2024: €4.4 milliún) i mbogearraí á bhforbairt, trí úsáid a bhaint as ráta caipitlithe 2.5% (2024: 2.6%).

Baineann scor / diúscairtí sa bhliain 2025 agus 2024 go príomha le scor sócmhainní atá amúchta go hiomlán.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 15. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA

### Grúpa
(a) Suimeanna a aithnítear sa chlár comhardaithe

| Sócmhainní ceart úsáide | Talamh agus foirgnimh €m | Mótarfheithiclí €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 124.8 | 5.1 | **129.9** |
| Breisiúcháin | 20.3 | (1.9) | **18.4** |
| Dímheas | (15.6) | (0.8) | **(16.4)** |
| Bearnúchán | (0.7) | - | **(0.7)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | (23.0) | - | **(23.0)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 1.8 | 0.3 | **2.1** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 107.6 | 2.7 | **110.3** |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 107.6 | 2.7 | **110.3** |
| **Breisiúcháin** | 39.8 | 9.5 | **49.3** |
| Dímheas | (17.3) | (1.6) | **(18.9)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | 1.5 | - | **1.5** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (2.3) | (0.6) | **(2.9)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | 129.3 | 10.0 | **139.3** |

| Dliteanais léasa | Iomlán €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | **(136.0)** |
| Breisiúcháin | **(18.4)** |
| Costas úis | **(3.2)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **26.8** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **15.7** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | **(1.9)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **(117.0)** |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **(117.0)** |
| Breisiúcháin | **(49.3)** |
| Costas úis | **(3.8)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **(1.5)** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **21.8** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | **2.5** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **(147.3)** |

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | |
| Dliteanais neamhreatha | **(132.2)** | (99.0) |
| Dliteanais reatha | **(15.1)** | (18.0) |
| **Iomlán** | **(147.3)** | (117.0) |

1 Cuimsítear sna híocaíochtaí léasa príomhghnéithe a léirítear mar ghníomhaíochtaí maoinithe de €17.9 milliún (2024: €12.5 milliún).



## 15. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA (ar lean)

(b) Suimeanna eile a aithnítear sa ráiteas ioncaim

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ní chuirtear costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa inathraithe san áireamh i ndliteanais léasa | **3.1** | 3.5 |
| **Iomlán** | **3.1** | 3.5 |

Aithnítear íocaíochtaí a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha agus léasanna le sócmhainní íseal-luacha de réir méid cothrom mar chostas i mbrabús nó caillteanas. Is éard atá i gceist le léasanna gearrthéarmacha léasanna a bhfuil téarma léasa 12 mhí nó níos lú acu.

### Máthairchuideachta
(a) Suimeanna a aithnítear sa chlár comhardaithe

| Sócmhainní ceart úsáide | Talamh agus foirgnimh €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | **59.8** |
| Breisiúcháin | **5.5** |
| Dímheas | **(7.9)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | **(27.1)** |
| Bearnúchán | **(0.7)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **29.6** |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **29.6** |
| Breisiúcháin | **23.6** |
| Dímheas | **(8.0)** |
| Sócmhainní ceart úsáide a atomhas | **(0.2)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **45.0** |

| Dliteanais léasa | Iomlán €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | **(62.9)** |
| Breisiúcháin | **(5.5)** |
| Costas úis | **(0.8)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **28.3** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **8.6** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **(32.3)** |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **(32.3)** |
| Breisiúcháin | **(23.6)** |
| Costas úis | **(0.6)** |
| Éifeacht mhionathrithe an dliteanais léasa | **0.2** |
| Íocaíochtaí léasa[1] | **8.5** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **(47.8)** |

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | |
| Dliteanais neamhreatha | **(42.4)** | (24.1) |
| Dliteanais reatha | **(5.4)** | (8.2) |
| **Iomlán** | **(47.8)** | (32.3) |

1 Cuimsítear sna híocaíochtaí léasa príomhghnéithe a léirítear mar ghníomhaíochtaí maoinithe de €7.9 milliún (2024: €7.8 milliún).

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 15. SÓCMHAINNÍ CEART ÚSÁIDE AGUS DLITEANAIS LÉASA (ar lean)

### (b) Suimeanna eile a aithnítear sa ráiteas ioncaim

| | 2025<br>€m | 2024<br>€m |
|---|---|---|
| Ní chuirtear costais a bhaineann le híocaíochtaí léasa inathraithe san áireamh i ndliteanais léasa | **0.3** | 0.1 |
| **Iomlán** | **0.3** | 0.1 |

Aithnítear íocaíochtaí a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha agus léasanna le sócmhainní íseal-luacha de réir méid cothrom mar chostas i mbrabús nó caillteanas. Is éard atá i gceist le léasanna gearrthéarmacha léasanna a bhfuil téarma léasa 12 mhí nó níos lú acu.

## 16. DEA-THOIL

| | €m |
|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | **195.3** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | **9.7** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **205.0** |
| | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **205.0** |
| Bearnúchán | **(21.8)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | **(9.4)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **173.8** |

**NIE Networks ("NIE")**
Aithníodh dea-thoil ar éadáil Northern Ireland Electricity Networks ("NIE Networks") i mí na Nollag 2010.

Déantar athbhreithniú ar dhea-thoil gach bliain, i mí na Nollag, chun críche bearnúcháin, trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála na hinfheistíochta. Rinneadh an tástáil bhearnúcháin bhliantúil ar dhea-thoil i mí na Nollag 2025 bunaithe ar a chóirluach lúide costais diúscartha de réir IAS 36. Ríomh an Grúpa cóirluach NIE trí thagairt a dhéanamh do luachála margaidh fóntas rialaithe inchomparáide trí úsáid a bhaint as luacháil Bonn Sócmhainní Rialaithe ("RAB"). San áireamh anseo bhí athbhreithniú ar idirbhearta fóntas rialaithe inchomparáide thar thréimhse roinnt blianta agus iolra coimeádach RAB a chur i bhfeidhm (bunaithe ar iolraí RAB úsáidte sna hidirbhearta sin) chun luacháil NIE a chinneadh. Bunaithe ar an measúnú sin, sháraigh cóirluach NIE a luach (tugtha) anonn go suntasach agus measadh nach bhfuil gá le haon laghdú ar an luach dea-thola.

Tá luach (tugtha) anonn na dea-thola seo an 31 Nollaig 2025 cothrom le €173.8 milliún (2024: €183.2 milliún).

**So Energy Limited ("So Energy")**
Aithníodh dea-thoil ar éadáil So Energy sa bhliain 2021.

Déantar athbhreithniú ar dhea-thoil gach bliain, i mí na Nollag, chun críche bearnúcháin, trí mheasúnú a dhéanamh ar mhéid in-aisghabhála na hinfheistíochta, bunaithe ar a luach úsáide. Rinneadh an tástáil bhearnúcháin bhliantúil ar dhea-thoil i mí na Nollag 2025 de réir IAS 36. Rinne an Grúpa an luach úsáide a ríomh trí úsáid a bhaint as samhail sreafa airgid lascainithe. Cinneadh an ráta lascaine trí thagairt a dhéanamh do Mheánchostas Ualaithe an Chaipitil ("WACC") do ghnó So Energy. Agus tosca margaidh agus iomaíocha á gcur san áireamh, aithníodh bearnú €21.8 milliún (2024: €nialas) amhail an 31 Nollaig 2025.

Is é €nialas (2024: €21.8 milliún) luach iompair an dea-thoil seo ar an 31 Nollaig 2025.



## 17. INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS EILE

### (a) Grúpa

| | Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu<br>€m | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas<br>€m | Iomlán<br>€m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 292.2 | 5.0 | **297.2** |
| Breisiúcháin | 16.5 | - | **16.5** |
| Diúscairt infheistíochtaí | - | (4.2) | **(4.2)** |
| Aistriú chuig infhaltais eile | (0.3) | - | **(0.3)** |
| Sciar caillteanais | (5.3) | - | **(5.3)** |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin)[1] | (4.3) | - | **(4.3)** |
| Laghdú ar fhoráil na comaoine teagmhasa (nóta 31) | (6.3) | - | **(6.3)** |
| Díbhinní a fuarthas[2] | (24.1) | - | **(24.1)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin[3] | 8.7 | - | **8.7** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **277.1** | **0.8** | **277.9** |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 277.1 | 0.8 | **277.9** |
| Breisiúcháin | 6.7 | - | **6.7** |
| Sciar den bhrabús | 7.3 | - | **7.3** |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin)[1] | (21.8) | - | **(21.8)** |
| Laghdú ar fhoráil na comaoine teagmhasa (nóta 31) | (1.2) | - | **(1.2)** |
| Díbhinní a fuarthas[2] | (14.2) | - | **(14.2)** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin[3] | (9.3) | - | **(9.3)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **244.6** | **0.8** | **245.4** |

1 Baineann an ghluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le díorthaigh atá i seilbh Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited, NNG Windfarm Holdings Limited, Oweninny Power Holdings DAC, Oweninny Power Holdings 2 DAC, SIRO Limited, Inch Cape Offshore Holdings Limited agus Raheenleagh Power DAC, atá ainmnithe mar chaidreamh fálaithe sreabhaidh airgid sna heintitis sin.
2 Is éard atá i gceist le díbhinní a fuarthas le linn na bliana ó infheistithe cuntasaithe de réir cothromais ná Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited €13.6 milliún (2024: €18.0 milliún), Oweninny Power Holdings DAC €nialas (2024: €3.0 milliún), agus Raheenlagh Power DAC €0.6 milliún (2024: €3.1 milliún).
3 Baineann oiriúnuithe aistriúcháin d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu le Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited, Inch Cape Offshore Holdings Limited, Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited, Lewis Wind Power Holdings Limited, Highland Wind Farm Limited, Western Isles Offshore Wind N2, Western Isles Offshore Wind N4, Gwynt Glas Offshore Wind Farm agus NNG Windfarm Holdings Limited de bhrí gurb é an Steirling airgeadra feidhmiúil na gcuideachtaí seo.

### Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu

Tá na haonáin liostaithe thíos scartha go dleathach ó na páirtithe agus ní thugann an fhoirm dhlíthiúil agus an socrú conarthach cearta díreacha do na páirtithe i ndáil le sócmhainní agus dliteanais na feithicle. I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar gach infheistíocht, chinn ESB go bhfuil rialú comhpháirteach acu faoi IFRS 10 agus IFRS 11, seachas Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited, Western Isles Offshore Wind N2 agus Western Isles Offshore Wind N4 a nglactar leis mar chomhlach. Dá réir sin, is ionann infheistíocht ESB sna haonáin seo agus cothromas a bhfuil cuntas a dhéanamh air de réir IAS 28 Infheistíocht i gComhlaigh agus Comhfhiontair.

Rinne an Grúpa measúnú ar chineál na rioscaí, agus ar athruithe ar na rioscaí a bhaineann lena leasanna in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu;

Déantar measúnú ar na rioscaí creidmheasa a bhaineann leis na suimeanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i nóta 21.

Déantar measúnú ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i leith bearnú nuair a thugtar le fios go bhfuil bearnú ann. Féach nóta 6 le haghaidh sonraí. Ní raibh aon mhuirir lagaithe ann sa bhliain 2025 (2024: €134.6 milliún i leith NNG Windfarm Holdings Limited).

Tugtar sonraí faoi scair tiomantais chaipitil an Ghrúpa do gach institiúid infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i nóta 33.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 17. INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS EILE (ar lean)

**Leasanna in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**
Tá na cuideachtaí seo a leanas curtha san áireamh i gcuntais Ghrúpa ESB mar chomhfhiontair trí úsáid a bhaint as modh cuntasaíochta cothromais:

| | | Sealúchas scairchaipitil faoi úinéireacht | | Luach tugtha anonn Ús Cothromais an Ghrúpa | | Suimeanna dlite ó Institiúidí Infheistiúcháin ar Cuireadh Modh Cuntasaíochta an Chothromais i bhfeidhm Orthu[4/6] | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm na cuideachta** | **Tír** | **2025 %** | **2024 %** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** |
| **Athnuaiteáin Amach ón gCósta** | | | | | | | |
| Inch Cape Offshore Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **-** | 21.8 | **34.4** | 450.0 |
| NNG Windfarm Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **436.6** | 339.5 |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **116.3** | 122.6 | **-** | - |
| Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited | An Bhreatain Mhór | **20.8** | 20.8 | **16.2** | 16.0 | **-** | - |
| Western Isles Offshore Wind N2[1] | An Bhreatain Mhór | **24.5** | 24.5 | **5.8** | 6.2 | **0.7** | 0.2 |
| Western Isles Offshore Wind N4[1] | An Bhreatain Mhór | **24.5** | 24.5 | **17.1** | 18.5 | **0.2** | 0.2 |
| Gwynt Glas Offshore Wind Farm Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 33.3 | **2.3** | 1.6 | **7.3** | 3.5 |
| Clogherhead Offshore Wind Holdings DAC | Poblacht na hÉireann | **75.0** | 75.0 | **-** | - | **0.7** | 2.7 |
| Celtic 1 OSW Power DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **0.5** | 1.1 |
| Celtic 2 OSW Power DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **0.3** | 0.4 |
| Helvick Head Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **17.8** | 9.5 |
| Loch Garman Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **-** | 0.2 |
| Moneypoint 1 Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **0.1** | 0.4 |
| Moneypoint 2 Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **-** | 0.2 |
| Seastacks Offshore Wind DAC[2] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **0.1** | 0.2 |
| Saoirse Wave Energy Limited[4] | Poblacht na hÉireann | **-** | 50.0 | **-** | - | **-** | - |
| | | | | **157.7** | 186.7 | **498.7** | 808.1 |
| **Athnuaiteáin Cois Cladaigh** | | | | | | | |
| Raheenleagh Power DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **6.1** | 5.1 | **-** | 0.6 |
| Oweninny Power Holdings DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **16.5** | 11.5 | **4.4** | 4.3 |
| Oweninny Power Holdings 2 DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **9.1** | 8.8 | **20.4** | 19.4 |
| FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **49.6** | 49.8 | **52.5** | 34.5 |
| Sundew Solar DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **0.7** | - | **53.7** | 47.1 |
| Lewis Wind Power Holdings Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **2.8** | 3.0 | **13.3** | 12.7 |
| Highland Wind Farm Limited | An Bhreatain Mhór | **50.0** | 50.0 | **-** | - | **2.2** | 1.3 |
| | | | | **84.8** | 78.2 | **146.5** | 119.9 |
| **Eile** | | | | | | | |
| Emerald Bridge Fibres DAC[5] | Poblacht na hÉireann | **-** | 50.0 | **-** | - | **-** | 0.2 |
| SIRO Limited[3] | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **-** | 9.9 | **84.6** | 82.3 |
| Superhomes Ireland DAC | Poblacht na hÉireann | **50.0** | 50.0 | **2.1** | 2.3 | **1.8** | 2.3 |
| Kestrel Energy Storage DAC | Poblacht na hÉireann | **33.3** | 33.3 | **-** | - | **0.7** | - |
| | | | | **2.1** | 12.2 | **87.1** | 84.8 |
| **Iomlán** | | | | **244.6** | **277.1** | **732.3** | **1,012.8** |

1 Tá na hinfheistíochtaí seo mar chuid den infheistíocht in Western Isles Group.
2 Tá na hinfheistíochtaí seo mar chuid den infheistíocht i nGrúpa Phunann Amach ón gCósta ESB agus Ørsted.
3 Tá an infheistíocht sin á coimeád ag an Máthairchuideachta. Féach nóta 17 (b) chun tuilleadh sonraí a fháil.
4 Sa bhliain 2025, cheannaigh ESB an 50% eile de scaireanna Saoirse Wave Energy Limited. Is fochuideachta i ngrúpa ESB é sin anois.
5 Sa bhliain 2025, dhiúscair ESB a 50% de scaireanna in Emerald Bridge Fibres DAC.
6 Cuimsíodh san ioncam airgeadais (nóta 10) sa Ráiteas Ioncaim ús ar iasachtaí dlite ó Institiúidí Infheistiúcháin ar Cuireadh Modh Cuntasaíochta an Chothromais i bhfeidhm Orthu, a raibh €40.1 milliún ar an iomlán i gceist leis do 2025 (2024: €54.4 milliún). Cuimsítear ann ús infhaighte ó Neart na Gaoithe €29.9 milliún (2024: €32.0 milliún), Inch Cape Offshore Limited €4.2 milliún (2024: €17.0 milliún), SIRO Limited €2.1 milliún (2024: €2.0 milliún), Oweninny Power 2 Holdings DAC €1.0 milliún (2024: €1.0 milliún), Sundew Solar DAC €2.0 milliún (2024: €2.0 milliún) agus Eile €0.8 milliún (2024: €0.4 milliún). Féach nóta 21 d'eolas maidir leis an gclár comhardaithe do na hinfháltais seo.



## 17. INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS EILE (ar lean)

**Inch Cape Offshore Holdings Limited**
I mí na Samhna 2020, shealbhaigh an Grúpa bun 50% in Inch Cape Offshore Holdings Limited ("ICOHL"), socrú comhpháirteach le Red Rock Power Limited. Is le ICOHL 100% de Inch Cape Offshore Limited. Is é is cuspóir don chomhshocrú sin feirm ghaoithe 1,080 MW a fhorbairt in Inch Cape atá suite amach ó chósta thoir na hAlban.

I mí Eanáir 2025, shroich an tionscadal dúnadh airgeadais, rud as a bhfuarthas pacáiste maoinithe ó scairshealbhóirí agus iasachtóirí. Tá an tionscadal sa chéim thógála anois.

Bhí an méid dlite i ndáil leis na hiasachtaí leis an Tionscadal (roimh fhoráil caillteanais chreidmheasa ionchasaigh) an 31 Nollaig 2025 cothrom le €34.4 milliún (2024: €450.0 milliún). Bhí gealltanais agus ráthaíochtaí breise ag an nGrúpa freisin dar luach €936.7 milliún (€96.4 milliún in 2024). Féach Nóta 33 chun teacht ar bhreis sonraí.

**NNG Windfarm Holdings Limited ("Neart na Gaoithe")**
I mí na Nollag 2019, shealbhaigh an Grúpa bun 50% in NNG Windfarm Holdings Limited ("NNGWH"), socrú comhpháirteach le EDF Renewables UK Limited.

Is faoi úinéireacht NNGWH atá 100% de Neart na Gaoithe Offshore Wind Limited ("NNGOW"). Ba é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh sin feirm ghaoithe 448 MW Neart na Gaoithe a fhorbairt amach ó chósta thoir na hAlban. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in NNGWH bun 50% go hindíreach do ESB in NNGOW. Tá tógáil an tionscadail críochnaithe anois agus bhí oibríochtaí tráchtála bainte amach faoi 2025.

Bhí luach (tugtha) anonn ús cothromais an Ghrúpa in NNGWH fós ag €nialas amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: €nialas).

Taifeadadh caillteanas creidmheasa ionchais i leith iasachtaí don tionscadal ar an 31 Nollaig 2024 €134.6 milliún. Féach nóta 6 chun tuilleadh sonraí a fháil.

Bhí an méid dlite i ndáil leis na hiasachtaí leis an tionscadal (roimh fhoráil caillteanais chreidmheasa ionchasaigh) an 31 Nollaig 2025 cothrom le €567.1 milliún (2024: €476.5 milliún). Chomh maith leis sin, bhí tiomantais agus ráthaíochtaí breise €228.9 milliún ag an nGrúpa an 31 Nollaig 2025 (2024: €331.3 milliún). Féach Nóta 33 chun teacht ar bhreis sonraí.

**Aldeburgh Offshore Wind Holdings Limited ("AOWHL")**
I mí an Mhárta 2018, shealbhaigh an Grúpa 50% de scairchaipiteal eisithe AOWHL. Chomh maith leis sin, shealbhaigh an Grúpa 50% de na nótaí iasachta eisithe ag Aldeburgh Offshore Wind Investments Limited ("AOWIL"), fochuideachta atá 100% faoi úinéireacht AOWHL ionas gur féidir leis feidhmiú mar Chomhpháirtí Comhfhiontair 50% le Sumitomo Corporation Europe Limited.

Tá bun 25% ag AOWHL i dtionscadal Galloper Wind Farm. Is forbairt 353 MW é tionscadal Galloper atá suite in inbhear Outer Thames, 30km amach ó chósta Suffolk i Sasana. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in AOWHL bun 12.5% go hindíreach i dtionscadal Galloper.

**Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited**
Is é an aidhm atá le Five Estuaries Offshore Wind Farm Limited Five Estuaries Offshore Wind Farm a fhorbairt taobh le Galloper Offshore Wind Farm amach ó chósta Suffolk. Déantar cuntas ar an infheistíocht seo trí mhodh an chothromais agus rangaítear í mar chomhlach de bhrí go bhfuil an chumhacht ag ESB páirt a ghlacadh i gcinntí beartais airgeadais agus oibriúcháin an institiúidí infheistiúcháin ach níl na beartais á rialú nó á rialú go comhpháirteach aige.

**Western Isles Group**
Cheannaigh an Grúpa dhá scairsheilbh chothromais 24.5% i mí Bealtaine 2023 in Western Isles Offshore Wind N2 Limited (Havbredey Limited) agus Western Isles Offshore Wind N4 Limited (Spiorad na Mara Limited) ó Northland Power Inc. Déantar cuntas ar na hinfheistíochtaí seo trí mhodh an chothromais agus rangaítear í mar chomhpháirtithe de bhrí go bhfuil an chumhacht ag ESB páirt a ghlacadh i gcinntí beartais airgeadais agus oibriúcháin an institiúidí infheistiúcháin ach níl na beartais á rialú nó á rialú go comhpháirteach aige. Is é cuspóir na gcomhlach seo suíomh bun seasta 840 MW agus feirm ghaoithe amach ón gcósta ar snámh 1,500 MW a thógáil amach ó chósta na hAlban.

**Gwynt Glas Offshore Wind Farm Limited**
I mí na Bealtaine 2024, fuair an Grúpa scaireanna cothromais 33.3% in Gwynt Glas Offshore Wind Farm Limited, comhfhiontar le EDF Renewables UK agus Reventus Power. Is é cuspóir an chomhfhiontair sin feirm ghaoithe snámha amach ón gcósta a fhorbairt sa Mhuir Cheilteach ag a mbeidh acmhainn suas le1.5GW.

I ndiaidh do Reventus scor den tionscadal le linn 2025, mhéadaigh cothromas scairshealbhóirí ESB go 50%. I mí an Mheithimh 2025, d'éirigh leis an tionscadal cearta forbartha a fháil sa Mhuir Cheilteach mar chuid de Bhabhta 5 de Léasú Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta de chuid Crown Estate.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 17. INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS EILE (ar lean)

**Clogherhead Offshore Wind Holdings DAC**
Is comhpháirtí 75% é an Grúpa i gCeann Chlochair, socrú comhpháirteach a bunaíodh le JERA Nex bp. Is é an aidhm atá leis an socrú comhpháirteach seo feirm ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt i gContae Lú in Éirinn. Tá oibreacha ar an tionscadal seo ar sos faoi láthair.

Tá an comhaontú comhfhiontair struchtúrtha ar shlí a chiallaíonn go bhfuil an chumhacht chun gníomhaíochtaí agus torthaí a bhainistiú arna sealbhú i gcomhpháirt ag an mbeirt infheisteoirí agus, dá réir sin, gur féidir glacadh leis mar shocrú comhpháirteach.

**ESB agus Ørsted Offshore Group**
D'iontráil ESB agus Ørsted i mí an Mheithimh 2023 i gcomhshocrú chun punann tionscadail ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt timpeall ar chósta thoir, theas agus thiar na hÉireann. Chuige sin, cuimsíodh feithiclí sainchuspóra agus tá siad á gcomhrialú ag ESB agus Ørsted leis na tionscadail seo a fhorbairt. Fochuideachtaí faoi lánúinéireacht ESB a bhí sna feithiclí sainchuspóra seo roimh an socrú agus comhfhiontair atá anois iontu.

I mí na Nollag 2025, dheonaigh an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) na cearta chun tionscadal "Tonn Nua" a fhorbairt amach ó chósta Chontae Phort Láirge ar Helvick Head Offshore Wind Farm DAC.

**Raheenleagh Power DAC (Raheenleagh)**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in Raheenleagh, socrú comhpháirteach le GR Wind Farms 1 Limited. Oibríonn an socrú comhpháirteach seo feirm ghaoithe 35 MW i gContae Chill Mhantáin.

**Oweninny Power Holdings DAC & Oweninny Power Holdings 2 DAC ("Oweninny")**
Is comhpháirtí 50% é an Grúpa in Oweninny Power Holdings DAC (OPH) agus in Oweninny Power Holdings 2 DAC (OPH2), dhá comhshocrú a bunaíodh le Bord na Móna. Tá feirmeacha gaoithe lena bhfuil acmhainn chomhcheangailte de 172MW lonnaithe i mBéal Átha Chomhraic, Co. Mhaigh Eo, á bhfeidhmiú ag an dá chomhshocrú.

Is le OPH féin 100% de Oweninny Power DAC (OP1). Soláthraíonn an infheistíocht 50% in OPH bun 50% go hindíreach do ESB in OP1.

Is le OPH2 féin 100% de Oweninny Power 2 DAC (OP2). Soláthraíonn an infheistíocht 50% in OPH2 bun 50% go hindíreach do ESB in OP2.

**FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC**
Comhpháirtí 50% atá sa Ghrúpa in FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC ("FEIDH"), socrú comhpháirteach le Coillte Limited.

Is lé FEIDH 100% de FuturEnergy Ireland Development DAC ("FEID"). Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo tionscadail fuinnimh in- athnuaite ábhartha a fhorbairt. Soláthraíonn an infheistíocht 50% in FEIDH bun 50% go hindíreach do ESB in FEID.

**Sundew Solar DAC**
Comhpháirtí 50% atá sa Sundew Solar DAC, socrú comhpháirteach a cruthaíodh le Bord na Móna. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh feirm ghréine a fhorbairt.

Tá tógáil an tionscadail "Timahoe North Solar Farm" críochnaithe anois agus baineadh oibríochtaí tráchtála amach in 2025.

**Lewis Wind Power Holdings Limited**
D'iontráil an Grúpa i mí Dheireadh Fómhair 2023 i gcomhaontú comhfhiontair le EDF Renewables UK Limited. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo Stornoway Wind Farm a fhorbairt ar Leòdhas. Tionscadal gaoithe Cianoileáin 180 MW toilithe í Feirm Ghaoithe Stornoway ar Leòdhas, amach ó chósta thiar na hAlban.

**Highland Wind Farm Limited**
I mí na Nollag 2023, chuaigh an Grúpa i gcomhaontú comhfhiontair le Ampyr Energy UK Limited. Is é cuspóir an tsocraithe chomhpháirtigh seo tionscadal feirme gaoithe 168 MW, "Highland Wind Farm", a fhorbairt i nGarbhchríocha na hAlban.

**Emerald Bridge Fibres DAC ("EBFD")**
Comhpháirtí 50% a bhí sa Ghrúpa in EBFD, comhshocrú le ZAYO Group. Dhiúscair an Grúpa a scairsheilbh i mí an Mheithimh 2025.



## 17. INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS EILE (ar lean)

**SIRO Limited ("SIRO")**
Is socrú comhpháirteach é SIRO ina bhfuil comhrialú agus leas úinéireachta 50% ag an nGrúpa. Bhunaigh an Grúpa SIRO le Vodafone Ireland Limited agus fuair sé bun 50% i mí na Samhna 2014. Leagann an socrú comhpháirteach seo cáblaí snáthoptaice taobh le líonra leictreachais reatha ESB chun leathanbhanda a sholáthar go díreach d'áiteanna cónaithe agus do ghnólachtaí i mbailte agus cathracha réigiúnacha ar fud na hÉireann.

**Superhomes Ireland DAC**
Is comhpháirtí 50% é an Grúpa Superhomes Ireland DAC ("SIDAC"), comhshocrú le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann. Is é an aidhm atá leis an socrú comhpháirteach seo gnó inscálaithe náisiúnta domhain-iarfheistithe a fhorbairt a bheidh dírithe go sonrach ar mhargadh baile na hÉireann.

**Kestrel Energy Storage DAC**
I mí an Mheithimh 2024, chuaigh ESB i mbun comhaontaithe comhfhiontair le dCarbonX agus Bord Gáis Energy. Ba é cuspóir an chomhaontaithe seo na taiscumair gáis díchoimisiúnaithe a athfhorbairt i ngáscheantair Chionn tSáile amach ón gcósta le haghaidh stóráil fuinnimh gáis in-athnuaite agus hidrigine glaise ar scála mór le soláthar stóráil gáis nádúrtha go dtí go bhfuil méideanna móra na ngás seo ar fáil le stóráil.

Seo a leanas sciar comhiomlán an Ghrúpa de na sócmhainní neamhreatha, sócmhainní reatha, dliteanais neamhreatha, dliteanais reatha, ioncaim agus costais a bhaineann lena leasanna sna comhfhiontair seo:

**Achoimre déanta ar bhrabús nó caillteanas [1]**

| | Athnuaiteáin Amach ón gCósta | | Athnuaiteáin Cois Cladaigh | | Eile | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| Ioncam | **248.0** | 12.4 | **73.0** | 49.2 | **84.6** | 75.6 | **405.6** | 137.2 |
| Dímheas | **(89.2)** | (4.4) | **(3.2)** | (11.3) | **(43.4)** | (41.0) | **(135.8)** | (56.7) |
| Ús íoctha | **(184.7)** | (30.2) | **(10.4)** | (7.9) | **(18.6)** | (12.2) | **(213.7)** | (50.3) |
| Cáin Ioncaim | **0.3** | (0.2) | **(2.3)** | (0.4) | **7.6** | 9.0 | **5.6** | 8.4 |
| Gnóthachan / (caillteanas) iomlán | **32.7** | (9.5) | **14.1** | - | **(34.2)** | (30.4) | **12.6** | (39.9) |
| | | | | | | | | |
| Sciar an Ghrúpa den ghnóthachan / (den chaillteanas) | **20.1** | (0.7) | **7.0** | - | **(16.9)** | (15.1) | **10.2** | (15.8) |
| Coigeartuithe eile[1/2] | **(9.9)** | 10.5 | **0.3** | (0.3) | **6.7** | 0.2 | **(2.9)** | 10.4 |
| Sciar an Ghrúpa de ghluaiseachtaí cóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | **(21.9)** | 0.9 | **0.1** | (2.6) | **-** | (2.6) | **(21.8)** | (4.3) |
| **(Caillteanas) / gnóthachan cuimsitheach iomlán** | **(11.7)** | 10.7 | **7.4** | (2.9) | **(10.2)** | (17.5) | **(14.5)** | (9.7) |

**Clár comhardaithe achoimrithe**

| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | **5,863.6** | 4,349.8 | **469.3** | 469.2 | **674.9** | 656.9 | **7,007.8** | 5,475.9 |
| Sócmhainní reatha | **370.1** | 573.1 | **54.2** | 77.5 | **40.5** | 45.9 | **464.8** | 696.5 |
| Airgead tirim | **340.8** | 362.3 | **98.3** | 31.0 | **58.7** | 40.1 | **497.8** | 433.4 |
| Dliteanais reatha | **(468.1)** | (1,421.6) | **(59.3)** | (123.5) | **(37.7)** | (195.2) | **(565.1)** | (1,740.3) |
| Dliteanais neamhreatha | **(6,535.9)** | (4,217.6) | **(496.1)** | (412.5) | **(769.4)** | (544.0) | **(7,801.4)** | (5,174.1) |
| **Glansócmhainní / (glandliteanais)** | **(429.5)** | (354.0) | **66.4** | 41.7 | **(33.0)** | 3.7 | **(396.1)** | (308.6) |

Tá réiteach na suimeanna thuasluaite i ndáil leis an infheistíocht aitheanta sa chlár comhardaithe comhdhlúite.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 17. INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS EILE (ar lean)

**Ús cothromais an Ghrúpa**[4]

| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glansócmhainní / (glandliteanais)** | **(429.5)** | (354.0) | **66.4** | 41.7 | **(33.0)** | 3.7 | **(396.1)** | (308.6) |
| Sciar an Ghrúpa | **(237.8)** | (198.5) | **33.3** | 20.9 | **(16.5)** | 1.9 | **(221.0)** | (175.7) |
| Coigeartuithe eile[3] | **395.5** | 385.2 | **51.5** | 57.3 | **18.6** | 10.3 | **465.6** | 452.8 |
| **Luach tugtha anonn ús cothromais an Ghrúpa** | **157.7** | 186.7 | **84.8** | 78.2 | **2.1** | 12.2 | **244.6** | 277.1 |

1 Tá na huimhreacha atá luaite sa tábla thuas bunaithe ar chuntais bhainistíochta neamh-iniúchta. Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais iniúchta ar fáil, léirítear aon choigeartuithe an bhliain dár gcionn.

2 Sa chás go bhfuil sciar an Ghrúpa de chaillteanais comhlaigh nó comhfhiontair cothrom le nó go sáraíonn sé a leas sa chomhlach nó sa chomhfhiontar, stopann an Grúpa ag aithint a sciar de chaillteanais bhreise mura bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach ann tuilleadh caillteanas a shainaithint. Áirítear leis na caillteanais neamhaitheanta in 2025 Highland Wind Farm, Emerald Bridge Fibres DAC, Clogherhead Offshore Wind Holdings Limited, Kestrel Energy Storage DAC agus ESB & Ørsted Offshore Group de €10.2 milliún (caillteanais charnacha neamhaitheanta go dtí seo de €25.8 milliún (2024: €15.6 milliún)).

3 I measc na gcoigeartuithe eile tá difríochtaí idir infheistíocht an Ghrúpa sna comhfhiontair seo agus sciar an Ghrúpa dá nglan-sócmhainní nó dá ndliteanais, mar aon le caillteanais charnacha neamhaitheanta na gcomhfhiontar seo nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ná chuiditheach ar an nGrúpa ina leith.

4 Féach, le do thoil, Leas in institiúidí infheistiúcháin eile ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu chun teacht ar mhiondealú ar an % de sheilbh d'ús cothromais an ghrúpa agus an ghrúpáil ar institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu laistigh de na foghrúpaí thuas - Athnuaiteáin Amach ón gCósta, Athnuaiteáin ar an gCladach agus Eile.

### Leas i sócmhainní airgeadais arna sealbhú ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas

Tá ciste caipitil fiontair faoi úinéireacht an Ghrúpa, ESB Novusmodus Limited Partnership, ina n-infheistítear síolchaipteal in aonáin teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn. Déantar na hinfheistíochtaí seo a bhainistiú ar mhaithe le toradh ar infheistíocht agus déantar iad a ghabháil ag chóirluach trí bhrabús nó caillteanas. Níl smacht ag ESB ar an eintiteas ina sealbhaítear na sócmhainní airgeadais sin. Cuimsítear leis na hinfheistíochtaí líon fuinnimh ghlain agus cuideachtaí teicneolaíochta nua. Bhí na hinfheistíochtaí seo ar chóirluach ag deireadh na bliana agus déantar an ghluaiseacht a léiriú sa bhrabús nó caillteanas. Fuarthas fáltais €15.0 milliún (€4.2 milliún in 2024) le linn na bliana i ndáil le diúscairt scair an chiste i Nualight Limited (nóta 8).

Tá sciar 5% ag an nGrúpa in Oriel Offshore Wind Farm Limited agus déantar cuntasaíocht ar an infheistíocht seo faoi chóirluach brabúis nó caillteanais mar infheistíocht sócmhainní airgeadais de réir IFRS 9.

### (b) An Mháthairchuideachta

| | Infheistíochtaí institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu € m | Gnóthais fhochuideachta € m | Iomlán € m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 26.8 | 61.8 | **88.6** |
| Breisiúcháin | - | 8.0 | **8.0** |
| Sciar caillteanais | (14.4) | - | **(14.4)** |
| Gluaiseacht chóirluacha ar fháluithe sreabhaidh airgid (glan ar cháin) | (2.5) | - | **(2.5)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 9.9 | 69.8 | **79.7** |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 9.9 | 69.8 | **79.7** |
| Sciar caillteanais | (9.9) | - | **(9.9)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | - | 69.8 | **69.8** |



## 18. ÉADÁLACHA AN GHRÚPA

### Éadáil Fheirm Ghaoithe Leitir Mucú

Ar an 7 Feabhra 2025, fuair Grúpa ESB 100% de na scaireanna agus an leas vótála i Lettermuckoo Windfarm Holdings Limited and Group (le chéile "Feirm Ghaoithe Leitir Mucú") agus ar an dóigh sin bhí smacht 100% aige ar a oibríochtaí. Is le Lettermuckoo Windfarm Holdings Limited feirm ghaoithe amháin ar an gcladach de 101 MW a thosaigh ag feidhmiú in 2023 agus is leis na cearta forbartha d'fheirm ghaoithe eile 13.5 MW atá á forbairt, agus tá an dhá cheann acu lonnaithe i gContae na Gaillimhe.

San aon mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2025, chuir Feirm Ghaoithe Leitir Mhucú ioncam €14.0 milliún leis, agus brabús bunúsach ó éadáil €12.0 milliún, lena n-áirítear gnóthachan €16.2 milliún laistigh d'atomhais eile ar thorthaí an Ghrúpa. Más rud é gur tharla éadáil an 1 Eanáir 2025, measann an bhainistíocht go mbeadh an t-ioncam comhdhlúite cothrom le €15.3 milliún, agus go mbeadh brabús comhdhlúite de €13.1 milliún ann. Agus na méideanna seo á socrú, mheas an bhainistíocht gur mar a chéile a bheadh na hoiriúnuithe cóirluacha, a socraíodh go sealadach, a tháinig chun cinn ar dháta na héadála dá dtarlódh an éadáil an 1 Eanáir 2025.

### (a) Comaoin a aistrítear:

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar chóirluach an dáta éadála do gach príomh-aicme comaoine a aistrítear:

| Achoimre Comaoine Iomlán | Tag: | €m |
|---|---|---|
| Comaoin airgid a íocadh ar éadáil | | 95.5 |
| Comaoin Iarchurtha | (i) | 7.5 |
| **Comaoin iomlán** | | **103.0** |

### (i) Comaoin Iarchurtha

Baineann an chomaoin iarchurtha de €7.5 milliún le Céim 2 den tionscadal idir ESB agus an díoltóir. Tá an chomaoin iarchurtha iníoctha in 2026.

### (b) Costais a bhaineann le héadáil:

Tabhaíodh costais a bhaineann le héadáil ar luach €1.6 milliún ag an nGrúpa.

### (c) Sócmhainní inaitheanta sealbhaithe agus dliteanais mheasta:

Déantar achoimre sa tábla a leanas ar mhéideanna aitheanta na sócmhainní sealbhaithe, agus dliteanais mheasta ar dáta na héadála:

| Feirm Ghaoithe Leitir Mucú | €m |
|---|---|
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 13) | 283.4 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 18.8 |
| Iasachtaíocht bhainc (nóta 25) | (122.8) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha (nóta 26) | (58.6) |
| Sócmhainní agus dliteanais phinsin (glan) | (17.8) |
| **Cóirluach glansócmhainní inaitheanta iomlán a sealbhaíodh** | **103.0** |

### Luachanna córa a thomhas

Rinneadh luacháil chóir ar shócmhainní agus ar dhliteanais a fuarthas ar bhonn lascainithe sreafa airgid thirim ag baint úsáid as rátaí lascaine margaidh iomchuí amhail dáta na héadála.

### (d) Dea-thoil:

Níor tháinig aon dea-thoil chun cinn ón idirbheart mar a léirítear thíos:

| Dea-thoil ar éadáil | €m |
|---|---|
| Comaoin | 103.0 |
| Cóirluach glansócmhainní inaitheanta | 103.0 |
| **Dea-thoil** | **-** |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 19. LÉAS AIRGEADAIS INFHAIGHTE

Ar an 1 Iúil 2025, chuir ESB tús le Comhaontú Seirbhísí le EirGrid plc i ndáil leis na sócmhainní giniúna leictreachais ag Gob na Muine, Co. an Chláir. Roimh thosach feidhme an Comhaontaithe, rinneadh oibreacha chun na haonaid i nGob na Muine a athrú ó ghual a dhó go hola bhreosla throm ("HFO") chun freastal ar riachtanais oibríochtúla an Chomhaontaithe. Tacaíonn an t-athrú sin, agus an Comhaontú léasa, le Plean Rialtas na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ina raibh gealltanas go gcuirfí deireadh le dó guail i nGob na Muine faoi 2025 agus go gcoinneofaí slándáil an tsoláthair leictreachais ar bun freisin.

Measúnaíodh go raibh léas sa socrú idir ESB agus EirGrid plc, toisc go bhfuil na sócmhainní giniúna inaitheanta go sonrach agus go sonraítear sa chomhaontú go dtabharfar smacht ar na sócmhainní do EirGrid plc le linn a théarma. Aicmítear an léas mar léas airgeadais toisc go bhfuil téarma an léasa ina chuid mhór den tsaolré eacnamaíoch atá fágtha de na sócmhainní foluiteacha, agus is ionann luach reatha na n-íocaíochtaí léasa agus beagnach cóirluach iomlán na sócmhainní.

Ar thosach feidhme an Chomhaontaithe, dí-aithníodh na haonaid faoi thiomáint HFO ag Gob na Muine ó Mhaoin, Gléasra & Trealamh, agus aithníodh léas airgeadais infhaighte. Rinneadh measúnú ar an léas airgeadais infhaighte maidir le caillteanais chreidmheasa ionchais agus inaisghabhálacht an léasa infhaighte á mheas. Bunaithe ar an measúnú sin, measadh nach raibh an caillteanas creidmheasa ionchais ábhartha agus, dá réir sin, níor aithníodh aon lamháltas caillteanais.

Áirítear leis an gComhaontú feabhsuithe sonracha ar na haonaid ag Gob na Muine a dhéanfaidh ESB chun aga freagartha na sócmhainne a fheabhsú. Tá na feabhsuithe sócmhainne sin ina gcuid den Chomhaontú Seirbhísí agus beidh siad ina gcuid den léas airgeadais infhaighte nuair a bheidh siad réidh dá n-úsáid bheartaithe, agus meastar go mbeidh siad réidh faoi dheireadh 2026. Tá an riosca féideartha nach mbeifear ábalta an caiteachas caipitil ionchais ar na feabhsuithe sócmhainne sin a aisghabháil á bhainistiú trí bhuiséadú agus trí mhonatóireacht leanúnach, agus dá bhrí sin meastar gur féidir é a aisghabháil faoi théarmaí an Chomhaontaithe.

Is é 27 mí téarma an léasa airgeadais, rud a léiríonn roghanna luathfhoirceanta atá cuimsithe sa Chomhaontú.

Is é seo a leanas luach reatha na bhfáltas léasa íosta amach anseo faoin léas airgeadais ag an tosach agus sna blianta ina dhiaidh sin:

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí léasa íosta iomlána amach anseo (infhaighte) | **78.2** | - |
| Lúide muirir úis | **(4.9)** | - |
| | **73.3** | - |

Is é seo a leanas anailís aibíochta na n-infháltas léasa, lena n-áirítear na híocaíochtaí léasa neamhlascainithe atá le fáil:

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **41.8** | - |
| Idir 1-5 bliana | **36.4** | - |
| **Íocaíochtaí léasa íosta iomlána amach anseo** | **78.2** | - |
| | | |
| Glanioncam airgeadais nár tuilleadh | **(4.9)** | - |
| **Glaninfheistíocht sa léas** | **73.3** | - |
| | | |
| Reatha | **38.2** | - |
| Neamhreatha | **35.1** | - |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **73.3** | - |

Léirítear sa tábla seo a leanas na méideanna atá san áireamh i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa:

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ioncam airgeadais ar an nglaninfheistíocht i léasanna airgeadais | **3.4** | - |

## 20. FARDAIL

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| Ábhair | **83.2** | 61.6 | **32.7** | 22.1 |
| Breosla | **43.4** | 82.4 | **30.8** | 69.2 |
| **Iomlán** | **126.6** | 144.0 | **63.5** | 91.3 |

San áireamh laistigh d'fhardail i nGrúpa an 31 Nollaig 2025, tá €50.0 milliún a ghabhann ag an nglanluach inréadaithe (2024: €35.6 milliún). Is ionann costais na bhfardal a ghabhann ag an nglanluach inréadaithe i nGrúpa an 31 Nollaig 2025 agus €51.8 milliún (2024: €37.2 milliún).

San áireamh i bhfardail sa Mháthairchuideachta an 31 Nollaig 2025 tá €nialas a iompraítear ag a luach glan inréadaithe (2024: €nialas). Is é €nialas (2024: €nialas) costas na bhfardal a iompraítear ag glanluach inréadaithe sa Mháthairchuideachta an 31 Nollaig 2025.

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| Fardail a ídíodh | **78.3** | 135.6 | **73.5** | 133.1 |
| Díscríobh fardail | **(5.2)** | (1.3) | **(4.7)** | (0.8) |

## 21. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| **Infháltais reatha:** | | | | |
| Infháltais fuinnimh miondíola - billeáilte | **209.5** | 200.4 | **71.9** | 58.8 |
| Infháltais fuinnimh miondíola - neambhilleáilte | **337.0** | 420.8 | **153.3** | 157.2 |
| **Infháltais fuinnimh miondíola iomlána** | **546.5** | 621.2 | **225.2** | 216.0 |
| Infháltais a bhaineann le stór I-SEM agus GB | **9.4** | 11.2 | **-** | - |
| Infháltais an Chórais a úsáid (neamhbhilleáilte san áireamh) | **373.6** | 355.7 | **58.2** | 59.2 |
| Infháltais leictreachais eile | **73.7** | 107.4 | **53.1** | 85.5 |
| **Infháltais fuinnimh iomlána** | **1,003.2** | 1,095.5 | **336.5** | 360.7 |
| Infháltais trádála - neamhfhuinneamh | **108.4** | 38.5 | **80.5** | 7.4 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **13.4** | 428.1 | **0.5** | 2.1 |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | **8.9** | 22.2 | **8.9** | 22.4 |
| Éarlaisí gearrthéarmacha[1] | **1,100.0** | - | **1,100.0** | - |
| Comhthaobhacht airgid thirim | **147.1** | 116.1 | **114.5** | 83.5 |
| Infháltais eile | **170.0** | 256.7 | **120.0** | 220.2 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **3,165.0** | 3,558.3 |
| Réamhíocaíochtaí | **140.9** | 115.4 | **57.5** | 69.3 |
| **Infháltais reatha iomlána** | **2,691.9** | 2,072.5 | **4,983.4** | 4,323.9 |
| | | | | |
| **Infháltais neamhreatha:** | | | | |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **718.9** | 584.7 | **136.9** | 116.8 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **693.0** | 1,447.8 |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | **8.9** | 22.5 | **8.9** | 22.3 |
| Infháltais eile | **4.4** | - | **-** | - |
| **Infháltais neamhreatha iomlána** | **732.2** | 607.2 | **838.8** | 1,586.9 |
| | | | | |
| **Infháltais iomlána** | **3,424.1** | 2,679.7 | **5,822.2** | 5,910.8 |

1 San áireamh i dtaiscí gearrthéarmacha amhail an 31 Nollaig 2025 tá €1.1 billiún (2024: €nialas billiún) arb é atá ann cuid d'infheistíocht chothromais bhreise Rialtas na hÉireann de €1.5 billiún in ESB, a fuarthas i mí na Nollag 2025 (nóta 23). Tá an infheistíocht €1.5 billiún seo curtha i leataobh lena húsáid ag ESB Networks chun oibreacha agus tionscadail chaipitil a mhaoiniú faoi Phlean Gnó Athbhreithniú Praghsanna 6 ESB Networks agus aon chláir infheistíochta eile atá ceadaithe ag CRU in eangacha leictreachais agus i mbonneagar gaolmhar a leasaíonn, a chuirtear ina ionad nó a chuirtear le plean PR6. Níl na cistí seo ar fáil lena n-úsáid ag Grúpa ESB i gcoitinne gan toiliú roimh ré i scríbhinn ó Rialtas na hÉireann. Tá an t-iarmhéid den €1.5 billiún a fuarthas trí infheistíocht chothromais Rialtas na hÉireann in ESB san áireamh i dtaiscí gearrthéarmacha airgid laistigh d'Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (féach nóta 22 le haghaidh tuilleadh sonraí).

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 21. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Liúntas caillteanais chreidmheasa ionchasaigh**
Faoi IFRS 9 tá samhail bhearnúcháin caillteanas creidmheasa ionchasaigh ("ECL") bunaithe chun liúntais chaillteanais bhearnúcháin a ríomh. Faoin tsamhail bhearnúcháin seo, glactar leis go mbaineann riosca mainneachtana le gach infháltas. Úsáidtear an samhail bearnúcháin seo chun dóchúlacht mainneachtana ar réimse torthaí féideartha, arna ualú ag an dóchúlacht go dtarlóidh siad, a ríomh. Déantar na Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha a thomhas faoin gcur chuige ginearálta nó faoin gcur chuige simplithe.

Cuirtear an cur chuige simplithe i bhfeidhm ar thrádáil ESB agus infháltais eile laistigh de raon feidhme IFRS 15. Faoin gcur chuige simplithe, aithneoidh aonán caillteanas bunaithe ar ECLanna feadh an tsaoil. Ceadaítear d'eintiteas maitrís sholáthair a úsáid chun na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a ríomh. Cuireann an mhaitrís seo na rátaí mainneachtana stairiúla thar shaolré ionchais an infháltais trádála san áireamh agus déantar an mhaitrís seo a choigeartú i leith meastacháin réamhbhreathnaitheacha.

Baineann an cur chuige ginearálta le gach iasacht agus infháltas nach bhfuil incháilithe chun an cur chuige simplithe a chur i bhfeidhm, agus i gcás an Ghrúpa, is iasachtaí iad seo d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus i gcás na Máthairchuideachta, áirítear suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais freisin. Tá measúnú ar dhóchúlacht mainneachtana a bhaineann le hiasachtaí d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu ar fáil thíos. Féach nóta 16 chun tuilleadh eolais a fháil ar na hiasachtaí seo. De réir an chuir chuige ghinearálta, ní mór d'eintiteas a chinneadh an bhfuil an tsócmhainn airgeadais i gceann de thrí chéim chun suim an chaillteanais chreidmheasa ionchasaigh le haithint a chinneadh;

Is éard atá i gceist le Céim 1 ná nár tháinig méadú suntasach ar riosca creidmheasa ó aitheantas tosaigh. I gcás sócmhainní airgeadais i gcéim 1, ní mór d'eintitis ECL 12 mhí a aithint agus ioncam úis a aithint ar bhonn comhlán – ciallaíonn sé sin go ríomhfar an t-ús ar ollsuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais sula ndéantar é seo a choigeartú i leith na gcaillteanas creidmheasa ionchasach.

Is éard atá i gceist le Céim 2 ná gur tháinig méadú suntasach ar riosca creidmheasa ó aitheantas tosaigh. Nuair a aistríonn sócmhainn airgeadais go céim 2, ceanglaítear ar eintitis ECL feadh an tsaoil a aithint ach leanfar ioncam úis a aithint ar bhonn comhlán.

Is éard atá i gceist le Céim 3 ná go bhfuil fadhbanna creidmheasa ag an tsócmhainn airgeadais. Is é seo an pointe dáiríre ar thabhaigh teagmhas caillteanais. I gcás sócmhainní airgeadais i gCéim 3, leanfaidh eintitis de ECL feadh an tsaoil a aithint ach aithneoidh siad ioncam úis ar bhonn glan anois. Ciallaíonn sé sin go ríomhfar ioncam úis bunaithe ar ollsuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais lúide ECL.

Tá caillteanais chreidmheasa ionchasacha an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Nollaig 2024 leagtha amach sna táblaí seo a leanas. Níl suimeanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta de €3,858.0 milliún (2024: €5,006.1 milliún) san áireamh sa Mháthairchuideachta a luaitear sna táblaí seo a leanas.

**Tionchar na timpeallachta maicreacnamaíche**
Mhéadaigh an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na meastacháin a dhéanann an Grúpa chun liúntais caillteanais lagaithe na sócmhainní airgeadais a mheas mar gheall ar na tionchair eacnamaíocha a eascraíonn as na hardchostais fuinnimh leanúnacha (a bhaineann le praghsanna stairiúla) i margaí fuinnimh sna limistéir gheografacha ina bhfeidhmíonn an Grúpa. I gcás ina bhfuil deacrachtaí ag custaiméirí iarmhéideanna a shocrú, tá méadú ar liúntais a choinnítear ina leith de réir an chuir chuige shimplithe a úsáidtear de bharr aosú méadaithe na suimeanna seo. Agus liúntas na gcaillteanas ionchasach á mheas, mheas an Grúpa réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus na tionchair eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag praghsanna fuinnimh atá ag ardú sna hearnálacha ina bhfeidhmíonn sé freisin.

Meastar go bhfuil na toimhdí arna ndéanamh le linn meastachán a dhéanamh ar an muirear bearnúcháin don tréimhse agus na liúntais arna sealbhú ar an dáta tuairiscithe a bheith iomchuí, ach léiríonn ardleibhéal na héiginnteachta eacnamaíche go bhfuil muirir bearnúcháin agus liúntais i leith sócmhainní airgeadais ina n-ábhar mór breithiúnais.

**Cur chuige simplithe - Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha**
**2025**

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m |
| Infháltais nach bhfuil thar théarma | 1,218.5 | (11.1) | 1,207.4 | 567.9 | (4.3) | 563.6 |
| Thar théarma < 30 lá | 103.8 | (7.0) | 96.8 | 43.5 | (5.4) | 38.1 |
| Thar théarma 30 - 120 lá | 80.5 | (16.6) | 63.9 | 35.5 | (8.7) | 26.8 |
| Thar théarma > 120 lá | 172.6 | (130.1) | 42.5 | 41.7 | (26.3) | 15.4 |
| Thar théarma breis is bliain | 95.5 | (73.0) | 22.5 | 65.2 | (57.6) | 7.6 |
| **Iomlán** | **1,670.9** | **(237.8)** | **1,433.1** | **753.8** | **(102.3)** | **651.5** |



## 21. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**2024**

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m |
| Infháltais nach bhfuil thar théarma | 1,290.6 | (9.9) | 1,280.7 | 615.0 | (4.2) | 610.8 |
| Thar théarma < 30 lá | 110.5 | (6.3) | 104.2 | 25.3 | (4.8) | 20.5 |
| Thar théarma 30 - 120 lá | 61.3 | (16.9) | 44.4 | 23.1 | (8.5) | 14.6 |
| Thar théarma > 120 lá | 167.3 | (113.5) | 53.8 | 48.6 | (30.3) | 18.3 |
| Thar théarma breis is bliain | 77.9 | (54.2) | 23.7 | 50.2 | (42.6) | 7.6 |
| **Iomlán** | 1,707.6 | (200.8) | 1,506.8 | 762.2 | (90.4) | 671.8 |

**Cur chuige ginearálta - Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha**
**2025**

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m |
| Céim 1 - ECL 12 mhí (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | 209.6 | - | 209.6 | 52.9 | - | 52.9 |
| Céim 2 - ECL Saolré (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | 86.2 | - | 86.2 | 84.5 | - | 84.5 |
| Céim 3 - ECL Saolré (bearnúchán creidmheasa déanta) | 436.5 | - | 436.5 | - | - | - |
| **Iomlán** | **732.3** | **-** | **732.3** | **137.4** | **-** | **137.4** |

**2024**

| | Grúpa | | | Máthairchuideachta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m | Ollmhéid infhaighte €m | Liúntas caillteanais €m | Glanmhéid infhaighte €m |
| Céim 1 - ECL 12 mhí (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | 590.6 | (0.2) | 590.4 | 36.6 | - | 36.6 |
| Céim 2 - ECL Saolré (níl bearnúchán creidmheasa déanta) | 86.3 | (3.1) | 83.2 | 82.3 | - | 82.3 |
| Céim 3 - ECL Saolré (bearnúchán creidmheasa déanta) | 473.8 | (134.6) | 339.2 | - | - | - |
| **Iomlán** | 1,150.7 | (137.9) | 1,012.8 | 118.9 | - | 118.9 |

**Réiteach na gCaillteanas Creidmheasa Ionchasach**

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| Cur chuige simplithe | **1,433.1** | 1,506.8 | **651.5** | 671.8 |
| Cur chuige ginearálta | **732.3** | 1,012.8 | **137.4** | 118.9 |
| Réamhíocaíochtaí[1] | **140.9** | 115.4 | **57.5** | 69.3 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **3,858.0** | 5,006.1 |
| Suimeanna atá dlite ó árachóirí[1] | **17.8** | 44.7 | **17.8** | 44.7 |
| Éarlaisí gearrthéarmacha[1] | **1,100.0** | - | **1,100.0** | - |
| **Iomlán** | **3,424.1** | 2,679.7 | **5,822.2** | 5,910.8 |

1 Ní áirítear réamhíocaíochtaí, suimeanna atá dlite ó árachóirí agus taiscí gearrthéarma san anailís mar ní aithnítear aon neamhchosaint creidmheasa maidir leis na hiarmhéideanna seo.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 21. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Máthairchuideachta**

**Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta**

Ag an 31 Nollaig 2025, bhí iarmhéideanna infhaighte de €3,858.0 milliún (2024: €5,006.1 milliún) ag an Máthairchuideachta óna cuid fochuideachtaí. Baineann formhór na n-infháltas seo le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí chuig fochuideachtaí agus táillí leictreachais lena n-áirítear táillí Úsáide Córais. Is ionann €156.2 milliún (2024: €166.3 milliún) agus an liúntas iomlán maidir le méideanna atá dlite ó fhoghnóthais ag an 31 Nollaig 2025.

Ríomhadh an caillteanas lagaithe sa Mháthairchuideachta maidir le méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta trí úsáid a bhaint as an tsamhail chaillteanais chreidmheasa ionchasaigh a cheanglaítear de réir IFRS 9. Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoin gcaillteanas bearnúcháin, rangaíodh méideanna dlite ó fhochuideachtaí mar méideanna in-aisíoctha ar éileamh, infháltais nó méideanna riosca creidmheasa íseal a bhfuil méadú suntasach luaite leo chomh fada is a bhaineann le riosca creidmheasa ó aithníodh iad ar dtús. Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcaillteanas creidmheasa ionchasaigh (lena n-áirítear an dóchúlacht a bhaineann le mainneachtain agus mainneachtain caillteanais), tugadh aird ar fheidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha mar aon le faisnéis réamhbhreathnaitheach don fhochuideachta ábhartha lena n-áirítear réamhaisnéisí mionsonraithe maidir le sreabhadh airgid lascainithe. Maidir le hiasachtaí in-aisíoctha ar éileamh, sa chás nárbh fhéidir an iasacht a aisíoc ag an dáta tuairiscithe, ríomhadh caillteanais chreidmheasa ionchasacha trí bhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí aisghabhála a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag an Máthairchuideachta, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar straitéisí 'aisíoc de réir a chéile'. Maidir le hiasachtaí a raibh méadú suntasach ar riosca creidmheasa luaite leo, rinneadh breithniú ar ghníomhaíochtaí agus sreafaí airgid todhchaíocha na fochuideachta agus aithníodh na caillteanais chreidmheasa ionchasacha saolré de réir mar is cuí.

**Gluaiseacht i gcaillteanas creidmheasa ionchasaigh na n-infháltas trádála agus na n-infháltas eile.**

Bunaítear na liúntais chaillteanais do shócmhainní airgeadais ar thoimhdí ar riosca i leith rátaí creidmheasa réamhshocraithe agus ionchasacha. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na toimhdí seo á ndéanamh agus an t-ionchur á roghnú i leith na ríomhanna ionchasacha caillteanais creidmheasa, bunaithe ar iarstair an Ghrúpa, dálaí reatha margaidh, chomh maith le meastacháin réamhbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Díscríobhtar sócmhainní airgeadais nuair nach bhfuil aon ionchas réasúnta aisghabhála ann, cosúil le teip ar fhéichiúnaí tabhairt faoi phlean aisíocaíochta leis an gcuideachta. Bhí an ghluaiseacht sa chaillteanas creidmheasa ionchasaigh a bhain le hinfháltais trádála agus infháltais eile le linn na bliana mar seo a leanas:

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 | 2024 | 2025 | 2024 |
| | €m | €m | €m | €m |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **200.8** | 147.8 | **90.4** | 77.2 |
| Caillteanas lagaithe a aithníodh (glan) | **58.6** | 72.2 | **25.9** | 29.8 |
| Liúntas a úsáideadh | **(21.6)** | (19.3) | **(14.0)** | (15.3) |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | **-** | 0.1 | **-** | (1.3) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **237.8** | 200.8 | **102.3** | 90.4 |

**Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu**

Áirítear sna suimeanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu iasachtaí scairshealbhóirí, ús ar na hiasachtaí seo agus iarmhéideanna infhála trádála. Úsáidtear an cur chuige simplithe de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 chun na hiarmhéideanna infhála trádála ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a mheas le haghaidh dóchúlacht mainneachtana. Úsáidtear an cur chuige ginearálta chun na hiarmhéideanna eile ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a mheas le haghaidh dóchúlacht mainneachtana. Nuair a bhíonn úsáid á baint as gcur chuige ginearálta, úsáideann an Grúpa breithiúnas chun na toimhdí seo a dhéanamh agus chun ionchuir a roghnú le haghaidh ríomh caillteanais chreidmheasa ionchasaigh, bunaithe ar choinníollacha margaidh agus ar réamh-mheastacháin réamhbhreathnaitheacha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar iasachtaí scairshealbhóirí uile ESB a tugadh d'infheistíochtaí a ndearnadh cuntas cothromais orthu, aithníodh caillteanas creidmheasa ionchasach de €134.6 milliún i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa mar chostas airgeadais eisceachtúil (nóta 10) sa bhliain 2024. Níor aithníodh aon chaillteanas creidmheasa ionchais eile a d'eascair as an measúnú amhail an 31 Nollaig 2025.

Meastar gur sócmhainní airgeadais chéim 1 (níl bearnúchán creidmheasa déanta) iad na hiasachtaí eile scairshealbhóra le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. Cuireadh cur chuige an chaillteanais chreidmheasa ionchasaigh 12 mhí i bhfeidhm maidir leis na hiasachtaí céim 1 lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil stairiúil agus réamhbhreathnaitheach araon chun an riosca creidmheasa a chinneadh. Measfar go mbeidh riosca creidmheasa íseal ag na hiasachtaí seo mar nach bhfuil aon fhianaise ann gur tháinig méadú ar riosca creidmheasa ó aitheantas tosaigh. Dá bharr sin, níl aon chaillteanas creidmheasa ionchasaigh aitheanta i ndáil leis na hiasachtaí sin.

**Infháltais fuinnimh miondíola**

Baineann infháltais fuinnimh miondíola, lena n-áirítear custaiméirí leictreachais agus gáis, le custaiméirí cónaithe agus gnó araon. Déantar riosca creidmheasa ar chuntais fuinnimh a bhainistiú tríd an monatóireacht leanúnach ar laethanta féichiúnaithe, agus cuirtear comhthaobhacht chuí agus beartas bailiúcháin i bhfeidhm atá bunaithe ar luach creidmheasa, méid, agus fad an fhéich. Baineann an comhchruinniú riosca i Réitigh do Chustaiméirí leis na cuntais fuinnimh miondíola a dúnadh i riaráiste. De ghnáth, meastar go bhfuil fadhbanna creidmheasa ag infháltais ó chustaiméirí cónaithe agus gnó i gcás go bhfuil dáta dlite conarthach na híocaíochta déanach. Chomh maith leis sin, bunaithe ar an méadú leanúnach ar iomaíochas, d'fhéadfadh custaiméirí áirithe soláthraithe a mhalartú sula mbíonn a n-iarmhéideanna gan íoc réitithe acu. Bainistítear na cuntais seo laistigh de bheartas bailithe fiach an Ghrúpa trí mheascán d'obair leantach a dhéanamh ar fhiach inmheánach, úsáid a bhaint as gníomhaireachtaí bailithe fiach agus caingean dlí a thionscnamh nuair is gá, lena n-áirítear foilsiú na mbreithiúnas a fháil.

## 21. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

Tá an fhoráil do chaillteanais ionchasacha thodhchaíocha a bhaineann le hinfháltais leictreachais miondíola, billeáilte agus neamhbhilleáilte, bunaithe ar anailís ar fheidhmíocht fiachais le déanaí agus meastóireacht ar an tionchar atá ag coinníollacha geilleagracha agus saincheisteanna tionscail. Féadfar liúntas caillteanais breise a thabhairt ar bhonn punainne chun caillteanais bhreise a bhfuiltear ag súil leo a chumhdach. Coinnítear comhthaobhacht i bhfoirm taiscí ráthaíochta ar chuntais custaiméirí nua nach bhfuil ar shocruithe dochair dhírigh.

Tá rialuithe a bhaineann le hinfháltais leictreachais dírithe ar aisghabháil iomlán na méideanna atá sonrasctha. Bhí iarmhéid deiridh an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh maidir le hinfháltais fuinnimh an 31 Nollaig 2025 cothrom le €232.0 milliún (an 31 Nollaig 2024: €191.1 milliún). Díscríobhtar infháltais fuinnimh miondíola nuair nach bhfuil súil réasúnta leis go n-aisghabhfar iad agus tar éis gur éag tréimhse ama ón mbille deiridh agus tar éis sin amháin. Ba é €680,000(2024: €156,000) an tsuim is mó ó chustaiméir amháin a díscríobhadh le linn na bliana, a bhaineann le díscaoileadh/leachtú an chuideachta. Eascraíonn infhaighteachais fuinnimh mhiondíola den chuid is mó i bPoblacht na hÉireann, le 13% (2024: 13%) le hioncam Thuaisceart Éireann agus baineann 16% (2024: 16%) le hioncam na Breataine Móire.

Is ionann infháltais leictreachais neamhbhilleáilte agus meastacháin ídithe nach bhfuil sonrasctha fós. B'ionann íogaireacht 5% i leith fhabhrú na n-infháltas fuinnimh miondíola neamhbhilleáilte agus méadú nó laghdú ar an iarmhéid infháltas €16.8 milliún (2024: €21.4 milliún). Tá riosca creidmheasa a bhaineann le leictreachas neamhbhilleáilte á bhainistiú de réir na n-infháltas leictreachais billeáilte pléite thuas.

**Infháltais an Mhargaidh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM & an Bhreatain Mhór)**

Bainistíonn feidhmeanna Trádála agus Riosca Fuinnimh riosca creidmheasa maidir leis na hinfháltais a bhaineann le leis an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite laistigh de na haonaid ghnó a bhíonn ag gabháil do thrádáil leictreachais tríd an Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite. Déantar na feidhmeanna go léir a infhálú óna chéile agus i ngach cás, déantar na freagrachtaí a leithscaradh idir feidhmeanna na cúloifige, na lároifige agus na hoifige tosaigh. Tá feidhm na cúloifige Trádála freagrach as sonrasc a chur chuig custaiméirí agus gach cuntas infhála a choinneáil. Rialaíonn féilire socraíochta an Mhargaidh Leictreachais Aonair Comhtháite téarmaí íocaíochtaí do gach iarmhéid trádála a bhaineann le sruthanna ioncaim an Mhargaidh Leictreachais Aonair Comhtháite.

**Infháltais an Chórais a úsáid**

Is éard atá in ioncam Úsáid an Chóras i bPoblacht na hÉireann ná ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin ("DUoS"), ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchurtha ("TUoS") agus muirir oibríochta agus chothabhála ("O&M") do ghineadóirí atá ceangailte leis an gCóras Dáileacháin. Is é 10 lá gnó na téarmaí creidmheasa atá luaite le DUoS agus tá 53 soláthraí páirteach san obair faoi láthair (2024: 50 soláthraí). Bailíonn EirGrid Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchurtha, agus sonrasctar ioncam ceadaithe Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha ("TAO") chuig EirGrid thar 12 thráthchuid mhíosúla agus tá gach sonrasc dlite 36 lá tar éis dheireadh na míosa. Eisíodh sonraisc le haghaidh 271 gineadóir le linn na bliana 2025 le haghaidh táillí O&M (2024: 259 gineadóir), is é 30 lá an téarma creidmheasa atá luaite le táillí O&M. Sonrasctar gineadóirí le haghaidh táillí naisc ar bhonn céimnithe, mar atá ceadaithe ag CRU, agus forchúitítear 65% den ranníocaíocht chaipitil roimh an tógáil, 90% roimh fhuinnmhiú agus an t-iarmhéid i ndiaidh fuinnmhiú. Áirítear sna suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais na Máthairchuideachta suimeanna a billeáladh agus a bailíodh trí ESB Networks DAC, fochuideachta na Máthairchuideachta is ea seo, de €132.2 milliún (2024: €129.4 milliún) maidir le hinfháltais Úsáid an Chórais.

Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le DUoS á bhainistiú trí mhír 7 de Chreat-chomhaontú DUoS, ceadaithe ag CRU an 1 Lúnasa 2002 a thionscnamh. Foráiltear leis an alt seo go ndéanfaidh gach soláthraí urrús. Sular féidir le soláthraí clárú mar chustaiméir, ní mór dó nó di comhaontú Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin a shíniú. Ní mór do gach soláthraí urrús a sholáthar, de réir alt 7.2 an Chreat-Chomhaontaithe um Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin. Bainistítear riosca creidmheasa Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin freisin trí na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm a thagann le halt 6 an Chreat-Chomhaontaithe um Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar laethanta féichiúnaithe chun iad seo a laghdú a oiread is féidir. I gcás ina dteipeann ar sholáthraí alt 7 an Chreat-Chomhaontaithe um Úsáid an Chórais le haghaidh Dáileacháin a chomhlíonadh, tá cumhdach urrúis i bhfeidhm do gach soláthraí.

Bainistítear riosca creidmheasa Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchurtha trí na nósanna imeachta bailiúcháin tráthúla atá i bhfeidhm agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar laethanta féichiúnaithe chun iad seo a laghdú a oiread is féidir. Rialaítear nósanna imeachta maidir le híocaíocht EirGrid ioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchurtha atá dlite do ESB Networks DAC ag TAO tríd an gComhaontú Bonneagair idir EirGrid agus ESB. Ní gnáthchonradh déthaobhach é seo a dhéanann na páirtithe dá ndeoin féin, ach is socrú é seo atá riachtanach de réir na reachtaíochta, agus sonraítear go leor dá dtéarmaí sa reachtaíocht sin. Dá réir sin, meastar go bhfuil an riosca creidmheasa a bhaineann le hinfháltais Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchurtha íseal. Ba é €58.2 milliún (2024: €59.2 milliún), an tsuim a bhí dlite maidir le hioncam Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchurtha ag an 31 Nollaig 2025, agus is é seo an t-iarmhéid infhála is mó i leith Úsáid an Chórais i bPoblacht na hÉireann.

Chomh fada is a bhaineann leis an ngnó Líonraí i dTuaisceart Éireann, díorthaítear ioncam go príomha ó mhuirir a bhaineann leis an gcóras dáileacháin a úsáid, muirir PSO tabhaithe ar sholáthraithe leictreachais agus muirir le haghaidh seirbhísí tarchurtha tabhaithe ar SONI (an tOibreoir Córais do Thuaisceart Éireann). I gcás infháltais Úsáid an Chórais ó sholáthraithe leictreachais, is é urrús i bhfoirm taiscí airgid, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí na Máthairchuideachta a laghdaíonn riosca creidmheasa. Cé is moite de chomhlachtaí poiblí, íoctar íocaíochtaí maidir le ceangail nó athruithe nua sula ndéantar an obair. Is é níos lú ná 30 lá an tréimhse atá luaite leis an ngnáth-théarma creidmheasa agus laethanta féichiúnaithe le haghaidh infháltais leictreachais ó sholáthraithe leictreachais. Bhí an t-infháltas leictreachais is mó i dtaobh Úsáid an Chórais i dTuaisceart Éireann an 31 Nollaig 2025 cothrom le €14.4 milliún (2024: €12.5 milliún).

**Infháltais leictreachais eile**

Áirítear sna infháltais leictreachais eile suimeanna a bhaineann le fosheirbhísí agus suimeanna atá dlite a bhaineann le Scéimeanna Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO), Scéimeanna Taraif Dhreasachta Leictreachais In-athnuaite (REFIT) agus Scéimeanna Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite (RESS), a reáchtálann an Coimisiún um Rialáil Fóntais.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 21. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE (ar lean)

**Comhthaobhacht airgid thirim**
Áirítear leis an iarmhéid comhthaobhachta airgid thirim tá méideanna geallta ag an nGrúpa do bhainc imréitigh i ndáil le trádáil conarthaí gáis, carbóin agus cumhachta ar an malartán ar luach €118.2 milliún (2024: €91.3 milliún). Clúdaíonn na méideanna geallta corrlach tosaigh agus gluaiseachtaí laethúla marcála go margadh.

San áireamh sa chatagóir seo freisin tá méideanna comhthaobhachta geallta ag an nGrúpa do pháirtithe déthaobhacha ar luach €28.9 milliún (2024: €24.8 milliún).

**Trádáil - infháltais neamhleictreachais agus eile**
Baineann infháltais trádála (neamhleictreachais) agus infháltais eile le hiarmhéideanna atá dlite maidir le hoibríochtaí neamhleictreachais an Ghrúpa (lena n-áirítear trádáil tráchtearraí) agus oibríochtaí eile. Áirítear suimeanna atá dlite maidir le teileachumarsáidí, sainchomhairleoireacht , bainistíocht saoráidí agus fo-oibríochtaí eile an Ghrúpa. Glactar leis nach bhfuil an riosca creidmheasa a bhaineann leis na hiarmhéideanna sin suntasach. Is é €58.1 milliún (2024: €59.1 milliún) an t-iarmhéid neamhurraithe is mó sa chatagóir seo ag an 31 Nollaig 2025 atá dlite ó chuideachta sheachtrach.

## 22. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025<br>€m | 2024<br>€m | 2025<br>€m | 2024<br>€m |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **307.0** | 858.3 | **227.8** | 672.7 |
| Airgead tirim srianta | **-** | 206.6 | **-** | 72.7 |
| Coibhéisí airgid thirim | **400.0** | - | **400.0** | - |
| **Iomlán** | **707.0** | 1,064.9 | **627.8** | 745.4 |

Amhail an 31 Nollaig 2025, íocadh €118.2 milliún (2024: €91.3 milliún) i leith conarthaí gáis, carbóin agus fuinnimh arna dtrádáil ar an malartán. Íocadh €28.9 milliún (2024: €21.6 milliún) freisin i leith na suimeanna comhthaobhacha a chuir an Grúpa i ngeall do pháirtithe déthaobhacha. Cuirtear na méideanna seo san áireamh in trádáil agus infháltais eile agus in trádáil agus méideanna iníoctha eile.

San áireamh san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid thirim an 31 Nollaig 2024, bhí €206.6 milliún (€72.7 milliún a bhaineann leis an Máthairchuideachta) d'airgead tirim srianta a bhain le Scéim Éigeandála Sochair Costais Leictreachais Rialtas na hÉireann. Ní raibh an t-airgead tirim sin ar fáil go saor in aisce do ESB agus íocadh é le custaiméirí ESB Networks nó creidiúnaíodh é do chuntais chustaiméirí ábhartha do chustaiméirí leictreachais Ghrúpa ESB. Baineadh úsáid iomlán as an iarmhéid seo le linn 2025.

San áireamh i gcoibhéisí airgid an 31 Nollaig 2025, tá €400.0 milliún (2024: €nialas) arb é atá ann cuid d'infheistíocht chothromais bhreise Rialtas na hÉireann de €1.5 billiún in ESB, a fuarthas i mí na Nollag 2025 (nóta 23). Tá an infheistíocht €1.5 billiún seo curtha i leataobh lena húsáid ag ESB Networks chun oibreacha agus tionscadail chaipitil a mhaoiniú faoi Phlean Gnó Athbhreithniú Praghsanna 6 ESB Networks agus aon chláir infheistíochta eile atá ceadaithe ag CRU in eangacha leictreachais agus i mbonneagar gaolmhar a leasaíonn, a chuirtear ina ionad nó a chuirtear le plean PR6. Níl na cistí seo ar fáil lena n-úsáid ag Grúpa ESB i gcoitinne gan toiliú roimh ré i scríbhinn ó Rialtas na hÉireann. Tá an t-iarmhéid €1.5 billiún a fuarthas tríd an infheistíocht chothromais a rinne Rialtas na hÉireann san ESB áirithe i dtaiscí gearrthréimhseacha i dTrádáil agus Fáltais Eile (féach nóta 21 le haghaidh níos mó sonraí)

## 23. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS

**(i) Stoc caipitil**
Tá 2,202,552,125 aonad de stoc caipitil i gceist a bhfuil parluach €1.00 ag gach aonad (2024: 1,936,081,855 aonad a bhfuil parluach (€1.00 ag gach aonad).

| | 2025<br>€m | 2024<br>€m |
|---|---|---|
| **Ina gcuimsítear:** | | |
| Stoc eisithe ó chúlchistí aistrithe | **2,151.2** | 1,880.9 |
| Stoc eisithe le haghaidh síntiúis ESOT | **51.4** | 55.2 |
| | **2,202.6** | 1,936.1 |

## 23. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS (ar lean)

De réir an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú), 2001, aistríodh cothromas ESB an 30 Nollaig 2001 chuig stoc caipitil a eisíodh chuig an Roinn Airgeadais. Ag an am céanna, shuibscríobh ESB ESOP Trustee Limited, a bunaíodh chun gníomhú mar iontaobhaí do scéim scairsheilbhe fostaithe ESB, do 5% den stoc. Áirítear sna príomhchearta atá luaite le gach aonad de stoc caipitil na cearta vóta a chaitheamh ag cruinnithe bliantúla, teidlíochtaí do dhíbhinní ó bhrabúis nuair a nochtar a leithéid agus cearta maidir le rannpháirtíocht chomhréireach sa chás go bhfuil barrachas ann ag an tráth foirceanta.

Leasaíodh Alt 2 d'Acht 2001 leis an Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 agus mar thoradh air sin, cuireadh céatadán den stoc caipitil eisithe in ESB faoi chúram an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil anois), agus choinnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe anois) agus choinnigh an ESOP an t-iarmhéid.

Bhunaigh Acht Leasaithe na nAirí agus na Rúnaithe 2011, a tháinig i bhfeidhm an 6 Iúil 2011, oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ar a dtugtar an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe faoi láthair). Tá d'éifeacht le hAcht 2011 úinéireacht an stoic a bhí ag an Aire Airgeadais in ESB roimhe seo a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe amhail ar an agus ón 6 Iúil 2011.

I mí na Nollag 2025, fuair Máthairchuideachta ESB €1.5 billiún i maoiniú cothromais breise ó Rialtas na hÉireann mar mhalairt ar eisiúint 270,270,270 aonad breise de stoc caipitil ar luach par €1.00 in aghaidh an aonaid de stoc caipitil. Leithdháileadh 243,243,243 de na haonaid bhreise de stoc caipitil ar an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe agus leithdháileadh na 27,027,027 aonad eile ar an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Tá luach par an stoic chaipitil eisithe - arb ionann é agus €270,270,270 - curtha san áireamh i luach iompair an stoic chaipitil laistigh den chothromas. Tá luach cóir de thart ar €5.55 curtha i leith gach aonad breise de stoc caipitil a eisíodh. Dá réir sin, aithníodh Préimh Stoic Chaipitil €1,229,729,730 - arb ionann í agus an farasbarr cistí a fuarthas ar luach cóir thar luach par na n-aonad breise stoic chaipitil arna n-eisiúint ag an Máthairchuideachta, arb ionann í agus thart ar €4.55 in aghaidh an aonaid stoic chaipitil bhreise arna heisiúint - laistigh den chothromas.

Mar thoradh ar an stoc caipitil nua seo a eisíodh, tá 10.2% de stoc caipitil eisithe ESB dílsithe anois san Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, agus coinníonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe 87.5%, agus coinníonn an Plean Úinéireachta Scaireanna d'Fhostaithe ("ESOP") 2.3% amhail an 31 Nollaig 2025.

**(ii) Cúlchiste fuascailte caipitil**
Tá comhaontú déanta ag ESB le ESOP chun tacú le fáil stoic chaipitil i margaí inmheánacha. Le déanaí, fuair ESB cead suas le €50 milliún a ghealladh chun tacú leis an margadh inmheánach trí aonaid stoic chaipitil a cuireadh lena ndíol i gceantanna margaidh amach anseo a athcheannach agus a chealú. Chun na críche sin, cheannaigh agus chealaigh ESB 3.8 milliún aonad de stoc caipitil (2024: 3.0 milliún aonad) sa mhargadh inmheánach a tionóladh sa bhliain 2025, ar chostas €10.1 milliún (2024: €8.1 milliún). Mar thoradh air sin, bhí gluaiseacht €3.8 milliún (€3.0 milliún in 2024) i gcúlchiste fuascailte caipitil le linn na bliana.

**(iii) Fálú sreabhaidh airgid**
Is ionann an cúlchiste fálaithe agus cóirluach na ndíorthach arb ionann iad agus cuid de chaidrimh éifeachtacha fálaithe sreabhaidh airgid ag deireadh na bliana. De bhrí go bhfuil gach díorthach á choimeád chun críche fálaithe atá sainithe ag IFRS 9 agus ainmnithe mar fháluithe, coimeádtar a ngluaiseachtaí cóirluacha in OCI seachas iad a mhuirearú chuig an ráiteas ioncaim le linn na bliana agus muirearófar iad chuig ioncam sa tréimhse chéanna leis an idirbheart comhfhreagrach.

**(iv) Cúlchistí eile**
Cuimsítear i gcúlchistí eile an méid seo a leanas:
- Gluaiseachtaí achtúireacha ar scéim sochair shainithe NIE Networks, gan coigeartuithe gaolmhara cáin iarchurtha a chur san áireamh, cothrom le (€145.1) milliún (2024: (€130.4) milliún).
- Foráil athcheannaigh ESOP de €nialas (2024: (€2.0) milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.
- Cúlchistí eile de (€6.2) milliún (2024: (€6.2) milliún).

Áirítear cúlchistí eile na Máthairchuideachta an méid seo a leanas:
- Foráil athcheannaigh ESOP de €nialas (2024: (€2.0) milliún) a bhaineann leis an méid atá geallta ag ESB go dtí seo a athcheannach ó mhargadh inmheánach ESOP.

**(v) Leas neamhrialaitheach - Grúpa**
Baineann leasanna neamh-urlámhais ag an 31 Nollaig 2025 leis na scairshealbha neamh-urlámhais in So Energy, Crockahenny Wind Farm DAC, Mountain Lodge Power DAC agus cuideachtaí eile a bhaineann le tionscadail ghaoithe.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 23. ATHRUITHE AR CHOTHROMAS (ar lean)

**Díbhinní**

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Díbhinní ar stoc caipitil: | | |
| Díbhinn iomlán íoctha 9.75 (2024: 11.35) cent in aghaidh an aonaid stoic caipitil | **188.7** | 220.1 |
| Díbhinn d'ús neamhrialaitheach | **1.3** | - |
| **Iomlán** | **190.0** | 220.1 |

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Máthairchuideachta** | | |
| Díbhinní ar stoc caipitil: | | |
| Díbhinn iomlán íoctha 9.75 (2024: 11.35) cent in aghaidh an aonaid stoic caipitil | **188.7** | 220.1 |
| **Iomlán** | **188.7** | 220.1 |

B'ionann na díbhinní iomlána a íocadh le linn na bliana 2025 agus €188.7 milliún a bhaineann leis an díbhinn deiridh (9.75 cent in aghaidh an aonaid stoic) i gcás na bliana 2024.

Molann an Bord díbhinn 6.79 cent in aghaidh an aonaid stoic caipitil, nó €149.3 milliún don bhliain 2025.

## 24. CÁNACHAS

### (a) Costas cánach ioncaim

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Costas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | **81.0** | 100.9 |
| Rósholáthar don bhliain roimhe seo | **1.7** | (6.0) |
| Luach na gcaillteanas cánach géillte d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **3.9** | 3.8 |
| | **86.6** | 98.7 |
| **Costas cánach iarchurtha** | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí sealadacha | **21.1** | 43.0 |
| Bliain roimhe seo faoi fhoráil | **6.1** | 21.5 |
| | **27.2** | 64.5 |
| | | |
| **Iomlán** | **113.8** | 163.2 |

## 24. CÁNACHAS (ar lean)

**Réiteach an ráta cánach éifeachtaigh**

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Brabús roimh cháin** | **749.7** | 869.4 |
| | | |
| **Brabús roimh cháin** | | |
| Móide: an sciar tar éis cánach de thorthaí (nó caillteanas) na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **(7.3)** | 5.3 |
| **Brabús roimh cháin (seachas caillteanas institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu)** | **742.4** | 874.7 |
| | | |
| Cáin ar 12.5% | **92.8** | 109.3 |
| | | |
| Costais nach mbaintear | **22.2** | 23.3 |
| Coigeartuithe praghsála aistrithe | **(1.0)** | 9.1 |
| Éifeacht chánach caillteanas nach n-aithnítear | **-** | (2.6) |
| Ioncam nach bhfuil incháinithe | **(6.2)** | (8.2) |
| Cáin níos mó ar ghnóthachain inmhuirir | **1.3** | 0.8 |
| Rátaí cánach níos airde ar bhrabúis eachtracha | **(3.3)** | 15.8 |
| Bliain roimhe seo faoi fhoráil | **8.0** | 15.7 |
| **Costas cáin ioncaim** | **113.8** | 163.2 |

Ríomhtar cáin de réir na rátaí atá i réim sna dlínsí faoi seach ina ngníomhaíonn ESB.

An díolúine shealadach ó na ceanglais chuntasaíochta le haghaidh cánacha iarchurtha a bhaineann le Colún II faoi CIC12 a d'eisigh an CIC i mí Bealtaine 2023, tá an Grúpa tar éis í a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, ní aithníonn ná ní nochtann an Grúpa eolas faoi shócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a bhaineann le hioncaim chánach Cholún a Dó.

Rinne Rialtas na hÉireann, an áit a bhfuil bun-Mháthairaonán an Ghrúpa suite, reachtaíocht chánacha ioncaim Cholún a Dó a achtú an 18 Nollaig 2023 isteach san Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023. Tháinig an reachtaíocht in éifeacht do Ghrúpa ESB don bhliain chuntasaíochta dar chríoch an 31 Nollaig 2024. Faoin reachtaíocht, ceanglaítear ar an Máthair-chuideachta, Bord Soláthair an Leictreachais, cáin bhreisithe a íoc in Éirinn ar bhrabúis a fhochuideachtaí a ngearrtar cáin orthu ag ráta cánach éifeachtach níos lú ná 15% (an Íosráta Cánach "MTR"). Is iad na príomhdhlínsí ina bhféadfadh nochtadh don cháin seo a bheith ann don Ghrúpa Éire agus an RA. Tá feidhm ag cineálacha díolmhaithe bunaithe ar thábhacht eacnamaíoch maidir le sócmhainní seasta agus le costais phárolla incháilithe, rud a laghdaíonn na brabúis in aon dlínse ar leith atá faoi réir na cánach breisithe. Ós i bPoblacht na hÉireann agus sa RA a dhéanann ESB mórchuid a ghníomhaíochtaí gnó, áit a ndéantar infheistíocht nach beag i mbonneagar poiblí agus i sócmhainní giniúna leictreachais, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú mór ar bhrabúis an Ghrúpa atá faoi réir an MTR in Éirinn agus sa RA go ceann i bhfad. Is é €nialas costas cánach reatha an Ghrúpa a bhaineann le Colún a Dó don 31 Nollaig 2025 (31 Nollaig 2024: €nialas) bunaithe ar dhíolúintí tearmainn shábháilte idirthréimhseacha.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 24. CÁNACHAS (ar lean)

### (b) Sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha

| Grúpa | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanais léasa | **13.3** | 12.6 |
| Scéim pinsin ESB | **8.7** | 9.4 |
| Forálacha | **1.4** | 1.4 |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | **13.9** | 6.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **71.9** | 65.2 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **109.2** | 95.4 |
| | | |
| Lúide sócmhainn chánach iarchurtha aitheanta ar leithligh ar an gclár comhardaithe | **(1.3)** | (1.3) |
| **Glansócmhainn cánach iarchurtha i gcomparáid le dliteanas cánach iarchurtha** | **107.9** | 94.1 |
| | | |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | **725.3** | 687.4 |
| Sócmhainní ceart úsáide | **11.4** | 11.9 |
| Scéim pinsin NIE Networks | **12.6** | 17.1 |
| Forálacha | **5.4** | 7.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **2.7** | 1.2 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | **2.5** | 1.2 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | **759.9** | 726.2 |
| | | |
| **Glandliteanais chánach iarchurtha** | **(652.0)** | (632.1) |
| | | |
| **Glandliteanas chánach iarchurtha** | **(650.7)** | (630.8) |



## 24. CÁNACHAS (ar lean)

Seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Ghrúpa:

| 2025 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Leasú IAS 12 €m | Éadáil Leitir Mucú €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Oiriúnuithe aistriúcháin €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | | | |
| Dliteanais léasa | 12.6 | - | - | 1.0 | - | (0.3) | **13.3** |
| Scéim pinsin ESB | 9.4 | - | - | (0.7) | - | - | **8.7** |
| Forálacha | 1.4 | - | - | - | - | - | **1.4** |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | 6.8 | - | 12.6 | (4.9) | (0.1) | (0.5) | **13.9** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 65.2 | - | - | 9.9 | 0.1 | (3.3) | **71.9** |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **95.4** | **-** | **12.6** | **5.3** | **-** | **(4.1)** | **109.2** |
| | | | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 687.4 | - | 18.1 | 29.6 | - | (9.8) | **725.3** |
| Sócmhainní ceart úsáide | 11.9 | - | - | (0.2) | - | (0.3) | **11.4** |
| Scéim pinsin NIE Networks | 17.1 | - | - | 1.3 | (5.1) | (0.7) | **12.6** |
| Forálacha | 7.4 | - | - | (1.6) | - | (0.4) | **5.4** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 1.2 | - | - | 2.1 | (0.6) | - | **2.7** |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1.2 | - | - | 1.3 | - | - | **2.5** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | **726.2** | **-** | **18.1** | **32.5** | **(5.7)** | **(11.2)** | **759.9** |
| **Glandliteanas chánach iarchurtha** | **(630.8)** | **-** | **(5.5)** | **(27.2)** | **5.7** | **7.1** | **(650.7)** |

| 2024 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Leasú IAS 12 €m | Éadáil Pallas €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Oiriúnuithe aistriúcháin €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | | | |
| Dliteanais léasa | 15.2 | - | - | (2.8) | - | 0.2 | 12.6 |
| Scéim pinsin ESB | 17.7 | - | - | (8.3) | - | - | 9.4 |
| Forálacha | 6.0 | - | - | (4.8) | - | 0.2 | 1.4 |
| Caillteanais chánach ar aghaidh | 14.2 | - | - | (7.9) | - | 0.5 | 6.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 50.8 | - | - | 34.9 | (22.1) | 1.6 | 65.2 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | 103.9 | - | - | 11.1 | (22.1) | 2.5 | 95.4 |
| | | | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | 595.5 | - | 6.0 | 78.2 | 1.3 | 6.4 | 687.4 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 14.9 | - | - | (3.2) | - | 0.2 | 11.9 |
| Scéim pinsin NIE Networks | 18.4 | - | - | 2.5 | (4.6) | 0.8 | 17.1 |
| Forálacha | 8.8 | - | - | (1.8) | - | 0.4 | 7.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 24.0 | - | - | (0.1) | (22.7) | - | 1.2 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1.2 | - | - | - | - | - | 1.2 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 662.8 | - | 6.0 | 75.6 | (26.0) | 7.8 | 726.2 |
| **Glandliteanas chánach iarchurtha** | (558.9) | - | (6.0) | (64.5) | 3.9 | (5.3) | (630.8) |

Níl aon dáta éaga luaite le cathain is féidir caillteanais chánach sa Ghrúpa a úsáid.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 24. CÁNACHAS (ar lean)

**Níl an tsócmhainn chánach iarchurtha ar chaillteanais chánach aitheanta sna cuntais:**
B'ionann sócmhainní cánach iarchurtha nár aithníodh agus €7.3 milliún sa bhliain 2025 (2024: €10.1 milliún). Baineann an tsuim seo le sócmhainní cánach iarchurtha nár aithníodh in aghaidh caillteanais chánach a tháinig chun cinn in So Energy Trading Ltd.

**Cáin iarchurtha a bhaineann le cúlchistí neamhaistrithe fochuideachtaí eachtracha:**
Ní dhearnadh soláthar in aghaidh cúlchistí neamhaistírithe fhochuideachtaí thar lear an Ghrúpa ar dhá chúis: is é sin, níl aon cheanglas ann go gcaithfí na cúlchistí seo a chionroinnt go ceann tamaill nó is amhlaidh go bhfuil sé deimhnithe nach bhfuil cáin le híoc ar an íocaíocht. Tá cáin iarchurtha curtha ar fáil i ndáil le cúlchistí neamhaistrithe chomhfhiontair eachtracha an Ghrúpa de bhrí go bhfuil an cumas ag an nGrúpa aisdúichiú na gcúlchistí seo chuig Poblacht na hÉireann a rialú. Ag an 31 Nollaig 2025, bhí cúlchistí neamhaistrithe carnacha fochuideachtaí agus comhfhiontar eachtrach cothrom le €1,270.6 milliún (an 31 Nollaig 2024: €1,128.4 milliún).

| Máthairchuideachta | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| **Sócmhainní cánach iarchurtha** | | |
| Dliteanais léasa | **6.0** | 4.0 |
| Scéim pinsin ESB | **8.8** | 9.4 |
| Forálacha | **1.7** | 1.7 |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **16.5** | 15.1 |
| | | |
| **Dliteanais chánach iarchurtha** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | **454.8** | 440.4 |
| Sócmhainní ceart úsáide | **5.6** | 3.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | 0.5 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | **1.2** | 1.2 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | **461.6** | 445.8 |
| | | |
| **Glandliteanas chánach iarchurtha** | **(445.1)** | (430.7) |

Seo a leanas an ghluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha don Mháthairchuideachta:

| 2025 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Leasú IAS 12 €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | |
| Dliteanais léasa | 4.0 | - | 2.0 | - | **6.0** |
| Scéim pinsin ESB | 9.4 | - | (0.6) | - | **8.8** |
| Forálacha | 1.7 | - | - | - | **1.7** |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | **15.1** | **-** | **1.4** | **-** | **16.5** |
| | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 440.4 | - | 14.4 | - | **454.8** |
| Sócmhainní ceart úsáide | 3.7 | - | 1.9 | - | **5.6** |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 0.5 | - | - | (0.5) | **-** |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1.2 | - | - | - | **1.2** |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 445.8 | - | 16.3 | (0.5) | **461.6** |
| | | | | | |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn chánach iarchurtha** | **(430.7)** | **-** | **(14.9)** | **0.5** | **(445.1)** |



## 24. CÁNACHAS (ar lean)

| 2024 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Leasú IAS 12 €m | Aitheanta in ioncam €m | Aitheanta in OCI €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | | |
| Dliteanais léasa | 7.6 | - | (3.6) | - | 4.0 |
| Scéim pinsin ESB | 17.7 | - | (8.3) | - | 9.4 |
| Iasachtaí | 1.7 | - | - | - | 1.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 21.1 | - | - | (21.1) | - |
| **Sócmhainní cánach iarchurtha iomlána** | 48.1 | - | (11.9) | (21.1) | 15.1 |
| | | | | | |
| **Dliteanais** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 425.1 | - | 15.3 | - | 440.4 |
| Sócmhainní ceart úsáide | 7.5 | - | (3.8) | - | 3.7 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 20.3 | - | - | (19.8) | 0.5 |
| Cáin ghnóthachan caipitiúil | 1.2 | - | - | - | 1.2 |
| **Dliteanais chánach iarchurtha iomlána** | 454.1 | - | 11.5 | (19.8) | 445.8 |
| | | | | | |
| **Glandliteanas chánach iarchurtha** | (406.0) | - | (23.4) | (1.3) | (430.7) |

## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE

| Grúpa | Iasachtaíocht iontaofa €m | Iasachtaíocht neamhiontaofa €m | 2025 Iomlán €m | Iasachtaíocht iontaofa €m | Iasachtaíocht neamhiontaofa €m | 2024 Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaíocht reatha** | | | | | | |
| ▪ In-aisíoctha i dtráthchodanna | 47.4 | 6.0 | **53.4** | 59.0 | - | 59.0 |
| ▪ In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | - | 456.1 | **456.1** | - | 421.2 | 421.2 |
| **Iasachtaíocht reatha iomlán** | 47.4 | 462.1 | **509.5** | 59.0 | 421.2 | 480.2 |
| | | | | | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha** | | | | | | |
| ▪ In-aisíoctha i dtráthchodanna | | | | | | |
| - Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 28.9 | 6.6 | **35.5** | 50.2 | - | 50.2 |
| - Idir dhá agus cúig bliana | 70.2 | 19.8 | **90.0** | 78.8 | - | 78.8 |
| - Tar éis cúig bliana | 78.2 | 84.0 | **162.2** | 103.0 | - | 103.0 |
| | 177.3 | 110.4 | **287.7** | 232.0 | - | 232.0 |
| ▪ In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | | | | | | |
| - Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 499.3 | - | **499.3** | - | 481.4 | 481.4 |
| - Idir dhá agus cúig bliana | 1,698.7 | - | **1,698.7** | 1,493.5 | - | 1,493.5 |
| - Tar éis cúig bliana | 3,596.6 | 797.3 | **4,393.9** | 4,317.0 | 420.9 | 4,737.9 |
| ▪ Coigeartú fálaithe cóirluacha | 35.7 | - | **35.7** | 60.1 | - | 60.1 |
| | 5,830.3 | 797.3 | **6,627.6** | 5,870.6 | 902.3 | 6,772.9 |
| | | | | | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha iomlán** | 6,007.6 | 907.7 | **6,915.3** | 6,102.6 | 902.3 | 7,004.9 |
| | | | | | | |
| **Iasachtaíocht iomlán gan íoc** | 6,055.0 | 1,369.8 | **7,424.8** | 6,161.6 | 1,323.5 | 7,485.1 |

Féach mír (b) chun teacht ar shonraí faoi rátaí úis infheidhme.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### Iasachtaí reatha de réir saoráide

| | Tag. | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Bannaí Steirling neamhiontaofa NIE Networks | 2 | **456.1** | 421.2 |
| Iasachtaíocht bhainc | 3 | **47.4** | 59.0 |
| Iasacht bainc neamh-inchúlghairthe | 4 | **6.0** | - |
| | | **509.5** | 480.2 |

### Iasachtaíocht neamhreatha de réir saoráide

| | Tag. | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Eorabhannaí ESB | 1 | **5,642.4** | 5,657.8 |
| Bannaí Steirling neamhiontaofa NIE Networks | 2 | **797.3** | 902.3 |
| Iasachtaíocht bhainc | 3 | **329.5** | 384.7 |
| Iasacht bainc neamh-inchúlghairthe | 4 | **110.4** | - |
| Coigeartú fálaithe cóirluacha | 5 | **35.7** | 60.1 |
| | | **6,915.3** | 7,004.9 |

Níl aon cheann de na hiasachtaí urraithe i gcoinne sócmhainní an Ghrúpa, seachas an iasacht bainc neamh-iontaofa atá urraithe i gcoinne sócmhainní na Feithicle Cuspóra Speisialta a shealbhaíonn an maoiniú tionscadail neamh-iontaofa.

Tugadh rátáil A do ESB ó Standard & Poor's Global Ratings an 31 Nollaig 2025 (A- an 31 Nollaig 2024) agus A3 (comhionann le A-) ó Moody's an 31 Nollaig 2024 agus an 31 Nollaig 2025. Tá dearcadh dearfach fós ag Standard & Poor's Global Ratings agus Moody's ar ESB.

**1. Eorabhannaí ESB**
Tugtar sonraí sa tábla thíos ar Eorabhannaí ESB (tá gach ceann liostaithe) a cuireadh san áireamh in iasachtaí an 31 Nollaig 2025:

| Eisitheoir | Luach | Dáta Eisiúna | Dáta Aibíochta | Aibíocht | Dearbhán |
|---|---|---|---|---|---|
| ESB Finance DAC | €500.0 milliún | Meitheamh 2015 | Meitheamh 2027 | 12 bhliain | 2.125% |
| ESB Finance DAC | €600.0 milliún | Meitheamh 2016 | Meitheamh 2031 | 15 bliana | 1.875% |
| ESB Finance DAC | €500.0 milliún | Eanáir 2017 | Feabhra 2029 | 12 bhliain | 1.750% |
| ESB Finance DAC | €500.0 milliún | Samhain 2018 | Samhain 2033 | 15 bliana | 2.125% |
| ESB Finance DAC | €100.0 milliún | Aibreán 2019 | Aibreán 2044 | 25 bliain | 2.000% |
| ESB Finance DAC | €700.0 milliún (Banna glas) | Meitheamh 2019 / Iúil 2020 | Meitheamh 2030 | 11 bhliain | 1.125% |
| ESB Finance DAC | £325.0 milliún | Eanáir 2020 | Iúil 2035 | 15.5 bliain | 1.875% |
| ESB Finance DAC | €500.0 milliún (Banna glas) | Eanáir 2022 | Iúil 2034 | 12.5 bliain | 1.000% |
| ESB Finance DAC | €550.0 milliún | Samhain 2022 | Bea-2032 | 9.5 bliain | 4.000% |
| ESB Finance DAC | €350.0 milliún | Eanáir 2023 | Eanáir 2043 | 20 bliain | 3.750% |
| ESB Finance DAC | €500.0 milliún (Banna glas) | Deireadh Fómhair 2023 | Márta 2036 | 12.4 bliain | 4.250% |
| ESB Finance DAC | €500.0 milliún | Deireadh Fómhair 2023 | Deireadh Fómhair 2028 | 5 bliana | 4.000% |



## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

**2. Bannaí Steirling Neamhiontaofa NIE Networks**
Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le Bannaí Steirling neamhiontaofa NIE Networks atá san áireamh in iasachtaíocht an 31 Nollaig 2025:

| Eisitheoir | Luach | Dáta Eisiúna | Dáta Aibíochta | Aibíocht | Dearbhán |
|---|---|---|---|---|---|
| NIE Networks Limited | £400.0 milliún | Meitheamh 2011 | Meitheamh 2026 | 15 bliana | 6.375% |
| NIE Networks Limited | £350.0 milliún | Samhain 2022 | Nollaig 2032 | 10.1 bliain | 5.875% |
| NIE Networks Limited | £350.0 milliún | Bealtaine 2025 | Nollaig 2035 | 10.6 bliain | 5.750% |

Eisíodh banna nua de £350.0 milliún i mí na Bealtaine 2025. Aisíocadh £350.0 milliún i mí Dheireadh Fómhair 2025. Eisíodh banna nua £600.0 milliún i mí Eanáir 2026.

**3. Iasachtaíocht bhainc**
Tugtar sonraí sa tábla thíos ar iasachtaí bainc a cuireadh san áireamh in iasachtaí (coigeartuithe as an áireamh do tháillí amúchta) an 31 Nollaig 2025:

| | Iarmhéid an 31 Nollaig 2025 | Iarmhéid an 31 Nollaig 2024 |
|---|---|---|
| €200.0 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta ("EIB") chun tacú le naisc in-athnuaite chuig an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann | €108.3 milliún | €120.0 milliún |
| Iasachtaí bainc eile ar fhiach ráta comhlúthach a fuarthas ar iasacht ar bhonn déthaobhach (seachas os cionn €200.0 milliún) | €12.6 milliún | €33.9 milliún |
| €450.0 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta ("EIB") chun tacú le Méadair Chliste a rolladh amach in Éirinn | €150.0 milliún | €150.0 milliún |
| €2.4 billiún Creidmheas Imrothlach Inbhuanaitheacht-Nasctha (le sindeacáit 15 bhanc) | €Nialas | €Nialas |
| Fiachas ráta sheasta eile EIB | €110.8 milliún | €140.1 milliún |

Comhaontaíodh saoráid luach €200.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) in 2013 agus 2014 chun tacú le naisc in-athnuaite leis an líonra leictreachais in iardheisceart na hÉireann. Is é an t-iarmhéid atá le haisíoc €108.3 milliún ag an 31 Nollaig 2025 (2024: €120.0 milliún).

Aontaíodh le saoráid €450.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun tacú le Méadair Chliste a thabhairt isteach in Éirinn. Bhí €150.0 milliún den tsaoráid seo tarraingthe anuas ag an 31 Nollaig 2025 (2024: €150.0 milliún). Ag tús 2026, tarraingíodh anuas €150.0 milliún breise den tsaoráid seo.

Sa bhliain 2020, ghlac ESB páirt i Saoráid Chreidmheasa Imrothlaigh Inbhuanaitheacht-Nasctha ar luach €1.4 billiún suas go dtí mí Feabhra 2027 le grúpa de 13 bhanc idirnáisiúnta. Ní raibh aon tarraingt anuas ar an tsaoráid seo ar an 31 Nollaig 2024. I mí Iúil 2025, chuaigh ESB i mbun Saoráid Chreidmheasa Rothlaigh nua €2.4 billiún atá nasctha le hinbhuanaitheacht suas go dtí Iúil 2030 le grúpa cúig bhanc idirnáisiúnta déag. Tháinig an tsaoráid seo in ionad na Saoráide Creidmheasa Rothlaigh €1.4 billiún atá nasctha le hinbhuanaitheacht. Ní raibh aon tarraingt anuas ar an tsaoráid seo ar an 31 Nollaig 2025.

Tá coinníollacha ag saoráidí áirithe a cheanglaíonn ar ESB cúnaint airgeadais áirithe a chothú. I dtuairim chomhaltaí an Bhoird, bhí ESB go hiomlán comhlíontach ag an 31 Nollaig 2025 i leith na gceanglas cunaint uile a bhaineann leis na saoráidí seo.

**4. Iasacht bainc neamh-inchúlghairthe**
Fuair an Grúpa iasachtaí bainc neamh-inchúlghairthe mar chuid d'éadáil Feirm Ghaoithe Leitir Muice le linn na bliana (féach nóta 18). Is é €116.4 milliún (2024: €nialas) iarmhéid na n-iasachtaí seo ar an 31 Nollaig 2025.

Tá sárú teicniúil ar chomhaontú ann a bhaineann leis na hiasachtaí seo an 31 Nollaig 2025 a bhaineann le seachadadh tráthúil ráiteas airgeadais. Tá an bhainistíocht i mbun oibre le hiasachtóirí chun maithiúnas rialta nó leasú comhaontaithe a fháil. Mura ndeonófaí maithiúnas, dhéanfaí an chuid neamhreatha de na hiasachtaí bainc neamh-inchúlghairthe gaolmhara (€110.4 milliún) a athaicmiú mar iasachtaí reatha.

**5. Coigeartú fálaithe cóirluacha**
D'iontráil ESB i mbabhtáil ráta úis i mí Mheán Fómhair 2023 a bhainfidh aibíocht amach i mí Márta 2036. D'ainmnigh ESB an bhabhtáil ráta úis i bhfálú cóirluacha an riosca úis tagarmhairc a bheadh ag fiachas ráta sheasta. Ba é an coigeartú ar iasachtaíocht d'fhálú Cóirluacha a cuireadh i gcuntas an 31 Nollaig 2025 €35.7 milliún (2024: €60.1 milliún).

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

### Iasachtaíocht Iontaofa

| Máthairchuideachta | 2025 Iomlán €m | 2024 Iomlán €m |
|---|---|---|
| **Iasachtaíocht reatha** | | |
| ▪ In-aisíoctha i dtráthchodanna | **47.4** | 59.0 |
| **Iasachtaíocht reatha iomlán** | **47.4** | 59.0 |
| | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha** | | |
| ▪ In-aisíoctha i dtráthchodanna | | |
| - Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **28.9** | 50.2 |
| - Idir dhá agus cúig bliana | **70.2** | 78.8 |
| - Tar éis cúig bliana | **78.2** | 103.0 |
| | **177.3** | 232.0 |
| ▪ In-aisíoctha ar bhealaí eile seachas i dtráthchodanna | | |
| - Tar éis cúig bliana | **150.0** | 150.0 |
| - Coigeartú fálaithe cóirluacha | **35.7** | 60.1 |
| | **185.7** | 210.1 |
| | | |
| **Iasachtaíocht neamhreatha iomlán** | **363.0** | 442.1 |
| | | |
| **Iasachtaíocht iomlán gan íoc** | **410.4** | 501.1 |

### (a) Bainistiú maoinithe agus leachtachta

Baineann na príomhrioscaí leachtachta atá roimh an nGrúpa le riachtanais sreabhaidh airgid a eascraíonn as oibríochtaí laethúla, oibleagáidí fiachais i mbun aibiú agus cláir infheistíochta caipitil a mhaoiniú. Is faoi fheidhm ciste an Ghrúpa atá sé an riosca seo a bhainistiú ach leas a bhaint as meascán d'infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus saoráidí bainc tiomanta neamhtharraingthe. Déanann an Grúpa idirbheartaíocht maidir le saoráidí le bainc agus margaí caipitil fiachais caidrimh chun aon cheanglais mhaoinithe a eascraíonn fiachas aibíochta, caiteachas caipitil agus ceanglais ghnó ghinearálta a réamh-mhaoiniú nó a réamhfhálú.

An 31 Nollaig 2025, bhí €3.4 billiún ar fáil ag an nGrúpa in airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim (seachas airgead tirim teoranta) agus saoráidí bainc geallta, rud a áirithíonn gur féidir éilimh leachtachta a chomhlíonadh de réir mar is gá. Tá €1.1 billiún breise de thaiscí gearrthéarmacha san áireamh i dTrádáil agus Infhaighte Eile (nóta 21) toisc go bhfuil aibíocht níos mó ná trí mhí acu. Cuimsítear sna saoráidí bainc geallta saoráid iasachta shindeacáite i dteannta líon mór institiúidí airgeadais a bhfuil rátáil mhaith luaite leo, atá go hiomlán neamhtharraingthe agus ar fáil lena tarraingt anuas an 31 Nollaig 2025, agus saoráid €450.0 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta chun tacú le Méadar Cliste a thabhairt isteach in Éirinn, ar tarraingíodh anuas €150.0 milliún den tsaoráid seo an 31 Nollaig 2025 (2024: €150.0 milliún) agus bhí €300.0 milliún sa bhreis ar fáil lena tarraingt anuas an 31 Nollaig 2025.

Tá straitéis bainistíochta fiachais an Ghrúpa dírithe ar phróifíl punann fiachais a bhfuil meascán contrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí páirteach ann. Úsáidtear maoiniú neamhiontaofa agus iontaofa srianta i gcás inar iomchuí, ar bhealach a chuireann costais mhaoiniúcháin agus maolú riosca san áireamh.

Anseo thíos tá eolas le fáil maidir le próifíl aibíochta shuim ghlanluacha iasachtaíocht an Ghrúpa, agus dáta éaga saoráidí iasachtaíochta bainc geallta neamhtharraingthe anuas ábhartha:

| | Fiachas Tarraingthe Anuas - Grúpa | | Fiachas Tarraingthe Anuas - Máthairchuideachta | | Saoráid nach bhfuil Tarraingthe Anuas - Grúpa agus Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aibiú | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| I mbliain amháin nó níos giorra | **509.5** | 480.2 | **47.4** | 59.0 | **-** | 862.6 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | **534.8** | 531.6 | **28.9** | 50.2 | **-** | - |
| Idir dhá agus cúig bliana | **1,788.7** | 1,572.3 | **70.2** | 78.8 | **2,400.0** | 1,400.0 |
| I mbreis agus cúig bliana | **4,591.8** | 4,901.0 | **263.9** | 313.1 | **300.0** | 300.0 |
| | **7,424.8** | 7,485.1 | **410.4** | 501.1 | **2,700.0** | 2,562.6 |



## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conarthacha iasachtaíocht an Ghrúpa, lena n-áirítear na híocaíochtaí úis gaolmhara. Iasachtaí a bhfuil luach tugtha anonn €7,014.4 milliún acu (31 Nollaig 2024: €6,984.0 milliún), baineann siad le hiasachtaí fochuideachtaí sa Ghrúpa.

| | Suim ghlanluacha €m | Insreafaí / (eis-sreafaí) airgid thirim chonarthaigh - glan €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2025** | | | | | | |
| Iasachtaíocht iontaofa | **6,055.0** | **7,166.5** | **194.0** | **673.6** | **2,124.0** | **4,174.9** |
| Iasachtaíocht neamhiontaofa | **1,369.8** | **1,817.6** | **542.2** | **55.0** | **164.4** | **1,056.0** |
| **Iasachtaíocht iomlán** | **7,424.8** | **8,984.1** | **736.2** | **728.6** | **2,288.4** | **5,230.9** |
| | | | | | | |
| **31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| Iasachtaíocht iontaofa | 6,161.6 | 7,406.7 | 209.0 | 198.2 | 1,973.1 | 5,026.4 |
| Iasachtaíocht neamhiontaofa | 1,323.5 | 1,598.9 | 488.7 | 538.6 | 74.5 | 497.1 |
| **Iasachtaíocht iomlán** | 7,485.1 | 9,005.6 | 697.7 | 736.8 | 2,047.6 | 5,523.5 |

### (b) Bainistiú riosca ráta úis

Is fearr le ESB fiachas ar ráta úis sheasta agus tá sé mar aidhm aige tromlach suntasach dá fhiachas a bheith ar ráta úis seasta go dtí an aibíocht, agus íosmhéid de 70% seasta á choinneáil i gcónaí. Is féidir é seo a chinntiú trí iasachtaíocht dhíreach ag rátaí úis seasta nó trí bhabhtálacha ráta úis. An 31 Nollaig 2025, bhí 85.8% d'fhiachas an Ghrúpa seasta agus bhí 14.2% comhdhlúthach (an 31 Nollaig 2024: 92.0% agus 8.0% faoi seach). Tá cóirluach na mbabhtálacha ráta úis arna nochtadh i nóta 26.

Chomh fada is a bhaineann le dliteanais airgeadais úsmhara, tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir lena rátaí úis éifeachtacha ag dáta an chláir comhardaithe agus cuirtear éifeacht na mbabhtálacha ráta úis:

| 2025 | Ráta úis éifeachtach % | Iomlán €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí neamh-inchúlghairthe (ráta úis seasta agus athraitheach) | **5.9%** | **1,369.8** | **462.1** | **6.6** | **19.8** | **881.3** |
| Iasachtaíocht eile fhadtéarmach (ráta úis seasta agus athraitheach) | **2.7%** | **6,055.0** | **47.4** | **528.2** | **1,768.9** | **3,710.5** |
| | | **7,424.8** | **509.5** | **534.8** | **1,788.7** | **4,591.8** |

| 2024 | Ráta úis éifeachtach % | Iomlán €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaíocht neamhiontaofa (ráta úis seasta) | 5.0% | 1,323.5 | 421.2 | 481.4 | - | 420.9 |
| Iasachtaíocht eile fhadtéarmach (ráta úis seasta agus athraitheach) | 2.6% | 6,161.6 | 59.0 | 50.2 | 1,572.3 | 4,480.1 |
| | | 7,485.1 | 480.2 | 531.6 | 1,572.3 | 4,901.0 |

I measc na n-iasachtaí fadtéarmacha eile san anailís seo tá dliteanais ráta chomhlúthaigh de €1,052.2 milliún (31 Nollaig 2024: €593.9 milliún).

Nuair a bheidh an riosca ráta úis á bhainistiú, beidh sé mar aidhm ag an nGrúpa tionchar na luaineachtaí gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a laghdú. Ar bhonn níos fadtéarmaí, áfach, beidh tionchar ag athruithe ar rátaí úis ar thuilleamh comhdhlúthaithe. Meastar dá dtiocfadh méadú ginearálta 50 bonnphointe ar rátaí úis (agus ar rátaí úis iarbhíre comhfhreagracha) don bhliain go méadódh sé seo an brabús roimh cháin agus go laghdódh sé cothromas de réir na suimeanna a leagtar amach thíos. Glactar leis san anailís seo, go mbeidh gach athróga eile, go háirithe rátaí airgeadra eachtraigh, cobhsaí, lena n-áirítear an toimhde nach bhfuil aon athrú tagtha ar rátaí boilscithe.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| | 31 Nollaig 2025 | | 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m** | **Laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m** | **Méadú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m** | **Laghdú 50 bp gnóthachan / (caillteanas) € m** |
| **Brabús roimh chánachas** | | | | |
| Ús atá iníoctha | **(5.3)** | **5.3** | (3.0) | 3.0 |
| Gluaiseachtaí cóirluacha ar ionstraimí airgeadais | **(21.8)** | **23.0** | (25.5) | 27.0 |
| | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | |
| Gnóthachain / (caillteanais) chóirluacha | **-** | **-** | - | - |

Rinneadh na toimhdí seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:
- ní bhaineann íogaireacht an chláir comhardaithe d'anailís rátaí úis ach le hionstraimí airgeadais díorthacha;
- ríomhtar íogaireacht úis fhabhraithe do ghluaiseachtaí i rátaí úis de réir nochtadh glanráta chomhlúthaigh ar fhiachas, ar thaiscí agus ar ionstraimí díorthacha;
- glactar leis go mbíonn díorthaigh a ainmnítear mar fháluithe ar an sreabhadh airgid go hiomlán éifeachtach; go ndéantar taifead iomlán díobh laistigh de chothromas gan aon tionchar ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil gaolmhaireacht fálaithe acu ach ar an ráiteas ioncaim; agus
- caitear leis an ngné chomhlúthach d'aon bhabhtáil nó d'aon fhiachais ráta chomhlúthaigh amhail is nár socraíodh aon ráta úis ina leith go fóill. Fágann sé sin go rachadh athrú ar rátaí úis i bhfeidhm ar thréimhse 12 mhí iomlán le haghaidh an sciar den ús fabhraithe de na háirimh íogaireachta.

### (c) Réiteach iasachtaí seachtracha

**Grúpa**

| 2025 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Éadáil €m | Fáltais €m | Aisío-caíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | | |
| Eorabhannaí ESB | **5,657.8** | **-** | **-** | **-** | **(20.0)** | **4.6** | **5,642.4** |
| Eorabhannaí Neamhiontaofa NIE Networks | **1,323.5** | **-** | **413.4** | **(398.2)** | **(86.1)** | **0.8** | **1,253.4** |
| Iasachtaíocht bhainc | **503.8** | **-** | **-** | **(61.1)** | **(1.2)** | **(28.9)** | **412.6** |
| Iasacht bainc neamh-inchúlghairthe | **-** | **122.8** | **-** | **(6.4)** | **-** | **-** | **116.4** |
| **Iomlán** | **7,485.1** | **122.8** | **413.4** | **(465.7)** | **(107.3)** | **(23.5)** | **7,424.8** |

| 2024 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Éadáil €m | Fáltais €m | Aisío-caíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | | |
| Eorabhannaí ESB | 5,934.8 | - | - | (300.0) | 18.4 | 4.6 | 5,657.8 |
| Eorabhannaí Neamhiontaofa NIE Networks | 1,259.3 | - | - | - | 62.8 | 1.4 | 1,323.5 |
| Iasachtaíocht bhainc | 545.0 | - | - | (64.3) | 2.1 | 21.0 | 503.8 |
| **Iomlán** | 7,739.1 | - | - | (364.3) | 83.3 | 27.0 | 7,485.1 |

**Máthairchuideachta**

| 2025 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Éadáil €m | Fáltais €m | Aisío-caíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | | |
| Iasachtaíocht bhainc | **501.1** | **-** | **-** | **(61.1)** | **(1.2)** | **(28.4)** | **410.4** |
| **Iomlán** | **501.1** | **-** | **-** | **(61.1)** | **(1.2)** | **(28.4)** | **410.4** |

## 25. IASACHTAÍOCHT AGUS FIACHAS EILE (ar lean)

| 2024 | Iarmhéid an 1 Eanáir €m | Éadáil €m | Fáltais €m | Aisío-caíochtaí €m | Éifeachtaí airgeadra eachtraigh €m | Eile €m | Iarmhéid an 31 Nollaig €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Saoráidí Fiachais** | | | | | | | |
| Iasachtaíocht bhainc | 542.0 | - | - | (64.3) | 2.1 | 21.3 | 501.1 |
| **Iomlán** | 542.0 | - | - | (64.3) | 2.1 | 21.3 | 501.1 |

## 26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA

### (a) Cóirluach de réir ionstraim airgeadais dhíorthach

Tugtar ionstraimí airgeadais díorthacha anonn ag cóirluach. Is éard atá i gceist le cóirluach ionstraim airgeadais an praghas a bheadh á fháil chun sócmhainn a dhíol nó íoc as dliteanas a aistriú mar chuid d'idirbheart ordúil idir rannpháirtithe an mhargaidh ag an dáta tomhais. Is í anailís ar shreabhadh airgid lascainithe an modh a úsáidtear chun cóirluach ionstraimí airgeadais an Ghrúpa a ríomh. Déantar seo ar bhealach a bhaineann leas as ráta lascaine cúpóin nialasaigh agus ina bhfuil riosca creidmheasa an chontrapháirtí le sonrú. Tríd an modh seo a úsáid, is féidir leis an nGrúpa na sreafaí airgid a lascainiú ag ráta atá cothrom leis an ngnáthráta margaidh úis, agus an chorrlach aibíochta agus chreidmheasa a chur san áireamh.

Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais, grúpáilte de réir aicme na hionstraime:

**Grúpa**

| 2025 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | **43.4** | **21.9** | **-** | **-** | **65.3** |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | **-** | **-** | **(254.7)** | **(26.8)** | **(281.5)** |
| Babhtálacha airgeadra | **-** | **-** | **(1.7)** | **-** | **(1.7)** |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | **1.6** | **1.7** | **(1.3)** | **(6.3)** | **(4.3)** |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | **54.9** | **100.4** | **(21.9)** | **(84.9)** | **48.5** |
| Conarthaí réamhphraghsanna leictreachais | **-** | **-** | **(64.8)** | **-** | **(64.8)** |
| **Iomlán** | **99.9** | **124.0** | **(344.4)** | **(118.0)** | **(238.5)** |

| 2024 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 69.3 | - | - | (8.0) | 61.3 |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | - | - | (320.2) | (1.5) | (321.7) |
| Babhtálacha airgeadra | - | - | (14.8) | - | (14.8) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 1.9 | 20.5 | (1.9) | (5.9) | 14.6 |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 44.7 | 232.7 | (13.1) | (97.5) | 166.8 |
| **Iomlán** | 115.9 | 253.2 | (350.0) | (112.9) | (93.8) |

**Máthairchuideachta**

| 2025 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | **43.3** | **2.6** | **-** | **-** | **45.9** |
| Babhtálacha airgeadra | **-** | **-** | **(1.7)** | **-** | **(1.7)** |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | **1.6** | **1.7** | **(1.8)** | **(6.5)** | **(5.0)** |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | **23.8** | **92.3** | **(13.5)** | **(73.0)** | **29.6** |
| **Iomlán** | **68.7** | **96.6** | **(17.0)** | **(79.5)** | **68.8** |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

| 2024 | Sócmhainní neamhreatha €m | Sócmhainní reatha €m | Dliteanais neamhreatha €m | Dliteanais reatha €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Babhtálacha ráta úis | 69.2 | 8.0 | - | (8.0) | 69.2 |
| Babhtálacha airgeadra | - | - | (14.8) | - | (14.8) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 1.6 | 20.9 | (1.9) | (5.9) | 14.7 |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 15.8 | 111.6 | (12.8) | (92.4) | 22.2 |
| **Iomlán** | 86.6 | 140.5 | (29.5) | (106.3) | 91.3 |

Cinneann an Grúpa, tráth a bhunaithe, cibé acu atá nó nach bhfuil ionstraimí airgeadais le hainmniú i gcaidreamh fálaithe le haghaidh socruithe áirithe a chomhlíonann critéir chuntasaíochta fálaithe shonracha IFRS 9.

**(i) Babhtálacha ráta úis (“IRS”)**
Tá babhtálacha ráta úis ó ráta seasta go ráta snámhach curtha i gcrích ag an nGrúpa ar fiú Stg £323.0 milliún iad (2024: Stg £488.0 milliún) maidir le sciar áirithe dá iasachtaí atá i seilbh na Máthairchuideachta agus ESB Finance DAC.

Chomh fada is a bhaineann le babhtálacha ráta úis, cuimsítear sa chóirluach na rátaí seasta, comhdhlúthacha agus margaidh ag dáta an chláir comhardaithe. De bhrí go bhfuil sé beartaithe na babhtálacha ráta úis a chur ar an margadh ag an 31 Nollaig 2025, tá a luach anonn cothrom lena gcóirluach.

Tháinig méadú €4.0 milliún ar luach cóir na mbabhtálacha ráta úis (31 Nollaig 2024: méadú €11.3 milliún). Faigheann ESB ráta seasta agus íocann sé ráta athraitheach faoi na hionstraimí. Léiríonn an ghluaiseacht luacha chóir gluaiseachtaí dearfacha i gcomparáid le gluaiseachtaí margaidh sna babhtálacha bunúsacha le linn na tréimhse, rud a eascraíonn as timpeallacht rátaí úis todhchaí ag ardú. Tharla neamhéifeachtacht €0.8 milliún, faoi bhrí IFRS 9, ar na babhtálacha úis le linn na bliana (2024: €nialas).

Ar an 7 Feabhra 2025, fuair Grúpa ESB Feirm Ghaoithe Leitir Mucú (féach nóta 18). Fuarthas babhtálacha ráta úis a raibh luach cóir €22.4 milliún orthu nuair a ceannaíodh iad i mí Feabhra 2025 mar chuid de cheannach Fheirm Ghaoithe Leitir Mucú. Ainmníodh na babhtálacha ráta úis mar fháluithe cuntasaíochta faoi IFRS 9. Aithníodh gluaiseachtaí diúltacha luacha chóir de €3.2 milliún trí OCI le linn na tréimhse ó rinneadh an éadáil.

**(ii) Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú**
Fuarthas babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú a bhfuil luach cóir €272.5 milliún acu i mí na Nollag 2010 mar chuid den ghnólacht Líonraí NIE a cheannach. Ní raibh na babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú incháilithe le haghaidh cuntasaíocht fálaithe faoi IFRS 9 maidir le héadáil gnó NIE Networks. Tá tionchar ag gluaiseachtaí coibhneasta agus in ionchais mhargaidh maidir le gluaiseachtaí an phraghasinnéacs miondíola todhchaíoch (“RPI”) sa Ríocht Aontaithe ar chóirluach na mbabhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú.

I mí Eanáir 2025, thug an Grúpa fritháireamh na n-ionstraimí airgeadais i gcrích d’fhonn an riosca a bhaineann leis na babhtálacha ráta úis nasctha le boilsciú atá ann cheana a bhainistiú agus an luaineacht luacha chóir ghaolmhar a laghdú as seo amach. Áirítear leis an luach iompair an bhabhtáil bhunaidh de luach cóir €276.9 milliún agus babhtáil fhritháireamh de luach cóir €4.6 milliún. Is ionann na gluaiseachtaí glanluacha cóire le linn na bliana ar an mbabhtáil bhunaidh agus an tacar fritháireamh agus €32.3m, atá aitheanta laistigh de Chostais Airgeadais Glan (féach nóta 10).

Toisc gluaiseachtaí sna réamhrátaí úis, i réamhphraghasanna RPI na Ríochta Aontaithe, i rátaí malairte airgeadra eachtraí agus in íocaíochtaí le linn na bliana, tháinig laghdú €40.2 milliún ar luach cóir dliteanas na mbabhtálacha seo sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 (2024: tháinig laghdú €20.2 milliún ar luach cóir an dliteanais). Léiríonn an ghluaiseacht gluaiseachtaí diúltacha marcála go margadh sna babhtálacha bunúsacha de €32.3 milliún (2024: gluaiseacht dhearfach €35.4 milliún), rud a léirítear i gcostais airgeadais sa ráiteas ioncaim (nóta 10) agus íocaíochtaí iomlána de €55.4 milliún (2024: €1.4 milliún) a eascraíonn faoi na babhtálacha le linn na bliana. Ina theannta sin, léirítear gluaiseachtaí aistriúcháin dearfacha de €17.1 milliún (2024: gluaiseachtaí aistriúcháin diúltacha de €16.6 milliún) le linn na bliana ar aistriú na mbabhtálacha ó steirling go euro san OCI.

**(iii) Babhtálacha airgeadra**
Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí sna rátaí malairte eachtraí agus úis ar luach cóir na mbabhtálacha airgeadra. Aicmítear babhtálacha airgeadra ESB go príomha mar fháluithe ar an sreabhadh airgid agus baineann siad le maoiniú a fheidhmítear in airgeadra amháin ach ceanglais iomlána nó pháirteacha airgeadra eile mar bhonn fúthu.

## 26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

Tá punann de bhabhtálacha tras-airgeadra EUR GBP ag ESB a rinneadh i ndáil le hairgead euro a bailíodh i margaí caipitil poiblí. Glacadh páirt sna babhtálacha trasairgeadra seo chun úis Euro agus Steirling agus príomh-aisíocaíochtaí ar an bhfiachas bunúsach a aistriú go steirling, rud a chiallaigh go raibh an riosca a bhain leis na híocaíochtaí seo á fhálú le himeacht na mblianta go dtí aibíocht idir 2018 agus 2032.

Tháinig laghdú €13.1 milliún ar chóirluach na mbabhtálacha úis trasairgeadra (2024: tháinig laghdú €5.7 milliún ar an gcóirluach), agus le sonrú sa ghluaiseacht seo tá na gluaiseachtaí diúltacha marcála de réir margaidh a tharla le linn na bliana.

Níor tháinig aon mhí-éifeacht de réir bhrí an IFRS 9 chun cinn i leith babhtálacha airgeadra le linn na bliana (2024: €náid). San áireamh ar leithligh sa ráiteas ioncaim don bhliain dar dáta an 31 Nollaig 2025 tá gnóthachan €15.6 milliún (2024: caillteanas €23.4 milliún) a eascraíonn as babhtálacha tras-airgeadra, rud a fhritháireamh go suntasach le gluaiseachtaí in aistriúchán na n-iasachtaí airgeadra eachtraigh fálaithe bunúsacha ag na rátaí malairte atá i réim.

**(iv) Conarthaí malairte eachtraí**
Chomh maith le conarthaí malairte eachtraí a rinneadh i ndáil le hiasachtaí an Ghrúpa, tá conarthaí malairte eachtraí déanta ag an nGrúpa i ndáil le nochtadh do Steirling, Euro agus dollar SAM go príomha faoi chonarthaí praghsanna breosla ar aghaidh agus Comhaontuithe Seirbhíse Fadtéarmacha (“LTSAanna”). Tá tréimhsí aibíochta ag na conarthaí malairte eachtraí seo a shíneann go dtí 2033.

Aithníodh gluaiseachtaí luacha chóir dhiúltacha iomlána de €18.9 milliún (2024: gluaiseachtaí dearfacha de €5.2 milliún) le linn na bliana i ndáil leis na conarthaí malairte eachtraí sin, agus aithníodh gluaiseacht luacha chóir dhearfach de €0.9 milliún (2024: €nialas) trí OCI agus aithníodh gluaiseacht luacha chóir dhiúltach de €19.8 milliún (2024: gluaiseacht dhearfach de €5.2 milliún) sa ráiteas ioncaim.

**(v) Conarthaí réamhphraghsanna breosla**
Déanann an Grúpa conarthaí réamhphraghsanna breosla i leith gáis, guail agus carbóin. Conarthaí tráchtearraí nach bhfuil ainmnithe mar chonarthaí dá úsáid féin, tugtar cuntas orthu mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear iad sa chlár comhardaithe ag cóirluach (féach nóta 1 (xiii)).

Aithníodh gluaiseachtaí luacha chóir dhiúltacha iomlána de €118.3 milliún (2024: gluaiseacht dhearfach de €169.5 milliún) le linn na bliana, arb é atá iontu gluaiseacht luacha chóir dhiúltach de €15.6 milliún (2024: gluaiseacht dhearfach de €55.4 milliún) a aithníodh sa ráiteas ioncaim, gluaiseacht luacha chóir dhiúltach de €102.8 milliún (2024: gluaiseacht dhearfach de €114.1 milliún) a aithníodh trí OCI agus socraíochtaí de €nialas (2024: €nialas).

Tá an ghluaiseacht luacha chóir dhiúltaigh sa tréimhse mar gheall ar athruithe i bpraghsanna todhchaí leictreachais agus gáis a glacadh leis i luacháil na gconarthaí seo, lena n-áirítear ceartú earráidí i bpraghsanna todhchaí gáis agus leictreachais a glacadh leis amhail an 31 Nollaig 2024. Ní raibh na hearráidí seo ábhartha, faoi bhrí IAS 1, do Ráitis Airgeadais 2024. Is cuid den ghluaiseacht luacha chóir ar chonarthaí praghais breosla ar aghaidh a aithnítear laistigh d’Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 an ceartú ar na hearráidí seo.

**(vi) Conradh praghais leictreachais ar aghaidh**
Mar chuid d’éadáil Fheirm Ghaoithe Leitir Mucú, aithníodh conradh réamhphraghsanna leictreachais lenar bhain cóirluach diúltach de €81.0 milliún nuair a ceannaíodh é. Aithníodh gluaiseachtaí cóirluacha dearfaí de €16.2 milliún sa Ráiteas Ioncaim le linn na tréimhse ó rinneadh an éadáil (nóta 7).

**Ordlathas cóirluacha**
Tá breis eolais faoi na modhanna le hionstraimí airgeadais a luacháil i nóta 32.

**(b) Bainistiú maoiniúcháin agus leachtachta - aibíocht ionstraimí airgeadais díorthacha**
Leagtar amach sa tábla seo a leanas aibíochtaí conarthacha ionstraimí airgeadais díorthacha, na glansreafaí airgid neamhlascainithe a bhaineann leo san áireamh. Táthar ag súil go mbeidh tionchar ag na hionstraimí airgeadais díorthacha seo ar bhrabús agus ar chaillteanas thar thréimhse ama cosúil leis na heis-sreafaí airgid thirim. Tá glandliteanais ionstraime airgeadais dhíorthacha luach €307.3 milliún (2024: €185.1 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní ghlactar leo mar chuid de shócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta de bhrí nach bhfuil siad i seilbh na Máthairchuideachta go díreach. Féach nóta 32 (b) le haghaidh tuilleadh anailíse ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

| | Suim ghlanluacha €m | Insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid chonarthaigh - glansuim €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2025** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 65.3 | 86.4 | 30.8 | 10.1 | 21.2 | 24.3 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 3.3 | 2.8 | 1.6 | 0.5 | 0.3 | 0.4 |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 155.3 | 188.4 | 115.0 | 61.2 | 12.1 | 0.1 |
| **Sócmhainní iomlána** | 223.9 | 277.6 | 147.4 | 71.8 | 33.6 | 24.8 |
| | | | | | | |
| **Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis** | (281.5) | (361.1) | (75.9) | (38.6) | (137.3) | (109.3) |
| Babhtálacha airgeadra | (1.7) | (0.1) | (4.0) | (2.4) | (4.6) | 10.9 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (7.6) | (7.8) | (6.4) | (0.5) | (0.5) | (0.4) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | (106.8) | (142.8) | (103.4) | (33.2) | (6.2) | - |
| Conarthaí réamhphraghsanna leictreachais | (64.8) | (71.7) | (9.3) | (8.5) | (23.0) | (30.9) |
| **Dliteanais iomlána** | (462.4) | (583.5) | (199.0) | (83.2) | (171.6) | (129.7) |
| | | | | | | |
| **Glandliteanais dhíorthacha** | **(238.5)** | **(305.9)** | **(51.6)** | **(11.4)** | **(138.0)** | **(104.9)** |
| | | | | | | |
| **31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 69.3 | 142.8 | 21.9 | 33.4 | 31.9 | 55.6 |
| **Babhtálacha airgeadra** | - | 8.2 | - | - | - | 8.2 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 22.4 | 22.4 | 20.6 | 1.3 | 0.5 | - |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 277.4 | 278.4 | 231.5 | 42.4 | 4.5 | - |
| **Sócmhainní iomlána** | 369.1 | 451.8 | 274.0 | 77.1 | 36.9 | 63.8 |
| | | | | | | |
| **Babhtálacha ráta úis** | (8.0) | (11.3) | (10.7) | (0.6) | - | - |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (321.7) | (331.3) | (134.2) | (51.5) | (89.0) | (56.6) |
| Babhtálacha airgeadra | (14.8) | (22.1) | (8.5) | (6.0) | (7.6) | - |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (7.9) | (7.7) | (5.5) | (1.6) | (0.6) | - |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | (110.5) | (110.0) | (96.9) | (11.0) | (2.1) | - |
| Dliteanais iomlána | (462.9) | (482.4) | (255.8) | (70.7) | (99.3) | (56.6) |
| **Glansócmhainní / (glandliteanais) dhíorthacha** | (93.8) | (30.6) | 18.2 | 6.4 | (62.4) | 7.2 |

### (c) Cúlchistí Fálaithe

Baineann gluaiseachtaí cúlchistí fálaithe an Ghrúpa leis na hionstraimí fálaithe seo a leanas:

**2025**

| | Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid[1] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (Gnóthachain) / caillteanais chúlchiste fálaithe | Babhtálacha ráta úis trasairgeadra €m | Babhtálacha ráta úis €m | Conarthaí airgeadra eachtraigh €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla[2] €m | Iomlán €m |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha | (8.3) | 3.2 | (0.9) | 102.8 | **96.8** |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | 29.1 | - | - | **29.1** |
| Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | 15.6 | - | - | - | **15.6** |
| Gluaiseachtaí cánach | (1.0) | (7.3) | 0.2 | (17.5) | **(25.6)** |
| **Caillteanais / (gnóthachain) iomlána** | **6.3** | **25.0** | **(0.7)** | **85.3** | **115.9** |



## 26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

**2024**

| | Cúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid[1] | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (Gnóthachain) / caillteanais chúlchiste fálaithe | Babhtálacha ráta úis trasairgeadra €m | Babhtálacha ráta úis €m | Conarthaí airgeadra eachtraigh €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla[2] €m | Iomlán €m |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha | 10.1 | - | (5.0) | (114.1) | (109.0) |
| Glanghluaiseachtaí cóirluacha d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | - | 4.7 | - | - | 4.7 |
| Aistriú chuig an ráiteas ioncaim | (22.6) | - | - | - | (22.6) |
| Gluaiseachtaí cánach | 2.2 | (0.4) | - | 21.5 | 23.3 |
| **(Gnóthachain) / caillteanais iomlána** | (10.3) | 4.3 | (5.0) | (92.6) | (103.6) |

1 Áirítear sa chúlchiste fálaithe sreabhadh airgid caillteanas €0.6 milliún (2024: gnóthachan €0.5 milliún) a bhaineann le fálú.
2 Cuirtear conarthaí a nascann an réamhphraghas leictreachais níos dlúithe le réamhphraghsanna breosla i láthair glan i réamhchonarthaí praghsála breosla amhail an 31 Nollaig 2025.

### Éifeachtacht fálaithe

Cinntear éifeachtacht fálaithe nuair atá tús á chur le gaolmhaireacht fálaithe agus trí bhíthin measúnuithe ar éifeachtacht ionchasach a dhéantar dhá uair sa bhliain le cinntiú go bhfuil gaol geilleagrach idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe.

### Conarthaí airgeadra eachtraigh

I gcomhair fáluithe ar cheannacháin airgeadra eachtraigh, tugann an Grúpa gaolmhaireachtaí fálaithe i gcrích inar díreach ionann iad téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe agus téarmaí na míre fálaithe. Déanann an Grúpa measúnú cáilíochta ar éifeachtacht. Sa chás go gcuireann cúinsí isteach ar théarmaí na míre fálaithe sa chaoi nach díreach ionann iad a téarmaí criticiúla agus téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe a thuilleadh, úsáideann an Grúpa an modh díorthach barúlach d'fhonn neamhéifeachtacht a chinneadh.

Nuair a dhéantar ceannacháin airgeadra eachtraigh a fhálú, seans go mbeidh neamhéifeachtacht ann mura dtarlaíonn an t-idirbheart ag an am a bhíothas á thuar i dtosach, nó má thagann athrú ar an riosca creidmheasa.

### Conarthaí réamhbhreosla agus leictreachais

I gcás conarthaí réamhbhreosla agus leictreachais a fhálú, tugann an Grúpa gaolmhaireachtaí fálaithe i gcrích inar ionann iad téarmaí criticiúla na hionstraime fálaithe agus téarmaí na míre fálaithe. Seans go mbeidh mí-éifeacht ann mura dtarlaíonn an t-idirbheart ag an am nó sa chainníocht a bhíothas á thuar i dtosach, nó má thagann athrú ar an riosca creidmheasa. Úsáidtear an modh díorthach barúlach chun neamhéifeachtacht fhálaithe i gcomhair réamhchonarthaí breosla agus leictreachais a thomhas.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, cheannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar iad a chur i gcuntas mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon Ionstraimí Airgeadais IFRS 9.

### Babhtálacha ráta úis trasairgeadra

Cuireann an Grúpa babhtálacha ráta úis trasairgeadra i gcrích a bhfuil téarmaí criticiúla acu arb ionann iad a bheag nó a mhór agus an mhír fhálaithe, amhail ráta tagartha, dátaí íocaíochta, aibíochtaí agus méid barúlach. Aithnítear an mhír fálaithe mar chéatadán den mhéid gan íoc suas go dtí méid barúlach na mbabhtálacha. Déantar mí-éifeachtacht fálaithe le haghaidh babhtálacha ráta úis a thomhas trí úsáid a bhaint as na prionsabail chéanna le haghaidh fáluithe a bhaineann le conarthaí airgeadra eachtraigh. D'fhéadfadh sé tarlú go príomha mar gheall ar dhifríochtaí i dtéarmaí criticiúla idir na babhtálacha ráta úis trasairgeadra agus na hiasachtaí.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 26. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS DÍORTHACHA (ar lean)

**(d) Éifeachtaí cuntasaíochta fálaithe ar an staid agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais**
Seo a leanas éifeachtaí na n-ionstraimí fálaithe ar úsáideadh cuntasaíocht fálaithe lena n-aghaidh (roimh chánachas) ar staid agus feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa.

**2025**

| Aonad na suime glanluacha | GBP - Babhtálacha ráta úis trasairgeadra (Leibhéal 2) €m | EUR - Babhtálacha ráta úis (Leibhéal 2)[1] €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla - Gás (Leibhéal 3)[2] €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla - Leictreachas (Leibhéal 3)[2] €m |
|---|---|---|---|---|
| Suim iompair - (dliteanas) / sócmhainn amhail an 31 Nollaig 2025 | (1.7) | 46.0 | (35.1) | 70.2 |
| **Aonad barúlach** | **£m** | **€m** | **Gwh** | **Gwh** |
| Méid barúlach | 261.5 | 500.0 | 4.1 | 4.1 |
| Dáta aibíochta - is luaithe | Sam-28 | Már-36 | Ean-26 | Ean-26 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | Bea-32 | Már-36 | Noll-29 | Noll-29 |
| Cóimheas fálaithe[3] | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 |
| **Athrú ar aonad cóirluacha** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Athrú ar chóirluach ionstraimí fálaithe gan íoc ón 1 Eanáir | (13.1) | (25.3) | (35.1) | 70.2 |
| Athrú ar luach míre fálaithe a úsáidtear le héifeachtacht fálaithe | 13.1 | 25.3 | (35.1) | 70.2 |
| **Aonad ráta / praghais** | **Ráta úis % / Ráta FX** | **Ráta úis %** | **€/Mwh** | **€/Mwh** |
| Meánráta / meánphraghas fálaithe ualaithe | 4.31%/0.8754 | 4.25% | 93.52 | 93.52 |

**2024**

| Aonad na suime glanluacha | GBP - Babhtálacha ráta úis trasairgeadra (Leibhéal 2) €m | EUR - Babhtálacha ráta úis (Leibhéal 2)[1] €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla - Gás (Leibhéal 3)[2] €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla - Leictreachas (Leibhéal 3)[2] €m |
|---|---|---|---|---|
| Suim iompair - (dliteanas) / sócmhainn amhail an 31 Nollaig 2024 | (14.8) | 60.1 | (204.0) | 341.9 |
| **Aonad barúlach** | **£m** | **€m** | **Gwh** | **Gwh** |
| Méid barúlach | 333.5 | 500.0 | 5.1 | 5.1 |
| Dáta aibíochta - is luaithe | Sam-28 | Már-36 | Ean-24 | Ean-24 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | Bea-32 | Már-36 | Noll-26 | Noll-26 |
| Cóimheas fálaithe[3] | 1:1 | 1:1 | 1:1 | 1:1 |
| **Athrú ar aonad cóirluacha** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Athrú ar chóirluach ionstraimí fálaithe gan íoc ón 1 Eanáir | (5.6) | 19.8 | 445.1 | (330.8) |
| Athrú ar luach míre fálaithe a úsáidtear le héifeachtacht fálaithe | 5.6 | (19.8) | 445.1 | (330.8) |
| **Aonad ráta / praghais** | **Ráta úis % / Ráta FX** | **Ráta úis %** | **€/Mwh** | **€/Mwh** |
| Meánráta / meánphraghas fálaithe ualaithe | 4.13%/0.8734 | 4.25% | 178.9 | 178.9 |

1 D'iontráil Grúpa ESB i mbabhtáil nua sa bhliain 2023.
2 Ní bhaineann an meánráta / meánphraghas fálaithe ualaithe le conarthaí Leibhéal 3 thuas. Le hionstraimí fálaithe Leibhéal 3, nasctar an leictreachas níos gaire d'ionchuir bhreosla.
3 Is é an cóimheas fálaithe cainníocht na hionstraime fálaithe in aghaidh na míre fálaithe. Socraítear an cóimheas fálaithe cuí bunaithe ar thosca sonracha amhail méideanna na dtráchtearraí a theastaíonn, malairt eachtrach conraithe agus neamhchosaintí ráta úis.

## 27. DLITEANAIS PHINSIN

Tá roinnt scéimeanna pinsin á reáchtáil ag an nGrúpa do bhaill foirne i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór araon. Leagtar amach socruithe pinsin maidir leis an bhfoireann i bPoblacht na hÉireann, fostaithe ESB san áireamh atá ar iasacht thar lear i mír (a) thíos. Tá cur síos ar na socruithe pinsin i ndáil le baill foirne sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann le fáil i roinn (b) agus (c).

**(a) Máthairchuideachta agus Grúpa - Poblacht na hÉireann**
**(i) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe ESB (an Scéim)**
Is scéim pinsin ranníocach í Scéim Pinsean Sochair Shainithe ESB ina bhfuil beagán os cionn 11,000 comhalta. Dúnadh an Scéim do chomhaltaí nua sa bhliain 2011. Tá an ciste dílsithe in Iontaobhaithe atá ainmnithe ag ESB agus a chomhaltaí ar mhaithe le tairbhe chomhaltaí na Scéime agus a gcleithiúnaithe agus iad siúd amháin. Scéim le Sochar Sainithe í an Scéim agus tá sí cláraithe amhlaidh leis an Údarás Pinsean.

Sonraítear sna rialacháin a bhfuil an Scéim á rialú acu na sochair atá le cur ar fáil agus sonraítear iontu freisin na ranníocaíochtaí atá le híoc ag ESB agus ag na comhaltaí rannpháirteacha. D'ainneoin cineál le sochar sainithe na sochar, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar ESB ranníocaíochtaí a mhéadú leis na sochair siúd a chothabháil i gcás easnaimh. Ní féidir ráta ranníocaíochta ESB a athrú gan chomhaontú ESB agus gan cheadú an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe. I gcás go dtiocfadh easnamh chun cinn amach anseo, tá sé d'oibleagáid ar ESB, faoi na rialacháin, dul i gcomhairle leis na hIontaobhaithe agus Achtúire na Scéime chun an gá atá le Scéim leasaithe a chur faoi bhráid an Aire lena ceadú a bhreithniú. Ní hionann é sin agus an ngnáthchur chuige sochair sainithe um 'chothromaíocht costais', i gcás ina bhfuil an fostóir faoi dhliteanas iarmhéid na ranníocaíochtaí a theastaíonn chun sochair a mhaoiniú a íoc.

**Stair**
Go stairiúil, dhéantaí ranníocaíochtaí ESB agus na gcomhaltaí a shocrú de réir rialacháin na Scéime ar feadh tréimhsí fada. Ó luath sna 1980í i leith, thuairiscigh Achtúire na Scéime easnamh sa Scéim roinnt uaireanta. Gach uair, chuaigh ESB, de réir a chuid oibleagáidí faoi rialacha na Scéime, i gcomhairle leis an gCoiste[1], leis na hIontaobhaithe agus leis an Achtúire. I ndiaidh plé leis na ceardchumainn, réitíodh easnaimh trí ranníocaíochtaí ó chomhaltaí ESB agus ó chomhaltaí de chuid na Scéime pinsin a mhéadú.

Faoi Chomhaontú le Grúpa Ceardchumann ESB sa bhliain 2010, chomhaontaigh ESB ar íocaíocht airgid aonuaire a chur ar fáil don Scéim, a bheadh iníoctha thar roinnt blianta, a raibh luacháil chomhaontaithe chun críocha achtúireacha €591.0 milliún luaite léi an 1 Eanáir 2010. D'íoc ESB iarmhéid an mhéid seo sa bhliain 2020 le hIontaobhaithe na Scéime. Níl sé beartaithe ag ESB go ndéanfar aon ranníocaíocht bhreise, seachas na gnáth-ranníocaíochtaí leanúnacha dá soláthraítear faoi rialacháin na Scéime.

1 Díscaoileadh an Coiste Aoisliúntais i mí Meithimh 2024 i gcomhréir le rialacháin IORP agus Ionstraim Reachtúil 289/2024.

**Luachálacha Leanúnacha**
Tá trí mhodh éagsúla ann chun stádas airgeadais na Scéime a mheas:
- Luacháil Achtúireach Leanúnach
- Íoschaighdeán Maoiniúcháin, faoin Acht Pinsean.
- Cuntasaíocht, mar atá leagtha amach i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 19, Sochair Fostaithe.

Déanann gach ceann de na modhanna seo measúnú ar an Scéim ó pheirspictíochtaí sonracha trí úsáid a bhaint as toimhdí agus réamh-mheastacháin a d'fhéadfadh a bheith éagsúil óna chéile.

**Luacháil Achtúireach Leanúnach**
Glacann an modh luachála seo leis go mbeidh an Scéim agus ESB ag feidhmiú go ceann i bhfad - ní luacháil foirceanta atá ann. Mar chuid den luacháil thríbhliantúil a rinneadh ag deireadh 2023 agus an luacháil eatramhach ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2025, dheimhnigh Achtúire na Scéime go raibh an Scéim fós ar comhardú den chuid is mó ar bhonn achtúireach leanúnach, i.e. bunaithe ar na boinn tuisceana a rinneadh, meastar go mbeidh an Scéim ábalta a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite.

**Luacháil Foirceanta / Íoschaighdeán Maoinithe**
Ceanglaítear san Acht Pinsean ar Iontaobhaithe na Scéime measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí caighdeán forordaithe áirithe a chomhlíonadh, ar a dtugtar an tÍoschaighdeán Maoinithe ("MFS"). Déanann sé seo measúnú ar cibé acu an slánófaí nó nach slánófaí na sochair ar an dáta sin dá bhfoirceannófaí an Scéim ar dháta luachála teoiriciúil sonraithe. Ba cheart a shoiléiriú nach dóigh le ESB go mbeidh an Scéim á foirceannú.

Déanann Achtúire na Scéime agus Iontaobhaithe na Scéime monatóireacht ar an Íoschaighdeán Maoiniúcháin agus ar Chúlchiste an Íoschaighdeáin Maoiniúcháin agus dheimhnigh Achtúire na Scéime, ag deireadh na bliana 2024 agus ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2025, gur chomhlíon an Scéim ceanglais an Íoschaighdeáin Maoiniúcháin agus Chúlchiste an Íoschaighdeáin Maoiniúcháin.

**Cuntasaíocht**
Is éard is IAS 19 (athbhreithnithe) Sochair Fostaithe ann ná an caighdeán cuntasaíochta ábhartha chun an dóigh ar cheart sochair iarfhostaíochta a léiriú i ráitis airgeadais ESB a chinneadh.

Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 27. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

Tá léargas le fáil sna ráitis airgeadais ar na hoibleagáidí seo a leanas atá luaite leis an Scéim:
- Aithnítear ranníocaíochtaí leanúnacha sa ráiteas ioncaim nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon mhéideanna neamhíoctha ag deireadh na bliana mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe.
- Tá oibleagáidí €69.0 milliún (2024: €74.2 milliún) don Scéim san áireamh sa chlár comhardaithe freisin, ina n-áirítear:
  - Ranníocaíochtaí seirbhíse roimhe seo – áirítear le ráta leanúnach ranníocaíochta ESB ranníocaíocht i leith iarsheirbhís san am a chuaigh thart a fabhraíodh sa bhliain 2010. Aithnítear luach láithreach ranníocaíochtaí todhchaíocha a bhaineann leis an iarsheirbhís sin ar an gclár comhardaithe. Tá méideanna atá fós le híoc faoi réir muirear maoinithe bliantúil agus tá sé seo sonraithe sa ráiteas ioncaim.
  - Iarchláir Téarfa Deonaí ("VS") – sa bhliain 2010, d'aithin ESB tiomantas seasta amach anseo maidir le baill foirne a d'fhág ESB faoi chláir VS roimhe seo. Déanfaidh ESB ranníocaíochtaí pinsin i ndáil leis na comhaltaí foirne sin agus aithnítear cóirluach na ranníocaíochtaí todhchaíocha ar an gclár comhardaithe freisin. Tá méideanna atá fós le híoc faoi réir muirear maoinithe bliantúil agus tá sé seo sonraithe sa ráiteas ioncaim.

**(ii) Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB**
Feidhmíonn ESB Scéim le Ranníocaíocht Shainithe fhaofa freisin (ar a dtugtar Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe ESB) d'fhostaithe de chuid fhochuideachtaí ESB i bPoblacht na hÉireann agus, ón 1 Samhain 2010, do bhaill foirne nua ESB (an mháthairchuideachta). Íocann na comhaltaí agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léirítear leis na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Déantar sochair bháis a árachú ar bhonn an Ghrúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnapshuime agus/nó pinsean marthanóra. Is é éard atá sa mhuirear pinsin don bhliain ná ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus is ionann é agus €30.1 milliún (2024: €26.4 milliún).

**(b) Scéim Worksave FM na Ríochta Aontaithe**
Ina theannta sin, oibríonn ESB scéim pinsin ranníocaíochta sainithe atá bunaithe ar chonradh sa Ríocht Aontaithe dá fhostaithe sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann, seachas iad siúd i NIE Networks agus So Energy. Íocann na comhaltaí agus an fostóir ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léirítear leis na sochair a fhaightear ag am scoir ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Árachaítear sochair bháis ar bhonn Grúpa agus féadfar iad a íoc i bhfoirm cnapshuime. Coimeádtar sócmhainní na Scéime seo i gcuntais aonair atá á mbainistiú ag Legal & General Assurance Society Limited. Is é éard atá sa mhuirear pinsin don bhliain ná ranníocaíocht shainithe an fhostóra agus is ionann é agus €1.3 milliún (2024: €0.9 milliún).

**(c) Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity (c)**
Is comhaltaí iad formhór d'fhostaithe NIE Networks de Scéim Pinsin Northern Ireland Electricity (Scéim NIE Networks). Tá dhá mhír ann seo: "Roghanna", arb é sin socrú ceannaigh airgid trína meaitseálann an fostóir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí a mhéid le 8% den tuarastal, de ghnáth, agus "Fócas" trína soláthraítear sochair bunaithe ar thuarastal inphinsin ag am scoir nó ar éirí as níos luaithe ón tseirbhís. Coimeádfar sócmhainní Scéim NIE Networks in iontaobhas agus infheistíonn na hIontaobhaithe iad bunaithe ar chomhairle na mbainisteoirí infheistíochta gairmiúla. Ceanglaítear ar na hIontaobhaithe leis an dlí gníomhú ar mhaithe leis na tairbhithe ábhartha go léir agus tá siad freagrach as an mbeartas infheistíochta maidir le sócmhainní agus gnáthriarachán laethúil shochair na scéime. Níltear ag glacadh le comhaltaí nua sa chuid 'Fócas' ó bhí 1998 ann agus mar sin, faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, méadófar an costas seirbhíse reatha do chomhaltaí na coda sin mar chéatadán den tuarastal agus iad ag druidim leis an aois scoir.

Toisc go bhfuil baint dhíreach ag na sochair a íoctar le comhaltaí na coda 'Roghanna' den scéim le luach na sócmhainní le haghaidh 'Roghanna', ní bhaineann aon cheisteanna maoiniúcháin leis an gcuid sin den scéim. Baineann an chuid eile den nóta seo, mar sin, leis an gcuid 'Fócas' den scéim. Faoin gcuid 'Fócas' den scéim, tá fostaithe i dteideal pinsin bhliantúla ar scor ag aois 63 (do chomhaltaí a ghlac páirt i ndiaidh an 1 Aibreán 1988) d'aon seascadú den tuarastal inphinsin deiridh do gach bliain seirbhíse. Tá sochair iníoctha freisin nuair a fhaigheann duine bás agus i ndiaidh éachtaí amhail éirí as seirbhís ghníomhach.

Ceanglaítear i reachtaíocht an AE go mbeidh scéimeanna pinsin á maoiniú go stuama. Rinne achtúire cáilithe an luacháil mhaoinithe deiridh ar an mír 'Focus' den scéim amhail ag an 31 Márta 2022 agus taifeadadh easnamh luach €33.2 (£29.0) milliún. Tá ranníocaíochtaí easnaimh luach €22.9 (£20.0) milliún á híoc ag an gCuideachta gach bliain (ag méadú de réir boilsciú) ón 1 Aibreán 2022. Cuireadh deireadh leis na híocaíochtaí ranníocaíochta easnaimh seo an 30 Meán Fómhair 2023 ar aon dul leis an bplean téarnaimh ar comhaontaíodh leis na hIontaobhaithe. Ón 1 Aibreán 2023 i leith, íocann NIE Networks ranníocaíochtaí de 52.1% de thuarastal inphinsin freisin (2024: 52.1%) maidir leis an bhfabhrú reatha móide €114,523 (costais mhíosúla £100,000 (2024: €114,523 (£100,000)), agus íocann comhaltaí ghníomhacha 6.6% sa bhreis de thuarastal inphinsin. Tá luacháil mhaoinithe á déanamh faoi láthair ag achtúire cáilithe agus meastar go mbeidh sí críochnaithe faoi Mhárta 2026.



## 27. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

**Próifíl na Scéime**
Áirítear le barrachas na scéime pinsin le sochar sainithe sochar d'fhostaithe reatha, iarfhostaithe agus pinsinéirí reatha. Go ginearálta, baineann thart ar 17% de na dliteanais le fostaithe reatha, 3% le hiarfhostaithe agus 80% le pinsinéirí reatha. Is fianaise é tréimhse na Scéime ar an meán-am ualaithe go dtí go ndéantar íocaíochtaí sochair. Maidir le Scéim NIE Networks, maireann an tréimhse thart ar 11 bhliain (2024: 11 bhliain) bunaithe ar an luacháil dheireanach mhaoiniúcháin.

Tá barrachas cuntasaíochta aitheanta ag an gCuideachta i scéim le sochar sainithe 'Focus' ar aon dul leis an luacháil IAS19 is déanaí ar bhunús mheasúnú na Cuideachta go bhfuil an ceart aici aon bharrachas atá ann go fóill ar fhoirceannadh na scéime pinsin faoi dheireadh tar éis dliteanais na scéime a réiteach de réir a chéile. Agus an breithiúnas seo á dhéanamh, tá an Chuideachta den tuairim nach bhfuil an ceart aontaobhach ag aon pháirtí eile an scéim a fhoirceannadh nó dliteanais na scéime a leasú.

**Boinn tuisceana airgeadais**
Bunaítear luacháil mhír Focus Scéim NIE Networks ag achtúirí neamhspleácha chun críche nochtadh IAS 19 ar na toimhdí seo a leanas:

| | % amhail an 31 Nollaig 2025 | % amhail an 31 Nollaig 2024 |
|---|---|---|
| An ráta úis a chuirtear i bhfeidhm ar dhliteanais lascaine[1] | **5.50** | 5.50 |
| Boilsciú praghais (CPI sa Ríocht Aontaithe) | **2.60** | 2.80 |
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail inphinsin | **2.90** | 3.20 |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc | **2.60** | 2.80 |

1 Ba é an ráta lascaine a úsáideadh chun an dliteanas pinsin a ríomh amhail an 31 Nollaig 2025 ná 5.5% (2024: 5.5%). Deimhníodh seo trí thagairt a dhéanamh do thorthaí margaidh amhail an dáta sin a bhain le bannaí corparáideacha ar ardchaighdeán. Bhí an t-airgeadra agus téarma na mbannaí corparáideacha comhsheasmhach leis an airgeadra agus le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iar-fhostaíochta.

**Toimhdí básmhaireachta**
Tá na boinn tuisceana a bhaineann le hionchas saoil ag am scoir do na comhaltaí leagtha amach thíos. Tá na toimhdí seo bunaithe ar tháblaí básmhaireachta achtúireacha caighdeánacha agus cuimsítear iontu liúntas le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil amach anseo.

| | Amhail an 31 Nollaig 2025 | | Amhail an 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | Fir Blianta | Mná Blianta | Fir Blianta | Mná Blianta |
| Pinsinéirí reatha ag aois 60 | **25.6** | **28.3** | 26.6 | 29.1 |
| Pinsinéirí amach anseo atá 40 bliain d'aois faoi láthair (ionchas saoil aois 60) | **27.6** | **29.7** | 28.5 | 30.2 |

**Sócmhainní agus dliteanais phinsin**

| | Amhail an 31 Nollaig 2025 €m | Amhail an 31 Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna - luaite | **-** | 60.4 |
| Bannaí - luaite | **223.6** | 260.0 |
| Infheistíochtaí creidmheasa ilsócmhainní | **625.3** | 601.9 |
| Fás éagsúlaithe - luaite | **62.9** | 71.6 |
| Eile | **21.3** | 23.1 |
| Cóirluach shócmhainní an phlean | **933.1** | 1,017.0 |
| Luach reatha oibleagáidí cistithe | **(882.5)** | (948.5) |
| **Glanbharrachas** | **50.6** | 68.5 |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 27. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

| | Amhail an 31 Nollaig 2025 €m | Amhail an 31 Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|
| **Athruithe ar luach achtúireach dliteanas** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **948.5** | 984.5 |
| Costas seirbhíse reatha | **2.6** | 3.5 |
| Costas úis | **47.4** | 47.6 |
| Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí an phlean | **0.2** | 0.3 |
| Tionchar athruithe ar thoimhdí airgeadais ar ghnóthachain achtúireacha | **(36.6)** | (49.0) |
| Caillteanas achtúireach - caillteanas ó thaithí | **40.3** | 1.2 |
| Sochair a íocadh | **(70.8)** | (77.1) |
| Costas ciorrúcháin | **-** | 0.1 |
| Coigeartú maidir le haistriú san oibleagáid sochair sa bhliain | **(49.1)** | 37.4 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **882.5** | 948.5 |
| | | |
| **Athruithe ar mhargadhluach sócmhainní** | | |
| Cóirluach shócmhainní an phlean ag tús na bliana | **1,017.0** | 1,058.0 |
| Ioncam ó ús ar shócmhainní plean | **51.1** | 51.5 |
| Toradh ar shócmhainní an phlean | **(15.9)** | (63.1) |
| Ranníocaíocht fostóra | **6.4** | 7.9 |
| Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí an phlean | **0.2** | 0.3 |
| Speansais Riarachán Oifige | **(2.4)** | (1.7) |
| Sochair a íocadh | **(70.8)** | (77.1) |
| Coigeartú maidir le haistriú sócmhainní sa bhliain | **(52.5)** | 41.2 |
| **Cóirluach shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **933.1** | 1,017.0 |
| | | |
| **Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean don bhliain** | **35.2** | (11.6) |

Tá an Grúpa ag súil le ranníocaíochtaí thart ar €3.1 milliún a dhéanamh le 'Fócas' sa bhliain 2026.

Bhí an anailís ar na méideanna aitheanta sna costais fostaí mar chuid de mhuirear sochair fostaí mar seo a leanas:

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | **(2.6)** | (3.5) |
| Costas ciorrúcháin | **-** | (0.1) |
| Speansais Riarachán Oifige | **(2.4)** | (1.7) |
| **Muirear iomlán sochair shainithe sa bhliain** | **(5.0)** | (5.3) |

Anailís ar na méideanna aitheanta sna costais airgeadais, mar ús glan na scéime pinsin:

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ús ar shócmhainní na scéime pinsin | **51.1** | 51.5 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | **(47.4)** | (47.6) |
| **Ioncam úis/(muirear) mhuirear glan na scéime pinsin** | **3.7** | 3.9 |

Anailís ar na méideanna aitheanta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach (seachas aistriú):

## 27. DLITEANAIS PHINSIN (ar lean)

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Caillteanas achtúireach ar shócmhainní lúide ús | **(15.9)** | (63.1) |
| (Caillteanas) / gnóthachan achtúireach ar dhliteanais | **(3.7)** | 47.8 |
| **Glanchaillteanas achtúireach** | **(19.6)** | (15.3) |

**Anailís íogaireachta**
Sa tábla thíos, léirítear na hathruithe féideartha ag an dáta tuairiscithe ar cheann de na boinn tuisceana achtúireacha ábhartha, agus boinn tuisceana eile á gcoinneáil seasmhach, a n-imreodh tionchar ar an oibleagáid sochair sainithe de réir na méideanna a thaispeántar thíos.

**Tionchar ar an oibleagáid le sochar sainithe**

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (méadú 0.25%) | **20.8** | 23.6 |
| Ráta boilscithe (méadú 0.25%) | **(18.8)** | (21.3) |
| Básmhaireacht amach anseo (méadú 1 bhliain) | **(26.0)** | (25.2) |

Cé nach gcuirtear san áireamh san anailís an dáileadh iomlán sreafaí airgid a bhfuil súil leo faoin bplean, cuirtear meastachán ar fáil, mar sin féin, ar íogaireacht na dtoimhdí a thaispeántar.

## 28. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| Grúpa | Dliteanas - Scéim pinsin ESB €m | Athstruchtúrú dliteanais €m | Eile €m | Iomlán €m |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | **83.1** | 29.8 | 86.1 | **115.9** |
| Gluaiseachtaí le linn na bliana: | | | | |
| (Curtha do shochar an ráitis ioncaim) / Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **(3.5)** | 5.3 | 123.4 | **128.7** |
| Úsáidte le linn na bliana | **(8.8)** | (7.7) | (116.2) | **(123.9)** |
| Muirear maoinithe | **3.4** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **74.2** | 27.4 | 93.3 | **120.7** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **74.2** | 27.4 | 93.3 | **120.7** |
| Gluaiseachtaí le linn na bliana: | | | | |
| (Curtha do shochar an ráitis ioncaim) / Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **-** | 0.6 | 67.7 | **68.3** |
| Úsáidte le linn na bliana | **(8.7)** | (15.6) | (66.7) | **(82.3)** |
| Muirear maoinithe | **3.5** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **69.0** | 12.4 | 94.3 | **106.7** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **60.6** | 7.9 | - | **7.9** |
| Dliteanais reatha | **8.4** | 4.5 | 94.3 | **98.8** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2025** | **69.0** | **12.4** | **94.3** | **106.7** |
| | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **65.1** | 12.2 | - | **12.2** |
| Dliteanais reatha | **9.1** | 15.2 | 93.3 | **108.5** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2024** | **74.2** | **27.4** | **93.3** | **120.7** |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 28. DLITEANAS - SCÉIM PINSIN ESB AGUS DLITEANAIS A BHAINEANN LE FOSTAITHE (ar lean)

| | | Dliteanais a bhaineann le fostaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| Máthairchuideachta | Dliteanas - Scéim pinsin ESB €m | Athstruchtúrú dliteanais €m | Eile €m | Iomlán €m |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | **83.1** | 29.8 | 77.1 | **106.9** |
| Gluaiseachtaí le linn na bliana: | | | | |
| (Curtha do shochar an ráitis ioncaim) / Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | **(3.5)** | 5.3 | 118.9 | **124.2** |
| Úsáidte le linn na bliana | **(8.8)** | (7.7) | (111.7) | **(119.4)** |
| Muirear maoinithe | **3.4** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | **74.2** | 27.4 | 84.3 | **111.7** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **74.2** | 27.4 | 84.3 | **111.7** |
| Gluaiseachtaí le linn na bliana: | | | | |
| (Curtha do shochar an ráitis ioncaim) / Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | - | - | 64.5 | **64.5** |
| Úsáidte le linn na bliana | **(8.8)** | (15.2) | (62.0) | **(77.2)** |
| Muirear maoinithe | **3.5** | - | - | **-** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **68.9** | 12.2 | 86.8 | **99.0** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **60.5** | 7.9 | - | **7.9** |
| Dliteanais reatha | **8.4** | 4.3 | 86.8 | **91.1** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2025** | **68.9** | **12.2** | **86.8** | **99.0** |
| | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **65.1** | 12.2 | - | **12.2** |
| Dliteanais reatha | **9.1** | 15.2 | 84.3 | **99.5** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2024** | **74.2** | **27.4** | **84.3** | **111.7** |

**Dliteanas - Scéim pinsin ESB**
Féach nóta 27 (a) cuid (i).

**Dliteanais athstruchtúraithe**
Léirítear leis an soláthar sin an costas measta a bhaineann le híocaíochtaí iarfhostaíochta a sholáthar d'iarfhostaithe, sula dtosóidh íocaíocht na scéime pinsin ag 65 bliain d'aois. Áirítear leis dliteanais maidir le híocaíochtaí leanúnacha le fostaithe a d'fhág faoi thionscnaimh um théarbhadh deonach san am a chuaigh thart, a mheastar go n-urscaoilfear iad go hábhartha faoin mbliain 2035. Tá sreafaí airgid todhchaíocha ionchasacha lascainithe chuig an luach láithreach trí úsáid a bhaint as rátaí úis fadtéarmacha bunaithe ar chuar lascaine nialasaí ag an dáta tuairiscithe móide leathadh difríochta creidmheasa oiriúnach.

**Eile**
De réir cheanglais IAS 19 Sochair Fostaí, tá foráil déanta le haghaidh dliteanais luacha saothair fostaí, saoire fhabhraithe agus íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht san áireamh.

## 29. TRÁDÁIL AGUS SUIMEANNA INÍOCTHA EILE

| | Grúpa | | Máthairchuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €m | 2024 €m | 2025 €m | 2024 €m |
| **Suimeanna iníoctha reatha:** | | | | |
| Íocaíochtaí dul chun cinn | **168.5** | 184.6 | **121.5** | 141.0 |
| Suimeanna trádála iníoctha | **424.9** | 581.3 | **272.3** | 327.4 |
| Creidiúnaithe caipitil | **78.0** | 121.2 | **55.4** | 96.6 |
| Suimeanna iníoctha eile | **203.5** | 449.6 | **80.0** | 187.6 |
| Cánacha párolla | **24.8** | 24.2 | **20.2** | 20.3 |
| Cáin bhreisluacha | **26.7** | 18.6 | **-** | - |
| Fabhruithe | **254.6** | 166.9 | **-** | - |
| Suimeanna atá le híoc le gnóthais fochuideachta | **-** | - | **7,646.2** | 8,743.4 |
| Ús fabhraithe ar iasachtaíocht | **106.6** | 108.7 | **80.8** | 81.3 |
| **Suimeanna iníoctha reatha iomlána** | **1,287.6** | 1,655.1 | **8,276.4** | 9,597.6 |
| | | | | |
| **Suimeanna iníoctha neamhreatha:** | | | | |
| Suimeanna iníoctha eile | **11.6** | 13.8 | **-** | - |
| **Suimeanna iníoctha neamhreatha iomlána** | **11.6** | 13.8 | **-** | - |
| | | | | |
| **Suimeanna iníoctha iomlána** | **1,299.2** | 1,668.9 | **8,276.4** | 9,597.6 |

Áirítear leis na suimeanna iníoctha eile méideanna comhthaobhachta a gheall an Grúpa do pháirtithe déthaobhacha de €nialas (2024: €3.1 milliún) agus €nialas (2024: €206.6 milliún (€72.7 milliún a bhaineann leis an Máthairchuideachta)) d'airgead tirim srianta a bhaineann le Scéim Éigeandála Sochair Costais Leictreachais Rialtas na hÉireann agus Scéim Tacaíochta Billí Fuinnimh Rialtas na Ríochta Aontaithe. Féach nóta 22 chun tuilleadh eolais a fháil.

Áirítear le suimeanna iníoctha eile méideanna a fuarthas roimh ré ó chustaiméirí mar thoradh ar phleananna íocaíochta seasta go príomha.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 30. IONCAM IARCHURTHA

### Grúpa

| | Ranníocaíochtaí soláthair €m | Ioncam iarchurtha eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,570.0 | 44.2 | 1,614.2 |
| Aistriú ó íocaíochtaí maidir le dul chun cinn ar an obair atá á déanamh | 179.9 | - | 179.9 |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | - | 27.6 | 27.6 |
| Íoctha amach leis an ráiteas ioncaim | (94.3) | (23.6) | (117.9) |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 20.6 | - | 20.6 |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,676.2 | 48.2 | 1,724.4 |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | **1,676.2** | **48.2** | **1,724.4** |
| Aistriú ó íocaíochtaí maidir le dul chun cinn ar an obair atá á déanamh | 235.0 | - | **235.0** |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | - | 37.6 | **37.6** |
| Íoctha amach leis an ráiteas ioncaim | (86.9) | (23.4) | **(110.3)** |
| Athaicmiú ioncaim iarchurtha ó PPE (nóta 13) | 11.1 | - | **11.1** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (27.1) | - | **(27.1)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **1,808.3** | **62.4** | **1,870.7** |
| | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **1,701.7** | **38.3** | **1,740.0** |
| Dliteanais reatha | **106.6** | **24.1** | **130.7** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2025** | **1,808.3** | **62.4** | **1,870.7** |
| | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 1,577.4 | 38.3 | 1,615.7 |
| Dliteanais reatha | 98.8 | 9.9 | 108.7 |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2024** | 1,676.2 | 48.2 | 1,724.4 |

### Máthairchuideachta

| | Ranníocaíochtaí soláthair €m | Ioncam iarchurtha eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 1,094.1 | - | 1,094.1 |
| Aistriú ó íocaíochtaí maidir le dul chun cinn ar an obair atá á déanamh | 133.1 | - | 133.1 |
| Íoctha amach leis an ráiteas ioncaim | (68.3) | - | (68.3) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 1,158.9 | - | 1,158.9 |
| | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 1,158.9 | - | **1,158.9** |
| Aistriú ó íocaíochtaí maidir le dul chun cinn ar an obair atá á déanamh | 189.1 | - | **189.1** |
| Ioncam iarchurtha a fuarthas | - | 15.1 | **15.1** |
| Íoctha amach leis an ráiteas ioncaim | (77.8) | - | **(77.8)** |
| Athaicmiú ioncaim iarchurtha ó PPE (nóta 13) | 11.1 | - | **11.1** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **1,281.3** | **15.1** | **1,296.4** |
| | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | |
| Dliteanais neamhreatha | **1,186.4** | **15.1** | **1,201.5** |
| Dliteanais reatha | **94.9** | **-** | **94.9** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2025** | **1,281.3** | **15.1** | **1,296.4** |
| | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 1,084.1 | - | 1,084.1 |
| Dliteanais reatha | 74.8 | - | 74.8 |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2024** | 1,158.9 | - | 1,158.9 |

## 31. FORÁLACHA

| Grúpa | Sócmhainn scoir foráil €m | Foráil astaíochtaí €m | Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 535.2 | 398.2 | 142.9 | **1,076.3** |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 351.3 | - | **351.3** |
| ▪ Dlí agus eile | - | - | 11.3 | **11.3** |
| ▪ Sócmhainn scoir | 24.4 | - | - | **24.4** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (4.8) | - | - | **(4.8)** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | - | - | (4.4) | **(4.4)** |
| Úsáidte le linn na bliana | (11.0) | (404.6) | (19.9) | **(435.5)** |
| Muirear maoinithe | 17.1 | - | - | **17.1** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | 2.9 | 5.8 | 1.0 | **9.7** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 563.8 | 350.7 | 130.9 | **1,045.4** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 563.8 | 350.7 | 130.9 | **1,045.4** |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 298.6 | - | **298.6** |
| ▪ Dlí agus eile | - | - | 4.0 | **4.0** |
| ▪ Sócmhainn scoir | (8.1) | - | - | **(8.1)** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (3.8) | - | - | **(3.8)** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | 3.1 | - | 3.3 | **6.4** |
| Úsáidte le linn na bliana | (13.9) | (350.4) | (52.5) | **(416.8)** |
| Muirear maoinithe | 17.0 | - | 0.1 | **17.1** |
| Oiriúnuithe aistriúcháin | (2.7) | (2.3) | (0.5) | **(5.5)** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **555.4** | **296.6** | **85.3** | **937.3** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 499.2 | - | 41.9 | **541.1** |
| Dliteanais reatha | 56.2 | 296.6 | 43.4 | **396.2** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2025** | **555.4** | **296.6** | **85.3** | **937.3** |
| | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 537.1 | - | 51.3 | **588.4** |
| Dliteanais reatha | 26.7 | 350.7 | 79.6 | **457.0** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2024** | **563.8** | **350.7** | **130.9** | **1,045.4** |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 31. FORÁLACHA (ar lean)

| Máthairchuideachta | Foráil scoir sócmhainní €m | Foráil astaíochtaí €m | Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 433.4 | 189.8 | 103.0 | **726.2** |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 151.0 | - | **151.0** |
| ▪ Sócmhainn scoir | 23.8 | - | - | **23.8** |
| Méadú ar sholáthar scoir sócmhainní caipitlithe | 4.4 | - | - | **4.4** |
| Foráil caipitlithe sa bhliain (glan) | - | - | 1.9 | **1.9** |
| Úsáidte le linn na bliana | (10.1) | (192.9) | (14.5) | **(217.5)** |
| Muirear maoinithe | 13.2 | - | - | **13.2** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024** | 464.7 | 147.9 | 90.4 | **703.0** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 464.7 | 147.9 | 90.4 | **703.0** |
| Gearrtha ar an ráiteas ioncaim | | | | |
| ▪ Liúntais astaíochtaí | - | 141.3 | - | **141.3** |
| ▪ Dlí agus eile | - | - | 3.7 | **3.7** |
| ▪ Sócmhainn scoir | (1.4) | - | - | **(1.4)** |
| Laghdú ar fhoráil scoir sócmhainní caipitlithe | (15.2) | - | - | **(15.2)** |
| Úsáidte le linn na bliana | (12.8) | (149.2) | (29.9) | **(191.9)** |
| Muirear maoinithe | 13.4 | - | - | **13.4** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025** | **448.7** | **140.0** | **64.2** | **652.9** |
| | | | | |
| **Anailís déanta mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 399.9 | - | 34.3 | **434.2** |
| Dliteanais reatha | 48.8 | 140.0 | 29.9 | **218.7** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2025** | **448.7** | **140.0** | **64.2** | **652.9** |
| | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | 439.6 | - | 41.3 | **480.9** |
| Dliteanais reatha | 25.1 | 147.9 | 49.1 | **222.1** |
| **Iomlán an 31 Nollaig 2024** | **464.7** | **147.9** | **90.4** | **703.0** |

### Foráil scoir sócmhainní

Is ionann foráil an Ghrúpa an 31 Nollaig 2025 agus €555.4 milliún (2024: €563.8 milliún) le haghaidh scor sócmhainní agus luach láithreach mheastachán reatha na gcostas a eascraíonn as oibleagáidí áirithe a bhaineann le scor agus díchoimisiúnú sócmhainní giniúna, feirmeacha gaoithe agus cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks ag deireadh a saolréanna geilleagracha úsáideacha.

Imríonn tionchar an aistrithe aeráide agus an aistrithe ó ionaid theirmeacha a úsáid, tionchar ar an tráth a dhúntar ionaid. Tá na dátaí dúnta a bhfuiltear ag súil leo maidir le sócmhainní giniúna agus feirmeacha gaoithe suas go dtí an bhliain 2045. Mar gheall ar athruithe ar mheastacháin le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 tháinig méadú €15.5 milliún (2024: méadú €23.6 milliún) ar an soláthar scoir sócmhainne maidir le scor agus díchoimisiúnú sócmhainní giniúna agus feirmeacha gaoithe. Cuimsítear i luach measta na gcostas scoir todhchaí ag dáta an chláir comhardaithe díchóimeáil fhisiciúil, feabhsúchán láithreáin agus costais ghaolmhara fritháirithe ag dramhluach na n-ábhar. Teastaíonn meastachán agus breithiúnas suntasach i ndáil le ríomh an tsoláthair do shócmhainní giniúna, lena n-áirítear an tionchar atá ag rialú, beachtas na suirbhéanna láithreáin, éilleáin gan choinne, tionchar na dteicneolaíochtaí malartacha agus an úsáid as athruithe oiriúnacha ar na rátaí lascaine.



## 31. FORÁLACHA (ar lean)

Táthar ag súil go mbeidh cuaillí adhmaid créasóidchóireáilte ESB Networks agus NIE Networks á ndiúscairt thar thréimhse suas go le 60 bliain. I ndiaidh nuashonruithe le haghaidh athruithe ar rátaí lascaine, laghdaíodh an fhoráil scoir sócmhainní le haghaidh na gcuaillí seo faoi €23.9 milliún (2024: méadú faoi €5.0 milliún). Tá breithiúnas suntasach i gceist le meastachán a dhéanamh maidir leis an leibhéal forála de bhrí go bhféadfadh pleananna oibríochtúla agus an costas diúscartha athrú go suntasach amach anseo mar thoradh ar reachtaíocht chomhshaoil nó riocht na gcuaillí bunaithe ar an méid ama a bheidh siad á gcoimeád. D'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag athruithe dá leithéid ar an leibhéal soláthair a theastaíonn.

Rinne an Grúpa a mheastachán is fearr ar éifeacht airgeadais na n-éiginnteachtaí sin agus leibhéal na soláthairtí a theastaíonn á shocrú, ach d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag athruithe ábhartha amach anseo ar aon cheann de na boinn tuisceana ar ríomh na soláthairtí.

Toisc go soláthraítear na costais ar bhonn lascainithe, áirítear muirear maoiniúcháin sa ráiteas ioncaim agus cuirtear do shochar an tsoláthair é gach bliain. Déantar an soláthar scoir sócmhainne a athscrúdú ar bhonn bliantúil agus déantar an dliteanas a athríomh de réir an mheastacháin is déanaí ar ionchas. Déantar sreafaí airgid ionchais amach anseo a lascainiú go luachanna reatha ag baint úsáid as ráta lascaine réamhcháinach cuí.

Leagtar amach thíos anailís íogaireachta ina léirítear luaineacht fhéideartha ar na príomhthoimhdí a úsáidtear agus an fhoráil scoir sócmhainní á haithint.

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Laghdú ar an bhforáil scoir sócmhainní mar gheall ar mhéadú 1% ar an ráta lascaine | **(86.6)** | (89.9) |
| Méadú ar an bhforáil scoir sócmhainní mar gheall ar mhéadú 1% ar an ráta boilscithe | **110.8** | 107.9 |

### Foráil astaíochtaí

De réir fhorálacha scéim trádála astaíochtaí $CO_2$ na hEorpa agus scéim trádála astaíochtaí na Ríochta Aontaithe, aithnítear soláthar chun an dliteanas i leith astaíochtaí iarbhír le linn na bliana a chlúdach. Tugtar lamháltais a ceannaíodh le linn na bliana ar ais don Údarás ábhartha atá i gceannas ar an scéim laistigh de cheithre mhí agus trí mhí faoi seach ó dheireadh na bliana féilire sin, i gcomhréir leis na hastaíochtaí $CO_2$ iarbhír le linn na bliana. Is ionann an fhoráil seo agus an oibleagáid do liúntais astaíochtaí a sholáthar atá cothrom leis na hastaíochtaí iarbhír. Tomhaistear an oibleagáid sin ag costas na lamháltas astaíochtaí $CO_2$ a cheannaítear agus a choinnítear mar shócmhainní doláimhsithe mar aon le luach margaidh aon lamháltas breise a theastaíonn chun an dliteanas ag deireadh na bliana a réiteach.

### Forálacha eile

**Cás dlí - tuilte i gCorcaigh**

De thoradh na dtuilte i gCorcaigh i mí na Samhna 2009, thionscain Aviva, mar árachóir Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, caingean dlí in aghaidh ESB san Ard-Chúirt ag féachaint le €19 milliún mar gheall ar dhamáiste maoine a fháil ar ais. Chinn an Chúirt Uachtarach go bhfuil ESB faoi dhliteanas do UCC le haghaidh faillí. Chinn an Chúirt go raibh dualgas cúraim ar ESB éifeachtaí tuile nádúrtha ar úinéirí i dtreo bhéal na habhann a chur san áireamh agus a ndambaí á n-oibriú acu agus go raibh dualgas ar ESB measúnú riosca ar éifeacht tuile síos an abhainn. Tarchuireadh an cás chuig an Ard-Chúirt chun é a atriail go páirteach chun méid dhliteanas ESB as an damáiste a rinneadh d'fhoirgnimh Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, mar gheall nár chomhlíon ESB na dualgais sin a shuíomh.

Ar cheist na faillí rannpháirtí, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh faillíoch mar nach ndearna sé a mheasúnú riosca féin agus nár ghlac sé bearta chun an riosca dá chuid foirgneamh in aice leis an Laoi a mhaolú. Tarchuireadh leibhéal faillí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chuig an Ard-Chúirt freisin. Ag idirghabháil a tionóladh i mí na Nollag 2021, thángthas ar chomhaontú le Aviva, hárachóirí Coláiste na hOllscoile, Chorcaigh, maidir le héileamh Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, a réiteach agus maidir le héilimh eile a rinne gearánaithe faoi árachas ó Aviva a d'eascair as na tuilte i gCorcaigh i mí na Samhna 2009 a réiteach. Ar an 18 Eanáir 2022, chaith an tArd-Chúirt na himeachtaí amach ar iarratas ón dá pháirtí agus óna n-árachóirí.

Chomh maith le héileamh COC agus éilimh ghaolmhara Aviva, seirbheáladh 360 sraith imeachtaí ar ESB maidir leis na tuilte i gCorcaigh i mí na Samhna 2009. Tá na héilimh seo á mbainistiú go díreach ag árachóirí ESB anois. Ar an 31 Nollaig 2025, bhí 150 éileamh fós gan réiteach, agus réitíodh 66 díobh sin ina dhiaidh sin tar éis dheireadh na bliana. Áirítear sna ráitis airgeadais do 2025 foráil de €19.1 milliún i leith damáistí measta agus costais ghaolmhara i leith na n-éileamh uile atá gan réiteach faoi láthair. Tá méid comhfhreagrach €17.8 milliún san áireamh sna ráitis airgeadais maidir le haisíocaíocht ionchasach faoi na conarthaí árachais gaolmhara. Níl ESB ag súil go mbeidh méid iomlán na ndamáistí bronnta agus na gcostas gaolmhar a bhaineann le gach gníomhaíocht cothrom le níos mó ná a chumhdach árachais.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 31. FORÁLACHA (ar lean)

**Conarthaí Dochraideacha**
Cuimsítear i bhforálacha conarthaí dochraideacha €8.2 milliún (2024: €5.8 milliún) maidir le hoibleagáidí a bhaineann le cothabháil agus conarthaí eile bhfuiltear ag súil leis go sáróidh siad na sochair a gheofar.

**Forálacha eile**
I measc na bhforálacha eile freisin, tá:
- Foráil athcheannaigh ESOP de €nialas (2024: €2.0 milliún). Féach nóta 35 chun tuilleadh sonraí a fháil.
- Comaoin iarchurtha i leith éadáil scair 50% in Inch Cape Offshore Holdings Limited ("ICOHL") ar €nialas (2024: €18.1 milliún).
- Breithniú iarchurtha maidir le Superhomes Ireland ar luach €1.0 milliún (2024: €2.1 milliún) a fháil.

**Costais dlí eile**
Áirítear le forálacha eile freisin meastacháin ar dhliteanais do thríú páirtithe, maidir le héilimh a cuireadh in iúl nó dá bhforáladh ag deireadh na bliana. Cuimsítear i bhforáil dheireadh na bliana meastachán maidir le dliteanais atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe fós.

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH

**(a) Léargas ginearálta ar bhainistíocht riosca airgeadais**

**Timpeallacht riosca**
Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá le sárú ag an nGrúpa le malairt eachtrach (go háirithe gluaiseachtaí i luach an euro i gcomparáid le steirling agus dollar na Stát Aontaithe) agus gluaiseachtaí tráchtearraí (leictreacha agus breosla). Is príomhrioscaí airgeadais fadtéarmacha freisin iad riosca leachtachta, agus neamhchosaint ar luaineacht rátaí úis, ach tugadh aghaidh orthu den chuid is mó sa ghearrthréimhse. Déanann an Bord athbhreithniú, leasú agus faomhadh rialta ar bheartais chun an Grúpa a chosaint ó na rioscaí seo agus ó réimsí riosca eile, mar riosca creidmheasa, de réir mar is cuí. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá. Coinnítear an Coiste Airgeadais agus Infheistíochta ar an eolas go rialta maidir le príomhchúrsaí cistíochta, riosca agus maolaitheoirí gaolmhara.

Tá riosca praghas tráchtearraí á bhainistiú ag feidhmeanna oifige tosaigh agus lár oifige na n-aonad gnó ábhartha: ESB Trading (laistigh de Trádáil Ghiniúna) agus Réitigh do Chustaiméirí. Tá sé seo á dhéanamh i gcomhthéacs chreat bainistíochta riosca iomlán an Ghrúpa. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí seo. Tá sé de fhreagracht ar na Coistí Bainistithe Riosca Trádála laistigh den dá aonad gnó seo a chinntiú go dtugtar aghaidh i gceart ar thorthaí agus moltaí an iniúchta inmheánaigh. Tá Stiúrthóirí Feidhmiúcháin atá ag obair ag leibhéal Choiste Trádála an Ghrúpa ("GTC") i mbun maoirseachta ar an obair seo. Cinntíonn feidhm Bainistithe Riosca Trádála an Ghrúpa go mbainistítear rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar bhealach atá deartha chun an Ghrúpa a chosaint ó chaillteanas, agus meas á léiriú ag an am céanna ar na hoibleagáidí imfhálaithe ata i bhfeidhm idir na haonaid ghnó.

Féadfar conarthaí a dhéantar chun neamhchosaint a eascraíonn as táirgeadh agus díol leictreachais a fhálú a roinnt i réamhchonarthaí praghsanna breosla, réamhchonarthaí praghais leictreachais agus conarthaí malairte eachtraigh. Dí-aithnítear ionstraimí airgeadais nuair a dhéantar réiteach nó díolachán.

**Struchtúr tuairiscithe riosca**
Tríd an bPríomhfheidhmeannach, tá an fhreagracht níos leithne as bainistiú riosca trádála ESB ar bhealach atá ag teacht le lamhháltais riosca agus straitéisí gnó an Ghrúpa tarmlighte don GTC. Tá teorainneacha riosca bunaithe ag an GTC chun neamhchosaint ar riosca trádála a bhainistiú agus a theorannú ag leibhéal an Ghrúpa agus na n-aonad gnó. Tá na teorainneacha seo doiciméadaithe le haghaidh gach gnólachta de chuid ESB atá páirteach i ngníomhaíochtaí trádála mórdhíola. Anuas air sin, tá Beartas Bainistíochta Riosca an Ghrúpa infheidhme i ndáil le gach ceann de na gnólachtaí seo.

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

I dTrádáil Ghiniúna agus Réitigh do Chustaiméirí, tagann Coistí Bainistithe Riosca Trádála ar leith le chéile ar bhonn míosúil (nó níos minice de réir mar is gá) agus feidhmíonn siad mar phríomh-mhaoirseoir ar riosca trádála ag leibhéal aonaid ghnó imfhálaithe aonair. Áirítear ar na coistí seo ceann na feidhme Oifige Tosaigh, an Bainisteoir Riosca Trádála (an Lár-Oifig), ionadaí ó Bhainistiú Riosca Trádála an Ghrúpa, agus Rialaitheoir Airgeadais an aonaid ghnó. Tá na Coistí Bainistithe Riosca Trádála freagrach as straitéis riosca trádála a chur le chéile de réir Bheartas Bainistithe Riosca Trádála an Ghrúpa agus as comhlíonadh maidir leis sin a chinntiú, as bainistíocht teorann riosca trádála, agus as a chinntiú go bhfuil creat rialaithe éifeachtach i bhfeidhm.

Coinníonn feidhm na Meán-Oifige i ngach aonad gnó líne tuairiscithe ar leith chuig feidhm Bainistithe Riosca Trádála an Ghrúpa, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar bainistíocht leordhóthanach ar neamhchosaint ghlan an Ghrúpa ar ghluaiseachtaí tráchtearraí nó ar ghluaiseachtaí praghais eile de réir Bheartas Bainistithe Riosca Trádála an Ghrúpa.

**Cuntasaíocht fhálaithe**
Maoiníonn ESB a chuid oibríochtaí trí iasachtaí agus úsáideann sé ionstraimí taisce chun cistí barrachais a infheistiú. Úsáideann ESB ionstraimí ráta úis agus airgeadra eachtraigh freisin chun riosca ráta úis agus airgeadra a bhainistiú a thagann chun cinn i ngnáthchúrsaí oibríochtaí ó iasachtaí atá ainmnithe i steirling, óna fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh agus ó sholáthraithe airgeadra eachtraigh a úsáid. Úsáidtear cuntasaíocht fhálaithe de bhun IFRS 9 le haghaidh fálú dliteanais airgeadra eachtraigh agus rioscaí ráta úis ó dhliteanais reatha agus neamhreatha.

Ina theannta sin, téann an Grúpa i mbun idirbhearta áirithe um fhálú tráchtearraí chun costais bhreosla a shocrú agus chun ioncaim leictreachais a nascadh níos dlúithe le hionchur breosla, nuair is féidir. Cinneann an Grúpa ag an tús cíbe an n-ainmnítear ionstraimí airgeadais mar chaidrimh fhálaithe. Comhlíonann socruithe áirithe sainchritéir chuntasaíochta fálaithe IFRS 9.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, cheannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar iad a chur i gcuntas mar chonarthaí atá le comhlíonadh. Dá réir sin, ní bhaineann na conarthaí seo le raon 'Ionstraimí Airgeadais' IFRS 9.

Nuair nach gcomhlíonann conarthaí na critéir dá n-úsáid féin, cuirtear i gcuntas iad mar dhíorthaigh trádála agus aithnítear iad sa chlár comhardaithe ar a gcóirluach faoi Ionstraim Airgeadais IFRS 9, agus aithnítear gluaiseachtaí i gcóirluach sa ráiteas ar ioncam mar gheall nach féidir iad a ainmniú mar fháluithe cuntasaíochta faoi IFRS 9, cé go measann an Bhainistíocht gur fáluithe éifeachtacha geilleagracha iad. Ní léiríonn gluaiseachtaí cóirluacha ar na trádálacha seo bunfheidhmíocht an ghnó toisc go bhfuil baint eacnamaíoch acu le sócmhainní giniúna an Ghrúpa nó le héileamh custaiméara, agus le trádálacha fálaithe praghsanna leictreachais gaolmhara atá socraithe go fisiciúil, nach dtugtar cóirluach dóibh. Dá bhrí sin, nochtar gluaiseachtaí cóirluacha ar an trádála réamhphraghsanna tráchtearraí breosla seo agus ar chonarthaí airgeadra eachtraigh (tugtar 'atomhais áirithe' orthu le chéile), agus léirítear iad ina dhiaidh sin sa bhrabús oibriúcháin bunúsach nuair a bhíonn tionchar ag an mbunidirbheart nó ag an tsócmhainn ar bhrabús nó caillteanas. Cuirtear éifeachtaí na n-atomhas áirithe seo i láthair laistigh de Chostais Ioncaim nó Fuinnimh nuair a aithnítear iad mar bhonn le brabús oibriúcháin, ag brath ar nádúr an chonartha.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

**(b) Léargas ginearálta ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais**
Is féidir sócmhainní agus dliteanais airgeadais, seachas dliteanais fostaí, an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Nollaig 2024 a anailísiú mar seo a leanas:

| | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní / dliteanais á gcoimeád ar chostas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthacha a bhfuil gaolmhaireacht fálaithe acu | | Ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil gaolmhaireacht fálaithe acu | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** |
| **Sócmhainní** | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | **-** | - | **8.9** | 22.5 | **-** | - | **-** | - | **8.9** | 22.5 |
| Infháltais trádála agus eile | **-** | - | **4.4** | - | **-** | - | **-** | - | **4.4** | - |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | - | **718.9** | 584.7 | **-** | - | **-** | - | **718.9** | 584.7 |
| Infheistíochtaí sócmhainní airgeadais | **0.8** | 0.8 | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **0.8** | 0.8 |
| Léas airgeadais infhaighte | **-** | - | **35.1** | - | **-** | - | **-** | - | **35.1** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **65.8** | 86.0 | **34.1** | 29.9 | **99.9** | 115.9 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **0.8** | 0.8 | **767.3** | 607.2 | **65.8** | 86.0 | **34.1** | 29.9 | **868.0** | 723.9 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | **-** | - | **8.9** | 22.2 | **-** | - | **-** | - | **8.9** | 22.2 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | - | **13.4** | 428.1 | **-** | **-** | **-** | **-** | **13.4** | 428.1 |
| Trádáil agus infháltais eile* | **-** | - | **2,528.7** | 1,506.8 | **-** | - | **-** | - | **2,528.7** | 1,506.8 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **707.0** | 1,064.9 | **-** | - | **-** | - | **707.0** | 1,064.9 |
| Léas airgeadais infhaighte | **-** | - | **38.2** | - | **-** | - | **-** | - | **38.2** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **23.4** | 112.0 | **100.6** | 141.2 | **124.0** | 253.2 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **3,296.2** | 3,022.0 | **23.4** | 112.0 | **100.6** | 141.2 | **3,420.2** | 3,275.2 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **0.8** | 0.8 | **4,063.5** | 3,629.2 | **89.2** | 198.0 | **134.7** | 171.1 | **4,288.2** | 3,999.1 |
| **Dliteanais** | | | | | | | | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | **-** | - | **6,915.3** | 7,004.9 | **-** | - | **-** | - | **6,915.3** | 7,004.9 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **132.2** | 99.0 | **-** | - | **-** | - | **132.2** | 99.0 |
| Trádáil agus méideanna iníoctha eile | **-** | - | **11.6** | 13.8 | **-** | - | **-** | - | **11.6** | 13.8 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **1.7** | 14.5 | **342.7** | 335.5 | **344.4** | 350.0 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **7,059.1** | 7,117.7 | **1.7** | 14.5 | **342.7** | 335.5 | **7,403.5** | 7,467.7 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | **-** | - | **509.5** | 480.2 | **-** | - | **-** | - | **509.5** | 480.2 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **15.1** | 18.0 | **-** | - | **-** | - | **15.1** | 18.0 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile** | **-** | - | **1,236.1** | 1,612.3 | **-** | - | **-** | - | **1,236.1** | 1,612.3 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **118.0** | 112.9 | **118.0** | 112.9 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **1,760.7** | 2,110.5 | **-** | - | **118.0** | 112.9 | **1,878.7** | 2,223.4 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **8,819.8** | 9,228.2 | **1.7** | 14.5 | **460.7** | 448.4 | **9,282.2** | 9,691.1 |

* Tá réamhíocaíochtaí eisiata mar nach bhfuil siad aicmithe mar shócmhainn airgeadais.
** Tá CBL agus cánacha fostaíochta eisiata mar is dliteanais reachtúla iad seo.

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Níl anailís déanta ar fhorálacha agus dliteanais fostaithe an Ghrúpa sa tábla thuas nó san anailís bhreise ar an leathanach ina dhiaidh seo. Áirítear leis seo an dliteanas i leith oibleagáid phinsin €69.0 milliún an 31 Nollaig 2025 (2024: €74.2 milliún). Féach nótaí 27 agus 28 maidir leis seo agus dliteanais a bhaineann le fostaithe.

| | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | | Sócmhainní / dliteanais á gcoimeád ar chostas amúchta | | Ionstraimí airgeadais díorthacha a bhfuil gaolmhaireacht fálaithe acu | | Ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil gaolmhaireacht fálaithe acu | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Máthairchuideachta** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** | **2025 €m** | **2024 €m** |
| **Sócmhainní** | | | | | | | | | | |
| Sócmhainní neamhreatha | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | **-** | - | **8.9** | 22.3 | **-** | - | **-** | - | **8.9** | 22.3 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | - | **136.9** | 116.8 | **-** | - | **-** | - | **136.9** | 116.8 |
| Suimeanna dlite ó ghnóthais fochuideachta | **-** | - | **693.0** | 1,447.8 | **-** | - | **-** | - | **693.0** | 1,447.8 |
| Infheistíochtaí i ngnóthais fochuideachta | **-** | - | **69.8** | 69.8 | **-** | - | **-** | - | **69.8** | 69.8 |
| Léas airgeadais infhaighte | **-** | - | **35.1** | - | **-** | - | **-** | - | **35.1** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **34.9** | 60.1 | **33.8** | 26.5 | **68.7** | 86.6 |
| **Sócmhainní airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **943.7** | 1,656.7 | **34.9** | 60.1 | **33.8** | 26.5 | **1,012.4** | 1,743.3 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | | | | | | |
| Suimeanna dlite ón árachóir | **-** | - | **8.9** | 22.4 | **-** | - | **-** | - | **8.9** | 22.4 |
| Suimeanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | **-** | - | **0.5** | 2.1 | **-** | - | **-** | - | **0.5** | 2.1 |
| Trádáil agus infháltais eile* | **-** | - | **4,916.5** | 4,230.1 | **-** | - | **-** | - | **4,916.4** | 4,230.1 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **627.8** | 745.4 | **-** | - | **-** | - | **627.8** | 745.4 |
| Léas airgeadais infhaighte | **-** | - | **38.2** | - | **-** | - | **-** | - | **38.2** | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **96.6** | 140.5 | **96.6** | 140.5 |
| **Sócmhainní airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **5,591.9** | 5,000.0 | **-** | - | **96.6** | 140.5 | **5,688.5** | 5,140.5 |
| **Sócmhainní airgeadais iomlána** | **-** | - | **6,535.6** | 6,656.7 | **34.9** | 60.1 | **130.4** | 167.0 | **6,700.9** | 6,883.8 |
| **Dliteanais** | | | | | | | | | | |
| Dliteanais neamhreatha | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | **-** | - | **363.0** | 442.1 | **-** | - | **-** | - | **363.0** | 442.1 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **42.4** | 24.1 | **-** | - | **-** | - | **42.4** | 24.1 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **1.7** | - | **15.3** | 29.5 | **17.0** | 29.5 |
| **Dliteanais airgeadais neamhreatha iomlána** | **-** | - | **405.4** | 466.2 | **1.7** | - | **15.3** | 29.5 | **422.4** | 495.7 |
| **Dliteanais reatha** | | | | | | | | | | |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | **-** | - | **47.4** | 59.0 | **-** | - | **-** | - | **47.4** | 59.0 |
| Dliteanais léasa | **-** | - | **5.4** | 8.2 | **-** | - | **-** | - | **5.4** | 8.2 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile** | **-** | - | **8,256.2** | 9,577.3 | **-** | - | **-** | - | **8,256.2** | 9,577.3 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **79.5** | 106.3 | **79.5** | 106.3 |
| **Dliteanais airgeadais reatha iomlána** | **-** | - | **8,309.0** | 9,644.5 | **-** | - | **79.5** | 106.3 | **8,388.5** | 9,750.8 |
| **Dliteanais airgeadais iomlána** | **-** | - | **8,714.4** | 10,110.7 | **1.7** | - | **94.8** | 135.8 | **8,810.9** | 10,246.5 |

* Tá réamhíocaíochtaí eisiata mar nach bhfuil siad aicmithe mar shócmhainn airgeadais.
** Tá CBL agus cánacha fostaíochta eisiata mar is dliteanais reachtúla iad seo.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Níl anailís déanta ar fhorálacha agus dliteanais fostaithe na Máthairchuideachta sa tábla thuas nó san anailís bhreise ar an leathanach ina dhiaidh seo. Áirítear leis seo an dliteanas i leith oibleagáid phinsin €68.9 milliún an 31 Nollaig 2025 (2024: €74.1 milliún). Féach nótaí 27 agus 28 maidir leis seo agus dliteanais a bhaineann le fostaithe.

### (c) Bainistiú maoinithe agus leachtachta

Sonraítear sa tábla thíos aibíochtaí conarthacha na ndliteanas airgeadais (agus sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear na híocaíochtaí úis a bhaineann le hiasachtaíocht agus le glansreafaí airgid neamhlascainithe atá luaite le hionstraimí airgeadais díorthacha. Tá iasachtaíocht ar a bhfuil suim ghlanluacha €7,014.4 milliún (2024: €6,984.0 milliún) agus glandliteanais ionstraime airgeadais dhíorthacha luach €307.3 milliún (2024: €185.1 milliún) san áireamh in iarmhéideanna an Ghrúpa thíos, ach ní ghlactar leo mar chuid de shócmhainní agus dliteanais na Máthairchuideachta de bhrí nach bhfuil siad i seilbh na Máthairchuideachta go díreach. Féach nótaí 15, 25, 26 agus 29 le haghaidh tuilleadh anailíse ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta a bhaineann leis an nóta thíos.

| Grúpa | Suim ghlanluacha €m | Eis-sreabhadh / insreabhadh airgid chonarthaigh - glansuim €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2025** | | | | | | |
| Iasachtaí | 7,424.8 | 8,984.1 | 736.2 | 728.6 | 2,288.4 | 5,230.9 |
| Dliteanais léasa | 147.3 | 152.6 | 10.6 | 13.8 | 36.4 | 91.8 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 1,141.1 | 1,141.1 | 1,141.1 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 462.4 | 583.5 | 199.0 | 83.2 | 171.6 | 129.7 |
| **Dliteanais iomlána** | **9,175.6** | **10,861.3** | **2,086.9** | **825.6** | **2,496.4** | **5,452.4** |
| | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 223.9 | 277.6 | 147.4 | 71.8 | 33.6 | 24.8 |
| **Sócmhainní iomlána** | **223.9** | **277.6** | **147.4** | **71.8** | **33.6** | **24.8** |
| | | | | | | |
| **Glandliteanais** | **8,951.7** | **10,583.7** | **1,939.5** | **753.8** | **2,462.8** | **5,427.6** |
| | | | | | | |
| **31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| Iasachtaí | 7,485.1 | 9,005.6 | 697.7 | 736.8 | 2,047.6 | 5,523.5 |
| Dliteanais léasa | 117.0 | 130.7 | 21.4 | 16.9 | 17.5 | 74.9 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 1,517.4 | 1,517.4 | 1,517.4 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 462.9 | 482.4 | 255.8 | 70.7 | 99.3 | 56.6 |
| **Dliteanais iomlána** | 9,582.4 | 11,136.1 | 2,492.3 | 824.4 | 2,164.4 | 5,655.0 |
| | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 369.1 | 451.8 | 274.0 | 77.1 | 36.9 | 63.8 |
| **Sócmhainní iomlána** | 369.1 | 451.8 | 274.0 | 77.1 | 36.9 | 63.8 |
| | | | | | | |
| **Glandliteanais** | 9,213.3 | 10,684.3 | 2,218.3 | 747.3 | 2,127.5 | 5,591.2 |

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| Máthairchuideachta | Suim ghlanluacha €m | Eis-sreabhadh / insreabhadh airgid chonarthaigh - glansuim €m | Laistigh de 1 bhliain €m | 1-2 bhliain €m | 2-5 bliana €m | Níos faide ná 5 bliana €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2025** | | | | | | |
| Iasachtaí | 410.4 | 409.3 | 54.4 | 34.2 | 86.2 | 234.5 |
| Dliteanais léasa | 47.8 | 44.0 | 2.9 | 2.9 | 13.1 | 25.1 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 8,175.4 | 8,175.4 | 8,175.4 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 96.5 | 94.4 | 83.4 | 13.5 | 7.9 | (10.4) |
| **Dliteanais iomlána** | 8,730.1 | 8,723.1 | 8,316.1 | 50.6 | 107.2 | 249.2 |
| | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 165.3 | 169.3 | 104.9 | 28.1 | 17.8 | 18.5 |
| **Sócmhainní iomlána** | **165.3** | **169.3** | **104.9** | **28.1** | **17.8** | **18.5** |
| | | | | | | |
| **Glandliteanais** | **8,564.8** | **8,553.8** | **8,211.2** | **22.5** | **89.4** | **230.7** |
| | | | | | | |
| **31 Nollaig 2024** | | | | | | |
| Iasachtaí | 501.1 | 485.7 | 69.3 | 58.2 | 94.8 | 263.4 |
| Dliteanais léasa | 32.3 | 35.6 | 8.8 | 5.7 | 8.7 | 12.4 |
| Trádáil agus suimeanna iníoctha eile (seachas iarmhéideanna cánach agus ús fabhraithe ar iasachtaíocht) | 9,496.0 | 9,496.0 | 9,496.0 | - | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 135.8 | 138.2 | 108.9 | 19.0 | 10.3 | - |
| **Dliteanais iomlána** | 10,165.2 | 10,155.5 | 9,683.0 | 82.9 | 113.8 | 275.8 |
| | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 227.1 | 252.8 | 143.6 | 27.0 | 25.3 | 56.9 |
| **Sócmhainní iomlána** | 227.1 | 252.8 | 143.6 | 27.0 | 25.3 | 56.9 |
| | | | | | | |
| **Glandliteanais** | 9,938.1 | 9,902.7 | 9,539.4 | 55.9 | 88.5 | 218.9 |

### (d) Máistir-chomhaontuithe glanta nó comhaontuithe dá samhail

Glacann an Grúpa páirt in idirbhearta díorthacha faoi chomhaontuithe máistir-ghlanluachála Chomhlachas Idirnáisiúnta na mBabhtálacha agus na nDíorthach ("ISDA"). Ní chomhlíonann comhaontuithe ISDA na critéir maidir le fritháireamh sa chlár comhardaithe comhdhlúite. Tá sé seo amhlaidh toisc nach bhfuil aon cheart reatha ar féidir é a chur i bhfeidhm de réir dlí ag an nGrúpa chun méideanna aitheanta a fhritháireamh, toisc nach féidir an ceart fritháireamh a chur i bhfeidhm de réir dlí ach amháin nuair a tharlaíonn imeachtaí sa todhchaí ar nós mainneachtain ar iasachtaí bainc nó imeachtaí creidmheasa eile.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Sonraítear sa tábla thíos méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais aitheanta atá faoi réir na gcomhaontuithe thuas.

| Grúpa | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar an staid airgeadais €m | Méideanna nach bhfuil fritháirithe sa chlár comhardaithe €m | Glanmhéid €m |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2025** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 65.3 | (2.4) | 62.9 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 3.3 | (3.5) | (0.2) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 155.3 | (20.3) | 135.0 |
| | **223.9** | **(26.2)** | **197.7** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | - | - | - |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (281.5) | - | (281.5) |
| Babhtálacha airgeadra | (1.7) | 0.4 | (1.3) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (7.6) | 5.4 | (2.2) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | (106.8) | 20.4 | (86.4) |
| Conarthaí réamhphraghsanna leictreachais | (64.8) | - | (64.8) |
| | **(462.4)** | **26.2** | **(436.2)** |
| **31 Nollaig 2024** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 69.3 | (13.6) | 55.7 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 22.4 | (7.5) | 14.9 |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 277.4 | (100.5) | 176.9 |
| | 369.1 | (121.6) | 247.5 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (8.0) | 5.4 | (2.6) |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | (321.7) | - | (321.7) |
| Babhtálacha airgeadra | (14.8) | 11.2 | (3.6) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (7.9) | 4.4 | (3.5) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | (110.5) | 100.6 | (9.9) |
| | (462.9) | 121.6 | (341.3) |



## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| Máthairchuideachta | Ollmhéid na n-ionstraimí airgeadais sa ráiteas ar an staid airgeadais €m | Méideanna nach bhfuil fritháirithe sa chlár comhardaithe €m | Glanmhéid €m |
|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2025** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 45.9 | (2.5) | 43.4 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 3.3 | (3.5) | (0.2) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 116.1 | (86.0) | 30.1 |
| | **165.3** | **(92.0)** | **73.3** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha airgeadra | (1.7) | 0.5 | (1.2) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (8.3) | 5.4 | (2.9) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | (86.5) | 86.1 | (0.4) |
| | **(96.5)** | **92.0** | **(4.5)** |
| **31 Nollaig 2024** | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | 77.2 | (16.2) | 61.0 |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | 22.5 | (7.5) | 15.0 |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | 127.4 | (100.0) | 27.4 |
| | 227.1 | (123.7) | 103.4 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | |
| Babhtálacha ráta úis | (8.0) | 8.0 | - |
| Babhtálacha airgeadra | (14.8) | 11.2 | (3.6) |
| Conarthaí airgeadra eachtraigh | (7.8) | 4.5 | (3.3) |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla | (105.2) | 100.0 | (5.2) |
| | (135.8) | 123.7 | (12.1) |

### (e) Riosca creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa as airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, ionstraimí airgeadais díorthacha agus taiscí i mbainc agus in institiúidí airgeadais, mar aon le neamhchosaintí creidmheasa le custaiméirí mórdhíola agus miondíola, lena n-áirítear méideanna dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, míreanna infháltais gan íoc agus idirbhearta geallta. Chomh fada is a bhaineann leis an Máthairchuideachta, eascraíonn riosca creidmheasa as méideanna dlite ó ghnóthais fochuideachta.

#### Sócmhainní airgeadais

| | 2025 | | 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | Grúpa €m | Máthairchuideachta €m | Grúpa €m | Máthairchuideachta €m |
| Suimeanna dlite ón árachóir | **17.8** | **17.8** | 44.7 | 44.7 |
| Trádáil agus infháltais eile[1] | **3,265.4** | **5,746.9** | 2,519.6 | 5,796.8 |
| Léas airgeadais infhaighte | **73.3** | **73.3** | - | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim[2] | **707.0** | **627.8** | 1,064.9 | 745.4 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | **223.9** | **165.3** | 369.1 | 227.1 |
| | **4,287.4** | **6,631.1** | 3,998.3 | 6,814.0 |

1 Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach bhfuil siad rangaithe mar shócmhainn airgeadais.
2 Lena n-áirítear coibhéisí airgid thirim agus iarmhéideanna airgid srianta.

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

**Infháltais trádála agus eile**
Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa i ndáil leis na contrapháirtithe a ndéanann sé idirbheartaíocht leo ina n-oibríochtaí laethúla. Féach nóta 21 chun teacht ar shonraí faoin gcaillteanas ionchasach creidmheasa a aithníodh.

**Riosca creidmheasa a bhaineann le státchiste (a bhaineann le hairgead tirim agus ionstraimí díorthacha)**
Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa i ndáil leis na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo agus a dtrádálann sé leo sna margaí airgeadais. Is é beartas an Ghrúpa a neamhchosaint do gach institiúid airgeadais a theorannú bunaithe ar rátálacha creidmheasa glactha nach lú ná BBB- nó a gciomhionann.

Déantar trádáil i ndíorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus forghníomhaítear a leithéid ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil Sonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais eisithe faoi choimirce an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992, á gcomhlíonadh, i mí na Nollag 2017 den uair dheireanach. Leagann an tSonraíocht agus na Ceanglais amach na cineálacha díorthach ar féidir le ESB gnó a dhéanamh leo agus na ceanglais ghaolmhara nach mór do ESB a shásamh maidir le gach contrapháirtí díorthach. Tá gníomhaíochtaí déileála á rialú trí shainorduithe déileála láidre a chur i bhfeidhm le contrapháirtithe. Ní shealbhaíonn ná ní thrádálann an Grúpa ionstraimí díorthacha chun críocha amhantrach. Tá neamhchosaint, teorainneacha gaolmhara agus comhlíonadh Shonraíocht agus Ceanglais an Aire faoi réir athbhreithnithe agus monatóireachta leanúnaigh. Ní raibh ar an nGrúpa déileáil le haon chaillteanais de bhrí gur theip ar a leithéid de chontrapháirtithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

**Riosca creidmheasa tráchtearraí (a bhaineann le díorthaigh)**
Tá riosca creidmheasa ag an nGrúpa freisin a bhaineann le seasaimh tráchtearraí. Eascraíonn siad seo as ionstraimí airgeadais díorthacha a dhéantar chun rioscaí fuinnimh agus praghsanna breosla a fhálú agus a bhainistítear de réir Shonraíocht agus Cheanglais an Aire (an tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992). Bunaíonn an Grúpa teorainneacha riosca creidmheasa contrapháirtithe chun neamhchosaint neamh-chomhthaobhaithe a theorannú. Déantar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar neamhchosaint ghlan, ar riachtanais chomhthaobhachta agus ar chomhlíonadh. Fuarthas So Energy le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus ionchorpraíodh go hiomlán é sa struchtúr rialtais i mí Feabhra 2022.

Tá comhthaobhacht, i bhfoirm bannaí agus ráthaíochtaí, ag teastáil ó aonaid ghnó ESB ó pháirtithe éagsúla, go háirithe i bhfoirm Litreacha Creidmheasa ó chontrapháirtithe cumhachta áirithe Conartha Difríochta ("CfD"). Bhí an chomhthaobhacht iomlán dá leithéid a fuair ESB i ndáil le seasamh cumhachta CfD an 31 Nollaig 2025 €51.6 milliún (2024: fuair ESB comhthaobhacht €69.0 milliún). Lena chois sin, tá céatadán níos mó de cheannacháin tráchtearraí breosla forghníomhaithe ar mhalairtí rialaithe. Tá seasamh an Ghrúpa maidir le trádálacha forghníomhaithe ar a leithéid de mhalairtí comhthaobhaithe trí chorrlach thosaigh agus comhthaobhacht a phostáil i ndáil leis an seasamh marcála de réir margaidh ar thrádálacha anonn oscailte. B'ionann glan-iomlán na comhthaobhachta trádála ar an malartán an 31 Nollaig 2025 a cuireadh suas agus a fuair ESB agus €118.2 milliún (2024: €91.3 milliún de chomhthaobhacht a cuireadh suas agus a fuair ESB). Tá an Grúpa airdeallach ar aon athruithe ar acmhainneacht creidmheas contrapháirtithe, agus déantar gach céim oiriúnach chun seasamh an Ghrúpa a dhaingniú tuilleadh, trí chosaint oiriúnacha a idirbheartú roimh na máistir-chomhaontuithe conarthacha agus bainistíocht ghníomhach aon neamhchosaintí, go háirithe sa chás go bhfuil fianaise le fáil maidir le seasamh airgeadais na gcontrapháirtithe a bheith ag meathlú.

**Ráthaíochtaí Airgeadais**
Déanann an Grúpa tiomantais éagsúla. Is éard atá iontu seo ráthaíochtaí airgeadais, litreacha creidmheasa agus tiomantais eile.

Cé go m'fhéidir nach n-aithnítear na tiomantais seo ar chlár comhardaithe an Ghrúpa, tá riosca creidmheasa ann maidir leis na hionstraimí seo toisc go gceanglaíonn siad ar an nGrúpa íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann fochuideachtaí agus institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu i gcás gnímh ar leith agus mar sin tá siad mar chuid de riosca foriomlán an Ghrúpa.

Tá luachanna ainmniúla a leithéid sin de thiomantais liostaithe thíos:

| | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Ráthaíochtaí Airgeadais | **1,604.6** | 780.2 |
| Litreacha creidmheasa | **490.0** | 489.0 |
| **Iomlán** | **2,094.6** | 1,269.2 |

Níor aithníodh i ráitis airgeadais an Ghrúpa cóirluach na ráthaíochtaí airgeadais a rinne an Grúpa thar ceann eintiteas nach n-áirítear i dtorthaí comhdhlúithe an ghrúpa (amhail comhlaigh agus comhfhiontair) toisc nach mbaineann siad le hábhar.

**(f) Bainistíocht riosca airgeadra eachtraigh**
Eascraíonn nochtadh airgeadra eachtraigh den chuid is mó trí cheannach breosla agus cumhachta, costais athchóirithe stáisiún, ceannacháin eile ainmnithe in airgeadraí eachtracha, iasachtaí in airgeadraí eachtracha agus infheistíochtaí lasmuigh de Chrios an Euro.

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Úsáidtear conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtraigh agus babhtálacha trasairgeadra chun luaineacht a laghdú a eascraíonn as neamhchosaintí airgeadra eachtraigh. Baineann na conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtraigh a bhí i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2025 le sreafaí airgid réamh-mheasta a bhfuiltear ag súil go dtarlóidh siad suas go dtí an bhliain 2033, agus leathnóidh babhtálacha trasairgeadra a bhaineann le hoibleagáidí fiachais go dtí an bhliain 2032.

Ag deireadh na bliana, bhí punann iomlán fiachais ESB cothrom le €7.4 billiún (2024: €7.5 billiún), a raibh €0.4 billiún (2024: €0.5 billiún) díobh ag an Máthairchuideachta. Bhí an fiachas bunúsach, roimh agus i ndiaidh babhtálacha, ainmnithe san airgeadra seo a leanas:

| Grúpa | Roimh bhabhtálacha 2025 (%) | Roimh bhabhtálacha 2024 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2025 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2024 (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **78** | 76 | **74** | 72 |
| Steirling | **22** | 24 | **26** | 28 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

| Máthairchuideachta | Roimh bhabhtálacha 2025 (%) | Roimh bhabhtálacha 2024 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2025 (%) | I ndiaidh babhtálacha 2024 (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Airgeadra** | | | | |
| Euro | **97** | 92 | **97** | 92 |
| Steirling | **3** | 8 | **3** | 8 |
| **Iomlán** | **100** | 100 | **100** | 100 |

Mar a léirítear thuas, tá an chuid is mó den phunann fiachais ainmnithe in euro nó malartaithe go euro le haghaidh príomhshuime agus úis araon, rud a laghdaíonn an neamhchosaint ar riosca airgeadra eachtraigh sa Ghrúpa. Nuair a bhíonn a oibríochtaí eachtracha á mbainistiú aige, tá an Grúpa airdeallach ar iasachtaí a fháil in airgeadra a mheaitseálann airgeadra feidhmiúil na hoibríochta eachtraí. Mar sin, tá cuid den fhiachas ainmnithe i steirling go príomha mar thoradh ar NIE Networks a fháil agus oibríochtaí Carrington Power Limited.

Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí sa ráta malairte Euro / Steirling ar luach tugtha anonn an Fhiachais Steirling, i dtéarmaí Euro. Tá leochaileacht iomlán i leith luaineacht an ráta malairte á tiomáint ag leibhéal an fhiachais ainmnithe i Steirling. Tá an leochaileacht seo ann cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fiachas á sealbhú i gcuideachta Grúpa a bhfuil Steirling mar airgeadra feidhmiúil aici. Braitheann cibé acu a aithnítear nó nach n-aithnítear an ghluaiseacht san OCI nó sa ráiteas ioncaim, áfach, ar airgeadra feidhmiúil na cuideachta. Aithnítear gluaiseachtaí aistriúcháin a eascraíonn as fiachas ainmnithe i Steirling agus iarmhéideanna laistigh den Ghrúpa i gcuideachtaí an Ghrúpa a bhfuil an Euro mar airgeadra feidhme acu sa ráiteas ioncaim. Aithnítear gluaiseachtaí aistriúcháin ar fhiachas atá ainmnithe i Steirling i gcuideachtaí an Ghrúpa a bhfuil an Steirling mar airgeadra feidhme acu sa chúlchiste aistriúcháin ar chomhdhlúthú.

Bheadh athrú 10% ar na rátaí malairte airgeadra eachtraigh ag an 31 Nollaig 2025 mar bhonn le cothromas agus brabús a mhéadú roimh chánachas - méadú atá cothrom leis an méid sonraithe thíos. Glactar leis san anailís seo go mbeidh na hathróga eile ar fad seasmhach.

| Grúpa | 31 Nollaig 2025 Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) €m | 31 Nollaig 2025 Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) €m | 31 Nollaig 2024 Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) €m | 31 Nollaig 2024 Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) €m |
|---|---|---|---|---|
| **Neartú 10%** | | | | |
| Dollar SAM | - | 1.3 | - | (0.1) |
| Steirling | 223.9 | (22.4) | 247.0 | (125.7) |
| | | | | |
| **Lagú 10%** | | | | |
| Dollar SAM | - | (1.0) | - | 0.2 |
| Steirling | (273.7) | 48.8 | (301.9) | 186.5 |

Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Rinneadh na toimhdí seo a leanas maidir leis an anailís íogaireachta thuas:

- níl tionchar ach ag athruithe ar shuim ghlanluacha ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i gcaidreamh fálaithe ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn ionstraimí airgeadais díorthacha ar fálú sreafa airgid iad ach ar ioncam cuimsitheach eile amháin.

**(g) Bainistíocht riosca praghsanna tráchtearraí**
Bhí luaineacht na bpraghsanna breosla a bhí ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais an Ghrúpa suntasach le blianta beaga anuas agus tá na neamhchosaintí gaolmhara ar ghluaiseachtaí praghsanna breosla á mbainistiú ag an nGrúpa bunaithe ar fhálú roghnach. Tá conarthaí praghais tráchtearraí réamhghníomhacha déanta ag an nGrúpa i ndáil le ceannach gáis atá riachtanach le haghaidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais, féach nóta 26 le haghaidh tuilleadh sonraí. Tá réamhchonarthaí praghsanna breosla bunaithe ar an líon fisiciúil ar conradh agus gan íoc, agus ar phraghsanna anonn táirgí den chineál céanna, ag dáta an chláir comhardaithe, agus lascainithe áit ar gá bunaithe ar an gcuar réamhúis.

Laistigh dá ghnáthchúrsa gnó, glacann an Grúpa páirt i gconarthaí díolacháin agus ceannacháin le haghaidh tráchtearraí, gás agus leictreachas san áireamh. Sa chás gur síníodh conradh agus go bhfuil sé fós bailí chun críocha glacadh le nó seachadadh na dtráchtearraí de réir cheanglais ionchasacha díolacháin, cheannaigh nó úsáide an Ghrúpa, ainmnítear na conarthaí mar chonarthaí úsáide féin agus déantar iad a chur i gcuntas mar chonarthaí atá le comhlíonadh.

Bheadh tionchar ag méadú ginearálta 10% ar phraghas an gháis an 31 Nollaig 2025 ar chothromas agus ar bhrabús roimh chánachas faoin méid atá leagtha amach thíos. Tagraítear go heisiach san anailís seo don tionchar a imreofar ar athróga gaolmhara ag deireadh na bliana amháin agus glactar leis go mbeidh gach athróg eile, go háirithe rátaí airgeadra eachtraigh, cobhsaí, lena n-áirítear an tionchar a bheidh ag luach na mbabhtálacha tráchtearraí atá bunaithe. Bheadh a mhalairt d'éifeacht, agus éifeacht chomhionann, ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfuil na hathróga eile ar fad seasmhach.

| Grúpa | 31 Nollaig 2025<br>Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan €m | 31 Nollaig 2025<br>Brabús roimh chánachas gnóthachan €m | 31 Nollaig 2024<br>Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan €m | 31 Nollaig 2024<br>Brabús roimh chánachas gnóthachan €m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan mar gheall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis | **20.3** | **8.4** | 47.3 | 5.4 |

| Máthairchuideachta | 31 Nollaig 2025<br>Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan €m | 31 Nollaig 2025<br>Brabús roimh chánachas gnóthachan €m | 31 Nollaig 2024<br>Ioncam cuimsitheach eile caillteanas €m | 31 Nollaig 2024<br>Brabús roimh chánachas caillteanas €m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan / (caillteanas) mar gheall ar ardú 10% ar phraghsanna gáis | **-** | **1.8** | - | (1.3) |

Bheadh tionchar ag méadú 10% ar phraghas mórdhíola leictreachais an I-SEM amhail an 31 Nollaig 2025 ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna atá leagtha amach thíos. Glactar leis san anailís seo go mbeidh na hathróga eile ar fad seasmhach, go háirithe rátaí malairte eachtraí. Bheadh éifeacht chomhionann agus chontrártha ag laghdú 10%, ar an mbonn go bhfanfadh gach nó inathraitheach eile seasmhach.

| Grúpa | 31 Nollaig 2025<br>Ioncam cuimsitheach eile caillteanas €m | 31 Nollaig 2025<br>Brabús roimh chánachas caillteanas €m | 31 Nollaig 2024<br>Ioncam cuimsitheach eile caillteanas €m | 31 Nollaig 2024<br>Brabús roimh chánachas caillteanas €m |
|---|---|---|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar mhéadú 10% ar phraghas leictreachais mórdhíola | **(44.7)** | **-** | (63.1) | - |

| Máthairchuideachta | 31 Nollaig 2025<br>Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) €m | 31 Nollaig 2025<br>Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) €m | 31 Nollaig 2024<br>Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) €m | 31 Nollaig 2024<br>Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) €m |
|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan / (caillteanas) mar gheall ar mhéadú 10% ar Phraghas Leictreachais Mórdhíola | **-** | **-** | - | - |

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Ríomhadh an anailís leochaileachta a soláthraíodh thuas don Ghrúpa agus don Mháthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2025 ag baint úsáide as na bonnphraghsanna tráchtearraí agus rátaí airgeadra eachtraigh seo a leanas:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Gás (Stg. p/teirm.) | **63.40** | 97.50 |
| Praghas Mórdhíola Leictreachais (€/MWh) | **92.50** | 114.90 |
| Gual (US$/tona) | **-** | 114.50 |
| Ráta airgeadra eachtraigh (US$ = €1) | **1.17** | 1.04 |
| Ráta airgeadra eachtraigh (Stg£ = €1) | **0.87** | 0.83 |

**(h) Cóirluach**
Seo a leanas luachanna córa na sócmhainní agus dliteanas airgeadais ag costas amúchta i dteannta leis na suimeanna glanluacha taispeánta sa chlár comhardaithe:

| 31 Nollaig 2025 | Grúpa<br>Luach tugtha anonn €m | Grúpa<br>Cóirluach €m | Máthairchuideachta<br>Luach tugtha anonn €m | Máthairchuideachta<br>Cóirluach €m |
|---|---|---|---|---|
| Fiachas fadtéarmach | 6,915.3 | 6,483.0 | 363.0 | 312.7 |
| Iasachtaíocht ghearrthéarmach | 509.5 | 506.9 | 47.4 | 44.8 |
| Dliteanais léasa | 147.3 | 147.3 | 47.8 | 47.8 |
| **Iasachtaíocht iomlán** | **7,572.1** | **7,137.2** | **458.2** | **405.3** |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála neamhreatha agus eile | 11.6 | 11.6 | - | - |
| Suimeanna iníoctha reatha trádála agus eile | 1,236.1 | 1,236.1 | 8,256.2 | 8,256.2 |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | (17.8) | (17.8) | (17.8) | (17.8) |
| Trádáil neamhreatha agus infháltais eile | (723.3) | (723.3) | (829.9) | (829.9) |
| Trádáil reatha agus infháltais eile | (2,542.1) | (2,542.1) | (4,917.0) | (4,917.0) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (707.0) | (707.0) | (627.8) | (627.8) |
| **Glandliteanais** | **4,829.6** | **4,394.7** | **2,321.9** | **2,269.0** |

| 31 Nollaig 2024 | Grúpa<br>Luach tugtha anonn €m | Grúpa<br>Cóirluach €m | Máthairchuideachta<br>Luach tugtha anonn €m | Máthairchuideachta<br>Cóirluach €m |
|---|---|---|---|---|
| Fiachas fadtéarmach | 7,004.9 | 6,651.7 | 442.1 | 367.3 |
| Iasachtaíocht ghearrthéarmach | 480.2 | 470.4 | 59.0 | 56.6 |
| Dliteanais léasa | 117.0 | 117.0 | 32.3 | 32.3 |
| **Iasachtaíocht iomlán** | 7,602.1 | 7,239.1 | 533.4 | 456.2 |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála neamhreatha agus eile | 13.8 | 13.8 | - | - |
| Suimeanna iníoctha reatha trádála agus eile | 1,612.3 | 1,612.3 | 9,577.4 | 9,577.4 |
| Suimeanna dlite ó árachóirí | (44.7) | (44.7) | (44.7) | (44.7) |
| Trádáil neamhreatha agus infháltais eile | (584.7) | (584.7) | (1,564.6) | (1,564.6) |
| Trádáil reatha agus infháltais eile | (1,934.9) | (1,934.9) | (4,232.2) | (4,232.2) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | (1,064.9) | (1,064.9) | (745.4) | (745.4) |
| **Glandliteanais** | 5,599.0 | 5,236.0 | 3,523.9 | 3,446.7 |

Tá trádála reatha agus infhaighte eile dlite laistigh de bhliain amháin agus cuirtear i láthair iad glan ó liúntais chaillteanais a thomhaistear ag baint úsáide as an tsamhail caillteanais chreidmheasa ionchais. Tá trádála reatha agus iníocthaí eile dlite laistigh de bhliain amháin. Meastar go bhfuil a shuim ghlanluacha ag teacht go hábhartha lena gcóirluach.

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Déantar luach cóir bannaí Steirling ESB agus NIE Networks a thomhas ag baint úsáide as ionchuir Leibhéal 1. Tá cóirluach na mbannaí seo díorthaithe ó bhreathnóireacht a dhéanamh ar na luachanna trádáilte is déanaí le haghaidh na mbannaí seo i margaí leachtacha ag dáta an chláir comhardaithe. Is luachanna córa Leibhéal 2 iad iasachtaí agus fiachas eile. Is í an phríomhtheicníc luachála a úsáidtear le haghaidh iasachtaíochta agus fiachas eile aicmithe mar luachanna córa Leibhéal 2 sreafaí airgid gaolmhara todhchaíocha a lascainiú trí úsáid a bhaint as cuar lascaine cúpóin nialasaigh an airgeadra ábhartha.

**Cóirluach - rátaí lascaine**
Tá na rátaí úis a úsáideadh chun sreafaí airgid measta todhchaíocha a lascainiú, más cuí, bunaithe ar an EURIBOR infheidhme nó cuar toraidh SONIA ag an dáta tuairiscithe mar aon le raon difríochta creidmheasa seasta oiriúnach.

**(i) Ordlathas cóirluacha**
Déantar anailís sa tábla thíos ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais tugtha anonn ag cóirluach, bunaithe ar mhodh luachála. Tá na leibhéil dhifriúla atá ábhartha do na sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá i seilbh an Ghrúpa arna sainiú mar seo a leanas:

- Leibhéal 1: Is ionann ionchuir agus praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna ag an dáta tomhais;
- Leibhéal 2: Ionchuir, seachas praghsanna luaite neamhchoigeartaithe i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní agus dliteanas comhionanna, atá inbhraite don tsócmhainn nó don dliteanas, go díreach (i.e., mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e., díorthaithe ó phraghsanna);
- Leibhéal 3: Ionchuir don tsócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

**Grúpa**

| 31 Nollaig 2025 | Leibhéal 1 €m | Leibhéal 2 €m | Leibhéal 3 €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | 65.3 | - | **65.3** |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 3.3 | - | **3.3** |
| ▪ Réamhchonarthaí praghsanna breosla[1] | - | 120.2 | 35.1 | **155.3** |
| Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | - | - | 0.8 | **0.8** |
| | **-** | **188.8** | **35.9** | **224.7** |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha airgeadra | - | (1.7) | - | **(1.7)** |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (7.6) | - | **(7.6)** |
| ▪ Réamhchonarthaí praghsanna breosla[1] | - | (106.8) | - | **(106.8)** |
| ▪ Conarthaí réamhphraghsanna leictreachais | - | - | (64.8) | **(64.8)** |
| ▪ Babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú | - | (281.5) | - | **(281.5)** |
| | **-** | **(397.6)** | **(64.8)** | **(462.4)** |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn** | **-** | **(208.8)** | **(28.9)** | **(237.7)** |



## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| 31 Nollaig 2024 | Leibhéal 1 €m | Leibhéal 2 €m | Leibhéal 3 €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | 69.3 | - | 69.3 |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 22.4 | - | 22.4 |
| ▪ Réamhchonarthaí praghsanna breosla[1] | - | 139.5 | 137.9 | 277.4 |
| Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | - | - | 0.8 | 0.8 |
| | - | 231.2 | 138.7 | 369.9 |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | (8.0) | - | (8.0) |
| ▪ Babhtálacha airgeadra | - | (14.8) | - | (14.8) |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (7.8) | - | (7.8) |
| ▪ Réamhchonarthaí praghsanna breosla[1] | - | (110.6) | - | (110.6) |
| ▪ Babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú | - | (321.7) | - | (321.7) |
| | - | (462.9) | - | (462.9) |
| **(Glandliteanas) / glansócmhainn** | - | (231.7) | 138.7 | (93.0) |

1 Cuirtear conarthaí a nascann an réamhphraghas leictreachais níos dlúithe le réamhphraghsanna breosla i láthair glan i réamhbhreosla amhail an 31 Nollaig.

Ní dhearnadh aon aistrithe idir leibhéil cóirluacha le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Nollaig 2024.

**Máthairchuideachta**

| 31 Nollaig 2025 | Leibhéal 1 €m | Leibhéal 2 €m | Leibhéal 3 €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | 45.9 | - | **45.9** |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 3.3 | - | **3.3** |
| ▪ Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | 116.1 | - | **116.1** |
| | **-** | **165.3** | **-** | **165.3** |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | - | - | **-** |
| ▪ Babhtálacha airgeadra | - | (1.7) | - | **(1.7)** |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (8.3) | - | **(8.3)** |
| ▪ Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | (86.5) | - | **(86.5)** |
| | **-** | **(96.5)** | **-** | **(96.5)** |
| **Glansócmhainní** | **-** | **68.8** | **-** | **68.8** |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| 31 Nollaig 2024 | Leibhéal 1 €m | Leibhéal 2 €m | Leibhéal 3 €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | 77.2 | - | 77.2 |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | 22.5 | - | 22.5 |
| ▪ Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | 127.4 | - | 127.4 |
| | - | 227.1 | - | 227.1 |
| **Dliteanais** | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | | | | |
| ▪ Babhtálacha ráta úis | - | (8.0) | - | (8.0) |
| ▪ Babhtálacha airgeadra | - | (14.8) | - | (14.8) |
| ▪ Conarthaí airgeadra eachtraigh | - | (7.8) | - | (7.8) |
| ▪ Conarthaí réamhphraghsanna breosla | - | (105.2) | - | (105.2) |
| | - | (135.8) | - | (135.8) |
| **Glansócmhainní** | - | 91.3 | - | 91.3 |

Ní dhearnadh aon aistrithe idir leibhéil cóirluacha le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Nollaig 2024.

Tomhas luachanna córa - teicnící luachála agus ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite

Léirítear sa tábla thíos an teicníc luachála a úsáideadh nuair a bhí luachanna córa leibhéal 2 agus leibhéal 3 á dtomhas, mar aon leis na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

| Cineál | Teicnící luachála | Ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite | Idirghaolmhaireacht idir ionchuir shuntasacha neamh-inbhraite agus tomhas luach cóir |
|---|---|---|---|
| Babhtálacha airgeadra, conarthaí airgeadra eachtraigh agus babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 – Meastar an luacháil reatha ar shreafaí airgid todhchaíocha bunaithe ar FX ar aghaidh agus ar rátaí úis (ó chuair inbhraite torthaí ag deireadh na bliana tuairiscithe) agus ar rátaí conartha, a lascainítear ar ráta ina léirítear a riosca féin creidmheasa nó riosca creidmheasa contrapháirtí. | | |
| Conarthaí réamhphraghsanna breosla agus leictreachais | Leibhéal 2 – Tá cóirluach conarthaí réamhphraghsanna breosla bunaithe ar thagairt do phraghsanna gáis, guail agus carbóin agus tá an luach iarmhartach sin lascainithe chuig luachanna reatha.<br><br>Leibhéal 3 – Cinntear cóirluach roinnt réamhchonarthaí sonracha breosla agus leictreachais trí thagairt a dhéanamh do réamhphraghsanna leictreachais nach bhfuil inbhraite. | Réamhphraghsanna leictreachais | Mhéadódh / (laghdódh) an cóirluach mheasta dá mbeadh an Praghas Leictreachais Mórdhíola níos airde / (níos ísle). Go ginearálta, nuair a athraíonn praghsanna gáis, athraíonn an Praghas Leictreachais Mórdhíola sa treo céanna freisin. |
| Boilsciú nasctha le babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 – Úsáidtear luachála neamhspleácha agus déanta iad a bhailíochtú trí luacháil láithreach na sreafaí airgid ionchasacha trí úsáid a bhaint as cuar toradh ráta úis an airgeadra ábhartha.<br><br>Tá an cuar cúpóin nialasaigh bunaithe ar chuar toraidh ráta úis an airgeadra ábhartha. | | |
| Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas | Leibhéal 3 - Más cuí, déantar infheistíochtaí neamhluaite a luacháil trí luach fiontair a dhíorthú trí cheann de na modheolaíochtaí seo a leanas a úsáid:<br>▪ costas, lúide aon fhoráil riachtanach.<br>▪ iolra ioncaim. | Ráta fáis ioncaim bliantúil réamh-thuartha;<br><br>Ollchorrlach tuartha | Déantar luach na n-infheistíochtaí a mheas bunaithe ar ionchais na bhfáltas a d'fhéadfaí a réadú i ndiúscairt. Féach nótaí 8 agus 17.<br><br>De ghnáth, beidh an luach seo bunaithe ar roinnt ionchur lena n-áirítear cumas na hinstitiúide infheistiúcháin cur lena hioncam agus corrlaigh ghaolmhara a bheidh mar bhonn le TRÚCDA níos airde, agus luachanna níos airde dá réir sin. |

Léirítear sa tábla thíos réiteach ó iarmhéideanna tosaigh ag an 1 Eanáir 2024 go dtí deireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 le haghaidh tomhas luach cóir ag Leibhéal 3 den ordlathas cóirluacha:

| Grúpa | Sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas €m | Conarthaí réamhphraghsanna breosla €m | Conarthaí réamhphraghsanna leictreachais €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2024** | 5.0 | 23.8 | - | **28.8** |
| Diúscairtí | (4.2) | - | - | (4.2) |
| Gnóthachain / (caillteanais) iomlána: | | | | |
| - san OCI | - | 114.1 | - | **114.1** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2024 - glanmhéid** | 0.8 | 137.9 | - | **138.7** |
| | | | | |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir 2025** | 0.8 | 137.9 | - | **138.7** |
| Breisiúcháin | - | - | (81.0) | **(81.0)** |
| Gnóthachain / (caillteanais) iomlána: | | | | |
| - i mbrabús nó i gcaillteanas | - | - | 16.2 | **16.2** |
| - san OCI | - | (125.7) | - | **(125.7)** |
| Réitigh | - | 22.9 | - | **22.9** |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig 2025 - glanmhéid** | **0.8** | **35.1** | **(64.8)** | **(28.9)** |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 32. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS AGUS CÓIRLUACH (ar lean)

Tugtar sócmhainní airgeadais ag cóirluach trí bhrabús nó caillteanas anonn ar a gcóirluach.

Más cuí, déantar infheistíochtaí neamhluaite a luacháil trí luach fiontair a dhíorthú trí cheann de na modheolaíochtaí seo a leanas a úsáid:

- costas, lúide aon fhoráil riachtanach.
- iolra ioncaim;
- costas, lúide aon soláthar riachtanach.

Baineann conarthaí réamhphraghsanna breosla agus conarthaí réamhphraghsanna leictreachais ag Leibhéal 3 san ordlathas cóirluacha le conarthaí fadtéarmacha a bhfuil a luachálacha bunaithe ar roinnt toimhdí réamhphraghsanna, le roinnt ionchur neamh-inbhraite, lena n-áirítear réamh-ionchuir leictreachais, charbóin agus gháis le haghaidh tréimhsí níos fadtéarmaí.

**Anailís íogaireachta - Leibhéal 3 - luachanna córa**

Chomh fada is a bhaineann le luachanna córa na gconarthaí réamhphraghsanna breosla agus leictreachais bheadh na héifeachtaí seo a leanas ag athruithe a d'fhéadfadh tarlú le réasún ag an dáta tuairiscithe ar cheann de na hionchuir shuntasacha neamh-inbhraite, dá mbeadh na hionchuir eile seasta:

| | 31 Nollaig 2025 | | 31 Nollaig 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | **Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) €m** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) €m** | **Ioncam cuimsitheach eile gnóthachan / (caillteanas) €m** | **Brabús roimh chánachas gnóthachan / (caillteanas) €m** |
| Gnóthachan mar gheall ar mhéadú 10% ar phraghsanna gáis | **17.7** | **-** | 47.3 | - |
| Caillteanas mar gheall ar mhéadú 10% ar Phraghsanna Leictreachais Mórdhíola | **(39.1)** | **-** | (63.1) | - |

## 33. TIOMANTAIS AGUS TEAGMHAIS

### (a) Tiomantais chaipitil

| | **2025 €m** | **2024 €m** |
|---|---|---|
| Sócmhainní inláimhsithe ar conradh | **1,607.8** | 1,128.0 |
| Sócmhainní doláimhsithe ar conradh | **15.6** | 10.8 |
| **An tIomlán ar conradh** | **1,623.4** | 1,138.8 |

| **Sciar de cheangaltais na n-institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | **2025 €m** | **2024 €m** |
|---|---|---|
| Athnuaiteáin Amach ón gCósta | **1,171.8** | 427.7 |
| Athnuaiteáin Cois Cladaigh | **19.9** | 28.5 |
| Eile | **14.2** | 17.0 |
| **An tIomlán ar conradh** | **1,205.9** | 473.2 |

### (b) Tiomantais an chonartha breosla

Tá roinnt socrúcháin gáis fhadtéarmacha i bhfeidhm i gcás tréimhsí éagsúla chomh fada leis an mbliain 2028. Leis na socrúcháin seo, déanfar foráil d'athruithe praghsála i gcomhréir le hathruithe i dtáscairí ionsuite an mhargaidh fuinnimh. Más cuí, tá díorthaigh leabaithe atá san áireamh sna socruithe seo scartha agus arna luacháil de réir IFRS 9.

### (c) Nochtadh eile

Sa bhliain 2022, i ndiaidh smachtbhannaí AE a fhorchur, d'fhoirceannaigh ESB roinnt conarthaí le soláthraí. Ina dhiaidh sin, scríobh an soláthraí chuig ESB chun cinneadh ESB na conarthaí ábhartha a fhoirceannadh a cheistiú agus tá éileamh ar dhamáistí tosaithe aige i ndáil le foirceannadh éagórach na gconarthaí sin. Tá an t-éileamh faoi réir próiseas eadrána faoi láthair, a bhfuiltear ag súil go gcríochnófar é níos déanaí in 2026. Bunaithe ar an gcomhairle dlí a fuarthas, níl aon fhoráil déanta i ndáil leis an gceist seo sna ráitis airgeadais ar an mbonn go gcreideann ESB gur féidir an t-éileamh a chosaint.

Seachas a bhfuil nochta thuas, tá roinnt cásanna dlí, éileamh agus díospóidí le tríú páirtí tionscanta mar ghnáthchuid den ghnó. Cé go bhfuil gné éiginnteachta in aon dlíthíocht nó díospóid, creideann comhaltaí an Bhoird nach raibh aon dliteanais theagmhasacha ann a mbeadh éifeacht dhíobhálach go hábhartha acu ar staid airgeadais an Ghrúpa.

## 34. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

**Páirtí rialaithe deiridh**

Is cuideachta faoi úinéireacht an Stáit é an Grúpa. Tá 87.5% den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe, tá 10.2% eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh agus coinníonn an ESOP 2.3% den stoc (féach nóta 23 chun teacht ar bhreis sonraí).

**Nochtadh Páirtithe Gaolmhara**

I gcomhréir le hAlt 25 de IAS 24, tá Grúpa ESB díolmhaithe ó idirbhearta páirtithe gaolmhara a nochtadh le haonán eile ar páirtí gaolmhar é toisc go bhfuil smacht, comhrialú nó tionchar suntasach ag Rialtas na hÉireann ar an nGrúpa agus ar an eintiteas sin amháin.

**Comhlachtaí leathstáit**

I ngnáthchúrsa gnó, cheannaigh/dhíol an Grúpa earraí agus seirbhísí ó eintitis faoi rialú Rialtas na hÉireann amhail EirGrid, Líonraí Gáis Éireann, Uisce Éireann agus Coillte Teoranta.

Tá comhaontú bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus EirGrid plc faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fóntais ("CRU"), i ndáil le ról úinéir an chórais tarchurtha.

Tá comhaontuithe déanta ag ESB le EirGrid chun slándáil an tsoláthair leictreachais don ghreille náisiúnta a fheabhsú. Áirítear leis seo tionscadail ag láithreáin ghiniúna ESB, an Port Thuaidh i mBaile Átha Cliath, i nDroichead na Sionainne, Co. Uíbh Fhailí, agus i nGob na Muine, Co. an Chláir. Féach nóta 2 (viii) agus (ix) le haghaidh tuilleadh sonraí.

D'iontráil an Grúpa isteach i roinnt socruithe comhfhiontair le Bord na Móna agus Coillte Teoranta le feirmeacha gaoithe a fhorbairt agus a oibriú. Féach nóta 17 chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Leasanna chomhaltaí an Bhoird**

Seachas na leithdháiltí comhaontaithe faoi ESOP, ní raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí Boird in ESB nó ina fhochuideachtaí ag am ar bith le linn na bliana. Seachas díbhinní a tháinig chun cinn mar thoradh ar na leithdháiltí sin, ní raibh aon idirbhearta eile a bhain leis na leasanna sin.

**ESOP**

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, d'íoc ESB táillí €0.1 milliún (2024: €0.1 milliún) thar ceann ESOP. Tá sonraí maidir le stoc caipitil ESOP a rinne ESB a éadáil le fáil i nóta 35.

**Pinsin**

Tá roinnt scéimeanna pinsin á bhfeidhmiú ag an nGrúpa le haghaidh na mball foirne i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 11 agus 27.

**Gnóthais fhochuideachta**

Tugtar faoi dhíolacháin le agus ceannach ó fhochuideachtaí i ngnáthchúrsa an ghnó.

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, cheannaigh Máthairchuideachta ESB seirbhísí gáis, innealtóireachta, comhairliúcháin agus seirbhísí eile, lena n-áirítear seirbhísí cíosa ar luach €237.6 milliún (2024: €741.1 milliún) óna fhochuideachtaí.

Le linn na bliana, bhí díolacháin a rinne Máthairchuideachta ESB le fochuideachtaí cothrom le €758.9 milliún (2024: €1,222.0 milliún) le fochuideachtaí. Baineann formhór na ndíolachán seo le seirbhísí bainistíochta agus táillí leictreachais lena n-áirítear Táillí Úsáide Córais agus díolachán leictreachais agus gáis.

Le linn na bliana, thuill Máthairchuideachta ESB ús de €108.2 milliún (2024: €137.5 milliún) ó fhochuideachtaí agus thabhaigh sí ús €149.3 milliún (2024: €147.9 milliún) ar iasachtaí idirchuideachta.

Ag an 31 Nollaig 2025, bhí ollsuimeanna iníoctha €7,646.3 milliún (2024: €8,743.4 milliún) lena fhochuideachtaí ag Máthairchuideachta ESB. Baineann formhór na suimeanna iníoctha seo le méideanna ar taisce le haghaidh fochuideachtaí agus méideanna eile dlite d'fhochuideachtaí, iasachtaíocht a bhain le ESB Finance DAC agus tugtha ar iasacht do Mháthairchuideachta ESB agus méideanna dlite i ndáil le seirbhísí innealtóireachta agus comhairleoireachta.

Bhí iarmhéideanna infhaighte €3,858.0 milliún (2024: €5,006.1 milliún) ag Máthairchuideachta ESB óna fochuideachtaí (glan ar liúntais) an 31 Nollaig 2025. Baineann formhór na n-infháltas seo le seirbhísí bainistíochta agus iasachtaí chuig fochuideachtaí agus táillí leictreachais lena n-áirítear táillí Úsáide Córais. Bhí an liúntas iomlán bearnúcháin a bhain le méideanna dlite ó ghnóthais fhochuideachta an 31 Nollaig 2025 cothrom le €156.2 milliún (2024: €166.3 milliún).

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 34. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)

### Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu

| Grúpa | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Díol earraí / seirbhísí[1] | **31.2** | 33.4 |
| Ceannach earraí / seirbhísí[2] | **67.6** | 83.2 |
| | | |
| Suimeanna atá dlite amhail an 31 Nollaig[3] | **732.3** | 1,012.8 |
| Cothromas réamhíoctha le linn na bliana | **6.7** | 16.5 |

1 Sholáthair ESB seirbhísí díolacháin leictreachais, bainistíochta agus seirbhísí gairmiúla eile le linn na bliana d'institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar atá léirithe sa tábla thuas.
2 Ceannaíonn ESB cumhacht ó institiúidí infheistiúcháin áirithe ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu faoi Chomhaontuithe Ceannaigh Chumhachta.
3 Cuimsítear i méideanna atá dlite ó institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu iasachtaí scairshealbhóirí (arna léiriú gan aon bhearnúcháin a chur san áireamh), ús ar na hiasachtaí sin agus iarmhéideanna infhaighte trádála. Tar éis measúnú a dhéanamh ar iasachtaí scairshealbhóirí uile ESB a tugadh d'infheistíochtaí a ndearnadh cuntas cothromais orthu, aithníodh caillteanas creidmheasa ionchasach de €134.6 milliún i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa mar chostas airgeadais eisceachtúil (nóta 10) sa bhliain 2024. Níor aithníodh aon chaillteanas creidmheasa ionchais eile a d'eascair as an measúnú amhail an 31 Nollaig 2025.

### Téarmaí agus coinníollacha

Déantar díolacháin le agus ceannaigh ó institiúidí agus comhlaigh infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta i bhfeidhm orthu i ngnáthchúrsa an ghnó. Tá na hiarmhéideanna gan íoc atá san áireamh sna nithe infhaighte agus iníoctha amhail ar dháta an chláir chomhardaithe maidir le hidirbhearta le hinstitiúidí agus comhlaigh infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu neamhurraithe agus déantar socraíocht in airgead tirim. Níor lorgaíodh ná níor soláthraíodh aon ráthaíochtaí a bhain le hinfháltais agus suimeanna iníoctha páirtithe gaolmhara.

| Cúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta | 2025 €m | 2024 €m |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha eile | **4.2** | 3.6 |
| Sochair iarfhostaíochta | **0.4** | 0.4 |
| | **4.6** | 4.0 |

Is ionann méideanna chúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta arna nochtadh thuas agus cúiteamh a íocadh le daoine ag a bhfuil údarás agus freagracht as gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Áirítear anseo luach saothair feidhmeannach agus comhaltaí boird sinsearacha.

## 35. ESB ESOP TRUSTEE LIMITED

Is é ESB ESOP Trustee Limited ("ESOP") Iontaobhaí Iontaobhas Úinéireachta Fostaithe ESB ("ESOT"). Faoi théarmaí chruthú ESOP, níl aon chumas ná cearta ag ESB smacht a fheidhmiú ar shócmhainní ná ar bhainistíocht ESOP. Tá Iontaobhaí gairmiúil neamhspleách ina chathaoirleach ar ESOP, agus ceathrar stiúrthóirí ag déanamh ionadaíochta ar fhostaithe ESB agus beirt stiúrthóirí ag déanamh ionadaíochta ar ESB. De réir Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite IFRS 10, níl ráitis airgeadais ESOP comhdhlúite le torthaí Ghrúpa ESB, toisc nach bhfuil ESOP faoi smacht ESB.

Tá comhaontú déanta ag ESB le ESOP chun tacú le fáil stoic chaipitil i margaí inmheánacha. Le déanaí, fuair ESB cead suas le €50 milliún a ghealladh chun tacú leis an margadh inmheánach trí aonaid stoic chaipitil a cuireadh lena ndíol i gceantanna margaidh amach anseo a athcheannach agus a chealú. Chun na críche sin, cheannaigh agus chealaigh ESB 3.8 milliún aonad de stoc caipitil (2024: 3.0 milliún aonad) sa mhargadh inmheánach a tionóladh sa bhliain 2025, ar chostas €10.1 milliún (2024: €8.1 milliún). Mar thoradh air sin, bhí gluaiseacht €3.8 milliún (€3.0 milliún in 2024) i gcúlchiste fuascailte caipitil le linn na bliana.

## 36. IMEACHTAÍ IAR-CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Ar an 27 Eanáir 2026, d'eisigh NIE Finance plc banna nua ráta seasta 5.875% ar fiú £600 milliún é agus a rachaidh in aibíocht i mí Mheán Fómhair 2041.

## 37. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 27 Feabhra 2026.



## 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| **Gnóthais fhochuideachta** | | | |
| **Fochuideachta dhíreach** | | | |
| ESB Energy International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Finance DAC. | 2 | 100 | Airgeadas |
| ESB Financial Enterprises Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB International Investments Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB International Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Networks DAC. | 24 | 100 | Dáileadh cumhachta |
| ESBNI Ltd. | 4 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| | | | |
| **Fochuideachta indíreach** | | | |
| Airstream Wind Energy Ltd. | 2 | 100 | Forbairt agus tógáil feirme gaoithe |
| Airvolution Energy Ltd. (UK) (faoi Leachtú) | 25 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Allt An Tuir Renewable Energy Park Ltd.[1] | 27 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Ardderroo Windfarm Limited | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Blarghour Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 27.3 | Giniúint cumhachta |
| Brightfuture Energy One Dac | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Brightfuture Energy Two Dac | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Bullstown Solar Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Cambrian Renewable Energy Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Capital Pensions Management Ltd. | 5 | 100 | Riar na scéime pinsin |
| Cappawhite Wind Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Carrington Power Ltd. | 35 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Castlepook Power DAC. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Celtic 2 OSW Power Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Celtic OSW Power Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Chirmorie Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 32.89 | Giniúint cumhachta |
| Chleansaid Wind Farm Ltd. | 3 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Coolkeeragh ESB Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Corvoderry Wind Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Craigneil Wind Farm Ltd. | 3 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Crockagarran Windfarm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Crockahenny Wind Farm DAC. | 2 | 75 | Giniúint cumhachta |
| Curryfree Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Darlees Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Dell Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 18.7 | Giniúint cumhachta |
| Devon Wind Power Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Durris Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| ESB Asset Development (UK) Ltd. | 13 | 100 | Forbairt gnó |
| ESB Commercial Properties Ltd. | 2 | 100 | Bainistíocht agus forbairt maoine |
| ESB Energy Ltd. | 3 | 90 | Cuideachta sholáthair |
| ESB Group (UK) Ltd. | 3 | 100 | Innealtóireacht agus comhairleoireacht |
| ESB Independent Energy (NI) Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais agus gáis |
| ESB Independent Energy Ltd. | 2 | 100 | Díolacháin leictreachais agus gáis |

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

### 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| ESB Independent Generation Trading Ltd. | 2 | 100 | Trádáil leictreachais agus gáis |
| ESB Innovation ROI Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí fuinnimh agus leictreashoghluaisteachta a sholáthar |
| ESB Innovation UK Ltd. | 3 | 100 | Seirbhísí fuinnimh agus leictreashoghluaisteachta a sholáthar |
| ESB Novusmodus GP Ltd. | 2 | 100 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| ESB Power Generation Holding Company Ltd. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Retail GB Ltd. | 21 | 90 | Cuideachta sealbhaíochta |
| ESB Solar (Ireland) Ltd. | 2 | 100 | Gníomhaíochtaí sainchomhairleoireachta gnó agus bainistíochta |
| ESB Solar (IRE) Ltd. | 4 | 100 | Gníomhaíochtaí sainchomhairleoireachta gnó agus bainistíochta |
| ESB Telecoms Ltd. | 2 | 100 | Teileachumarsáid |
| ESB Trading Ltd. | 2 | 100 | Seirbhísí bainistíochta agus oibriúcháin |
| ESB Wind Development Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| ESBI Carbon Solutions Ltd. | 2 | 100 | Díomhaoin |
| ESBI Contracting Ltd. (faoi leachtú) | 43 | 100 | Díomhaoin |
| ESBI Engineering and Facility Management Ltd. | 1 | 100 | Innealtóireacht |
| ESBI Luxembourg S.A. | 14 | 100 | Infheistíocht i sócmhainní giniúna leictreachais |
| ESBII UK Ltd. | 3 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Facility Management UK Ltd. | 3 | 100 | Bainistíocht saoráidí |
| Fitzwilliam Street Lower Management CLG. | 2 | 50 | Bainistíocht Maoine |
| Foel Fach Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Carriglong Solar Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Garvagh Glebe Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Garvary Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 25.76 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Glasa Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Glendye Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 25.36 | Giniúint cumhachta |
| Gort Windfarms Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Greystone Knowe Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 13.86 | Giniúint cumhachta |
| Gwynt Glas (ESB) Holding Company Ltd. | 3 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Gwynt Glas Offshore Wind Farm Ltd.[1] | 37 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Harmony Solar Clare Ltd.[1] | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Cork Ltd.[1] | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Dennistown Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Galway Ltd.[1] | 19 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar East Limerick Ltd | 19 | 30 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kerry Ltd.[1] | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kildallan Ltd.[1] | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kildare Ltd. | 19 | 70 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kilkenny Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Kilmorna Ltd.[1] | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Knockanoura Ltd. | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Limerick Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Longford Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Louth Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Mayglass Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Meath Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Mullingar Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |

### 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| Harmony Solar Milltown Ltd. | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Offaly Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Ralphtown Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Rathkeale Ltd.[1] | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Harmony Solar Smithstown Ltd. | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Helvick Head Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Hibernian Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Hunter's Hill Wind Farm Ltd. | 4 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Inveroykel Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Kerry Wind Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Kintyre Renewable Energy Park Ltd.[1] | 27 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Kirkan Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 16.44 | Giniúint cumhachta |
| Knottingley Power Ltd. | 3 | 100 | Díomhaoin |
| Lettermuckoo Windfarm Holdings Limited | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Lettermuckoo Energy Supply Limited | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Loch Garman Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Malin Sea Wind Ltd. | 3 | 100 | Díomhaoin |
| Merrion Park Owners Management Company CLG. | 2 | 52 | Bainistíocht Maoine |
| Millmore Rig Wind Farm Ltd. | 3 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Moneypoint Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Moneypoint 2 Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Mount Eagle WindFarm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Mountainlodge Power DAC. | 2 | 85.9 | Giniúint cumhachta |
| NIE Finance PLC. | 5 | 100 | Airgeadas |
| NIE Ltd. | 5 | 100 | Díomhaoin |
| NIE Networks Services Ltd. | 5 | 100 | Neamhthrádáil |
| Northern Ireland Electricity Ltd. | 5 | 100 | Díomhaoin |
| Northern Ireland Electricity Networks Ltd. | 5 | 100 | Tarchur agus dáileachán cumhachta |
| Onshore Wind Development Holdco (UK) Ltd. | 3 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Orliven Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Pallas Windfarm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Pallas Energy Supply Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Planet 9 Energy Ltd. | 3 | 100 | Trádáil leictreachais |
| Pollie Hill Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 8 | Giniúint cumhachta |
| REG Greenburn Ltd.[1] | 26 | 10 | Giniúint cumhachta |
| REG Knockodhar Ltd.[1] | 27 | 10 | Giniúint cumhachta |
| Rockgrid Limited | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Seastacks Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 100 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Shanoagh PV Ltd. | 19 | 60 | Forbairt gnó |
| Shantallow Solar Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Shetland Offshore Wind Ltd. | 3 | 100 | Díomhaoin |
| So Energy Limited | 21 | 90 | Cuideachta sholáthair |
| So Energy Trading Ltd. | 21 | 90 | Cuideachta sholáthair |
| Synergen Power Ltd. | 7 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Tullamore Solar Farm Ltd. | 2 | 100 | Forbairt gnó |

## Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

### 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| Tullynahaw Power Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Trifolium South Operations Designated Activity Company | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Trifolium Energy Holdings South Designated Activity Company | 2 | 100 | Forbairt gnó |
| Vale of Leven Windfarm Ltd.[1] | 6 | 8.2 | Giniúint cumhachta |
| Waterfern Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Durham Wind Farm Ltd. | 3 | 100 | Giniúint cumhachta |
| West Torrisdale Wind Farm Ltd. | 3 | 100 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Woodhouse WindFarm Ltd. | 2 | 100 | Giniúint cumhachta |
| Y Bryn Wind Farm Ltd.[1] | 6 | 18.86 | Giniúint cumhachta |

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| **Institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu** | | | |
| Aldeburgh Offshore Wind Holdings Ltd. | 15 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Aldeburgh Offshore Wind Investments Ltd. | 15 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Ballinagree Wind DAC. | 23 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Cahermurphy Renewables DAC. | 23 | 27.5 | Giniúint cumhachta |
| Celtic 1 OSW Power DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Celtic 2 OSW Power DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Clogherhead Offshore Wind DAC. | 2 | 75 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Clogherhead Offshore Wind Holdings DAC. | 2 | 75 | Cuideachta Sealbhaíochta |
| Cummeennabuddoge Wind DAC. | 23 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Five Estuaries Offshore Wind Farm Ltd. | 16 | 20.83 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Knockshanvo DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Carker DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Ballynahone DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Barracree DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Carrownagowan DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FEI Drum Holdings DAC | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Corbally DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Corravaddy DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Croagh DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Croaghaun DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Crowagh DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Cullenagh DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Glenard DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Gortnahurra DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Ireland Development DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Ireland Development Holdings DAC. | 23 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| FuturEnergy Kealafreaghane DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Lissinagroagh DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Mongorry DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy North Mayo DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |

### 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| FuturEnergy Scart Mountain DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Brackley DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Slieveragh DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| FuturEnergy Tullintowell DAC. | 23 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Galloper Wind Farm Holding Company Ltd. | 16 | 12.5 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Galloper Wind Farm Ltd. | 16 | 12.5 | Giniúint cumhachta |
| Gortyrahilly Wind DAC. | 23 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Havbredey Ltd. | 31 | 24.5 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Helvick Head Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Highland Wind Farm Ltd. | 34 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Inch Cape Offshore Holdings Ltd. | 42 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Inch Cape Offshore Holdings 2 Ltd. | 35 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Inch Cape Offshore Ltd. | 20 | 50 | Forbairt Gnó |
| Inchamore Wind DAC. | 23 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Kestrel Energy Storage DAC. | 10 | 33.3 | Trádáil gáis tríd an bpríomhlíonra |
| Lenalea Wind Farm DAC. | 36 | 25 | Giniúint cumhachta |
| Lewis Wind Power Holdings Ltd. | 33 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Loch Garman Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Moneypoint 1 Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Moneypoint 2 Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Neart Na Gaoithe Offshore Wind Ltd. | 18 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| NNG Windfarm Holdings Ltd. | 18 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Oweninny Power 2 DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Oweninny Power 2 Holdings DAC. | 2 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Oweninny Power DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Oweninny Power Holdings DAC. | 2 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Raheenleagh Power DAC. | 2 | 50 | Giniúint cumhachta |
| Retrofit Superhomes Ltd. | 22 | 50 | Iarfheistiú tithe |
| Saoirse Wave Energy Ltd. | 2 | 100 | Tionscadail fuinneamh tonnta a fhorbairt |
| Seastacks Offshore Wind DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| SIRO DAC. | 28 | 50 | Cábla snáthoptaice go foirgneamh |
| SIRO JV Holdco Ltd. | 28 | 50 | Cuideachta Sealbhaíochta |
| Spiorad na Mara Ltd. | 31 | 24.5 | Forbairt feirmeacha gaoithe |
| Springfield Renewables Ltd. | 23 | 32.5 | Giniúint cumhachta |
| Stornoway Wind Farm Ltd. | 33 | 50 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Sundew Solar DAC. | 2 | 50 | Forbairt feirmeacha gréine |
| Superhomes Ireland DAC. | 22 | 50 | Iarfheistiú tithe |
| Western Isles Offshore Wind N2 Ltd. | 30 | 24.5 | Cuideachta sealbhaíochta |
| Western Isles Offshore Wind N4 Ltd. | 30 | 24.5 | Cuideachta sealbhaíochta |

# Nótaí don Ráiteas Airgeadais (ar lean)

## 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

| Ainm na cuideachta | Oifig chláraithe | Sciar an Ghrúpa (%) | Cineál gnó |
|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Aviation Investment Fund Company Ltd | 38 | 0 | Gníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla |
| Dublin Offshore Technology Ltd. | 29 | 24.4 | Gníomhaíochtaí innealtóireachta agus sainchomhairleoireacht ghaolmhar theicniúil |
| Heliex Power Ltd. | 11 | 0.6 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| Oriel WindFarm Ltd. | 17 | 5 | Giniúint cumhachta |
| Pesaka Technologies.[1] | 9 | 30 | Giniúint cumhachta |
| Cumhacht go Hidrigin, LLC | 32 | 1 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| VantagePoint Cleantech Partners II, L.P. | 12 | 4.5 | Infheistíocht i dteicneolaíocht ghlan |
| Kerry Airport Plc | 39 | < 2.0 | Aerfort |
| Waterford Regional Airport Plc | 40 | < 3.0 | Aerfort |
| Aevin Plc | 41 | < 3.0 | Saoráid fóilíochta |
| | | | |
| **Eile - faoi lánúinéireacht, neamhrialaithe** | | | |
| ESB ESOP Trustee Ltd. | 8 | 100 | Scéim scairsheilbhe foirne |

1 Tá cinneadh déanta ag an nGrúpa gur fochuideachtaí iad eintitis a bhfuil sciar Grúpa níos lú ná 50% acu agus gur comhfhiontair ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu iad eintitis a bhfuil sciar Grúpa níos lú ná 20% acu, ar an mbonn go bhfuil an cumas ag an ngrúpa gníomhaíochtaí ábhartha na n-eintiteas a rialú nó a threorú (nó a chomhrialú agus a chomhthreorú i gcás comhfhiontair) i ngeall ar shocruithe sonracha conarthacha, maoinithe agus boird atá i bhfeidhm leis na heintitis sin. Ar an gcuma chéanna, tá aonáin ann a bhfuil sciar 20% níos mó ag an nGrúpa díobh agus nach n-imríonn an Grúpa aon tionchar suntasach mar gheall ar shocruithe conarthacha agus ní chuirtear a ngnáthscaireanna i gcuntas do na hinfheistíochtaí seo dá réir.

Comhlacht reachtúil é Bord Soláthair an Leictreachais atá suite in Éirinn i dtaobh cánach de agus is é a phríomháit ghnó 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KT92. Tá a cuid fochuideachtaí, institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu agus gnóthais chomhlachaithe go léir ina gcónaí ó thaobh cánach sa dlínse cánach ina bhfuil a n-oifig chláraithe faoi seach lonnaithe. Seo thíos láthair na n-oifigí cláraithe.

## 38. GNÓTHAIS FHOCHUIDEACHTAÍ, INSTITIÚIDÍ INFHEISTIÚCHÁIN AR CUIREADH MODH CUNTASAÍOCHTA AN CHOTHROMAIS I BHFEIDHM ORTHU AGUS CHOMHLACHAIS (ar lean)

**Nótaí:**

| | |
|---|---|
| 1 | ESB International, One, Aerfort Bhaile Átha Cliath Láir, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Clochrán, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 XF72, Poblacht na hÉireann |
| 2 | 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 KT92, Poblacht na hÉireann |
| 3 | Eastcastle House, 27/28 Eastcastle Street, Londain, Sasana, W1W 8DH |
| 4 | 2 Electra Road, Maydown, Doire, BT47 6UL, Tuaisceart Éireann |
| 5 | 120 Malone Road, Béal Feirste, BT9 5HT, Tuaisceart Éireann |
| 6 | 22-24 King Street, Maidenhead, SL6IEF, United Kingdom |
| 7 | ESB Chuan Bhaile Átha Cliath, Bóthar Theach Pigeon, An Rinn, Baile Átha Cliath 4, D04 Y5N2, Poblacht na hÉireann |
| 8 | 56 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 P406, Poblacht na hÉireann |
| 9 | Leibhéal U1, Menara Yayasan Tun Razak, 200, Jalan Bukit Bintang, 55100 Kuala Lumpur, W. P. Kuala Lumpur. |
| 10 | 1 Plás an Stócaigh, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath, D02 DE03 |
| 11 | Kelvin Building Bramah Avenue, East Kilbride, Glaschú, G75 0RD, Albain, an Ríocht Aontaithe |
| 12 | C/O Codan Trust Company (Cayman) Limited, Cricket Square, Hutchins Drive, Bosca Poist 2681, Grand Cayman, KY1-1111, Oileáin Cayman |
| 13 | Fora, 16-19 Eastcastle, Londain W1W 8DY, UK |
| 14 | 28, Boulevard F.W. Raiffeisen, L- 2411, Lucsamburg, Ard-Diúcacht Lucsamburg |
| 15 | C/O Alter Domus (Uk) Limited, 10ú hUrlár 30 St. Mary Axe, Londain EC3A 8BF, Sasana |
| 16 | Windmill Hill Business Park, Whitehall Way, Swindon SN5 6PB, an Ríocht Aontaithe |
| 17 | 302-303 Diméin Bhaile Anraí, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Baile Átha Cliath, Contae Bhaile Átha Cliath, Poblacht na hÉireann |
| 18 | Atria One, 144 Morrison Street, Dún Éideann, Albain, an Ríocht Aontaithe, EH3 8EX |
| 19 | Teach Bhaile Seiscinn, Baile Seiscinn, an Chill Mhór, Contae Loch Garman, Poblacht na hÉireann |
| 20 | Urlár na Talún, New Clarendon 114-116 Sráid George Dún Éideann EH2 4LH |
| 21 | Studio 2 Power Road Studios, 114 Power Road, Chiswick, Londain, Sasana, W4 5PY |
| 22 | Ionad Fiontair Chomhlachas Dhurlais, Campas TÚS Dhurlais, Bóthar an Aonaigh, Durlas, Tiobraid Árann, Poblacht na hÉireann |
| 23 | C/O Futurenergy, 27/28 Plás Hoirbeaird, Baile Átha Cliath 2, Éire |
| 24 | Three Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03R583, Poblacht na hÉireann |
| 25 | C/O Interpath Limited, 10 Fleet Place, Londain, EC4M 7RB |
| 26 | C/O Gillespie Macandrew LLP, 5 Atholl Crescent, Dún Éideann, Albain, EH3 8EJ |
| 27 | C/O Womble Bond Dickinson (UK) Llp, 2 Semple Street, Dún Éideann, Albain, EH3 8BL |
| 28 | Foirgneamh Hoirbeaird, an Pháirc, Carraig Mhaighin, Contae Bhaile Átha Cliath, D18 K8Y4, Poblacht na hÉireann |
| 29 | 57 Cearnóg Mhic Liam Thuaidh, Baile Átha Cliath 2, D02CP02, Poblacht na hÉireann |
| 30 | 21 Holborn Viaduct, Londain, an Ríocht Aontaithe, EC1A 2DY |
| 31 | Foirgneamh Regus 1ú Urlár, 93 Sráid George Dún Éideann EH2 3ES |
| 32 | 6625 Singletree Dr, Columbus, Ohio, 43229, Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| 33 | C/O Edf Renewables, Atria One, 144 Morrison Street, Dún Éideann, Albain, EH3 8EX |
| 34 | 14b, Tower 42, 25 Old Broad Street, Londain, Sasana, EC2N 1HN |
| 35 | 132 Bóthar Mhanchain, Carrington, Manchain, Sasana, M31 4AY |
| 36 | Red Oak South, Páirc Gnó Dheisceart an Chontae, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 |
| 37 | Alexander House, 1 Mandarin Road, Rainton Bridge Business Park, Houghton Le Spring, Sunderland, Sasana, DH4 5RA |
| 38 | The Conduit, 6 Sráid Langley, Londain, Sasana, WC2H 9JA |
| 39 | Aerfort Chiarraí, An Fearann Fuar, Contae Chiarraí |
| 40 | Teach Ballycar, An Baile Nua, Port Láirge, Contae Phort Láirge |
| 41 | The Aquadome, Trá Lí, Contae Chiarraí |
| 42 | Urlár na Talún, New Clarendon 114-116 Sráid George Dún Éideann EH2 4LH |
| 43 | Azets Éireann, an 3ú hUrlár, 40 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath |

# Faisnéis Bhreise


| | |
|---|---|
| An tAcht um Íoc Pras | 247 |
| Bearta Feidhmíochta Malartacha | 248 |
| Gluais | 253 |




# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2012 (A.I. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016)

**Réamhrá**
Le linn na bliana 2025, bhí téarmaí íocaíochta á rialú ag:

- An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (Leasú), 2016 (I.R. Uimh. 281 de 2016) chun dul i ngleic le híocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Baineann na rialacháin seo le conarthaí a bhaineann le hearraí agus seirbhísí curtha ar fáil do ESB
- An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Baineann an tAcht seo le conarthaí foirgníochta a bhfuil luach níos mó ná €10,000 luaite leo

**Ráiteas maidir le Cleachtais Íocaíochta**
Tá ESB tiomanta do gach sonrasc soláthraí gan cheistiú a íoc laistigh de na téarmaí íocaíochta comhaontaithe.

**Nósanna Imeachta agus Rialuithe atá i bhfeidhm**
Tá rialuithe inmheánacha oiriúnacha curtha chun feidhme lena n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

**Cód Iompair Íocaíochtaí Prasa**
Sa bhliain 2015, bhunaigh an Rialtas Cód Iompair Íocaíochtaí Prasa, atá le fáil ag www. irishstatutebook.ie/eli/1997/act/31. Tá an Cód seo sínithe ag ESB agus geallann sé soláthraithe a íoc in am; treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus soláthraithe a spreagadh chun glacadh leis an gCód laistigh dá slabhraí soláthair féin.

**An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013**
Tháinig an tAcht seo i bhfeidhm an 25 Iúil 2016. Tá athbhreithniú déanta ag ESB ar a fhreagrachtaí faoin Acht seo agus tá na freagrachtaí sin curtha in iúl do na baill foirne ábhartha.

**Sonraí maidir le hús ar íoc deireanach i ndáil le 2025**
Nuair a bhailíochtaíonn ESB iarratas ar íocaíocht dhéanach ó sholáthraí, is é beartas ESB an t-ús atá dlite ar a leithéid d'íocaíochtaí déanacha a íoc agus íocadh €3,368 i ndáil le híocaíochtaí déanacha le linn na bliana 2025 (2024: €4,986).



**Terence O'Rourke**
Cathaoirleach



**Paddy Hayes**
Príomhfheidhmeannach

27 Feabhra 2026

# Bearta Feidhmíochta Malartacha

Tuairiscíonn an Grúpa bearta feidhmíochta malartacha áirithe (APManna) a úsáideann an fhoireann bhainistíochta agus infheisteoirí in éineacht le Bearta na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) chun feidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa a mheasúnú. Seo a leanas na príomh-APManna atá in úsáid ag an nGrúpa:

| APM | Catagóir an bhirt | Coibhéis is gaire Beart IFRS | Sainmhíniú |
|---|---|---|---|
| (a) **Tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (TRÚCDA)** | Beart brabúis | Brabús oibriúcháin | Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh agus ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair. |
| (a) **TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe** | Beart brabúis | Brabús oibriúcháin | Brabús oibriúcháin roimh ús, cánachas, dímheas, bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais), amúchadh, ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair agus míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim. |
| (a) **Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais eile** | Beart brabúis | Brabús oibriúcháin | Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe arna nochtadh ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim. |
| (b) **Glanfhiachas** | Beart airgid thirim agus fiachais | Iasachtaíocht agus fiachas agus dliteanais léasa eile lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha[1] | Iomlán na hiasachtaíochta agus fiachais eile móide dliteanais léasa lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (aon airgead tirim srianta as an áireamh) agus taiscí gearrthéarmacha (taiscí airgid thirim ag a bhfuil aibíocht níos faide ná 90 lá ach níos giorra ná bliain)[1]. |
| (c) **Caiteachas caipitil** | Beartas caiteachais caipitil[2] | Breiseanna caipitil a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní airgeadais agus institiúidí infheis-tiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothro-mais i bhfeidhm orthu | Breiseanna a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (comhiomlán na ranníocaíochtaí custaiméara do cheangail leis an líonra agus gan liúntais astaíochtaí a áireamh), sócmhainní airgeadais móide breiseanna caipitil a bhaineann le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. |
| (c) **Infheistíocht Chaipitil[2]** | Beartas caiteachais caipitil[2] | Breiseanna caipitil a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní airgeadais agus institiúidí infheis-tiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an cho-thromais i bhfeidhm orthu (iasachtaí scairshealbhóra san áireamh) | Breiseanna a bhaineann le maoin, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe (comhiomlán na ranníocaíochtaí custaiméara do cheangail leis an líonra agus gan liúntais astaíochtaí a áireamh), sócmhainní airgeadais móide breiseanna caipitil a bhaineann le caipiteal agus iasachtaí scairshealbhóra a réamhíocadh le hinstitiúidí hinfheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu. |
| (d) **Toradh ar chéatadán an Chaipitil in Úsáid (ROCE)** | Beart éi-feachtúlach-ta caipitil | N/B | Brabús oibriúcháin coigeartaithe tar éis cánach roinnte ar an meánchaipiteal fostaithe le linn na bliana. Tabhair faoi deara, don 2025, nach n-áirítear sa chaipiteal in úsáid amháin €1.5 billiún breise de chothromas a fuarthas ó Rialtas na hÉireann i mí na Nollag 2025, cothromas nach raibh ar fáil lena imscaradh go dtí gur cuireadh tús le clár PR6 ón 1 Eanáir 2026. |
| (e) **Leachtacht** | Beart airgid thirim agus fiachais | N/B | Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim iomlána (aon airgead tirim srianta as an áireamh), taiscí gearrthéarmacha[1] agus méideanna nár tarraingíodh anuas faoi shaoráidí creidmheasa imrothlacha nó saoráidí eile atá ar fáil. |
| (f) **Céatadán glanfhiachais comhdhlúite** | Beart airgid thirim agus fiachais | N/B | Glanfhiachas roinnte ar shuim na nglansócmhainní agus fiachas comhlán. |
| (g) **Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim agus taiscí gearrthéarmacha[3]** | Beart an bhoinn sócmhainní | Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha[1] | Iomlán na sócmhainní neamhreatha agus na sócmhainní reatha gan airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha san áireamh[1]. |

Is féidir na bearta agus a gcuspóir a rangú mar seo a leanas:

| Beart | Cuspóir |
|---|---|
| Beart brabúis | Tugann sé deis don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí an brabús bunúsach don bhliain a thuiscint. Cuirtear míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe as an áireamh in dhá cheann den trí bheart brabúis mhalartacha de bhrí go bhfuil na bearta seo neamhghnách agus nach fianaise ar fheidhmíocht bhunúsach iad. Chomh maith leis sin, cuirtear bearnúcháin as an áireamh ó bheart TRÚCDA de bhrí nach gá go mbeadh léargas á thabhairt iontu ar fheidhmíocht oibriúcháin le linn na bliana. |
| Beart airgid thirim agus fiachais | Ceadaíonn sé don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí fiacha, maoiniú agus seasamh leachtachta an Ghrúpa a thuiscint. |
| Beartas caiteachais caipitil[2] | Ceadaíonn sé don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí dul chun cinn a bhaineann leis an gclár infheistíochta caipitil suntasach a thuiscint arb ionann é agus príomhghné d'uaillmhian straitéiseach an Ghrúpa. |
| Beart éifeachtúlachta caipitil | Ceadaíonn sé don fhoireann bainistíochta agus do léitheoirí cinneadh a dhéanamh maidir le conas ar éirí leis an nGrúpa chomh fada is a bhaineann le brabúis a ghiniúint ón gcaipiteal a d'úsáid sé. |
| Beart an bhoinn sócmhainní | Is beart a bhaineann le méid an Ghrúpa é an bonn sócmhainní. Is grúpa mór de ghnóthaí éagsúla agus difriúla é ESB. Ceadaíonn an anailís rannóige ar bhoinn sócmhainní an Ghrúpa don fhoireann bainistíochta agus do na léitheoirí teacht ar thuiscint ar an méid atá i gceist le bonn sócmhainní an Ghrúpa agus ar an gcéatadán a bhaineann le gníomhaíochtaí líonra rialaithe. |

## Réiteach/Ríomh na mBeart Feidhmíochta Malartach

### (a) TRÚCDA, TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe agus Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe – Nollaig 2025

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Réitigh do Chustaiméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin/(caillteanas) roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais eile | Nóta 3(a)(iii) | 127.9 | 375.7 | 338.5 | 99.3 | (27.2) | **914.2** |
| Míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe | Nóta 7 | - | - | (19.4) | - | - | **(19.4)** |
| **Brabús/ (caillteanas) oibriúcháin** | Nóta 3(a)(iii) | **127.9** | **375.7** | **319.1** | **99.3** | **(27.2)** | **894.8** |
| Bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais agus gnóthachain bhearnúcháin) | Nóta 9 | 1.0 | - | 4.1 | - | 22.2 | **27.3** |
| Dímheas agus amúchadh | Nóta 3(a)(ii) | 38.8 | 608.1 | 198.8 | 187.9 | 35.7 | **1,069.3** |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | Nóta 4 | - | (77.9) | - | (9.2) | - | **(87.1)** |
| **TRÚCDA** | | **167.7** | **905.9** | **522.0** | **278.0** | **30.7** | **1,904.3** |
| Míreanna eisceachtúla (neamh-bhearnúchán) agus ais-thomhais áirithe | Nóta 7 | - | - | 19.4 | - | - | **19.4** |
| **TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe** | | **167.7** | **905.9** | **541.4** | **278.0** | **30.7** | **1,923.7** |

1 Arna nuashonrú chun taiscí gearrthéarmacha (i.e. taiscí airgid thirim ag a bhfuil aibíocht níos faide ná 90 lá ach níos giorra ná bliain) nuair a bhí an APM á ríomh chun go dtiocfadh sé leis an modheolaíocht ar ghlac gníomhaireachtaí rátála creidmheasa léi.

2 Cuireadh infheistíocht chaipitil leis mar APM i dTuarascáil Airgeadais Eatramhach 2025 chun cabhrú leis an mbainistíocht agus léitheoirí san anailís a bhí ar bun acu ar chlár infheistíochta caipitil an Ghrúpa. Athainmníodh/leathnaíodh catagóir an bhirt chun an APM breise seo a chur san áireamh.

3 Nuashonraíodh ainmniú an APM lena shoiléiriú go n-áirítear taiscí gearrthéarmacha (i.e. taiscí airgid thirim ag a bhfuil aibíocht níos faide ná 90 lá ach níos giorra ná bliain) nuair a bhí an APM á ríomh.

# Bearta Feidhmíochta Malartacha (ar lean)

**TRÚCDA, TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe agus Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe – Nollaig 2024**

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Réitigh do Chustaiméirí €m | ESB Networks €m | Giniúint agus Trádáil €m | NIE Networks €m | Codanna Eile €m | Iomlán €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin/(caillteanas) roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais eile | Nóta 3(a)(iii) | 113.3 | 366.7 | 310.6 | 188.5 | (4.1) | 975.0 |
| Míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe | Nótaí 6 agus 7 | - | - | 115.5 | - | - | 115.5 |
| **Brabús/ (caillteanas) oibriúcháin** | Nóta 3(a)(iii) | 113.3 | 366.7 | 426.1 | 188.5 | (4.1) | 1,090.5 |
| Bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais agus gnóthachain bhearnúcháin) | Nótaí 3(a)(ii) agus 9 | 0.3 | - | 6.0 | - | 0.7 | 7.0 |
| Dímheas agus amúchadh | Nóta 3(a)(ii) | 27.2 | 575.5 | 166.6 | 202.4 | 32.9 | 1,004.6 |
| Ioncam ó ranníocaíochtaí soláthair | Nóta 4 | - | (68.4) | - | (26.2) | - | (94.6) |
| **TRÚCDA** | | 140.8 | 873.8 | 598.7 | 364.7 | 29.5 | 2,007.5 |
| Míreanna eisceachtúla (neamh-bhearnúchán) agus ais-thomhais áirithe | Nótaí 6 agus 7 | - | - | (115.5) | - | - | (115.5) |
| **TRÚCDA roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe** | | **140.8** | **873.8** | **483.2** | **364.7** | **29.5** | **1,892.0** |

## (b) Glanfhiachas

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2025 €m | Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | Nóta 25 | **7,424.8** | 7,485.1 |
| Dliteanais léasa | Nóta 15(a) | **147.3** | 117.0 |
| **Ollfhiachas** | | **7,572.1** | 7,602.1 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (níl airgead tirim srianta san áireamh) | Nóta 22 | **(707.0)** | (858.3) |
| Éarlaisí gearrthéarmacha[1] | Nóta 21 | **(1,100.0)** | - |
| **Glanfhiachas** | | **5,765.1** | **6,743.8** |

## (c) Caiteachas caipitiúil agus Infheistíocht chaipitil

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2025 €m | Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Infheistíochtaí i maoin, gléasra agus trealamh | Nóta 13 | **2,319.2** | 1,639.9 |
| Infheistíochtaí i sócmhainní doláimhsithe (seachas liúntais astaíochtaí) | Nóta 14 | **204.5** | 187.2 |
| Infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | Nóta 17(a) | **6.7** | 16.5 |
| **Caiteachas caipitil** | | **2,530.4** | **1,843.6** |
| Méideanna a réamhíocadh le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu mar iasachtaí scairshealbhóra | Ráiteas Sreabhaidh Airgid | **148.9** | 355.6 |
| **Infheistíocht Chaipitil[2]*** | | **2,679.3** | **2,199.2** |

* Tá eolas le fáil i Nóta 3(b) faoi bhreisiúcháin a bhaineann le sócmhainní neamhreatha.

## (d) Toradh ar chéatadán an Chaipitil in Úsáid (ROCE)

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2025 €m | Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla agus ais-thomhais eile | Ráiteas Ioncaim | **914.2** | 975.0 |
| Míreanna eisceachtúla agus ais-thomhais áirithe | Nótaí 6 agus 7 | **(19.4)** | 115.5 |
| Bearnúcháin (lena n-áirítear glanchaillteanais bhearnúcháin neamhthrádála ar shócmhainní airgeadais agus gnóthachain bhearnúcháin) | Nótaí 3(a)(ii) agus 9 | **27.3** | 7.0 |
| Athaistriú airgeadra eachtraigh (gnóthachan)/caillteanas | Nóta 9 | **16.9** | (27.5) |
| Sciar de bhrabús/(caillteanas) institiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu | Nóta 17(a) | **7.3** | (5.3) |
| Brabús ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe, infheistíochtaí agus fochuideachtaí | Nóta 8 | **(28.1)** | (65.0) |
| Caillteanas bearnúcháin aitheanta i ndáil le hinfháltais trádála | Nóta 21 | **58.6** | 72.2 |
| Costais phinsin (costas ciorrúcháin agus costais riaracháin) | Nóta 27 | **2.4** | 1.8 |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | | **979.2** | 1,073.7 |
| Cánachas | Nóta 24(a) | **(113.8)** | (163.2) |
| Cánachas ar mhíreanna eisceachtúla agus ath-thomhais/coigeartuithe áirithe* | | **(30.3)** | (26.6) |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe i ndiaidh cánach (A)** | | **835.1** | 883.9 |
| Cothromas | An Clár Comhardaithe | **7,689.8** | 5,923.2 |
| Coigeartaigh le haghaidh cothromais a fuarthas i mí na Nollag 2025** | Nótaí 21 agus 22 | **(1,500.0)** | - |
| Iasachtaíocht agus fiachas eile | Nóta 25 | **7,424.8** | 7,485.1 |
| Dliteanais léasa | Nóta 15(a) | **147.3** | 117.0 |
| Glandliteanas chánach iarchurtha | Nóta 24(b) | **650.7** | 630.8 |
| Liúntas do chaillteanas creidmheasa ionchais i ndáil le hinfháltais trádála | Nóta 21 | **237.8** | 200.8 |
| Sócmhainn chánach reatha | An Clár Comhardaithe | **44.6** | 51.6 |
| **Caipiteal úsáidte** | | **14,695.0** | 14,408.5 |
| **Meánchaipiteal úsáidte (B)***** | | **14,551.8** | 14,156.2 |
| **Céatadán ROCE (A/B)** | | **5.7%** | **6.2%** |

* Úsáid á baint as ráta cánach éifeachtach de 15.3% (2024: 18.7%).

** Tá ROCE do 2025 coigeartaithe de réir uainiú fála €1.5 billiún i gcothromas ó Rialtas na hÉireann, toisc gur fuarthas é seo ag deireadh mhí na Nollag 2025, agus nach raibh sé ar fáil lena imscaradh le linn 2025.

*** Meánchaipiteal úsáidte le linn na bliana reatha agus le linn na bliana roimhe seo.

## Bearta Feidhmíochta Malartacha (ar lean)

### (e) Leachtacht

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2025 €m | Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (níl airgead tirim srianta san áireamh) | Nóta 22 | **707.0** | 858.3 |
| Éarlaisí gearrthéarmacha[1] | Nóta 21 | **1,100.0** | - |
| Saoráidí creidmheasa imrothlacha neamhtharraingthe anuas agus saoráidí tiomanta eile* | Nóta 25 (3) | **2,700.0** | 1,618.0 |
| **Leachtacht** | | **4,507.0** | **2,476.3** |

* *Áirítear RCF agus Saoráid EIB 2023 (ar fáil le tarraingt anuas an 31 Nollaig).

### (f) Céatadán glanfhiachais comhdhlúite

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2025 €m | Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|---|
| **Glanfhiachas** | APM Taifeadta (b) | **5,765.1** | 6,743.8 |
| Glansócmhainní | An Clár Comhardaithe | **7,689.8** | 5,923.2 |
| Ollfhiachas | APM Taifeadta (b) | **7,572.1** | 7,602.1 |
| **Glansócmhainní agus glanfhiachas** | | **15,261.9** | 13,525.3 |
| **Céatadán glanfhiachais comhdhlúite** | | **37.8%** | **49.9%** |

### (g) Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim agus taiscí gearrthéarmacha[3]

| | Tagairt sna Ráitis Airgeadais | Nollaig 2025 €m | Nollaig 2024 €m |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní iomlána | An Clár Comhardaithe | **20,659.2** | 19,253.9 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | An Clár Comhardaithe | **(707.0)** | (1,064.9) |
| Éarlaisí gearrthéarmacha[1] | Nóta 21 | **(1,100.0)** | - |
| **Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim agus taiscí gearrthéarmacha** | | **18,852.2** | **18,189.0** |
| **Bunaithe ar an Rannóg** | | **€m** | **€m** |
| Réitigh do Chustaiméirí | | **839.5** | 1,019.2 |
| ESB Networks | | **10,205.7** | 9,349.8 |
| Giniúint agus Trádáil | | **4,377.3** | 4,318.3 |
| NIE Networks | | **3,107.5** | 3,069.6 |
| Codanna Eile* | | **322.2** | 432.1 |
| **Sócmhainní iomlána lúide airgead tirim agus taiscí gearrthéarmacha** | | **18,852.2** | **18,189.0** |

* Cuirtear deireadh le gach méid a bhaineann le hidir-rannóga nuair a dhéantar comhdhlúthú agus tá na míreanna sin curtha san áireamh sa líne dar teideal Rannóga Eile thuas.



# Gluais

Cuireann ESB sainmhínithe i bhfeidhm go hinmheánach agus féadfaidh siad a bheith difriúil ó shainmhínithe eile san fhearann poiblí.

**1. Pobail ar Imríodh Tionchar Orthu**
Daoine nó grúpaí atá ina gcónaí nó a oibríonn sa cheantar céanna a raibh tionchar ag oibríochtaí tuairiscithe air nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu air trína slabhra luacha. D'fhéadfadh na pobail a mbaineann sé leo a bheith ina gcónaí in aice le hoibríochtaí an togra (pobail áitiúla) nó d'fhéadfaidís a bheith ina gcónaí i bhfad amach uathu. Áirítear na fíordhaoine dúchasacha agus na daoine dúchasacha féideartha i measc na bpobal ar imríodh tionchar orthu.

**2. IS (Intleacht Shaorga)**
Is brainse ríomheolaíochta é IS ina bhforbraítear córais a mbíonn sé de chumas iontu faisnéis daonna a ionsamhlú chun tascanna a dhéanamh amhail foghlaim, réasúnaíocht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht trí theicnící meaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm le bailiúcháin mhóra sonraí.

**3. Margadh Cothromaíochta/Sásra Cothromaíochta (BM)**
Ligeann sé d'Oibritheoir an Chórais Tarchurtha cothromaíocht a chinntiú idir soláthar agus éileamh leictreachais ar bhonn fíor-ama beagnach.

**4. CDP**
Is carthanacht sheachbhrabúsach é CDP a ritheann an córas faisnéisithe domhanda d'infheisteoirí, cuideachtaí agus eile chun a dtionchair timpeallachta a bhainistiú.

**5. CRU (An Coimisiún um Rialáil Fóntais)**
An rialtóir neamhspleách uisce agus fuinnimh i bPoblacht na hÉireann.

**6. CSRD (An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach)**
Treoir de chuid an Aontais Eorpaigh ina leagtar amach na rialacha a bhaineann le faisnéis shóisialta agus chomhshaoil a dtuairiscíonn cuideachtaí uirthi.

**7. DAM (An Margadh Lá Roimh Ré)**
Ceadaíonn an DAM do rannpháirtithe margaidh leictreachas mórdhíola a cheannach nó a dhíol lá amháin roimh an lá oibriúcháin. Is é seo an margadh is mó in SEM le haghaidh cumhacht trádála agus an chomhpháirt is mó de phraghas leictreachais mhórdhíola.

**8. DSO (Oibritheoir Córais Dáilte)**
Is DSO ceadúnaithe é DAC ESB Networks, atá ina fhochuideachta imfhálaithe laistigh den Ghrúpa ESB, agus is oibritheoir línte an líonra é a thugann leictreachas do thithe agus gnólachtaí ar leith (dáileadh).

**9. EirGrid**
An tOibritheoir Córais Tarchurtha leictreachais (TSO) d'Éirinn.

**10. ESG (Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais)**
An tionchar atá ag cuideachta ar a fostaithe, custaiméirí agus ar na pobail ina bhfuil sí ag feidhmiú. Tagraíonn Tuairisciú ESG don fhaisnéis nó do na sonraí curtha ar fáil a bhaineann le feidhmíocht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais eagraíochta.

**11. Tacsanomaíocht an AE**
Córas aicmithe, ina mbunaítear liosta de ghníomhaíochtaí geilleagracha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Soláthraítear i dTacsanomaíocht an AE sainmhínithe do ghníomhaíochtaí geilleagracha ar féidir glacadh leo mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

**12. EV**
Feithicil Leictreachais.

**13. FFO**
Cistí ó Oibríochtaí

**14. An Bhearna Phá idir na hInscní (GPG)**
Is éard atá i gceist leis an mbearna phá idir na hinscní an difríocht sa mheánráta pá in aghaidh na huaire a thuilleann fir agus mná san fhórsa saothair iomlán. Is é an meánphointe íocaíochta in aghaidh na huaire é an meán do gach fear agus gach bean. Is é an lárphointe íocaíochta in aghaidh na huaire é an t-airmheán do gach fear agus gach bean.

**15. GHG (Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa)**
Aon ghás atá in ann radaíocht infridheirg a ionsú (glanfhuinneamh teasa) astaithe ó dhromchla an domhain agus a athradaítear ar ais chuig dromchla an domhain, agus a chuireann, ar an tslí sin, leis an iarmhairt cheaptha teasa.

**16. I-SEM (Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite)**
An margadh leictreachais mhórdhíola d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann atá deartha chun an margadh leictreachais uile-oileáin a chomhtháthú le margaí leictreachais Eorpacha.

# Gluais (ar lean)

**17. Gortuithe is Cúis le hAga Díomhaoin (LTInna)**
Gortú a bhaineann le háit oibre is cúis le bheith as láthair le haghaidh lá oibre amháin nó níos mó, ón lá i ndiaidh an ghortaithe, sula bhfilleann an duine ar a g(h)náthobair nó ar obair shrianta.

**18. Aeráidneodracht**
Sainmhínithe de réir Chaighdeán Aeráidneodrachta SBTi ina sainmhínítear aeráidneodracht chorparáideach mar seo a leanas:
- Astaíochtaí raon 1, 2 agus 3 a laghdú go dtí náid nó go dtí leibhéal iarmharach atá comhsheasmhach le hastaíochtaí aeráidneodracha ag leibhéal domhanda nó earnálach i gconairí incháilithe atá ailínithe le 1.5°C; agus
- Aon astaíocht iarmharach a neodrú ag an spriocbhliain aeráidneodrach agus aon astaíocht GHG scaoilte isteach san atmaisféar ina dhiaidh sin.

**19. Treoir NIS 2**
De réir shuíomh gréasáin Threoir NIS 2, is creat reachtach í Treoir NIS 2 atá deartha chun an chibearshlándáil a fheabhsú ar fud an Aontais Eorpaigh trí ardleibhéal coiteann slándála a bhunú do chórais líonra agus faisnéise.

**20. Ceant(anna) ORESS**
Is ceantanna iomaíocha iad ceantanna ORESS (Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta) a ritear in Éirinn chun tacú le tionscadail fuinnimh amach ón gcósta.

**21. Teagmhais P1**
Teagmhais ar dócha go mbeidh siad mar bhonn le gortuithe cosúil le bás, teascadh, caillteanas súl, gortuithe éagsúla, mórbhriseadh, ball dóite den chéad / dara grád, a bheith neamhaireachtálach (suntasach/tromchúiseach), gortuithe intuairiscithe i ndiaidh imbhualadh bóthair, básanna agus damáiste ábhartha iomarcach.

**22. PR5 (Athbhreithniú Praghais 5)**
Maireann tréimhsí rialála cúig bliana agus clúdaíonn an tAthbhreithniú Praghais 5 (PR5) an tréimhse idir 2021 go 2025, agus leagtar amach ann an t-ioncam iomlán ceadaithe rialaithe le linn na tréimhse sin arna chinneadh ag CRU.

**23. PR6 (Athbhreithniú Praghais 6)**
Maireann tréimhsí rialála cúig bliana agus clúdaíonn an tAthbhreithniú Praghais 6 (PR6) an tréimhse idir 2026 go 2030, agus leagtar amach ann an t-ioncam iomlán ceadaithe rialaithe le linn na tréimhse sin arna chinneadh ag CRU.

**24. Bonn Sócmhainní Rialaithe (RAB)**
Luacháil na sócmhainní a bhaineann le líonraí tarchurtha agus dáileacháin do chríocha rialála atá i seilbh ESB Networks agus NIE Networks faoi seach. Chomh fada is a bhaineann leis na sócmhainní ábhartha atá i seilbh ESB Networks, cinntear an luach RAB de réir mhodheolaíocht riachtanach CRU agus, maidir leis na sócmhainní ábhartha i seilbh NIE Networks, cinntear an luach RAB de réir mhodheolaíocht riachtanach an Rialtóra Fóntais.

**25. Ceant(anna) RESS**
Is ceantanna iomaíocha iad ceantanna RESS (Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta) a ritear in Éirinn chun tacú le tionscadail leictreachais in-athnuaite.

**26. RP6 (Tréimhse Rialála 6)**
Rialú praghais tréimhse rialála, a chlúdaíonn an tréimhse idir 1 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 31 Márta 2025, arna chinneadh ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann.

**27. RP7 (Tréimhse Rialála 7)**
Rialú praghais tréimhse rialála, a chlúdaíonn an tréimhse idir an 1 Aibreán 2025 go dtí an 31 Márta 2031, arna chinneadh ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann.

**28. Safe and Sound**
Clár cultúir ESB a bheidh mar bhonn le cultúr agus timpeallachta sábháilteachta den chéad scoth a bheidh inbhuanaithe thar am.

**29. Níos Sábháilte le Chéile**
Clár cultúir NIE Networks' a dhíríonn ar an bhfostaí, an conraitheoir, agus sábháilteacht phoiblí i dtaca le bonneagar leictreachais Thuaisceart Éireann a chothabháil.

**30. Ceisteanna Suntasacha Cearta Daonna**
Sainmhínítear iad i gcomhréir le Treoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe mar na cearta daonna sin atá i mbaol na n-iarmhairtí diúltacha is déine trí ghníomhaíochtaí cuideachta nó caidrimh ghnó.

**31. Astaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3**
Is astaíochtaí díreacha iad astaíochtaí scóip 1 ó fhoinsí faoi úinéireacht nó faoi rialú an ESB. Is astaíochtaí indíreacha iad astaíochtaí scóip 2 ó ídiú fuinneamh ceannaithe nó ó chaillteanais tarchuir agus dáileacháin ó bhonneagar an líonra leictreachais (faoi úinéireacht). Is astaíochtaí indíreacha iad astaíochtaí scóip 3 a tharlaíonn ar fud shlabhra luacha an ESB, a tharlaíonn go réamhtheachtach agus go hiartheachtach araon.

**32. SEAI (Fuinneamh Inmharthana na hÉireann)**
Údarás náisiúnta fuinnimh na hÉireann a bunaíodh faoi Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002.

**33. SEM (Margadh Leictreachais Aonair)**
An margadh leictreachais mórdhíola ciste-bhunaithe atá ag feidhmiú ó thuaidh agus ó dheas de theorainn na hÉireann.

**34. An Clár Méadair Chliste**
Tá a clár seo ag seachadadh an chéad ghlúin eile de mhéadar fuinnimh agus ag athsholáthar méadair leictreachais agus gháis thraidisiúnta. Cuirfidh na méadair chliste deireadh leis an ngá atá le cuairt a thabhairt ar thithe chun an méadar a léamh agus mar sin cuirfear deireadh leis an ngá le figiúirí measta a úsáid nuair nach féidir méadar a léamh.

**35. SONI (Oibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann)**
An Oibritheoir Córais Tarchurtha Leictreachais do Thuaisceart Éireann.

**36. Sásra Conarthach Spriocdhírithe (TCM)**
Comhaontú in 2023 idir ESB agus EirGrid trína bhfeidhmíonn Gob na Muine mar mheicníocht lasmuigh den mhargadh, gineadóir-deiridh-an-rogha-dheiridh, chun slándáil an tsoláthair a chinntiú, ag aistriú ó ghual go hola bhreosla throm chun déine carbóin a laghdú.

**37. TEG (Giniúint Éigeandála Shealadach)**
Cumas leictreachais breise, neamh-mhargaidh a imscaradh faoin Acht Forbartha (Giniúint Leictreachais Éigeandála), 2022 chun an eangach náisiúnta a chosaint ar ghanntanas cumhachta le linn tréimhsí ard-éilimh.

**38. TSO (Oibritheoir Córais Tarchuir)**
Is é EirGrid an TSO d'Éirinn, agus déanann sé eangach leictreachais na hÉireann a phleanáil, a bhainistiú agus a fhorbairt le haghaidh todhchaí inbhuanaithe.

**39. UR (Rialtóir Fóntais)**
An roinn rialtais neamh-aireachta neamhspleách a bunaíodh chun rialáil éifeachtach na dtionscal leictreachais, gáis, uisce agus séarachais i dTuaisceart Éireann a chinntiú.

**40. Fóntas atá Comhtháite go hIngearach (VIU)**
Tagraíonn sé do láithreacht laistigh de agus úinéireacht ar shócmhainní i ngach gné den slabhra luacha leictreachais lena n-áirítear giniúint, trádáil, tarchur, dáileadh agus soláthar cumhachta do chustaiméirí.




sourcedesign.ie

**Ceannoifig ESB**
27 Sráid Mhic Liam Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 KT92
Éire

Guthán: +353 1 676 5831
R-phost: info@esb.ie
www.esb.ie

X: @ESBGroup
LinkedIn: esb
Instagram: @theesbgroup
YouTube: ESBVideo
TikTok: @theesbgroup